CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cultúr phobal na Gaeltachta
Authors	de Mórdha, Dáithí
Publication date	2019
Original Citation	de Mórdha, D. 2019. RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cultúr phobal na Gaeltachta. PhD Thesis, University College Cork.
Type of publication	Doctoral thesis
Rights	© 2019, Dáithí de Mórdha. - http://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/3.0/
Download date	2026-11-04 01:32:29
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/8560

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA & CULTÚR

PHOBAL NA GAELTACHTA

Dáithí de Mórdha, B.A, M.Phil.

https://orcid.org/0000-0002-1383-2194

Tráchtas i dtaobh na céime Ph.D.

arna chríochnú i Roinn an Bhéaloidis & na hEitneolaíochta

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Ceann Roinne: An Dr. Stiofán Ó Cadhla

Stiúrthóirí an Tráchtais: An Dr. Stiofán Ó Cadhla & An Dr. Ciarán Ó Gealbháin

2019

Clár

Achoimre / Abstract **6**

Saol Deich mBliana RnaG **8**

Na Leipreacháin **9**

Réamhrá **11**

Spreagadh & Ceangal Pearsanta 11

Príomh-Théiseanna & Príomh-Chuspóirí 12

Leagan Amach an Tráchtais 16

'Gaeltacht' agus 'Pobal' 20

Reiviú Litríochta **25**

1. 'Ó 'náisiún' go' Pobal': 'An Náisiún Gaelach' ar 2RN/Raidió Éireann **33**

1.1 Stair na dTaifead Fuaime 34

1.2 Stair an Raidió in Éirinn 35

1.3 Fás agus Forbairt 2RN 39

1.4 An Ghaeilge ar Raidió Éireann 46

2. 'Cultúr' ar 2RN/RÉ **77**

2.1 Cúrsaí Ceoil & Amhrán 80

2.2 Na hAonaid Taistil 87

3. An Ghaeltacht roimh theacht RnaG, 1960-1972 ..... **95**

3.1 *Zeitgeist* na 1960í 96

3.2 Mionlach vs. Mórlach – eitneachas, mionteangacha, grúpaí imeallacha: 99

3.3 Raidió Bundúchasach? 100

3.4 Raidió Mionlach/Eitneach? 106

3.5 Meáin Mionteangacha 112

3.6 Stair na Meáin Chumarsáide i bPobail Mhionlacha 116

4.'Bhain sé an nimh asam é chlos': Bunú RnaG **123**

4.1 *Zeitgeist* na Gaeltachta sna 1960í 124
4.2 Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta 127
4.3 'Iosrael in Iarchonnachta' 131
4.4 Saor-Raidió Chonamara 134
4.5 Éilimh Eile ar Sheirbhís Raidió 'Gaelach' 140
4.6 Freagra an Rialtais ar an Éileamh 143
4.7 Éileamh Choiste Raidió Chonamara ar Cheadúnas 151
4.8 Moltaí RTÉ 156
4.9 Cinneadh an Rialtais 158
4.10 Ceannasaíocht na Seirbhíse 163
4.11 Freagraí na nGael ar Phleananna an Rialtais 166
4.12 Na Socruithe Déanacha agus Bunú RnaG 173
4.13 Conclúid 178
5. 'Ag Déanamh Téipeanna': Obair an Raidió 181
5.1 Cláir & Sceidil 182
5.2 An Fhoireann ag 'Bailiú' 184
5.3 Aiseolas ón bPobal 195
6. 'Cré Bheo an Bhéaloidis': RnaG & Béaloideas 199
6.1 Sainmhíniú ar 'Béaloideas/*Folklore*' 200
6.2 Tuiscintí ar 'Béaloideas' 208
6.3 Cré Bheo & Cré Mharbh 217
6.4 Traidisiún Vs. Nua-Aoiseachas 220
6.5 Údaracht an Ábhair 227
6.6 Seanchas RnaG 230
6.7 *The Folklorist as Broadcaster* agus Contanam Béaloideas-Cultúr Coiteann 235
6.8 RnaG mar Bhéaloideas Poiblí 240

6.9 RnaG *viz.* CBÉ 244

7. 'Glórtha an Phobail': CartlannRnaG 255

7.1 Cartlann Bhóthar na Léinsí 257

7.2 An Cartlann á Dhigitiú 258

7.3 Cartlann Bhóthar na Léinsí ar Fáil go Poiblí 263

7.4 Samplaí den Ábhar 266

7.5 Todhchaí na Cartlainne 268

7.6 'Tábhacht' na Cartlainne 277

8. 'Chuir Dún Chaoin faoi scáth Earagail': An Raidió & An Ghaeltacht 287

8.1 'Bunú' agus buanú na Gaeltachta 288

8.2 RnaG agus Geilleagar na Gaeltachta 296

8.3 RnaG agus Teanga na Gaeltachta 299

8.4 RnaG agus Cruthú Pobail 306

8.5 RnaG agus Díchoilíniú na Gaeltachta & Na Tíre 311

8.6 RnaG agus Cultúr na Gaeltachta 317

Conclúid 325

Foinsí/Leabharliosta 327

Leabhair: 327

Ailt as Irisí/Caibidlí as Leabhair: 332

Ailt as Nuachtáin: 338

Cláir Raidió/Teilifíse: 340

Díospóireachtaí Dála agus Seanaid 340

Míreanna Cartlainne: 341

Agallaimh/Comhfhreagras: 342

Cáipéisí ó Chartlanna Srl.: 343

Suímh Idirlín 344

Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas seo atá á chur faoi mheasúnú agam mar pháirt de chéim dochtúireachta. Níor tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile gan aitheantas cuí a thabhairt i dtéacs nó i bhfonótaí an tsaothair. Níor cuireadh aon chuid den saothar seo faoi bhráid aon ollscoil eile i gcomhair céime d'aon chineál cheana féin.



Dáithí de Mórdha

Eanair 2019

Achoimre / Abstract

Is é atá leagtha romham agam sa tráchtas seo ná éachtaint a thabhairt ar an dtionchar atá imeartha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ar shaol agus ar chultúr mhuintir na Gaeltachta ó bunaíodh an tseirbhís lán-Ghaeilge i 1972. Déantar scéal RTÉ RnaG a insint, trí fráma tagartha an bhéaloidis agus na heitneolaíochta, den gcéad uair. Tugtar léargas ann ar stair na meán cumarsáide in Éirinn roimh theacht RnaG, agus i bpobail bundúchasacha agus mionlacha ar fud an domhain, agus go háirithe an tslí inar léiríodh cultúr na bpobal úd ar an raidió. Tá anseo cur síos ar na cúinsí inar bunaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta i 1972, maidir le saol na Gaeltachta mar a bhí ag an am, agus i gcomhthéacs gluaiseachtaí agóide idirnáisiúnta maidir le cearta sibhialta agus cearta daonna, agus an bhaint a bhí ag cúrsaí na meán chumarsáide leis na gluaiseachtaí seo. Déantar plé ar an ról a bhí, agus atá, ag RTÉ Raidió na Gaeltachta i saol phobail iomadúla na Gaeltachta, agus ról lárnach RnaG i gcruthú 'Pobal na Gaeltachta' mar phobal cumarsáide 'tras-áitiúil' (Coleman 2003).

Féachtar ar obair RTÉ Raidió na Gaeltachta sa chéad fiche bliain, go háirithe maidir le bailiú, craoladh agus caomhnú chultúr na Gaeltachta. Cuirtear obair RnaG i gcomparáid le hobair Choimisiún Bhéaloideasa Éireann, ag léiriú na cosúlachtaí agus na difríochtaí a bhí idir obair an dá eagraíocht, agus frámaítear obair RnaG mar 'Béaloideas Poiblí'. Déantar sainmhíniú ar an dtéarma 'Béaloideas', maidir le cultúr beo na ndaoine, go háirithe pobail na Gaeltachta. Scrúdaítear an cartann ábhair atá cnuasaithe ag RnaG, ar an saibhreas atá ann maidir le cultúr bheo na Gaeltachta, na fadhbanna a bhaineann leis, agus ar na deiseanna atá ann do Léann an Bhéaloidis agus na hEitneolaíochta, agus do raidhse ábhar eile.

This thesis is a study of the impact RTÉ Raidió na Gaeltachta (est. 1972) had on the life and especially the cultural life of the Gaeltacht communities. The story of RnaG is told in the context of folklore and ethnological studies. It includes a history of radio in Ireland before the establishing of RnaG in 1972, and in indigenous and minority communities worldwide, with an emphasis on how the culture of those communities was presented on their radio services. The context in which RnaG was established is explained, with regards to the life in the Gaeltacht communities at the time, in the context of Irish and international protest movements fighting for civil and human rights, and the role the

broadcast media played in these movements and in these communities. The role played historically and currently by RnaG in the life of the many and varied communities of the Gaeltacht is discussed, along with the role of RnaG in the creation of 'The Gaeltacht Community' as a 'translocal' communication community (Coleman 2003).

The work of Raidió Na Gaeltachta in the first 20 years of the service is studied, especially with regard to the collection, broadcasting and archiving of different aspects of Gaeltacht culture. The work of RnaG is compared to the work of the Irish Folklore Commission, detailing the differences and similarities of the two organisations. This thesis attempts to define the term 'Folklore', with regard to the living culture of the people, especially of the Gaeltacht communities. The vast sound archive collected by RTÉ Raidió na Gaeltachta is detailed, along the wealth of material in it, the problems associated with access to it, and the opportunities it holds for Folklore and Ethnological Studies, and for many other fields.

Saol Deich mBliana RnaG

Tá Raidió na Gaeltachta ar an aer le tamall,
Deich mbliana i réim, sin é a aga,
Ag nochtadh don saol i nGaolainn bhlasta
Nithe spéiseach a bhí i bhfolach le fada.

Chun an gnó seo a dhéanamh, tá foireann ghasta,
Céimithe léinn leis an tríú gradam,
Fearas dá réis is cóiríocht thaistil,
Agus ceannaire éifeachtach i mbun an fheachtais.

Is mór an áis é, is is fearr ann ná as é,
Don té atá aosta gan léann gan teagasc,
Ag maireachtaint ina aonar gan éinne ina aice,
Beidh eolas ar an saol aige ach an eochair a chasadh.

Bíonn cúntaisí an lae againn i gcéin is aige baile,
Bás na ndaoine aosta agus saolú na leanbh,
Margaí agus aontaí agus ráiseanna capall,
Agus geallghlacadóirí, más mian leat púnt a chaitheamh.

Bíonn cláracha léinn ann don té a ghlacann
Comhairle dochtúra in aicíd is i ngalair,
Cócaireacht do mhná tí, níochán agus glanadh,
Agus comhairle ón dtréadlia i dtógaint an eallaigh.

Bíonn cláracha spóirt ann don óige agus don acmhainn,
Peil is iomáint, liathróid láimhe is léim fhada,
Cispheil is camógaíocht do mhná óga chomh maith air,
agus cuntas iomlán ar imreoirí gailf ann.

Bíonn cláracha ón gcléir air ag léiriú na beatha,
Atá go mór i mbaol de bharr easaontas carad,
ag comhairliú a dtréada staonadh ó dhrochbhearta,
D'fhonn tairbhe an tsaoil a bheith acu in aoibhneas na bhflaitheas.

Aifreann an Domhnaigh muna féidir leat air freastal,
Beidh sé le clos ar an aer agat ar Raidió na Gaeltachta ar maidin,
Ceangail do théip is cuir do radio i bhfearas, is bíodh páirt agat san íobairt pé acu id' luí duit nó id' sheasamh.

Má tá spéis agat in amhráin is uaidh a gheobhair iad go slachtmhar,
Ó Bhóthar na Léinsí thiar go cósta Chonamara,
Ó íochtar na Déise, go ceann Mhálainne mar mheasaim,
Lena gcanúintí féin ag gach n-aon acu á gcanadh.

Is má tá tairbhe ag éinne as, is ag polaiteoirí é a mheasaim,
Mar ó scoirfear Dáil Éireann go dtiocfaidh le chéile in athuair,
Beidh Fianna Fáil is Fine Gael, *Labour* is gach aicme,
Ag cur a ngníomhartha os comhair an tsaoil air, féachaint cé bheidh i gceannas.

Anois staonfadsa ar mo léiriú ar Raidió na Gaeltachta go ceann tamaill,
Go mbeidh an scáileán againn taobh leis ó *Haughey* nó Mac Gearailt,
Sin é an t-am a dhéanfam an laochas is an gaisce
Ag cur pictiúirí na seanlaoch ag pocléimeadh ar an bhfalla.

-John Learaí Ó Cíobháin (? - 1993), Baile na Rátha, Dún Chaoin. RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0977_07, TX: ?/?/1982.

Na Leipreacháin

Tá leipreacháin i lios i gcéin,
A thugann domh-sa sólás croí,
Táid ann le fiche bliain i réim,
Ag snámh ar thonntaibh beoga aeir,
Ar ghaotha gréine ag marcaíocht.

Bíd ann de shíor i mbun a ngnó,
Ó mhaidin geal go hóich',
Ag dáileadh díosmaireacht an cheoil,
Ag spreagadh foinse na samhlaíochta,
Mar a dheinidís, na draoithe.

Tá brú acu i nDún na nGall,
Is i gContae na Gaillimhe thiar,
Is ceann i Ríocht Chiarraí na mbeann,
I mBóthar na Léinsí, sea,
Go hard os cionn na taoide.

Bíd liom de shíor i rith an lae,
Pé acu im' sheasamh nó im' shuí mé,
Dúisíonn siad ar maidin mé,
Ceolann suantraí dom istoíche,
Spreagann brionglóidí an aoibhnis.

Nuair a bhrúim-se cnaipe,
léimeann siad go haibigh dom chun críche,
I nGaelainn, teanga ársa Gael,
árthach caomhnaithe ár ngníomhartha
Ón tús, le teacht Milesius.

Chuir siad eangach ar an dtír,
Thug Cúil Aodha go Ros a' Mhil siar,
Chuir Dún Chaoin faoi scáth Earagail,
Gaoith Dobhair chun na Gaillimhe chuir,
Is Ros Muc go lár na Mí thuas.

Sea, tá corcán de óir bhuí lán acu,
A dháileann siad ar shaoithe,
Ar mháistrí fidil, is feadóg stáin,
A dhéanann ceol don rince,
Is a ghiorraíonn faid na slí dhúinn.

Ó am go ham tarlaíonn do féin,
Go mbím ann im' leipreachán,
Go dtagaim chugam féin ar thonnta aer,
Mar phíosa dhím a thit le fán,
Fuaim, mar channa folamh stáin.

Anois, os gur a lá breithe é,
Is go bhfuil scór mór sroichte slán,
Tréaslaímid leo i bhfriotail shéimh,
Go mairid céad gan cíos gan cháim,
Ag bailiú nirt in Éirinn áidh.

-Dónall Ó Liatháin (1934-2008), Cúil Aodha, Co. Chorcaí. RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0843_02, TX: 31/12/1992.

Réamhrá

Is é atá leagtha romham agam sa tráchtas seo ná éachtaint a thabhairt ar an dtionchar atá imeartha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ar shaol agus ar chultúr mhuintir na Gaeltachta ó bunaíodh an tseirbhís lán-Ghaeilge i 1972. Bunaíodh RnaG mar thoradh ar éileamh ó phobal labhartha na Gaeilge, go háirithe ó mhuintir na Gaeltachta, ar sheirbhís raidió ina dteanga féin, ina mbeadh léiriú fírinneach ar a gcultúr féin, éileamh a bhí á dhéanamh coitianta ó bunaíodh an tseirbhís náisiúnta raidió sa Saorstáit, 2RN, ar lá Caille 1926.

Spreagadh & Ceangal Pearsanta

Cúpla rud difriúil a spreag mé chun tabhairt faoin tráchtas seo. Chuas i dtaithí ar chartlann na Mumhan de RnaG nuair a bhíos ag obair in Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin, nuair a cheannaigh Oifig na nOibreacha Poiblí cóip den gcartlann ó RTÉ. Cuireadh an cartlann ar fáil i leabharlann an Ionaid, mar áis taighde, agus níorbh fhada nó go rabhas féin á h-úsáid ar bhonn rialta. B'fhacthas dom gur taifead gan sárú de shaol agus de chultúr mhuintir na Gaeltachta (agus de mhuintir tuaithe na hÉireann dá bhrí sin) a bhí ann, a bhí an-chosúil le Cnuasach Béaloideas Éireann ar mhórán slite, ach go raibh níos lú béime ar sheanscéalta agus níos mó béime ar sheanchas, go háirithe ar stairsheanchas. B'fhacthas dom chomh maith, áfach, gur beag daoine a bhí ar an eolas faoi, agus gur beag earraíochta a bhí á bhaint as ag scoláirí acadúla nó go deimhin ag an ngnáth phobal. Theastaigh uaim cáipéis a chur le chéile a thabharfadh míniú ar na cúinsí a cuireadh an chartlann le chéile, cad atá ann, agus cén saghas úsáide a fhéadfaí a bhaint as. Is as sin a fhás an tráchtas seo.

Ní cás an ceangal pearsanta atá agam le RTÉ Raidió na Gaeltachta a mhíniú ar dtús. Tá RnaG im' shaol agam ó bhíos in ann aon ní a thuiscint. Rugadh agus tógadh mé i nDún Chaoin i gceantar Ghaeltachta Chorca Dhuibhne, agus b'annamh aon stáisiún raidió eile ar siúl sa tigh agus mé ag eirí aníos. Chaith m'athair sé bliana déag ina Chlár Reachtaire le RnaG, agus ba mhinic scéalta á gclos agam faoin obair a bhí ar bun aige. Ina dhiaidh sin, thána trasna ar chóip de chartlann na Mumhan RnaG, atá i gCartlann Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin, agus mé ag obair san Ionad. Chonacthas dom gur cartlann fíor-

luachmhar a bhí ann do mhuintir na Gaeltachta, agus bhaineas earraíocht as ábhar na cartlainne i mórán tograí éagsúla, mo thráchtas máistreachta ina measc[1].

B'fhacthas dom, chomh maith, gur beag daoine a bhí ar an eolas faoin gcartlann, agus go mba fhiú aird a tharraingt air. Is chuige sin, go príomha, a thugas faoin gcéim dochtúireachta seo. Agus mé tosnaithe ar an dtogra, ceapadh mar Chlár Reachtaire mé le RTÉ Raidió na Gaeltachta i mBaile na nGall i bhFeabhra na bliana 2017, rud a thug léargas breise dom, ón dtaobh istigh, ar obair agus ar chartlann an raidió. Mar sin, tá taithí agam ar ábhar an tráchtais seo, sé sin RnaG, mar thaighdeoir ón dtaobh amuigh de eagraíocht, agus mar oibrí ón dtaobh istigh, rud a tugann léargas ar leith dom ar an ábhar.

Go bhfios dom, is mé an t-aon Eitneolaí oilte atá ar fhoireann an raidió. Cé go bhféadfadh an baol bheith ann seans go mbeadh deacracht ag duine atá chomh fáiscthe le RnaG bheith fuarchúiseach i dtaobh an ábhair, tugann an léargas agus an oiliúint seo na h-airm dom chun tréithe dearfacha agus diúltacha an ábhair a phlé go hoscailte ar bhonn acadúil.

Príomh-Théiseanna & Príomh-Chuspóirí

Is é atá mar phríomh-théis ag an dtráchtas seo ná gur togra 'béaloideas poiblí' a bhí, agus atá, in obair RTÉ RnaG, ach gan an teideal sin bheith leagtha air roimhe seo; bhí ábhar béaloidis á bhailiú, ag oibrithe poiblí, á rangú agus á phacáistiú agus á chur os comhair an tsaoil (trí mheán an raidió sa chás seo). Deir an *American Folklore Society* go mbíonn béaloideasaithe poiblí i mbun taighde agus taifead, agus ag cruthú ábhair bunaithe ar an dtaighde sin, ar nós taispeántais, féilte, cláir nó cáipéisí oideachais, cláir teilifíse agus raidió srl.) ar scála ollmhór a bhí in obair RnaG, maidir le cultúr mhuintir na Gaeltachta, ó bhíodar ag taifead agus ag léiriú cultúr nó béaloideas na ndaoine, idir scéalta, seanchas, amhráin, ceol, stairsheanchas agus seanchas saoil, agus á chaomhnú ina gcartlann.

B'fhacthas dom go raibh an-chosúlacht ag obair RnaG, i dtaifeadadh gnéithe éagsúla de chultúr mhuintir na Gaeltachta, le obair bhailitheoirí béaloidis ar fud an domhain, agus go raibh an toradh céanna ar an obair sin; cartlann chultúrtha fíor-shaibhir ina bhfuil léargas ar shaol agus ar chultúr phobal ar leith, inár gcás-ne, Pobal na Gaeltachta.

[1] de Mórdha, Dáithí: *Oidhreacht friotail: Saol, Seanchas, Scéalta agus Teanga Shéamais Bhig Uí Lúing,* tráchtas M.Phil, Roinn an Bhéaloidis, UCC, 2011.

Feictear dom chomh maith, gurb é RnaG comharba Choimisiúin Béaloideasa Éireann mar an bpríomh áisíneacht a bhí ag 'bailiú' nó ag taifeadadh cultúr na ndaoine ar bhonn fhorleathan in Éirinn. Tháinig deireadh leis an gCoimisiún i 1971, agus thosnaigh RnaG i 1972. Cé nach raibh aon cheangal foirmiúil idir a dá eagraíocht, bhí an obair chéanna á dhéanamh acu ar mhórán slite, go háirithe ag bailiú seanchais ó phobal na Gaeltachta, ag úsáid an teicneolaíocht ba nua-aimsirí ag an am leis an gcultúr sin a bhailiú, agus á chnuasach i gcartlann. Dúirt Ceannaire RnaG i 1976, Muiris Mac Conghail, go raibh "the kind of programming which is being transmitted at the moment from Radio na Gaeltachta is rather more appropriate to the work of the Irish Folklore Commission", agus ní mar mholadh a dúirt sé an méid sin, ach feictear dom gur suimiúil an comparáid a dhéanamh idir an dá eagraíocht. Bhí difríocht suntasach amháin idir eatarthu, áfach; thug RnaG an t-ábhar sin 'ar ais' dos na pobail, á chraoladh chucu ar chláracha raidió, rud nár dhein an Coimisiún ach uair fada fánach. Sa tslí sin, cartlann níos 'daonlathaí' atá i gcartlann RnaG i gcomparáid le Cnuasach Bhéaloideas Éireann.

Cé go raibh drochbhlas ag cuid mhaith de lucht na Gluaiseachta ar bhéaloideas mar a tuigeadh dóibh é (tuiscint a bhí bunaithe ar léamh an Chadhnaigh ar 'earnáil' an bhéaloidis ag an am), bhí béaloideas nó cultúr mhuintir na Ghaeltachta á léiriú ar RnaG ón gcéad lá a seoladh é ar Domhnach Cásca 1972.

Lárnach sa scéal seo tá tuiscintí agus sainmhínithe ar an téarma 'Béaloideas'. An rud é a bhaineann leis an am atá caite, le saol tuaithe, le bochtanas, le ceal oideachais? An bhfuil an téarma oiriúnach mar lipéad ar ábhar cultúrtha, nó go deimhin ar an ndán léinn, ar na saolta seo? an bhfuil a leithéid de rud ann agus Béaloideas Beo?

Is féidir cartlann RnaG a fheiscint mar cháipéis eitneolaíochta nó mar bhailiúchán de scéalta na Gaeltachta. Tá taifead ann de chultúr nó de chultúir mhuintir na Gaeltachta, faoi mar a bhí sé agus mar a d'athraigh sé i saolré an dara leath den bhfichiú haois, díreach sa tslí chéanna gur blaiseadh samplach den gcéad leath den bhfichiú haois é Cnuasach Bhéaloideas Éireann. Cuireann ábhar an dá chartlann ceisteanna orainn maidir le 'fíor-bhéaloideas', má tá a leithéid ann, nó tuiscintí maidir le 'údaracht' píosa béaloidis; ní féidir deimhniú a fháil ar an t-údaracht sin in aon phíosa béaloidis, ó bíonn cultúr beo de shíor ag athrú agus de shíor ag cuir cló nua ar féin.

Téis eile atá lárnach anseo ná go raibh ról ollmhór ag RnaG i gcruthú 'náisiún', 'pobal', nó 'féiniúlacht' Gaeltachta. Is é RnaG an nasc is feiceálaí idir na pobail Ghaeltachta, pobail atá i bhfad óna chéile ó thaobh na tíreolaíochta de (agus go deimhin ó thaobh na canúna de). Trí RnaG, chuir pobail na Gaeltachta aithne ar a chéile, ar chultúir a chéile, agus tharraing pobail a bhí chomh fada óna chéile is atá Toraigh agus Cléire fé aon bhrat amháin – An Ghaeltacht. Deineadh é seo, cruthú 'pobail cumarsáide' mar a thugann Coleman air, nó 'pobal samhlaithe' mar a thugann Anderson air, ag úsáid na teanga mar nasc. Difríocht suntasach amháin, áfach, atá idir ról RnaG agus teoiricí Anderson is ea an tslí a d'úsáid RnaG an trí mhór chanúint chun an pobal éisteachta sin a chruthú, seachas aon teanga uilíoch amháin amhail na 'cló-teangacha náisiúnta a leagann Anderson béim orthu. (Tá plé níos doimhne ar an gceist seo níos déanaí sa réamhrá seo agus níos déanaí sa tráchtas).

Léirigh teacht RnaG go bhféadfadh pobail na Gaeltachta a gcultúr féin a chleachtadh agus go raibh áit do i ré na nua-theicneolaíochta a bhí tagtha ar barr tar éis an dara cogadh domhanda. Armlón a bhí in RnaG le cuir i gcoinne 'buama cultúrtha' an impiriúlachais cultúrtha (téarma a úsáideann an túdar Céiniach Ngũgĩ Wa Thiong'o), le cuir i gcoinne na dtuiscintí nárbh fiú faic teanga, cultúr, nó oidhreacht aon mhionphobal:

> The effect of a cultural bomb is to annihilate a people's belief in their names, in their languages, in their environment, in their heritage of struggle, in their unity, in their capacities and ultimately in themselves.[2]

Thug RnaG deis dos na pobail Ghaeltachta na nithe sin a chleachtadh agus a chraobhscaoileadh. Ina theannta sin, tá feidhm ag RnaG i gcur i gcoinne forlámhais chultúrtha an Bhéarla in Éirinn. Tugann an stáisiún dúshlán impiriúlachas chultúrtha idirnáisiúnta an Bhéarla (faoi mar a chuireann stáisiúin mhionlaigh agus bhundúchasacha i Meiriceá Theas, nó stáisiúin i dteangacha réigiúnacha na hIbéire, i gcoinne fhorlámhas na Caistílise, mar shampla), trí léiriú go bhfuil teanga an chraolta agus an cultúr lena mbaineann sé chomh hoiriúnach céanna chun scéal na muintire a insint agus atá an oll-

[2] Wa Thiong'o, Ngũgĩ: *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature,* London, James Currey, (1986), 3.

theanga idirnáisiúnta. Tugann RnaG guth do phobal íochtaránach (*subaltern)* an náisiúin Ghaelaigh, an t-aon ghuth a bhí acu ar feadh i bhfad. Sa tslí céanna tugann RnaG deis don náisiún sin díchoilíniú intinne agus cultúrtha a dhéanamh orthu féin, trí modh cumarsáide agus modh léirithe cultúr a thabhairt dóibh ina dteanga féin. Lárnach sa tráchtas seo tá ceist na cartlannaíochta, agus cad a dhéantar leis an ábhar cultúrtha a bailítear ó phobail. Deir Sassoon & Burrows "archives in all forms are both practical and spiritual necessities and are part of the fundamental fabric of memory that forms the warp and weft of a community.[3] Caithfear a chinntiú go bhfuil teacht ag pobail na Gaeltachta ar an ábhar a bailíodh uathu, agus nach ag bailiú deannaigh ar sheilfeanna a bheidh na téipeanna a deineadh le muintir na Gaeltachta. Tá sé riachtanach, a deir Carassi "essential that, after its discovery and recording, folklore, in order to remain a living and functional thing, not reduced to a mere lifeless artefact on the shelf of an archive."[4]

Cé go bhfuil stáidéar déanta ar RnaG roimhe seo ar bhonn staire agus socheolaíochta (m.sh. Ó Glaisne 1982), ó thaobh na meán cumarsáide (m.sh Browne 1996), agus ó thaobh ceisteanna cearta mionphobail (m.sh Watson 2003), is é seo an chéad uair go bhfuiltear tar éis féachaint ar ról RnaG mar áisíneacht chultúrtha agus béaloidis. Cruthófar sa tráchtas seo gur bhailigh RnaG ábhar béaloidis ó cheann ceann na Gaeltachta, bíodh san seanchas, scéalta, amhráin, ceol, stairsheanchas agus an iliomad cineál eile. Ní hamháin san, ach thug RnaG ardán do chleachtóirí na n-ealaíon béal sa Ghaeltacht, agus léirigh gur rud beo bríomhar is ea an bhéaloideas, rud a bhíonn de shíor ag athrú. Tá an tuiscint sin lárnach sa tráchtas seo; gur 'cré bheo' seachas 'cré mharbh' atá sa bhéaloideas, faoi mar a scríobh Máirtín Ó Cadhain.

Cé go bhfuil an bhéim agam ar chúrsaí chultúrtha ó thús, bhaineas earraíocht as modheolaíocht agus as áiseanna taighde i roinnt disciplíní éagsúla. Míneofar sa reiviú litríochta formhór na bpríomhfhoinsí a d'úsáideas, ach ní cás na réimsí éagsúla a lua anseo. Faoi mar atá luaite agam, tá an tráchtas seo scríofa i bhfráma tagartha léann an bhéaloidis agus na heitneolaíochta, ach b'éigean dom roinnt taighde staire a dhéanamh

[3] Sassoon, Joanna & Burrows, Toby: 'Minority reports: indigenous and community voices in archives. Papers from the 4th International Conference on the History of Records and Archives (ICHORA4), Perth, Western Australia, August 2008', *Archival Science,* Vol. 9, Iss. 1-2, (2009), 1.

[4] Carrassi, Vito: 'Theorizing, collecting, archiving, reviving: the lives (or life?) of folklore', *Folklife*, Vol. 55 (1), (2017), 7.

chomh maith, go háirithe timpeall ar stair na meán in Éirinn agus bunú RnaG. Ceann de na príomh-fhoinsí a bhí agam chuige seo ná comhaid faoi bhunú RnaG atá i gcoimeád sa Chartlann Náisiúnta. Tá na comhaid úd bunaithe ar obair na Ranna Stát éagsúla chun RnaG a bhunú. Fuaireas amach go luath im' thaighde go raibh raidhse comhaid a bhaineann le seo i gcartlann RTÉ féin i nDomhnach Broc, ach tugadh le fios dom nach raibh na háiseanna cuí acu chun cuir ar chumas scoláirí an t-ábhar sin a scrúdú. Táim cinnte go mbeadh ábhar inspéise sna comhaid sin, ach ní raibh cead agam na comhaid sin a scrúdú. Is mór an trua é sin.

Bhaineas úsáid as cartlanna fuaime RnaG agus RTÉ, maraon le roinnt bheag ábhar i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Ceann de na pointí ar theastaigh uaim a dhéanamh anseo ná go bhféadfaí cartlann RnaG a úsáid mar áis taighde i mórán disciplíní éagsúla, fiú chun cuir síos a dhéanamh ar stair agus ar chur chuige an stáisiúin féin.

Ina theannta sin, chuas i mbun agallaimh agus i mbun comhfhreagrais le roinnt daoine a bhí sáite in obair an Raidió, nó a bhí páirteach sa Ghluaiseacht as a d'eascair an Raidió (leithéidí Sheosaimh Uí Chuaig agus Desmond Fennell).

Bhaineas an-úsáid as scríbhinní bheirt de mhór-phearsain shaol na Gaeltachta agus na Gaelainne sa dara leath den bhfichiú haois; Máirtín Ó Cadhain agus Seán Ó Riordáin. Bhí an Cadhnach thar a bheith criticiúil ar chur chuige lucht léinn an bhéaloidis ag an am, agus chreid sé go láidir sa rud atá lárnach sa tráchtas seo, sé sin gur rud beo é an béaloideas. Bhí léamh géarchúiseach ag An Ríordánach ar shaol agus ar shochaí na Gaeltachta, agus ar chur chuige an stáit ina thaobh, rud a léirigh sé go rialta ina cholún san *Irish Times.* Tá ailt as nuachtáin á n-úsáid agam tríd an tráchtais, go háirithe mar fhoinse ar *zeitgeist* na tíre sna tréimhsí éagsúla go bhfuilim ag trácht air.

Leagan Amach an Tráchtais

Ocht gcaibidil atá sa tráchtas faoi na téamaí ginearálta seo leanas: (1) Stair an Raidió in Éirinn roimh theacht RnaG, agus An Gaeilge agus lucht a labhartha ar Raidió Éireann. (2) Léiriú an Chultúir ar 2RN/Raidió Éireann. (3) An Ghaeltacht roimh theacht RnaG. (4) Bunú RnaG. (5) Obair an Raidió. 6) Coincheapa an Bhéaloidis agus a léiriú ar RnaG. (7) Cartlann RnaG. (8) Pobail na Gaeltachta agus RnaG.

Sa chéad chaibidil, déanfar stair na dtaifead fuaime agus na craoltóireachta raidió in Éirinn, roimh theacht RnaG, a mheas. Féachfar ar na cúinsí socheolaíocha inar bunaíodh an céad stáisiún raidió in Éirinn, 2RN, agus an tslí a d'fhorbair an tseirbhís as sin go dtí na 1960í. Déanfar plé ar an ról a bhí ag an nGaelainn ar an tseirbhís, agus ar an ábhar a bhí á chraoladh trí mheán na Gaelainne i rith an ama sin, maraon leis na lochtaí a bhí ar an ábhar sin i dtaobh mhuintir na Gaeltachta.

I gcaibidil a 2, féachfar ar mar a léiríodh ábhar chultúrtha ar 2RN/RÉ, nó cad go díreach a bhí sa chultúr a bhí á chraoladh. Pléifear cultúr Gaelach na linne, conas mar ar léiríodh é, go háirithe i dtaobh ceoil agus amhrán, agus go háirithe (i bhfianaise obair RnaG ina dhiaidh sin), an tábhacht a bhain leis na haonaid taistil a bunaíodh ag deireadh na 1940í agus a bhailigh an-chuid ábhair cultúrtha i gceantair tuaithe na hÉireann, sa Ghaeltacht ina measc.

I gcaibidil a 3, déanfar plé ar an gcúlra a bhain le bunú RnaG i 1972. Féachfar ar sochaí na Gaeltachta, na hÉireann agus an domhain sna 1960í, agus an méid a bhí á éileamh ag na grúpaí agus ag na pobail a bhí i mbun agóide ar son a gcearta in Éirinn agus thar lear. Déanfar plé ar thuiscintí na linne maidir le cearta, go háirithe ó thaobh mionlaigh, náisiúin nó grúpaí eitneacha, i gcomhthéacs phobal na Gaeltachta, agus féachfar le sainmhíniú a dhéanamh ar an bpobal sin, agus ar a n-áit i náisiún na hÉireann. Inseofar scéal an raidió eitneach, mionlach agus bundúchasach, maraon leis na meáin mionteangacha, ag féachaint an oireann aon cheann de na lipéid sin do RnaG.

I gcaibidil a 4, díreofar ar bhunú RnaG agus ar an tsochaí as ar eascair sé. Tréimhse chinniúnach i stair na Gaeltachta ba ea na 1960í; bhí grúpaí de mhuintir na Gaeltachta dulta i mbun agóide agus iad ag éileamh a gcearta. Tréimhse chorraitheach i saol na Gaelainne a bhí ann chomh maith, agus ceisteanna á gcur maidir le ról na teanga i sochaí agus i meon na tíre. Tosnaíodh ag féachaint ar lucht labhartha na Gaelainne mar mhionlach, seachas mar 'fíor-Éireannaigh Útóipeacha', agus ar cheann de na cearta a bhí á éileamh ag an mionlach sin; seirbhís raidió ina dteanga féin. Pléifear an hfeachtas leis an tseirbhís a bhunú, an stáisiún raidió 'bradach' a bunaíodh roimhe, agus freagraí an Rialtais ar na héilimh sin. Féachfar ar an bplean leis an stáisiún a bhunú, le tuairimí an phobail faoi, agus ceist an cheannasaíochta ar an tseirbhís nua.

Féachfar ar obair an raidió i mblianta luatha na seirbhíse i gcaibidil a 5, maidir le cláir agus sceidil, an saghas ábhair a bhí a thaifead agus á chraoladh, agus ar obair na foirne i measc a muintire féin. Pléifear an t-aiseolas a bhí á fháil faoi RnaG, ó mhuintir na Gaeltachta, ó Ghaeilgeoirí agus ó thráchtairí Béarla, agus cé chomh sásta is a bhí muintir na Gaeltachta lena 'raidió féin'.

I gcaibidil a 6, pléifear an nasc idir RnaG agus béaloideas, ach ar dtús triallfar sainmhíniú a thabhairt ar choincheap an bhéaloidis mar a tuigtear é agus mar a thuigtí é. Féachfar ar thuiscintí faoi an bhéaloideas, cultúr, oidhreacht agus traidisiúin, agus cá shuíonn an tábhar a craoladh ar RnaG sna 'boscaí' úd. Pléifear tuairimí leithéidí Mháirtín Uí Chadhain faoin cheist seo, go háirithe a theoiric maidir le cultúr bheo agus cultúr mharbh, agus na fadhbanna a bhain le 'córas' an bhéaloidis in Éirinn ag an am. Déanfar plé ar an ábhar a dhein RnaG a thaifead sa Ghaeltacht, go háirithe ar an tseanchas a bailíodh. Pléifear obair RnaG mar thogra sa bhéaloideas poiblí, agus déanfar comparáid ar obair RnaG agus obair Coimisiún Bhéaloideas Éireann.

Díreofar ar chartlann RnaG i gcaibidil a 7. Féachfar ar an scóip agus réimse an ábhair atá sa chartlann, agus ar conas a shuíonn an t-ábhar sin i gcatagóirí béaloidis. Pléifear an próiseas trínar cuireadh an chartlann le chéile, mar a cláraíodh an ábhar agus mar a deineadh an chartlann a dhigitiú agus a chur ar fáil go poiblí ag tús an mhílaoise seo. Féachfar ar na fadhbanna a bhaineann leis mar chartlann ó thaobh rochtana de, agus déanfar roinnt moltaí maidir leis an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an gcartlann sa todhchaí. Pléifear ról chartlanna do phobail bundúchasacha agus mion-phobail ar fud an domhain, agus an tábhacht a bhaineann leo maidir le cultúr, seanchas agus stair na muintire a léiriú agus a chaomhnú.

Sa chaibidil deireanach, pléifear an ról atá ag RnaG i saol na Gaeltachta (agus áit na Gaeltachta i saol na tíre ó 1925 i leith), maidir le geilleagar, teanga, cruthú agus cothú pobail, agus an tslí ina raibh an raidió in áit coincheap na Gaeltachta a ardú ó limistéar thíreolaíoch go pobal aontaithe. Mar fhocal scoir, féachfar ar an tionchar a bhí agus atá ag RnaG ar cheist an choilíneachas, an impiriúlachais, forlámhas chultúrtha agus an díchoilíniú intinne sa Ghaeltacht agus in Éirinn, agus an ról atá ag RnaG i gcothú, i soláthar, ag i gcaomhnú an chultúir, nó an bhéaloidis, nó an dúchais, sa Ghaeltacht.

Fiú ó bhlianta luatha an tSaorstáit, bhí geallúint á thabhairt go minic ó lucht Rialtas go mbunófaí raidió Gaeilge, ach níor tharla sin nó gur thosnaigh muintir na Gaeltachta ag éileamh a gcearta sibhialta ag tús na 1970í. Bhí bunú seirbhís raidió ar cheann de mhór éilimh Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, agus b'é bunú RnaG an sprioc ba mhó, agus b'fhaide a mhair, a bhain an Gluaiseacht amach. Bhí cúis go raibh oiread éilimh ag muintir na Gaeltachta ar a seirbhís raidió féin; tuigeadh dóibh nach raibh léiriú mar ba cheart á fháil acu, maidir le ceisteanna laethúla na Gaeltachta agus maidir lena n-oidhreacht, lena gcultúr nó lena mbéaloideas, ar seirbhís raidió an stáit, Raidió Éireann. B'fhacthas dóibh gur ar Ghaeilgeoirí agus ar chultúr na Galltachta a bhí RÉ dírithe. Ina theannta sin, tuigeadh do mhuintir na Gluaiseachta go raibh tábhacht ar leith ag baint le modh éigin cumarsáide bheith ag gluaiseachtaí pobail agus agóide, faoi mar a bhí ag *Radio Free Derry* ag tús na dtrioblóidí sna sé chontae.

Samhlaítear RnaG ar uairibh ar na saolta seo mar fhoras coimeádach, go háirithe i gcomhthéacs TG4; cuirtear i leith na seirbhíse gur institiúid thraidisiúnta (sa chiall coimeádach den bhfocal) í. Ach deintear dearúd coitianta gur fhás RnaG as gluaiseacht réabhlóideach agóideach, gluaiseacht le rútaí i smaointeoireacht idirnáisiúnta na linne maidir le cearta an duine, cearta sibhialta agus cearta náisiúnta. Ina theannta sin, bhí tuairimíocht maidir le h-impiriúlachas chultúrtha, nó forlámhas chultúrtha, go mór sa treis, agus an tslí go raibh an forlámhas sin ag neartú trí úsáid na meán cumarsáide.

Is deacair RnaG a rangú. Is páirt de chraoltóir stáit í, ach ní mar ghné lárnach den tseirbhís sin. Tá sí ag craoladh i dteanga oifigiúil náisiúnta, ach ní i máthair-theanga formhór mór an phobail. Is seirbhísí thar a bheith áitiúil í, ach tá sí náisiúnta chomh mhaith. Feictear dom go bhfuil níos mó dealramh ag RnaG le stáisiúin in áiteanna thar lear atá fréamhaithe sna mionghrúpaí agus ag freastal orthu, bídís sin ina náisiúin bhundúchasacha, ina mionlaigh eitneacha, ina bpobail teanga mionlaigh, nó ina ngrúpaí imirceacha, ná mar atá aici le stáisiún craoltóireachta stát. Tá ról nach beag ag na stáisiúin seo i saol a bpobail, ní hamháin ar bhonn phraiticiúil ó thaobh nuachta, oideachais agus cumarsáide de, ach i saol chultúrtha, teanga, agus oidhreachta na bpobail agus na náisiúin sin. Ar feadh i bhfad

(agus tráth bunaithe RnaG), ní raibh teacht acu ach ar raidió mar mheán cumarsáide nó mar ardán lena gcultúr a léiriú agus a scéalta a insint.

'Gaeltacht' agus 'Pobal'

Caithfear dhá théarma i dteideal an tráchtais seo a sainmhíniú láithreach bonn; 'Pobal' agus 'Gaeltacht'. Téarmaí iad seo atá coitianta, agus atá soiléir dar le a lán, ach ní mór fráma tagartha a chruthú do bhrí na dtéarmaí úd i gcomhthéacs an tsaothair seo.

Is as Albain a d'eascair an téarma 'Gaeltacht' ar dtús, dar le Walsh:

> Is in Albain thart ar an mbliain 1700 a fhaightear an chéad tagairt do 'Ghaeltacht' le ciall thíreolaíochta, ag tagairt do cheantar ina labhraítí Gaeilge ... Ní fhaightear na chéad tagairtí Éireannacha do Ghaeltacht mar cheantar tíreolaíoch go dtí deireadh an 19ú hAois, tráth dá raibh cineálacha nua náisiúnachais agus athbheochana cultúrtha ag teacht chun cinn.[5]

Deir Ó Torna gur i Ré na hAthbheochana a múnlaíodh tuiscintí ar thábhacht na Gaeltachta i meon na ndaoine agus an Stáit:

> Ba shuaitheantas í an Ghaeilge agus b'áis oidhreachtúil iad na ceantair Ghaeltachta ar baineadh úsáid fhorleathan astu i múnlú tuiscintí féiniúlachta san fhichiú haois trí chéile ... Is sonrach an rud é, i gcomhthéacs an rianaithe seo, nach mbaintí úsáid choitianta as an bhfocal 'Gaeltacht' mar ainm ar cheantar anuas go dtí blianta na hathbheochana féin. Is i rith na tréimhse áirithe seo a tosaíodh ar shaintréithe a shamhlú leis na ceantair sin agus le pobal na gceantar ... bhí d'inspioráid agus d'aidhm ag cruthú chonstráid na Gaeltachta muintir na hÉireann a mhealladh chun measa ar an teanga dúchais agus ar lucht a labhartha fad a bhí féiniúlacht náisiúnach ag fás agus ag forbairt.[6]

Cé go raibh aidhmeanna uailmhianacha ag lucht na hathbheochana agus íomhá idéalach den nGaeltacht, Ní raibh (agus níl) fíor-íomhá na Gaeltachta chomh hidéalach céanna; bhí an-chuid den limistéar ina raibh Bord na gCeantar Cúng ag feidhmiú[7], na ceantair ba

[5] Walsh, John: *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*, Cois Life, Baile Átha Cliath (2002), 5-6.
[6] Ó Torna, Caitríona: *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922,* Cois Life Teo., Baile Átha Cliath (2005), 13.
[7] Féach Ó Torna, 48-50.

bhoichte a bhí ag deireadh na naoú haoise déag, ina Ghaeltacht, agus fiú ar na saolta seo tá cuid de na ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste sa tír, sa Ghaeltacht (féach 8.1).

I mblianta luaithe an tSaorstáit, i 1926, foilsíodh tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta, a leag teorannacha na gCeantar Ghaeltachta don gcéad uair. Iarracht a bhí ann, dar le lucht bunaithe an Choimisiúin, "an díobháil a dineadh [don dteanga] do leigheas", mar "gur cosaint daingean dá náisiúntacht san am le teacht teanga náisiúnta shaothruithe do bheith ag náisiún, fé mar is eol do gach pobal a bhfuil a leithéid aca.[8] Athraíodh teorannacha na Gaeltachta sna 1950í:

> Gaeltacht boundaries were revised in 1956. Under the Gaeltacht Areas Order, 1956, 84 district electoral divisions and parts of 58 other district electoral divisions in Counties Galway, Donegal, Mayo, Kerry, Cork and Waterford were recognised as Gaeltacht areas. A small number of other areas has been recognised in the meantime.[9]

Ar na hathruithe eile a deineadh, cuireadh ceantar An Leitriúigh i gCo. Chiarraí leis an Ghaeltacht i 1974, na ceantair Ghaeltachta nua-bhunaithe i gCo. Na Mí, Ráth Cairn agus Baile Ghib i 1967, agus píosa d'iarthar Mhúscraí tráth an ama céanna.

Cé go raibh aitheantas oifigiúil tugtha ag an Stát don nGaeltacht, is in olcas a chuaigh líon na gcainteoirí Gaeltachta i bhformhór gach ceantar Ghaeltacht ó shin. Sa cháipéis 'Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011', deirtear

> nach mbeidh an Ghaeilge á labhairt mar theanga cheannasach phobail in aon limistéar Gaeltachta faoi cheann roinnt bheag blianta; nuair a dhéantar anailís ar fhaisnéis an taighde seo, i bhfianaise torthaí eile gaolmhara taighde a cuireadh ar fáil i saothair eile le tamall anuas, ba dheacair a áiteamh go mbeidh saolré níos

[8] Mac Cosgair, Liam T, Uachtarán An Ard-Chomhairle, *Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta, 1925*. Ar fáil ag https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/2586/CnaGReport.pdf?sequence=1. Faighte 10/12/2018.

[9] 'Report of Coimisiún na Gaeltachta, 2002', ar fáil ag https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/07/report-of-coimisiun-na-gaeltachta.pdf. Faighte 12/01/2018.

> faide ná deich mbliana ag an nGaeilge mar theanga phobail in aon áit sa Ghaeltacht.[10]

Tá bás na teanga á thuar le fada, agus pléifear an scéal níos mine ar ball (féach Caib. 8), ach tá pobail ina bhfuil an Ghaelainn á húsáid mar ghnáth-theanga cumarsáide fós ar marthain, sa réimse tíreolaíoch go dtugtar 'An Ghaeltacht' air. Níl na pobail úd chomh hiomadúil is a bhí nuair a bunaíodh RnaG i 1972, ach táid fós ann agus is orthu go príomha a bhíonn RnaG ag freastal. Nascann RnaG na pobail Ghaeltachta seo le chéile, agus go deimhin cruthaíonn sé 'Gaeltacht' i slí amháin; tugann sé pobail agus daoine atá scartha i bhfad óna chéile, le chéile, trí mheán an raidió. Nuair a bhím ag caint ar 'An Ghaeltacht' síos tríd an tráchtais seo, bím ag tagairt dos na ceantair ina labhraíonn, nó ina gcloiseann, daoine an teanga ar bhonn rialta.

Ní hé sin le rá, áfach, nach bhfuil aon Bhéarla sa Ghaeltacht, nó nach bhfuil aon 'chultúr' á thairgeadh ag pobal Bhéarla na Gaeltachta. Tá oidhreacht shaibhir d'amhránaíocht Bhéarla sa Ghaeltacht, agus bhí an-dhúil ag amhránaithe na Gaeltachta ar amhráin Bhéarla. Ach bhí cosc ar amhráin Bhéarla ar RnaG go dtí le déanaí, agus níor tugadh aon aitheantas don ghné seo de chultúr na Gaeltachta ar RnaG dá réir.

De réir foclóir an Duinnínigh, 'a people, tribe, or congregation' is ea 'Pobal'. Téarma is ea é a úsáidtear coitianta d'aon ghrúpa daoine, ón dtreibh is lú go dtí an náisiún is mó. Go deimhin, 'Pobal Samhlaithe' a thugann Benedict Anderson ar náisiúin nó ar náisiún-stáit ina shaothar thar a bheith tábhachtach *Imagined Communities*. Tá sé samhlaithe toisc "the members of even the smallest nation will never know most of their fellow-members, meet them, or even hear of them, yet in the minds of each lives the image of their communion".[11] Deir sé go samhlaítear an náisiún mar phobal, mar go samhlaítear nasc éigin idir baill an phobail sin, beag beann ar aon éagothroime nó leatrom atá á dhéanamh ar chuid den bpobal sin:

> Finally, it is imagined as a *community,* regardless of the actual inequality and exploitation that may prevail in each, the nation is always conceived as a deep,

[10] Ó Giollagáin, Conchúr & Charlton, Martin: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011,* Údarás na Gaeltachta (2015), 6.
[11] Anderson, Benedict: *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*, Verso, London (2016), 6.

> horizontal comradeship. Ultimately it is this fraternity that makes it possible, over the past two centuries, for so many millions of people, not so much to kill, as willingly to die for such limited imaginings.[12]

Níor chuaigh aon duine de mhuintir na Gaeltachta chun catha riamh chun bás a fháil ar mhaithe leis an Ghaeltacht, ach mar sin féin tá teoiricí Anderson faoi cad a dheineann 'náisiún' tábhachtach dúinn anseo. Leagann sé béim ar leith ar chúrsaí teanga mar arm chun pobal a tharrac le chéile i náisiún, go háirithe an tslí a úsáideadh teanga oifigiúil cló-bhuailte i gcruthú agus in aontú náisiún:

> Yet it is obvious that while today almost all modern self-conceived nations - and also nation-states - have 'national print-languages', many of them have these languages in common, and in others only a tiny fraction of the population 'uses' the national language in conversation or on paper.[13]

I gcás Saorstáit na hÉireann, ba an ghné deireanach úd a bhí fíor; níor labhair ach fíor-bheagán den daonra an Ghaeilge, cé go raibh sí ina teanga náisiúnta. É sin ráite, thug an náisiún Gaelach agus An Ghaeltacht feidhm agus brí don stáit nua de réir lucht a éileamh:

> If nation states are widely considered to be 'new' and 'historical', the nation states to which they give political expression always loom out of an immemorial past and, still more important, glide into a limitless future.[14]

I gcaitheamh na fichiú haoise, tháinig béim níos mó ar raidió agus teilifís mar mheán cumarsáide, agus thug guth dos na teangacha náisiúnta seo, agus thosnaigh fo-náisiún agus mionphobail ag éileamh seirbhísí raidió ina dteangacha féin, mar iarracht an stádas céanna is a bhí ag an mór-phobal (i.e pobal an Bhéarla in Éirinn) a bhaint amach, dar le Anderson. Bhí ról nach beag ag an raidió i gcruthú na pobail samhlaithe seo a deir sé:

> Invented only in 1895, radio made it possible to bypass print and summon into being an aural representation of the imagined community where the printed page scarcely penetrated. Its role in the Vietnamese and Indonesian revolutions, and

[12] *ibid.* 7.
[13] *ibid. 46.*
[14] *ibid.* 11.

> generally in mid-twentieth-century nationalisms, has been much underestimated and understudied.[15]

Chuirfinn le seo scéal bhunú RnaG; clos-léiriú ar phobal na Gaeltachta, pobal samhlaithe b'fhéidir, é an stáisiún. Ach tá difríocht suntasach amháin idir úsáid na teanga ar RnaG agus an slí inar úsáideadh aon leagan teanga caighdeánaithe amháin i náisiúin eile:

> The station [RnaG] has embraced not just local dialectal forms but also local modes of discourse. Types of knowledge and discourse which in the national sphere tend to be deprived of their functionality and received as 'folklore' – as emblems of the national past – retain their role as vehicles for community discussion on Raidió na Gaeltachta. Since medieval times, poetry and song, in both literary and oral genres, have been a favoured medium for topical discussion and political debate among all social strata of Irish-Speakers. These discursive forms have still functioned, to a certain extent, in modern Irish-language media. The station thus often functions as a seamless extension and radicalisation of 'traditional' modes of local discourse, while projecting them into a non-geographically based, open-ended communication community.[16]

Gné eile den bpobal seo is ea sainmhíniú ar cheist an dúchais nó an bhundúchais. Cuireadh béim ar RnaG riamh anall ar chultúr dúchasach na Gaeltachta a léiriú. Ach cad, nó cé, atá dúchasach don Ghaeltacht? Tugann Browne sainmhíniú úsáideadh dúinn:

> The term indigenous poses more than a few problems of definition. Its basic meaning is "one who is native to an area." But how large is an "area"? And how far back in time must one go to determine whether an individual or group is "native" to it? …
>
> Here, I take a more pragmatic approach: I attempt to determine which population groups presently living in a given area were first on the scene, according to available records … for my purposes, those who can establish that they have been in the area for the longest time, and continue to live there, would be the indigenous peoples of that area. And finally, all of the indigenous peoples whose

[15] *Ibid.* 54.

[16] Coleman, Steve: 'The centralised government of liquidity: community, language and culture under the Celtic Tiger' i Coulter, Colin & Coleman, Steve: *The end of Irish history?: Reflections on the Celtic Tiger*, Manchester University Press, (2003), 183-184.

> experiences I present here are, or have been, in the minority in their lands, at least with respect to the development and administration of national or regional institutions; social, cultural, religious, military, economic and political.[17]

Is í an Ghaelainn an teanga is faide atá á labhairt in Éirinn; dá bhrí sin, d'fhéadfaí a rá go bhfuil an chultúr nó na cultúir lena mbaineann sí bundúchasach in Éirinn.

Reiviú Litríochta

Thugas faoi deara go luath sa taighde don dtráchtas seo gur beag a bhí scríofa faoi RnaG ó thaobh an bhéaloidis agus an chultúir de, agus go raibh na ceisteanna a bhí le plé agam, bun-chreatlach an tráchtais seo, ag fí trí mhórán réimsí léinn, agus na príomh-fhoinsí faoi RnaG atá ar marthain, is dírithe ar chúrsaí staire agus cúrsaí socheolaíochta, nó ar léann na meáin cumarsáide a bhíodar den gcuid is mó. Facthas dom go raibh bearna sa litríocht agus sa taighde chun léamh eitneolaíochta a dhéanamh ar obair RnaG, ach go raibh baint ag Stair, Socheolaíocht, Staidéar Chultúrtha, Teanga, Staidéar na Meán (go háirithe na meáin bundúchasacha), Coilíneachas, Impiriúlachas Cultúrtha, agus Béaloideas leis an scéal chomh maith.

Mar thogra idirdhisciplíneach, ritheann ráiteas Deliège agus Wiggins liom mar threoir:

> There is no hope of understanding creative behaviour by looking at it from one discipline, using a single methodological approach even within a given scientific field. Hyper-experts confined to their own monolithic model have little chance of success. By its very nature, creativity requires confrontation, debate, questioning, integration. Opening the doors to fresh air from all sides, it requires genuinely creative intellectual exercise.[18]

Tabharfad achoimre anseo ar na príomh-fhoinsí a bhaineann leis na príomh-réimsí taighde éagsúla, mar mhodh chun an fráma tagartha ginearálta a leagadh amach.

[17] Browne, Donald R.: *Electronic Media and Indigenous Peoples: A Voice of Our Own?,* Iowa State University Press, Ames (1996), 3-4.
[18] Deliège, Irène and Geraint A. Wiggins: *Musical Creativity: Multidisciplinary Research in Theory and Practice*, New York; Hove [England];: Psychology Press (2006), 5-6.

Stair an Raidió & na Meán: Aon mhór-staidéar staidéar amháin atá déanta ar RnaG, *Raidió na Gaeltachta* le Risteard Ó Glaisne (1982). Dírithe ar stair RnaG go dtí an pointe sin atá an leabhar, go háirithe ar aimsir a bhunaithe. Níl an-chuid sa leabhar ar chúrsaí cultúir, cé go bhfuil eolas an-úsáideadh ann faoi obair na gClár Reachtairí sna 1970í, agus ar thuiscint na linne ar fhiúntas an bhéaloidis ar na meáin, eolas ar nós an ráitis seo ó Mhuiris Mac Conghail:

> By [April 1976] Mac Conghail … had arrived at the conclusion that 'the kind of programming which is being transmitted at the moment from Radio na Gaeltachta is rather more appropriate to the work of the Irish Folklore Commission than to a radio service purporting to serve a living community', or so he reported to the Director General of RTÉ on 8 April, 1976.[19]

Tá cur síos maith i *2RN and the Origins of Irish Radio* (2002) le Richard Pine, agus *Forty Years of Irish Broadcasting* (1967) le Maurice Gorham, maidir le bunú na seirbhíse raidió in Éirinn, agus na cúinsí ina raibh seirbhís raidió Gaelainne á lorg roimh theacht RnaG.

Tá saothar Niamh Hourigan, *Comparison of the Campaigns for Raidió na Gaeltachta and TnaG* (2001), agus obair Iarfhlaith Watson, *Broadcasting in Irish: Minority language, radio, television and identity* (2003), agus páipéir a scríobh sé i 1997, 2003 agus 2007, an-suimiúil maidir le léamh socheolaíoch ar an bhfeachtas chun stáisiún raidió Gaeltachta a bhunú, agus ceist na Gaelainne ar raidió in Éirinn go dtí an lá atá inniu ann.

Maidir le *zeitgeist* na Gaeltachta agus na hÉireann le linn ré chorraitheach na 1960í, tá scríbhinní Mháirtín Uí Chadhain ríthábhachtach, go háirithe toisc go raibh tionchar mór aige ar lucht Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, agus toisc gur dhein sé féin éileamh ar stáisiún raidió Gaeltachta. Sa tslí céanna, bhí Seán Ó Ríordáin de shíor ag tagairt do RTÉ agus dos na faillí a bhí á dhéanamh ag an gcraoltóir náisiúnta ar lucht na Gaelainne agus na Gaeltachta, ina cholún san *Irish Times* ag deireadh na 1960í agus tús na 1970í. Bhí tionchar nach beag ag an bhfealsúnaí Desmond Fennell ar an nGluaiseacht chomh maith, go háirithe ag a thuairimí a leag sé amach in *Iarchonnacht Began* (1969). Cuirtear tuairimí Fennell, agus RnaG, i gcomhthéacs gluaiseachtaí eile thar lear, le teoiricí

[19] Mulcahy, John. Luaite in Ó Glaisne, 220.

faoi impiriúlachas cultúrtha agus meáin mhionphobail, le chéile sa leabhar *The Radio Eye* (2009) le Jerry White, agus tá cur síos anseo chomh maith ar bhunú RnaG. Deir White:

> One of the strangest paradoxes of post–World War II Irish history is that one of its least-discussed struggles is also one that was heavily invested in mass media, especially broadcast media. I refer here to Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, also known as the Gaeltacht civil-rights movement. My experience is that it is entirely left out of most general histories of post-independence Ireland.[20]

Is ón gcoigríoch formhór na n-údar maidir le meáin cumarsáide mionlaigh, eitneach, mionteangacha agus a leithéid. Thug Donald R. Browne roinnt cuairteanna ar RnaG agus é i mbun taighde dá leabhar *Electronic Media and Indigenous Peoples* (1996), agus déantar cur síos sa leabhar úd ar RnaG i gcomhthéacs stáisiúin eile dá leithéid ar fud an domhain. Cé go bhfuil RnaG ina pháirt de chraoltóir stáit, tá an-chosúlacht aige le stáisiún bundúchasacha áitiúla eile. Tá Mike Cormack ar dhuine de bhunaitheoirí léann Staidéar na Meán Mionteangacha, agus éachtaint ar leith le fáil ó Cormack ar an gceist idirnáisiúnta seo.

Tá dhá pháipéar ar leith an-úsáideach maidir le ceist an chultúir ar raidió in Éirinn, *'From Megalith to Megastore: Broadcasting and Irish Culture*' (1988) le Luke Gibbons agus '*The Media and Irish Culture*' (1984) le Gearóid Ó Tuathaigh. In áit eile, deir Ó Tuathaigh:

> Chomh maith le bheith ag freastal ar phobal, feictear dom-sa gur féidir a rá go bhfuil Radio na Gaeltachta ag cruthú phobail ... tig linn a rá go teann go bhfuil Radio na Gaeltachta ina ghuth ag Gaeltacht na hÉireann uile.[21]

Béaloideas/Béaloideas Poiblí: Ar cheann de mhór phointí an tráchtais seo tá go bhfeictear dom gur ag bailiú agus ag craoladh ábhar béaloidis a bhí Clár Reachtairí RnaG ina gcuid oibre, agus go bhfuil cartlann shaibhir béaloidis caomhnaithe acu. Cé nach bhfacthas aon cheangal díreach idir an dá eagraíocht, leanadar le hobair CBÉ i mórán slite, ach tá an litríocht a dheineann comparáid nó nasc idir an dá eagraíocht, agus an dá chartlann, tearc go maith. Ní luaitear RnaG olc nó maith i mór-shaothar Mhicheál Briody

[20] White, Jerry: 'Place, Dialect, and Broadcasting in Irish: Plus ça change ...' *Éire-Ireland, Vol. 50, Nós. 1&2, Spring/Summer 2015,* 113-136.
[21] Ó Tuathaigh, Gearóid: 'Radio na Gaeltachta', *The Irish Times,* 02/04/1975, 5.

faoin gCoimisiún, *The Irish Folklore Commission 1935-1970* (2007), agus ní luaitear RnaG ach aon bhabhta amháin i dhá leabhar Dhiarmuid Uí Ghiolláin, *An Dúchas agus An Domhan* (2005) agus *Locating Irish Folklore* (2000), cé go bhfuil an dá thagairt sin tábhachtach don argóint atá á dhéanamh agam maidir le Béaloideas Beo:

> Tá an chumadóireacht nua beo beathach inniu, go háirithe i gConamara, agus anáil na hamhránaíochta traidisiúnta agus an '*Country and Western'* araon orthu. Cloistear iad ar an raidió, go háirithe ar Radio na Gaeltachta, ar an teilifís, ó cheirníní, i díthe tábhairne, ag ceolchoirmeacha, ag comórtaisí, srl.[22]

Tá roinnt scríofa ag Stiofán Ó Cadhla i *An tSlat Feithleoige* (2011) faoi RnaG, go háirithe maidir le hamhráin atá le cloisteáil go minic ar RnaG, mar bhéaloideas beo. Tá tagairtí spéisiúla sa tsaothar eitneagrafaíochta a deineadh ar phobal Gaeltachta, Oileán Thoraigh, *Ar Chreag i Lár na Farraige* (2002), sa ról atá ag an raidió i seachadadh agus i gcaomhnú ábhar béaloidis traidisiúnta don bpobal áirithe sin. Lárnach sa cheist seo ar fad tá plé ar cad go díreach atá i 'béaloideas' nó cá bhfuil an teorann idir béaloideas agus cultúr coiteann (nó an mar an chéile iad?). Ní haon cheist nua í seo, áfach; bhí sé ina chnámh spairne ag an gCadhnach ag lár an chéid seo caite:

> Is rud buan é an béaloideas. Tá sé á shaolú os comhair ár súl anseo i mBaile Átha Cliath, i Londain, i Nua-Eabhrac. An té a ghrinnfeas, chífidh sé leagan nua de shíor ar chúrsaí anseanda. Ní bhásaíonn na déithe. Is é a ndéanann siad crapadh leo ar cúlráid go ceann tamaill. Is cosúil má thagann deireadh le béaloideas ar bhealach amháin go bhfoilsíonn sé é féin as an nua ar bhealach eile ... Comhairtear mar bhéaloideas gnáis agus cainteanna áirithe a bhaineas le na ceirdeanna oilte sna bailte móra. Ach tá a chuid béaloideasa féin ag gach dán. Tá béaloideas Bleá Cliathach ann ag an dream is faide atá dealaithe ón tuath.[23]

Bhí saothar Lauri Honko, go háirithe *The Folklore Process* (1991) tábhachtach anseo, go háirithe agus scéal chartlann RnaG á insint trí shúile an bhéaloidis. Ina theannta sin, bhí sainmhíniú le déanamh ar 'béaloideas' mar choincheap, agus bhí saothar Peter Narváez agus Martin Laba, *Media Sense: The Folklore-Popular Culture Continuum* (1986) tábhachtach agus an ceist seo á phlé, faoi mar a bhí ábhar Dan Ben-Amos *Toward a*

[22] Ó Giolláin, Diarmuid: *An Dúchas agus An Domhan,* Cló Ollscoile Chorcaí (2005), 122.
[23] Ó Cadhain, 'Béaloideas', 135.

definition of Folklore in Context (1971) agus Regina Bendix *Of Names, Professional Identities, and Disciplinary Futures* (1998). Tá sé ina chnámh spairne idir bhéaloideasaithe le fada faoi an téarma 'béaloideas/folklore', faoi cad is brí leis le ceart, nó aon bhfuil an téarma as dáta ar na saolta seo, agus é sin le plé sa tráchtas seo.

Creidim gur togra Béaloideas Poiblí a bhí in obair RnaG maidir le béaloideas nó cultúr mhuintir na Gaeltachta a thaifead, a léiriú agus a chartlannú, cé nach raibh aon bhéaloideas oilte ar an bhfoireann, nó go deimhin nár tuigeadh don bhfoireann gur togra dá leithéid a bhí ar bun acu. Bhí saothar Robert Baron ina threoir anseo agam, go háirithe *'Public Folkore'* (i bpáirt le Nicholas Spitzer, 1992), agus *All Power to the Periphery* (2012). Ina theannta sin bhí *The Conservation of Culture* (1988) le Burt Feintuch, agus saothar dhuine de bhunaitheoirí an bhéaloidis poiblí, Alan Lomax (tá coincheapa agus tuiscintí Lomax leatha amach i *The Man Who Recorded the World* le John Szwed (2010) agus *Alan Lomax: Selected Writings* le Ronald Cohen (2003). Cé go bhfuil roinnt ceisteanna faoi obair agus faoi thuiscintí Lomax ar na pobail óna raibh sé ag bailiú (a phléifear sa tráchtas, féach 6.2), is féidir obair RnaG a fheiscint tríd fráma tagartha Lomax agus a leithéid, ó thaobh an bhéaloidis:

> Public folklorists are engaged in a variety of activities, including (but not limited to) field research and documentary work, and the production of public programs or educational materials, such as performances, artists' residencies, exhibitions, festivals, sound recordings, radio and television programs, films, videos, and books.[24]

<u>An Ghaeltacht/Poba(i)l na Gaeltachta/Náisiúin:</u> Luadh níos luaithe gur deacair RnaG a rangú, ach tá an deacracht chéanna ag baint le pobal na Gaeltachta agus na Gaelainne a sainmhíniú. An pobal iad in aon chor, nó an náisiún ar leith laistigh de náisiún na hÉireann iad? An raibh ról ag RnaG i gcothú nó i gcruthú an phobail nó an náisiúin úd? Luann Ó Tuathaigh (1984), Coleman (2003) agus White (2009) gur raibh ról ag RnaG in aontú an

[24] Sainmhíniú an *American Folklore Society.* https://www.afsnet.org/page/PublicFolklore. Facht a 23/2/2019.

phobail seo mar "non-geographically based, open-ended communication community"[25], ach nár de réir theoiric Anderson (*Imagined Communities*, 2016) a tharla sé sin:

> Raidió na Gaeltachta has helped build translocal community in exactly the opposite way to that theorised by Anderson, Gellner, Habermas and others. For these theorists, the creation of wider community requires the transformation of language through standardising media such as newspapers and commercial publishing. They see standardised language as, ideally, a maximally transparent medium for rational discourse that enables speakers to transcend their pettily 'local' points of view and become fully educated citizens of a geographically contained 'national' community. The case of Raidió na Gaeltachta – a 'local' station with national and international reach – shows that, perhaps, the 'local' is not merely a geographic entity; locality is not a physical container for people but a wider set of concrete social relationships.[26]

Deir Anderson i measc nithe eile, gur trí roghnú aon teanga 'oifigiúil' amháin a cruthaítear náisiún, ach i gcás RnaG, tugadh a ceart féin do gach canúint, in ionad leagan caighdeánach amháin den dteanga a úsáid thuaidh, thiar agus theas.

<u>Cóilíneachas/Impiriúlachas Chultúrtha:</u> Ag croí na ceiste sin chomh maith tá teoiricí faoi choilíneachas, impiriúlachas chultúrtha agus díchoilíniú; féachfar ar mhuintir na Gaeltachta maidir leis an dtionchar a bhí ag impiriúlachas na Breataine ar dtús, agus forlámhas cultúrtha 'Bhaile Átha Cliath' in éis neamhspleáchais ar an bpobal ar fad. Bhí léamh spéisiúil ag Bob Quinn (*'Connemara Revolution* (2014)) agus ag Deasún Fennell (*'Gaeltacht & Impiriúlachas* (1971)) ar an gceist seo, agus ag an údar Céiniach Ngũgĩ wa Thiong'o i gcomhthéacs an choilíneachais san Afraic ina shaothar iomráiteach *Decolonizing the Mind* (1986):

> But the biggest weapon wielded and actually daily unleashed by imperialism against that collective defiance is the cultural bomb. The effect of a cultural bomb is to annihilate a people's belief in their names, in their languages, in their

[25] Coleman, 183-184.
[26] Coleman, 184.

> environment, in their heritage of struggle, in their unity, in their capacities and ultimately in themselves.[27]

Níor thuigeas go dtí le fíór-dhéanaí go raibh mórán na tuairimí céanna ag An Seabhac Pádraig Ó Siochfhradha, faoi mar atá leagtha amach ag Stiofán Ó Cadhla (‘*Mar ar Mhair ár nDaoine Romhainn: Feidhm an Bhéaloideas i Scríbhinní An tSeabhaic’*, 2015).

Cartlann RnaG/Cartlannaíocht: B’é Cartlann na Mumhan d’RnaG a mheall mé i dtreo an tráchtais seo ar dtús. Bhíos den dtuairim ar dtús gur insint a bheadh anseo ar na cúinsí inar bunaíodh RnaG, inar cnuasaíodh an chartlann, agus anailís eitneolaíochta a dhéanamh ar an ábhar. Ach de réir mar a bhí an taighde á dhéanamh agam, d’fhoglaimíos go raibh i bhfad níos mó i gceist i gcúrsaí cartlainne ná díreach stór eolais. Tá gá an t-ábhar a ‘shaoradh’ ón gcartlann, dar le Margaret MacKay:

> Perhaps broadcast audio-visual archives have something of specific value to offer to other cultural archives now. Broadcasting can assist in 'giving back the voice' to the people for whom those archive recordings were originally made, and the role of the custodians of archive collections in making material accessible to all kinds of interested parties becomes paramount in this era of mass communications.[28]

Faoi mar atá luaite cheana agam, bailíodh an t-ábhar seo ó phobail na Gaeltachta, agus ní mór a chinntiú go bhfuil teacht ag na pobail sin air. Ina theannta sin, más rud é gurb cultúr béil a bhí i bhformhór de chultúr na Gaeltachta go dtí deireadh an chéid seo caite, luíonn sé le réasún gur oiriúnaí mar thaifead de na pobail úd cartlann fuaime ar nós chartlanna RnaG, ná cartlanna téacs-bhunaithe, faoi mar a deir Nakata:

> David Nathan (2000) suggests the historical Indigenous alienation from the written word - perceived as a one-way communication system quite discontinuous with Indigenous forms of communication – is not sustained in the interactive networked environment. The online environment has reconstituted the balance between visual, oral, and textual modes of presenting information in a way that supports cultural perspectives. Further, the Web supports publishing in ways that disrupt established ’elite’ forms of publication and which ’authorise’

[27] Wa Thiong’o, Ngũgĩ: *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature,* London, James Currey, (1986), 3.
[28] O’Connor (2010), 92.

> previously excluded groups from publishing. This provides a platform for Indigenous publishing, which can disrupt the authority of Western representations in media and text.[29]

Tá roinnt mhaith scríofa faoi RnaG, faoi na meáin in Éirinn agus thar lear, faoin nGaeltacht, faoi bhéaloideas, faoi chartlanna, faoi chultúr agus faoi impiriúlachas chultúrtha, ach ní minic a tharraingítear gach snáithe acu le chéile in aon tsaothair amháin, ar bhonn idirdhisciplíneach.

Iarracht atá sa tráchtas seo, ar na snáithe sin ar fad a shníomh le chéile chun scéal RnaG agus cultúr phobal na Gaeltachta a insint, agus solas a chaitheamh air ó gach taobh.

[29] Nakata, Martin: 'Indigenous Knowledge and the Cultural Interface: underlying issues at the intersection of knowledge and information systems', *IFLA Journal 28 5/6,* (2002), 28. Tagraíonn seo do Nathan, D.: 'Plugging in Indigenous knowledge: connections and innovations', *Journal of Aboriginal Studies, 2*, (2000) 39-47.

1. ‘Ó ‘náisiún’ go‘ Pobal’: ’An Náisiún Gaelach’ ar 2RN/Raidió Éireann

> A nation cannot be made by Act of Parliament; no, not even by a Treaty. A nation is made from inside itself; it is made first of all by its language, if it has one; by its music, songs, games and customs. These make it an entity different from others, and give it meaning and individuality. So, while not forgetting what is best in what other countries have to offer us, we desire to especially emphasise what we have derived from our Gaelic ancestors – from one of the oldest civilisations in Europe, the heritage of the O’s and Mac’s who still make up the bulk of the country …
>
> Bí dhá thaoide nó lán mhara in Éirinn – ceann acu ag teacht isteach an taoibh seo d’Éirinn agus ceann eile dhul amach an taoibh thiar di. Bhí lán mara na Gaeilge dul amach ansin agus d’fhág sé tráigh lom, fhuar, ghránna ina dhiaidh. Bhí an t-uisce breá Ghaelach imithe agus céard tháinig ina áit ach clabar lathach agus salachar an Bhéarla. Beidh na sean-amhráin acu arís.[1]

Achoimre: *Sa chaibidil seo, déanfar stair na dtaifead fuaime agus na craoltóireachta raidió in Éirinn, roimh theacht RnaG, a mheas. Féachfar ar na cúinsí socheolaíocha inar bunaíodh an céad stáisiún raidió in Éirinn, 2RN, agus an tslí a d’fhorbair an tseirbhís as sin go dtí na 1960í. Déanfar plé ar an ról a bhí ag an nGaelainn ar an tseirbhís, agus ar an ábhar a bhí á chraoladh trí mheán na Gaelainne i rith an ama sin, maraon leis na lochtaí a bhí ar an ábhar sin i dtaobh mhuintir na Gaeltachta.*

Ón chéad óráid a thug an Dr. Dubhghlas de hÍde (1860 – 1949) ar ócáid sheolta an stáisiúin raidió náisiúnta nua 2RN[2] ar an 1 Eanáir 1926, bhíothas ag tuar go bhféadfadh tionchar ollmhór, pé acu maith nó olc é, bheith ag meán craolta an raidió ar chultúr, traidisiúin agus teanga na hÉireann – oidhreacht na ‘Ó-anna agus na Mac-anna’ faoi mar a

[1] de hÍde, Dubhglas, óráid ar oscailt 2RN, 1 Eanáir 1926, mar a tuairiscíodh san *Irish Independent,* 2 Eanáir 1926, 9.

[2] Cheapthas ar feadh i bhfad gurb iad dhá fhocal deiridh teidil an amhráin *Come Back to Erin* ba ea bunús ainm an stáisiúin nua. B’iad Oifig Poist na Breataine, ag a raibh údarás sa réimse seo ag an am, a cheap an chomhartha aitheantais.

thug de hÍde orthu. I rith an ama ó bunaíodh an stáisiún craolta náisiúnta nó gur bunaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta[3] i 1972 leagadh béim ar leith ar an ról a bhí le bheith aige i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na teanga agus an chultúir náisiúnta – "Ag comhlíonadh a fheidhmeanna don Údarás, coimeádfaidh sé i gcuimhne i gcónaí na haidhmeanna náisiúnta atá ann an Ghaeilge a aisiriú agus an tsaíocht náisiúnta a chaomhnú agus a fhorbairt agus déanfaidh sé dícheall ag cabhrú leis na haidhmeanna sin a chur i gcrích."[4] Fiú tar éis bhunú RnaG, liostáil an Coiste Athbhreithnithe Craoltóireachta (1974) na gnéithe de chultúr na hÉireann go mba chóir díriú orthu d'fhonn seirbhís a bheadh 'Éireannach in ábhar agus i meon' a chur ar fáil:

> ... including the particular cultures associated with (1) the religious beliefs and traditions of the inhabitants of Ireland; (2) each of the two spoken languages in use in Ireland; (3) the varying work and recreations styles in the different parts of the country; (4) the local and regional community functions, festivities and commemorations; and (5) the rich traditional variety which exists in fields such as folklore, drama, literature, games, dancing, singing, music and story-telling.[5]

Feicfear ar ball an tionchar a bhí ag teacht an raidió mar mheán cumarsáide ar cultúr na muintire in Éirinn agus ga háirithe sna ceantair Gaeltachta, ach chun an tionchar seo a thuiscint i gceart ní mór dúinn éachtaint a fháil ar stair na craoltóireachta raidió go hidirnáisiúnta agus in Éirinn.

1.1 Stair na dTaifead Fuaime

Creidtear gurb é an Francach Édouard-Léon Scott de Martinville a chéadcheap gléas taifeadta fuaime, an *phonoautograph,* a chláraigh sé ar an 25 Márta 1857 agus a bhí in ann fuaimthonnta a thaifeadadh mar línte ar pháipéar a bhí daite ag deatach.[6] An locht ba mhó a bhí air mar ghléas ba ea ná rabhthas in ann éisteacht leis an bhfuaim a bhí taifeadta (cé gur seinneadh cóip dhigiteach d'amhrán Francach a taifeadadh ar an *phonoautograph* in 1860 sa bhliain 2006) go dtí 1887 nuair a chruthaigh Emile Berliner

[3] Tabharfar 'RnaG' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ina dhiaidh seo agus síos tríd an tráchtas.
[4] An tAcht um Údarás Craolacháin, 1960, m.17.
[5] Tuairisc an Choiste Athbhreithnithe Craoltóireachta, luaithe ag Ó Tuathaigh, Gearóid, 'The Media & Irish Culture' i Farrell, Brian (eag.): *Communications and Community in Ireland,* Thomas Davis Lecture Series, RTÉ/The Mercier Press, Dublin & Cork, (1984), 98-99.
[6] https://www.nps.gov/edis/learn/historyculture/origins-of-sound-recording-edouard-leon-scott-de-martinville.htm.

gléas a bhí in ann amhlaidh a dhéanamh trí phróiseas de Martinville a iompú droim ar ais agus rian a chruthú ar mhiotal. Faoin dtráth seo áfach bhí Thomas Edison tar éis an fónagraf a chruthú, gléas a bhí in ann fuaim a thaifead agus a sheinnt. Faoi dheireadh na 1880í bhí dhá ghléas ar an margadh, an fónagraf a d'úsáid fiteáin céireach[7] agus an gramafón a d'úsáid plátaí nó dioscaí chun fuaim a thaifead agus a sheinnt. Ós na 1920í amach, tosnaíodh ar thaifead leictreonach, agus ó shin i leith táthar tar éis gluaiseacht ó thaifead ar chéir agus ar phlátaí go téip, dioscaí, dlúthdhioscaí agus anois formáid digiteacha.

Ba sa bhliain 1897 a deineadh na taifid fuaime is luaithe atá fós againn in Éirinn nuair a deineadh taifid ar chomórtas Feis Náisiúnta i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.[8] Dhein an *Sterling Company of London* taifead ar amhránaithe a bhí ag iomaíocht ag féile An Oireachtais i 1907.[9]

1.2 Stair an Raidió in Éirinn

Ba i rith an chogaidh mhóir (1914-18) a cuireadh bús ceart le fás agus forbairt an raidió mar ghléas chumarsáide. Nuair a thosnaigh an cogadh ba le córas teileagraim a bhí á úsáid ag na fórsaí éagsúla chun formhór a gcuid teagmhála a dhéanamh, ach faoi dheireadh na troda bhí córais chumarsáide raidió go mór sa treis, a bhuíochas sin do leithéid Guglielmo Marconi, Iodálach a bhí ag cuir faoi sa Bhreatain agus a deirtear ina leith gurb é a chéad-chruthaigh an raidió.[10] Sa bhliain 1919 chraol *Wireless Telegraph Company* Mharconi guth duine d'fhostóirí an chomhlachta trasna an Atlantaigh, agus déanadh forbairt ar roinnt ionaid chraoltóireachta raidió in Éirinn. Teachtaireachtaí shimplí a bhíodh á gcraoladh ar dtús, ach i 1920 craoladh amhránaíocht Nellie Melba ó ionad Mharconi i Chelmsford, Essex, rud a chuir tús le craoltóireacht ghinearálta raidió

[7] Leagan den dteicneolaíocht seo ab ea an tEideafón, an gléas a bhíodh in úsáid ag bailitheoirí Choimisiún Béaloideasa Éireann ar fud na tíre ós na 1930í (féach Briody, Micheál, *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology*, Finnish Literature Society, Helsinki (2007) 244-245 maidir leis na buntáistí agus míbhuntáistí a bhain leis mar ghléas bailithe béaloidis).

[8] Suíomh idirlín de chuid chartlann fuaime Chnuasach Bhéaloideas Éireann, www.bealbeo.ie, faighte 07/03/2016.

[9] Suíomh idirlín de chuid Thaisce Cheol Dúchais Éireann, http://www.itma.ie/digitallibrary/playlist/cylinder-sound-recordings-oireachtas-1907, faighte 10/03/16.

[10] Weightman, Gavin: *Signor Marconi's Magic Box: The Invention That Sparked The Radio Revolution,* HarperCollins (2004).

sna hoileáin seo.[11] Luath go maith i bhforbairt an raidió a tháinig Saorstát Éireann ar an saol, agus ní raibh an stát ach sé seachtaine d'aois nuair a dhein comhlacht Mharconi iarratas chuig Oifig Poist nua na hÉireann chun stáisiún raidió a bhunú i mBaile Átha Cliath[12] Bhí comhlacht nuabhunaithe sa Bhreatain i 1922 ar a mbronnfaí an t-aon cheadúnas craolta sa tír sin, comhlacht a dhein cónascadh ar na comhlachtaí déanta raidió ar fad – b'shin an BBC.[13]

Bhí Ardmháistir Poist na hÉireann, J.J. Walsh (1880 – 1948), tógtha leis an smaoineamh úd, agus é i gceist aige go mbunófaí comhlacht craoltóireachta in Éirinn – an *Irish Broadcasting Company.* Chuir Walsh agus a chuid oifigigh Páipéar Bán um craoltóireachta le chéile i Samhain na bliana 1923, bunaíodh coiste chun an cheist a chíoradh, agus chaith an Rialtas an geimhreadh sin ag plé na ceiste.[14] I mí Feabhra ina éis sin tháinig tuairisc ón gcoiste, ach níor thánadar le tuairim Walsh; bhíothas chun stáisiún a bhunú, ceart go leor, ach ní ar mhúnla an IBC. Bheadh an stáisiún faoi smacht agus faoi stiúradh an stáit, á riaradh ag an Roinn Poist agus Telegrafa. D'aithin an coiste na féidearthachtaí a bhain le raidió, ach ní mar mheán siamsaíochta ach mar mheán oideachais, cultúrtha agus tráchtála:

> The Committee considers Broadcasting to be of incalculable value; it views the use of wireless telephony for entertainment, however desirable, as of vastly less importance than its use as ministering alike to commercial and cultural progress. It would be difficult to over-emphasise its value as an instrument of popular education. In connection with the spread of the national language and of the phonetic teaching of modern languages, so necessary to commerce, there is no agency which lends itself so readily to the wide and cheap propagation of knowledge; the voice of one teacher may be made clearly audible in every quarter of the country at the one moment; a lecture, which otherwise would require to be repeated at different centres involving no little inconvenience and multiplied cost, can be heard simultaneously in a thousand schoolrooms and in

[11] Cathcart, Rex: 'Broadcasting – the Early Decades' i Farrell, Brian (Eag.) *Communications and Community in Ireland,* Mercier, Dublin, (1984), 39.
[12] *ibid.* Dhein comhlachtaí déanta raidió iarrachtaí dá leithéid in Éirinn agus sa Bhreatain d'fhonn margadh a chruthú chun gléasra raidió a dhíol.
[13] *ibid.*
[14] Watson, Iarfhlaith: 'Irish-language broadcasting: History, Ideology and Identity' i *Media, Culture & Society,* (24 (6) 2002), 740.

> the home of all who desire to learn; an eminent lecturer can put his erudition at the service of every listener-in, with all the added attraction of the living voice as contrasted with the printed page.[15]

Feicfear níos déanaí mar a raibh cúrsaí cultúrtha, oideachais agus tráchtála i gcoimhlint lena chéile sa tseirbhís nua.

Ní de gheit a bunaíodh an stáisiún nua. Ní raibh aon deabhadh ar an Roinn Airgeadais maoiniú a chur ar fáil don tseirbhís nua – bhí na pinginí gann agus ní raibh stáisiún raidió ró-ard ar an liosta tosaíochtaí – agus chomh maith le sin leamh go maith a bhí suim Oifig an Phoist i riaradh stáisiúin raidió.[16] Bhí stiúideo le bunú – rud a deineadh i seomra lastuas den malartán fostaíochta ag 36 Sráid Bheag na Danmhairge[17] - agus crochadh tarchuradóir i nDún Mhic Aoidh in aice le Páirc an Fhionnuisce. De dheasca na gconstaicí a bhain leis an dtrealamh a bhí in úsáid, ní fhéadfaí stáisiún náisiúnta a thabhairt air – ní raibh ach éisteoirí a bhí i ngiorracht 25 míle den dtarchuradóir in ann an stáisiún a chloisteáil ar a ngléasanna raidió.[18] Ar an 14 Samhain 1925 chualathas glór 2RN ar na aer-thonnta don chéad uair, nuair a chualathas Séamus de Chlanndiolúin (1878 – 1944), an chéad Stiúrthóir a bhí ag 2RN ag rá “Seo Raidió 2RN, Baile Átha Cliath ag tástáil". B’é seo an chéad chraoladh beo raidió sna 26 contae (Thosnaigh raidió 2BE ag craoladh ó Bhéal Feirste ar an 15 Meán Fómhair 1924), agus is díol suntais gur as Gaelainn a deineadh é.

Osclaíodh an tseirbhís nua ar Lá Caille 1926, deich mbliana tar éis an Eirí Amach, dáta a bhí siombalach ann féin mar thús ré nua, le hóráid na hoscailte á thabhairt ag de hÍde:

> I have been asked to open this Broadcasting Station to-night in the National language of Ireland. Our enterprise to-day marks the beginning, not only of a new year, but of a new era, an era in which our Nation will take its place amongst the other nations of the world.[19]

---

[15] WIRELESS BROADCASTING REPORT. - FINAL REPORT OF SPECIAL COMMITTEE. Aoine, 28 Márta 1924, Dáil Éireann. https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/dail/1924-03-28/18/.
[16] Cathart, 41.
[17] Kennerk, Barry: ‘Ghosts of Little Denmark Street’ i *Dublin Historical Record (*Iml. 65, Uimh. 1/2 (Earrach/Samhain 2012)), 79.
[18] Watson (2002), 741.
[19] *The Irish Independent,* 2/1/1926, 9.

In éis óráid An Chraoibhín, meascán de cheol is d'amhránaíocht a bhí sa chéad chlár úd. Tosnaíodh le ceol ó Bhanna #1 an Airm, agus lean roinnt ceoil agus amhráin as Béarla agus as Gaelainn. Neirbhíseach go maith a bhí cuid dóibh siúd a ghlac páirt, dar le léirmheastóir an *Irish Independent*; "The new experience of singing and playing to an audience which was not there produced a nervous feeling in most of the artists, a feeling which was not lessened by the deadening effect of the drapery"[20]. Thug an léirmheastóir céanna ('H.R.W') an tuairisc seo leanas ar na hamhránaithe:

> VARIETY NEEDED
>
> The vocalists were Miss Joan Burke, Mr. Joseph O'Mara, and Mr. J. C. Doyle. There was not sufficient variety in the selection of songs, most of them being too grave in character. Mr. Doyle, however, brightened up matters with "Little Mary Cassidy," in which his diction was perfect.
>
> Miss Burke sang with charming ease and good tone, while Mr. O'Mara gave "Turn Ye to Me," "The Willow Tree," and "The Lord is My Light" with good effect.
>
> SONGS IN GAELIC.
>
> Songs, in Gaelic were sung by Mr. Seamus Clandillon and Maighread Ní Annagáin. The former was clear in enunciation and in tone; the latter scarcely so satisfactory, probably due to nervousness.[21]

Bhí sé spéisiúil go raibh an-bhéim ag an léirmheastóir ar chruinneas agus ar bhriathraíocht na n-amhránaithe; réamhléargas ar an dtuiscint faoi 'fhíor-chultúr' a bheadh le teacht ar an raidió in Éirinn?

B'iad de Chlanndiolúin, an Stiúrthóir, agus a bhean chéile Máighréad Ní Annagáin (1875 – 1952) a chan na hamhráin Gaeilge, agus bhíodh an bheirt le cloisteáil go minic, agus go rómhinic dar le roinnt den lucht éisteachta, ar an aer i rith blianta luatha 2RN.[22] Cé go

[20] *ibid.*
[21] *ibid.*
[22] Dar le Stiúrthóir Emeritus Thaisce Ceoil Dúchais na hÉireann, Nicholas Carolan "The total pool of available performers was relatively small, and proximity to the Dublin studio was of more importance than musical authenticity. The valiant cash-strapped director had to fall back too frequently on the same people, and often appear himself, and his wife Mairéad Ní Annagáin was given the bitter soubriquet of 'Mairéad Ní On-Again' by hostile listeners." (Carolan, Nicholas: 'From 2RN to International Meta-Community: Irish National

raibh blianta luatha an raidió lag go maith ó thaobh scóip ábhair agus clúdach an daonra, d'éirigh le 2RN an chéad craoladh beo d'ócáid spóirt san Eoraip a dhéanamh nuair a craoladh cluiche leathcheannais iomána na hÉireann idir Cill Chainnigh agus Gaillimh ar an 29 Lúnasa 1926.

1.3 Fás agus Forbairt 2RN

Ní mó ná sásta a bhí formhór d'úinéirí gléasanna raidió na tíre leis an tseirbhís nua, ó ní raibh teacht acu ar an stáisiún nua i bhformhór mór na tíre. Bheartaigh an rialtas ar roinnt stáisiúin ar chumhacht íseal a bhunú, agus bunaíodh an stáisiún 6CK i gCorcaigh. Thosnaigh sé sin ag craoladh ar an 26 Aibreán 1927, agus cé gur raibh roinnt cláracha á léiriú acu go háitiúil, bhí formhór na gclár ag teacht chucu ó 2RN.[23] Tar éis tamaill bhig, laghdaíodh foireann 6CK ar chúinsí eacnamaíochta, agus deineadh stáisiún leaschraolta de.[24]

Cuireadh bonn náisiúnta ceart faoin tseirbhís raidió go luath sna 1930í le tógáil tarchuireadóir nua in Áth Luain, rud a chinntigh go mbeadh teacht ag formhór de dhaonra an 26 contae ar an gcraoladh (cé gur beag teaghlaigh a bhí in acmhainn gléas raidió a cheannach). Bunaíodh Raidió Áth Luain chun go mbeithfí in ann an Chomhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta na bliana 1932, a bhí á reáchtáil i mBaile Átha Cliath, a chraoladh ar fud na tíre, agus lean costas ard é. [25] Go deimhin bhí cúrsaí costais agus airgid go mór ag dó na geirbe ní hamháin ag bainistíocht an raidió, ach ag rialtas na linne chomh maith.

2805 ceadúnais úinéireachta raidió a bhí in Éirinn sa bhliain 1925, ach bhí seo ardaithe go 33,083 faoi 1933. Bhí dleacht iompórtála ar gach gléas raidió a tháinig isteach sa tír, agus ba ón ndleacht seo a fuair an stáisiún suas le dhá thrian dá dteacht isteach.[26] D'athraigh rialtas Fhianna Fáil agus an tAire Airgeadais nua, Seán Mac an tSaoi, na rialacha, agus dhírigh an teacht isteach sin isteach sa státchiste náisiúnta, rud a bhain príomh-theacht

---

Radio and Traditional Music' foilsithe ar www.journalofmusic.com ar an 01/04/2005 agus aimsithe ar an 08/04/2016.

[23] Watson (2002), 741.

[24] Cathart, 43.

[25] *ibid.*

[26] Gibbons, Luke: 'From Megalith to Megastore: Broadcasting and Irish Culture' i Bartlett, Thomas *et. al* (Eag.), *Irish Studies: A General Introduction* Gill and Macmillan, Dublin, (1988), 225.

isteach an raidió uathu agus a chuir iachall orthu glacadh le breis fógraíochta. £220 an teacht isteach a bhí acu ó fhógraíocht i 1932, ach bhí seo méadaithe go dtí £22,827 an bhliain dar gcion.[27] D'athraigh an bhéim nua seo ar fhógraíocht agus ar thuarastal leanúnacha cur chuige an stáisiúin, agus feicfear an tionchar a bhí aige seo ar léiriú an chultúir ar a gcuid craolacháin níos déanaí.

Tháinig breathnóir ón BBC ar cuairt chun an stáisiúin sa bhliain 1934, agus '*pretty hopeless'* a bhí todhchaí na craoltóireachta sa tSaorstát dar leis:

> They have got approximately 54,000 licenced listeners in a population of 3,000,000 ... altogether the outlook is depressing. Clandillon has, obviously, for years chafed under an official clamp-down of initiative. There seems to be practically no desire to make broadcasting more popular or better equipped to take its rightful place as a public service.[28]

Ba bheag dóchas a bhí ag fear an BBC go mbeadh glacadh forleathan ag pobal na hÉireann leis an raidió mar mheán chumarsáide, ach bhí dearúd air; i bhfad na haimsire, ghlac pobal na tíre leis an meán cumarsáide seo go fonnmhar. De réir na figiúirí is déanaí a d'eisigh an JLNR (*Joint National Listenership Research)* éistíonn 83% de dhaonra fásta an stáit, nó os cionn 3m duine, leis an raidió ar bhonn laethúil.[29]

Ach ag tús na 1930í léiríodh roinnt míshástachta le caighdeán an stáisiúin, agus tionchar an stáit ar chláracha 2RN. 'We get the queerest productions and queer use made of the station' a dúirt an Séanadóir Patrick Baxter (1891 – 1959) faoi i ndíospóireacht Seanaid i Márta na bliana 1934:

> I want to know how far the Government have been interfering with the policy of those who have been running the Broadcasting Station for the past couple of years. We get the queerest productions and queer use made of the station. I wonder whether there has been any attempt on the part [1443] of those responsible at intelligent direction, or whether there has been interference from outside that makes their activities appear very confusing. We are a very small island, and we can never have a great network of stations like other countries, but

[27] *ibid.*
[28] Cartlann BBC, EI/947. Luaite ag Cathcart, 44.
[29] Preasráiteas JNLR/Ipsos MRBI, eisithe 3/2/2016.

> I suggest that if we are going to make an impression on the world, and to demonstrate that we have products in the artistic and cultural sense that could be said to command respect and attention, we should try to put our best goods in the window.[30]

I rith na díospóireachta céanna thug an tAire Seán Mac An tSaoi (1889 – 1984) le fios go raibh Stiúrthóir nua ceaptha ar an tseirbhís:

> I know that our predecessors had very great difficulty in regard to the operation of the service — difficulties first in getting a suitable person and a suitable staff, and secondly in determining what were the desires of the majority of those who listened-in to the station. The matter has been engaging the attention of the present Government for the past two years almost ... We advertised and even though we proposed to increase the remuneration that had been paid previously, to a more attractive figure, the Civil Service Commissioners, who had been asked to secure a man, reported that they were unable to recommend any of the applicants as fulfilling the conditions that were in the advertisement. The Government has now appointed as Director a gentleman of very wide culture and a great deal of experience, a gentleman who has held an important appointment in the Department of External Affairs, and has had an opportunity of studying the broadcasting system in other countries. We hope that with this new appointment a new era will open up in the broadcasting services of the Free State.[31]

Le teacht an Stiúrthóra An Dr. T.J. Kiernan (1897 – 1967) in ionad Shéamais de Chlanndiolúin a bhí tar éis filleadh ar an Roinn Sláinte i 1934[32] agus é faoi bhrú ón Rialtas nua amhlaidh a dhéanamh,[33] tháinig athrú ar fhealsúnacht agus ar chur chuige an stáisiúin. Chuir Kiernan le líon na gcraolacháin seachtracha a bhí á ndéanamh, dhein athstruchtúrú ar leagan amach cláracha agus béim ar cheachtanna Gaeilge agus laghdú ar an méid ceoil traidisiúnta a bhí á chraoladh.[34] Thug sé faoi deara, chomh maith, go raibh an tseirbhís ródhírithe ar Bhaile Átha Cliath agus thosnaigh ar an éagothroime sin a cheartú:

---

[30] Seanad Éireann, Díospóireachtaí Páirliminte, 27/3/1935, 1442.
[31] Seanad Éireann, Díospóireachtaí Páirliminte, 27/3/1935, 1461-62.
[32] http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=16 faighte 24/4/2016.
[33] Cathcart, 44.
[34] *ibid.* 45.

> He could not afford to bring people to the city so he took the microphone to the country town and relayed programmes by Post Office line. It was his 'regional scheme'. In each county he encouraged the formation of a committee to which he offered Access. The committee was free to select a programme from the local talent available and with help from a producer its programme was broadcast. In 1935 there were thirteen outside broadcasts of this kind and in 1936 there were more. Their quality proved mediocre and the committees lost interest. The first to be formed had been in Galway where the real hope was for a local Irish-speaking station. When this was not forthcoming the committee disbanded.[35]

Pointe tábhachtach é seo maidir le coiste na Gaillimhe; nuair nár cuireadh an stáisiún lán-Ghaelach ar bun ag an am seo, agus ag amanna eile ina dhiaidh, b'fhacthas do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta go raibh faillí á dhéanamh ag an stáisiún náisiúnta ar na Gaeil. Cé gur mhéadaigh agus gur laghdaigh an clamhsán seo in imeacht na blian, bhí baint nach beag ag seo le bunú RnaG i 1972.

Tosnaíodh ar 'Radio Éireann' a thabhairt ar an stáisiún ag deireadh na bliana 1938 mar bhratach don dtrí stáisiúin nó ionad tarchuradóireachta; Raidió Áth Luain, 6CK agus 2RN[36].

D'fhág Kiernan an stáisiún i 1940 agus é bréan de chuid de na laincisí a bhíothas á gcur air, agus tháinig Séamas Ó Braonáin (1881 – 1970), iarpheileadóir agus rinceoir aitheanta agus rúnaí an Choimisiúin um an Ghaeilge sa státseirbhís, ina áit. Go deimhin níorbh é athrú an stiúrthóra an t-aon athrú suntasach a bhí ar an tseirbhís sna 1940í; chinntigh an Dara Cogadh Domhanda agus Aimsir na hÉigeandála tréimhse an-chorraitheach dog RÉ tráth an ama sin. Tosnaíodh ag déanamh cinsireachta ar chraolacháin RÉ agus deineadh laghdú ar uaireanta craolta, buiséad agus ar líon foirne. Ag an am céanna bhí cláracha speisialta bolscaireachta á gcraoladh ag an BBC agus ag údaráis na Gearmáine agus iad araon ag iarraidh pobal na hÉireann a mhealladh i dtreo a dtaobhanna féin sa chogadh.[37] Cuireadh an trí tarchuradóir a bhí acu i mBaile Átha Cliath, Átha Luain agus Corcaigh ag

[35] *ibid*.
[36] 'Radio Éireann' is the new call sign of the Athlone Broadcasting Station, the call having been officially changed from 'Radio Athlone' (*The Irish Independent,* 03/01/1938, 7).
[37] Féach *Hitler's Irish Voices: The Story of German Radio's Wartime Irish Service* le David O'Donoghue (Somerville Press, 2014).

craoladh ar an minicíocht chéanna chun nach mbeadh eitleáin chogaidh in ann na minicíochtaí éagsúla a úsáid chun aerloingseoireachta. Bhí cinsireacht chomh géar á dhéanamh ar na craolacháin d'fhonn gan aon eolas a thabhairt dóibh siúd a bhí i mbun cogaíochta gur cuireadh cosc fiú ar chraoladh réamhaisnéis na haimsire:

> Furthermore, there was a prohibition on broadcasting weather forecasts, which were regarded as strategically important. Apart from the ongoing annoyance for farmers and fishermen, this policy meant, for example, that a sports commentator would have to omit an innocent phrase such as "it's a lovely day here today in Dublin for the football final".[38]

Tharla dhá chraoladh i rith na 1940í a léirigh cumhacht an raidió do phobal na tíre agus a chinntigh go mbeadh ról lárnach ag an raidió i sochaí na tíre. Ar an 16 Bealtaine 1945 thug Éamon de Valera (1882 – 1975) freagra ar chaint cháinteach Winston Churchill maidir le neodracht an tSaorstáit i rith an chogaidh, freagra tomhaiste ionraic a chuaigh i bhfeidhm ar an bpobal:

> Mr Churchill makes it clear that, in certain circumstances, he would have violated our neutrality and that he would justify his action by Britain's necessity. It seems strange to me that Mr Churchill does not see that this, if accepted, would mean that Britain's necessity would become a moral code and that, when this necessity was sufficiently great, other people's rights were not to count. It is quite true that other great powers believe in this same code - in their own regard - and have behaved in accordance with it. That is precisely why we have the disastrous successions of wars - World War Number 1 and World War Number 2 - and shall it be, World War Number 3?[39]

Ar an 14 Meán Fómhair 1947 d'éist ós cionn milliún duine le tráchtaireacht beo Mhichíl Uí hEithir ó na Polo Grounds, Nua Eabhrac, mar a raibh peileadóirí Chiarraí agus An Chabháin ag imirt i gcoinne a chéile i gcluiche ceannais peile na hÉireann. In ainneoin deacrachtaí agus fadhbanna teicniúla[40], léirigh an craoladh seo go bhféadfadh an raidió

[38] Taispéantas 'History of Raidió Teilifís Éireann, ar fáil ag http://www.rte.ie/archives/exhibitions/681-history-of-rte/684-rte-1940s/ faighte 6/5/2016.
[39] *ibid.*
[40] *The Irish Press,* 15/9/1947, 1.

nasc a chruthú idir pobail Éireannacha ar fud an domhain, agus áit a bhaint amach don dtír ar stáitse an domhain.

D'aithin de Valera tábhacht an raidió ag an am seo chomh maith,[41] agus deineadh méadú mór ar mhaoiniú, foireann agus seirbhísí RÉ:

> To provide programmes of high quality for the world to hear, Radio Éireann's staff and resources were expanded dramatically. The shortwave service which was to project Ireland never in fact materialised. Radio Éireann had, however, gained a full news service, an expanded sixty-strong symphony orchestra, a light orchestra, a repertory company and a choir. The broadcasting service was transformed during 1947 into the fully professional modern service which exists today.[42]

Ceann de na forbairtí is tábhachtaí a tháinig ar obair an raidió sa tréimhse seo ab ea bunú na n-aonad taistil i 1947. Bunaíodh na haonaid taistil i rith thréimhse Robert Brennan (1881 – 1961) mar Stiúrthóir, agus fostaíodh beirt, Séamus Ennis agus Seán Mac Réamoinn, mar Oifigigh Taistil chun iad a láimhseáil:

> Two Outside Broadcast Officers, Séamus Ennis and Seán Mac Réamoinn, were appointed, and they were provided with a Mobile Recording Unit, which was housed first in a car and then in a van. This was primarily intended to go to Gaeltacht and other rural areas, and to record life and traditional music there as it really was, and not as filtered through the prejudices of radio officials ... From fields and cottages and farms and pubs Ennis and Mac Réamoinn began sending back to Dublin location recordings on acetate disc, a technology which had actually been introduced in the station in 1937 for the pre-recording of broadcasts. These new recordings were woven into realistic programmes by sympathetic scriptwriters such as the newly appointed Proinsias Ó Conluain, who would himself later go on the road and record for posterity native traditions which are now no more. The gains from extensive pre-recording for enthusiasts were immense. Through radio they could be in Donegal and in Cork, and listen to the living and the dead, all in the same few minutes. Throughout the country, listeners were being introduced to hitherto unknown forms and performers and

[41] Cathcart, 48.
[42] *ibid*.

> being transfixed by them, and an invisible national network of interested individuals came into being in country, town and city.[43]

Bhí tionchar nach beag ag na haonaid taistil seo ar léiriú an chultúir agus an bhéaloidis ós comhair lucht éisteachta in Éirinn; ní aon timpiste é gur roghnaíodh Ennis, a bhí tar éis mórán oibre a dhéanamh don gCoimisiún. Go deimhin d'fhéadfaí a rá gurb iad na haonaid taistil seo an chéad iarracht ar 'Béaloideas Poiblí' in Éirinn, agus d'éirigh leo cartlann iontach saibhir a bhailiú. Chomh maith leis sin laghdaigh sé an bearna idir cosmhuintir na tíre agus lucht an raidió; "The tyranny of the script and the terror of the microphone was reduced for ever and the man or woman-in-the-street could more confidently participate in programmes when asked."[44] Daonlathú ba ea é seo ar an raidió, sa tslí inar oscail sé saol na craoltóireachta amach don bpobal. Pléifear obair na n-aonad seo agus Cultúr ar RÉ á phlé.

Bhí RÉ fós faoi smacht agus mar pháirt den Roinn Poist agus Teileagraf i rith na 1950í. Deir Cathcart gur léiríodh ollsmacht an Aire Poist & Teileagraf go beacht i 1950, san eachtra ar a thugadh 'Cath Bhealach Conglais' eachtra conspóideach inar cheap an tAire máistir poist nua sa bhaile sin beag beann ar an mbean a bhí ina máistreás poist sealadach ann le blianta fada roimhe sin. Bhí trácht ar an gconspóid seo sna nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, ach is ar éigean a bhí aon trácht in aon chor faoi ar RÉ. "It was a glaring instance of the suppression of information," a deir Cathcart, "and raised questions about the other less obvious, but equally effective, pressures which government departments, other bodies and individuals might be bringing to bear on the broadcasters." [45]

Thit an rialtas i 1951 de dheasca na conspóide a d'eascair as an Scéim Mháthar agus Leanbh[46] agus tháinig Aire nua in oifig. Bhí suim nach beag ag Erskine Childers (1905 – 1974) sa chraoltóireacht, agus bhunaigh sé Comhairle RÉ ag a mbeadh smacht cuimsitheach ar ghnóthaí na seirbhíse.

---

[43] Carolan, *Journal of Music.*
[44] Cathcart, 48.
[45] *ibid.*
[46] Deir formhór na dtráchtairí go raibh tionchar nach beag ag 'Cath Bhealach Conglais' ar easaontas ag bord an Rialtais, agus go raibh sé ar cheann de na cúinsí gur thit an Rialtas céanna.

Ceapadh an chéad stiúrthóir ó lasmuigh den státseirbhís in Eanáir 1953 nuair a ceapadh Maurice Gorham (1902 -1975), fear de bhunadh na hÉireann a rugadh i Londain, a d'fhreastail ar Oxford agus a chaith blianta fada ag obair leis an mBBC. Ní róthógtha leis na háiseanna in ionad an raidió in Ardoifig an Phoist a bhí Gorham nuair a ceapadh ar dtús é:

> You see we were very much under the heel of Finance those days ... we hadn't the new studios yet, they were already finished, the new ones on the third floor. There were six studios there which were finished but hadn't been furnished by the Board of Works which took a very long time to get the furnishing in. We had the old studios up ón the fourth floor, the whole place looked very shabby, sanitary tiles down the corridor, no names on the doors of course unless someone put their own card on the door and stuck it up themselves, and a general air of a good deal of run-downedness about it.[47]

1.4 An Ghaeilge ar Raidió Éireann

Faoi mar atá feicthe againn cuireadh béim ar úsáid na teanga, agus cur chun cinn na teanga, ar 2RN/RÉ ó óráid oscailte an Chraoibhín, cé gur athraigh an bhéim ó bhunú 2RN go bunú RnaG. Bhí ról lárnach ag an raidió i dtógáil an náisiúin, agus i gcruthú 'céannacht náisiúnta', agus úsáideadh an teanga mar chomhartha sóirt na féiniúlachta Éireannaigh:

> From the beginning, the Irish language was part of the independent Irish state's effort to construct an Irish nation. This was part of the process of establishing its legitimacy. This effort included broadcasting programmes in Irish. There have been two aspects to broadcasting in Irish –providing a service for Irish speakers and encouraging people to learn some Irish or improve on or practice the few words of Irish they already have.[48]

Má bhí an tír le hathghaelú agus deireadh a chur le 'salachar an Bhéarla'[49] a bhí ina príomhtheanga sa tír faoin dtráth seo, chaithfí an Ghaelainn a chraoladh ar fud na tíre (cé

[47] Gorham, Maurice, ag labhairt ar *It's In The Air It's Floating All Around Us,* Raidió Éireann, TX: 04/01/1976, tag. AA016119.
[48] Watson, Iarfhlaith: 'Recent and current trends in Irish language broadcasting' i Hogan, John & Sheehan, Helena (eag.): *Mapping Irish Media,* Dublin, UCD Press, (2007). Ar fáil ag http://irserver.ucd.ie/bitstream/handle/10197/5702/Watson_2007_Recent_and_current_trends_in_Irish_language_broadcasting._Mapping_Irish_Media.doc?sequence=1 . Faighte 09/01/2016.
[49] de hÍde, *op cit.*

nárbh craoltóir náisiúnta a bhí i 2RN go dtí deireadh na 1930í). I rith saolré 2RN/RÉ (nó gur bunaíodh RnaG), feictear athrú ar an dtuiscint mar le feidhm na Gaeilge ar an Raidió ó uirlis athbheochana agus mar pháirt d'fhís agus de fhéiniúlacht na hÉireann, go páirt de chearta sibhialta agus de chearta mionlaigh pobail íochtaránacha[50] sa tír céanna.

Bhí ceist stáisiún ar leith do mhuintir na Gaeltachta, a bheadh ag craoladh as Gaelainn ina iomláine, á phlé fiú ag lár na 1920í. Agus seirbhís 2RN á phlé sa Dáil ar an 30 Samhain 1926, thug an tAire Poist agus Teileagraf, J.J. Walsh, an méid seo le fios:

> The third station that we intend to provide is the one for the Gaeltacht. I believe it will be agreed that we cannot reconcile ourselves to a programme, largely in English, circulating in that [357] district, seeing that we have set our minds to the maintenance of the Gaeltacht[51] area. We have, therefore, decided to put up a station for that particular district. It will not cost a great lot of money, and the intention is that it should provide a programme in keeping with the language of the people.[52]

In ainneoin cainte an Aire, agus cé gur moladh a leithéid roinnt babhtaí eile nó gur bunaíodh RnaG i 1972, níor bunaíodh an stáisiún Gaeltachta. Ba ar 2RN agus RÉ a bheadh Gaeil ag brath ar mhaithe le craoltóireacht na Gaeilge.

I rith na plé Dála céanna thug Walsh torthaí an chéad suirbhé lucht éisteachta a dhein 2RN, agus léiríodh tuairimí a bheadh coitianta go maith maidir le cláir 2RN/RÉ ar feadh i bhfad (nó b'fhéidir go dtí an lá atá inniu ann):

> Thirty replies were received. Fifty per cent of these expressed satisfaction, but made some slight suggestions, and the other 15 replies may be included under the category of the dissatisfied-some because we had too much Irish, and some because we had too little Irish, and too much English; some because we taught German; some because we had not enough of jazz, and some because we had too much jazz; and so on. At any rate, notwithstanding the fact that we must have some 40,000 set holders, and that every possible effort was made, extending over

[50] *Subaltern* an Bhéarla.
[51] Ní cás a mheabhrú go raibh an Ghaeltacht níos mó an uair úd ná mar atá inniu. Féach https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/2586/CnaGReport.pdf?sequence=1. Faighte 21/09/18.
[52] J.J. Walsh, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 17 Uimh. 5, 357-357,* 30/11/1926.

> a week, to get suggestions and to rouse up the dissatisfied, we got only 15 of these people to come to the surface. That does not indicate general dissatisfaction.[53]

Bhí constaicí áirithe ar an tseirbhís raidió sna blianta luatha, ach deineadh iarracht leanúnach (cé gur neartaigh agus gur laghdaigh na hiarrachtaí céanna i rith an ama)[54] cláracha Gaeilge a chraoladh:

> Sound broadcasting in the Irish Language suffered, it is said, in the early days from lack of suitable material and lack of audience reaction (both factors complicated by strong dialect differences). Nevertheless, up to the late fifties Radio Éireann was essentially conscientious (especially as its technical and human resources expanded) in trying to provide Irish-language programmes (including programmes specifically for teaching the language). During the early sixties there seems to have been some weakening of commitment in this area, and at the present time – when the total broadcast time of Radio 1 and Radio 2 is taken into account – it is legitimate to question the adequacy of the Irish-language programme output from both national channels.[55]

Ní mhaireann aon taifid ar chláracha Gaeilge (nó go deimhin de chláracha Béarla) go dtí lár na 1930í, ó ní raibh aon ghléas taifeadta ag an stáisiún roimhe sin. Craoladh gach clár roimhe sin beo.[56] Is léir ó thuairiscí, áfach, go raibh réimse maith cláir Gaeilge á chraoladh ag 2RN sna blianta luatha úd.

Dar le bunaitheoir Chartlann RTÉ, Diarmuid Breathnach, bhí mianta Choimisiúin na Státseirbhíse i dtaobh ról na teanga sa tseirbhís nua soiléir le ceapachán Shéamais de Chlanndiolúin ina chéad-stiúrthóir ar an tseirbhís:

---

[53] *ibid.* Col. 359.

[54] "RTÉ had broadcast in Irish Gaelic from the time of its inauguration in 1926. However, those broadcasts were few in number and often were irregularly scheduled – this despite the fact that the Irish Constitution had designated Gaelic as the nation's first official language ever since 1937" Browne, Donald R.: *Electronic Media and Indigenous Peoples – A Voice of Our Own?,* Ames, Iowa State University Press (1996), 26.

[55] Ó Tuathaigh, 102-104.

[56] "Scéal na Gaeilge i Radio Éireann ón bhliain 1926 nuair a tháinig seirbhís nua chraolacháin ar an aer faoin ainm 2RN go dtí bunú Raidió na Gaeltachta sa bhliain 1972. Láithreoir Diarmaid Breathnach". Curtha i láthair ag Ian Lee. Siúlach Scéalach, *RTÉ Raidió na Gaeltachta,* 13 Deireadh Fómhair 2014, http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_siulachscealach.xml.

> Bhí a fhios ag an Coimisiún na Státseirbhíse go raibh an Ghaeilge i gceist, agus an chéad Stiúrthóir a ceapadh, Séamus de Chlanndiolúin, bhí aige an líofacht Ghaeilge sin a bhí an Coimisiún ag éileamh. Bhí sé dubh-aineolach ar chraoladh, ar ndóigh, ach ní raibh aon duine eile nach raibh amhlaidh. Níorbh aon John Reith[57] uaillmhianach ceannasach é, a leagadh síos bunsraith institiúide móire, ach fear a bhí lán-oiriúnach chun dul i mbun stáisiúin áitiúil den saghas a bhfuil eolas inniu air.[58]

Is cosúil go raibh níos mó béime ar na buanna a bhí ag de Chlanndiolúin (Gaeilge, ceol agus amhránaíocht agus tuiscint ar an dtraidisiúin) ná mar a bhí ar riachtanais eile an phoist (taithí craoltóireachta srl.) agus an chéad-cheapachán seo á dhéanamh, rud a léiríonn tábhacht na ngnéithe úd i mblianta luaithe na seirbhíse. Luann Breathnach chomh maith gur díol spéise é gurb é an Chraoibhín a thug óráid na hoscailte, fear a bhí gan aon stádas oifigiúil, in ionad Uachtarán ar Ard-Chomhairle Shaorstát Éireann (Liam T. Mac Cosgair (1880 – 1965)) nó an tAire Poist (J.J Walsh).[59] Bhí sé de dhealramh ar an scéal go mbeadh béim mhór ar an dteanga sa tseirbhís nua.

Maidir leis an saghas clár a bhí á gcraoladh sna blianta luatha úd, bhí gearrscéalta agus scéalta eile á léamh ar an raidió, maille le an-chuid amhráin Ghaeilge, sean-nós agus eile:

> I dtaobh cláracha i gcoitinne, ins na blianta tosaigh sin, is beag a bhíodh. Bhíodh scéalta ... dá gcraoladh, gearrscéalta. Bhíodh píosaí dá léamh i nGaelainn, níor ceachtanna dairíribh iad, ach go mbídís ann. Ach thairis sin ... ní mór ar fad a bhí ann. Ar ndóigh, ní raibh an oiread sin aimsire an uair úd chun craolta ar an raidió is a bhíonn anois, agus b'fhéidir, ar an gcuma san, gur mó de chion na haimsire a bhí ag an nGaelainn an uair úd ná mar atá anois ...
>
> Bhí rud amháin a bhíodh coitianta ann, sin amhráin Gaelainne. Bhíodh sé sin i gcónaí ann, agus ana-choitianta ar fad – tá's agam go mbíodh daoine áirithe ag gearán gurb amhlaidh a bhíodh an iomarca dos na hamhráin Gaelainne seo, daoine ag rá nach thaitníodar leo agus nár thuigeadar an rud, go mór mhór lucht na seana-amhránaíochta, daoine ón nGaeltacht, agus b'fhéidir mo leithéid-se

[57] 1ú Barún Reith, an chéad Stiúrthóir Ginearálta a bhí ar an BBC.
[58] "Scéal na Gaeilge i Raidió Éireann".
[59] *ibid.*

> agus leithéid Mháighréad Ní Annagáin agus mar sin, nár thuigeadar go ró-mhaith cad a bhí againn.[60]

Éachtaint luath a bhí ansin ar choimhlint a bheadh ina chnámh spairne go minic maidir leis an raidió amach anseo; cláracha Ghaelainne á gcraoladh agus sciar mór den lucht éisteacha gan tuiscint orthu. Ní mór a mheabhrú nach raibh teacht ag éinne seachas iad siúd i gcomharsanacht Átha Cliath ar an tseirbhís nua, agus ina theannta sin bhí srian docht daingean á choimeád ar sparán an stáisiúin. Go minic, b'iad na cláir Gaelainne a bhí thíos leis an easpa airgid agus bhí teannas leanúnach ann idir "idéalacha tógála náisiún agus praiticiúlacht na heacnamaíochta"[61] i 2RN.

Go minic ní bhíodh aon Ghaelainn le clos ar an raidió ar feadh tamaill de laethanta sa chéad bliain nó dhó. Tugann Breathnach an sampla ó Bhealtaine 1926, nuair a craoladh caint de chuid Leon Ó Broin (1902 – 1990) ar cheist na Gaeilge i gcúrsaí dlí ar an 18 Bealtaine, agus ní raibh aon chlár Ghaeilge eile ar siúl go dtí an 1 Meitheamh.[62] Bhíodh céilithe á gcraoladh ón stiúideo, agus cainteanna ó leithéidí An tSeabhaic, Mháire, Mhíchíl Uí Mhaoláin, Sheáin Uí Ruadháin agus Séamus Uí Shearcaigh:

> ... ach bhí liostacht, ionannas agus simplíocht ag baint leis na cláir. Cainteanna don fháinne is mó a bhíodh iontu. Mar sin féin, ní bhíodh an Conradh nó na hirisí ag clamhsán, ach amháin dá bhfeicfí don Mhuireadhach Méith[63] nach raibh Gaeilge Chúige Uladh ag fáil Cothrom na Féinne. Mheas *An tUltach* go raibh cáil mhaith Gaeilge á chraoladh, ach bhíodar cortha den Ghaelainn.[64]

Ní raibh aon ghné-chlár, agus fíorbheagán drámaí, ar an raidió ar dtús, cé go mbeadh ról lárnach ag an raidió i ndrámaíocht na Gaeilge ós na luath-1930í amach. Is léir ón gcineál cláir a bhí á chraoladh sna 1920í agus na 1930í luaithe go raibh an raidió ag glacadh páirt i 'togra togála náisiúin' an stáit leis an bhéim a cuireadh ar cheol gaelach, ar na cluichí gaelacha agus ar theanga na nGael. Bhí béim ar leith ar cheachtanna agus ar ranganna Gaeilge:

---

[60] *ibid.*, Andrias Ó Muimhneacháin (1905–1989) ag caint.
[61] Watson, Iarfhlaith: 'A history of Irish language broadcasting: national ideology, commercial interest and minority rights.' I Kelly, MJ and O'Connor, B.(eds.). Media Audiences in Ireland, UCD Press, (1997).
[62] *ibid.*
[63] An tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh (1883–1941).
[64] 'Scéal na Gaeilge i Raidió Éireann', Diarmuid Breathnach ag caint.

> In the decades after independence the emphasis was on restoring the Irish language to the position it had had as lingua franca several centuries before. Restoration was part of the state's nation-building project. Although broadcasting in Irish was off to a slow start in the 1920s, during the following decades there were programmes in Irish such as *Is your Irish rusty?* and *Listen and learn*.[65]

Seans gur iarracht i dtreo 'Gaelú' mhuintir na Ghalltachta a bhí sna ranganna seo, mar is fíorbheagán gléasanna raidió a bhí sa Ghaeltacht ag an am, agus má bhí féin ní bheadh teacht acu ar 2RN. Ní raibh oiread brú ar an stáisiún freastal ar mhuintir na Gaeltachta ag an am, agus dá bhrí sin ní haon ionadh gur dírithe ar fhoghlaimeoirí a bhí na cláracha. D'aithin Conradh na Gaeilge féidearthachtaí na seirbhíse nua dá n'aidhmeanna féin:

> Nuair a thosnaigh 2RN ar craoladh - rud nua agus dul i measc an phobail. Gléas nua oideachais. Gléas nua bolscaireachta. Gach aon ní eile. Agus dár ndóigh, bhí gá le teagasc agus bhí gá le bolscaireacht ag an nGaelainn. Agus ón uair gur don nGaelainn a bhí Conradh na Gaelainne ní haon ionadh é mar sin gur mhaith leo oiread feidhme agus ab fhéidir a bhaint as an ngléas nua seo.[66]

Tar éis cúig mbliana de mhí na meala idir Gael agus raidió, thosnaigh an clamhsán ón gConradh i dtaobh na gclár thart ar 1931:

> Bhí cuid de mí-chuibheasach. Fear amháin san iris *An Tír* a mheas gur 'gléas le galldachas agus seoinínteacht a athbhunú in Éirinn' a bhí i 2RN ... tamall gairid ina dhiaidh sin bhíothas ag éileamh gur i nGaeilge amháin a bheadh an nuacht, agus Tórna[67] á rá gur cheart an clár iomlán a bheith i nGaeilge.[68]

Seans nárbh aon éileamh dáiríre é clár sceidil iomlán an raidió ó thús deireadh a bheith as Gaelainn; bhí Aindrias Ó Muimhneachain den dtuairim gur modh oibre é seo – 'i bhfad níos mó a lorg ná an méid go mbeitheá ag súil a gheobhfá' – a bhíodh coitianta ag grúpaí ar nós an Chonartha, go háirithe agus iad ag plé le eagrais phoiblí.[69]

[65] Watson (2007).
[66] 'Scéal na Gaeilge i Raidió Éireann', Aindrias Ó Muimhneachain ag caint.
[67] Tadhg Ó Donnchadha (1874–1949).
[68] 'Scéal na Gaeilge' Diarmuid Breathnach ag caint.
[69] *op. cit.*

Bhí borradh ar chraoltóireacht na Gaeilge sna 1930í, go háirithe le teacht T.J Kiernan mar Stiúrthóir. Cé nach raibh an teanga ar a thoil aige, bhí suim aige inti agus chreid sé go láidir i gcur chun cinn na teanga. Theastaigh uaidh "go músclófaí meanma Gael, agus meas Gaeil orthu féin."[70] Theastaigh uaidh oíche iomlán Gaelach a dhéanamh den nDéardaoin ar 2RN[71], agus cé nár tháinig an plean seo chun foirfeachta, bhí tionchar nach beag ag Kiernan ar chraoltóireacht na Gaeilge. Go luath in éis a cheapacháin i 1934, thug Kiernan aghaidh ar chathair na Gaillimhe chun bualadh le pobal Gaelach na cathrach úd a bhí ag éileamh go mbunófaí "stáisiún lán-Ghaelach don iarthar", ach níor chreid bainistíocht an raidió go mbeadh go leor ábhair cláir ar fháil chun sceidil a líonadh:

> Níor chreid lucht an raidió go mbeadh ábhar craolta ann go rialta, nuair nach raibh sé i gCorcaigh, cathair ba cheolmhaire ná Gaillimh, blianta roimhe sin. D'eirigh le Mac Tiarnáin sin a áiteamh ar na Gaillmhigh, agus thug sé orthu coiste a thoghadh chun ceoltóirí agus fuirseoirí a chuardach.[72]

"Glacadh le Gaillimh mar phríomhchathair na Gaeltachta," a deir Ó Glaisne, agus ní haon ionadh gur ón gcathair sin a thiocfadh éileamh do stáisiún lán-Ghaelach:

> Tháinig coiste deonach raidió chun cinn ansin, agus shocraigh an Dr. T.J Kiernan ... go dtiocfadh cláir speisialta ó stiúideo sa Choláiste Ollscoile i nGaillimh le comhoibriú an choiste agus le comhoibriú innealtóirí Oifig an Phoist. Bunaíodh coiste rialtais i gcomhar le Coláiste Ollscoile na Gaillimhe i 1935 féachaint ar mhaith an rud é lárionad craolta a bhunú i nGaillimh, ach ní raibh aon toradh air sin agus cuireadh deireadh leis an choiste i 1939.[73]

Ba coiste na Gaillimhe an chéad cheann de coistí a bunaíodh faoi 'scéim réigiúnach' Kiernan, a chruthaigh sé d'fhonn an tseirbhís a leathnú amach ó Áth Cliath agus méid na n-éisteoirí a mhéadú:

> Kiernan recognised that if the service was to win more licensed listeners throughout the country, programming would have to be made less Dublin-based. He could not afford to bring people to the city so he took the microphone to the

[70] 'Scéal na Gaeilge', Aindrias Ó Muimhneacháin ag caint.
[71] 'Scéal na Gaeilge', Diarmuid Ó hAlmhain (1908–1980) ag caint.
[72] 'Scéal na Gaeilge', Diarmuid Breathnach ag caint.
[73] Ó Glaisne, Risteárd: *Raidió na Gaeltachta,* Cló Chois Fharraige, Indreabhán, (1982), 1-2.

> county towns and relayed programmes by post Office line. It was his 'regional-scheme'. In each county he encouraged the formation of a committee to which he offered access. The committee was free to select a programme from the local talent available and with help from a producer its programme was broadcast. In 1935 there were thirteen outside broadcasts of this kind, and in 1936 there were more. Their quality proved mediocre and the committees lost interest.[74]

Grúpa amháin a bhain an-leas as cur chuige nua Kiernan ná Conradh na Gaeilge. Bhí cláir á gcur le chéile ag Craobh an Chéitinnigh (Baile Átha Cliath), agus thapaigh Kiernan an deis craobhacha eile a spreagadh chun cláir raidió a chur le chéile. Chuaigh sé chun cainte le hAindrias Ó Muimhneacháin, Éamonn de Barra agus Diarmuid Ó hAlmhain agus thugadar cainteanna uathu ar an raidió ag tabhairt treorach ar conas clár raidió a chur le chéile.[75] Bhunaigh an Conradh fochoiste raidió chun obair an Chonartha i réimse na craoltóireachta a stiúradh, agus Aindrias Ó Muimhneacháin ina chathaoirleach:

> B'é tháinig as ná go gcuireamar amach leabhrán beag eolais agus treorach, an teideal a bhí ar an leabhrán ná 'An Gaedheal agus an Rádió' is dóigh liom. Is dócha, an rud a chuireamar le chéile agus an rud ar chuireamar amach an uair úd, go ndéarfaí go raibh sé leanbhaí, go ndéarfaí anois gur mar sin a bhí. Ar ndóigh, ní rabhamar chomh maith sin chun cinn sna cúrsaí sin, i gcursaí craoltha, ná ní raibh na cúrsaí craoltha féin chomh mór chun cinn is atá siad anois, ach ar aon chuma sin é a dheineamair. Agus ansan do tháinig as san gur thosnaigh, go háirithe ins sa chathair seo [Baile Átha Cliath] na craobhacha móra de Chonradh na Gaeilge ag cur ábhar cláir le chéile. Cuid acu ag gabháil do dhrámaí, bhí cuid mhór acu ag gabháil do chláracha ilghnéitheacha, go mbeadh idir sheanchaíocht agus amhránaíocht agus ceol agus gach aon ní iontu. Deineadh ana-chuid de sin an uair úd de dhroim na gcainteanna a craoladh agus ansan de thoradh an leabhráin bhig sin a chuireamar amach.[76]

Mhéadaigh seo líon na gclár Gaeilge ar an raidió, agus laghdaigh clamhsán an Chonartha agus na tráchtairí Gaeilge dá réir. I measc na dtionscnamh eile a bhunaigh Kiernan bhí comórtas do ghearrdhrámaí, an clár nuachta 'Scáthán na nGael', nuacht laethúil as

[74] Cathcart, 45.
[75] 'Scéal na Gaeilge', Diarmuid Breathnach ag caint.
[76] 'Scéal na Gaeilge', Aindrias Ó Muimhneacháin ag caint.

Gaeilge ceithre lá sa tseachtain, drámaí á nath-chraoladh ó Thaibhdhearc na Gaillimhe agus roinnt cláir eile.[77] Chuir sé seo anam nua i gcraoltóireacht na Gaeilge, agus go deimhin dhein amhlaidh do chraobhacha an Chonartha. Ach níorbh craoltóirí ná léiritheoirí raidió proifisiúnta a bhí i mbun na gclár, agus bhí cuma amaitéarach ar chuid mhaith acu. Saghas *'play away boys!'* de chur chuige a thug Seán Mac Réamoinn (1921 – 2007), a bhí sáite i gcláracha a bhí á gcraoladh ón nGaillimh ag an am, ar an tslí a stiúradh na cláir seachtracha seo ag an dtráth seo.[78] Bheadh caighdeán na gclár ina chnámh spairne go minic eatarthu siúd a bhí ag éileamh breis cláir Ghaeilge agus iad siúd a bhí ag maíomh go raibh go leor, nó an iomarca, Gaeilge ar an raidió cheana féin. Níor mhair an deá-thoil idir an Conradh agus an raidió, agus bhí an Conradh i mbun clamhsáin arís:

> Bhí contúirt ag baint i gcónaí le hamaitéaraigh ag craoladh i gclár bheo, agus is cinnte nár éirigh le plean Mhic Tiarnáin faoin tír. Ba ghairid go raibh an Conradh ar an tseanléim arís, ag iarraidh go mbeadh an Ghaeilge ar aon leibhéal leis an mBéarla láithreach. "In the interest of Irish, The Gaelic League ought to be liquidated," arsa Mac Tiarnáin go feargach le P.S Ó hÉigeartaigh lá. Dar leis nárbh fiú níos mó Gaeilge a chraoladh mura mbeadh scoth an ábhair agus togha craoltóirí lena chur i láthair. [79]

I rith na 1930í timpeall 4% den am craolta a bhí as Gaeilge, agus d'ardaigh an céadatán sin go os cionn 11% faoi na 1940í.[80] Bhí raon leathan clár ar fáil i rith na 1940í, ó chláir do leanaí go cláir nuachta agus cúrsaí reatha. Go deimhin, deir Gorham go raibh a macasamhail de chlár Ghaeilge ag formhór mór na gclár Béarla.[81] B'é tréimhse na 1940í buaicphointe na craoltóireachta Gaeilge ar RÉ – cé gur laghdaíodh uaireanta craolta an raidió ar thosnú an chogaidh, dhúbail líon na gclár Gaeilge:

> B'éachtach ar fad an obair a bhí ar siúl, cláir nua mar 'Bolg an tSoláthair', 'Rí-Rá is Ruacáin', 'Lorgaireacht Ghleann na Smól', 'Tionóil Míosúil'. Tugadh an chéad tráchtaireacht i nGaeilge ar chluiche ... bhí sheifteanna eile chun an ganntanas

[77] 'Scéal na Gaeilge', Diarmuid Breathnach ag caint.
[78] 'Scéal na Gaeilge'. Tá scéal seoigh ag Ó hAlmhain sa chlár céanna a léiríonn an ré amaitéarach seo go maith; cuallacht drámaíochta ón dtuath a chuaigh go Baile Átha Cliath chun craoladh a dhéanamh, agus a chaith pingin mhaith ar fheisteas agus cultacha, cé nach bhfeicfeadh éinne na cultacha tríd an raidió!
[79] 'Scéal na Gaeilge', Diarmuid Breathnach ag caint.
[80] Watson (2002).
[81] Gorham, Maurice: *Forty Years of Irish Broadcasting,* The Talbot Press, Dublin (1967), 139.

> ábhar a shárú: dráma Béarla a bhí díreach tar éis teacht sa phost a aistriú go Gaeilge agus an t-aistriúcháin a léiriú ar dtús. Má bhí aon chlár Béarla ar nós *Radio Digest* nó *Question Time* nó *Information Please* a raibh ag eirí thar cionn leis, feachtaí chuige go raibh a mhacasamhail i nGaeilge gan mhoill. Agus, más taobh le hamaitéaraigh a bhí Raidió Éireann go fóill, b'amaitéaraigh den scoth anois iad.[82]

Bhí an chuma ar an scéal go raibh ré órga i ndán dó chraoltóireacht na Gaeilge – líon na gclár ag méadú, feabhas ag teacht orthu, agus na craoltóirí cumasacha ag dul i dtaithí ar an cheird.[83] Bhí gluaiseacht na Gaeilge féin ag neartú, le grúpaí, imeachtaí, irisí agus nuachtáin nua ag teacht ar an bhfód[84]. Bhí gach clár do pháistí, seachas ceann amháin, as Gaeilge.[85] Ach mar sin féin bhí fadhbanna bunúsacha leis an tseirbhís a bhainfeadh siar as craoltóireacht na Gaeilge sa bhfad téarma. D'fhéadfaí a rá nach raibh aon tseirbhís á chur ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge, ó is ar fhoghlaimeoirí a bhí formhór na gclár dírithe.[86] Bhí Roibeárd Ó Fearacháin ina Oifigeach Cainteanna ag an am:

> Gach aon tsaghas deacrachtaí. Easpa oifigeach ar an bhfoireann, easpa craoltóirí oilte, easpa airgid, easpa fearaistí agus trealamh. An chuid is mó den am bhíomar taobh leis na daoine a bhí ina gcónaí i mBleá Cliath, agus bhímist ag brath go mór ar mhúinteoirí scoile is ar stáitsheirbhísigh, rud a chuir as go mór dúinn aimsir saoire – um Nollaig, An Cháisc, sa samhradh, mar a lán dos na hoidí agus na stáitsheirbhísigh níorbh Bleá Cliaigh iad, agus d'fhágaidís an chathair chun dul abhaile nuair a bhídíst saor. Agus d'fhágadh san mise beagnach gan éinne a dh'fhéadfadh craoladh a dhéanamh i nGaeilge.[87]

Dála blianta luatha 2RN d'fhéadfaí é a chun i leith RÉ sna 1940í gurb iad na daoine céanna a bhí le cloisteáil ar a gcuid craolacháin Gaeilge i gcónaí. "Actors, readers, and presenters in the Irish language were recruited from a small coterie of teachers and civil servants," a deir Gibbons, "and the lack of diversity eventually took its toll."[88]

---

[82] Breathnach, 'Scéal na Gaeilge'.
[83] Is fiú an 11% de sceidil Raidió Éireann sna 1940í a chur i gcomparáid leis an uair a' chloig sa tseachtain d'ábhar Gaeilge (0.6%) a chraoltóir ar RTÉ Radio 1 anois (Stillwater Communications, *An Bealach ar Aghaidh: A Proposed Strategy for RTÉ's Irish Language Output* (Eanáir 2012)).
[84] Breathnach, 'Scéal na Gaeilge'.
[85] *ibid.*
[86] Watson (2007).
[87] 'Scéal na Gaeilge', Roibeard Ó Fearacháin ag caint.
[88] Gibbons, 227.

Gné eile a bhí ina chúis gearáin ag roinnt de phobal na Gaeilge ar obair an raidió ná caighdeán na teanga a bhí le cloisteáil acu. (bhí sé seo ina chnámh spairne ag daoine faoi RnaG go minic agus bíonn go dtí an lá atá inniu ann). Ina theannta sin bhí sé ráite go raibh róchlaonadh i dtreo Ghaeilge na Mumhan ar an tseirbhís. Sa bhliain 1941 foilsíodh roinnt comhfhreagrais san *Irish Independent* ina raibh cur agus cúiteamh faoi an Ghaeilge ar Radio Éireann:

> RADIO GAELIC
>
> Joseph Boyle (Castlefin N.S Co Donegal), in the course of a letter writes stating that the views recently expressed by representatives of the Galway Fior-Gaeltacht regarding the quality of Irish broadcasts from Radio Éireann are heartily endorsed by that portion of Tyrconnell in the Fior-Gaeltacht.
>
> There are people, he states, who ceased some time ago to listen to Gaelic broadcasts from Athlone. One of their reasons being to prevent any deterioration of their Donegal Gaeltacht idiom, pronunciation, etc., and more especially the rich, neat language moulds peculiar not only to Donegal but Galway and Kerry. Another reason is that the sounds and literary constructions that emanate from Athlone are most distasteful and confusing to those whose ears are attuned to the real Gaelic sounds from their infancy.[89]

Bhí an scríbhneoir céanna ar a pheann arís ar an 8 Lúnasa, agus é á chur i leith RÉ aige go raibh leatrom á dhéanamh acu ar 'an Ghaeltacht is mó in Éirinn' toisc go mbíodh an nuacht laethúil á léamh "in a dialect which is practically dead ... the daily Gaelic news ought to be given in a form that will be understood by the majority of Gaelic speakers."[90] Ach fuair sé a fhreagra tamall de laethanta ina dhiaidh sin:

> Recently native speakers of Donegal and Connaught have objected to the standardisation of Irish spelling and to the radio news because the cloven foot of Munster Irish is thought to be prominent in them. Their dialect, because [it is] spoken by more native speakers, should prevail we are naively told. Why should mere numbers decide the important question of standard spelling and pronunciation? Most of the native speakers cannot spell in any dialect; neither

[89] *The Irish Independent,* 26/07/1941, 4.
[90] *The Irish Independent,* 08/08/1941, 2.

> have they wireless sets. Dialect partition and dialect wars have been the chief obstacle to the spread of Irish. In every progressive country there is an official standard language for radio and the schools. Thus neither Cockney English nor Yorkshire English is heard over the BBC news. Only standard English is permitted. Why cannot we have standard Irish? In a good standard Irish it should be impossible to tell the native dialect of the speaker. DUBLIN SPEAKER[91]

Ceann de na rudaí is tábhachtaí a bhain RnaG amach in éis a bhunaithe ná gur chuir sé deireadh leis an 'dialect partition' seo. Cinnte, tugadh a cheart do gach canúint, agus stáisiúin ar leith i ngach Cúige, ach níos tábhachtaí ná sin thug sé taithí do chainteoirí dúchais i ngach Gaeltacht, daoine gur beag teagmháil a bheadh acu le canúintí eile, ar na canúintí ar fad. Ní raibh ar chumas m'athair críonna, Liam de Mórdha, cuirim i gcás, canúint Chonnachta nó Uladh a thuiscint, ach tuigeann clann a chlainne formhór mór a gcuid cainte, a bhuíochas do RnaG a thug Gaeilge agus Gaeilig isteach don tigh chugainn.

Ceist leanúnach ab ea ceist seo an chaighdeáin agus na gcanúintí ar RÉ nó gur bunaíodh RnaG. Bhíothas ann a cheap go raibh ró-chanúnachas ar an raidió agus a mhalairt – nach raibh a gceart á fháil ag na canúintí toisc tús áite bheith á fháil ag Gaeilge chaighdeánach.[92] Ba dheacair don raidió an dá thráigh a fhreastal agus an dá thaobh, muintir na Gaeltachta agus Gaeilgeoirí na Galltachta, a shásamh. Bheadh an argóint céanna le cloisteáil tar éis do RnaG teacht ar an bhfód chomh maith.

Foilsíodh alt sa *Tuam Herald* sa bhliain 1943 a bhí láidir go maith ina cháineadh ar na 'Gaeil bréagacha' a bhí le clos ar an raidió:

> Last week a young girl from the Gaeltacht was prosecuted for entering Northern Ireland without a permit; she could speak not a word of English and did not understand it either. Isn't it a shame to see a girl like this, and thousands of others who are real Irish, having to seek work where their language is not understood whilst others here who are, to say the least of it, only artificial Irish speakers

[91] *The Irish Independent,* 18/08/1941, 4.

[92] Go deimhin bhí an argóint céanna á dhéanamh i dtaobh an Bhéarla. I litir a foilsíodh san Evening Herald i 1943 dúradh "I would prefer to hear a news bulletin in an honest-to-goodness Cork or Kerry brogue than the pseudo London-West-End accent which always gives me the impression of having been painstakingly acquired."

> adding to their already large incomes by taking over in Radio Éireann. There is something seriously wrong in this direction. Improvements were recently made and let us hope that there will be more improvements and more places found for the native Irish and give the artificial Irish their walking papers.[93]

D'eascair an t-alt thuas ó dhíospóireacht Dála faoi RÉ a reáchtáladh ar an 9 agus an 10 Samhain inar leagadh amach obair agus maoiniú na seirbhíse. Rinneadh roinnt mhaith moladh ar an tseirbhís, ach is mó na sin cáineadh a rinneadh. Leag an tAire Poist & Teileagraf P.J Little (1884 – 1963) amach cur chuige an stáisiúin i dtaobh na Gaelainne:

> As to programmes in Irish, the guiding principle in the broadcasting of Irish is that it should proceed as if Irish were the vernacular of the whole country. In practice, this means that anything of interest to Irish people, whether it is or is not normally spoken of or written about in Irish, should be considered proper material for the programmes. The subjects thus ranged from the national movement and personal reminiscences of great nationalists to first-aid, travel, Irish scientists, books of the revival, orchestral music and local history.
>
> Those who are not strong in Irish will find some of the programmes between the hours of 6 and 6.40 p.m. for young people very helpful—notably "Question Time" and a feature of which the English title would be "At Home and Abroad". We contemplate broadcasting in the near future a series of stories in simple Irish which will, it is hoped, be of some help to learners, or to those who have been getting out of touch with the language and wish to brush up their knowledge.
>
> So far as propaganda for Irish is concerned, every opportunity is given and will be given to leaders of the various movements—Gaelic League, Dáil Uladh, Oireachtas, etc., to broadcast to the people in Irish or in English. We are hoping that it may be possible at an early date to broadcast in English a short series of talks on language movements in other countries where there is or was a two-language problem, but of course there is no country with a position exactly similar to ours. We also hope, as soon as suitable arrangements can be made, to devote about five minutes daily to the broadcast in English of excerpts from writings and

[93] *The Tuam Herald,* 20/11/1943, 2. (Ní luaitear údar).

> speeches of importance dealing with the language question. This will be in the nature of an experiment to be reviewed after a period of a few months.[94]

Cé nach raibh an Ghaeilge ina 'vernacular of the whole country' le míle bliain, chinntigh an cur chuige a léirigh an Aire thuas go mbeadh raon leathan cláir ar fáil as Gaeilge ar an stáisiún ag an am.

Lean plé bríomhar faoi RÉ agus a gcur chuige i dtaobh réimsí éagsúla – cúrsaí nuachta, ceoil agus teanga. Mhol Téachta Dála de chuid Clann na Talmhan ó Tiobraid Árann, William O'Donnell (? – 1947), ceapachán Shéamais Uí Bhraonáin mar Stiúrthóir ag rá "Mr. Brennan is a good friend of mine and one of the best Gaelic footballers and step-dancers that ever appeared in this country."[95] Bhí sé le maíomh aige chomh maith go raibh an blas cainte ba dheise ag muintir a chontae féin:

> The question of accents has always appeared to me to be debatable. Dublin, Cork, and many other counties claim to speak the best English. I claim that Tipperary speaks the best English. As a matter of fact, I have not heard one really Irish accent over Radio Éireann, bar one— who came in last year—and I understand he was a Limerick man. Of course, I know that people from Aberdeen and other parts of Scotland, as well as certain parts of England, claim to use the best English accent, but I still maintain that we, in Tipperary, can claim to speak the best English and with the best accent.[96]

Maidir leis an Gaeilge, bhí an méid seo le rá ag an dTeachta Seosamh Ó Mongáin (1880 - 1951):

> Níl mise sásta leis an gcaoi a bhfuil an Radio á stiúradh. Más tír Ghaedhealach í seo ba chóir go mbeadh Gaedhilg cheart le cloisteáil. Dubhairt Teachtaí eile a labhair annseo anocht go raibh an Béarla féin lochtach—nach dtuigfí uaidh gur tír ar leith sinn, ach má tá locht ar an mBéarla is seacht measa an Ghaedhilg. Ní bhíonn inti go minic ach raiméis.
>
> Tá sé leithchéad bliain ó cuireadh Connradh na Gaedhilge ar bun agus ba chóir go mbeadh dul ar aghaidh eicínt déanta againn. Ní amhlaidh atá. Ar gcúl atámuid ag

[94] P.J. Little, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 91 Uimh. 13, 1757-1758,* 09/11/1943.
[95] William O'Donnell, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 91 Uimh. 13, 1762, 9/11/1943.*
[96] *ibid.*

> dul. Chó cinnte is go bhfuil an Teach seo annseo tiocfaidh dream in ár ndiaidh lá eicínt a bhéarfas a mallacht dúinn faoi nach bhfuilmid dáiríríf aoi'n nGaedhilg. Rud eile, ba chóir go mbeadh níos mó cuirmeacha ceoil i nGaedhilg le cloisteáil seachas na rudaí seafóideacha Béarla a bhíos le cloisteáil.
>
> Tugtar daoine aníos go Bleá Cliath ó na háiteacha is iargcúlta in Eirinn agus réis aistir mór fada a chur díobh ní bhíonn le fáil aca ach cúpla punt. Ar ndóigh, ní íocaíocht chóir ná chothrom í sin. Nuair a bhí an tAire féin ag caint is i mBéarla a labhair sé. Rinneadh dearmad glan ar an nGaedhilg. Níl sa rud uilig ach magadh.
>
> Nuair a thiocfas an lá a mbeidh na Gaedhilgeoirí is fearr sa tír ag labhairt ar an Radio is mó an meas a bheas againn air. Nuair a bhíos Gaedhilg á craoladh ní don tír seo amháin í ach do thíortha móra an domhain, lena chruthú gur tír inti féin an tír seo agus go bhfuil teanga bhríoghmhar bheo aici; ach maidir leis an gcineál raiméis a bhíos le cloisteál, ní Gaedhilg bhríoghmhar i ach a mhalraid.[97]

Bhí caighdeán na Gaeilge á cháineadh aríst eile ag Ó Mongáin, agus is léir gur tuigeadh do go raibh ról ag an dteanga i gcruthú an náisiúin – an 'tír inti féin' – agus ról ag an raidió ann dá réir.

D'aontaigh Gearóid Mac Pharthaláin (Gerald Bartley (1898 – 1972), a ceapadh ina Aire Gaeltachta ina dhiaidh seo) nár cheart ach "na cainnteoirí is fearr a leigint ag cainnt ann".

> I ngnáthchúrsaíbh agus caidrimh an tsaoil tá fáilte agam i gcomhnaí roimh chineál ar bith Gaedhilge dá dhonacht é— b'fhearr liom é ná an Béarla dá fheabhas. Tá Béarlóirí breághtha sa Tigh seo, agus díreach ar an adhbhar sin labhruigheann siad an iomarca agus líonann siad leabhra na dTuarascbhál le cainnt a thasbáineann nach bhfuil aon stuaim intleachta faoi leith aca seachas fonn cainnte, agus is furasta a aithint go bhféadfaí a gcuid tuairimí a nochtadh sa deichiú cuid den am. Dá labhróchadh na Teachtaí i nGaedhilge ní thárlódh sé sin, go fóilleach ar chuma ar bith. Tá meas agam ar dhroch-Ghaedhilge ó na daoinibh nach bhfuil leigheas aca air, ach ní gá é a leigint ar an radio mar tá togha na gcainnteoirí le fáil de chuile chanúint. Agus is mian liom a admháil go gcuireann sé glionndar croidhe orm a bheith ag éisteacht le cuid den chainnt Ghaedhealach a bhionn ar an radio agus ní hé an chuid is lugha de ach oiread. Is mór agus is iongantach an feabhas

[97] Seosamh Ó Mongáin, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 91 Uimh. 13, 1783, 9/11/1943.*

> atá tagaithe ar an radio le na bliantaibh, agus is "le mo theangan i mo phluic" beagnach a dhéanfainn aon chainnt cháinteach ina thaobh.[98]

Tharraing tuairisciú RÉ ar imeachtaí an lae i nDáil Éireann achrann sa Dáil céanna an lá dar gcionn, nuair a thug Ó Mongáin le fios nach raibh "oiread is focal dár dhubhairt an duine a cuireadh annseo ón gceanntar a ndeachaidh an Piarsach ann le Gaedhilg a fhoghluim. Labhair mise ag a hocht a chlog agus bhí neart ama ag lucht stiúrtha Radio Eireann ar dhubhairt mé a bheith réidh aca in am le n-a chraoladh."[99] Sa phlé a lean bhí an méid seo le rá ag Séamas Ó Diolúin:

> Every Deputy who spoke on the Estimate for Wireless Broadcasting, with the exception of Deputy Mongan, was mentioned in the broadcast. Is it the penalty for speaking in Irish in this House that one's constituents in Connemara cannot hear from Radio Éireann what one said? Are we to understand in the future that if a Deputy addresses the House in Irish his remarks will not be reported and his constituents in the Gaeltacht will be left ignorant of the fact that he took part in the debate? If that is the condition of affairs, I think it is scandalous.[100]

Léirítear imní i gcaint na beirte faoi a) meon lucht stiúrtha RÉ i dtaobh na Gaeilge agus b) an baol nach gcloisfeadh muintir na Gaeltachta faoi ghníomhaíochtaí a n-ionadaithe poiblí dá mba Gaeilge a bhí á labhairt acu. Leigheasfadh Raidió na Gaeltachta an dá fhadhb seo amach anseo.

Bhí tábhacht ar leith le 1943 do chraoltóireacht na Gaeilge. Bhunaigh Taoiseach na linne, Éamon de Valera, agus Rúnaí na Roinne Poist agus Telegrafa P.S O'Hegarty coiste chun iniúchadh a dhéanamh ar cheist an stáisiúin lán-Ghaeilge. Séamas Ó Braonáin, C.E. Kelly (Leas-Stiúrthóir RÉ), Roibeárd Ó Faracháin agus Proinsias Ó Colmáin (Príomhaí Cúnta Oifig Rúnaí na Roinn P&T) a bhí ar an gcoiste. Cé go raibh dóchas go mbunófaí stáisiún don nGaeltacht mar thoradh ar thuarascáil an choiste seo, nuair a foilsíodh tuairisc an choiste i 1945, fadhbanna agus deacrachtaí is mó a bhí le tuiscint as:

> Chosnódh tógáil stáisiúin nua an t-uafás airgid. Bheadh fadhbanna ag baint le tonnfhad a fháil dó. Bheadh gá le scripteoirí, aisteoirí agus aonad taifeadtha

[98] Gearóid Mac Pharthaláin, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 91 Uimh. 13, 1783, 9/11/1943.*
[99] Seosamh Ó Mongáin, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 91 Uimh. 14, 1843, 10/11/1943.*
[100] Séámas Ó Diolúin, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 91 Uimh. 14, 1843, 10/11/1943.*

> lánaimseartha. Níorbh ábhar misnigh ar bith torthaí fiosrúcháin a chuir siad ar bun le cabhair phostmháistrí na Gaeltachta faoin éisteacht a thugtaí do na cláir Ghaeilge a bhí ar Radio Éireann cheana. Do na cláir Bhéarla ab fhearr le daoine sa Ghalltacht sea ba mhó a thugtaí cluas sa Ghaeltacht féin – an "news," "Question Time" agus "Round the Fire". Tuairiscíodh gur ar éigean a bhactaí leis na cláir Ghaeilge sa Ghaeltacht – d'éisteadh roinnt daoine leis "An Nuacht" nuair a chraoltaí ina gcanúint féin í, ach ba thearc duine go deo a d'éisteadh léi nuair a bhíodh sí i gceachtar den dá phríomhchanúint eile. Moladh roimhe sin go gcuirfí gléasanna raidió ar fáil do mhuintir na Gaeltachta, ach ba é a chreid an coiste gur chun éisteacht leis an Bhéarla ba mhó a bhainfí feidhm astu agus gurb amhlaidh a chuirfeadh sin ag labhairt an Bhéarla iad.[101]

Maidir leis an moladh a bhí déanta ag de Valera go dtabharfaí gléasra raidió saor do bhunadh na Gaeltachta, "gléas chun galldaithe" a bheadh sa raidió i dtuairim an choiste, a deir Breathnach.[102] Ní haon ionadh nach mbeadh muintir na Gaeltachta ag éisteacht le sceidil Gaeilge RÉ, mar ba bheag ábhar inspéise a bhí á chraoladh dóibh ina dteanga féin. Mar atá feicthe againn bhí an-bhéim ar cheachtanna agus ar ranganna Gaeilge, agus ba bheag gá a bhí lena leithéid sa Ghaeltacht ag an am.

Bhí sé le rá ag Eamon de Valera ina aitheasc oscailte lá bunaithe RnaG i 1972[103] go raibh "áthas an domhain orm go bhfuil raidió dóibh féin ag muintir na Gaeltachta faoi dheireadh. Blianta ó shin agus mé i mo Thaoiseach d'fhéach mé lena leithéid a bhunú, ach dúradh liom go raibh deacrachtaí doshocraithe ann. B'fhada liom ó shin go dtí gur réitíodh an bealach."[104] Bíodh is go raibh tuairimí an choiste an-diúltach i dtaobh féidearthachtaí an stáisiúin lán-Ghaeilge, ar a laghad bhí an cheist múscailte arís, agus aird á dhíriú ar riachtanais na bpobal Gaeltachta maidir leis na meáin cumarsáide.

Luadh lochtanna an raidió arís sa Dáil i bhFeabhra na bliana dar gcionn agus plé á dhéanamh ar thodhchaí na teanga sna Gaeltachtaí. Ní mó ná sásta a bhí an Teachta Ó Mongáin Charna le oiriúnacht RÉ do mhuintir na Gaeltachta:

---

[101] Ó Glaisne, 2-3.
[102] 'Scéal na Gaeilge', Diarmuid Breathnach ag caint.
[103] Díol spéise gur bunaíodh RnaG sa bhliain tar éis gur scoradh Coimisiún Béaloideasa Éireann.
[104] Luaite in Ó Glaisne, 109.

> Tá Radio Éireann againn más fíor, ach ní shín é an t-ainm is ceart a thabhairt air do réir mo bharail-sa ach Radio Gallda. *Symphony Concert No. 1 and Symphony Concert No. 2* a bhíos ar siúl ann agus a leithide. Cé a chuala blas Gaeilge ar éigin as; agus an chuid is mó den Ghaeilge féin, do réir na fíorGhaeilgeoirí, ní Gaeilge í ach seafóid agus glugar agus raiméis.
>
> Éistim leis ach ní chuala mé aon bhlas uaidh ar bhfiú Gaeilge a thabhairt air ach a gcuala mé seachtain ó shin agus Dé Máirt seo caite nuair a chuala mé Séamus Ó Aonghusa agus Sorcha Ní Ghuairim ag cur síos ar na seanamhráin agus na sean-dánta a thógadar síos i bparáiste Chárna. Nár cheart leithéidí na beirte seo a bheith againn uair gach uile sheachtain ar a laghad. Ach céard atá againn ina n-áit ach an *spelláil* nua. [105]

Agus freagra á thabhairt aige air Ó Mongáin luaigh de Valera an fhadhb bhunúsach a bhain le ceist na Gaeilge ar an raidió ó bunaíodh 2RN:

> I can quite understand the Deputy saying that more could be done through Radio Eireann, but unfortunately Radio Eireann has to cater for the whole of the people of this country and if it did not they would turn the station off and listen to the English Radio.[106]

Sin an rud a bhí de shíor ag bagairt air RÉ; fiú nuair a bhí fonn ar dhaoine sinsearacha san eagraíocht nó fiú sa Rialtas breis a dhéanamh ar mhaithe leis an teanga ar an raidió, bhí an baol ann go gcaillfidís sciar mór dá lucht éisteacha dá bharr. Bheadh cailliúint airgid fógraíochta, stádais agus modh bolscaireachta mar thoradh air dá n-iompódh na héisteoirí ar na stáisiúin eachtrannacha.

Níos déanaí an bhliain chéanna bhí plé á dhéanamh ag Coiste Airgeadais na Dála ar chúrsaí craolacháin. Thug an tAire Little le fios go mbeadh ardú £12,000 ar bhuiséad an raidió "to provision for slightly increased payments to artists, higher cost of telephone trunk lines for outside broadcasts, provision for improvement of the programmes in Irish, including better facilities for getting material from the Gaeltacht and better arrangements for obtaining News supplies.[107] Go gairid ina dhiaidh sin, agus ag eascairt as

[105] Seosamh Ó Mongáin, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 99 Uimh. 12, 1501, 22/02/1946.*
[106] Eamon de Valera, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 99 Uimh. 12, 1513, 22/02/1946.*
[107] [107] P.J Little, *Díospóireachtaí Dála, Iml. 100 Uimh. 16, 2152, 30/04/1946.*

seans, d'fhoilsigh an *Irish Times* alt ó Chomhfhreagraí Raidió an nuachtáin a mhol go mbunófaí stáisiún nua i nGaillimh, stáisiún a bheadh dírithe ar an nGaeltacht ach go háirithe, agus ar an Iarthar i gcoitinne. B'é an t-alt seo, agus an plé a lean, an chéad uair go raibh stáisiún raidió Gaeltachta nó Gaeilge á phlé go poiblí ar aon bhonn chuimsitheach. Is fiú an dá alt a scríobh an chomhfhreagraí ar an ábhar seo a thabhairt ina n-iomláine anseo thíos, ar an mbonn go gcruthaíonn sé go soiléir an úsáid a fhéadfaí a bhaint as ealaíontóirí béil thraidisiúnta na Gaeltachta ar chláracha raidió:

> On holidays in Waterville one summer I called on the Folklore Society's collector for that district, and he played for me some of the records he had made in the Iveragh Gaeltacht of traditional story-telling. Before playing them he had several apologies to make: the best of his records had gone to Dublin; those he was about to play had been made by an old man who was unusually shy of the recording machine; and, above all, the recording machine was old and defective. The last apology was certainly in place, because the recording was not much better than that of Edison's earliest machines, and it needed patient listening to distinguish the voice against the background of heavy, scraping, crackling noises. But once the ear had adjusted itself listening became a delight.
>
> The old man who had been recorded was no stuttering, halting amateur of the kind we often hear in radio documentary programmes. He was a professional with a quickness of delivery, a sense of rhythm, a flexibility of voice and a dramatic sense that amounted to artistry. I was astounded. This was something that I had never glimpsed in Irish as taught in the school or as spoken at public meetings or in Radio Éireann programmes. This was something living and resplendent, something that would have persuaded me, if there had been a Gaelic League organiser around, to have enlisted on the spot.
>
> Since that time I have never had any doubt that there was the makings of good radio in the Gaeltacht. The question has been how to avail ourselves of it. At first the solution seemed to be to bring Gaeltacht people to Dublin to broadcast. But to bring that particular old man to the railhead and thence to Dublin, to keep him there for a week and to look after him properly would have been expensive by Radio Eireann standards; there would, too, be the very big risk that he would be

so much overcome by the journey, by Dublin, and by the gloom of the GPO that he would be tongue-tied at the microphone.

A better proposition would be to establish a radio station in the Gaeltacht or as near to it as is practicable. Galway would seem to be the best place for such a station. It is an English-speaking town, but it is the market town for a large Gaeltacht area stretching as far north as Carna and as far west as the Aran Islands. From this area the station could draw speakers for talks and discussions to tell us about their lives, their work, their travels (in some cases very extensive); to discuss the problems of the fishing industry, of agriculture, of health services and other affairs in which they are keenly interested.

For programmes of a more sophisticated kind the station could draw on the producer, playwrights and actors of Galway's Gaelic Theatre, on the professors of Galway's University College, many of whom lecture in Irish, on the scholars and preachers of the Franciscan and Dominican communities in Galway, and on the Irish-speaking members of the Oireachtas who live near or in Galway. If I were running such a station, there would be a standing invitation to Mr. J. Mongan to drop in every Saturday on his way back to Carna, and give a talk on “The Week in the Dáil.”

The station would also own a mobile transmitting and recording apparatus, which could be taken to the fairs at Clifden, to the harbours at Cleggan and Roundstone, into post offices, public-houses; shops, schools and colleges from Letterfack to Ballyvaughan, and into every place in the area where Irish is spoken as the everyday language. Programmes of this kind would not, of course, draw the masses away from Betty Garble and Alan Ladd, but they might enable a large minority to see the light that Robin Flower, Marstrander, Kuno Meyer and Douglas Hyde saw, the light which drew those scholars away from the comfortable libraries and lectures halls of great universities to sit humbly as pupils amid the turf smoke of West of Ireland cottages.

A WARNING

In case Radio Eireann take this suggestion as seriously as I should like them to take it, I shall add a warning. It would be futile to run this station in the way that the Cork Station is run, i.e., administered from Dublin, with only a minor official

> on the spot. The Galway station should be under a director, who would rank with the senior executive officers of the Dublin station, and who would be allowed a fairly free hand. He should be, preferably, a young man with the initiative of a good journalist, the tact and patience of a good folk-lore collector, the amiability of and sociability of a good bank manager, and the enthusiasm of a 1906 Gaelic League organiser. If he had these things, he could soon learn enough about the technique of broadcasting to fit him for the job.
>
> Very tentatively I suggest as the possible cost of such station broadcasting for an hour each day, a sum of £10,000 a year, of which part should be contributed by the Department of Education. This is a fairly large sum; we should, however, compare it with the other sums spent every year on fostering the use of Irish among a very small number of people; production of plays, £2,500; Gaeltacht scholarships, £9,000; Comhdháil Náisiúnta, £5,000; Publications, £12,000. Surely £10,000 a year spent on a Gaeltacht broadcasting station would give as good a return as any of these.[108]

Agus chuir sé lena phlean go gairid ina dhiaidh sin:

> A correspondent who knows a lot about broadcasting and the Gaeltacht, and about the difficulty of bringing the two together, has sent me a long memorandum expounding the objections to my proposal that a broadcasting studio should be established in Galway. He firmly maintains that a Galway studio would not be a success, and though I do not accept his arguments, they deserve serious notice.
>
> Very rightly he stresses two crucial difficulties. The first is whether the Connemara farmer and Aran Island fisherman would feel any more at home in a Galway studio than in a Dublin studio, where they have been tried and found inarticulate. My correspondent thinks they would not. He probably would be right, if the proposed Galway studio was made on the same lines as the Dublin one. But that is not the kind of studio I see for Galway.
>
> HOMELY

[108] *The Irish Times*, 14/03/1946, 2.

I see an ordinary house somewhere near the old Cathedral square, where the Aran Islanders stand on market days bargaining the sale of their poultry and pigs. If it made the potential broadcasters feel more at home to have in the studio a pile of turf in one corner, a brood of chickens in another, and a dozen of stout on the table, then they would have all these thing. If it suited them to have the studio announcer wearing a bawneen and pampooties, then a bawneen and pampooties would be *de rigueur.*

But in fact, such a stagey setting is not likely to be necessary. If the broadcasters receive a warm welcome at the studio from somebody who speaks their own language, then that will be all that is necessary. This, in turn, is not just a matter of sending down a civil servant who knows Irish and has studied the phonetics of the Connaught dialects. It is the heart that will do the talking, and I suspect that the right heart is more likely to be found among such a body as the collectors of the Folk-lore Institute than in the Civil Service.

The second crucial difficulty is the potential broadcasting material to be found in or near the Connaught Gaeltacht. My correspondent thinks that little good material would be forthcoming. He is right to the extent that the directors of the proposed station will certainly not find Gaelic speakers walking into him from Carraroe or Screebe and slapping down good radio scripts in front of him. I am satisfied that the material is there, but the director will have to dig it out with the patience of an archaeologist excavating a Bronze Age burial mound. He will have to roam the country, eavesdropping in post-offices and public-houses for likely talkers, and when he has found one with an interesting story to tell, sit down with him to do a piece of joint composition. This afterwards will be heard as a radio talk or a radio interview. I do not claim that an abundance of good material will be produced in this way, but I think there would be enough to justify maintaining a headquarters in the Gaeltacht.

MORE OBJECTIONS

Many other objections to a Galway radio studio are listed by my correspondent: Ulster and Munster Gaeltacht inhabitants would protest at this favouring of one dialect over the others; Fianna Fáil would object to my suggestion that Mr. Joseph Mongan (F.G) should give a weekly talk on the Dáil; neither the present Irish programmes nor the English ones can be cut into in favour of new programmes;

> the average Gaelic speaker in the cities and towns does not want to hear Gaeltacht speakers talking about fishing, farming and other rustic subjects; the Taidhbhearc and University College, Galway, have been tried as radio sources and found wanting.
>
> Some of these arguments have little force. Even those which do present big difficulties (such as the favouring of one dialect over another) are not unanswerable. But I am not going to try to answer them here. All I shall say is that in considering the various annoyances, upsets and difficulties which would be caused by placing a station in Galway, these things should be measured against the reasonable prospect that such a station would give us programmes based on the sturdy, vigorous life and speech of the Gaelic countryside.[109]

Cé go bhféadfaí é a chur i leith an scríbhneora go raibh íomhá idéalach sean-chaite aige den Ghaeltacht, lena chaint ar chruacha móna, báiníní agus pampútaí sa stiúideo, bhí roinnt fiúntais ag baint lena mholtaí. Nochtann an comhfhreagraí roinnt de na fadhbanna a bhí le seirbhís RÉ i dtaobh na Gaeltachta de, i dtaobh na dtáirgí Gaeilge a bhí le clos ag an am agus i dtaobh na foinsí a bhí ar fáil sa Gaeltacht chun cláir spéisiúla a chur le chéile, go háirithe ina chaint Cinnte nuair a bunaíodh RnaG agus ar feadh i bhfad in éis a bhunaithe bhí raidhse seanchaithe agus scéalaithe le cloisteáil ar an tseirbhís, agus teacht i láthair agus cumas urlabhartha den scoth acu, agus féachfar ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhain leis an mbéim seo ar ealaíona béil traidisiúnta níos déanaí (féach caib. 5). Ach ina theannta sin d'fhéadfaí a rá go raibh réamh-insint sa tuairisc seo ar chur chuige luath RnaG – scéalaíocht, cláir cainte agus ceoil, bainistíocht áitiúil agus foireann ina raibh na tréithe a mhol sé – "fear óg le fonn an deá-iriseora, stuaim agus foighne an deá-bhailitheora béaloidis, geanúlacht agus cairdiúlacht bhainisteora bainc maith, agus díograis timire Chonradh na Gaeilge i 1906".

Spreag na halt thuasluaite sraith ailt sa Churadh Connachtach faoin gceannlíne 'Radio Éireann and Gaeltacht – Separate Station in Galway?', sraith inar nochtadh tuairimí éagsúla i dtaobh na féidearthachtaí stáisiún ar leith a bhunú san iarthar, dírithe ar phobal na Gaeltachta. Lorgaíodh tuairimí ó dhaoine aitheanta i saol Gaeilge, cultúrtha, polaitiúla

[109] *The Irish Times*, 18/04/1946, 4.

agus gnó Co. na Gaillimhe, agus nochtann roinnt de na tuairimí pointí spéisiúla i dtaobh fiúntas an stáisiúin Ghaeltachta:

> As the chief city of Connacht, the capital of one of the largest counties, and, above all, as the centre of a vitally important Gaeltacht area, Galway must play its part in any such extended radio activities. The suggestion that a separate radio station should be set up in Galway has been raised, and we publish below the views of a number of people prominent in the life of the West.[110]

Bhí tuairim spéisiúil ag an Ollamh Liam Ó Briain (1888–1974) i dtaobh an drochthionchar a bheadh ag stáisiún ar leith ar staid na teanga sa tsochaí i gcoitinne – 'geiteóú' na teanga – agus bhí sé cáinteach ar an moladh:

> The proposal to have a separate Galway station is part of a theory as regards the Irish Language revival I have been up against all my life: put it in its own corner, pamper it and say: "now carry on and don't bother us." Establish a special Gaelic society in a college and if a student dares speak Irish at any other society, howl: "Haven't you your own society to speak in?" Establish a special department for Irish: a separate ministry; or a separate newspaper: or a separate school in a town: and now a separate broadcasting station, so that Irish may be eliminated from the Dublin station and maybe the way paved for the English and American advertisers ready to pay enormous sums for sponsored programmes. Is the sponsoring of Comhdháil Náisiúnta na Gaedhilge by the Government another case of the same theory?[111]

Cé nár tháinig deireadh ar fad le cláir Gaeilge ar an stáisiún raidió náisiúnta tar éis do RnaG (agus TG4 i gcás na teilifíse) teacht ar an bhfód, is cinnte go raibh laghdú suntasach ar líon agus spás craolta na Gaeilge le feiceáil dá bharr. Feictear go bhfuil cláir Gaeilge ar stáisiúin Béarla toisc go bhfuil dualgas ar na stáisiúin amhlaidh a dhéanamh, agus go mbíonn formhór na stáisiún i dtaobh leis an t-íosmhéid Gaeilge is ceadmhach dóibh. B'fhacthas é seo le déanaí nuair a dhein craoltóir de chuid RTÉ Raidió One (fear a bhí tar éis aistriú ón stáisiún príobháideach *Today FM)* gearán i dtaobh an dualgas a bhí air stopadh do bhriseadh nuachta Gaeilge le linn a chláir, toisc gur bhris sé 'rithim' an chláir

[110] The Connacht Tribune, 27/04/1946, 9.
[111] *Ibid.*

dar leis. Dúirt roinnt tráchtairí ag an am nár chóir aon nuacht Gaeilge bheith ar na meáin Bhéarla, toisc go raibh a stáisiún féin ag lucht labhartha na Gaeilge agus go bhféadfaidís éisteacht le sin dá mba mhaith leo é. D'fhéadfaí a rá gur chuir bunú RnaG leis an 'impiriúlacht chultúrtha' agus 'mórcheannas'[112] eití agus náisiún áirithe, bídís lasmuigh den dtír nó laistigh, ar chraoltóireacht na hÉireann, ó ní raibh an brú céanna freastal a dhéanamh ar chine nó ar ghrúpa daoine (i.e. Gaeil[113]) a bhí lasmuigh de na grúpa ar a bhfuil tionchar acu. Ach ón dtaobh eile den scéal, tugadh stáisiún náisiúnta dá gcuid féin don náisiún Gaelach, rud a bheadh ina chloch cúinne ag an bpobal sin cur i gcoinne an impiriúlachais chultúrtha.

Mhol Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, An Moinsíneoir Pádraig de Brún (1889–1960), go mbunófaí a leithéid de stáisiún, é ag tagairt don 'cheol' a bhí i gcanúint Chonnachta seachas na ceantair eile, agus mhol go mbeadh baint ag an gcoláiste leis an gcraoladh, ní nach ionadh:

> Galway's proximity to the Connemara Gaeltacht, whence a variety of speakers, seanchaidhthe, and traditional singers could be obtained, made Galway the ideal situation for such a studio from the Irish language point of view, said Dr. Browne. Native speakers in this part of the country had a more musical quality in their voices than in other places, and in his opinion, if a studio were in operation in the town, a selection of speakers with the most suitable voices for radio work could he made ... Dr. Browne also thought that there was a great deal of talent hitherto undiscovered to be brought to light in the county, and that it should be possible to broadcast a play from Galway even as often as once a week, The University should be able to produce many talkers of interest amongst the professors and the students, and from the Irish angle, Dr. Browne thought it would be an excellent thing to divert the interest of the students into broader channels and away from in language itself.[114]

[112] Téarmaí iad seo a úsáidtear go minic i stáidéir sna meáin – Cultural Imperialism agus Hegemony.
[113] Úsáidim an téarma seo do mhuintir na Gaeltachta agus lucht labhartha na Gaeilge (céad- nó dara-theanga) sa Ghalltacht/thar lear.
[114] The Connacht Tribune, 27/04/1946, 9.

Bhí moladh eile ag an mBrúnach, gné a bheadh ina bhunchloch ag seirbhís RnaG ón gcéad lá: “News of a local nature would be another very popular item, as the news given from Radio Eireann is usually of too general a kind”[115]

Tuairimí láidre a bhí ag an tOllamh D. Murphy (1895 – 1966), Cathaoirleach Thaibhdhearc na Gaillimhe, Cumann Drámaíochta an Choláiste, Cumann Litríochta na Gaillimhe agus Ollamh le Béarla sa choláiste chomh maith. Níor mhaith leis stáisiún Gaeilge ina iomláine a chruthú:

> Personally, I should be averse to making any programme completely Gaelic, as that is the surest way of persuading the majority of listeners to turn to a foreign station. No! It's not lack of patriotism, or antipathy to Irish, but previous experience of the lack of entertainment value in Gaelic programmes that repels them.
>
> I presume that what is envisaged is simply a Galway studio — not a station — and that the strongest argument in favour of this is the idea of Gaelic propaganda. Now, there is nothing more dangerous to handle in the entertainment world than propaganda. We have all been sick of it on the radio and in the cinema for years, for the simple reason that it is generally used as a bludgeon. ...
>
> It should be borne in mind that what the Gaelic enthusiast wants to do is to "sell" Irish to the non-enthusiasts.
>
> I hope I may be forgiven for using the very appropriate Americanism. There is only one way to do this, to persuade them that they need it. On the radio, every Gaelic programme should he treated as a "sponsored programme" and arranged accordingly. Isn't it time that advertising brains were allowed to help?[116]

Tuairim spéisiúil ba ea é seo a nocht an fhadhb a bhí riamh anall ag an dteanga ar an raidió; lucht éisteachta a mhealladh, ní hamháin i measc na nGael, ach ina measc siúd nach raibh an teanga acu. A mhalairt de thuairim a bhí ag an amhránaí Máire Ní Scolaí (1909 – 1985); “such a studio should concentrate almost entirely on having really good programmes in Irish”[117] Dúirt an Tiarna Killanin (1914 – 1999) “If Irish is to be the National language I think it would he fatal to restrict broadcasts from Galway to Irish only. This

[115] *ibid.*
[116] *ibid.*
[117] The Connacht Tribune, 04/05/1946, 5.

would immediately regionalize the language and ensure that only the enthusiasts listened whilst the others turned to alternative programmes, in most cases that of the B.B.C. Programmes from Galway should be bi-lingual. The Irish hours of broadcast should be well interspersed with the English hours." – nod eile go gcaithfí bheith cinnte gan geiteóú a dhéanamh ar an dteanga trí í a theorannú dtí aon stáisiún amháin.

Thug an Seanadóir Helena Concannon (1878 – 1952) tuairim spéisiúil i dtaobh bhainistiú na seirbhíse úr, dá m'ann do:

> If the station were decided upon, its success or failure would depend almost entirely on finding a really suitable director.
>
> Such a person would need to be not only enthusiastic about Irish but he must also have the instinct of discovering suitable speakers, story-tellers, etc., and — a most important matter — an inexhaustible supply of tact- in fact, he would have to be an accomplished diplomat. He must be a native of the West, as an outsider could never be able to tackle all the problems involved, and have considerable powers of organisation. In Mrs. Concannon's opinion a woman might be more suitable for the position than a man, but in any case it would certainly be a full-time job.[118]

Tuairimí spéisiúla agus moltaí fiúntacha do sheirbhís raidió Gaeltachta, nó seirbhís áitiúil san Iarthar ina mbeadh sciar mhaith de chláir Gaelacha. Ach níor bunaíodh a leithéid de sheirbhís; go deimhin, agus na 1940í ag teacht chun críche, is in olcas a bhí scéal na Gaeilge ar RÉ ag dul, agus laghdú leanúnach á dhéanamh ar na huaireanta craolta agus ar suim na nGael sa tseirbhís dá réir.

Cé nár bunaíodh an stáisiún, chuaigh spéis de Valera i gcraoltóireacht na Gaeilge chun sochair an ábhair Gaelainne a bhí á chraoladh. Cuireadh breis traenála, breis foirne agus aonaid taistil ar fáil, agus tosnaíodh ag dul chun na Gaeltachta ar bhonn rialta ag lorg ábhair clár. Bhí proifisiúntacht ní ba mhó le brath ar sceidil Ghaeilge an stáisiún faoi dheireadh na 1940í, dar le Diarmuid Breathnach.[119]

Cé go raibh rath ar líon na gclár Gaeilge ar an raidió sna 1940í, bhí fadhb bhunúsach ag an raidió i dtaobh le muintir na Gaeltachta; ba ar fhoghlaimeoirí a bhí formhór na gclár

[118] *ibid.*
[119] 'Scéal na Gaeilge'.

dírithe; "In the 1940s broadcasting in Irish had reached its zenith. Nonetheless Irish speakers were provided with a minimal radio service in Irish because the emphasis was on learners of the language."[120] Faoi 1949, bhí Séamus Ó Braonáin bun-chiaptha ag an teaspa suime a bhí ag an lucht éisteachta i gcláir Ghaeilge:

> To me, I think the most disappointing aspect of broadcasting in Irish was the apparently complete lack of interest, the indifference, the apathy – call it what you will – of the listeners, so much so that I often wondered whether anyone listened to Irish … let the programmes be very good, indifferent or bad … there was complete silence … A remark Dr. Kiernan once passed to me will illustrate the position, viz. 'You could get away with murder in Irish on Radio'.[121]

É sin ráite ba chuimhin leis an gcraoltóir Breandán Ó hEithir (1930 – 1990) go mbíodh an-éileamh ar RÉ i nGaeltacht Chonamara, cé gur minic a cuireadh a mhalairt in iúl:

> Bhí an t-uafás éisteoirí ag Raidió Éireann ansin, b'fhéidir níos mó éisteoirí ná mar a thuig Raidió Éireann, mar ní raibh sé i bhfaisean chomh mór an uair sin is atá anois bheith ag scríobh, ag gearán nó ag moladh ... ach bhí pobal an-mór, gnáthphobal na Gaeltachta mar shampla, go mór mór ag éisteacht, mar d'éistidís sa gcistineach againn fhéin sa bhaile, d'éistidís go cíocrach le gearrscéalta agus le nuacht Ghaeilge, Gaeilge go speisialta agus drámaí.[122]

Deir Breathnach gurb iad "an deich mbliana i ndiaidh 1947 na blianta ba rathúla do chraoltóireacht na Gaeilge',[123] agus tháinig fás ar úsáid na Gaeilge i gcúrsaí spóirt, mar shampla. Bhí colún ag Diarmuid Ó hAlmhain ó 1953 ar aghaidh inar choimeád sé cuntas ar an gcéatadán de sceidil an raidió a bhí as Gaeilge. Bhí an céatadán seo ag méadú ar feadh cúpla bliain.[124] Ina dhiaidh sin, is ag laghdú a bhí sé – 'An Laghdú Mór' mar a thugann Ó hAlmhain agus Breathnach air. Bhí cúpla cúis leis an laghdú dar le Ó hEithir:

> Deir daoine liom go raibh sé ag tarlú fiú i ndeireadh na gcaogaidí, agus ar nós go leor rudaí eile gur i ré Lemass, nuair a tháinig Lemass i réim gur thosnaigh an bhéim ag athrú ar a lán lán rudaí, agus ar an nGaeilge ina measc. Ach cinnte nuair

[120] Watson (2007), 4.
[121] Tugtha ag Gibbons, 227.
[122] 'Scéal na Gaeilge', Breandán Ó hEithir ag caint.
[123] 'Scéal na Gaeilge'.
[124] 'Scéal na Gaeilge, Diarmuid Ó hAlmhain ag caint.

> a tháinig mé ar ais ón nGearmáin i 1965, tar éis a bheith dhá bhliain as an tír, thugas faoi deara go mór é, mar tháinig mé amach anseo [i.e RTÉ] ag déanamh cláir teilifíse, agus d'fhéach an léiritheoir ar an script a bhí scríofa agam agus dúirt, "Oh bloody Irish", agus bhuail sé faoin talamh é ... bhí sé chomh héagsúlta le rud ar bith a fhéadfá samhlú a tharlú sa sean-raidió riamh, mar go raibh an dá theanga i gcónaí ar chomhchéim. Cinnte, ní raibh oiread Gaeilge á chraoladh is ar mhaith le cuid againn a bheith, ach ó thaobh céime dhe, bhí sé go hiomlán ar an gcéim chéanna, agus is baolach gur chuir an t-athrú a tháinig ar chúrsaí craolta agus an leagan amach a bhí ar chúrsaí RTÉ faoin seirbhís teilifíse, na heachtrannaigh a tháinig isteach lena bhunú, agus Éirinn Lemass, chuirfinn cuid den locht ar Éirinn Lemass, sa méid is gur féidir a leithéid de íomhá a shamhlú, is dóigh liom gur tháinig athrú ansin agus tá a fhianaise sin le feiceáil go fóill fiú amháin.[125]

B'é seo tús ré go raibh seanghéilleadh an stáit d'fhís 'Éire Gaelach' a bhí sa treis ó bhunú an stáit ag laghdú. 'Dul Chun Cinn vs. Dún Chaoin' a thug an file Seán Ó Ríordáin ar an sórt fealsúnachta atá chun cinn i gciorcail rialtais i ré Lemass, agus a b'fhacthas ach ar dúnadh Scoil Dhún Chaoin ar chúinsí eacnamaíochta.

Tagann Ó Glaisne le tuairimí Uí hEithir i dtaobh na gcúiseanna a bhí laistiar den laghdú a tháinig ar líon na gclár Gaeilge ar an raidió ós na 1950í ar aghaidh:

> Ní bhfuair lucht an stáisiún moladh mór riamh ó aon dream as an méid a rinne siad ar son na Gaeilge – moladh a bheadh tuillte acu minic go leor. Fairis sin, um an dtaca seo go raibh na caogaidí istigh bhí deireadh leis an dóchas gan éifeacht a bhí ag ceannairí na tíre tráth den saol go dtiocfadh an Ghaeilge i réim ar ais ach í a theagasc sna scoileanna, rialacháin a leagan síos faoina fheidhmiú (gan féachaint riamh an raibh na rialacháin nó an fheidhmiú éifeachtúil) agus deontais réasúnta fial a bhronnadh anois agus arís ar lucht a labhartha nó ar lucht a léite. Cor leis sin, bhí cúpla córas raidió eachtrannach ag tabhairt dúshlán craoltóirí Éireannacha go dian faoin am sin – an B.B.C. agus Radio Luxembourg. Thar rud ar bith eile a d'fhéadfaí a lua, b'fhéidir, ó 1959 amach thóg Telefís Éireann an-chuid ama, an-chuid daoine agus an-chuid airgid. Agus ní fonn roinnt mhaith Gaeilge a sholáthar

[125] 'Scéal na Gaeilge, Breandán Ó hEithir ag caint.

> tríd an raidió ná tríd an teilifís a bhí ar chuid de na daoine ba thábhachtaí sa tseirbhís chraoltóireachta i mBaile Átha Cliath ó 1959 go 1969, abair.[126]

Dá bhféachfaí go fuarchúiseach ar cheist na Gaeilge ar sheirbhís raidió, mar a déantar trí líon na n-éisteoirí a ríomh, thuigfí cén fáth go mbeadh cuid de lucht stiúrtha drogallach ina taobh. Rinne Garret Fitzgerald (1926 – 2011) anailís ar fhigiúirí éisteachta ag deireadh na 1950í agus níorbh aon dea-scéal é:

> This showed that while Radio Éireann had a virtual monopoly of the airwaves during news, popular variety and sponsored programmes (comprising over 80 per cent of the listeners), the figures plummeted drastically when it came to Irish language content. Only 1 per cent listened to the news in Irish at 6.00p.m. (as against 41 per cent to the 6.30 English language news) while less than 0.5 per cent tuned in to the 7.30-8.30 slot in which a play in the Irish language was broadcast.[127]

Ní dócha go raibh muintir na Gaeltachta páirteach sa sampla a úsáideadh chun na figiúir úd a chruthú, ach mar sin féin b'olc an scéal é.

Bhí an t-athrú meoin i dtaobh na seirbhíse raidió, ón mbéim ar sheirbhís phoiblí agus an raidió mar pháirt den 'bhfís náisiúnta' go dtí cúinsí airgid agus tráchtála laistiar den laghdú chomh maith – "The need for programmes to be 'popular', to pay for themselves, has been the strongest argument against providing a comprehensive service in Irish.*"*[128] I gcás RÉ, bhog an bhéim ó úsáid na seirbhíse chun náisiún Gaelach a chruthú go dtí seirbhís a chur ar fáil do mhionlach – i.e. Gaeil – ón 'náisiún' go dtí 'pobal' faoi mar a deir Watson:

> ... the shift that occurred in one generation between the 1940s and 1970s from using Irish language broadcasting as one element in the policy of constructing an Irish-speaking nation to providing the Gaeltacht communities with a radio service in Irish and also providing a minimal service ón television for Irish speakers

[126] Ó Glaisne (1982), 3.
[127] Gibbons, 227.
[128] Day, Rosemary: Day, R. 'Radio and the Irish language' i Kelly-Holmes, H. (Eag.) *Minority Language Broadcasting: Breton and Irish*. (Clevedon, Multilingual Matters, 2000), 76.

> generally as well as for learners of Irish. In brief the shift of focus was mainly from nation to community.[129]

Bhí athrú ó dhualgas náisiúnta go cearta mionlaigh ag dul i dtreis, rud a réitigh an bhóthar do theacht RnaG.

"Ag breathnú siar dom leathchéad bliain ... is dóigh liom gur rinne Raidió Éireann éacht ar son na Gaeilge," a dúirt Aindrias Ó Muimhneacháin agus é ag caint i 1976. "Níl fhios agam cén chaoi a bheadh scéal na Gaeilge dhá éagmais. Rinne eagraíochtaí eile iarrachtaí fánacha ... ach bhí Raidió Éireann ann i gcónaí gcónaí, seachtain i ndiaidh seachtaine, bliain i ndiaidh bliana." D'fhéadfaí é a chur i leith Aindrias go raibh sé claonta i bhfábhar an raidió, ó bhí sé ag obair dóibh, ach is deacair gan teacht lena thuairim, ná ag a ráiteas anseo thíos, an fhocal scoir anseo i dtaobh an raidió agus an Ghaeilge:

> Ins na blianta tosaigh tionchar de mhaith a bhí ann, dar liomsa. Ins na blianta san gan amhras dhein sé ana-thairbhe, mar thug sé tógáil cinn dúinn, thug sé meas do mhuintir na hÉireann orthu féin. N'fheadar, ní déarfadh mé aon ní i dtaobh conas mar atá sna blianta deireanacha.[130]

B'iadsan na cuinsí ina cuireadh tús le seirbhís raidió in Éirinn, agus cén chineál seirbhíse a bhí ann. Deineadh plé ar an ról a bhí ag an nGaelainn ar an tseirbhís, agus ar an ábhar a bhí á chraoladh trí mheán na Gaelainne i rith an ama sin, maraon leis na lochtaí a bhí ar an ábhar sin i dtaobh mhuintir na Gaeltachta. Sa chéad chaibidil eile, féachfar ar mar a léiríodh ábhar chultúrtha ar 2RN/RÉ, nó cad go díreach a bhí sa chultúr a bhí á chraoladh. Pléifear cultúr Gaelach na linne, agus an tábhacht a bhain leis na haonaid taistil a bunaíodh ag deireadh na 1940í agus a bhailigh an-chuid ábhair cultúrtha i gceantair tuaithe na hÉireann, sa Ghaeltacht ina measc.

[129] Watson (2007), 8.
[130] 'Scéal na Gaeilge, Aindrias Ó Muimhneacháin ag caint.

2. ‘Cultúr’ ar 2RN/RÉ

Achoimre: *Sa chaibidil seo, féachfar ar mar a léiríodh ábhar chultúrtha ar 2RN/RÉ, nó cad go díreach a bhí sa chultúr a bhí á chraoladh. Pléifear cultúr Gaelach na linne, conas mar ar léiríodh é, go háirithe i dtaobh ceoil agus amhrán, agus go háirithe (i bhfianaise obair RnaG ina dhiaidh sin), an tábhacht a bhain leis na haonaid taistil a bunaíodh ag deireadh na 1940í agus a bhailigh an-chuid ábhair cultúrtha i gceantair tuaithe na hÉireann, sa Ghaeltacht ina measc.*

Faoi mar atá feicthe againn thuas, chuirfí béim ar leith ar an raidió i dtógáil an stáit Éireannaigh. Mar pháirt den ról úd, cuireadh béim le cur ar leagan áirithe de chultúr na tíre – “the heritage of the O’s and Mac’s who still make up the bulk of the country” faoi mar a dúirt de hÍde ar ócáid oscailte na seirbhíse. Táimid tar éis féachaint cheana ar cheist na teanga ar an raidió, agus ní cás féachaint anois ar roinnt gnéithe eile d’oidhreacht nó de chultúr na tíre, faoi mar a léiríodh ar an raidió é – cúrsaí ceoil, spóirt agus seanchais.

Cuireann Pine béim ar leith ar an gcuireadh a tugadh do de hÍde, ollamh léinn, saoránach neamh-pholaitiúil agus duine de fhathaigh chultúrtha na tíre seachas polaiteoir aitheanta, chun an tseirbhís nua a sheoladh. ‘Slógadh Cultúrtha’ a thugann sé air:

> ... we can see in this invitation a form of cultural mobilisation, of which Douglas Hyde was regarded as the chief exponent, and which was concurrent with political mobilisation … the choice of Hyde, rather than, for example, Cosgrave, to inaugurate the service underlined both the cultural, rather than political, nature of the enterprise and the subliminal nature of what was being attempted.
>
> Thus, in so far as the programming of 2RN in its first years demonstrates any attempt (whether tacit or overt) to signify a notion of identity, that signification was predominantly cultural and social, only marginally political, and determinedly non-ideological. In fact the *ex*plicit emphasis on culture can be interpreted as an *im*plicit suppression of ideology as a subject.[131]

[131] Pine, Richard: *2RN and the Origins of Irish Radio*, Four Courts Press, Dublin (2002), 145

Thuigfeá an cur-chuige seo; ní raibh Cogadh na gCarad thart ach le dhá bhliain go leith agus bhí an naimhdeas a d'eascair as fós san aer. In ionad taobhú le taobh amháin trí ghuthaí polaitiúla a léiriú ar an tseirbhís, d'fhéadfaí a léiriú go mbeadh an seirbhís nua neodrach i dtaobh na polaitíochta de. "In Hyde's status at that time we can therefore detect," a deir Pine, "the qualities which 2RN was to promulgate."[132]

Ach caithfear a thuiscint go raibh nod i dtaobh an méid a bheadh le rá aige faighte ag de hÍde ó Stiúrthóir na seirbhíse úr, Séamus de Chlanndiolúin. I gcomhfhreagras idir an bheirt leag de Chlanndiolúin amach an tsórt óráide a bheadh oiriúnach (agus an tsórt seirbhíse a bhí beartaithe ag de Chlanndiolúin):

> Bhuel, i dtaobh comhairle duitse, ní maith a thiocfadh comhairle ó mo leithéidse: ach deirim go mba cheart duit a rá ná gairm scoile a chur amach go dtí muintir na hÉireann agus muintir an domhain mhóir go bhfuilimidne, na sean-Ghaeil, ar ár mboinn arís, cé gurbh fhada dúinn in ár dtost, agus go gcloisfear ár gcaint agus ár gceol ar fud an domhain feasta, i measc caint agus ceol na Náisiún eile go léir. Is eol duit fhéin conas óráid bhríomhar a dhéanamh den scéal sin.[133]

Cé gur dóichí gurbh amhlaidh na tuiscintí bheadh ag de hÍde beag beann ar mholtaí de Chlanndiolúin, chloígh sé go docht leis na moltaí céanna ina óráid. '*Précis* de litríocht an neamhspleáchais' a thugann Pine ar óráid an Chraoibhín,[134] agus feictear gur lean an fhealsúnacht chéanna blianta luatha 2RN.

Ach cad go díreach a bhí sa 'chultúr' aonchineálach uile-chumhachtach Éireannach seo a bhí le cur ar stáitse an domhain? Cuireann Gibbons léiriú an chultúir i luathré 2RN i gcomparáid leis an 'ard-chultúr' a bhí mar fhealsúnacht bhunaidh ag an mBBC:

> The 'high culture' aspirations of public service broadcasting made no secret of the fact that they were in the business of *establishing* a national consensus and projecting a symbolic image of 'the nation'. There was no illusion that the cultural brief of British broadcasting was to give the people back their own self-image: indeed with its emphasis on 'excellence' and 'high-seriousness', it was designed

[132] *ibid.* 146.
[133] de Chlanndiolúin, Séamus, i litir chuig Dúbhglas de hÍde, 23/12/1925, tugtha i Pine, 186.
[134] *op. cit,* 148.

> to combat the everyday culture of the masses and expose them to the 'higher self' of the nation …
>
> Nothing could be further from the situation in Ireland. From the beginning, policy formation in Irish broadcasting has operated under the assumption that the *nation* was already in place: only the *state* awaited completion as part of the unfinished business of re-uniting the country. The state derived its legitimacy from the existence of an antecedent nation, and thus the function of broadcasting was not to establish but to revitalise this nation, releasing the cultural energies which, it was believed, had accumulated over centuries.[135]

B'fhéidir go raibh a leithéid de náisiún, agus 'oidhreacht' chultúrtha náisiúnta ag baint leis, ar marthain in Éirinn ag an am, ach níorbh amhlaidh go mbeadh an raidió in ann an 'oidhreacht' chultúrtha sin a léiriú ina hiomláine ar bhonn náisiúnta. Bhí stíleanna réigiúnacha ceoil, cultúir, cainte agus rince ar fáil fud fad na tíre, agus ní raibh sé ar chumas teicniúil 2RN/RÉ na stíleanna seo ar fad a léiriú. Go háirithe i gcúrsaí ceoil agus amhránaíochta, feictear gur thug an raidió stáitse do chineál ceoil a bhí oiriúnach don dtimpeallacht ina raibh sé á léiriú i.e an stiúideo, agus gur samhlaíodh na cineálacha sin mar chultúr náisiúnta. Luann Gibbons teoiricí Bertolt Brecht a scríobh go raibh an raidió i dtús báire mar ionadaí don amharclann, do cheolchoirmeacha, do léachtaí, ceoil caife srl.,[136] ach go mbíonn na meáin ina 'áisíneachtaí chultúrtha', ag cur cruth agus athrú ar an ábhar a bhíonn á gcraoladh acu:

> Radio, in other words, had to adjust itself to the prevailing cultural dynamic, and in Ireland this was closely identified with nationalism. It would be mistaken, however, to conclude that in drawing on Irish culture in this way, radio was merely popularising a long-established native heritage. The idea that the media could act as an electronic museum, bringing the wisdom of ancient traditions to mass audiences, may have proved attractive to cultural revivalists such as Douglas Hyde, but it seriously overlooked the fact that the media are themselves cultural

[135] Gibbons, 221-222.
[136] Brecht, 'Radio as a Means of Communication', luaite ag Gibbons, 223.

> *agencies,* actively shaping and reconstituting the material which passes through them.[137]

Aon stáisiún amháin, lonnaithe i gceantar uirbeach, i dtír ina raibh cúrsaí iompair agus taistil fós an-neamhfhorbartha, ab ea 2RN/RÉ, agus bhí a rian sin ar an gcultúr a léiríodar nó gur bunaíodh na haonaid taistil sna 1940í déanach. Roimhe sin, b'éigean dóibh fuineadh de réir na mine, ag brath ar aíonna stiúideo amháin.

2.1 Cúrsaí Ceoil & Amhrán

Bhí ról lárnach ag an gceol traidisiúnta fiú agus an tseirbhís úr á pleanáil. Dar le h-iar-Stiúrthóir Thaisce Ceoil Dúchais na hÉireann, Nicholas Carolan, ba dhóbair don gCoirnéal Fritz Brase, stiúrthóir Bhanna Ceoil #1 an Airm, agus Séamas de Chlanndiolúin dul i mbun bruíne de dheasca caint thaircisniúil a bhí déanta ag Brase i dtaobh 'droch-cheol in éadach ceol traidisiúnta'[138], agus go raibh moladh ann gur cheart foirgneamh nua an stáisiún a thógáil i bhfoirm na cruite cúig-shreang, na cúig sreang ag craoladh dtí na cúig mhór-roinn.Luann sé chomh maith an bhéim bhí ar an gceol traidisiúnta ar oíche oscailte an stáisiúin:

> An agenda and a working method for traditional music on radio was in evidence there which would be in place for decades to come.
>
> The programme for the night, which ran for just over two hours, seemed to deal generously with traditional music ... but considered only as a reflection of traditional music as it actually existed in the country in 1926, the opening night has to be judged more coolly, although not, I hope, less sympathetically. It was really a Gaelic League night out, not surprisingly given that the League's Irish-Ireland ideology was informing every aspect of the new nation-state's cultural and educational life in 1926. The performers were all experienced concert-hall performers, semi-professionals, as contrasted with the non-professionals who formed the body of traditional performers throughout the country – they could be relied on to project and to give polished performances. A certain solemn formality was part of such a manner of presentation in contrast with the everyday

[137] Gibbons, 223.
[138] Deir Gorham (1967), 21: "One of the many stories about him [de Chlanndiolúin] is of the time when he and Colonel Fritz Brase, the Army bandmaster, had their coats off to each other at a meeting of the Advisory Committee, because Brase spoke disrespectfully of Irish traditional music."

> informality which is the norm in traditional performance. And if not all Dubliners, the performers were all at least Dublin-based, while the tradition itself existed with its multiple identities in every corner of the island. [140]

Pointe ríthábhachtach é sin ag Carolan; an chodarsnacht idir an mbuíon beag ceoltóirí leath-phroifisiúnta a bhíodh in úsáid go rialta ag 2RN agus móramh na gceoltóirí traidisiúnta, agus d'fhéadfaí amhlaidh a rá faoi amhránaithe agus oirfidighna n-ealaíon traidisiúnta eile. Ní hamhlaidh an ceol nó na hamhráin bhí le cloisteáil ar an stáisiún agus an méid bhí le clos i dtithe na muintire, ach in imeacht ama glacadh leis gurb é an cheol ar an raidió an 'fíor' cheol Gaelach barántúil.

Sampla de sin is ea an banna céilí. Deirtear go minic gurb é de Chlanndiolúin a chéad-cheap agus a chruthaigh an banna céilí nuair a ceapadh ina Stiúrthóir é ar 2RN mar áis chun ceol Gaelach a léiriú ar an raidió.[141] Cé nach bhfuil sé sin fíor go bailí; deir Carolan go raibh bannaí céilí ar an bhfód ó dheireadh na 19ú Aois[142] - is léir gur tháinig na bannaí céilí seo go mór chun cinn mar léiriú ar an gceol Gaelach de réir mar a tháinig forbairt ar an raidió. B'shin an raidió mar áisíneacht chultúrtha, ag athrú an ábhair agus á léiriú mar ábhar cultúrtha ina chruth-aon.

Chuir comharba de Chlanndiolúin, T.J Kiernan, a stampa féin ar an gceol Gaelach ar an raidió, cé nárbh mór a shuim sa cheol céanna, dar le Carolan.[143] Leag sé a thuiscintí féin ar an gceol traidisiúnta agus ceol i gcoitinne, agus bhí a rian sin ar an gcineál ceoil bhí á chraoladh:

> He was opposed to soloists and replaced them with *ceilidh* bands. He endeavoured to ensure that the bands were skilled and well balanced. Kiernan had strong views on traditional music: 'Merely to be traditional is not to be

[140] Carolan.
[141] Féach Gibbons, 224.
[142] Carolan, *Journal of Music.* "It is frequently said that his legacy included the invention of the ensemble of the ceilí band for radio use in the 1920s, but this this not the case — the ensemble simply came to prominence during his period in office. The ceilí dance-band had actually been in evolution since the late nineteenth century, as part of the movement of traditional music out of the home and into public dancehalls. The 'Ceilí Trio', a violin, piccolo and piano group, were regulars on radio from early 1926, but larger ceilí groups only began to appear towards the end of the 1920s, and the term 'ceilí band' dates from this same period. By the time of Clandillon's retirement in 1934, when there were some 50,000 radio licenses held in the State, bands such as the Ballinakill from Galway, the Tara from London, the Moate from Westmeath and the Garda Ceilí Band from Dublin were the latest thing in traditional music."
[143] *ibid.*

> national, certainly not to be constructively national. This means that not only jigs and reels and hornpipes, played on a bad instrument after a few years of untaught or badly taught desultory playing, but also works of composers, fantasias on Irish airs, with the "Londonderry Air" *ad nauseam*, are just not good enough. The saying, if hard, is justified by the intolerance of many who believe that if a tune they play, a song they sing or a work they compose is in the Irish tradition, it is a form of national sacrilege to question its artistic value. The old is good but it is not good to live entirely on the old. Irish broadcasting has an important function in stimulating an interest in all kinds of music…"[144]

Tá léiriú spéisiúil i gcaint Kiernan ar an nasc idir 'traidisiúnta' agus 'náisiúnach'; níor leor, dar leis, cloí le tuiscintí agus cleachtais 'thraidisiúnta' amháin chun fíor-spiorad an náisiúin a léiriú. Thug sé dúshlán na náisiúnach chultúrtha a cheap gur cuma cén caighdeán a bhí ag baint le rud – ceol, teanga, nósanna srl. – má bhí sé traidisiúnta, bhí sé inmholta.

Is deacair léargas iomlán de thaibhú iomlán an cheoil Ghaelaigh a léiriú ar mheán aonchineálach ar nós an raidió. Níl aon chaidreamh idir an ceoltóir agus an lucht éisteachta, faoi mar bheadh ag seisiún ceoil:

> A basic problem was one with which Irish radio has struggled ever since: how to represent the totality of traditional performance when essential elements of that totality are necessarily absent. When you listen to a traditional piper, say, on radio, the normal human social interaction which is rooted in place and history is missing; there is no visual dimension as there would be in real life; you are listening to disembodied sound. The song or the melody is like a flower unrooted from its soil and presented in the vase of radio.[145]

Baol eile a bhí ag baint le stáisiún lárnach amháin ab ea go ndéanfaí athrú ar na stíleanna réigiúnacha, nó na canúintí ceoil, ar mhaithe le lucht éisteachta náisiúnta, agus go ndéanfaí homaiginiú orthu. Ní impiriúlachas nó gnáth homaiginiú chultúrtha a bheadh ann sa chás seo, mar in ionad cumhacht éigin seachtrach bheith ag tabhairt tús áite dá gcultúr féin, ach leagan áirithe den gcultúr dúchais bheadh á chur chun cinn ag an náisiún féin. Deir Gibbons "while Radio Éireann's far-seeing archival policy saved whole

[144] Cathcart, 46.
[145] *ibid.*

repertoires of traditional music from extinction, it is again mistaken to construe this as preserving the native heritage in an unmodified form. The cultivation of a nationwide audience for traditional music did much to 'flatten out' variations in regional styles."[146] Luann Carolan an slí ar chaith an píobaire Martin Talty ó Shráid na Cathrach i gCo. An Chláir géilleadh d'fhaisean na linne chun tamall a fháil ar na aer-thonnta:

> Martin Talty of Miltown Malbay, County Clare, used tell with glee of his subversion of this system. A piper who, in his own estimation, was not at all the equal of his fellow piper and townsman Willie Clancy, he succeeded in getting his 15 minutes of fame on the radio by appearing for his audition with a pianist in tow, while Clancy made the mistake of coming solo and was rejected.[147]

Deir sé chomh maith go raibh an t-amhábhar á choimeád ó dhoras an raidió, agus go raibh aithris á dhéanamh ag amhránaithe proifisiúnta ar amhránaithe traidisiúnta ar mhaithe leis an lucht éisteachta:

> The raw bar was however still being held at arm's length. The Listowel writer and teacher Bryan MacMahon has recalled that he was employed by Radio Éireann in the 1940s to make wire recordings of Kerry country singers who would then be imitated for radio performance by professional actors.[148]

Mar sin féin, dhein 2RN/RÉ a chion féin ar mhaithe le ceol dúchais na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn. I rith bhlianta luatha na seirbhíse cláracha ceoil ab ea 80% den ábhar a craoladh[149], agus ról lárnach ag an gceol Gaelach, ina múnlaí éagsúla, san 80% sin. "Even if RTÉ's own claim that it's broadcasting services had 'revolutionised the traditional scene' may be a little exaggerated," a deir Ó Tuathaigh, "it is probably true that on balance the radio's influence on traditional music has been developmental and largely benign."[150] Bhí ceol Gaelach de chineál éigin ar an raidió i rith gach tréimhse de stair an raidió, agus bhí pátrún cuíosach rialta le cloisteáil ar RÉ faoi dheireadh na 1930í:

> As the 1930s progressed and as Radio Athlone was heard more widely, a greater variety of performers was brought to the microphone, and a pattern was

[146] Gibbons, 224.
[147] Carolan, *Journal of Music*.
[148] *ibid.*
[149] Cathcart, 42.
[150] Ó Tuathaigh, 103.

> established, which would last into the 1960s, of céilí-band recitals alternating with recitals by solo instrumentalists and interspersed with programmes of traditional songs by formally trained singers and melodies arranged for classical ensembles large and small. An occasional sean-nós singer would be heard in the context of Irish-language programmes, but the country's rich tradition of English-language unaccompanied song was rarely featured in the early decades … The pattern was of course sometimes varied. As the 1930s became the 1940s, programmes such as Donagh McDonagh's ballad series 'Ireland is Singing' became popular, and variety shows like 'Round the Fire' which featured songs and music as might be heard in a country farmhouse.[151]

Bhí cúrsaí ceoil ag croílár an chomórtais idir mianta náisiúnta an raidió agus iarrachtaí breis airgid a thuilleamh don raidió trí urraíocht. "If national prestige pulled one way," a dúirt iar-Stiúrthóir na heagraíochta Maurice Gorham, "financial considerations pulled the other."[152] Dhein údaráis an raidió, agus fiú an tAire Poist & Teileagraf iarracht cinsireacht a dhéanamh ar na cineálacha ceoil bhí á chraoladh ar an raidió ag tréimhsí éagsúla, faoi mar a deineadh nuair a reáchtáladh feachtas i gcoinne an tsnagcheoil i rith na 1930í:

> The Gaelic League re-launched its anti-jazz campaign in 1934 with a statement very much in tune with the sentiments of the bishops: "It is this music and verse that the Gaelic League is determined to crush ... its influence is denationalising in that its references are to things foreign to Irishmen: that it is the present day instrument of social degradations all too plain, even in Ireland." That was the reason for the launching of the anti-jazz campaign, the reason it received the blessing of the church and the approval of the state. The League was quick to condemn politicians who were seen as behaving an 'anti-national' fashion. The Secretary of the League, attacking the broadcasting of jazz on Radio Eireann, had this to say about the minister responsible: "Our Minister of Finance has a soul buried in jazz and is selling the musical soul of the nation for the dividends of sponsored jazz programmes. He is jazzing every night of the week." A number of County Councils adopted resolutions condemning jazz and all-night dancing and District Justices took up the refrain talking of the dangers of 'nigger music' and

[151] Carolan.
[152] Gorham, 19.

> the orgy of unrestricted all-night dances'. In January 1934 a large demonstration took place in Mohill, County Leitrim. It was made up mostly of young people and the press estimated the attendance at 3,000, with five bands and banners inscribed with DOWN WITH JAZZ and OUT WITH PAGANISM. Support came from church and state.[153]

Bhí cuid den trácht a bhí á dhéanamh ar snagcheol thar a bheith ciníoch (faoi mar atá thuas), agus deineadh codarsnacht idir 'primitíbheachas' an chultúir as a d'eascair sé agus uaisleacht an chultúr na hÉireann. Deineadh neamhaird iomlán den bhfíric gur cineál ceoil dúchasach eile a bhí sa tsnagcheol. Bhí alt an-bhinbeach ag tráchtaire a thug san *Irish Radio Review* i mí Márta na bliana 1927:

> I know that my feet will begin to tap the floor if I hear a Jazz-band strike up a tune. I know that the natural instinct is for me to move my body in all sorts of ridiculous ways that my ancestors discarded years ago… But I ask, is that all that Jazz can do? Can it not wake other animal instincts in me? Has it not other than 'nigger' qualities. I, for one, do not want to ape the nigger.
>
> I wonder if all those who profess to go into an ecstasy when they hear the haunting strains of the 'Hoola- Hoola- Blues', or such-like clap-trap, know that it is nothing short of a reversal to the primitive, when they allow themselves to be carried away by such arrant nonsense[154]

Tá an fheachtas seo i gcoinne an tsnagcheoil an-spéisiúil. Léirítear sa chaint agus sa scríbhneoireacht ón am an bhéim a leagadh ar an gcoimhlint idir an chultúr 'náisiúnta' Éireannach agus an 'eile'; i mórán de déantar ísliú céime den 'eile', sa chás seo cultúr an tsnagcheoil, rud a bhí primitíbheach, sean-fhaiseanta, mí-mhórálach, i gcomparáid le huaisleacht an chultúir náisiúnta. Sa dioscúrsa seo cruthaítear an íomhá de chultúr náisiúnta homaigéineach, é ársa agus nua-aimseartha, uaisleacht ag baint leis nár bhain leis na cultúir eachtrannacha eile agus bun-rúta an chiníochais chultúrtha faoi:

---

[153] Smyth, Jim. "Dancing, Depravity and All That Jazz: The Public Dance Halls Act of 1935." *History Ireland* 1, no. 2 (1993): 51-54.

[154] Luaite ag Duffy, Johannah: 'Jazz, Identity and Sexuality in Ireland during the Interwar Years' san *Irish Journal of American Studies* http://ijas.iaas.ie/index.php/jazz-identity-and-sexuality-in-ireland-during-the-interwar-years/.

> Cultural racism is rooted in the teaching, or rather belief, that a culture is a phenomenon with its' own soul and is "given once forever" (never changes). One's culture is often portrayed as an innate proficiency/attribute one naturally possesses if one belongs to a certain ethnical group or religion and that one carries one's "culture" as baggage throughout one's life. It is seen as a characteristic that stems from a sort of obvious, common identity and origin.[155]

Bhí éifeacht leis an bhfeachtas, cé gur thóg sé tamall; "In the early 1940s the Minister for Posts and Telegraphs sought belatedly to reverse this trend by banning 'jazz and crooning' from the airwaves," a deir Gibbons, "as if it was only the false allure of popular music which was preventing Irish people which was preventing Irish people from appreciating their true heritage."[156]

I rith na 1940í agus na 1950í ba dheacair a dhéanamh amach arb an 'fíor-oidhreacht' a bhí le cloisteáil ar an raidió in aon chor. Thosnaigh an léiriúchán a bhí á dhéanamh ar an gceol Gaelach ag sodar i ndiaidh na n-uasal – 'from the Céilí House to the Concert Hall' faoi mar a thugann Gibbons air:[157]

> ... the middle-class basis of cultural nationalism was thrown into sharp relief, and the centre of gravity in Irish culture shifted from a folk/cultural model towards a *rapprochement* with high culture. Thus, in the case of Irish music, the 1940s and 1950s witness what Seán Mac Réamoinn has referred to as 'the "Waiting for our Dvorak" school' which entreated the Irish people to cherish their 'rich heritage of native melody and keep it safe for the great composer who, one day, will come along and make of it something which with take its place among the musical masterpieces of the world' … in the early 1940s a Light Orchestra was established to confer respectability on this and other forms of music.[158]

D'fhéadfaí a rá gur sa timpeallacht seo a tháinig an mórchumadóir ceoil, Seán Ó Riada (a bhí ag obair le RÉ mar Stiúrthóir Ceoil ó 1954) chun cinn. I dteannta an Riadaigh bhí cumadóirí eile ag baint earraíochta ag an cheol Gaelach chun píosaí nua a chumadh;

[155] SOU 1989:13 (1989). Statens offentliga utredningar, 0375-250X ; 1989:13. Stockholm: Allmänna förlaget. Libris 806678.
[156] Gibbons, 226.
[157] *ibid.*
[158] *ibid.*

dhein RÉ Redmond Friel a choimisiúnú le leaganacha ceolfhoirneacha a chur le chéile, bunaithe ar aeracha ó bhailiúchán an Choimisiúin Béaloideasa, agus chuir sé seo tús le cláracha seachtainiúil de sórt ceoil seo.[159]

I gcodarsnacht leis an dtionchar bhí ag teacht na teilifíse ar chúrsaí teanga ar an raidió, ba bheag tionchar a bhí ag teacht an mheáin nua ar an méid ceoil dúchasach bhí a chloisteáil ar an raidió.[160] Is cinnte go raibh tionchar nach beag ag RÉ ar an gceol Gaelach, agus gur phioc RnaG a lán dá gcur chuige suas ón 'máthair stáisiún,' cé go raibh difríocht áirithe ar an gceol a bhí le cloisteáil ar an dá stáisiúin, go háirithe i dtaobh na n-amhrán agus an stáitse a thug RnaG d'amhránaíocht ar an tsean-nós.

2.2 Na hAonaid Taistil

Ar cheann de na forbairtí ba thábhachtaí a tharla i dtaobh bailiú, léiriú agus scaipeadh an chultúir in Éirinn sa fichiú aois, bhí bunú na haonaid taistil ag RÉ sa bhliain 1947. Bhíodh ábhar béaloidis agus cultúr na ndaoine á bhailiú ar bhonn leathan, ach ba bheag ardán a bhí á thabhairt don ábhar a bailíodh, seachas ailt san iris *Béaloideas* nó i bhfoilseacháin eile de chuid an Choimisiúin Bhéaloideasa (1935 – 1971). Bhí ceann de na bailiúcháin bhéaloidis ba thábhachtaí agus ba mhó ar domhan á fhorbairt ag an gCoimisiúin, ach bhí an baol ann gur ceapadh go raibh aon obair ar fad déanta; bailiúchán agus cnuasach in ionad dáileadh agus scaipeadh. Bhí an bhaol ann go scaipeadh an tuairim nach raibh ann ach fiche trí thonna de bhruscar nach raibh oiriúnach do faic ach don ionad dramhaíola.[161]

Bhí teacht na nAonad Taistil ar an gcéad iarracht ar 'Bhéaloideas Poiblí' a chur ar siúl in Éirinn. Tosnaíodh ar an téarma seo a úsáid sna 1970í le cur síos ar an ngluaiseacht de bhéaloideasoirí a bhí ag saothrú lasmuigh d'institiúidí léinn agus a bhí ag úsáid an ábhar a bhí á bhailiú acu d'fhonn taispeántais, cláracha faisnéise, oibreacha ealaíne agus áiseanna poiblí eile a chruthú:

> Public folklore is the representation and application of folk traditions in new contours and contexts with and beyond the communities in which they

[159] Carolan, *Journal Of Music.*
[160] *ibid.*
[161] Kavanagh, Patrick: 'Twenty-Three Tons of Accumulated Folk Lore: Is It of Any Use?' *The Irish Times*, 18 Aibreán 1939.

> originated, often throigh collaborative efforts of tradition bearers and folklorists or other cultural specialists.[162]

Deirtear gurb é Archie Green bunaitheoir an bhéaloidis phoiblí, ach bhí a chuid oibre siúd bunaithe ar obair a dhein leithéidí Alan Lomax agus Ben Bodkin, obair a bhí ar siúl i measc an phobail seachas i gciorcail acadúla nó i ndomhan an léinn:

> 'Public folklorists' work primarily in government or non-profit arts, cultural, or educational organizations, such as arts councils, historical societies, libraries, museums, or organizations devoted specifically to folk arts or folklore. Public folklorists are engaged in a variety of activities, including (but not limited to) field research and documentary work, and the production of public programs or educational materials, such as performances, artists' residencies, exhibitions, festivals, sound recordings, radio and television programs, films, videos, and books.[163]

Bhí deighilt, agus ábhar aighnis, idir lucht an bhéaloidis eolaíoch, acadúil, traidisiúnta agus iadsan a bhí ag treabhadh agus ag fuirseadh i réimse nua an bhéaloidis phoiblí:

> How did folklorists arrive at the point at which academic and public folklore came to be distinguished? The question is significant insofar as the distinction is often made qualitatively as well as descriptively. Academic folklorists, from such a bias, have the luxury of dealing with the materials of tradition objectively, dispassionately, even scientifically. By implication, then, those who work directly with the general public debase the work to present it in a manner understandable to an audience that does not share the common culture of the performers. The elitist implications of viewing the problem in this way are obvious enough.[164]

I Lúnasa na bliana 1947 fógraíodh go raibh aonad taistil de chuid an BBC le mí a chaitheamh in Éirinn d'fhonn 'béaloideas, amhráin agus bailéid' na tíre a bhailiú:

> The average Englishman thinks that Irish songs and music have their be all and end all in songs like the "Rose of Tralee". "I want to show them that it is

[162] Baron, Robert & Spitzer, Nicholas R. (eag.): *Public Folklore,* Smithsonian, Washington (1992), 1.
[163] Sainmhíniú an *American Folklore Society.* https://www.afsnet.org/page/PublicFolklore. Fachta 23/2/2019.
[164] Abrahams, Roger D. 'The Public, the Foklorist, and the Public Folklorist' i Baron, Robert & Spitzer, Nicholas R. (eag.): *Public Folklore,* , Smithsonian, Washington (1992), 17.

> something deeper and more cultural," said Mr. Bryan George, Recorded Programmes Director of the B.B.C, in an interview in Dublin with an Irish Independent representative.
>
> "To dispel that idea," said Mr. George. "I have come here with a B.B.C. recording van to collect folklore, songs and ballads, both in English and Irish." Mr. George, who is a native of Donegal, is leading the recording unit which, until the end of the month, will tour the south, west, north-west coasts and the centre of Ireland in their quest. The tour is being made in conjunction with the Irish Folklore Commission and Radio Éireann.[165]

"Is maith an teist ar cháil na hÉireann mar Thír Tairngire an bhéaloidis," a deir Almqvist agus Ó Héalaí, "an BBC a bheith chun tosaigh ar sheirbhís raidió na tíre seo sa rás taifeadta. Bhí de bhuntáiste acu go raibh an trealamh teicniúil ar fáil dóibh níos túisce ná mar a bhí ag Radio Éireann."[166] Cé go raibh an BBC chun tosaigh orthu i dtaobh bailiú agus craoladh an ábhair, bhí ról ag RÉ i gcamchuairt an BBC, agus is cosúil go bhfuaireadar (agus Séamus Ennis ach go háirithe) spreagadh, agus taithí, ar an obair seo, ó chuairt eagraíocht na Breataine. I measc na n-ealaíontóirí dúchasacha ar deineadh taifead orthu i rith na cuairte seo bhí Bess Cronin Mhúscraí, Colm Ó Caodháin ó Chonamara agus Mícheál Ó hIghne as Teileann.[167]

Ní raibh ach tamall de mhíonna caite in éis turais an BBC nó go raibh Aonad Taistil de chuid RÉ ar an mbóthar, agus beirt fhear oiriúnacha sa stiúir:

> Roimh dheireadh na bliana sin, bhí beirt bhall foirne fostaithe ag Radio Éireann a raibh freagracht faoi leith orthu maidir le taifeadtaí páirce mar aon leis an trealamh taifeadta gramafóin a bhí riachtanach don obair sin. Duine den bheirt ab ea Séamus Ennis a raibh taithí aige cheana féin, mar a luadh thuas, ní amháin ó bhailiú amhrán sean-nós, rud a dhein sé go máistriúil ar feadh cúig bliana do Choimisiún Béaloideasa Éireann, ach chomh maith le sin, óna thréimhse le foireann an BBC. Ba é Seán Mac Réamoinn (1921-2007) an dara duine, fear a

[165] *Irish Independent,* 7 Lúnasa 1947.
[166] Almqvist, Bo & Ó Héalaí, Pádraig: *Labharfad le Cách/I will Speak to You All,* New Island, Baile Átha Cliath (2009), 33.
[167] *ibid. 34.*

> bheadh fós ina cheann feadhna sa tír seo ar chraoltóirí agus ar iriseoirí cultúir a linne.[168]

Is mar seo a chuireann Carolan síos ar thábhacht na nAonad seo:

> Two Outside Broadcast Officers, Séamus Ennis and Seán Mac Réamoinn, were appointed, and they were provided with a Mobile Recording Unit, which was housed first in a car and then in a van. This was primarily intended to go to Gaeltacht and other rural areas, and to record life and traditional music there as it really was, and not as filtered through the prejudices of radio officials ... From fields and cottages and farms and pubs Ennis and Mac Réamoinn began sending back to Dublin location recordings on acetate disc, a technology which had actually been introduced in the station in 1937 for the pre-recording of broadcasts. These new recordings were woven into realistic programmes by sympathetic scriptwriters such as the newly appointed Proinsias Ó Conluain, who would himself later go on the road and record for posterity native traditions which are now no more. The gains from extensive pre-recording for enthusiasts were immense. Through radio they could be in Donegal and in Cork, and listen to the living and the dead, all in the same few minutes. Throughout the country, listeners were being introduced to hitherto unknown forms and performers and being transfixed by them, and an invisible national network of interested individuals came into being in country, town and city.[169]

> The fact that Radio Éireann now had a mobile broadcasting unit, and that Séamus Ennis was working for this unit, also meant that the collecting of folk song and music no longer solely depended on the Commission. Moreover, the BBC also became involved in recording Irish folk music around this time (August 1947) and sought the help of the Irish Folklore Commission in identifying storytellers, singers and musicians ... As well as cooperating with the BBC in collecting folk music, the Commission also at times worked closely with Radio Éireann's mobile broadcast unit.[170]

---

[168] *ibid.* 39.
[169] Carolan, *Journal of Music*.
[170] Briody, Micheál: *The Irish Folklore Commission, 1935-70:,* Studia Fennica Folkloristica 17, Helsinki (2008), 279.

"A real breakthrough" a thugann Ó Tuathaigh ar an dtionchar a bhí ag na haonaid seo ar léiriú chultúr na hÉireann ar an raidió, go háirithe i dtaobh an cheoil thraidisiúnta.[171] Agus é ag trácht ar Sheán Mac Réamoinn agus ar Shéamus Ennis, agus a gcuid oibre sna haonaid taistil, dúirt Liam Mac Con Iomaire an méid seo leanas: "De bharr obair éachtach na beirte acu, agus a gcomhleacaithe Proinsias Ó Conluain agus Ciarán Mac Mathúna, tháinig borradh suntasach faoinár gceol dúchais agus ár n-amhráin traidisiúnta sna caogaidí agus sna seascaidí, go dtí gur bunaíodh Raidió na Gaeltachta i 1972."[172] Ach bhí níos mó ná ceol agus amhráin i gceist; bhailigh na haonaid taistil macallaí de chanúintí a bhí ag dul in éag nuair a chuadar go pobail in áiteanna ar nós Tír Eoghain, Reachrainn, Ó Méith, agus Iarthar an Chláir, nósanna, seanchas, ealaín béil – cultúr na ndaoine.

Níor chás a aithint, áfach, go raibh difríocht shuntasach idir obair na n-aonad taistil agus obair leithéidí an Choimisiúin. Ábhar siamsaíochta a bhí á bhailiú ag RÉ, agus ní ag bailiú béaloidis d'fhonn é a chaomhnú agus dian-scrúdú a dhéanamh air, faoi mar a bhí ag bailitheoirí an Choimisiúin. Ní hé nach raibh ról tábhachtach acu i mbailiú agus i ndáileadh an bhéaloidis, is cinnte go raibh, ach níorbh sin an chéad chuspóir a bhí rompu:

> … those who operated the Commission's mobile recording unit, although they might be termed collectors, did not employ the same methods as the full-time collectors. They were more like 'samplers' of the tradition. They did not delve deep into the tradition, nor did they stay long enough in any area to do so. They, for the most part, simply skimmed the surface: collecting sample tales, lore, and songs in order to have an acoustic record … the same applies to those collecting folk song and music for Radio Éireann and the BBC.[173]

is í lár na ceiste seo tá an gaol idir béaloideas/*folklore* ar thaobh amháin, agus cultúr coiteann/*popular culture* ón dtaobh eile, agus an *continuum* eatarthu. Iarracht a bhí i dtaifid na n-aonad taistil 'fíor' bhéaloideas (amhrán, ceol, scéal nó seanchas) a bhailiú agus a phacáistiú i slí a thógfadh é ón dtinteán agus ón ngrúpa beag, beo, idirghníomhnach, an suíomh atá nádúrtha don mbéaloideas, agus a thabharfadh é do

[171] Ó Tuathaigh (1984), 102.
[172] Mac Con Iomaire, Liam: 'Ar Shlí na Fírinne: Seán Mac Réamoinn 1921-2007' i *Comhar* Iml. 67, Uimh. 2 (Feab., 2007), 5.
[173] Briody, 280.

lucht éisteachta atá scaipthe, difriúil óna chéile, rud atá ina bhunchloch ag an gcultúr coiteann:

> Popular culture refers, in a restrictive interpretation, to cultural events which are transmitted by technological media and communicated in mass societal contexts. Accordingly, the performance context of popular culture are usually characterized by significant spatial and social distances between performers and audiences. In contrast to popular culture, folklore performance is artistic performance which is transmitted and communicated by the sensory media of living, small group encounters.[174]

Thosnaigh na hAonaid Taistil an próiseas a leag na teorainneacha idir an dá chineál léiriú cultúir seo, próiseas a tháinig chun foirfeachta le teacht Raidió na Gaeltachta. Laistigh de deich mbliana tar éis bhunú RnaG, bhí cultúr coiteann déanta de chultúr na ndaoine – a mbéaloideas – tríd an mbéaloideas phoiblí.

Gné eile d'obair an raidió, agus go háirithe na hAonaid Taistil, a leag bunchloch ar a bhforbródh Raidió na Gaeltachta ina dhiaidh seo ná an taithí a fuair muintir na Gaeltachta ar chraoltóirí, agus an deá-chaidreamh a bunaíodh idir craoltóirí agus pobail:

> Bhí sé seo le tabhairt faoi deara mar shampla sa Ghaeltacht, tháinig Proinnsias Ó Conluain go hÁrainn is cuimhneach liom ... agus rinnieadh clár ansin. Ansan tháinig Séamus Ennis go hÁrainn, agus ón lá sin amach bhí cineál gaol pearsanta idir an pobal agus na craoltóirí. I dtír bheag mar seo, ní hamháin go dtarlódh a leithéid, is ceart go dtarlódh a leithéide sin, sílim fhéin ... bhí an cineál rud pearsanta seo ann go dtiocfadh daoine timpeall go rialta, is dócha gur neartaigh sé sin agus gur threisigh sé go mór nuair a thosnaigh an fheachtas mór ceoil faoi Chiarán Mac Mathúna agus Seán Mac Réamoinn, go gcuireadh an gaol seo i dtreis go mór.[175]

Pléifear an tábhacht a bhain leis an gcaidreamh seo – agus go háirithe an tábhacht a bhain le clár reachtairí bheith ag déanamh cláracha sna pobail as ar fáisceadh iad féin – níos déanaí (féach caib. 5).

---

[174] Féach 'Introduction: The Folklore-Popular Culture Continuum' i Narváez, Peter & Laba, Martin (Eag.), *Media Sense*, Bowling Green State University Press, Ohio (1986), 1.
[175] 'Scéal na Gaeilge', Breandán Ó hEithir ag caint.

Faoi na 1960í, bhí taithí, olc agus maith, faighte ag muintir na Gaeltachta ar an raidió. Faoi thús na 1970í, áfach, bhí an tseirbhís raidió athruithe ó uirlis eolais agus siamsaíochta, go dtí ceart pobail mionlaigh. Pléifear conas mar a tharla an t-athrú sin, sochaí Ghaeltachta na linne, agus bunú RnaG mar thoradh air, sa chéad caibidil eile.

Fágfad an fhocal scoir ag Dónall Ó Catháin (1914 – 1994), tábhairneoir agus gníomhaí pobal agus teangan ó Bhaile an Fhéirtéaraigh:

> Fuair Tomás Ó Mainín i mBaile an Fheirtéaraigh Thiar [raidió], agus bhí sé siúd ar thaobh an bhóthar, agus tigh ab ea é go mbíodh daoine ag dul ag bothántaíocht ann. Bhíodh slua istigh ann i gcónaí ag éisteacht leis. Aon uair a bhíodh cluiche ar siúl bhídís lasmuigh den ndoras, slua, ag éisteacht leis.... [níl raibh puinn de mhuintir na Gaeltachta le cloistint ar an raidió] ní raibh, ná fiú amháin níos déanaí ná san ní mór de mhuintir na Gaeltachta a bhí le clos, is iad Gaeilgeoirí Bhleá Cliath agus mar sin de a bhí ann, agus ní raibh oiread suime acu ann agus atá ina raidió féin, Raidió na Gaeltachta.
>
> Déarfainn gurb é Raidió na Gaeltachta an rud is fearr a thárla don nGaeltacht. Déarfainn nach bhfuil aon tigh anois anso ná go mbíonn Raidió na Gaeltachta ar siúl. Agus fiú amháin tithe go bhfuil teilifís acu, ceapaim ná casann siad dtí'n teilifís nó go mbíonn Raidió na Gaeltachta thart.[176]

Achoimre ar chaib. 1&2: Deineadh stair na dtaifead fuaime agus na craoltóireachta raidió in Éirinn, roimh theacht RnaG i 1972, a mheas. Féachadh ar na cúinsí socheolaíocha inar bunaíodh an chéad stáisiún raidió in Éirinn, 2RN, agus an tslí inar fhorbair an tseirbhís as sin go dtí na 1960í. Pléadh an ról a bhí ag an Ghaelainn ar an tseirbhís, agus an ábhar a bhí á chraoladh trí mheán na Gaelainne i rith an ama sin, maraon leis na lochtaí a bhí ar an ábhar sin i dtuairimí mhuintir na Gaeltachta. Ina theannta sin, féachadh ar mar a léiríodh ábhar chultúrtha ar 2RN/RÉ, nó cad go díreach a bhí sa chultúr a bhí á chraoladh. Pléifear cultúr Gaelach na linne, conas mar ar léiríodh é, go háirithe i dtaobh ceoil agus amhrán, agus go háirithe (i bhfianaise obair RnaG ina dhiaidh sin), An tábhacht a bhain leis na haonaid taistil a bunaíodh ag deireadh na 1940í agus a bhailigh an-chuid ábhair cultúrtha i gceantair tuaithe na hÉireann, sa Ghaeltacht ina measc.

[176] 'Raidió Éireann agus an Ghaeltacht', Dónall Ó Catháin ag caint.

Sa chéad caibidil eile, déanfar plé ar an gcúlra a bhain le bunú RnaG i 1972. Féachfar ar shochaí na Gaeltachta, na hÉireann agus an domhain sna 1960í, agus an méid a bhí á éileamh ag na grúpaí agus ag na pobail a bhí i mbun agóide ar son a gcearta in Éirinn agus thar lear. Déanfar plé ar thuiscintí na linne maidir le cearta, go háirithe ó thaobh mionlaigh, náisiúin nó grúpaí eitneacha, i gcomhthéacs phobal na Gaeltachta, agus féachfar le sainmhíniú a dhéanamh ar an bpobal sin, agus ar a n-áit i náisiún na hÉireann.

3. An Ghaeltacht roimh theacht RnaG, 1960-1972

> In the Gaeltacht, as elsewhere in rural Ireland, after the nadir of despair in the 1950s, the 1960s saw the first serious challenge offered to the defeatism and fatalism of a century. A group of articulate young radicals suddenly found its voice and began demanding policies to arrest the dissolution and disappearance of its own community. These Gaeltacht radicals were generally well-educated, and like similar groups in Northern Ireland, were part of the global Dynamics of youth politics and civil rights movements of the late 1960s.[1]

Achoimre: *Sa chaibidil seo déanfar plé ar an gcúlra a bhain le bunú RnaG i 1972. Féachfar ar sochaí na Gaeltachta, na hÉireann agus an domhain sna 1960í, agus an méid a bhí á éileamh ag na grúpaí agus ag na pobail a bhí i mbun agóide ar son a gcearta in Éirinn agus thar lear. Déanfar plé ar thuiscintí na linne maidir le cearta, go háirithe ó thaobh mionlaigh, náisiúin nó grúpaí eitneacha, i gcomhthéacs phobal na Gaeltachta, agus féachfar le sainmhíniú a dhéanamh ar an bpobal sin, agus ar a n-áit i náisiún na hÉireann. Inseofar scéal an raidió eitneach, mionlach agus bundúchasach, maraon leis na meáin mionteangacha, ag féachaint an oireann aon cheann de na lipéid sin do RnaG.*

Tá feicthe againn sa chaibidil roimhe seo an ról a bhí ag an raidió i saol na teanga, an chultúir agus an bhéaloidis in Éirinn os na 1920í go dtí na 1960í, agus an ról lárnach a bhí ag an raidió mar áis oideachais agus siamsaíochta i sochaí na hÉireann, áit atá ag meán an raidió fós sa tír, agus 86% de dhaonra fásta na tíre ag éisteacht le raidió ar bhonn laethúil. Chonaiceamar chomh maith na fáthanna go raibh lucht labhartha na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, míshásta le áit na teanga ar chlár sceidil RÉ, agus go háirithe leis an imeallú a bhí á dhéanamh ar an nGaeilge ar an raidió sna 1950í déanacha agus sna 1960í. Ach bhí athruithe ag teacht ar shochaí na tíre, agus ar shochaí an domhain i gcoitinne, i rith na 1960í, agus pobail éagsúla ag éileamh a gcearta agus ag fógairt a

[1] Ó Tuathaigh, Gearóid: ''Language, literature and Culture in Ireland since the War' i Lee, J.J (Eag.): *Ireland 1945-1970,* Gill and Macmillan, Dublin (1979), 113.

mianta go poiblí agus go glórach. B'é seo ré na n-agóid; ágóidíocht ar son cearta daonna, cearta sibhialta, agus cearta náisiúnta. Níorbh fhada nó go raibh olaí seo na n-éileamh ag briseadh ar chósta na Gaeltachta. Mar a fheicimid ar ball, bhí Raidió na Gaeltachta ar cheann de na torthaí ba mhó, agus ba thábhachtaí mar le cultúr agus sochaí na muintire de agus, i bhfoclaibh Uí Thuathaigh, gur chruthaigh an stáisiún 'braistint pobail' i measc muintir na Gaeltachta ar fad[2], nó gur tharraing sé na limistéir Ghaeltachta ar fad, a bhí i bhfad óna chéile go tíreolaíoch, go canúnach agus go heacnamaíoch i gcásanna áirithe, isteach faoi bhrat amháin; 'An Ghaeltacht'.

3.1 *Zeitgeist* na 1960í

D'athraigh sochaí an domhain níos mó i rith na 1960í ná in aon tréimhse eile den stair déanach; bhí cultúir agus fochultúir nua á gcruthú agus ag teacht chun coinlíochta, náisiúin nua á saolú díreach agus na seana-impireachtaí ag síogú ar fud an domhain, grúpaí agus pobal a bhí faoi chois agus faoi chosc ag teacht os comhair an tsaoil mhóir. Idir 1960 agus 1970, bhain 44 stát a neamhspleáchas amach, a bhformhór mór iar-choilíneachtaí de chuid impireachtaí na hEorpa. Thosnaigh gluaiseachtaí síochánta agus foréigneacha ag eirí amach; cuireadh bús faoi iarrachtaí dul i gcoinne pholasaithe cinedheighilte san Afraic Theas, faoi cheist na gcearta do bhundúchasaigh san Astráil, sna Stáit Aontaithe, agus i Meiriceá Theas, agus thosnaigh gluaiseachtaí polaitiúla agus míleata ag iarraidh stáit nua a chruthú d'fhealsúnachta polaitiúla ar nós an Mharxachais agus an chumannachais ar fud Mheiriceá Laidineach agus san Áis.

Fiú i dtíortha forbartha an Iarthair, bhí an tsochaí suaite agus daoine, go háirithe daoine óga, ag dul i gcoinne gnáthaí agus tuiscintí a muintire. Bhí gluaiseachtaí frith-chiníochais agus frith-chogaidh, agus i bhfábhar cearta sibhialta, saoire, saoirse na mban agus cearta do dhaoine aeracha ag fás agus ag dul i neart go háirithe le linn an Chogaidh i Vítneam:

> The Vietnam War provoked widespread anti-war demonstrations not only in the United States but also in several European nations, as well as in Australia and New Zealand. It also appears to have served as catalyst for several other social movements: antiracism, feminist, homosexual, anti- and pro-abortion rights. In some cases, those movements had begun their activist phases well before the

[2] Ó Tuathaigh, 1984, 104.

> outbreak of the Vietnam War- the U.S. Civil Rights movement is one prominent example – but they also profited from the spirit of citizen activism that arose in many different nations. Individuals associated with the movements found themselves enjoying the attention of the mass media, and some of them became quite adept at manipulating the media for their own purposes. Those and other individual also began to develop their own media … groups began to establish radio stations … a few took to the airwaves as "pirates" (unlicensed stations).[3]

Bhí na gluaiseachtaí sóisialta seo, go háirithe gluaiseacht cearta sibhialta an phobail Ghoirm i Meiriceá, agus an gluaiseacht frith-chogaidh sa tír céanna, go mór i mbéal an phobail, agus os a gcomhair amach, le teacht na teilifíse. Tháinig a leithéid céanna de ghluaiseacht, leis na gníomhaíochtaí céanna (máirseáil, ágóidíocht, óráidí bunaithe ar chearta an duine), abhus go hÉireann gan puinn moille, ag tosnú le Cumann Cearta Sibhialta Thuaisceart Éireann a bunaíodh sa bhliain 1967 chun cothrom na féinne a bhaint amach do Chaitlicigh na Sé Contae:

> However, the principal organizer of the march that sparked the Troubles, Eamonn McCann, has always maintained that 'we were part of that'. Writing in 1998, he recalled that the motto of '68 was 'One world, One struggle'. The opening months of the Troubles were linked to 'the black struggle in the US, the workers' fight in France, the resistance of the Vietnamese, [and] the uprising against Stalinism in Czechoslovakia.[4]

Lárnach i scéal na gluaiseachta ó thuaidh tá an ghlúin a bhain tairbhe as leasuithe a deineadh ar an gcóras oideachais os na 1940í ar aghaidh, agus a chur ar chumas aicmí níos ísle leibhéal oideachais ní b'fhearr a fháil dóibh féin.[5] Is cinnte go raibh an méid céanna fíor faoi Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta, a bunaíodh i 1969 agus fás agus forbairt phobail na Gaeltachta mar aidhm acu:

> In the Case of the Civil Rights Language movement of the 1960s and early 1970s, the protagonists were primarily young, native speakers. They were the first generation to have availed themselves of free secondary school and university

[3] Browne, (1996), 23-34.
[4] Prince, Simon: "The Global Revolt of 1968 and Northern Ireland." *The Historical Journal* 49, no. 3 (2006): 851-75.
[5] *loc. cit.*

> education. They were heavily influenced by events elsewhere, for example the student revolutions in Europe in 1968, the anti-Vietnam protests in the USA and, of course, the civil rights protests of both the USA and Northern Ireland.[6]

Inspioráid eile a fuair pobail na Gaeltachta óna mbráithre lastuaidh den dteorainn ab ea an tuiscint ar thábhacht na meán, go háirithe an raidió, dá ngluaiseachtaí:

> Thart faoin am chéanna [Lúnasa 1969] foilsíodh alt in *Inniu* ó Sheosamh Ó Cuaig faoi stáisiún bradaíola raidió a bhí ag obair sna Sé Chontae, Radio Free Derry. Dúirt Ó Cuaig gur cheart do mhuintir na Gaeltachta sampla na dtuaisceartach a leanúint, ach a bhféadfaí teacht ar theicneoir.[7]

Tuigtear coitianta go bhfuil ról nach beag ag na mórmheáin cumarsáide sna gluaiseachtaí sóisialta seo (leithéidí gluaiseachtaí cearta sibhialta), agus gur mar pháirt de fhráma tagartha na ngluaiseachtaí sóisialta is fearr a tuigtear meáin chumarsáide na mionlach eitneach.[8] Is beag rath a bhíonn ag gluaiseacht sóisialta gan slí éigin chun a dteachtaireacht a scaipeadh:

> Thus mass media affiliated with social movements are essential for creating and sustaining beliefs in collective goals. The life cycle of social movements and media organizations are intertwined. Media have an impact on a movement's progression through its life cycle; in turn the stage of the life cycle influences media viability. The fate of minority media is linked to the perception and success of social movements in the nation as a whole because they are the source of audiences and volunteer workers.[9]

Is iad muintir na Gaeltachta an 'náisiún' i gcomhthéacs Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta; bhí bunú an raidió mar cheann de mhóréachtaí na Gluaiseachta, ach faoi mar a fheicfear ar ball, ní i bhfad tar éis bunú RnaG a thit an Gluaiseacht as a chéile.

---

[6] Day, Rosemary: 'Radio and the Irish Language', *Media Interventions* Howley, Kevin (Ed.), Peter Lang (2013), 217.
[7] Luaite in Ó Glaisne (1982), 24.
[8] Riggins, Stephen Harold: *Ethnic Minority Media – An International Perspective*. (Sage, Newbury Park, 1992), 12.
[9] *op. cit.*

Cé gur tréimhse í seo (1950í – 1970í) ar a bhfuil dian-staidéar déanta ag scoláirí maidir le gluaiseachtaí sóisialta agus agóide, is beag trácht a déantar ar Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta:

> One of the strangest paradoxes of post–World War II Irish history is that one of its least-discussed struggles is also one that was heavily invested in mass media, especially broadcast media. I refer here to Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, also known as the Gaeltacht civil-rights movement. My experience is that it is entirely left out of most general histories of post-independence Ireland.[10]

Léiriú atá ann den tslí ina déantar neamhaird do rudaí toisc go dtarlaíonn siad i dteanga mhionlaigh seachas sa mhórtheanga. Tá a leithéid ar siúl fós sa tír seo.

Ag seisiún ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe a tionóladh ar an 10 Nollaig 1948, mar thoradh ar uafáis an dara cogadh domhanda, síníodh agus dearbhaíodh 'Dearbhú Uile-Choiteann Chearta an Duine', cáipéis a thug le fios go raibh cearta áirithe ag gach duine daonna, beag beann ar chine, creideamh nó inscne, "De bhrí gurb é aithint dhínit dúchais agus chearta comhionanna doshéanta an uile dhuine den chine daonna is foras don tsaoirse, don cheartas agus don tsíocháin sa domhan."[11] Ar cheann d'airteagail an Dearbhaithe, tá Airteagail 19, a deir go bhfuil "ag gach uile dhuine an ceart ar shaoirse tuairime agus léiriú; áirítear sa cheart sin saoirse tuairimí a bheith aige gan aon bhac agus eolas agus smaointe a lorg, a ghlacadh agus a leathadh trí mheáin ar bith, gan aird ar theorainneacha." Tháinig smaointeoireacht an dearbhaithe úd, agus na tuiscintí maidir le cearta an uile-dhuine, chun na Gaeltachta, tríd na mór-ghluaiseachtaí sóisialta eile a bhí ar bun san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile, i rith na 1960í.

3.2 Mionlach vs. Mórlach – eitneachas, mionteangacha, grúpaí imeallacha:

Ceann de na mórfhadhbanna atá ag baint le staidéar a dhéanamh ar RnaG ná an deacracht a bhaineann le rangú a dhéanamh air mar stáisiún. Stáisiún náisiúnta is ea é, agus é mar pháirt den gcraoltóir náisiúnta. Tá feicthe againn sa chaibidil roimhe seo go

[10] White, Jerry: 'Place, Dialect, and Broadcasting in Irish: Plus ça change ...' *Éire-Ireland, Vol. 50, Nós. 1&2, Spring/Summer 2015,* 113-136.
[11] Aistriúchán Oifigiúil, ar fáil ag http://www.ohchr.org/EN/UDHR/Documents/UDHR_Translations/gli1.pdf. Faighte 26/10/17.

raibh ról ag an dteanga sa tseirbhís náisiúnta raidió ón gcéad lá, rud nach raibh ag an-chuid de theangacha neamh-fhorleathana eile san Eoraip nó go deimhin ar fud an domhain. Ach tá feicthe againn chomh maith gur athraigh ról na teanga ó cheann de mhór-ghnéithe na físe oifigiúla náisiúnta, mar a léiríodh ar an raidió, go dtí seirbhís éigeantach a bhí ag freastal ar mhion-phobail íochtaránacha, i bhfad ós na lárionaid cumhachta, agus ar imeall an mhór-chultúir.

Ach é sin ráite, tá gnéithe ag baint le RnaG a luíonn níos fearr le múnlaí eile de stáisiúin raidió agus teilifíse atá fréamhaithe i bpobail dúchasacha, mionlaigh eitneacha, agus teangacha neamh-fhorleathana agus dúchasacha. Go deimhin, is deacair teacht ar théarma sásúil don Ghaeilge mar theanga inti féin – is teanga náisiúnta í, ach níl ach 1.7% den daonra á labhairt ar bhonn laethúil lasmuigh den gcóras oideachais.[12] Is teanga mhionlaigh í, ó níl sí ina máthairtheanga ach ag céatadán bídeach de phobal na Éireann. Ina ainneoin seo, bíonn leisce ar dhaoine mionteanga a ghlaoch uirthi – cad ina thaobh go mbeadh aon teanga níos mine ná teanga eile? Cé go bhfuil na ceantair Ghaeltachta beag, agus a bhformhór ar an gcósta thiar, ní féidir a rá gur teanga neamhfhorleathan í, mar tá cainteoirí dúchais Gaeilge ar fáil anois i ngach contae, agus i dtíortha eile, agus tá sí feiceálach sa ghnáthshaol ar fud an stáit, ar chomharthaí bóthair, ar cháipéisí oifigiúla, ar an gcóras iompair agus mar sin de.

Is mithid, mar sin, ag an dtráth seo, gabháil tríd an dioscúrsa a bhaineann leis na meáin faoi mar a fheictear iad, agus mar a húsáidtear iad, i measc grúpaí mionlaigh, bídís ina bpobail bundúchasacha, mionlaigh eitneacha, nó mionlaigh teanga. Déanfar iarracht teacht ar shainmhíniú ar cén cineál stáisiúin ba ea RTÉ Raidió na Gaeltachta go baileach, nuair a bunaíodh í i 1972, agus an stáisiún a shuí ar stáitse na meán go hidirnáisiúnta.

Ní raibh pobal na Gaeilge ina n-aonar ag éileamh stáisiún raidió dá gcuid féin sna 1960í.

3.3 Raidió Bundúchasach?

I measc na sainmhínithe is coitianta a úsáidtear do choincheap an 'Bundúchasach' tá an sainmhíniú seo leanas a chur Jose R. Martinez Cobo, Rapporteur Speisialta an Foth-

[12] Daonáireamh na bliana 2016. www.cso.ie.

Choimisiúin ar Sheachaint Leatroim agus Cosaint Mionlaigh (fochoiste de chuid na Náisiún Aontaithe), le chéile ina thuairisc ar chosaint mionlaigh a foilsíodh sa bhliain 1986:

> Indigenous communities, peoples and nations are those which, having a historical continuity with pre-invasion and pre-colonial societies that developed on their territories, consider themselves distinct from other sectors of the societies now prevailing in those territories, or parts of them. They form at present non-dominant sectors of society and are determined to preserve, develop and transmit to future generations their ancestral territories, and their ethnic identity, as the basis of their continued existence as peoples, in accordance with their own cultural patterns, social institutions and legal systems.
>
> This historical continuity may consist of the continuation, for an extended period reaching into the present, of one or more of the following factors:
>
> - Occupation of ancestral lands, or at least of part of them;
> - Common ancestry with the original occupants of these lands;
> - **Culture in general, or in specific manifestations (such as religion, living under a tribal system, membership of an indigenous community, dress, means of livelihood, instant loans, lifestyle, etc.);**
> - **Language (whether used as the only language, as mother-tongue, as the habitual means of communication at home or in the family, or as the main, preferred, habitual, general or normal language);**
> - **Residence in certain parts of the country, or in certain regions of the world;**
> - Other relevant factors

Tá Féin-Aitheantas mar bhundúchasach aitheanta mar bhun-ghné i sainmhíniú Martinéz Cobo:

> On an individual basis, **an indigenous person is one who belongs to these indigenous peoples through self-identification as indigenous (group consciousness) and is recognized and accepted by the group as one of its members (acceptance by the group).** This preserves for these communities the

> sovereign right and power to decide who belongs to them, without external interference.[13]

D'fhéadfaí an méid sin, go háirithe an méid atá i gcló trom agam, a úsáid chun bundúchasaigh a thabhairt ar bhunadh na Gaeltachta. Tá cultúr coiteann, a bheag nó a mhór, ag na ceantair Gaeltachta go léir (amhráin, filíocht, rince, scéalaíocht, seanchas, srl.). Tá teanga choiteann acu, agus tá an-chuid acu ag cur fúthu sna ceantair chéanna leis na cianta. Léiríonn daoine féin-aitheantas mar dhuine den bpobal seo tríd an teanga sin a labhairt, agus glactar leo mar pháirt den bpobal sin dá bharra. Sainmhíniú úsáideadh is ea é, agus is mithid roinnt iniúchadh a dhéanamh air, toisc é bheith chomh lárnach mar théarma i léann na meán mionlacha.

Agus é ag trácht ar na meáin chumarsáide 'Eitneacha', 'Mionlacha' agus 'Bundúchasacha'[14] ina leabhar *Electronic Media & Indigenous Peoples: A Voice of Our Own?*, pléann Donald R. Browne na deacrachtaí a bhaineann leis na téarma sin i réimse na meáin cumarsáide, agus déanann iarracht teacht ar shainmhíniú ar an dtéarma '*indigenous'* (bundúchasach):

> The term *indigenous* poses more than a few problems of definition. Its basic meaning is "one who is native to an area." But how large is an "area"? And how far back in time must one go to determine whether an individual or group is "native" to it? …
>
> Here, I take a more pragmatic approach: I attempt to determine which population groups presently living in a given area were first on the scene, according to available records … for my purposes, those who can establish that they have been in the area for the longest time, and continue to live there, would be the indigenous peoples of that area. And finally, all of the indigenous peoples whose experiences I present here are, or have been, in the minority in their lands,

[13] E/CN.4/Sub.2/1986/7: Study of the problem of discrimination against indigenous populations. Volume 1 / by José R. Martínez Cobo, Special Rapporteur of the Sub-Commission on Prevention of Discrimination and Protection of Minorities. Ar fáil ag http://repository.un.org/handle/11176/354767. Faighte 08/05/2017. (Béim leagtha ag an údar)

[14] *Ethnic, Minority,* agus *Indigenous* an Bhéarla.

> at least with respect to the development and administration of national or regional institutions; social, cultural, religious, military, economic and political.[15]

D'fhéadfaí é seo thuas a úsáid mar shainmhíniú ar phobal na Gaeltachta, ach iad a thógaint mar aon aonad socheolaíoch amháin, faoi mar a dhéanfá le treibh, náisiún nó grúpa mionlaigh. Chun go ndéanfaí amhlaidh, caithfear an teanga a thógaint mar príomh-ghné, nó príomh-thréith, an phobail. Is í *lingua franca* na ndaoine seo, .i. An Ghaelainn, *raison d'etre* na Gaeltachta. Mura bhfuil teanga choitianta agat chun pobail ó Chorca Dhuibhne a nascadh le pobal ó Thír Chonaill, níl a leithéid de rud ann agus 'Pobal na Gaeltachta.' Agus murach go bhfuil pobal sainiúil ann, le cultúr coitianta atá fréamhaithe sa teanga, ní bheadh gá le, ná éileamh ar, seirbhís raidió Gaeltachta.

Is cinnte gur mó saghas nó cineál duine atá i bpobal na Gaeltachta. I gCorca Dhuibhne, cuirim i gcás, tá sliocht na sean-Ghael ann (Ó Séaghdha, Ó Failbhe), Lochlannaigh (Ó Dubhghaill, Ó hUigín), Normannaigh (de Mórdha, Mac Gearailt), Sasanaigh (Gromail, Grainbhil, Sayers). An rud a nascann na teaghlaigh seo ar fad in aon threibh amháin? An teanga agus an cultúr a iompraíonn sí.

Ina theannta sin, labhrann Browne faoi na difríochtaí tábhachtacha atá idir grúpa bundúchasach agus grúpaí mionlacha, difríochtaí atá tábhachtach dúinne chun sainmhíniú a fháil ar phobal na Gaeltachta:

> Still, there are differences between indigenous peoples and other minorities, and I would argue that they are important differences. First, the most readily apparent difference is that indigenous peoples inhabited a particular region centuries or even millennia before someone else did ... Second, the indigenous peoples were at one time sovereign in their lands. They no longer are nor is it likely that they ever will be again, at least to the same extent.
>
> The differences between indigenous peoples and other minorities have relevance to the electronic media. First, it seems quite clear that majority culture media generally have neglected the place and contributions of indigenous peoples in and to society. It also seems quite clear that those media have contributed to the perpetuation of negative stereotypes about indigenous peoples. While many

[15] Browne, (1996), 3-4.

> minorities have suffered in those ways, this particular minority has suffered longer, *yet indigenous peoples are more fundamental to a sense of history for any given country than any other minority could be*, by being there first and thus, willingly or not, shaping the nation that was to evolve. The present-day majority owes much to, and has much to learn from, indigenous peoples.[16]

D'fhéadfaí a rá go raibh, agus go bhfuil, Na Gaeil, nó bunadh na Gaeltachta ach go háirithe, bunúsach i stair oifigiúil, nó i gcruthú sainiúlacht, an stáit ó dheas in Éirinn – ó ráiteas de hÍde ar oscailt 2RN go óráid raidió de Valera ar Lá le Pádraig 1943, 'On Language and the Irish Nation' – an stádas a tugadh dona dteanga sa Bhunreacht, agus an ról siombalach a bhí (agus atá fós) ag teanga na nGael i gcultúr 'oifigiúil' an stáit. Cur leis sin an tábhacht a bhaineann le cluichí dúchasacha an Chumainn Lúthchleas Gael sa tsícé náisiúnta, agus ag an ceol Gaelach, feictear dúinn go dtagann na Gael faoin méid de chaint Browne thuas atá i gcló iodálach agam féin.

Tháinig na meáin bhundúchasacha chun cinn sna 1970í agus sna 1980í ag tráth go raibh an-chaint ar ról na meán i ndomhandú an chultúir, ag am go rabhthas ag caint ar impiriúlachas cultúrtha den chéad uair. Bhí teilifís agus raidió Mheiriceá agus Sasana ar fáil ar fud domhan an Bhéarla, cultúr na Fraince á tál ar choilíní agus iar-choilíní na tíre úd, agus tús áite ag cultúr na Rúise ar fud Aontais na Sóivéide. B'iadsan cultúir na nImpireachtaí úd, iad á scaipeadh le forás na teicneolaíochta, agus ba bheag guth dúchasach a bhí le cloistint ar na meáin sna tíortha úd. Ní raibh ardán nó stáitse ag náisiúin, treibheanna ná pobail bundúchasacha ar na meáin idirnáisiúnta seo, a bhí á scaipeadh ar móraimh na dtíortha úd. Thug na meáin bundúchasach a n-ardán dóibh. Faoi mar atá feicthe againn sa chaibidil roimhe seo, bhí a n-áit ar stáitse na meán náisiúnta in Éirinn á chailliúint diaidh ar ndiaidh ag na Gaeil, nó nach raibh de sheirbhís acu ó RTÉ faoi dheireadh na 1960í ach sop in áit na scuaibe.

Agus é ag trácht ar bheirt scannánaí a bhí gníomhach le pobail bundúchasacha sa Bholaive, Ivan Sanjinés agus Jesús Tapia, deir Jeff Himpele an méid seo faoin bhéim a leagadar ar an gcoimhlint seo idir an chultúr bhí á scaipeadh ag na mórmheáin tráchtála agus cultúr na mbundúchasach:

[16] *Ibid.* 5-6.

> In appearances on their tour, the Bolivian video makers situated the emergence of the indigenous video movement in Bolivia as a response to the heightened proliferation of commercial mass media that accompanied the neoliberal policies of the 1980s, and the rapid opening of new television channels in the broadcast marketplace … indigenous video makers explained to audiences that the cultural messages in the mass media are not only incompatible with the realities and experiences of many indigenous peoples but devalue them as well. In an effort to counteract the dominant media, native peoples began to appropriate media technologies to produce documentaries as well as fictional dramatizations of their own historical legends. They wanted to empower their indigenous communities with the resources to determine their own futures in the terms of their own cultures.[17]

Tá an rud céanna le rá faoi bhunú RnaG; b'iad na pobail féin a bhí ag éileamh na seirbhíse, toisc leatrom bheith á dhéanamh ar a gcultúr, dar leo, ar na mórmheáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus mar shlí chun guth a thabhairt dá bpobail féin. Dhá thréith é sin atá le fáil sna meáin bundúchasacha ar fud an domhain – "project[s] of cultural defense and self-determination" a thugann Himpele ar a leithéid d'fheachtais[18].

Agus é ag trácht ar scaipeadh na mórmheán ar mhór-roinn na hAfraice, agus an chodarsnacht idir iad agus modhanna cumarsáide traidisiúnta, úsáideann Aaron Mushengyezi an téarma 'Indigenous Media' ar modhanna cumarsáide traidisiúnta ar nós rince, ceol, scéalaíocht agus araile, agus suíonn ceist seo scaipeadh na meán cumarsáide i measc na bpobal bundúchasacha mar fhorbairt ar na meáin thraidisiúnta sin:

> Communication as a process is hinged on the cultural dialectics within a society. Since culture shapes the environment within which a message is decoded, indigenous media forms such as very specific performances – dance, music, drama, drums and horns, village criers, orators and storytellers – continue to present themselves as effective channels for disseminating messages in predominantly rural societies where the population tends to be predominantly 'orate' or 'oral-ate' rather than 'liter-ate'…

[17] Himpele, Jeff: 'Packing Indigenous Media: An Interview with Ivan Sanjines and Jesús Tapia,' *American Anthropologist* Vol. 106 Nó. 2 (Jun 2004) 355-56.
[18] *Ibid.*

> In these primarily oralate societies, indigenous media were – and are still – strong where information is transmitted orally from generation to generation. The messages are usually enhanced by the use of song, dance, drama, or drums and horns. In any community it is the older people, men and women, who hold most information in memory through song, poetry and other forms of recitation. Logistically, therefore, in the absence of written records, it is the elders who have always acted as the custodians of knowledge. These 'person-centred' media are thus an integral part of the people's culture and, of course, in the eyes of development agencies, a cheap way to communicate.[19]

Bhí na modhanna cumarsáide céanna i gcónaí sna Gaeltachtaí sna 1970í luatha is a bhí i Uganda na 21ú Aoise, de réir Mushengyezi, agus pléifear ar ball (féach caib. 6 & 8) conas mar a shuigh na modhanna traidisiúnta sin isteach leis an nua-theicneolaíocht ar RnaG. Léiriú eile atá ansin, dar liom, ar aitheantas an stáisiúin mar stáisiún raidió bundúchasach.

3.4 Raidió Mionlach/Eitneach?

Earnáil nó cineál eile meáin is ea na meáin eitneacha nó mionlacha. Tá an lipéad féin doiléir; úsáidtear an téarma 'Na Meáin Eitneacha' go príomha sna Stáit Aontaithe, agus úsáidtear an téarma 'mionlach' go hiondúil san Eoraip:

> What American scholars and professionals tend to call 'ethnic' media ... and their European colleagues and policymakers refer to as 'minority' media have always been popular among their specific target audiences, but have grown exponentially since the late 20th century. 'Forty-five percent of all African American, Hispanic, Asian American, Native American and Arab American adults prefer ethnic television, radio or newspapers to their mainstream counterparts,' summarizes a March 2005 survey in the United States commissioned by New California Media – an association of over 700 ethnic media organizations in the USA (NCM, 2005). A relevant example in Europe would be the situation in the Netherlands, where the number and reach of (particularly print) media produced by and for minority groups has been growing steadily, especially in the period between 1999 and 2003.

[19] Mushengyezi, Aaron: 'Rethinking indigenous media: rituals, 'talking' drums and orality as forms of public communication in Uganda,' *Journal of African Cultural Studies,* Vol 16, No. 1, (June 2003), 108.

> Similar developments can be signalled across multicultural societies in Wallerstein's 'First World', and have led scholars in the field to see the fast-paced growth of ethnic, minority and diasporic media in Western multicultural societies as an expression of increasing worldwide migration patterns to these countries.[20]

Difríocht tábhachtach idir 'bundúchasach' agus 'eitneach' i gcomhthéacs na meán ná an méid atá san alt deiridh thuas; go minic, baineann eitneach/mionlach le grúpa nó pobal atá tagtha isteach i dtír nó i bpobal eile, seachas na bundúchasaigh a bhí ann níos faide ná aon ghrúpa eile. Ach leagann Deuze béim ar an gcosúlacht atá ag na meáin eitneacha/mionlacha le treocht atá ag treisiú ar fud an domhain ina bhfuil pobail nó grúpaí ag glacadh seilbhe ar na meáin agus ag cur i gcoinne na mórmheán:

> The development of such media in the context of journalism has been coined as the rise of community media, 'we media', citizen's media, grassroots journalism, and other more or less radical alternatives to mainstream journalistic practice emerging both online and offline.
>
> The advantage of this approach is that it (artificially) disconnects 'ethnic' from 'media', refocusing our attention to the more or less contemporary social praxis of what American punk rock musician and political activist Jello Biafra (real name, Eric Boucher) has celebrated as people who 'become the media.'[21]

Is é atá i gceist aige le 'meáin á dhéanamh dos na daoine' thuas ná an tslí go bhfuil pobail ag cruthú a meáin féin – nuachtáin, irisí, cláir raidió, teilifíse agus scannáin – bunaithe ar a dtaithí agus ar a dtuiscintí féin. Bhí sé seo mar bhunaidhm ag an ngrúpa a bhí ag éileamh stáisiún raidió Gaeltachta sna 1970í, agus go deimhin acusan a bhí ag éileamh stáisiún teilifíse Gaelach ní ba dhéanaí – guth eile, súil eile, do phobal na Gaeltachta i gcás an raidió, agus do phobal na Gaeilge i gcás na teilifíse.

Bhí ról na Gaeilge ar an raidió in Éirinn athraithe ó fhís náisiúnta go dtí éileamh ó phobal mionlaigh, ó sprioc náisiúnta go ceart mionlaigh. Suíonn RnaG isteach i gcomhthéacs na gcearta eitneacha:

---

[20] Deuze, Mark: 'Ethnic media, community media and participatory culture,' *Journalism,* Vol. 7(3) (2006), 262-3.
[21] *Ibid.* 263.

> RTÉ hired seven people to run RnaG (six teachers and one business man). They were located in the Gaeltacht in the hope that this would reinforce the aim of RnaG - to serve the Gaeltacht. This aim suited a minority rights policy, but at the same time some people in RTÉ and some politicians felt that RnaG should be maintained strictly within the Gaeltacht, thus attempting to restrict the Irish language to the minority, rather than allowing it to be a national issue and to continue to be directly associated with an ideology of national distinctiveness.[22]

Sa chás seo tá an líne idir ceart mionlach agus geiteóú na teanga agus an chultúir dúchasach doiléir – ar thaobh amháin tá an t-éileamh ón bpobal mionlaigh go dtabharfaí seirbhís dá gcuid féin dóibh, agus ar an dtaobh eile tá tuiscintí an impiriúlachais chultúrtha atá lánsásta go mbeadh guth an phobail mionlaigh seo teanntaithe ina mbosca féin, ar leataoibh ón mhór-chultúr.

Dála an téarma 'bundúchasach' tá iarrachtaí éagsúla déanta ar shainmhíniú a thabhairt don dtéarma 'eitneach' nó 'eitneachas'. Tugann Riggins sainmhíniú an-úsáideach dúinn ar an dtéarma 'eitneachas' i gcomhthéacs na meáin cumarsáide:

> The term *ethnicity* has been defined in a variety of ways, but there is general agreement that it refers to people who perceive themselves as constituting a community because of common culture, ancestry, language, history, religion, or customs. It is unlikely that a group will perceive itself to be unique in all of these respects, and one or two characteristics may be chosen as most symbolic of collective identity.[23]

I gcás phobal na Gaeltachta, is í an teanga agus gnéithe dá gcultúr (a n-amhráin, mar shampla) an 'tréith nó dhó is mó a léiríonn féiniúlacht choiteann.'

Tugann Riggins sainmhíniú dúinn ar chineál mionlaigh atá an-oiriúnach dos na Gael, go háirithe do mhuintir na Gaeltachta:

> A second category of minorities consists of *indigenous* people whose *modern* values appear to be primarily a subcultural variation of the dominant values in

[22] Watson (1997).
[23] Riggins, 1.

> their country ... language retention rather than cultural values tends to be the main concern of activists in this category.[24]

Luíonn sé seo go rí-mhaith le muintir na Gaeltachta sa tréimhse seo; tá siad mar a chéile, a bheag nó a mhór, leis an mórphobal in Éirinn i dtaobh reiligiúin, nósanna, modhanna maireachtála, agus stair, ach go bhfuil difríocht suntasach amháin eatarthu; teanga.

Luann Riggins gné eile den eitneacht atá ríshoiléir i bpobail na Gaeltachta; rud is ea é a bhíonn de shíor ag athrú, le daoine ag aimsiú a eitneacht níos déanaí ina saol, seachas díreach bheith saolta san eitneacht san. Deineann duine cinneadh iontu féin luí le eitneacht (bogadh go dtí'n nGaeltacht, mar shampla, ceol Gaelach a sheinnt, agus thar aon ní eile, an Ghaeilge a labhairt) rud a thagann leis an sainmhíniú, ní hamháin atá ag Riggins d'eitneacht ("Ethnicity involves an individual's *choice* to identify with a group and the *reaction* to that group by outsiders."[25] , ach an féin aitheantas a luann Cobo mar choinníoll riachtanach d'aitheantas an bhundúchasaigh.

Go deimhin, is deacair gan géilleadh do thuiscintí Riggins ar mhionlaigh eitneacha agus sinn ar thóir sainmhínithe do phobal na Gaeltachta. Deir sé an méid seo leanas a léiríonn tábhacht na meán chun cultúr mionlaigh, eitneach nó bundúchasach a chaomhnú agus a fhorbairt:

> Obviously, if minority media did not contribute to ethnic cohesion and cultural maintenance to some extent, there would be little justification for their existence except as a marketing tool and an instrument of social control. What better strategy could there be for ensuring minority survival than the development by minorities of their own media conveying their own point in their own language? In this manner, steps can be taken to guarantee that cultural traditions are not reduced to the level of folklore and that languages evolve in a manner adaptive to the requirements of modern societies. This might be referred to as the media imperative of modern life, a fact recognized by minorities throughout the world who have lobbied for greater access to the means of media production.[26]

[24] Riggins, 5.
[25] Riggins, 2.
[26] *Ibid.* 3.

A bpointe féin a dhéanamh ina dteanga féin; sin díreach a bhí os na gníomhaithe pobail a bhí ag éileamh seirbhís raidió Gaeltachta ag deireadh na 1960í agus tús na 1970í, leis an bhéim ar bhuanseasmhacht pobail trí a dteanga féin.

Luann Riggins craoltóir bundúchasach Ionúiteach, Rosemarie Kuptana, agus a tuairimí faoin dtionchar a bhí ag teilifís an mhóraimh ar chultúr an mhionlaigh, agus is féidir a rá go raibh na tuiscintí céanna ag na daoine sa Ghaeltacht a bhí ag éileamh a seirbhís raidió. Chuir Kuptana tionchar na teilifíse príomhsrutha i gcomparáid le buama neodrón:

> We might liken the onslaught of southern [Canadian] television and the absence of native television to the neutron bomb. This is the bomb that kills the people but leaves the buildings standing. Neutron bomb television is the kind of television that destroys the soul of the people but leaves the shell of a people walking around. This is television in which the traditions, the skills, the culture, the language count for nothing. The pressure, especially on our children, to join the invading culture and language and leave behind a language and culture that count for nothing is explosively powerful.[27]

Bhí an t-eagla céanna ar lucht feachtais an raidió, is é sin go mbáfaí cultúr na Gaeltachta faoi olaí chultúr an Bhéarla, go gcaillfí an teanga, dá mbeifí ag brath ar RÉ, agus RTÉ ina dhiaidh sin, chun seirbhís a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Bheadh na ceantair Gaeltachta fós ina seasamh, marcáilte ar léarscáileanna oifigiúla, agus ní bheadh muintir na Gaeltachta ann mar phobal, nó mar náisiún, shainiúil.

Gné eile de na meáin eitneacha a luann Riggins is ea go mbíonn nasc nach beag idir éileamh ar mheáin cumarsáide ar leith agus gluaiseachtaí sóisialta a bhíonn ag éileamh athrú ar ghné éigin de stádas an phobail. I ngach cás a phléitear ina leabhar, tá pobail eitneacha tar éis gluaiseacht pobail nó sóisialta a bhunú, pobal-bhunaithe ach le tacaíocht ón dtaobh amuigh, chun cothromaíocht a bhaint amach don bpobal san. Dá bharr san, a deir Riggins, caithfear féachaint ar na meáin chumarsáide eitneacha mar pháirt do ghluaiseachtaí sóisialta.[28] I gcás phobal na Gaeltachta, b'iad Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta an gluaiseacht sóisialta, agus b'é RnaG an meán cumarsáide eitneach. Agus

[27] Kuptana, Rosemarie, luaite ag Riggins, 3.
[28] Riggins, 12.

tá tábhacht ar leith ag baint leis na meáin eitneacha, chun tacú leis na aidhmeanna atá ag an ngluaiseacht: "Thus mass media affiliated with social movements are essential for creating and sustaining beliefs in collective goals. The life cycle of social movements and media organisations are intertwined. Media have an impact on a movements' progression throigh its life cycle; in turn the stage of the life cycle influences media viability.[29]

I gcás RnaG agus an Gluaiseacht, tá saolré an dá eagraíocht fite fuaite lena chéile; nuair a bunaíodh RnaG, b'fhacthas é mar bhuaicphointe na Gluaiseachta, agus faoi mar a bhí an raidió ag dul i neart, bhí an Ghluaiseacht ag dul i léig.

Tá tréithe de na meáin bundúchasacha, agus meáin na mionlach eitneach, ag RnaG, go háirithe sa slí inar bunaíodh é. Téarma atá rí-thábhachtach anseo is ea 'Flaitheas na Meáin' (*media sovereignty)* téarma a chum Faye Ginsburg:

> Indigenous media work has become a particularly robust form of contemporary cultural production, expressive of longstanding concerns shared by indigenous people across the planet to gain control over their representations. I think of this as media sovereignty, a term I introduce to describe practices through which people exercise the right and develop the capacity to control their own images and words, including how these circulate. Here, I draw on a classic legal definition of sovereignty as the possession of authority over an area, extending this more typical idea of political authority over a land and populace to the possession of technical, cultural, political and creative control over media produced by indigenous peoples and about their lives.[30]

Bhí flaitheas á lorg ag muintir na Gaeltachta maidir le údarás áitiúil dá gcuid féin, agus trí meán cumarsáide dá gcuid féin. Ní bhfuaireadar an chéad cheann (cé gur bunaíodh Udarás na Gaeltachta i 1979, eagras forbartha a bhí ann seachas údarás áitiúil); le bunú RnaG, fuaireadar flaitheas na meán go pointe áirithe.

[29] *Ibid.*
[30] Ginsburg, Faye: 'Indigenous Media From U-Matic to Youtube: Media Sovereignty in the Digital Age' *Sociologia & Antropologia, Rio de Janeiro,* v.06.03, (December, 2016), 581-2.

3.5 Meáin Mionteangacha

Cé gurb í an Ghaeilge teanga náisiúnta na tíre, de réir an Bhunreachta, is mionteanga í i mbrí phraiticiúil an fhocail .i. ní labhrann ach mionlach í mar theanga laethúil. Thosnaigh an t-éileamh i measc phobail mionteangacha ar seirbhísí raidió dá gcuid féin roimh an Dara Cogadh Domhanda, agus mhéadaigh sí ina dhiaidh; b'fhacthas do ghrúpaí a bhí sáite in athbheochan, nó i slánú, mionteangacha, go bhféadfadh ról nach beag bheith ag na meáin ina bhfeachtais, agus go deimhin gur deacair teanga a bhuanú gan dul i muinín na meán nua. Luann Fishman (2001) an 'fetish' a bhíonn ag gníomhaithe teanga áirithe do na meáin, dar leis, agus gur ró-mhór an mhuinín a bhíonn ag na gluaiseachtaí seo sna meáin. Go deimhin, creideann sé gur mó díobhála ná a mhalairt a dheineann na meáin cumarsáide do seachadadh mionteangacha, toisc oiread sin de na meáin bheith i mór-theanga an tsochaí (na meáin Bhéarla in Éirinn).[31]

Ní ghéilleann gach scoláire leis an léamh duairc seo ar thábhacht na meán do thodhchaí mionteangacha, áfach:

> We should not, however, conclude from this that the media have no role to play whatsoever. To list just four important aspects (which have been commented one by various writers): (1) the electronic media can have an important symbolic role for language communities, a signal that the language and the community are able to cope fully with the contemporary world, rather than being simply part of an outdated heritage; (2) they can provide a real economic boost, including attractive career prospects for young people who want to work in the minority language; (3) they are important in developing a public sphere within a language community which allows a political community to develop and indeed allows the community to develop its own news agenda; (4) they are important in relation to how the community is represented both within itself and to outsiders (both aspects can have significant political and economic consequences). In addition to these points, it is worth reminding ourselves that these days the media are key conveyors of culture (however that complex word is defined) and are important producers of cultural products in their own right. Media in minority languages

[31] Luaite i Cormack, Mike: 'Developing Minority Language Media Studies', https://www.researchgate.net/publication/251511692_Developing_Minority_Language_Media_Studies. Faighte 20/05/2017.

> cannot take the place of language transmission within the family and community, but neither can they be dispensed with, at least not in the kinds of society we have now in Europe.[32]

Is cinnte go raibh ról siombalach ag an raidió do mhuintir na Gaeltachta; teacht na nua-theicneolaíochta go dtí ceantair neamh-fhorbartha (ó thaobh na tionsclaíochta), iargúlta (ó thaobh tíreolaíochta de), agus muintir na Gaeltachta in ann earraíocht a bhaint as; chruthaigh sé fostaíocht ar ard-chaighdeán do dhaoine óga na Gaeltachta; thug guth don bpobal, guth a bhí á mhúchadh ar na meáin Bhéarla; agus thug ardán don bpobal teanga a scéal féin a insint, agus scéalta móra an domhain a insint, ina slí féin.

Leagann Howell béim níos mó fós ar thábhacht na meán cumarsáide i slánú mionteangacha:

> Communication is the essence of culture, and language is the primary symbolic code on which all human communication, be it personal or mediated, is dependent. But a language – any language – must be spoken by people in everyday situations if it is to remain alive. In technologically complex societies, however, interpersonal usage is a necessary but less than sufficient condition for the survival of a language unless it is also disseminated by the prevailing channels of the institutions of mass communication.
>
> It is thus recognized by proprietors of culture and national policymakers in today's world that telecommunications technology can be an ally rather than an enemy in the task of saving minority languages and authentic cultures from extinction. The fact that languages have intrinsic value as the primary source of ethnic identity and cultural expression for groups and individuals alike make their continuation an especially emotional problem for the "stateless nations of the Fourth World" (Mackey, 1979, p.48), those minority cultures that exist within countries but whose ancestral languages are threatened with extinction by the dominant culture of the majority of the national population.[33]

[32] *ibid.*

[33] Howell, Jr., W.J.: 'Minority-Language Broadcasting and the Continuation of Celtic Culture in Wales and Ireland', Stephen H. Riggins (ed.) *Ethnic Minority Media*. London, Sage, (1992).

Ón dtaobh eile den scéal, tráchtar go minic ar ról diúltach na meán i seachadadh mionteangacha, agus an bús a chuireann impiriúlachas cultúrtha le meath teanga:

> Pessimistic perspectives on the relationship between the reproduction of linguistic diversity and electronic mass mediation have even culminated in assessments such as those describing the impact of electronic media on the maintenance of lesser-used languages as "cultural nerve-gas" (Krauss 1992, p.6).[34]

Ach é sin ráite, cuireann Eisenlohr a leithéid sin de thuiscint i gcomparáid leis an tionchar dearfach a féidir na meáin a imirt ar theangacha:

> In contrast, recent work on minority language broadcasting has stressed the potentially helpful effects of using electronic mediation for the maintenance and renewal of such languages. A central concern of the use of lesser-used languages in electronic mediation is not only encouraging language maintenance and revitalization by providing speakers with opportunities to hear and maintain skills in the language, but also is achieving a transformation of ideological valuations of the language so that the lesser-used language is viewed as part of the contemporary world and as relevant for the future of a particular group (Brandt 1988, McHenry 2002).[35]

Is féidir leis na meáin deis a thabhairt d'éisteoirí ard-chaighdeán líofachta sa teanga a chloisteáil agus a chleachtadh. I gcás RnaG, feictear gur thug an raidió ardán náisiúnta d'ealaíontóirí béil áitiúla, seanchaithe, scéalaithe, amhránaithe, filí agus araile. Thug RnaG léas anama don ghné seo den gcultúr dúchasach; tá an t-iliomad trácht ag bailitheoirí béaloidis in Éirinn faoi scéalaí bheith imithe as cleachtadh ar seanscéalta toisc gan aon lucht éisteachta bheith ina dtimpeall, ach le teacht an raidió, fuaireadar ardán níos leithne ná leac an tinteáin.

Níorbh é bás nó beatha na teanga ba mhó a bhí ag dó a ngeirbe do lucht na Gluaiseachta, ach bás nó beatha na Gaeltachta. Cé go raibh éileamh á dhéanamh ag leithéidí Chonradh an Gaeilge agus Glór na nGael ar sheirbhís raidió don nGaeltacht, seirbhís a bheadh ina

[34] Eisenlohr, Patrick: 'Language Revitalization and New Technologies: Culture of Electronic Mediation and the Refiguring of Communities', *Annual Review of Anthropology:* 2004: 33, 23.
[35] *loc. cit.*

dteanga féin, gan amhras, ba thábhachtaí na pobail féin do Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta:

> ..."to their emphasis on *teanga* we opposed our emphasis on *pobal*, maintaining that the language would look after itself if the communities which actually spoke it were stabilised through self-government" (Fennell, *Beyond Nationalism, 141).* Localism was the real goal of Gluaiseacht, and it was the real goal of their broadcast-related campaigns as well. The biggest political success of this localist struggle was the establishment of Raidió na Gaeltachta in 1972.[36]

"It was local radio we wanted", a dúirt duine de bhunaitheoirí na Gluaiseachta, Seosamh Ó Tuairisc, "It was local before it was Irish, in fact it was local and it just happened that the people spoke Irish."[37]

Pé acu gluaiseachtaí náisiúnta Gaeilge, nó gluaiseacht pobal-bhunaithe Gaeltachta, a bhí á éileamh, agus pé acu slánú teanga nó slánú pobal a bhí mar chúis acu, bhíothas ag lorg seirbhís raidió Gaeilge ó bhunú an stáit. Feictear go dtugann craoltóireacht stádas agus dhlistineacht do theanga i súilibh lucht a labhartha, agus is furasta a fheiscint, dar le Howell, cén fáth go gcuireann pobail mionteanga oiread béime ar na meáin cumarsáide.[38] Mar sin féin, tá an baol ann gur bac a bhíonn i seirbhísí neamhspleácha aon-teangacha ar nós RnaG ar ról bheith ag mionteangacha i sochaí dhá-theangach ceart: "Other critics suggested that autonomous services like Raidió na Gaeltachta precluded the Irish language from becoming a living component within a genuinely bilingual culture by making it culturally irrelevant to Anglophones while simultaneously stigmatizing it in the eyes of many speakers of Irish."[39]

Tá an baol sin i gcónaí ann (an geiteóú a luadh níos luaithe) ach fós féin tá áit ar leith faighte ag RnaG i saol na Gaeltachta agus na Gaelainne.

---

[36] White, Jerry: 'Place, Dialect, and Broadcasting in Irish: Plus ça change ...' *Éire-Ireland*, Vol. 50, Nos. 1&2, Spring/Summer (2015), 114.
[37] Luaite i Hourigan, Niamh: *Comparison of the Campaigns for Raidió na Gaeltachta and TnaG,* Irish Sociological Research Monographs, Vol.1, (2001), 28.
[38] Howell, 217-18.
[39] *ibid*, 227.

Mar fhocal scoir, b'fhéidir go bhfuil an téarma is oiriúnaí do RnaG le fáil sa Forógra Eorpach do Mheáin Chumarsáide i bPobail Mhionlaigh, a cuireadh faoi bhráid Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa i 2004:

> Minority community media are often local, sometimes regional or national initiatives. They provide their audiences with essential information, in their own language where appropriate, helping them to participate as equal citizens of their country of residence. They provide a platform for discussion and Exchange within the minority communities as well as between the minority and the majority communities.[40]

Sainmhíniú maith é sin, dar liom, ar RnaG; seirbhís áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, áis eolais ina dteanga féin atá ar chomhchéim leis na háiseanna atá ag pobal an mhór-theanga.

3.6 Stair na Meáin Chumarsáide i bPobail Mhionlacha

Bhí an Ghaelainn le cloistint ar 2RN ón gcéad oíche a osclaíodh an stáisiún, agus bhí an méid Gaeilge a bhí ar an aer ag éirí agus ag titim as san amach. Ach i dtíortha eile, b'annaimhe fós a tugtaí ardán do mhionphobail. Deir Browne go mba chóir go mbeadh raidió níos oiriúnaí, níos fáiltí mar mheán do mhionphobail, go háirithe pobal a thuigtear mar phobal le cultúr atá bunaithe ar ealaín béil, ach níorbh amhlaidh a bhí:

> However, the government authorities in charge of licensing radio stations, much like the larger societies of which they were a part, saw radio as a reflection of those societies. Minority groups indigenous or not, went largely unacknowledged on the airwaves, aside from live performances or recordings of Basque dances, Sami *joiks,* Maori hymn singing, or other forms of music.[41]

Cé gur bhunaigh údaráis chraoltóireachta stáit áirithe fo-stáisiúin le díriú ar grúpaí nó náisiún áirithe (m.sh. bhunaigh an BBC aonaid d'Alba i 1932, do Thuaisceart Éireann i 1934, agus don mBreatain Bheag i 1937), ba leagan áitiúil den mhórchultúr a bhí a chraoladh acu formhór mór an ama, seachas cultúr dúchasach na náisiún san. Thosnaigh stáisiún oifigiúil na hIorua ag craoladh cláracha don bpobal Sami i 1934, ach níor

[40] Luaite i Deuze, 264-5.
[41] Browne (1996), 15.

bunaíodh stáisiún iomlán, a bhíodh ag craoladh ó cheann ceann na bliana, go dtí 1957. Tá an stáisiún fós ag craoladh.[42]

Ba lú fós an méid ama ina raibh teangacha mionphobail le cloistint. 35 nóiméad sa tseachtain d'ábhar i Gàidhlig a bhí le cloistint ar BBC Scotland i 1935, fiú le haonad ar leith chun cláracha a dhéanamh sa teanga úd, agus ní haon ionadh san, ó bhí tuiscint ar leith ag roinnt de stiúrthóirí na heagraíochta úd ar thábhacht na mionteangacha:

> When the BBC's regional director for Scotland wrote to the BBC's director of programs in London, requesting consideration of airtime for broadcast lessons in speaking Scots Gaelic, the latter replied, "I personally disagree with the idea, as I should have thought that it was better not to do anything to stimulate the spread of 'native' languages, at a time when we are doing all we can for the English Language.[43]

Léiriú a bhí anseo, fochoinsiasach nó coinsiasach, ar stádas an Bhéarla mar 'Cló-Theanga Náisiúnta ('National Print-Language')[44] a aistriú ón bpár go dtí na aerthonnta. Bhí teanga amháin (i.e. An Béarla sa chás seo, nó an Chaistílis i Spáinn Franco) le bheith ina teanga náisiúnta, agus bhíothas amhrasach ar feadh i bhfad faoin dtionchar a bheadh ag an iomarca stádais a thabhairt do theangacha eile ar na meáin, ar údarás lárnach an Stáit.[45] Bhí an amhras céanna ar roinnt de phiardaí móra na polaitíochta faoi phobal na Gaeilge, nuair a bhí feachtas ar bun chun RnaG a bhunú, agus é curtha i leith an fheachtais go rabhadar ag iarraidh údarás an stáit a chur ó mhaith.

Ar feadh i bhfad, níor tugadh puinn ardáin don mBreatnais ná don Ghàidhlig ar an mBBC; go deimhin, ba's Éirinn a craoladh an chéad clár rialta i mBreatnais, rud a chuir conach nach beag ar phobal na teanga úd ina dtír féin.[46] Thosnaigh an BBC ag craoladh ócáidí móra na Breatnaise faoin mbliain 1929, ach ní raibh polasaithe daingne i dtaobh craoltóirí

[42] *loc. cit.*
[43] *Ibid.* 16.
[44] Anderson, Benedict: *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism,* Verso, New York, (2016), 37-83.
[45] Féach Shapiro, Michael J.: 'A Political Approach to Language Purism', i Jernudd, Bjorn H. Agus Michael J. Shapiro (eag.), *The Politics of Language Purism,* Berlin & New York, Mouton de Gruyter, (1989).
[46] "It is a rather pathetic comment on the position of Welsh in its own country that the only regular Welsh programme is that given once a week from the Dublin station by the Irish Government." (Luaite ag Howell, 221.)

na Breataine i dtaobh na Breatnaise go dtí lár na 1960í.[47] Go deimhin, is sa bhliain 1977 a bunaíodh stáisiún ar leith do phobal na Breatnaise – *Radio Cymru*.[48]

Gan trácht ar na teangacha dúchasacha in aon chor, bhí údaráis an BBC mall aon aitheantas a thabhairt do réigiún, nó náisiúin, ar leith ina gcuid craoltóireachta:

> The pioneering first four years of radio in Scotland, from 1923 to 1927, in which the BBC founded city stations in Glasgow, Edinburgh, Dundee and Aberdeen, each with their own frequency and programming, was quickly subsumed within the centralizing, London-based agenda of the newly public owned corporation of the late 1920s, driven by its forceful first director-general, Scotsman John Reith, leading to a shared Scottish regional programme service alongside a (then) single, UK-wide, national programme service.[49]

Bhí an dara cogadh domhanda caite sara raibh formhór an ábhair a craoladh ar an BBC in Albain á léiriú in Albain féin, agus bhí na 1970í ann sara seoladh Radio Scotland mar bhealach náisiúnta ar a chosa féin.[50] Bhunaigh an BBC Radio Nan Eilean i 1979, agus deineadh Radio Nan Gaidheal de i 1985.[51] Nuair a féachtar ar na dátaí a bunaíodh na stáisiúin Gàidhlig agus Breatnaise, níor dhein na Gaeil abhus ró-olc agus a stáisiún féin a fháil roimh a mbráithre ceilteacha.

Tar éis cogadh cathartha na Spáinne cuireadh teangacha réigiúnacha ar nós na Bascaise agus na Catalóinise faoi chois, agus níor chualathas a nglór ar na aerthonnta in aon chor; go deimhin, ba ón bhFrainc ar dtús, agus ansin ó Veiniséala, a craoladh seirbhís raidió sa Bhascais fad a bhí Franco i réim.[52] Deir Browne chomh maith, gur tugadh tús áite do theangacha na mórchumhachtaí Coilíneacha sa chraoltóireacht a bhí á dhéanamh san Afraic roimh an Dara Cogadh Domhanda:

> Broadcasting practices in the African colonies and protectorates of the four major colonial powers – France, Great Britain, Belgium, and Portugal – generally

[47] *loc. cit.*
[48] *ibid. 222.*
[49] Garner, Ken: 'We Don't Talk Any More', i Hand, Richard J. & Traynor, Mary (eag.), *Radio in Small Nations: Productions, Programmes, Audiences,* University of Wales Press, (2014), 43.
[50] *loc. cit.*
[51] *ibid. 45.*
[52] Browne (1996), 16.

> favoured broadcasts in the colonial languages in those few colonies where broadcasting was available at all. (Even Nigeria, the largest and most populous of all African colonies, had only a wired radio service, largely rebroadcasting material relaying from London, until 1949.)[53]

Tuigtear anois an tionchar a bheadh ag an gclaonadh seo i bhfábhar teanga na himpireachta ní hamháin ar na náisiúin a bhí á gcruthú de na hiarchoilíní, ach ar na daoine agus ar na pobail iontu. Pléann an údar ó Chéine, Ngũgĩ Wa Thiong'o an fhadhb seo i gcúrsaí litríochta na hAfraice, agus d'fhéadfaí an méid céanna a rá faoi sheirbhísí raidió:

> But the biggest weapon wielded and actually daily unleashed by imperialism against that collective defiance is the cultural bomb. The effect of a cultural bomb is to annihilate a people's belief in their names, in their languages, in their environment, in their heritage of struggle, in their unity, in their capacities and ultimately in themselves. It makes them see their past as one wasteland of non-achievement and it makes them want to distance themselves from that wasteland. It makes them want to identify with that which is furthest removed from themselves; for instance, with other peoples' languages rather than their own. It makes them identify with that which is decadent and reactionary, all those forces which would stop their own springs of life.[54]

Bhí an dara leath den bhfichiú haois ann, áfach, sara bhfuair formhór mór na mionphobail ar fud an domhain guth dá gcuid féin. Fiú i dtír atá chomh tógtha le raidió is atá an Nua Shéalainn,[55] bhí deireadh na 1980í ann sara bunaíodh stáisiún raidió a bhí dírithe ar an bpobal Māori,[56] cé go raibh feasachán nuachta á chraoladh sa teanga sin ó 1942 (5 neomat sa tseachtain!).[57] Bunaíodh dhá stáisiún raidió do bhundúchasaigh Mheiriceá sa bhliain 1971.[58]

---

[53] *ibid.*
[54] Wa Thiong'o, Ngũgĩ: *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature,* London, James Currey, (1986), 3.
[55] Pauling, Brian: 'New Zealand – A Radio Paradise?' i Hand, Richard J. & Traynor, Mary (eag.), *Radio in Small Nations: Productions, Programmes, Audiences,* University of Wales Press, (2014), 61-74.
[56] *ibid.* 70.
[57] Browne, (1996), 17.
[58] *ibid.* 24

Tosnaíodh ar sheirbhís do bundúchasaigh Cheanada sa bhliain 1960, stáisiún a bhíodh ag craoladh i dteanga na nIonúiteach, Ionúitis, ó stiúideo i Montreal[59]. Bhí tacaíocht stát nach beag ag na stáisiúin bundúchasacha i gCeanada:

> By 1972, programming in Inuktitut constituted 17% of the CBC's shortwave service, and the Federal Government introduced its Native Communications Program (NCP), which provided subsidies for Aboriginal media, especially radio. Over the next twenty years, this funding was instrumental in enabling the establishment of over 100 community radio stations providing programming in a multitude of languages, specifically intended for Aboriginal groups in their respective areas.[60]

Faoi na 1990í bhí dhá stáisiún is fiche ar fud na Stát Aontaithe a bhí dírithe ar na pobail bundúchasacha; bhí os cionn céad go leith ceann i gCeanada.[61]

Ba i 1972 a tosnaíodh ar chraoladh cláracha de chuid na mbundúchasach san Astráil, agus tháinig fás nach beag ar earnáil an raidió pobail sa tír sin as sin amach – faoi 2007, bhí 96 stáisiún ag craoladh ábhar bundúchasach san Astráil, agus 80 seirbhís craoltóireachta iargúlta a chraolann an ábhar go dtí na páirteanna is scoite amach den mhór-roinn.[62]

Tá an-chosúlacht ag na réasúin a bhí le bunú na stáisiún seo ar fud an domhan lena chéile, agus le bunú RnaG abhus; míshástacht leis an tseirbhís a bhí á fháil ag mionphobal ós na mór-mheáin cumarsáide, stáit nó eile, míshástacht leis an léiriú a bhí á dhéanamh ar na pobail sin sna meáin, agus eagla roimh an damáiste a fhéadfadh na mór-mheáin a dhéanamh do chultúr, d'oidhreacht agus/nó de theanga na mionphobal:

> Behind much of the impetus for the development of Indigenous media production globally is the fear of further cultural and language loss because of the influence of mainstream media. For most Indigenous people, Western-style media represent a double-edged sword - both a threat and a promise. Although sometimes identified as purveyors of cultural imperialism, media technologies and media practices have the potential to be powerful community cultural

[59] http://www.broadcasting-history.ca/in-depth/history-aboriginal-broadcasting. Faighte 23/10/2017
[60] *loc. cit.*
[61] Browne (1996), 24.
[62] Meadows, Michael: 'Electronic Dreaming Tracks: Indigenous Community Broadcasting in Australia' i *Development in Practice, Vol. 19, No. 4/5 (Jun., 2009),* 516.

> resources to enable activity in the public sphere. Such alternative media practices extend contemporary ideas of the public sphere and democracy. And there is considerable evidence to suggest that Indigenous media producers have appropriated various media technologies to suit their own social and cultural needs ... A key influence on the quest by Indigenous people for media empowerment is a continuing failure by the broader public sphere to cater for Indigenous cultural needs. This has played a central role in the development of alternative media systems - primarily non-profit, volunteer-run, community-based radio and television stations - and, as a result, alternative public spheres, including Indigenous public spheres.[63]

D'fhéadfaí a rá, i bhfianaise an ghearr-suirbhé sin thuas, go raibh na Gaeil ag déanamh maith go leor i gcomparáid leis na mionphobail eile ar fud an domhain, i dtaobh saol na craoltóireachta. Ceann de na príomh-ghearáin a bhí acu maidir leis an tseirbhís a bhí á chur ar fáil ag RÉ dóibh – agus ceann de na príomh-chúinsí le bunú RnaG – ná a laghad Gaeilge a bhí le clos ar RÉ ó thús na seirbhíse. Ach má chuirtear an céatadán d'uaireanta craolta RÉ a bhí ar fáil d'ábhar Gaeilge i gcomparáid, mar shampla, leis an méid Māori a bhí le cloistint ar raidió na Nua Shéalainne, agus méid agus caighdeán an ábhair, feictear gur mó i bhfad Gaeilge a bhí le cloistint. Ina theannta san, bhí RnaG ar cheann de na seirbhísí craoltóireachta de mhionphobail ba thúisce a bunaíodh, cé gur tháinig raidhse seirbhísí dá leithéid ar an aer i ngiorracht cúpla bliain di.

Má fhéachtar ar scéal na craoltóireachta Gaeilge i gcomhthéacs na mionphobal idirnáisiúnta seo, feictear gur mó de chosúlacht atá ag scéal RnaG leosan uaireanta ná lena leithéidí RTÉ nó an BBC. Tá na stáisiúin seo fréamhaithe sna pobail ar a bhfuilid ag freastal, agus gan an pobal ar leith sin, níl ann don stáisiún, agus *vice versa*, go minic. Cé go raibh bunús réabhlóideach le an-chuid acu, mar agóid nó mar ghníomh i gcoinne an *status quo*, tá a bhformhór ag brath ar mhaoiniú agus tacaíochtaí eile ón stáit lárnach chun dul ar an aer.[64] Difríocht suntasach amháin atá idir RnaG agus scata de na seirbhísí craoltóireachta atá ag díriú ar mhionphobail, áfach, is ea go bhfuil RnaG á rith, agus á mhaoiniú, ina iomláine ag an mháthair-stát. Tá an Náisiún Éireannach ag friotháil ar an

[63] *ibid.* 515.
[64] Riggins, 8

Náisiún Gaelach – agus ní hamhlaidh an dá náisiún. Go deimhin, d'fhéadfaí a rá gur RnaG an tseirbhís a nasc na pobail éagsúla atá sa Náisiún Gaelach – muintir na gceantar Gaeltachta, Gaeil na Galltachta agus na Gaeil thar lear – le chéile don gcéad uair. Tá fréamhacha an stáisiúin i ngluaiseacht cearta pobail: "In the early 1970s Irish speakers began to organise for their rights. Well-educated, young native speakers, inspired by the civil rights movement in the USA and Northern Ireland, challenged the inaction and neglect of the state ... they recognized the need for a channel of mass communication in the Irish language and they set about achieving one for themselves."[65]

Bhí na nithe seo ar fad á bplé ar fud an domhain sa tréimhse chorraitheach idir deireadh an dara cogadh domhanda agus tús na 1970í. Féachfar sa chéad caibidil eile ar an tslí inar thuirlingt na ceisteanna úd ar fad sa Ghaeltacht ag deireadh na 1960í, agus conas mar a bhí baint ag seo le bunú RnaG i 1972.

Achoimre: Féachadh ar shochaí na Gaeltachta, na hÉireann agus an domhain sna 1960í, agus an méid a bhí á éileamh ag na grúpaí agus ag na pobail a bhí i mbun agóide ar son a gcearta in Éirinn agus thar lear. Deineadh plé ar thuiscintí na linne maidir le cearta, go háirithe ó thaobh mionlaigh, náisiúin nó grúpaí eitneacha, i gcomhthéacs phobal na Gaeltachta, Deineadh sainmhíniú ar an bpobal sin, agus ar a n-áit i náisiún na hÉireann. Tugadh scéal an raidió eitneach, mionlach agus bundúchasach, mar aon leis na meáin mionteangacha, ag féachaint an oireann aon cheann de na lipéid sin do RnaG.

Na cúinsí inar bunaíodh RnaG a bheidh á bplé sa chéad caibidil eile.

[65] Day, (2013), 215.

4.‘Bhain sé an nimh asam é chlos’: Bunú RnaG

> Mar a chonaic mise an tseirbhís, bhí dhá aidhm aici: córas cumarsáide do mhuintir na Gaeltachta go príomha ach chomh maith le sin, don chuid eile den phobal a bhí ábalta í chloisteáil agus í thuiscint; chomh maith le sin arís, ba chuid tábhachtach í de threalamh cultúrtha an náisiúin chun Gaeltacht agus Gaeilge a chaomhnú agus a leathnú.[1]

Achoimre: *Sa chaibidil seo, díreofar ar bhunú RnaG agus ar an tsochaí as ar eascair sé, ar thréimhse chorraitheach 1960í; Tosnaíodh ag féachaint ar lucht labhartha na Gaelainne mar mhionlach, seachas mar ‘fíor-Éireannaigh Útóipeacha’, agus ar cheann de na cearta a bhí á éileamh ag an mionlach sin; seirbhís raidió ina dteanga féin. Pléifear an hfeachtas leis an tseirbhís a bhunú, an stáisiún raidió ‘bradach’ a bunaíodh roimhe, agus freagraí an Rialtais ar na héilimh sin. Féachfar ar an bplean leis an stáisiún a bhunú, le tuairimí an phobail faoi, agus ceist an cheannasaíochta ar an tseirbhís nua.*

“Ó cheart is éard atá i seirbhís raidió,” a dúirt an ceannródaí i saol na meán Gaeilge, Bob Quinn, sa bhliain 1971, “ná pobal ag comhrá lena chéile ... go bunúsach is barr bisigh teicneolaíochta í ar an *social grapevine.”*[2] Ar an mbun-leibhéal seo, is síneadh ar leac an tinteáin, nó aon áit eile a thagann daoine le chéile chun caibidil agus allagair is ea an raidió. Ón dtaobh eile den scála, faoi mar a deir Ó Gallchóir thuas, is arm cultúrtha in armlón náisiúin atá ann. Is mó ról atá aige i saol na Gaeltachta, agus é anois ar an meán chumarsáide traidisiúnta do mhuintir na Gaeltachta. Ach tá préamhacha na seirbhíse le fáil i ngluaiseacht réabhlóideach shóisialta agus i saol chorraitheach na 1960í.

[1] Ó Gallchóir, Andreas (Iar-cheannaire ar RnaG): ‘An Bhfuil aon Rud le Rá?’, *Comhar* Iml.37 Uimh.3 (1978), 10.
[2] Quinn, Bob: ‘Raidió Pobail’, *Comhar, Iml. 30, Uimh. 5* (1971), 5.

4.1 *Zeitgeist* na Gaeltachta sna 1960í

Bhí ceantair Gaeltachta na tíre ar chuid de na háiteanna b'iargúlta, agus ba mhó faoi mhíbhuntáiste, sna 1960í agus na 1970í. Ag scríobh dó i 2014, agus é ag trácht ar staid Chonamara ach ar bhog sé siar ag tús na 1970í, deir Bob Quinn an méid seo leanas:

> The neglect of Conamara, when I finally settled there, reminded me of Dublin in the 1950s: Fianna Fáil, Fine Gael, and the Catholic church ruled comfortably over unemployment and emigration. Party loyalists proclaimed their allegiance by shouting their votes in the polling booth rather than writing them in secret. It was less of a vote than a proclamation of faith in those three powerful groups that controlled society. The majority political parties and the church enshrined what Franz Fanon referred to as "the national bourgeoisie." No matter what happened—come dungeon, fire, or sword—the post-revolutionary middle class always retains its status and control. Fanon was writing in the context of the Algerian revolution and "the wretched of the earth," but the cap fitted a lot of places.[3]

Bhí tonn na hagóidíochta tar éis an Ghaeltacht a bhualadh faoi dheireadh na 1960í, agus bunadh óg ar fud na Gaeltachta d'iarraidh pobail buana teaspúla a chaomhnú ina gceantair. I gConamara, bhí gluaiseacht ag teacht le chéile a bhí d'iarraidh saol mhuintir na Gaeltachta a fheabhsú, idir chúrsaí geilleagair agus cúrsaí cultúrtha. Bhí an tréimhse seo, dar le White, ar cheann de na tréimhsí ba saibhre maidir le díospóireachtaí i dtaobh gach gné de shaol na tíre:

> This period from the 1960s to the 1980s was rich in terms of activism surrounding bread-and-butter development issue, but it also saw the emergence of a public debate around the relationship between media and culture that was exemplary in its sophistication ... I think that one would be hard pressed to find another period in Irish life that saw an engagement with localism, internationalism, language, culture and the hybridity of national identity defined by a comparable rigour or genuine populism.[4]

[3] Quinn, Bob: 'Conamara Revolution.' *New Hibernia Review 18*, No. 4 (2014): 9-16. https://muse.jhu.edu/ (faighte 12/04/18).
[4] White, Jerry: *The Radio Eye: Cinema in the North Atlantic, 1958-1988*, Wilfird Laurier University Press, (2009), 122.

Bhí an díospóireacht i dtaobh cúrsaí teangan in Éirinn i mbarr réime ag an am seo chomh maith, agus argóint náisiúnta ar bun maidir le ról na Gaeilge i saol an Stáit. Bhí grúpaí ar nós an LFM (*Language Freedom Movement)*, Misneach, agus Conradh na Gaeilge, maraon le polaiteoirí ó gach páirtí, in adharca a chéile maidir leis:

> Tréimhse mhórathruithe i mbeartas teanga an stáit ba ea an tréimhse ó dheireadh na gcaogaidí anuas go dtí tús na seachtóidí. Le linn an achair seo, tháinig athrú ó bhonn ar an mbeartas geilleagrach le foilsiú na straitéise Economic Development i 1958. Ina theannta sin, cuireadh deireadh leis na coláistí ullmhúcháin i 1960; foilsíodh an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge i 1965; agus i 1973 chuir an comhrialtas náisiúnta, agus Dick Burke ina Aire Oideachais ann, deireadh leis an riachtanas a bhí ann pas a fháil sa Ghaeilge le go mbronnfaí pas ar dhalta san Ardteistiméireacht. Ba sa bhliain 1973 freisin a chuaigh Éire isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Mar chlabhsúr ar 'ré an díchuir,' mar a thugann Ó Caollaí (2013: 12) ar an tréimhse seo, chuir Richie Ryan, a bhí ina Aire Airgeadais agus Seirbhíse Poiblí, deireadh le riachtanas na Gaeilge mar choinníoll fostaíochta sa státseirbhís i 1974.[5]

Fiú laistigh de phobal na Gaeilge, bhí aighneas maidir leis an tslí ab fhearr chun an teanga a chur chun cinn. Bhí rud le rá ag an bhfile agus ag an gcolúnaí Seán Ó Ríordáin faoi shochaí na tíre ag an am ina stíl searbhasach féin:

> Tá scoil Dhún Chaoin dúnta. Mar a deir an seanfhocal ní chuireann an chinniúint a cos fúithi. Ach deir seanfhocal eile á shárú go mbuann an imní ar an gcinniúint. Ach níl aon bhlúire imní orainn, sagairt, dochtúirí súl, stáitsheirbhísigh, ollúín ollscoile, ainniseoirí de gach saghas, ná ar ár rialtas mar táimid sámh, sámh ar fad, chomh sámh le diúc. Cad ina thaobh ná beimis sámh? Ná fuilimid go maith as? ná fuilimid inár suí linn féin i leithris bhuirgéiseacha ag ól deochanna bhuirgéiseacha in óstáin bhuirgéiseacha do theaghlaigh bhuirgéiseacha (is gearr ná beidh a malairt le fáil), ag taisteal i ngluaisteáin bhuirgéiseacha, ag éisteacht le raidió agus

[5] Rowland, Hugh: 'An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomóradh 50 bliain an Éirí Amach' *ComharTaighde 2* [idirlíon]. Ar fáil ag http://comhartaighde.ie/eagrain/2/rowland. Faighte 05/11/17.

> le teilifís bhuirgéiseach? In aon fhocal amháin táimid ag dul chun cinn buíochas lenár nDia buirgéiseach agus le Seán Lemass, Laval na hÉireann.[6]

Bhí fathach an tsaoil Ghaelaigh, Máirtín Ó Cadhain tar éis dúshlán na n-eagraíochtaí Gaeilge a tabhairt in óráid a thug sé i Lúnasa na bliana 1969, dar teideal 'Gluaiseacht an Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae':

> Ní féidir an geáitse meath-réabhlóideach féin a shamhalú leis an gConra anois, poblachtóir aithnid eicínt dhá ainmniú, mar dhúshlán, ina uachtarán air. Le blianta anois, mar chomhartha cosanta is dóigh, is ag deasú níos gaire don fhoras is caomhantaí in Éirinn, Cumann Lúthchleas Gael, atá sé.
>
> Múille aimrid í an Chomhdháil. Níor thúsaigh sí tada fós ariamh, fiú an Club Leabhar féin, ach na rudaí mítheoireach. Cuimhníonn cuid agaibh b'fhéidir ar na táinte síniúcháin a cruinníodh ón bpobal ar son na Gaeilge. Is feasach dom gur síos le fána i leithreas a tligeadh na mílte acu ... tá na fáinní ag dul i líonmhaireacht ar chostas na ndaoine in aghaidh an lae – agus an Ghaeilge ag dul chun laige.[7]

Ag trácht dó ar shaol na Gaeltachta féin, seachas ar cheist na teanga, bhí a léamh Marcsach féin ag an gCadhnach ar shochaí Chonamara:

> Mar thar áit ar bhith eile in Éirinn tá an t-idirdhealú aicmeach, an **class distinction,** suntasach sa nGaeltacht. Gheobhadh Marx, Engels, agus Lenin cruthú breá ann ar a ndeimhne gurb iad an ardaicmne agus lucht an rachmais, na **capitalists,** is túisce a thréigeas saíúlacht nó cultúr na muintire. B'ionann na boicht agus lucht na Gaeilge. Bhí an fuath aicmeach seo gríosta ionam i bhfad sul ar léigh mé an chéad fhocal den Chonaolach ná de **Das Capital.** Agus nuair a léigh thuig mé ar an bpointe céard é. Agus tá seo amhala fós.[8]

Is léir go raibh feidhm agus éifeacht le caint an Chadhnaigh, mar go raibh pobal Chonamara ag déanamh beart de réir a briathair, agus ag eirí gníomhach. Mhol sé ágóidíocht, friotaíocht fheidhmiúil, agus gníomhaíocht, agus bhí sé sáite i dhá cheann de mhol agóidí na Gaeltachta le linn na tréimhse seo; an fheachtas le Scoil Dhún Chaoin a

[6] Ó Riordáin, Seán: 'Scoil Dhún Chaoin', *The Irish Times,* 23/09/1970.
[7] Ó Cadhain, Máirtín: *Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae,* Misneach, Baile Átha Cliath, g.d.), 3.
[8] *ibid.* 10.

athoscailt, tar éis de Rialtas Fhianna Fáil í a dhúnadh toisc a laghad leanaí a bhí ag freastal uirthi, sa bhliain 1970,[9] agus feachtas toghchánaíochta na bliana 1969, nuair a rith Peadar Mac an Iomaire mar iarrthóir neamhspleách agóidíochta i nDáilcheantar Ghaillimh Thiar, áit ar fuair sé os cionn 1,500 vóta céad rogha:[10]

> Ní dhéarfa mé faoi anseo ach gur thosnaigh muid gan pinn airgid, gan aon eagar ná aon eagras arbh fhiú trácht air, gan aon eolas againn ar chúrsaí toghacháin, sa Dáilcheantar is duibhe Paisleyúla Fianna Fáil sa tír, gur thug muid linn cuid den Ghaeltacht, gur chuir muid muid féin i gcóin ar bhaile mór na Gaillimhe, gur bhuail muid ceathrar iarrthóirí arb iar-Mhéara ar Ghaillimh duine acu ... Má tá lucht na Gaeilge i n-ann borra le gearáin seachas rudaí faoi Ghaeilge agus fiú cúpla míle vóta a fháil i roinnt Dáilcheantair, beidh sin i n-ann cónardaíocht na gconlán a chur droim ar ais. Tá muid ag súil go dtosó Tír Chonaill, Maí Eo agus Ciarraí ar an gceird chéanna.[11]

4.2. Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta

Bhí muintir na Gaeltachta (nó cuid dóibh, faoi mar a dúirt Ó Cadhain thuas) faighte gníomhach. Ar cheann de na gníomhaíochtaí eile a tarraing airde orthu, bhí bac a cuireadh ar bhád suimint a thabhairt i dtír i gCill Chiaráin le linn stailc náisiúnta na n-oibrithe suiminte sa bhliain 1970: “Chuir muid suas baracáidí thíos ar an gcéibh agus bhí suas le scór leoraí tugtha as ceantar Uachtar Ard leis an tsuimint a thabhairt chun bealaigh. Cuireadh claí trasna an bhóthair agus stop muid iad. Tháinig Gardaí ann agus an Ceannfort Ó Gallchóir i gceannas orthu.”[12]

Léiriú ar cé chomh radacach, agus chomh mór i dtiúin le ceisteanna agus le hagóidí náisiúnta agus idirnáisiúnta is a bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag an am, ab ea agóid seo an tsuimint; bhí grúpaí radacacha eile (leithéidí an People’s Democracy) ag déanamh a leithéid céanna d’agóidí ar fud na hÉireann le linn na stailce, a mhair sé mhí.

---

[9] Féach Ó Snodaigh, Colm: *Dún Chaoin – Oscail an Scoil!,* Coiscéim, Baile Átha Cliath (2017).
[10] *ibid,* 13.
[11] *loc. cit.*
[12] Ó Cuaig, Seosamh, luaite ag Mac an Iomaire, Liam: *Breandán Ó hEithir; Iomramh Aonair,* Cló Iar-Connnacht, Conamara, (2000), 368.

Ach cad a spreag muintir na Gaeltachta, muintir Chonamara sa chás seo, dul i mbun gnímh? Bhí ról lárnach ag Joe Steve Ó Neachtain, Colm Ó Donnchadha agus Tomás Ó Raighne sa Ghluaiseacht:

> D'imigh beagnach chuile duine dhá raibh sa rang liomsa agus mé sa scoil náisiúnta. Sé'n t-aon aidhm amháin a bhí againn, imeacht. Imeacht go Sasana chomh luath in Éirinn is a bhí muid in ann.[13]
>
> B'shin an leatrom ba mhó a chonaic mé dhá dhéanamh, mar bhreathnaigh mé go raibh sé de cheart acusan fanacht sa mbaile, go raibh an cheart acu fanacht ina dtír fhéin.[14]
>
> Is dóithí go raibh baint ag an teanga leis freisin, mar gurb í an Ghaeilge an teanga a bhí ag an gcuid is mó againn, ach is dóigh liom go raibh baint níos mó ag cúrsaí cearta daonna leis ná aon rud eile.[15]

Dos na gníomhaithe pobail a bhí i gConamara ag deireadh na 1960í, níorbh í bás nó beatha na Gaeilge an chloch ba mhó ar a bpaidríní, ach bás nó beatha a bpobail:

> One crucial element of Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta was that its leaders were either uninterested in or explicitly opposed to the nationalist vision of the restoration of the Irish language as the vernacular of the entire country. The movement saw itself as a group of activists trying to make their communities economically and culturally sustainable, not as part of a government plan to transform the nation.[16]

Mar sin féin, ba ceist na teanga (agus an tseana-chnámh spairne faoi chúrsaí teanga sna meáin cumarsáide) a bhí laistiar den gcéad gníomh a dhein an bhuíon seo, nuair a chuadar i mbun agóidíochta ag clár teilifíse de chuid RTÉ a bhí á thaifead as Béarla i gConamara:

> Tháinig suas le seachtó duine le chéile ag Teach Furbo [tigh ósta sna Forbacha, Conamara] Lá Fhéile Pádraig na bliana sin [1969] le hagóid a dhéanamh faoi RTÉ a

[13] Ó Neachtain, Joe Steve, ag caint ar 'Splanc Deiridh na Gaeltachta', scannán le Bob Quinn. Craolta ar TG4, 11/10/2000.
[14] Ó Donnchadha, Colm, *loc. cit.*
[15] Ó Raighne, Tomás, *loc. cit.*
[16] White (2009), 122.

> bheith ag craoladh an chláir 'Quicksilver' i mBéarla as ceantar Gaeltacht. Is iad Peadar Mac an Iomaire agus Pádraig Ó Concheanainn ó Chumann Forbartha Chois Fharraige a d'eagraigh an agóid agus b'as Cois Fharraige formhór a raibh i láthair agus cúpla duine ó Chonradh na Gaeilge in éineacht leo. chuaigh ceathrar den ghrúpa isteach agus chuireadar a míshástacht in iúl, ina nduine is ina nduine, do láithreoir an chláir, Bunny Carr, le linn don chlár a bheith á thaifeadadh ... as agóid na hoíche sin a bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag cruinniú a tionóladh i seanscoil an Chnoic an Domhnach dár gcionn, an 25ú Márta [*recte*. 23ú Márta].[17]

Cé nach as agóid na hoíche sin a bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta na Gaeltachta (bhí sé bunaithe seachtain roimhe nó mar sin[18]), ba é sina chéad ghníomh:

> When the RTÉ quiz show Quicksilver decided to film a special episode in Connemara, a group of local activists vigorously protested this intrusion of Anglophone culture into the culturally sensitive sphere of the Gaeltacht. The demonstration took place on 18 March 1969. Risteárd Ó Glaisne notes that what followed the protest was a large meeting at Cois Fharraige's Scoil an Chnoic on the part of what was then being called "Cumann Cearta Sibhialta na Gaeltachta."[19]

Léirigh an agóid i gcoinne *Quicksilver* an-chuid de na nithe a bhí ag cur tinnis ar mhuintir na Gaeltachta i dtaobh na meán le blianta fada; neamhaird iomlán ar mhianta na muintire i sceidil RTÉ, neamhthuiscint lucht stiúrtha RTÉ ar cheist na teanga, agus an claonadh 'i dtreo Bhaile Átha Cliath' in eagrais stáit. Níos déanaí an bhliain céanna, thug Seosamh Ó Cuaig cuntas ar dhearcadh mhuintir na Gaeltachta i dtaobh soláthar RTÉ:

> Sílim go gcaithfear a admháil go bhfuil dochar mór á dhéanamh ag radio agus teilifis Eireann go shaol Gaelach larchonnachta le blianta anuas. Chriog an dá cheann acu an t-amhránaíocht ar an sean-nós anseo, mar shampla, chabhraigh siad go mór le dul i léig na cuartaíochta agus thacht siad beo beathaíodh na scéalaithe. Níorbh olc an scéal é sin, amach is amach, dá gcuirfidís aon rud

[17] Mac an Iomaire, 365.
[18] Ó Glaisne, 7.
[19] White, (2015), 122.

> fiúntach ach níor chuir; would you believe "Maxwell Smart," "Like Now" agus "The Lucy Show."[20]

Bhí an cruinniú úd i Scoil an Chnoic rí-thábhachtach do bhunú na seirbhíse raidió. Leagadh amach deich gcinn de spriocanna agus d'éilimh a bhí ag Cumann Cearta Sibhialta na Gaeltachta, bhain a bhformhór le cúrsaí geilleagair, fostaíochta, agus ceisteanna sóisialta (ar cheann dos na héilimh bhí 'strainséirí ag fáil urláimh ar a bhfuil fanta ins an nGaeltacht', agus ceann eile a dúirt 'Daoine saibhir ag fáil níos saibhre. Daoine bochta mar a chéile.'[21] (Ní haon ionadh é seo, ó bhí cuid acusan a bhí gníomhach, leithéidí Seosamh Ó Tuairisc agus Colm Ó Donnacha, ina sóisialaithe).[22] Ach ar cheann dos na héilimh bhí go ndéanfaí leasaithe ar pholasaí Gaeilge RTÉ, rud a bhí ag dó gearba ghníomhaithe teanga le fada agus a nochtadh ag agóid *Quicksilver.*

Seo cur síos ar an méid a tharla ag an gcruinniú úd. Pléadh fadhbanna a bhí ag pobal na Gaeltachta i gConamara, idir cúrsaí teangan, easpa seirbhísí bunúsacha (uisce agus easpa fostaíochta srl.):

> Léadh litir ó Dheasún Fennell, fear a bhí tagaithe chun cónaí go Maighinis lena bhean Mary tamall roimhe sin, ag moladh "Údarás Áitiúil don Ghaeltacht" a bheith mar chéad chloch ar a páidrín ag aon eagraíocht nua a bhunófaí. Socraíodh dul ar aghaidh le bunú Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus toghadh coiste. [23]

B'iad na hoifigigh Peadar Mac an Iomaire, Ruaidhrí Ó Tuathail, Pádraig Ó Coincheanann, Tomás Ó Ráighne, Joe Steve Ó Neachtain agus Maidhc Beag Ó Conghaile.[24]

Trí lá in éis an chruinnithe sin, a bunaíodh Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta i gceart, ag cruinniú i nDoire Né, agus leagadh amach ocht gcinn de spriocanna:

---

[20] Ó Cuaig, Seosamh, *The Connacht Tribune,* 17/10/1969, 10.
[21] Ó Glaisne, 7.
[22] Hourigan, (2001), 27.
[23] Ó hÉallaithe, Donncha: '1969: Bliain na gCearta Sibhialta i gConamara' [idirlíon]. Ar fáil ag http://www.coisfharraige.ie/stair-chois-fharraige/1969-bliain-na-gcearta-sibhialta/ . Faighte 04/12/17.
[24] Toghadh na hionadaithe ceantair seo a leanas chomh maith: Joe Sheáinín Ó Tuairisg (Carna); Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin); Tom Conroy (Ros Muc); Josie Gibbons (Camus); Coilmín Tom Ó Donncha (Tír an Fhia); Ruairí Ó Conchúir (Leitir Móir); Willy Pháidín Mac Donncha (An Cheathrú Rua); Micheál Mac an Iomaire (Ros a' Mhíl); Peadar Cháit Ó Conaola (An Tulach); Pat Willy Mac Donncha (Na Minna). Deir Ó hÉalaithe go raibh "sé suntasach nár roghnaíodh an oiread is bean amháin ar an gcoiste de sheisear déag. Ach ba dhaoine óga sna fichidí a bhformhór."

1. Údarás Áitiúil pleanála.
2. Cosc a chur leis an imirce.
3. Deireadh le díol mhaoin an phobail.
4. Aistriú cheanncheathrú na n-eagras (i.e na n-eagras Gaelacha, chun na Gaeltachta.)
5. Tabhairt ar ais na gceart iascaireachta.
6. Plean cuimsitheach oideachais.
7. "Iosrael in Iarchonnachta"
8. Stáisiún raidió do Ghaeilgeoirí.[25]

Bhí tionchar nach beag ag Deasún Fennell ar an dá chruinniú seo, agus ar an ngluaiseacht i gcoitinne.

4.3. 'Iosrael in Iarchonnachta'

B'é Fennell a mhol an éileamh ar stáisiún raidió dos na Gaeil,[26] agus ba leis chomh maith an smaoineamh ar 'Iosrael in Iarchonnachta'. Iriseoir agus fealsúnaí é Fennell, a bhog go Maighnis, Conamara lena bhean agus lena gclann sna 1960í. Thosnaigh sé ag léiriú a chuid smaointe ar shábháil na Gaeltachta agus ar athbheochan na teanga, ina chuid scríbhneoireachta, agus go príomha ina measc bhí a phlean, bunaithe ar chóras *kibbutzim* na hIosraele, chun daoine proifisiúnta in earnálacha éagsúla a mhealladh go ceantar Gaeltachta Chonamara, chun an Ghaeltacht, agus dá bhrí sin an teanga, a neartú:

> Another "Israel" in Connemara and Cois Fharraige is the only change now left to us of reviving Irish. The West Galway Gaeltacht is the largest remaining stretch of virtually continuous Gaeltacht. It contains 12,000 Irish speakers, of whom about 3,000 are children at school. If this goes, the other Gaeltachtaí will go, too, and the Irish revival movement will be a bodiless ghost, visible only at Celtic Congresses. ...
>
> The aim would be to create a prosperous region of towns, ports and open country which derived their wealth largely from manufacturing industry, fisheries, forestry, agriculture, horticulture and trade. ...

[25] *ibid*.
[26] Ó Glaisne, 9, Hourigan, 27.

> The facilities envisaged initially for the area as a whole should approximate to those of three average Irish towns of 7-8,000 population. ...
>
> A central academy of the Irish language is established in the Gaeltacht and An Gúm moves west. A national daily newspaper, subsidised for the first five years, is published there. A radio station transmits RTE's second radio programme (all in Irish) and serves as a local station ... Factories ríse and the new towns grow.[27]

Mhínigh Fennell a aidhmeanna dom i gcomhfhreagras i rith na bliana 2016:

> Sé an mana a bhí agam ag an am sin ná "to make Irish-speaking Iarchonnacht (South Connemara) a representative part of Irish life" (cuid ionadaíoch den saol sin ach í bheith ag labhairt Gaeilge). Bhí trí bhaile 7000 duine le bheith ann, iad áitithe cuid mhaith ag Gaeilgeoirí ag chleachtadh an uile ceird a bheadh "tarraingthe siar" go dtí "Iosrael Nua in Iarchonnacht". Mar chuid den fhís nó scéim sin, stáisiún raidió. (Codanna eile di, mar a tharla, ab ea monarchana nua, ceol nua Meiriceánach, stáisiún teilifíse srl.)[28]

Bunaíodh an grúpa Iarchonnacht '85 chun na haidhmeanna seo a bhaint amach:

> Deireadh seachtaine an 31 Bealtaine go dtí 1 Meitheamh chruinnigh tuairim is 70 duine a raibh suim acu sa scéim ar a dtugtaí "Iosrael in Iarchonnachta" nó "Plandáil Chonnacht" i gCill Chiaráin. Thángamar ann as gach cuid den tír. Bhunaíomar "Iarchonnachta 1985". Chuireamar ráiteas amach a dúirt gurb é:
>
> "cuspóir 'Iarchonnachta 1985' pobal agus saol ar thús cadhnaíochta na haimsire seo a thógáil in Iarchonnachta trí chomhoibriú idir muintir an réigiúin agus cainteoirí Gaeilge a chuirfidh fúthu ann."
>
> Ciallaíonn sé sin bailte nua. Ciallaíonn sé eacnamaíocht atá bunaithe ar dhéantús arsciliúil ar loingeas agus ar iascaireacht – is é sin, eacnamaíocht Iarchonnacht 100 bliain ó shin ach í i bhfoirmeacha agus ar mhodhanna an fichiú haois, ag glacadh sampla ón Eilvéis agus ón Ioruaidh. Ciallaíonn sé údarás áitiúil don réigiún, nuachtán náisiúnta Gaeilge ann, stáisiún raidió, aerfort chun iasc a sheachadadh chun na Mór-roinne. Ciallaíonn sé pictiúrlanna agus scannáin i

[27] Fennell, Desmond: *Iarchonnacht Began,* (1969), 5-9.
[28] Fennell, comhfhreagras leis an údar, 30/11/2016.

> nGaeilge, ospidéal ceantair, gruagairí ban, búistéirí, clódóirí, tithe níocháin, táilliúirí, caiféanna srl. Ciallaíonn sé méadú mór ar dhaonra Iarchonnacht.[29]

Tá iarsma den dtraidisiúntacht agus den nuálaíocht i bpleananna *Iarchonnacht (*'eacnamaíocht Iarchonnacht 100 bliain ó shin ach í i bhfoirmeacha agus ar mhodhanna an fichiú haois'), agus gnéithe áitiúla agus idirnáisiúnta. Deir White faoi Fennell go léiríonn a chuid scríbhneoireachta go bhfaca sé ceist na Gaeilge agus an chultúir Gaelaigh go ginearálta "in a way that was both intensely focused on local issues and constantly but critically looking for international analogies"[30]. Feicimid níos déanaí go raibh an chodarsnacht seo, agus an comórtas seo, idir thraidisiúntacht agus nuálaíocht, idir áitiúlacht agus idirnáisiúntacht, ag croí RnaG in éis a bhunaithe chomh maith.

Seachas bunú RnaG, agus Údarás na Gaeltachta go pointe áirithe (ní haon údarás áitiúil faoi mar a bhí á éileamh ag Fennell agus *Iarchonnacht '85* Údarás an lae inniu, áfach), níor éirigh leo a gcuid aidhmeanna a bhaint amach. In alt a scríobh Fennell i 2016, dúirt sé nach cheap sé féin go raibh aon todhchaí in ann don Ghaeilge mar theanga pobail:

> ... tá a fhios agam nach mbeidh aon Ghaeltacht ann i gceann 10 mbliana nó mar sin – is é sin, nach mbeidh pobal i limistéir tíre na Gaeltachta ag labhairt na Gaeilge mar ghnáth-theanga um an dtaca sin ... Seachas roinnt daoine aonair ní raibh an toil ag muintir na Gaeltachta leanacht orthu ag labhairt Gaeilge, ach a mhalairt. Ba é a mian láidir – ar chúiseanna praiticiúla i measc rudaí eile – ná Béarla a labhairt. Chreid an Ghluaiseacht go dtiocfadh athrú ar an gcás sin leis an moladh agus an gríosú, agus, i ndiaidh bhunú an stáit Éireannaigh, le deontais airgid.
>
> Bhí breall ar an nGluaiseacht.[31]

I gcomhfhreagras leis an údar, dúirt Fennell nach raibh macasamhail raidió Gaeltachta feicthe aige nuair a mhol sé a leithéid. "Ní raibh cloiste agam faoi stáisiún raidió do

[29] Fennell, 1969. Ainmneacha Sheosaimh Uí Chuaig, Cill Chiaráin, agus Séamais Uí Shíocháin, Baile Átha Cliath, atá leis an paimfléad seo.
[30] White (2009), 121.
[31] Fennel, Deasún: 'Bhí fadhb agam agus mé ar Raidió na Gaeltachta an lá eile –ní chreidim i dtodhchaí na Gaeltachta'(https://tuairisc.ie/bhi-fadhb-agam-agus-me-ar-raidio-na-gaeltachta-an-la-eile-ni-chreidim-i-dtodhchai-na-gaeltachta/ , faighte 04/01/2018).

mhionlach teanga ach bhí a fhios agam go raibh stáisiúin réigiúnacha ann i go leor tíortha, Éire san áireamh. Ba chuid é raidió de threalamh sóisialta na haoise."[32]

4.. Saor-Raidió Chonamara

Mhol Máirtín Ó Cadhain a leithéid de sheirbhís ina óráid i 1969: "Is dóigh liom gur cóir cuimhniú ar stáisiún rúnda raidió. Taispeánadh muid gur san aimsir chaite amháin is féidir a bheith ag caint ar útamáil dhall lucht na Gaeilge."[33]

Bhí Seosamh Ó Cuaig, iriseoirí agus gníomhaí ó Chill Chiaráin, tar éis cuairt a thabhairt ar Dhoire an bhliain úd 1969, agus in alt a scríobh sé sa Churadh Connachta i mí Deireadh Fómhair, leag sé amach a phlean do 'raidió bradach' do Chonamara:

> Tá chuid mhaith cainte á dhéanamh na laethanta seo faoi radio bradach, nó "pirate radio," mar a thugtar i mBéarla air, a bhunú in larchonnachta. Radio fíor-Gaelach a bheadh ann; bheadh ceoltóirí, aisteoirí, cainteoirí, srl, as an gceantar ag soláthar ábhair do agus, de réir a chéile, b'fhéidir, dhéanfadh sé freastal ar Ghaeilgeoirí ar fud na tíre ar fad.
>
> Dá mbeadh ceart le fáil bheadh a leithéid bunaithe ag an Rialtas cheana ach ó tharla nach bhfuil ní fiú dúinn a bheith "á gcáineadh go seasc faoi dheis is faoi chlé" mar deir Deasún Fennell. B'fhearr dúinn go mór tosú ag ullmhú agus radio dar gcuid féin a chur ar an aer.
>
> Agus ní rud e sin atá do-dhéanta; féach an fás-aon-oíche a tháinig faoina saor stáisiún radio sna Sé Chontae tamall o shoin. Más buan mo chuimhne bhí ceithre cinn acu ag craoladh seachtain amháin. Bhí, agus neart teicneoirí le fáil, de réir chosúlachta, leis an obair sciliúil a dhéanamh, rud ata neamhghnách nuair a smaoiníonn tú nach bhfuil oiread agus teicneoir amháin dá leithéidí le fáil i nGluaiseacht na Gaeilge sna 26 Contae ná fáil ag an nGluaiseacht ar dhuine ar bith acu in aon áit ar fud an domhain. Má tá, ní fhaca muide fós iad ...[34]

Agus chuir sé síos ar an easpa stáitse do ealaíontóirí dúchais na Gaeltachta, ina dtír féin, san alt céanna: "Díreach le mo thaobh anseo le Elvis Presley ag casadh pop eile ar an

[32] Comhfhreagras leis an údar, 01/12/2016.
[33] Ó Cadhain (1969), 12.
[34] Ó Cuaig (1969). Beidh a thuilleadh faoi caint seo an Taoisigh ar ball.

radio seo againne. Thall i Meiriceá ata Seosamh O hÉanaí as Carna, nach ea. Nach h-iontach go deo na cladhairí iad muintir Chonamara."[35]

Bhí tuiscint ag Ó Cuaig ar thábhacht na craoltóireachta do ghluaiseachtaí agóidíochta agus pobail in Éirinn agus thar lear; an craoladh bradach a dhein an tIRA sna 1940í agus 1950í, agus craolacháin an *Byddin Rhyddid Cymru* (Arm Saoirse na Breataine Bige) sna 1960í.[36] Tá tábhacht leis an gceangal seo idir gluaiseacht Chearta Sibhialta an Sé Contae agus gluaiseacht na Gaeltachta, rud a chuir brú ar Údaráis na linne déileáil go dáiríre le aidhmeanna na Gluaiseachta, seachas iad a fheiscint mar ghrúpa beag imeallach gan chumhacht gan tábhacht:

> But the fact that Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta saw itself as a southern-Irish equivalent of the civil rights movement in Northern Ireland must have given [Taoiseach] Jack Lynch pause … It was becoming clear that the Republic's own embattled minority identified not with the state but with oppressed Northern nationalists whom its government had pledged to defend to the extent that some Unionists feared the Republic would invade Northern Ireland. The late 1960s thus marked the emergence of a movement that identified Irish speakers not as some sort of national essence, but as a minority group, one with the kinds of aspirations and complaints common to such groups worldwide.[37]

B'fhéidir gurb é sin a chur An Taoiseach ar mhalairt tuairim i dtaobh an raidió Gaeltachta. Bhí scoláire innealtóireachta óg ó Chorcaigh, a bhí sáite i raidió bradach sa cathair sin, Mícheál Ó hÉalaithe[38], tar éis alt Uí Chuaig a léamh, agus nuair a bhí sé sa Ghaillimh le cuallacht drámaíochta Choláiste na hOllscoile Corcaigh, thapaigh sé an deis dul i dteagmháil leis an nGluaiseacht d'fhonn raidió bradach a chur ar bun i gConamara. Deir Ó Cuaig:

> Seachtain na Cásca chuaigh Seosamh Ó Tuairisc go Corcaigh gur thug siad aníos Mícheál Ó hÉalaí, a chúntóir Máirtín Ó Duibhir agus an trealamh go léir. I

[35] *loc. cit.*
[36] White (2009), 126.
[37] *loc. cit.*
[38] Ó Glaisne, (1982), 25.

> gcarbhán Uí Thuairisc le taobh mhonarcha Ghael-Linn san Aird a chuir siad fúthu. Tosaíodh ag cur an trealaimh in ord.
>
> Bhí socruithe le fada againn gur i Ros Muc a rachadh an saor-raidió ar an aer den chéad uair. Ba é an áit ba stairiúla é – Ros Muc le linn na Cásca ... An chéad uair a chonaic mé féin Mícheál Ó hÉalaí ní raibh barúil ar bith agam dó: lead óg, éadrom, dathúil ach an ghruaig síos go dtína ghuaillí air agus é gléasta in éadach fíorfháiscithe. Ó, an fíormhac léinn, arsa mise liom féin, cluanaí cinnte, *bluffer.* Ach chomh luath is a chonaic mé ag obair é tháinig athrú intinne orm: ba léir gur rí-chumasach an fear é.
>
> Lean an t-ullmhú sa gcarabhán ar feadh cúpla lá ... ag a sé a chlog a dhéanfaí an chéad chraoladh. Aistríodh an carabhán go sráid Phiarais Uí Ghaora agus tugadh an trealamh ansin. Ag leathuair tar éis a cúig shroich mé an carabhán. Chuaigh mé suas an cnoc agus trainsistear agam. Ansin a chuala mé túschraoladh an chéad raidió lán-Ghaelach sa domhan.[39]

Ba ar an Satharn úd, an 28 Márta, 1970, a thosnaigh Saor-Raidió Chonamara ag craoladh, "ar an tonnfhad mheánach, (1484 KHZ), 202 méadar."[40]

Is cosúil go cuireadh fáilte roimh an tseirbhís nua i gConamara, agus nár chur na Gardaí áitiúla isteach ar an gcraoladh:

> The pirate radio station ... provoked an enthusiastic response in Connemara. None of the activists involved were imprisoned. Although Gardaí were present at almost all Gluaiseacht's illegal protests, they never made an attempt to hinder or prevent their activities. Activists generally attributed this to the sympathetic views of Patrick Gallagher, the local police superintendent and a well known Gaeilgeoir. Ó Cuaig states: "...without Gallagher, there would have been a lot more problems. There could easily have been a baton charge ón a number of occasions".[41]

Deir Hourigan chomh maith, gur thug an raidió bradach deis don nGluaiseacht cur i gcoinne an dá chúis ba mhó a bhí ag na húdaráis gan seirbhís raidió a thabhairt do

[39] Ó Cuaig, Seosamh, *Inniu* 11/12/1970, luaite in Ó Glaisne (1982) 27-29.
[40] Ó Glaisne, (1982), 29.
[41] Hourigan, 34.

mhuintir na Gaeltachta; an costas a bheadh ar a leithéid de sheirbhís, agus an easpa daoine cáilithe sa Gaeltacht chun a leithéid de sheirbhís a rith.[42]

Dar le Day, bhí tionchar nach beag ag an Saor-Raidió ar an nGluaiseacht féin agus ar an bpobal Gaeltachta:

> This [i.e. bunú an raidió] had a huge effect, proving to themselves and to others that Irish was a suitable language for the modern media. The very act of being on air, as much as the content broadcast, galvanised many who had been complacent and inactive before the pirate broadcasts began, and many new recruits rallied to the civil rights for Irish speakers campaign as a result.[43]

"Ceol, cainteanna agus nuacht is mó a craoladh," a dúirt 'fear amháin a raibh eolas maith ar an eachtra aige' le Ó Glaisne:

> ...chríochnaigh an craoladh leis an gcéad 'outside broadcast' ó raidió Gaeltachta: an tráthnóna deiridh, d'fhógair an raidió go hoscailte cá rabhadar suite (ar an gCeathrú Rua), agus thugadar cuireadh don saol mór chuig "Saor-Chéilí" amuigh faoin aer ... craoladh cúpla uair a' chloig de thogha ceoil agus amhráin. Chruthaigh an craoladh ó thús go deireadh go raibh foireann ar fáil sa nGaelacht a bhí in ann craoladh a stiúrú, agus thar aon rud eile go raibh an-spéis ag an bpobal ina leithéid. Corrtheach i gConamara nach raibh an raidió casta ag 202 acu le linn na laethanta sin.[44]

Stop Saor-Raidió Chonamara ag craoladh arís ar an 5 Aibreán, ach ní raibh a deireadh cloiste fós. Chualathas an raidió arís le linn Oireachtas na nGael i mí na Samhna 1970, ócáid a bhí ar bun i Ros Muc. 'Oireachtas Bradach' ann féin ab ea Oireachtas seo na nGael; bunaíodh an fhéile mar frith-ghníomh i gcoinne Oireachtas na Samhna, a bhíodh ar bun i mBaile Átha Cliath ag Conradh an Gaeilge gach bliain an uair úd. Mheas mórán daoine sa Ghluaiseacht gur ceart féile mór na nGael bheith ar bun sa Ghaeltacht, agus is chuige seo a bunaíodh Oireachtas na nGael.[45] Bhí sé ráite ag Ó Cuaig go mbeadh

[42] *ibid.* 33.
[43] Day, Rosemary: 'Radio and the Irish Language', Howley, K. (eag.) *Media Interventions*, New York, Peter Lang, (2012), 210-224.
[44] Ó Glaisne, 30.
[45] "*Counter-Oireachtas"* a thugann White (2009, 128) air. "*Anti-Oireachtas"* a thugann Bob Quinn (2014, 121) air.

imeachtaí an Oireachtais, agus go háirithe díospóireacht a bhí á eagrú ag an nGluaiseacht féin, á gcraoladh ar Shaor-Raidió Chonamara.[46] Ritheadh an craoladh ó áiléar i siopa Mhíchíl Breathnaigh i Ros Muc,[47] agus cé go raibh scata Gardaí ar dualgas le linn an Oireachtais, agus oibrithe an raidió go feiceálach, níor cuireadh aon stop leis.[48]

Bhí pobal Chonamara tar éis glacadh go fonnmhar leis an tseirbhís nua, agus bhí roinnt cairde acu sna meáin chomh maith:

> The *Tuam Herald* was complimentary, with its correspondent Jim Fahy writing: "The delivery is crisp, clear, and as professional as RTÉ ever produced. News items are punctuated by two-tone chimes (Luxembourg style) … The station goes on the air three times daily—at breakfast time, lunchtime, and in the evening, and has steadily built up an enthusiastic audience from Spiddal to Cashel".[49]

Ach a mhalairt de thuairim a bhí ag an gCuradh Connachtach:

> The rival Connaught Tribune was caustic; in a piece called "The Unheard 'Pirate,'" their anonymous correspondent wrote that "the 'Pirate' operated for six hours per day for eight days on the 202 meters medium-wave band and was meant to have a range of twelve miles. But it is believed that a lack of power and bad equipment—the transmitter cost only £150—resulted in practically no one, except the announcers, hearing the service.[50]

Rud eile a chuidigh le héileamh na Gluaiseachta ar stáisiún raidió Gaeltachta ba ea an líon daoine ó lasmuigh de Chonamara, a bhí i Ros Muc don Oireachtas an deireadh seachtaine úd, a chuala craoladh an tSaor-Raidió. Cuireadh ar a súile siúd go bhféadfadh muintir na Gaeltachta féin seirbhís raidió a rith, ach an seans a thabhairt dóibh.

Bhí tuairimí á nochtadh faoin chineál seirbhíse a bhí ag teastáil ó mhuintir na Gaeltachta, agus ní leagan 'Gaelach' de seirbhís raidió RTÉ a bhí uathu, i bhfianaise na faillí a bhí déanta ag RTÉ ar mhuintir na Gaeltachta ó thaobh na seirbhíse raidió ó bunaíodh an Stát,

[46] Ó Cuaig, Seosamh, *Inniu,* 13/11/1970, luaite ag White (2015), 125.
[47] Ó Glaisne, 51.
[48] *op. cit.*
[49] White (2015), 124.
[50] *ob. cit.*

dar leo. In alt a scríobh Breandán Ó hEithir agus Máirtín Ó Cadhain san *Irish Times* ag deireadh mí Iúil 1970, scríobh Ó hEithir an méid seo:

> Seirbhís nua réabhlóideach a chaithfeas a bheith sa tseirbhís seo do na Gaeltachtaí uile agus don tír fré chéile … Ba mhaith liom go mbeadh an Stáisiún Raidió seo … ní hamháin ag caint le muintir na Gaeltachta agus muintir na Gaeltachta ag caint lena chéile, ach go mbeadh an stáisiún seo ag caint leis an tír fré chéile i dtaobh céard atá sa Ghaeltacht, céard iad fadhbanna na Gaeltachta, cén tábhacht ó thaobh na tíre ar fad fré chéile atá leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge.[51]

I bhFeabhra na bliana dar gcionn, bhí seimineár ag Craobh Shéamais Uí Chonghaile de Chonradh na Gaeilge in Óstán Power's san ardchathair, agus tugadh le fios go neamhbhalbh ná glacfaí le haon stáisiún a bheadh á rith mar pháirt de RTÉ:

> The people of the Gaeltacht will not accept a Gaeltacht Radio under RTÉ. This was stated last night by a spokesman for the Gaeltacht Civil Rights Movement, Mr. Seán Ó Tuairisg ... 'The Gaeltacht Civil Rights Movement would accept technical and financial help from RTÉ if that was forthcoming,' he said, 'but we will not accept a transplant from Henry Street or Donnybrook. The people of the Gaeltacht did all the work towards the establishing of a radio for the Gaeltacht, he claimed. 'We will not allow a group of professional Gaeilgeoirí to take over after doing the work ...[52]

Tá macalla eile anseo den deighilt a luadh cheana idir mhuintir na Gaeltachta agus Gaeilgeoirí; bhí muintir na Gaeltachta tar éis an obair ar fad a dhéanamh, dar le Ó Tuairisg, agus ní ghéillfidís do 'Ghaeilgeoirí Proifisiúnta' RTÉ.

Bhí Bob Quinn den dtuairim gur chóir seirbhís raidió Gaeltachta a bhunú ar mhúnla na stáisiún raidió pobail, ach gan í a fhágaint i 'lámha na bhfógróirí',[53] agus go raibh 'cumhacht morálta agus polaitiúil ag an ndream a rinne an troid ar son na seirbhíse

[51] *The Irish Times,* 30 Iúil 1970, luaite i Mac an Iomaire, 373.
[52] *The Evening Press,* 25 Feabhra 1971, luaite i Mac an Iomaire, 372.
[53] Quinn, Bob: 'Raidió Pobail', *Comhar, 30/5* (Bealtaine 1971), 4-6.

nua'.[54] Léirigh sé léamh spéisiúil ar thuairim na ndaoine i gConamara faoi na faillí a bhí á dhéanamh ag RTÉ orthu:

> Is strainséar mé féin anseo i Ros Muc, ach mura bhfuil dul amú orm níl muintir na Gaeltachta sásta go bhfuil RTE ag comhlíonadh a ndualgais ... ba mhéadú suntasach ar a míshástacht an blas a fuair siad de Shaor-Raidió Chonamara mar ní hamháin gurbh léargas maith é an Saor-Raidió ar an gcaoi ar cheart raidió pobail a bheith, ach lena chois sin, rinne sé smidríní de mhistíc seo na 'proifisiúntachta' atá ag plúchadh na simplíochta is bunchloch do sheirbhís raidió ar bith ... Tá sé soiléir anois gurb é RTE a riarfaidh an tseirbhís nua ... nach íorónta an scéal é nuair a chuimhneofá air – an eagraíocht a rinne a oiread faillí agus gurbh éigean an Saor-Raidió a chur ar bun gurb í a bheidh i gceannas na seirbhíse atá ag teacht.[55]

Fillimid ar an gceist maidir le cé bheadh ag riaradh na seirbhíse raidió Gaeltachta ar ball, ach caithfear féachaint chomh maith ar na grúpaí eile a bhí ag éileamh seirbhís raidió Gaelach ag an am.

4.5. Éilimh Eile ar Sheirbhís Raidió 'Gaelach'

I litir a scríobh Conradh na Gaeilge go dtí an Taoiseach Jack Lynch ag deireadh na bliana 1968, ina bhfuil liosta éilimh i dtaobh na Gaeilge, tá an rún seo a glacadh leis ag cruinniú de Choiste Gnó an Chonradh:

> 2. "Go n-iarrfaí ar an Rialtas mar ghnó práinneach bealach raidió lán-Ghaelach a chur ar fáil chun freastal ar an nGaeltacht agus ar na teaghlaigh Ghaelacha."[56]

I bhfreagra ar rún seo an Chonartha, b'é an t-eiteach a fuaireadar ó Roinn an Taoisigh:

> Maidir leis an rún go gcuirfí bealach raidió lán-Ghaelach ar fáil chun freastal ar an nGaeltacht agus ar na teaghlaigh Ghaelacha, níl a leithéid de bheartas i gceist in aon cheann de na moltaí a rinne an Coimisiún Um Athbheochan na Gaeilge faoin bhfuaimchraoladh. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí iarracht níos daingne an dátheangachas a chur i bhfeidhm sna cláir i gcoitinne ... tugtar faoi deara nach

[54] *ob. cit.*
[55] *ob. cit.*
[56] Litir ó Dhonnchadh Ó hAodha, Leas-Rúnaí, thar cheann Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge, go Seán Uasal Ó Loingsigh, An Taoiseach, (30/12/1968). An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.

> bhfuil aon argóint nochtaithe ag an gConradh ag treisiú lena dtuairim. Ar cuireadh san áireamh go bhféadfadh stáisiún mar é éifeacht na Gaeilge sa sceideal ginearálta a laghdú agus nach mbeadh cothromaíocht cheart idir na cláir don Ghaeltacht agus iad siúd don Ghalltacht? Dhealródh an scéal gur fearr fanacht i mbun na meán fuaimchraolta atá ann faoi láthair agus féachaint le moltaí an Choimisiúin ina leith seo a chur i gcrích. Is féidir riaradh ar mhuintir na Gaeltachta sa sceideal sin d'réir mar is gá in áit dul i mbun stáisiúin nua nach móide go n-éireóidh leis.[57]

Ba léir nach raibh suim ag an Taoiseach ná ag a oifigigh i seirbhís Ghaeltachta a chur ar bun ag an am.

Scríobh Coiste Práinne na Gaeilge, brúghrúpa bunaithe i gCorcaigh a bhí tar éis bualadh leis an Taoiseach Jack Lynch (1917 – 1999) cúpla babhta, chuig an Aire Post agus Teileagrafa ar an 14 Aibreán 1970 agus seirbhís raidió do phobal Gaeltachta na Mumhan á éileamh acu:

> A Chara,
>
> Deallraíonn sé nach bhfuil sé i gceist ag R.T.É Stáisiún Gaeilge a chur ar fáil go luath agus chomh maith sin, dealraíonn sé nach bhfuil an Taoiseach sásta aon rud a dhéanamh ina thaobh, d'ainneón a ghealliúintí.
>
> Ar an ábhar sin ba mhaith le Coiste Práinne na Gaeilge ceadúnas craoladh a lorg uait chun seirbhís radio a chur ar fáil do phobal Gaeltachta na Mumhan.[58]

B'é an t-eiteach a fuair an coiste, áfach; i bhfreagra a seoladh chucu, dúradh nach bhféadfaí cead a thabhairt d'aon dream eile, seachas RTÉ, seirbhís chraolacháin a bhunú, faoin Acht um Údarás Craolacháin, 1960.[59]

Ag an am céanna, bhí éileamh á dhéanamh ag an Coiste Práinne céanna, chun 'craolachán a chur ar an aer i gCorca Dhuibhne', i litir a sheol Rúnaí chraobh Chorca Dhuibhne,

[57] Freagra (gan ainm), An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[58] Litir ó S. Ruiséal, , Rúnaí, Coiste Práinne na Gaeilge, dtí'n Aire Poist agus Teileagrafa, Patrick Lalor, (le cóip go Seán Ó Loingsigh, An Taoiseach), (14/04/1970). An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/69.
[59] Litir ón Roinn, sínithe ag A. MacGiolla Íosa, (22/04/1970). An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/69.

Pádraig Ó Séaghdha, ó Bhaile an Fheirtéaraigh, go dtí an Taoiseach, ar an 9 Aibreán. B'é an freagra céanna a fuarthas.[60]

An bhliain roimhe sin, scríobh coiste Ghlór na nGael i Luimneach dtí'n Aire Poist agus Teileagrafa, Erskine Childers, ag tabhairt tacaíochta don ráiteas 'go rabhthas ag cuimhneamh ar stáisiún radio faoi leith a chur ar bun do Muintir na Gaeltachta'.[61] Ní heol dom go bhfuarthas aon fhreagra ar an litir seo.

Scríobh Ógras Chorcaí meabhrán fada go dtí an Taoiseach i mBealtaine na bliana 1970, agus é sínithe ag 978 duine,[62] agus i measc na seacht n-éileamh bhí, 'go mbunófaí stáisiún radio agus teilifíse lán-Ghealacha [sic.] láithreach.' Bhí freagra ábhairín níos dearfaí le fáil acusan ar a n-éileamh;

> Mar is dóigh gur eol díbh, iarradh ar Radio Telefís Éireann tuarascáil a sholáthar arbh fhéidir stáisiún fuaim chraolta faoi leith a bhunú chun freastal ar an nGaeltacht go háirithe agus ar chainteoirí Gaeilge i gcoitinne. Tuigtear nach fada go mbeidh toradh an scrúdúcháin ar fáil.[63]

"Ní daoine as Corcaigh amháin," a deir Ó Glaisne, "a shantaigh plé leis an Taoiseach:"

> Tháinig scata daoine as Gaeltacht Chorca Dhuibhne aniar chun dul ag caint leis faoi raidió Gaeilge a bheith ann. Is beag an baol ná gur thuig Lynch go raibh uair na hachainí buailte leis ar an cheist sin. Bhí an Ghaeltacht – agus go háirithe Gaeltacht Chonamara – ina dúiseacht. Níor mhór a cur in iúl do Radio Teilifís Éireann gur mhaith leis an Rialtas cur le hiarracht chun raidió Gaeilge a bhunú.[64]

Bhí sé de chuma ar an scéal faoin dtráth sin, go raibh Rialtas Fhianna Fáil, nó roinnt daoine sa Rialtas, meáite ar sheirbhís raidió Gaeltachta a chur ar bun.

[60] An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/69.
[61] Litir ó Róisín De Nas, Rúnaí, go dtí an tAire Poist agus Teileagrafa, Erskine H. Childers, (28/4/1969). An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/69.
[62] Litir ó Roinn an Taoisigh go Rúnaí Príobháideach an Aire Poist agus Telegrafa, 22 Bealtaine 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/70.
[63] Litir ó Ogras Chorcaí, go Roinn an Taoisigh, An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/70.
[64] Ó Glaisne, 12.

4.6. Freagra an Rialtais ar an Éileamh

Faoi mar atá feicthe againn, bhí éileamh ar stáisiún raidió Gaelach, nó Gaeltachta, á dhéanamh ó bhunú an stáit. Luann White, áfach, dhá cháipéis a bhí in ainm is a bheith ina threoir ag an Rialtas i rith na 1960í maidir le hathbheochan na Gaeilge, tuarascáil *An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge* (1963) agus páipéar bán a d'fhoilsigh an Rialtas mar fhreagra air an bhliain dar gcoinn – *Athbheochan na Gaeilge.* Níor luadh stáisiún lán-Ghaelach ná stáisiún Gaeltachta in aon cheann den dá cháipéis, cé gur tugadh le tuiscint iontu go raibh RTÉ le leasú.[65]

I gcáipéis oifigiúil eile ós na 1960í, sin tuarascáil faoin Pháipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge 1966-1968, luadh go rabhthas le hiarraidh ar RTÉ tuarascáil a chur ar fáil chun ceist na seirbhíse raidió don nGaeltacht a iniúchadh.[66] Is cosúil go raibh comhráití neamh-fhoirmiúla ar bun idir na ranna Rialtais éagsúla agus RTÉ le linn 1968 faoin cheist. I litir ó J.O Maloney[67] RTÉ go dtí an Roinn Poist agus Teileagrafa ar an 11 Nollaig 1968, dúradh gur moladh 'neamheacnamaíoch' ab ea é stáisiún craolta fuaime, agus na stiúideonna cuí, a bhunú don nGaeltacht san Iarthar, agus go raibh tosaíochtaí eile ag Údarás RTÉ:[68]

> At the present time, the forward plans of the Authority insofar as extension of the broadcasting network is concerned are being concentrated on improving the reception from our existing medium wave transmitter in Athlone … These improvements are part of the exercise of our national obligations as distinct from the mainly regional considerations involved in the proposal mentioned in the report.[69]

Níorbh aon cheist náisiúnta d'údar na litreach seo stáisiún raidió Gaeltachta. Ina theannta san, dhein sé tagairt do stiúideo soghluaiste a bhí beartaithe ag RTÉ, a oirfeadh níos fearr dos na ceantair Ghaeltachta:

> We are, at present, in the process of purchasing a mobile radio studio which we will use substantially for provincial programming, mainly along the western seaboard. This studio, you can take it, will cater in large measure for the

[65] White (2009), 123-4.
[66] Ó Glaisne, 12.
[67] Is dóichí gur Oliver Maloney, Stiúrthóir Pearsana RTÉ ag an am, a scríobh.
[68] An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[69] *ob. cit.*

> broadcasting needs of the Gaeltacht areas and some of the radio programming will, in fact, be taken from these areas.[70]

Cúpla lá ina dhiaidh sin sheol Leas-Príomh Stiúrthóir RTÉ, John Irvine, litir níos cuimsithí, ach chomh diúltach céanna, go dtí an Roinn Poist agus Teileagrafa. Dúradh sa litir gur córas VHF ab fhearr a d'oirfeadh dona leithéid de sheirbhís, nach raibh fiú leathchéad míle gléas raidió VHF sa tír, agus go gcaithfí an cheist a chur faoi líon na n-éisteoirí a bheadh ag seirbhís dá leithéid. Tugadh figiúirí scanrúla maidir leis an gcostas a bhainfeadh lena leithéid a bhunú agus a rith:

> We would also find it difficult to give you more than rough figures of the capital and recurring expenditure that would be involved. We would be surprised, however, if a service of the kind envisaged could be set up at a capital cost of less that £½ million, which figure could possibly be more. It is unlikely that the running cost would be less than £300,000 per annum ... a consequential question would arise, as to the effect such a service would or should have on our existing primary service...[71]

Drogallach go maith a bhí údaráis RTÉ faoi, is cosúil. Níor shásaigh an dá litir úd an Rialtas, áfach, agus i bhFeabhra na bliana 1969 chuir Rúnaí Roinn na Gaeltachta, Liam Tóibín, litir go dtí Ard-Stiúrthóir RTÉ, Tom Hardiman, ag cur in iúl go raibh sé i gceist ag an Rialtas a fhógairt 'go luath', go mbeifí "ag iarradh ar Radio Teilifís Éireann tuarascáil a sholáthar féachaint arbh féidir stáisiún fuaimchraolta, leis na stiúideoanna is cuí, a bhunú san Iarthar chun freastal ar an nGaeltacht go háirithe agus ar chainteoirí Gaeilge i gcoitinne."[72] Bhí RTÉ den dtuairim go gcaithfí seirbhís iomlán breise a bhunú chun an t-éileamh seo a shásamh:

> It was understood that RTÉ had come to the conclusion that the question put to them could be answered affirmatively only by providing a second national service and the only way of providing this quickly was to provide special Irish programmes in the VHF service. RTÉ's plans for a second service on VHF depend not only on the Minister's sanction but also on approval of the increased licence

[70] *ob. cit.*
[71] An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[72] *ob. cit.*

> fees. An alternative possibility which had been mentioned and was being looked at was the provision of small local stations operating on short range medium wave transmitters. RTÉ does not see serious difficulty in this provided the necessary finances were made available.[73]

Bhíothas ag bogadh i dtreo na stáisiún beaga áitiúla seo, ach ní raibh aon deabhadh ar RTÉ an tuarascáil seo a sholáthar. In Aibreán na bliana úd 1969, ag preas ócáid faoi bhuiséad na bliana, dúirt an Aire Airgeadais, Charles Haughey, go raibh £0.7m á chur ar fáil d'Údarás RTÉ le tabhairt faoi fhorbairt stiúideo soghluaiste fuaime agus chun ionaid raidió áitiúla tuaithe[74] a bhunú. Dhearbhaigh RTÉ go rabhadar meáite ar a leithéid a bhunú sa Ghaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i Sligeach. 'Ionaid raidió gan aon duine ina mbun' a thugadar orthu seo.[75]

Fuair an Rialtas freagra ó RTÉ i mí Deireadh Fómhair 1969, cé nach tuarascáil iomlán a bhí ann. Scríobh Príomh-Stiúrthóir RTÉ Tom Hardiman litir go dtí Liam Tóibín, Rúnaí Roinn na Gaeltachta, a leag amach an scéal maidir le seirbhís raidió Gaeltachta agus Gaeilge, faoi mar a b'fhacthas d'údarás RTÉ é. Faoi mar a bhí nuair a fiosríodh an scéal sna 1940í, fadhbanna ba mhó a cuireadh in iúl:

> Dá mba cheist í seo a bhain le seirbhís teoranta Ghaeilge do na ceantracha Gaeltachta sa réigiún thiar amháin den tír, bheadh an fhadhb níos simplí. Ach de réir théarmaí na tuarascála éilítear go gclúdódh an tseirbhís náisiún agus go mbeadh éifeacht fhiúntach ag baint léi ó thaobh réim an tsoláthair agus raon an tarchurtha ... Is ceist réasúnta mór í seo agus is oth liom nach rabhamar in ann í a scrúdú go an-mhion. Ar scor ar bith, bheadh an costas caipitil a bhainfeadh le stiúideonna agus gréasán náisiúnta tarchurtha agus ceangail a chur ar bun le seirbhís éifeachta Ghaeilge a sholáthar ar bhonn náisiúnta, bheadh sé mór go maith. Bheadh ionadh orainn dá mbeadh an costas níos lú ná leathmhilliún punt ... d'fhéadfadh costais reatha, ús agus dímheas san áireamh, déanamh suas

[73] Eolas Breise a tugadh don Aire Poist agus Teileagrafa, Patrick Lalor, tar éis don dTeachta Dála do Chiarraí Theas, Michael Begley, ceist Dála a chur faoi bhunú Stáisiúin Raidió don Ghaeltacht, ar an 26 Feabhra 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[74] 'Provincial' an téarma a úsáideadh.
[75] 'Unattended Radio Centres.' Eolas Breise, An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.

> timpeall ceathrú milliún punt sa bhliain ach d'fhéadfadh an tsuim seo athrú de réir an tsoláthair a éileofaí.[76]

I dteannta na ndeacrachtaí airgeadais, dúirt Hardiman gur beag duine go mbeadh teacht acu ar an tseirbhís, dá gcraolfaí ar an-ardmhinicíocht é, mar nach raibh níos mó ná leathchéad míle gléas dá leithéid sa tír. "Níl aon eolas againn faoi líon na ngléasanna VHF sna teaghlaigh Ghaeltachta," a dúirt sé, "ach is ródhócha gur beag é an líon daoine a bhfuil a leithéid acu."[77] I ndeireadh na dála is é a bhí á mholadh aige, in ionad seirbhís iomlán Gaeilge/Gaeltachta, ná 'mír rialta laethúil Ghaeilge a chur mar chuid den pháirtseirbhís bhreise náisiúnta ar VHF atá á scrúdú cheana féin":

> Táimid ag smaoineamh ar mhír laethúil ó 6.45pm go 7.45pm dar teideal 'Glór na Gaeltachta', ina mbeidh irischlár nuachta, cúrsaí reatha agus dréachta liteartha agus ealaíonta. Measaimid go gcosnódh an mhír seo timpeall £30,000 sa bhliain agus bheadh súil againn go bhféadfaí an chuid is mó di a thógáil as stiúideo i nGaillimh ...
>
> Ag cur gach taobh den scéal san áireamh ceapaimid gurb é an rud ab fhearr a dhéanamh faoi láthair ná díriú ar fhorbairt pháirtseirbhíse breise náisiúnta raidió ina mbeadh mír ar leith rialta as Gaeilge. Is dóigh linn go bhféadfaí an cheist faoin tríú seirbhís náisiúnta, a bheadh ina seirbhís ar leith as Gaeilge, a chur siar go dtí go mbeadh eolas agus taithí thriailte againn ar an dara seirbhís atá i gceist i láthair na huaire.[78]

Sop in áit na scuaibe a bhí á mholadh ag RTÉ, agus an tseirbhís iomlán raidió Gaeilge/Gaeltachta á cur ar an méar fhada.

Níor shásaigh litir seo Hardiman an Rialtas, áfach. Sheol Rúnaí Roinn na Gaeltachta, Liam Tóibín (1920 – 2003), freagra go Hardiman thar cheann Aire na Gaeltachta, George Colley (1925 -1983), agus léirigh sé an míshástacht seo go neamhbhalbh:

> Is le tuarascáil iomlán a léireodh gach gné den scéal a bhíothas ag súil. Mar shampla, dá bhfaighfí amach go mbeadh costas an-ard ag gabháil le stáisiún dá leithéid sin ... bhíothas ag glacadh leis go rachadh RTÉ ar aghaidh chun eolas a

[76] *op. cit.*
[77] *op. cit.*
[78] *op. cit.*

> thabhairt mar gheall ar stáisiúin bheaga áitiúla. Beifear faoi chomaoin agat, mar sin, ach tuarascáil níos iomláine a sholáthar a luaithe is féidir ina léireofar an ghné sin den scéal – agus aon ghné eile ar dóigh le RTÉ gurbh fhiú cur síos uirthi.
>
> Ní miste a lua nach léir don Aire go bhfuil baint ag páirtseirbhís breise náisiúnta VHF leis an scéal seo – go háirithe más i mBéarla is mó a bheadh sí.[79]

Ag an am céanna, bhí rún sceite ag Pádraig Ó Raghallaigh (1924 – 1999), Ceannasaí Chur i Láthair RTÉ (agus a bheadh ina chéad-Ceannaire ar RnaG), maidir le pleananna RTÉ agus an Rialtais. Ag cruinniú a bhí ag an eagras forbartha Pobail Muintir na Tíre in Áth Liag ag deireadh mhí Deireadh Fómhair 1969, dúirt an Raghallach leis an tslua go raibh RTÉ leis an dara seirbhís raidió a chur ar bun ar VHF. Phioc na meáin Ghaelainne agus Béarla suas an scéal láithreach bonn:

> Faoi dheireadh na bliana seo chugainn, beidh freastal á dhéanamh ag RTÉ ar phobal an Iarthair le cláir fhuaim-raidió ó Ghaillimh. Nocht Pádraig Ó Raghallaigh, Ceannasaí Chur i Láthair RTÉ, an méid sin le linn na Seachtaine Forbartha a d'eagraigh Muintir na Tíre in Áth Liag an tseachtain seo thart.
>
> Dúirt sé go gcosnódh an tseirbhís seo (VHF) milliún punt lena bhunú agus ceathrú milliún sa bhliain lena reachtáil. Chraolfaí cúig huaire a chloig de chláir gach oíche agus bheadh uair de sin ar a laghad i nGaeilge.[80]

Tuairiscíodh san *Evening Herald* go ndúirt Ó Raghallaigh go raibh staidéar cuimsitheach déanta ag RTÉ ar an cheist, agus mar thoradh ar an scrúdú seo, "it has been agreed to proceed with the institution of a second VHF service (radio).[81]

Ní mó ná sásta a bhí lucht RTÉ, ná foireann na Roinne Poist agus Teileagrafa, leis an ráiteas seo. I gcomhfhreagras idir Micheál Ó Máille, ón Roinn, agus Leas-Ard-Stiúrthóir RTÉ, John Irvine, bhí soir siar maidir le caint an Raghallaigh. Ar an 2ú Nollaig scríobh an Máilleach litir go Irvine, ag fiafraí conas mar a tharla sé gur deineadh a leithéid de ráiteas. Tar éis do freagra a fháil nár shásaigh é, chuaigh i mbun pinn arís:

> Dear Irvine,

[79] Litir ó Tóibín go Hardiman, 23 Nollaig 1969. An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[80] 'Seirbhís Radio Don Iarthar', *Inniu,* 5 Nollaig 1969.
[81] 'VHF radio station for West', *The Evening Herald,* 27/11/1969.

> From your letter of 4th December it appears that I have not been very successful in my attempt to worry you about Pádraig Ó Raghallaigh's speech to Muintir na Tíre in Athleague. This is disappointing because I had not expected that it would be necessary to do more than draw your attention to the matter ... As I see it the situation is that one of your department heads, identified as such to his audience and to the press and consequently presumed to be speaking with authority, announced in a prepared speech that a major broadcasting development had been decided on ... In fact, practically everything he said was incorrect, and almost all of it was of its nature likely to involve the Minister in an objectionable way.[82]

Gabh Irvine leithscéal as aon 'náire' a d'eascair as caint an Raghallaigh, agus i litir a seoladh go dtí an *Tuam Herald,* bhíothas ag caint arís ar an stáisiún breise VHF a bhí á bheartú ag RTÉ, agus an soláthar Gaeilge a bheadh á chraoladh air sin:

> We have visualised that the output of this channel would be primarily in the categories of good music, plays, speech features and news. We have also visualised that it would include a regular 60 minute daily Irish language segment which, without diminution in the Irish language content of the primary service, would be of interest to Irish speakers not only in the Gaeltacht but in the country as a whole. It is this segment which we would see as being as being provided from studios in the West of Ireland.[83]

Bailithe go maith a bhí an tAire Poist agus Teileagrafa, Patrick Lalor, leis an scéal seo ar fad. I nóta lámh-scríofa atá i measc na gcáipéisí ón dtráth seo sa Chartlann Náisiúnta, scríobh Lalor gurb é a thuairim féin ná go raibh "this carry-on is disgraceful and confirms the widely held belief in Government circles that there are too many authoritative bosses in RTE. Even the letter to the Tuam Herald, which Irvine claims put the announcement in its perspective is provocative rather than explanatory from my point of view. When and where will they stop?"[84]

[82]Litir ó Mhicheál Ó Máille go John Irvine, 9 Nollaig 1969, An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[83] Litir ó G.A. Redmond, Príomh-Oifigeach Eolais RTÉ, go dtí Eagarthóir an *Tuam Herald,* 9/12/1969. An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[84] Nóta ó Patrick Lalor, 16/12/1969, An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.

San athbhliain, tuairiscíodh san *Irish Independent* go raibh Údarás RTÉ ag 'smaoineamh' ar stáisiún lán-Gaelach a bhunú san Iarthar:

> RTE was considering an all-Irish radio station for the West Galway Gaeltacht – Iarchonnacht and the Aran Islands – to help the language revival, a spokesman for the authority said in Dublin. The Project was at a very early stage of development. The spokesman said that it was not yet possible to give details of the type of station planned.[85]

Bhí na polaiteoirí ag plé ceist an raidió Gaeltachta ag an am chomh maith. Dúirt an tAire Gaeltachta, George Colley, ag Ard-Fheis Fhianna Fáil i mí Eanáir 1970, go raibh sé tábhachtach go gcuirfí stáisiún raidió ar fáil do mhuintir na Gaeltachta,[86] agus chuir Teachta Dála Fhine Gael ón nDaingean, Michael Begley (1932 -2012), ceist Dála ina thaobh an mhí dar gcionn:

> D'fiafraigh **Mr. Begley** den Aire Poist agus Telegrafa (a) an bhfuil sé beartaithe aige stáisiún raidió ar leith a bhunú do mhuintir na Gaeltachta ar a mbeidh na cláir as Gaeilge ar fad, agus (b) cathain a chuirfear tús leis an stáisiún sin.
>
> [1856]**Mr. Lalor:** Iarradh ar Radio Telefís Éireann tamall ó shin tuarascáil a sholáthar féachaint an féidir stáisiún fuaim chraolta faoi leith a bhunú chun freastal ar an nGaeltacht go háirithe agus ar chainteoirí Ghaeilge i gcoitinne. Tá an cheist faoi bhreithniú ag an Údarás faoi láthair ach ní fios cathain a bheidh toradh an scrúdúcháin sin ar fáil.
>
> **Mr. M. O'Leary:** An bhliain seo?
>
> **Mr. Lalor:** B'fhéidir.[87]

Ach bhí an cheist ag dó a gheirbe do Thaoiseach na linne, Jack Lynch, faoin dtráth seo chomh maith. I meamram eolais maidir le comhrá idir duine d'oifigigh RTÉ agus an Taoiseach, a scríobhadh ar an 22 Eanáir 1970 agus an Loingseach ag ullmhú le dul ar an gclár raidió *Cúrsaí Reatha,* luadh moladh spéisiúil ag a mbeadh tionchar nach beag ar bhunú RnaG sna trí mhór-cheantar Gaeltachta:

---

[85] Luaite ag Ó Glaisne, 40.
[86] *op. cit.*
[87] Díospóireachtaí Dála, 26/02/1970, Iml. 244 Uimh. 11, 1855-1856.

> RTE had already plans for a second service on VHF to be provided if they got increased licence fees. This solution even if practicable was, however, unlikely to satisfy Comhairle na Gaedhilge or the Irish interests concerned because, among other things, there were relatively few VHF sets in the country. An alternative possibility which had been mentioned and was being looked at was the provision of small local stations operating on short range medium wave transmitters. RTE did not see serious difficulty in the way of providing a few small local stations say one each in Galway, Donegal and Kerry, provided the necessary finance were made available.[88]

Bhí tuairisc faoi chaint an Taoisigh ar *Cursaí Reatha* sa nuachtán *Inniu* ar an 30 Eanáir 1970, faoin ceannteideal 'B'Fhearr Stáisiún Raidió Beag i nGach Gaeltacht – An Taoiseach', agus cé gur dhein sé tagairt do dheacrachtaí a bhaineadh le tonnfhaid náisiúnta eile a fháil ón gCoinbhinsean Idirnáisiúnta, mhol sé an méid seo leanas:

> Tá slí eile ann, áfach, agus measaim gur féidir linn rud éigin a dhéanamh tríd an meán seo. is é sin, stáisiún beag a chur i ngach Gaeltacht, ar nós stiúideo, agus daoine ón nGaeltacht a fhostú ann, daoine a bheadh eolach ar chúrsaí na Gaeltachta agus a leithéidí sin. Dob fhéidir linn trí stáisiún a bheith againn, ceann sa tuaisceart, ceann san iarthar agus ceann sa deisceart. Tá staidéar á dhéanamh ar an modh sin i láthair na huaire, ach tá ceist eile ann, agus is ceist airgid í. Tá RTÉ ag lorg breis ioncaim agus tá siad ag iarraidh an t-ioncam sin a fháil trí na ceadúnais chraolta a ardú. Níl an cheist sin réitithe fós. Ach tá dea-mhéin anois i ngach áit féachaint an dtig linn seirbhís éigin – agus seirbhís mhaith freisin – a thabhairt don Ghaeltacht agus tá súil agam go n-éireoidh linn.[89]

Deineadh tagairt do mholadh seo an Taoisigh, sé sin go mbunófaí stáisiúin bheaga thiar, thuaidh agus theas, san eolas breise a tugadh don Aire Poist agus Teileagrafa, Patrick Lalor, i bhFeabhra na bliana 1970. Cé gur luadh gur mhol an Taoiseach go mbeadh na stáisiúin seo "operated by Gaeltacht folk, knowledgeable in the ways of the Gaeltacht," dúradh gur dóichí go molfaí an stáisiún a bhunú i mBaile Átha Cliath seachas sa Ghaeltacht: "It is a safe assumption that the results of the feasibility study will be overwhelmingly in favour of location of an all-Irish station in Dublin; that a Galway or

[88] An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.
[89] *Inniu,* 30/01/1970, 2.

other station would have to duplicate a large number of posts and services which in Dublin could be provided from existing staff, and other resources."[90]

Bíodh is go raibh an Taoiseach ag moladh stáisiúin bheaga Ghaeltachta, is léir nach raibh muintir RTÉ ar an intinn céanna leis.

4.7. Éileamh Choiste Raidió Chonamara ar Cheadúnas

Faoin dtráth seo, bhí Saor-Raidió Chonamara ar an aer, agus é léirithe ag an raidió úd go bhféadfaí seirbhís raidió Gaeltachta a bhunú, agus go mbeadh éileamh ag an bpobal ar a leithéid. Tar éis an chéad-chraoladh úd, scríobh Coiste Raidió Chonamara litir go dtí an Aire P.J. Lalor ag lorg ceadúnais craolta:

> Tá imní orainn de bharr moill do Roinne i mbunú stáisiúin raidió neamhspleách Gaeilge i gConamara, agus dá bhrí sin tá stáisiún á fheidhmiú againn féin le seachtain anuas.
>
> Creidimid go bhfuil neamhní déanta againn den chuid is mó de na leithscéalta a bhí agaibh in aghaidh an tairiscint a chuireamar faoi do bhráid roinnt seachtainí ó shin. Tá léiriú doshéanta déanta againn ar cé chomh géar agus a theastaíonn stáisiún feiliúnach don limistéar seo, agus cé chomh mór a d'fháilteofaí roimhe ...
>
> Is é a theastaíonn uainn, stáisiún craolta faoi smacht áitiúil á oibriú go háitiúil, ag foireann áitiúil, agus é faoi stiúrú Choiste Raidió Chonamara. Níor leor linn dá bhrí sin stáisiún á fheidhmiú ag Raidió Teilifís Éireann.[91]

Is cosúil nach bhfuair an Coiste aon fhreagra ar an litir sin. Chuadar i mbun pinn arís, agus chuireadar cáipéis le chéile a leag amach scéim raidió Gaeltachta. Breis agus dosaen leathanach a bhí sa cháipéis, agus deir Ó Glaisne gur "rinneadh scagadh inti ar cúrsaí airgid, ábhar clár agus eile.[92] Seoladh an cháipéis seo go dtí an Aire Poist agus Teileagrafa nua, Gerry Collins, agus cé go ndeir an Glaisneach nach bhfuarthas freagra ar an litir seo ach chomh beag, deirtear an méid seo leanas i gcáipéis sa Chartlann Náisiúnta, a bhí mar eolas breise le freagra ar cheist Dála ón dTeachta Caoimhghín Ó Beoláin, ar an 4 Meitheamh 1970:

---

[90] 'Eolas Breise...'
[91] Ó Glaisne, 34.
[92] *ibid.* 35.

> I litir ón Roinn den 15 Bealtaine dubhradh leis an Rúnaí, Coiste Raidió Chonamara, nach féidir cead a thabhairt d'aon duine ná dream ach Radio Teilifís Éireann seirbhís chraolacháin a bhunú agus a oibriú Dubhradh leis freisin go raibh sé in aghaidh an dlí do Choiste Raidió Chonamara stáisiún d'oibriú le déanaí.[93]

Tá tuairisc tharcaisniúil ar chraoladh Shaor-Raidió Chonamara sa cháipéis céanna: "We understand that the installation was remarkably inefficient if it were using the power claimed in the Committee's letter (650 watts) and would be capable of providing a night-time radial coverage of only one to two miles."[94]

Bhí an cheist maidir le raidió Gaeltachta á phlé sa Dáil ar an 4 Meitheamh. Seo leanas ceist Uí Bheoláin a luadh thuas, agus freagra an Aire air:

> **Mr. Boland:** den Aire Poist agus Telegrafa an bhfuair sé iarratas ar cheadúnas craolta ó Choiste Raidió Chonamara; agus an bhfuil ar aigne aige an ceadúnas a thabhairt.
>
> **Mr. G. Collins:** Níl ar aigne agam ceadúnas a thabhairt. Sé Radio Telefís Éireann an t-aon údarás amháin a thugann an t-Acht um Údarás Craolacháin, 1960, cumhacht dó craoladh a riarú agus a oibriú sa tír seo agus de réir an dlí mar atá sé ní féidir cead a thabhairt d'aon duine ná dream eile seirbhís chraolacháin a bhunú.
>
> **Mr. Boland:** A Leas-Cheann Comhairle, ag éirí as an bhfreagra sin, ó thárla go leagann an dlí faoinar bunaíodh RTE an dualgas ar an údarás sin cuidiú le cúis na teanga, ó thárla go bhfuil an dlí seo á bhriseadh go hoscailte agus go coitianta ag an údarás sin agus ó thárla go bhfuil fonn ar an dream seo seirbhís lán-Ghaelach a chur ar fáil dóibh sin go bhfuil mian acu a leithéid a bheith ann agus go bhfuil cruthú tugtha acu gur féidir leo é sin a dhéanamh, an ndéanfaidh an tAire athbhreith ar an iarratas seo?
>
> **Mr. G. Collins:** De réir mar atá an dlí anois ní féidir liomsa cead a thúirt d'aon duine nó dream eile ach Radio Telefís Éireann seirbhís craolacháin a bhunú agus a oibriú.

[93] 'Eolas Breise', An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[94] *ibid.*

> **Mr. Boland:** A Leas-Cheann Comhairle, ó tharla go bhfuil Cathaoirleach nua-cheaptha don údarás seo, an féidir linn bheith ag súil go gcuirfear iachall ar RTE a dhualgas a chomhlíonadh as seo amach?
>
> ....
>
> **[609]Mr. G. Collins:** Tá ceist faoi sheirbhís raidió don Ghaeltacht faoi bhreithniú ag an udarás faoi láthair agus ní féidir liomsa a thuilleadh a rá go dtí go mbeidh an fiosrúchan críochnaithe ag an gcoiste seo faoi aon rud speisialta don Ghaeltacht.[95]

Meascán den ngnáth-fhreagra maidir le ceadúnais raidió agus léas dóchais maidir leis an tuarascáil a bhí á réiteach ag RTÉ a bhí sna freagraí úd. Le linn an plé céanna, chuir an Teachta Micheál Ó Béaglaoich ón nDaingean ceist eile ar an Aire faoi cathain a chuirfí tús leis an seirbhís raidió don Ghaeltacht:

> **Mr. Begley:** den Aire Poist agus Telegrafa (a) cathain a chuirfear tús leis an seirbhís raidio don Ghaeltacht; (b) cad iad na deacrachtaí teicniúla atá ag cur moille ar an scéim; (c) an mbeidh sé toilteanach daoine ón nGaeltacht a chur ag stiúradh na seirbhíse nuair a chuirfear ar siúl é.
>
> **Mr. G. Collins:** D'inis an tAire Poist agus Telegrafa don Teachta ag tabhairt freagra dhó ar Dháil-cheist ar an 26ú Feabhra 1970 gur iarradh ar Radio Telefís Éireann tuarascáil a sholáthar arbh fhéidir stáisiún fuaim chraolta faoi leith a bhunú chun freastal ar an nGaeltacht go háirithe agus ar chainteoirí Gaeilge i gcoitinne. Níor fritheadh an tuarascáil sin go fóill ach tuigtear dhom gur féidir súil bheith leis go luath. Go dtí go bhfaightear agus go mbreithnítear í ní bheidh mé in ann a thuilleadh eolais a thabhairt faoin scéal.

Bhí idir Airí Rialtais, Coiste Raidió Chonamara agus saol na Gaeilge agus na Gaeltachta ag feitheamh le tuarascáil RTÉ. Ar an 3 Aibreán 1970 sheol Príomh-Stiúrthóir RTÉ, Tom Hardiman, 'buntuarascáil theicniúil faoi cheist radio áitiúil in Iar-Chonnachta' go dtí Liam Tóibín, Rúnaí Roinn na Gaeltachta. Cúig leathanach atá sa cháipéis, faoi dhá cheannteideal – (a) tionscnamh ábhair chláracha; agus (b) clúdach éifeachtach tarchurtha an limistéir seirbhíse atá i gceist.[96] I measc na dtuairimí maidir leis na háiseanna teicniúla

[95] Díospóireachtaí Dála, 04/06/1970, Iml. 247 Uimh. 4, 608-609.
[96] Litir ó Hardiman go Tóibín, 3 Aibreán 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.

agus bonneagair a bheadh ag teastáil don seirbhís Gaeltachta, tá réamh-insint spéisiúil ar an gcineál trealaimh a bheadh ag Clár Reachtairí RnaG amach anseo agus iad ag bailiú ábhair clár i measc na muintire:

> Is léir, áfach, má thionscnaíonn raidió áitiúil an chuid is mó dá ábhar féin mar sheirbhís don phobal áitiúil, gurbh fhearr go leor gléasra soghluaiste tionscnaimh ná mórchuid ghléasra trom do-aistrithe a chruinneofaí le chéile sa stiúideo. Is é an cineál gléasra soghluaiste a fhéadfaí a úsáid ná téipthaifeadáin iniompraithe a bheadh éadrom agus den chéad scoth san am céanna agus bheadh fearais dho-aistrithe sa stiúideo mar ghléasraí oiriúnacha chun eagarthóireacht agus fuaimaistriú a dhéanamh agus chun cláracha a chur le chéile. Ba chóir smaoineamh romhainn freisin ar thionscnamh beo as láithreacha amuigh trí chóras éadrom iniompraithe raidió.[97]

Ní hamháin gurb é sin an cur chuige a bheadh ag RnaG, ach is ar an mbonn céanna a bhíodh aonaid taistil RTÉ ag obair roimhe sin, agus, go deimhin, bailitheoirí Choimisiún Bhéaloideas Éireann.

Ag trácht ar chúinsí teicniúla is mó atáthar sa cháipéis. Deirtear go mbainfeadh costas £50,000 ag baint leis an scéim i gConamara, gur ar bhanda meántonnta seachas ar sármhinicíocht a chraolfaí an stáisiún ar dtús, agus go mbeadh a mhacasamhail céanna le déanamh sna ceantair Gaeltachta eile, le beagán athruithe anseo agus ansiúd.[98] Scála ama 40 seachtain a bhí luaite leis.

I litir a sheol John Irvine go dtí an Roinn Poist agus Teileagrafa ar an 29 Aibreán 1970, luaigh sé gur dóichí go mbeadh tuarascáil á fhoilsiú ag Údarás RTÉ tar éis cruinnithe a bhí beartaithe acu do Meitheamh na bliana úd.[99] An lá céanna, agus é ag trácht ar Thuarascáil Bhliantúil Ghaeltarra Éireann, thug An Aire Tionscail agus Tráchtála, agus Aire na Gaeltachta, Seoirse Ó Colla, óráid uaidh sa tSeanad ar an dtábhacht a bhainfeadh, dar leis, le seirbhís raidió Gaeltachta do shochaí na Gaeltachta ó cheann ceann na tíre:

> Luadh go mba chóir i bhfad níos mó ceangail a bheith idir na Gaeltachtaí. Aontaím go hiomlán leis an tuairim sin. I láthair na huaire taobh amuigh den chomórtas

[97] *ibid.*
[98] *ibid.*
[99] An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

> peile a bhíonn ar siúl idir na Gaeltachtaí ní eol dom mórán caidrimh a bheith eatarthu. Is tábhachtach an rud é an comórtas peile seo ach, ar ndóigh, is gá i bhfad níos mó ná sin a dhéanamh.
>
> Is é an aidhm a chaithfidh a bheith againn pobal ann féin a dhéanamh de mhuintir an réigiúin Ghaeltachta. Chuige sin, caithfidh caidreamh i bhfad níos dlúithe a bheith idir na ceantair éagsúla sa réigiún Gaeltachta. Tá a fhios agam gur gráin le roinnt daoine sna ceantair a bhfuil trácht orthu anseo an focal "Gaeltacht". Is gráin leo é mar le blianta fada anuas tá drochbhlas éigin ag baint leis an bhfocal ina n-aigne. I láthair na huaire táimid ag pleanáil agus ag forbairt ar bhonn réigiúnach in an-chuid bealaí. Cur i gcás, tá an tÚdarás Forbartha Tionscail chun oifigigh réigiúnacha a cheapadh don tír uile. Is é an réiteach is fearr ar an scéal glacadh leis na ceantair Ghaeltachta mar réigiún breise ann féin ina bhfuil fadhbanna eacnamaíochta agus síceolaíochta nach bhfuil sna réigiúin eile.
>
> Níl aon amhras ná go gcuideodh raidió Gaeltachta leis an dlúthchaidreamh a thabhairt i gcrích go luath. Labhair an Taoiseach cheana mar gheall ar an scéal seo. Fiú inniu féin bhí comhchainteanna ar siúl d'fhonn an raidió Gaeltachta seo a chur chun cinn. Raidió a d'fhreastalódh ar na ceantair Ghaeltachta uile—nó an chuid is mó is féidir díobh—ab fhearr liomsa. Ní bheinn i bhfábhar raidió do cheantar amháin Gaeltachta mar nach dtabharfadh sé sin an dlúthchaidreamh atá ag teastáil i gcrích. Mura mbíonn againn ach raidió atá dírithe ar an aon cheantar amháin den réigiún ní chomhlíonfar an aidhm sin. Tig liom a gheallúint go mbeidh raidió Gaeltachta ann chomh luath agus is féidir linn é a chur ar bun. Tá eolas teicniúil faighte againn. Is é an t-aon rud amháin atá á choimeád siar ná socruithe teicniúla agus riaracháin.[100]

Ba mhór an gheallúint é sin ón Aire. Deir ag Glaisneach gur "fháiltigh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltacht roimh fhógra an Aire, agus dúirt gur cheart an tseirbhís a bheith neamhspleách ar Radio Teilifís Éireann."[101] Bhí sé de chuma ar an scéal go raibh rudaí ag gluaiseacht chun cinn.

[100] Díospóireachtaí Seanaid, 29/04/1970, Iml. 68 Uimh. 1, 66.
[101] Ó Glaisne, 35.

4.8 Moltaí RTÉ

Ar an naoú lá de Mheitheamh, sheol Údarás RTÉ tuarascáil go dtí an Aire Poist agus Teileagrafa, Gerald Collins, ag leagadh amach tuairimí an Udaráis faoi sheirbhís raidió Gaeltachta, agus ba léir go raibh feitheamh mhuintir na Gaeltachta ar sheirbhís raidió dá gcuid féin nach mór thart. Sa dara alt, dúradh gurb fhéidir, agus gur chóir, seirbhís raidió Gaeltachta a bhunú:

> The Authority has examined this question and believes that an effective service for Gaeltacht areas can and should be established. It sees such a development as a vital and essential part of the preservation of the Gaeltacht; as the Instrument through which the native Irish speaking communities could share a much greater identity; as the means of expression of their activities, interests and culture; as their authentic voice in the world and a distinctive mark of what the language means in the corpus of national activity. The Irish language would be the distinguishing feature of such a service.[102]

Tá sé spéisiúil gur dhein údarás RTÉ – an foras a bhí ag déanamh leatrom ar chultúr dúchais na nGael ó bunaíodh 2RN, dar le lucht éilimh an raidió – cur síos ar thábhacht seirbhíse raidió Gaeltachta chun teanga, cultúr agus féiniúlacht na muintire a shábháil agus a fhorbairt. Ag úsáid buama neodróin Kuptana mar chosúlacht, tá sé ar nós an dreama céanna a bheith ag leagadh na mbuamaí agus ag tógaint na bhfoscadáin.

Cáipéis chuimsitheach atá sa litir, áfach. Leagtar amach ann uaireanta craolta na seirbhíse ("midday and evening periods of broadcasting initially with the possibility of reaching output of 50 hours a week within a reasonable period of time"). I dteannta gnéithe teicniúla, agus an moladh go mbunófaí lárionad na seirbhíse nua ar an gCeathrú Rua, le fostiúideóanna i gceantair Ghaeltachta Thír Chonaill agus Chiarraí, tá an cineál clár a bheadh de dhíth, dar le húdarás RTÉ:

> The programme content would be related closely to the needs of the Gaeltacht areas and local material would feature prominently in the output of the service. The musical content of the service would be comprehensive and varied whilst affording a prominent place to Irish and traditional music. Speech material would

[102] Litir ó Tom Hardiman go Gerald Collins, 9/6/1970, An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

> include both national and local Nuacht, current affairs, sport and a variety of magazine and other informational programmes. The service would encourage local amateur drama and would have free access to all material broadcast on the national service … it would provide an important focus for Gaeltacht affairs in general and afford opportunities for the Gaeltacht areas to communicate more effectively with each other. It would serve as a forum for the expression and discussion of local aims and objectives. Irish would, of course, be the everyday language of the service. [103]

Luaitear scála ama do bhunú na seirbhíse; bheadh stiúideo agus tarchuradóir tógtha i gConamara laistigh de bhliain, maraon le 3 fheithicil craoltóireachta seachtrach; bheadh stiúideonna agus tarchuradóirí tógtha i dTír Chonaill agus i gCiarraí, agus tarchuradóir eile in Iarthar Chorcaí, laistigh de bhliain go leith; agus bheadh Céim a 3, sin tarchuradóirí i Maigh Eo, Port Láirge, Co. Na Mí agus ar Oileán Cléire, curtha i gcrích laistigh de dhá bhliain. £254,000 an costas iomlán a bhí luaite le bunú na seirbhíse.

Bhí cúrsaí maoinithe i gceist go láidir sa litir; chosnódh sé £43,000 an seirbhís a rith sa chéad bhliain; £57,000 i mbliain a dó; £76,000 i mbliain a 3 agus £86,000 i mbliain a 4. £50,000 a chosnódh an seirbhís sa bhliain as san amach, dá bhféadfaí maoiniú seachtrach a aimsiú do, ach bhí *caveat* leis na figiúirí: “As matters stand, Radio Teilifís Éireann could not find the necessary capital from its own resources.”[104]

Moltar Coiste Comhairleach a bhunú, bunaithe go príomha ar mhuintir na Gaeltachta, “to help to create a sense of participation by local community interests.” Is léir ón gcáipéis gur theastaigh ó Údarás RTÉ a bheith i bhfeighil na seirbhíse:

> 12. The Authority envisages that the provision and operation of the service would be entrusted to it. The service would benefit in a number of important respects from association with Radio Teilifís Éireann and the costs would be lower than might otherwise be the case for a service of a similar range and quality.

[103] *Loc. cit.*
[104] *ibid.*

> 15. The Authority would be glad to receive a licence for the provision of a radio service for Gaeltacht areas on the general basis outlined.[105]

Sceitheadh an t-eolas a bhí sa cháipéis in alt a bhí san *Evening Herald* ar an 11 Meitheamh 1970 – "Plans for a new £250,000 radio station, broadcasting on the medium waveband and serving the Gaeltacht areas, have been given the "go ahead" by the RTE Authority".[106] Tá an alt nach mór focal-ar-fhocal leis an litir, cé go bhfuil giota beag eolais breise ann – foireann seachtar a bheadh ag obair sa stáisiún ar dtús.[107]

4.9 Cinneadh an Rialtais

Cé go ndeir Ó Glaisne "Ar feadh roinnt míonna is beag eile a tharla faoin scéal",[108] bhí an-chuid ag tarlú idir na ranna rialtais agus RTÉ i dtaobh an togra. Bhí litreacha agus moltaí á seoladh soir siar idir RTÉ, Roinn na Gaeltachta agus An Roinn Poist agus Teileagrafa ar feadh roinnt mhaith seachtainí faoi na moltaí. Dhá rud a bhí ag déanamh tinnis do na forais éagsúla; cé a bheadh i bhfeighil na seirbhíse nua, agus cad as a thiocfadh an t-airgead. Bhí sé de chuma ar an scéal go theastaigh ó RTÉ agus ón Roinn Poist agus Teileagrafa gurb iad RTÉ a bheadh i bhfeighil na seirbhíse, ach gur theastaigh ó Roinn na Gaeltachta an cheist seo a chur ar an méar fhada. I meamram a sheol Liam Tóibín, Rúnaí na Roinne Gaeltachta, go dtí a mhacasamhail féin sa Roinn Poist agus Teileagrafa, Máirtín Ó Máille, mhol sé an meamram a bhí bunaithe ar mholtaí RTÉ a chur faoi bhráid an Rialtais, leis an moladh seo leanas: "While the Minister for Posts and Telegraphs favours operation of the service by RTE he has no objection to deferring a decision on that aspect of the matter."[109] B'é an t-eiteach a fuair an Tóibíneach ón Máilleach maidir le ceist an údaráis. I nóta atá sa chomhad céanna, deir an Máilleach:

> I urged that the question whether the new service should be entrusted to RTÉ, or (following fresh legislation) to an outside body, should be decided before any capital works in connection with it are undertaken. Mr. Tóibín did not appear to

[105] *loc. cit.*
[106] Luaite in Ó Glaisne, 55.
[107] Mar a tharlaíonn sé, seachtar Clár Reachtaire a thosnaigh in RnaG an chéad lá.
[108] Ó Glaisne, 56.
[109] Litir ó Liam Tóibín go Máirtín Ó Máille, 24/07/1970, An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

> accept these arguments … If Roinn na Gaeltachta proceed with their submission to the Government, we will submit a counter memorandum.[110]

I litir a scríobh Irvine go Ó Máille ar an 7 Lúnasa, mar fhreagra ar na meamraim a bhí curtha i dtoll a chéile ag an Roinn P&T, leag sé amach tuairimí RTÉ faoin togra. Cáipéis chuimsitheach go maith atá ann, agus léirítear ann an cruth a bhí le bheith ar RnaG amach anseo, agus an bhaint a bheadh ag RTÉ leis:

> 1. ... I would like to say that RTE is most anxious that this project should be approved and proceeded with as early as possible and that it would wish to participate fully in the establishment of the service even though it may not be possible for the present to take a decision on the ultimate responsibility for it.
>
> 3. The entire RTE proposal of 9th June 1970 was founded on the concept of providing a new service which, subject to policies outlined by the Authority, would largely be autonomous in programme operation but with important links with existing RTE programme services particularly for news and music, library and archives, information sources and facilities. In respect of the Technical, administrative, clerical, financial and legal aspects, a close integration with the existing RTE organisation was envisaged.
>
> 5. ... The RTE Authority is strongly in favour of this Project and there is a lot of enthusiasm in the organisation for it. RTE is most anxious to be given the responsibility of providing and maintaining the service and it is confident it would do so with success.
>
> 6. RTE considers that the question of the organisation to be given responsibility for the provision and maintenance of a Gaeltacht radio service should be settled at the same time as the basic decision on the provision of a Gaeltacht service is being taken as this would have an important bearing on decisions that would have to be taken from the very outset ...
>
> 7. It would be a contradiction in terms for RTE to have to find the necessary capital from its own resources for a Gaeltacht service if it did not also have the responsibility for establishing and maintaining it ...

[110] Nóta le Máirtín Ó Máille, 31/07/1970, An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

8. There is also the consideration that legislation would be required to permit any body other that RTE to operate a broadcasting service.[111]

Ba léir go raibh fonn ar údaráis RTÉ tabhairt faoi, agus gur teastaigh uathu smacht bheith acu ar an tseirbhís nua. Bhí an Roinn P&T ar aon fhocal leo; i meamram a chuireadar le chéile don Rialtas ag deireadh na míosa céanna, bhí an alt seo leanas:

> The Minister notes that the Minister for Finance and for the Gaeltacht considers that a Gaeltacht radio service on certain lines proposed by Radio Telefís Éireann should be established as a matter of urgency, but
>
> (a) Proposes to reserve for further consideration the decision as to who should be entrusted with the operation of the service, and
>
> (b) Considers that the capital cost of the service would be met from the resources of Radio Telefís Éireann.
>
> The Minister is unable to accept either (a) or (b) as reasonable.[112]

Bhí tionchar éigin ag meamraim an dá Roinn, mar ag cruinniú Rialtais ar an 9 Deireadh Fómhair 1970, glacadh an cinneadh Raidió Gaeltachta a bhunú, agus tuairimí an dá Roinn curtha san áireamh maidir le ceannasaíocht agus le maoiniú na seirbhíse úr:

> … at a meeting held today, the Government decided that, subject to further consideration of the question of responsibility for the operation of the service, a radio service for the Gaeltacht areas should be established as a matter of urgency … the necessary capital funds not to be provided from the resources of Radio Telefís Éireann, and sufficient funds to be set aside annually from licence fees to cover the running costs of the service.[113]

B'shin an cinneadh a bhunaigh Raidió na Gaeltachta, an dara seirbhís raidió dleathach sa tír, agus an seirbhís a bhí á éileamh le fada ag muintir na Gaeltachta, agus ag na Gaeil i gcoitinne.

---

[111] Litir ó John Irvine, Leas Stiúrthóir Ginearálta RTÉ, go Máirtín Ó Máille, An Roinn P&T, 7 Lúnasa 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[112] Meamram 23807, ón Roinn P&T, don Rialtas, 24 Lúnasa 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[113] Litir Si13756 B, ó Rúnaí Cúnta an Rialtais, 9 Deireadh Fómhair 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

Bhí tuilleadh plé idir an dá Roinn Rialtais maidir le ceist an údaráis, áfach. I gcáipéisí a seoladh idir an dá roinn tar éis chinneadh an rialtais, atá sa Chartlann Náisiúnta, pléitear an cheist go mion. Tugadh le fios do Stiúrthóir Ginearálta RTÉ, i litir a seoladh chuige ar an 6 Samhain, dúradh leis go raibh an Rialtas tar éis an cinneadh a thógaint, agus go mba chóir do RTÉ tabhairt faoi 'scéim deifnídeach' agus meastacháin airgeadais a chur le chéile gan mhoill.[114] Níor luadh ceist an údaráis olc nó maith sa litir; i litir eile a seoladh ón Roinn P&T go Roinn na Gaeltachta ar an 22 Deireadh Fómhair, dúradh "go dtí go gcláraítear an ghné seo den scéal, sé tuairim an Aire nach ceart go gcuirfí in iúl do RTÉ aon eolas faoi bhreith an Rialtais."[115] I ndeireadh na Dála, bhí RTÉ chun tabhairt faoi an obair theicniúil don dtogra, agus bhí ceist an údaráis le cur ar an méar fhada.

D'fhógair an Aire Airgeadais agus Aire na Gaeltachta, Seoirse Ó Colla, go poiblí ar an 26 Samhain 1970 go raibh seirbhís raidió Gaeltachta le bunú:

> It is intended that a full broadcasting service embracing news coverage and a comprehensive Schedule of features reflecting all aspects of the social, cultural and economic life of the Gaeltacht will be provided.
>
> Radio Telefís Éireann has been requested to proceed with the preparation of plans for the necessary capital works and the provision of Technical facilities for the new service ...
>
> It is envisaged that the service will call for the provision of studios at Gaoth Dobhair (Donegal) An Cheathrú Rua (Connemara) and Corca Dhuibhne (Kerry). In addition to the main transmitters in these areas, other transmitters would serve the Gaeltacht areas in Mayo, west Cork, Waterford, and Meath ...
>
> As well as catering for the Gaeltacht areas, the new service is expected to attract a substantial additional listening audience among Irish speakers generally ...

[114] Litir ón Roinn P&T go Príomh-Stiúrthóir RTÉ, 6 Samhain 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[115] Litir ón Roinn P&T go Roinn na Gaeltachta, 22 Deireadh Fómhair 1970. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

> The Government believes that the provision of the radio service will make an important contribution to the social and cultural life of the people of the Gaeltacht as well as playing a part in the economic development of the area.[116]

Tá sé spéisiúil gur luaigh an tAire an focal 'cultural' faoi dhó ina ráiteas. Faoi mar atá feicthe againn, bhí ceist seo an chultúir Ghaeltachta ag dó na geirbe do na hAirí Rialtais, do RTÉ, agus dóibh siúd sa Ghaeltacht agus i measc na nGael i gcoitinne a bhí ag éileamh seirbhís raidió dá gcuid féin.

Cé gur thosnaigh RTÉ ar an obair teicniúla agus infreastruchtúr láithreach, níor ghlac an Rialtas cinneadh faoi cé bheadh i bhfeighil RnaG go dtí lár na bliana 1971. I dréacht meamram a chur an Roinn P&T faoi bhráid an Rialtas i mí an Mheithimh, tugadh le fios gurb é moladh an Aire P&T gurb iad RTÉ a bheadh i gceannas, ach go mbunófaí Comhairle Raidió na Gaeltachta chun ionadaíocht a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta i gceisteanna maidir le sceideal na seirbhíse nua:

> It is proposed that the service should be operated within the framework of the Broadcasting Authority Acts, 1960 to 1971 ... Radio Na Gaeltachta should be clearly seen to be the authentic voice of the Gaeltacht. It is important that its overall policy be strongly influenced by the Gaeltacht people to ensure the development of the service as an expression of the activities, interests and culture of the traditional Irish-speaking communities. It is proposed that a Committee – Comhairle Radio na Gaeltachta – representative of various Gaeltacht areas and interests, would be set up by the Minister ... to exercise close surveillance over the general policy and operation of the service ... The Minister, accordingly, seeks the approval of the Government for the proposal that Radio na Gaeltachta should be operated under the control of Radio Telefís Éireann on the basis generally set out in paragraphs 3 to 5 above.[117]

Glacadh leis an moladh seo ag cruinniú Rialtais agus eisíodh ráiteas á chur seo in iúl ar an 7 Iúil 1971.[118] Fógraíodh post an Cheannaire ar an 16 Iúil, agus fógraíodh na poist do Chlár Reachtairí an mí dar gcionn.

[116] Ó Colla, An tAire Seoirse, 26 Samhain 1970. Luaite in Ó Glaisne, 56-57.
[117] Dréacht Meamram TW. 23807 ó Oifig an Aire P&T, Meitheamh 1971. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[118] An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

4.10 Ceannasaíocht na Seirbhíse

Cén fáth go raibh oiread sin suime ag údarás RTÉ bheith i gceannas ar an tseirbhís Gaeltachta? Cé go ndúradar go mion minic sna blianta roimh bhunú RnaG gurb iad féin ab fhearr chun na hoibre, measann Hourigan go bhfuil fírinne an scéil le fáil sa fás a bhí ag teacht ar stáisiúin raidió bradacha in Éirinn ag an am: "Because of the position of the Gaeltacht and the Irish language in state ideology, the Gaeltacht station was likely to become the first independent local radio to be legalized. It is possible that senior members of RTÉ management sought control, in order to avoid creating a legal precedent for other English language pirate services."[119]

Is cinnte go bhféadfadh bunús bheith leis an argóint seo: dá dtabharfaí ceadúnas do Choiste Saor-Raidió Chonamara an tseirbhís Gaeltachta a rith, cad a stopfadh stáisiún bradach eile i mBaile Átha Cliath, cuirim i gcás, an t-éileamh céanna a dhéanamh? Luíodh sé le réasún go mbeadh fonn ar údaráis RTÉ, agus an Aire P&T, smacht a choimeád ar chúrsaí craoltóireachta, agus gan sampla a leagadh síos dos na stáisiúin bradacha.

Deir Coleman go raibh pátrún feiceálach á leanúint sa cheist seo faoi údarás an raidió:

> Social movements like Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta follow a pattern typical of the relationship between Irish-speakers and the state. The state makes 'symbolic' gestures to the language (e.g. constitutionally recognising Irish as the 'first official language' of the state) which it has to be forced into upholding. Protest consists of embarrassing the state with adverse publicity through the threat or actual practice of autonomous action. The state then attempts to co-opt social activism by creating or assuming control of institutions such as Raidió na Gaeltachta or TG4 (both are administered under the auspices of Raidió Teilifís Éireann, RTÉ, the state broadcasting authority).[120]

D'fhéadfaí a rá, gur le fonn smacht a choimeád ar cheann de na gluaiseachtaí ba radacaí in Éirinn ag an am, trí ghéilleadh do cheann de mhór-éilimh Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ar lámh amháin ach ag coimeád ghrama orthu leis an lámh eile, a

[119] Hourigan, 37n.
[120] Coleman, Steve: 'The centralised government of liquidity: community, language and culture under the Celtic Tiger' i Coulter, Colin & Coleman, Steve: *The end of Irish history?: Reflections on the Celtic Tiger,* (Manchester University Press, 2003), 182.

bhí an Roinn P&T ach go háirithe ag iarraidh bheith i bhfeighil ar RnaG. *Killing Home Rule with Kindness,* i bhfoirm Gaeltachta. Deineadh an rud céanna le hÚdarás na Gaeltachta; cé go raibh údarás áitiúil ar bhonn chomhairle contae nó baile á éileamh, fuarthas foth-roinn stáit, le toghcháin boird, chun íomhá dhaonlathach mar dhea a chruthú. Cuireadh deireadh leis na toghcháin go dtí Bord Údarás na Gaeltachta féin, i 2012.

Ba léir nuair a ainmníodh Comhairle Raidió na Gaeltachta nach raibh fonn ar an Rialtas ardán a thabhairt do na daoine óga radacacha a bhí ag stocaireacht sa Ghaeltacht. Luann Hourigan an easpa feidhme a bhí leis an Comhairle ó thús: "As a subcommittee of the RTÉ authority, the new structure was virtually powerless; nevertheless, Peadar Mac an Iomaire was nominated by Gluaiseacht to Comhairle Raidió na Gaeltachta ... when the 11 names of the new Comhairle were announced, however, Mac an Iomaire was not among them."[121]

Deineadh plé leathan ar an raidió nua sa Dáil ar an 17 Samhain 1971. Mar pháirt d'óráid thar a bheith spéisiúil faoi chúrsaí na Gaeilge agus na Gaeltachta, bhí an méid seo leanas le rá ag Conor Cruise-O'Brien faoin raidió úr:

> Fáiltímid go léir roimh Radio na Gaeltachta agus roimh scéimeanna riaradh a gcúrsaí féin a thúirt do mhuintir na Gaeltachta, más fíor gurab iad muintir na Gaeltachta féin a bheidh go h-éifeachtach i gcumhacht ins na h-eagrasaí nua so. Sin í an cheist a lua mé cheana faoi mhuintir na Gaeltachta féin, gur radio don Ghaeltacht agus don Ghalltacht a bheidh ann agus nach cláracha is dóigh le muintir Átha Cliath a bheadh oiriúnach do mhuintir na Gaeltachta, go mór mhór nach cláracha chun turasóirí a mhealladh nó Gaeilge a mhúineadh don Ghalltacht a bheidh ann ach an treoir a dtuigtear do mhuintir na Gaeltachta a bheadh taithneamhach agus oiriúnach dóibh féin. Chun sin a bheith éifeachtach beidh sé riachtanach dul i gcomhairle, mar a dúirt mé cheana, le muintir na Gaeltachta i ngach Gaeltacht. Tá claonadh ann a bheith sásta gach rud a thúirt do mhuintir na Gaeltachta ach an rud a lorgaíonn siad féin. Ceantar beag gach Gaeltacht agus má

[121] Hourigan, 39. B'iad seo leanas a toghadh ar an gComhairle: Dónall Ó Móráin (Cathaoirleach), Baile Átha Cliath, Pádhraic Ó Neachtain & Tadhg Ó Séaghdha, Conamara, Liam de Búrca, Maigh Eo, Séamas de Brún, Co. Ros Comáin, Cathal Ó Baoill & Micheál Ó Domhnaill, Tír Chonaill, Antoine M. Ó Sé, Corca Dhuibhne, Dónal Ó hÉalaithe, Múscraí, Nioclás Mac Craith, An Rinn, agus Seán Ó Conaire, Co. Na Mí. (Preas-ráiteas ón Roinn P&T, 13/10/1971. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

> tugtar saoirse áitiúil dáiríre dóibh, is ar cheisteanna beaga áitiúla a bheidh a n-aire. Is toisc nach bhfuil iontaoibh acu as Áth Cliath chun na ceisteanna beaga sin a riaradh go cneasta atá féin—riar uathu—Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. … Má tugtar radio dóibh caithfidh a stiúradh bheith fúthu ina iomlán agus cuirim an cheist seo ar an Rúnaí Parlaiminte: an amhlaidh a bheidh sé? An mbeidh Radio na Gaeltachta faoi chumhacht mhuintir na Gaeltachta?[122]

Bhí a locht féin ar Chomhairle RnaG, dar leis an dTeachta ó Chiarraí Thiar, Michael Begley:

> Lig dom an focal deireanach a rá mar gheall ar Radio na Gaeltachta. Níl a fhios agam cén fáth nach raibh an tAire Poist agus Telegrafa i láthair agus Radio na Gaeltachta faoi chaibidil. Measaim go bhfuil fearg ar mhná na Gaeltachta toisc nár cuireadh aon bhean ar an údarás céanna. Bhi díomá ar mhná na Gaeltachta nach raibh guth ar an údarás seo acu. Tá fhios ag gach éinne gurb iad na mná a bheidh ag éisteacht le Radio na Gaeltachta mar beidh na fir amuigh sa pháirc. Níl na "transistors" in úsáid ag muintir na Gaeltachta sna páirceanna.[123]

Cé go raibh an fód á sheasamh ag an mBeaglaoich dos na mná ar lámh amháin, bhí léiriú ina chuid cainte ar thuiscintí leatromach na linne ar ról na mban sa bhaile.

Faoi mar a luann Hourigan chomh maith, tugadh faoi deara go raibh baint ag naonúr nó deichniúr den gcomhairle nua le Fianna Fáil.[124] Séanadh gur ceapacháin polaitiúla a bhí iontu sa Dáil, nuair a bhí an Rúnaí Parlaiminte Liam Cunningham á gcosaint:

> **Dr. Cruise-O Brien**: I think we are entitled to expect that the person who stands in to answer for a Minister has the facts and can give them. Does the acting-Minister not consider that confidence in the Gaeltacht in Comhairle Radio na Gaeltachta would have been greatly enhanced and this kind of imputation would have been avoided, if the people of the principal Gaeltachtaí had been given an opportunity to select their own representatives, and then other persons could have been added? Would the acting Minister further say whether consideration will now be given to strengthening Comhairle Radio na Gaeltachta by adding to it persons elected by the people of the Gaeltachtaí——

[122] Díospóireachtaí Dála, 17/11/1971. Iml. 256, Uimh. 12, 2356.
[123] Díospóireachtaí Dála, 17/11/1971. Iml. 256, Uimh 12, 2331.
[124] *Ibid.*

An Leas-Cheann Comhairle: The Deputy is enlarging the question.

Mr. T.J. Fitzpatrick: They have been playing politics with the Gaeltacht for the past 30 years and they are not likely to stop now.

Mr. L. Belton: I regret that the Minister is not here. The Parliamentary Secretary may not be fully equipped to answer these accusations. Would the Parliamentary Secretary bring to the notice of the Minister that public opinion seems to be outraged by the fact that at least nine if not ten of these representatives are prominently identified with the Fianna Fáil Party? Is this a coincidence?

Mr. Lemass: Most of the people of the Gaeltacht support Fianna Fáil.[125]

Ba léir, le ceapadh na Comhairle, agus i gcur chuige an Rialtais agus RTÉ sa togra, gur beag páirt a bheadh ag an nGluaiseacht, nó lucht Saor-Raidió Chonamara, sa tseirbhís nua. Agus ní mó ná sásta a bhíodar le sin mar scéal.

4.11 Freagraí na nGael ar Phleananna an Rialtais

Bhí dóchas ag daoine áirithe faoin tseirbhís úr, áfach. D'fháiltigh an file Seán Ó Riordáin roimh fógra an Rialtais go raibh RnaG le bunú. In alt a scríobh sé san *Irish Times* i mí na Nollag 1970, dúirt sé go mba chóir go mbeadh teacht ag pobal na tíre ar fad ar an tseirbhís nua:

> Nuair a tionóladh Oireachtas Ros Muc le déanaí fuair daoine rud amach ná raibh a fhios acu cheana. Mhothaíodar atmasféar nár mhothaíodar i mBaile Átha Cliath .i. neart agus iomláine na Gaeilge agus na Gaeltachta. B'í an Ghaeilge an saol anso. Ní raibh inti i mBaile Átha Cliath ach giobail ar sceach ... Beidh an stáisiún nua so ar chuma Oireachtas Ros Muc nó ar chuma Radio na Fraince nó na Spáinne. Rud iomlán a bheidh ann. Rud neamhphollta.[126]

Is léir go raibh dóchas ag an Ríordánach go mbeadh RnaG ina sheirbhís útóipeach, ag freastal ar Útóipe na Gaeltachta, faoi mar a léirigh sé ina dhán *Fill Arís.* Beagáinín idéalach seans, ach chreid an file go raibh géarghá lena leithéid de sheirbhís:

> Soláthróidh an stáisiún nua cláracha do mhuintir na Gaeltachta ina dteanga féin agus chomh maith leis sin cothú laethúil do Ghaeilge na Galltachta – rud a bhí ag

[125] Díospóireachtaí Dála, 16/03/1972, Iml. 259, Uimh. 12, 1827-28.
[126] *The Irish Times,* 05/12/1970. Luaite in Ó Glaisne, 59.

> teastáil go géar. Caithfear an Ghaeilge a chraoladh ón stáisiún nua so de réir intinn na Gaeilge, ní de réir an Bhéarla faoi mar a craoltar Gaeilge ar RTÉ faoi láthair.[127]

Arís eile anseo tá an choimhlint idir teanga na Gaeltachta, agus an cultúr a bhaineann léi, agus an Ghaeilge sa Ghallacht, faoi mar a léiríodh ar RTÉ í. "The nature of 'Irish' activity outside these areas is almost exclusively cerebral; in the Gaeltacht it is integrated with a socio-economic lifestyle", a dúirt Bob Quinn, "To enable the latter wholeness to bear witness to itself in a 20th Century manner would seem to be the hoped-for function of the proposed service."[128]

Nithe níos coincréití a bhí ag dó gearb Chaoimhín Uí Chinnéide, a scríobh alt i nuachtán an *Kerryman* faoin bplean. Níorbh iad muintir na Gaeltachta, i gCorca Dhuibhne ach go háirithe, a bhí ag éileamh an stáisiúin, ach muintir Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí:

> Anois deir siad 'tóg stáisiún radio ann ... Caith £100,000 punt nó pé méid a chosnóidh sé ní mheann £20,000 nó £30,000 breise magaine ach tóg é. Prioc amach na daoine is dóigh leat agus tabhair le chéile iad. Sea féachaidh sé níos fearr .... ach nuair a théimse agus Seamus Ó Béaglaoi agus Seosaif Mac Gearailt agus Breandán Ó Cíobháin agus T. Ó Caomhánaigh agus ár leithéidí eile suas isteach go Dáil Éireann ag lorg scéim séarachais do cheantar na Cille agus an Chuasa ní éiríonn linn an t-airgead d'fhághail do. Bhíomar thuas bliain ó shoin díreach ach féach cad tá tagaithe- stáisiún Radio nár chualasa éinne riamh dá lorg.
>
> Cioca is tábhachtaí? Bhuel is fés na cuairteoirí tá fhios agat atá réiteach na faidhbe – pé rud atá uathu san ... go bhfóire Dia ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne mar is barra ar an gcleas an reacht do theacht thar tuinn ó Chonamara anois i dteannta le nár gcaomhnóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Beidh megafón anois aca faid a bheidh siad suite ar an scéim séarachais.[129]

Ní raibh aon ghéilleadh ag an gCinnéideach don chaint faoi chomh-tháthú na gceantar Gaeltachta ar fad, de bharr na seirbhíse nua, faoi mar a bhí luaite ag polaiteoirí agus lucht

[127] *Ibid.*
[128] Quinn, Bob, luaite in Ó Glaisne, 60.
[129] *The Kerryman,* 20/11/1971.

RTÉ – éinne amháin a bhí i Muintir Chonamara agus na strainséirí eile ó Bhaile Átha Cliath agus Chorcaigh.

Cé gurb é a mhór-thuairim féin nach raibh aon éileamh ag muintir Chorca Dhuibhne ar raidió Gaeltachta[130], ní gan tacaíocht a bhí an plean i gCorca Dhuibhne. É sin ráite bhí an amhras céanna ar mhuintir Chorca Dhuibhne is a bhí ar mhuintir Chonamara, maidir le ról RTÉ sa tseirbhís nua:

> The chairman of Cumann Cearta Náisiúnta Corca Dhuibhne, Mr. Breandán Feiritéar, said that while they would welcome the idea of having R.T.E technicians in charge of the station at the outset what they as a body would be strongly opposed to was any suggestion that existing RTE producers and other such personnel would be attached to the proposed station.
>
> "The people here don't know very much about the whole thing", he said. "If the station is run by RTE it will be a complete farce."
>
> Mr. Breandán Mac Gearailt, Joint Secretary of the Cumann, said that as a body the were opposed to being under the thumb of Radio Éireann. "Up to now RTE has served this country and the Irish language very badly," he said.[131]

D'eisigh Cumann Cearta Sibhialta na Gaeltachta ráiteas faoin tseirbhís nua ag tús mí Lúnasa, agus foilsíodh é i roinnt de na nuachtáin áitiúla. Is fiú an ráiteas a thabhairt ina iomláine:

> R.T.E. said such a service, was not feasible; so we ourselves ran a trial service last year. Although this had many short-comings it was well received; it proved that the human resources for such a service were available in the Gaeltacht and that the people would support it. We drew up a comprehensive plan for the operation of a full Gaeltacht Radio, and we applied to the Minister for Posts and Telegraphs for a broadcasting licence. Our application was refused. The Government then promised to set up a Gaeltacht Radio service itself. It was announced recently that a Council would be set up. which would be representative of the Gaeltacht people, and the post of Director of the service has been advertised in the papers.

[130] Tá sé spéisiúil go raibh Caoimhín Ó Cinnéide ar dhuine de na daoine ba choitianta a bhíodh le clos ar an raidió tar éis a bhunaithe.
[131] *The Kerryman,* 08/05/1971.

We welcome this evidence that a Gaeltacht Radio is really on the way at last. We have written to the Minister nominating a representative to serve on the proposed Gaeltacht Radio Council. He is a young man who has earned the support of a broad cross-section of Gaeltacht people. If necessary, we are ready to produce evidence of this.

CONTROLLING THE SERVICE

It is still not clear who is actually to control the service. Is it true that the Radio Council will be purely consultative, with no powers of its own? Is it true that R.T E, will have day-to-day editorial responsibility for the service (These words were used by a leading RTE executive.) If this is the case, why was there no mention of R.T E in the recent Government statement? Is somebody trying to pull the wool over our eyes? If the Radio Council is to have no authority, what is the use of it at all? Is it true that the running expenses of the Gaeltacht service will come from RTE funds? If so, why? We can see what will happen: whenever RTE want, more money, the Gaeltacht radio will be used as a pawn. We cannot see why R.T.E. should have anything to do with running a radio service for the Gaeltacht. It has been amply demonstrated that Montrose could not care less about the Gaeltacht. They don't even bother to give us a news service in our own language. But it is not just a question of language—much more is involved. The Gaeltacht needs a radio service which will be accepted by the people as part of their life and culture- something springing from and belonging to themselves, not something devised by outsiders in order to keep them Gaelic.

Any prospect of a real Gaeltacht radio would be killed dead by R.T.E. We can imagine the kind of staff they would employ- revivalists, intellectuals, folklorists[132] and all the other kinds of learned fools who imagine they have a mission to spread wisdom and light on the uncomprehending multitudes. It would be killed stone dead in a week by this, and by the false standards of glittering saccharine 'professionalism' which prevail wherever RTE's writ runs. There is no reason why the Gaeltacht radio should not succeed, providing it is

[132] Tá sé spéisiúil gur luadh béaloideasóirí anseo. Macalla atá ann de cháineadh an Chadhnaigh ar earnáil an bhéaloidis, agus ar lucht a bhailithe. Pléifear é seo ar bhonn níos leithne amach anseo sa tráchtas.

> entrusted to a young and enthusiastic staff of Gaeltacht people working without restrictions. Nothing less will be accepted.[133]

Bhí amhras ar lucht na Gluaiseachta roimh RTÉ, agus ní gan chúis é i bhfianaise mar ar caitheadh le muintir na Gaeltachta ar RÉ. B'é Peadar Mac an Iomaire an té a ainmnigh an Ghluaiseacht le bheith ina bhall de Chomhairle an Raidió, ach faoi mar atá feicthe againn, níor ainmníodh é ar an gComhairle.

Ní raibh sé soiléir fós cé bheadh i bhfeighil na seirbhíse, cé go raibh an méid seo leanas le rá ag an Teachta Barry Desmond ón Lucht Oibre sa Dáil i mí Feabhra na bliana 1971:

> We should welcome the statement by the Minister that the Government will provide, under the general supervision, jurisdiction and operation of the RTE Authority, a Gaeltacht radio service. I was extremely worried in recent months that this would be done by somebody other than the RTE Authority. If I read the Minister's statement correctly RTE are preparing plans for the necessary capital works. I presume, when those works are completed at an estimated cost of £250,000, that the service will then be operated by the RTE staff and the authority. Gaeltacht services are always the subject of bad rumours. There have been so many rumours about who is to provide the Gaeltacht radio service that the Minister's reassurance here is very welcome.[134]

Ní léir go raibh aon soiléireacht dá leithéid i ráiteas an Aire, ach bhí poll an amhrais oscailte agus í domhain. Ní haon ionadh go raibh ráiteas chomh láidir eisithe ag an nGluaiseacht i Lúnasa, agus go raibh caint chomh cáinteach á dhéanamh faoi RTÉ.

Bhí tuairim maith ag an scannánaí Bob Quinn gur faoi RTÉ a bheadh an seirbhís nua:

> Tá sé soiléir anois gurb é RTE a riarfaidh an tseirbhís nua. Tá RTE mar a d'admhaigh Sean Lemass ina ghéag de pholasaí an rialtais. Nach íorónta an scéal é nuair a chuimhneofá air? An eagraíocht a rinne a oiread faillí agus gurbh éigean an Saor-Raidió a chur ar bun gurb é a bheidh i gceannas na seirbhíse atá ag teacht.

[133] *The Kerryman,* 07/08/1971.
[134] Díospóireachtaí Dála, 25/02/1971, Iml. 251, Uimh. 14, 2173.

> Bíodh sin mar atá caithfear féachaint céard is féidir a dhéanamh taobh istigh de na teorainneacha ata na húdaráis a leagan síos.[135]

Ach ní gan dóchas a bhí sé, mar sin féin:

> Na daoine ábalta seo a bhunaigh Saor-Raidió Chonamara féadfaidh siad dhá mhíniú a bhaint as flaithiúlacht Cholley dar luach 1/4 milliún:
>
> (1) gur seift é lena mbéal a dhúnadh; gléas teicniúil a thabhairt dóibh a chuirfeadh ar a gcumas a nguth a ardú tuilleadh agus gur amhlaidh a dhúnfadh sin a mbéal sa deireadh;
>
> (2) Ar an taobh eile is féidir leo a bheith dóchasach; gur amhlaidh ata na húdaráis ag éirí tuisceanach agus cúis áthais dóibh cabhrú le beart a ceapadh sa nGaeltacht féin.
>
> Cé go bhfuil cáil na ciniciúlachta orm tá dóchas agam gurb é cúis a (2) ata fíor.[136]

Ní ceist an údaráis amháin a bhí ag cur tinnis ar na Gaeil. Nuair a fógraíodh ainmneacha na gclár reachtairí nua, agus nuair a tháinig dréacht-sceidil[137] chun solais ag deireadh na bliana 1971, bhí alltacht ar lucht na gluaiseachta le h-ábhar an sceidil.[138] Eisíodh ráiteas faoi ainm Choiste Oireachtas na nGael ag cáineadh an sceidil agus na clár reachtairí:

> Le tamall anuas tá cuid mhaith daoine ag éirí amhrasach i dtaobh na socruithe atá á ndéanamh le haghaidh Raidió na Gaeltachta. Is léir don saol mór nach bhfuil sa "Chomhairle" a ceapadh ach fo-choiste de Fhianna Fáil, agus tá sé éirithe an-soiléir le déanaí gur ag RTÉ a bheidh an chumhacht.
>
> Méadaíodh ar an amhras nuair a fógraíodh ainmneacha na gClár Reachtairí. Tá daoine fiúntacha ina measc ach níl siad bealach ar bith ionadaíoch ar ghnáth-mhuintir na Gaeltachta. Múinteoirí agus céimithe ollscoile iad uilig ach duine …
>
> Tá clár sealadach craolta don Raidió nua leagtha amach anois agus curtha faoi bhráid na Comhairle … Ínadh agus alltacht a chuir an liosta seo orainn. Pé duine

[135] *Comhar,* Iml. 30, Uimh 5 (Bealtaine, 1971), 5.
[136] *Ibid.*
[137] Tá an sceidil leagtha amach in Ó Glaisne, 83-86.
[138] "The schedule included programmes of military band music and European pop songs. However only five minutes a week would be devoted to farming and fishing respectively," a deir Hourigan (41.)

> a leag amach é, is léir nach dtuigeann sé ar chor ar bith cé an sórt Raidió atá ag teastáil sa nGaeltacht …
>
> Go hathchomair, ní raidió Gaeltachta a bheas chor ar bith ann. Ní ar phobal na Gaeltachta atá an clár craolta seo dírithe, ach ar Ghaeilgeoirí meá-aicmeacha na gcathracha. Ní bheidh ann ach leagan Gaeilge de RTÉ.[139]

Faoin dtráth seo, áfach, bhí roinnt daoine ag eirí bailithe den bhfeachtas agus de ráitis na Gluaiseachta. Luann Hourigan go rabhthas ag cur i leith na Gluaiseachta gur *sour-grapes* a bhí sa ráiteas thuas uathu, agus go raibh cuid de ghníomhaithe na Gluaiseachta féin den dtuairim go raibh an méid a bhí uathu baint amach acu.[140] B'é bunú an raidió buaic-phointe na Gluaiseachta, a dúirt cuid acu, agus bhí dóthain ama agus fuinnimh caite leis faoin dtráth seo.[141]

Cé go raibh lucht na Gluaiseachta ag cur na gcosa beaga uathu maidir leis na Clár Reachtairí, fir Gaeltachta ab ea iad ar fad, agus bhí cuid acu sáite i bhfeachtais agóide agus pobail ina gceantair féin. Bhí ról lárnach ag Breandán Feiritéar, mar shampla, i gCoiste Cearta Náisiúnta Chorca Dhuibhne, agus sa bhfeachtas chun Scoil Dhún Chaoin a athoscailt tar éis don Rialtas í a dhúnadh. D'fhógair Ceannaire na seirbhíse nua, Pádraic Ó Raghallaigh, na Clár Reachtairí ag tús na bliana 1972; Feardorcha Ó Colla agus Timlín Ó Cearnaigh ó Thír Chonaill; Maidhc P. Ó Conaola, Seán Ó Tuairisg agus Máirtín Ó Fatharta ó Chonamara; agus Breandán Feiritéar agus Micheál Ó Sé ó Chorca Dhuibhne. Mar is léir ó na cáilíochtaí agus na spéiseanna a bhí ag an seachtar,[142] idir spórt, cúrsaí forbartha pobail, drámaíocht, ceol, filíocht, oideachas, cúrsaí reatha, cultúr agus béaloideas, bhíodar oilte go maith den gcúram. Agus ní dóigh liom gur droch-rud é gur 'céimithe ollscoile' ollscoile ab ea iad, cé go raibh a leithéid luaite mar locht i ráiteas na Gluaiseachta thuas. Cuireadh ar chúrsa traenála iad i mBaile Átha Cliath, agus cuireadh oiliúint orthu ar conas clár a léiriú agus a láithriú, agus ar conas an trealamh teicniúil a úsáid.

[139] Ó Glaisne, 86-87.
[140] Hourigan, 41-42.
[141] *Ibid.*
[142] Luaite ag Ó Glaisne, 70.

4.12 Na Socruithe Déanacha agus Bunú RnaG

Lean an réamh-ullmhúchán do RnaG isteach go 1972. Bhí cur síos ar an bplean san *EBU Review* i bhFeabhra na bliana úd:

> They [i.e. na Gaeltachtaí] are from each other by distances of up to 200km and therefore there is little opportunity for day-to-day contact. The new Radio Service is therefore seen as a medium which will assist communication between these scattered communities and strengthen the bonds of language and culture. By later extension of the service to cover most of the country, it is hoped to assist the national aim of restoring the position of the Irish language from its bases in existing Gaeltacht areas.
>
> Three studio centres are being built, one in each of the principal Gaeltacht areas, and programme material will be gathered from the smaller communities by means of mobile recording units … the north-west and south-west areas will each have a studio centre consisting of one studio and control room. All programmes will be distributed from the main studio centre at Casla.[143]

Faoin dtráth seo chomh maith, bhí oiliúint agus traenáil curtha ar na Clár Reachtairí úra. Cúrsa dhá mhí a bhí i gceist, agus chaitheadar mí amháin de sin i mBaile Átha Cliath, agus mí eile i gConamara. Cúrsa ginearálta go maith a bhí ann, dar le Ó Glaisne: "Cúrsa réasúnta ginearálta a bhí ann arae seirbhís bheag a bheadh i Raidió na Gaeltachta, agus níorbh fholáir do na daoine a ceapadh a bheith in ann luí isteach ar chineálach éagsúla oibre. Um an taca go raibh an dá mhí istigh bhí na Clár Reachtairí ábalta ar chláir de shaghasanna éagsúla a cheapadh, a ullmhú, a léiriú agus a chur i láthair."[144]

Ar an seachtú lá fichead de Feabhra, d'eisigh RTÉ ráiteas ó cheannaire an stáisiúin nua, Pádraic Ó Raghallaigh, ina raibh cur síos ar staid an togra ag an am. Ba ar an lá roimhis sin a deineadh an chéad tástáil tarchuradóireachta ó Chasla, agus dúradh sa ráiteas go raibh Raidió na Gaeltachta le teacht ar an aer ar a 3 a chlog, Domhnach Cásca, an dara lá d'Aibreán. Cúig uair a' chloig a chraolfaí an lá úd, agus dhá uair a chloig ar a laghad gach lá ina dhiaidh sin. Chuirfí leis na huaireanta craolta tar éis an tsamhraidh. Bhíothas ag súil go mbeadh na stiúideonna i gCorca Dhuibhne agus i dTír Chonaill ullamh faoin samhradh.

[143] *EBU Review – Technical,* Feabhra 1972, 26. Cóip sa Chartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[144] Ó Glaisne, 71.

Bhí, de réir an ráiteas, na Clár Reachtairí ag bailiú ábhair ar fud na gceantair Gaeltachta cheana féin.[145]

Bhí sé soiléir faoin dtráth seo nach mbeadh stáisiún Chorca Dhuibhne ullamh in am don oscailt oifigiúil. Is cosúil go raibh aighneas áirithe ag baint le suíomh a bhí aitheanta i mBaile na nGall ag RTÉ, maidir le cearta an talamh a dhíol:

> A row is blowing up over the siting of the West Kerry Gaeltacht radio station in the heart of Ballydavid. Four members of the County Council have indicated that they are directing the County Manager to refuse RTE's planning application for the Project. Deputy Michael Begley said that RTE planned to move in on the site without consulting the family who have had the grazing of the field for about sixty years. "We don't want the County Council to be acting as bailiffs for RTE or anybody else", he said.[146]

Bhí an suíomh seo i lár Bhaile na nGall, ar shuíomh sheana-stáisiún na nGardaí Cósta, ach ní ansin a tógadh an stiúideo ná an crann cumarsáide sa deireadh, ach tamall suas Bóthar na Léinsí, lasmuigh den tsráidbhaile. Is cosúil gur chuir an soir siar seo faoi shuíomh an stiúideo moill le críochnú na n-áiseanna i gCorca Dhuibhne, agus ní mó ná sásta a bhí muintir Chúige Mumhan go mbeadh an seirbhís nua á sheoladh, agus gan aon teacht acu féin air:

> An RTE management decision insisting on an Easter Sunday deadline for the opening of the £350,000 Radio na Gaeltachta will deprive more than 30 per cent of Irish speaking listeners when the new station opens this afternoon ... one producer told me that the decision to stick to the original date could mean bad production from the start ... if they had left the opening for another couple of months, all the Gaeltacht areas along the west coast could have been covered. As it is, no home south of Tralee will be able to pick up the new station.[147]

Cé nach raibh teacht ag formhór de phobail Ghaeltachta na Mumhan ar an tseirbhís, bhí Ionadaíocht láidir acu i nDoire Né, ar Domhnach Cásca, ach a osclaíodh an stáisiún nua go hoifigiúil, le craoladh beo. Bhí Sagairt ó Chorca Dhuibhne, ó Mhúscraí agus ó Chléire i

[145] *News from RTÉ,* 27/02/1972. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.
[146] *The Kerryman,* 12/06/1971, 29.
[147] *The Irish Independent,* 02/04/1972. Luaite ag Ó Glaisne, 106.

láthair ach ar craoladh Aifreann an Riadaigh; bhí Cór Chúil Aodha ag canadh san Aifreann, agus na Clár Reachtairí Duibhneacha páirteach san ócáid chomh maith.[148] Seo cuid den méid a bhí le rá ag An tAire Rialtais Áitiúil, Bobby Molloy (1936 – 2016), agus an oscailt oifigiúil á dhéanamh aige:

> Má thig le pobal na Gaeltachta a fheiceáil, trí na cláir a chraolfar, go bhfuil fíor-léiriú á thabhairt ar thábhacht a ngnóthaí lae, ní foláir nó rachaidh an tseirbhís chun mórthairbhe dóibh. Ach, ar an taobh eile, más rud éigin i bhfad uathu a fheicfidh siad inti, beidh teipthe ar an tseirbhís sa phríomh-chuspóir atá aici … is é ár bpríomh-dhóchas uile go dtabharfaidh an stáisiún seo deis do phobal na Gaeltachta chun iad féin a chur in iúl agus go dtabharfar spreagadh tríthi do chúrsaí agus do ghnóthaí an tsaoil acu. Tá súil againn freisin go dtiocfaidh leis an mór-chuid daoine, a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Ghaeltacht agus a bhfuil fíor-spéis ach sa Ghaeilge, agus i saol na Gaeltachta, mór-thairbhe a bhaint as cláir a bheith ar fáil dóibh a léiríonn traidisiúin agus cultúr na Gaeltachta.[149]

Chum an file Árannach Máirtín Ó Direáin dán ag ceiliúradh teacht na seirbhíse nua:

B'óbair do ghlór an chine,
Imeacht ina miotaí gan riailbhéas,
Sinn ag dorchú ar a chéile,
Is gad an ghaoil á sceitheadh.

Cleacht seach ár gcleacht féin
A chuaigh in airde orainn,
'S chaitheamar fada go leor,
Ag deol ar chíocha eile;

Ach níor ordaigh Dia an ciorrú
'S seo chugainn áis chun labhartha,
A bhainfeas dár mbéal an glas,
'S a cheanglas gad caidrimh:

[148] Tá cur síos cuimsitheach ag Ó Glaisne ar an ócáid, 103-114.
[149] An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

Gad caidrimh ‘s snáth gaoil,
Idir bráithre ár gcleachta bíodh.
Ná luaitear dorchú linn feasta,
Ach gile ag rince sa teanga ...

Ní bheadh muintir na Gaeltachta ag deol ar chíocha eile níos mó – bhí an glas bainte dá mbéalaibh, agus a stáisiún féin acu ar deireadh.

Bhí tuairisc cuimsitheach sa *Kerryman* ar imeachtaí an lae:

> Radio na Gaeltachta went on the air this week and hit Corcha Dhuibhne in spots. People back around Baile na nGall complained of a weak VHF signal but this will be rectified when their own medium band transmitter and studio go into action later on. The transmitter is expected to be ready in about six weeks. The studio at Baile na nGall will not be ready for use until mid-summer. In the meantime Micheál Ó Sé and Beandán Feirtéir will be recording material in the area for broadcast from the studio in Carraroe, County Galway ...
>
> How has Corcha [sic.] Dhuibhne reacted to the new service? Said Jim Begley of Baile na nGall: “it has to do good for Irish culture. It will help to cultivate music and song in the area by providing opportunities for the young people to broadcast” ... Mr. Begley’s only complaint was about the present hours of broadcasting. “The are too early for the bogmen,” he said.
>
> Nurse Fitzgerald, also of Baile na nGall, said: “The new station is a great thing. It will be Company for the people of the west. It’s time we had something here. We are all looking forward to it.”
>
> Paddy O’Mahony of Ballyferriter said: “It will be appreciated by some but not by all. Some people say it would have been better to spend the £380,000 on providing water and sewerage in the places that need it in the Gaeltacht.
>
> Time alone will tell. But didn’t the nation have Radio Éireann long before many of its towns and villages had the modern amenities of tap water and sewerage?

B’fhíor don údar, agus bheadh cuid de phobail na Gaeltachta ag feitheamh cúig mbliana fichead eile do chóras séarachais le dealramh.

Bhain an raidió nua an nimh as an Ríordánach ach ar chuala sé é ar dtús:

> Tháinig Radio na Gaeltachta ar an aer Dé Domhnaigh don gcéad uair. Bhain sé an nimh asam é chlos. Chiallaigh sé mórán a leithéid a bheith tárlaithe. B'árd le Dante an staighre i dtigh duine eile. Bhí an Ghaeilge seo i seilbh a tí féin ar deire Dé Domhnaigh. Ní raibh sí ina lóistéir a thuille. Níl aon teintéan, deir siad, mar do theinteán féin. Níl sa tigh ach bothán go fóill ach tá an bothán fúithi féin ...
>
> Ní deirim gurb ionann teacht Radio na Gaeltachta agus Vatacáin II ach bhí cuid éigin de mhianach na h-aimsire sin, ré Eoin, ins na nithe a bhí ag tárlú Dé Domhnaigh. Bhí nithe ag tárlú ceart – ó b'annamh leo é – in inead a bheith ag tárlú mícheart. Bhí an teanga Ghaeilge féin á labhairt de réir na Gaeilge in inead de réir an Bhéarla.
>
> Dhéanfadh an drochíde a bhí á thúirt uirthi ag an gcuid is mó de lucht RTÉ le blianta anuas cancarán d'éinne. Dhéanfadh an ré nua a bhí á tuar ag imeachtaí an Domhnaigh daoine de chancaráin thar nais ...
>
> Maidir leis an olc so a chuireann an úsáid tharcaisneach atá an Ghaeilge a fáil ar RTÉ, míníonn sé cad a tharlaíonn nuair a rialaíonn pobal (a) pobal (b), ní de réir chultúr (b) ach de réir chultúr (a) ... Cleacht pobail amháin a bheith faoi dhímheas ag cleacht pobail eile atá i gceist.[150]

Ní hamháin go raibh dóchas ag an Ríordánach go raibh léas dóchais nua don dteanga agus dá pobal i dteacht an raidió, ach chreid sé go mbeadh an seirbhís nua in ann forlámhas chultúrtha an Bhéarla a bhriseadh.

Bhí an raidió Gaeltachta ar an aer, ach bhí ceisteanna á gcur maidir leis an gcostas a bhain leis - £380,000 a chosain sé ar deireadh, in ionad an £250,000 a bhí luaite ar dtús. I bhfreagra ar cheist ón Roinn P&T i Lúnasa na bliana 1972, leag RTÉ amach na cúiseanna go raibh an buiséad imithe thar fóir – breis trealaimh, agus infreastruchtúr, costais bheith ardaithe idir 1970 agus 1972, agus athruithe sa phlean bunúsach don seirbhís.[151] Ina teannta san, deirtear gur chuir forbairt stiúideonna ní b'fhearr ná na háiseanna a bhí luaite i bplean 1970 i dTír Chonaill agus i gCorca Dhuibhne leis an costas, agus go raibh

[150] Ó Ríordáin, Seán: 'Radio na Gaeltachta', *The Irish Times,* 08/04/1972.
[151] Litir ó John Irvine, ó Roinne na Roinne Poist & Teileagrafa, 06/10/1972. An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

praghasanna tógála níos airde sa dá réigiún sin ná mar a bhí measta. “Land acquisition costs were higher in both Donegal and Kerry than was anticipated,” a deir an litir, “and there were political difficulties in the case of site acquisition in Kerry which also affected costs.”[152]

4.13 Conclúid

Tá sé ráite coitianta go raibh bunú RnaG ar cheann de na nithe ba mhó a bhain Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta amach. Is cinnte go bhfuil sé ar cheann de na nithe is buanseasmhaí a d’eascair as tréimhse réabhlóideach na 1960í sa Ghaeltacht; tá sé fós ar an bhfód sé bliana is daichead tar éis a bhunaithe, agus é fréamhaithe mar institiúid Ghaeltachta, nach bhfuil a leithéid chéanna ag formhór de mhionphobail na tíre ná na cruinne. Ina theannta sin, chruthaigh sé fostaíocht ar ard-chaighdeán i cuid de na réigiúin is mó a bhí faoi mhíbhuntáiste ag an am, rud atá fós fíor in áiteanna.

Léamh ró-shimplí ar an scéal, áfach, an léamh a deir gurb iad an Ghluaiseacht agus Saor-Raidió Chonamara an t-aon chúis gur bunaíodh RnaG. Cé go ndeir White agus Coleman gur ‘náirigh’ an raidió bradach RTÉ chun go mbunóidís RnaG,[153] agus go ndeir Quinn gur bunaíodh RnaG chun na daoine a bhunaigh an Saor-Raidió ‘a choimeád ciúin’[154], faoi mar a facthas dúinn bhí cuid mhaith de pholaiteoirí na tíre, ó aimsir Jack Lynch, agus baill d’údarás RTÉ féin, báúil go maith don bplean. Go deimhin, is deacair gan aontú le Quinn:

> Unlike popular activists’ boasts, the Gaeltacht agitators would not claim to have beaten the radio service out of the Establishment. On the contrary, they all testify to the fact that both RTÉ (whose draft Mr. Colley adopted) and Government circles seemed favourably disposed to the idea from the start. One gets the distinct impression that they are all a little taken aback at the promptness with which their suggestions/demands were met.[155]

Tá léamh eile ag Hourigan. Deir sí go bhféadfaí a rá gur éirigh leis na ‘*elites’* an Gluaiseacht a neodrú le bunú an raidió, trí cheann de mhór-éilimh na Gluaiseachta a ghéilleadh:

[152] *Ibid.*
[153] White (2009), 128.
[154] Quinn (2014), 12.
[155] Quinn, Bob: *The Irish Times,* 06/01/1971. Luaite i Hourigan, 43.

> The Establishment of the Gaeltacht radio service allowed the state to effectively side-step the demands for regional political autonomy and economic development. It created the public perception that the state was responding to Gaeltacht grievance and removed the immediate sense of discontent ... the establishment of Raidió na Gaeltachta was considered a triumph for members of Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta in 1972. However, it would appear that the station actually symbolized Gluaiseacht's failure to achieve its goal ...[156]

Forbraíonn Coleman an pointe sin, ach deir go raibh torthaí dearfacha ag an bhfeachtas ar an gcaidreamh a bhí ag muintir na Gaeltachta leis an Stát:

> In Akutagawa's and Hourigan's analyses, these outcomes represent the 'failure' of popular political movements. They see the main results of local activism as the extension of state control within the Gaeltacht, and the creation of a new Gaeltacht middle class centred around local cooperatives and the broadcasting and film industries. These indigenous elites are treated by locals 'as an extension of national elites to be lobbied rather than [as] their local representatives operating at local level'. Likewise, local cooperatives become 'merely structures through which government aid may be channelled into the Gaeltacht regions'.
>
> It might be more accurate, however, to say that Gaeltacht activism, while failing to achieve its overt goals, has transformed the relationship of local people with translocal forces and processes in a manner which prefigures what Hardt and Negri term 'postmodernisation'. By opening up closed networks of both community and governance, Gaeltacht activism has, in effect, pointed the way for the reduced role of the postmodern Irish state in its Celtic Tiger phase.[157]

Déanann an seasamh seo dearmad ar phointe tábhachtach amháin; cé gur cruthaíodh an *elite* meán-aicmeach seo sa Ghaeltacht de bharra teacht an raidió agus gluaiseachtaí eile, b'iad muintir na Gaeltachta féin a bhí i bhfeighil agus ag stiúradh na seirbhíse ar bhonn áitiúil, agus bhíodar neamhspleách go maith ar RTÉ go minic. B'é seo an chéad uair go raibh foras stáit, a bhí in ainm is a bheith faoi smacht 'Bhaile Átha Cliath' (i.e RTÉ sa chás seo), á riaradh ag muintir na Gaeltachta féin. Mórfhorbairt a bhí ansin ar chaidreamh

[156] Hourigan, 43.
[157] Coleman, 182.

mhuintir na Gaeltachta leis an Stáit. D'éirigh leo feidhmiú mar ghuth neamhspleách do mhuintir na Gaeltachta, rud a bhí in easnamh ó bhunú 2RN i 1926. Chífí in imeacht na haimsire, an tábhacht a bhain lena gcuid oibre i gcothú agus i sábháil chultúr agus oidhreacht na ndaoine, i slí a bhí ceannródaíoch, agus i slí a chur i gcoinne forlámhas chultúrtha an Bhéarla sa Ghaeltacht agus sa náisiún.

An focal scoir ag Peadar Mac an Iomaire:

> Faoi láthair, is faoi léigear ag an gcultúr gallda atá an Ghaeltacht agus níl muid in ann an léigear a sheasamh gan an pobal bheith aontaithe. Bheadh géarghá le raidió chun an cuspóir sin a bhain amach. B'shin an fáth gur chaith Gluaiseacht na gCeart an méid sin ama ag plé raidió, an fáth gur chaith siad an dua sin le Saor-Raidió Chonamara a bhunú. Ba iad a chruthaigh go raibh lucht éisteachta ann dá leithéid.[158]

Pléadh bunú RnaG agus ar an tsochaí as a d'eascair sé sa chaibidil seo. Tréimhse chinniúnach i stair na Gaeltachta ba ea na 1960í; bhí muintir na Gaeltachta dulta i mbun agóide agus iad ag éileamh a gcearta. Tréimhse chorraitheach i saol na Gaelainne a bhí ann chomh maith, agus ceisteanna á chur maidir le ról na teanga i sochaí agus i meon na tíre. Tosnaíodh ag féachaint ar lucht labhartha na Gaelainne mar mhionlach, seachas mar 'fíor-Éireannaigh Útóipeacha', agus ar ceann de na cearta a bhí á éileamh ag an mhionlach sin ab ea seirbhís raidió ina dteanga féin. Pléadh an feachtas leis an tseirbhís a bhunú, an stáisiún raidió 'bradach' a bunaíodh roimhe, agus freagraí an Rialtais ar na héilimh sin.

Obair an raidió, maille le samplaí den saghas ábhair a bhí á thaifead agus á chraoladh, a bheidh sa chéad caibidil eile.

[158] Mac an Iomaire, Peadar, *Splanc Dheireadh na Gaeltachta.*

5. ‘Ag Déanamh Téipeanna’: Obair an Raidió

> Tá trí seachtaine déanta agus tá Radio na Gaeltachta curtha ar bhonn socair, buan acu. Tá cláracha fiúntacha curtha amach acu, agus tá guthanna ó gach Gaeltacht sa tír le cloisint ar na cláracha san. Tá sé ráite ag scata daoine nach leor seachtar nó ochtar chun stáisiún Radio a choimeád ar siúl, ach tá sé déanta go dtí seo ag na daoine seo. is breá an rud an Ghaeilge a chloisint ina suíomh nádúrtha, agus í á labhairt gan dua, gan locht. Ní hí an dara teanga a thuille í, mar a bhí ar RTE: tá a ceart á fháil aici.[1]

Achoimre: *Féachfar ar obair an raidió, maidir le cláir agus sceidil, an saghas ábhair a bhí a thaifead agus á chraoladh, agus ar obair na foirne i measc a muintire féin. Pléifear an t-aiseolas a bhí á fháil faoi RnaG, ó mhuintir na Gaeltachta, ó Ghaeilgeoirí agus ó thráchtairí Béarla, agus cé chomh sásta is a bhí muintir na Gaeltachta lena ‘raidió féin’.*

Ó Dhomhnach Cásca na bliana 1972, bhí rud a bhí á éileamh ó bhunú an tSaorstáit; seirbhís raidió ar leith do mhuintir na Gaeltachta, bunaithe agus á bhuanú de réir a chéile. Cé go raibh an fhoireann beag, agus nach raibh na háiseanna i mBaile na nGall i gCorca Dhuibhne, ná sna Doirí Beaga i nGaoth Dobhair, ullamh fós, agus cé go raibh na uaireanta craolta gearr go maith ar dtús (dhá uair an chloig sa lá a bhíodh á chraoladh sa chéad tréimhse den tseirbhís), bhí éileamh ag formhór mhuintir na Gaeltachta ar an tseirbhís ó thús. Seo rud a bhí fréamhaithe ina measc féin; a ndaoine féin a bhí le clos ar an tseirbhís, idir chlár-reachtairí agus aíonna; a scéalta féin, idir nuacht agus seanchas, a bhí á n-insint, agus b’é a gceolta féin agus a n-amhráin féin, den gcuid is mó, a bhí le cloisint acu chomh maith. Cé go raibh formhór na gclár reachtairí ag tabhairt faoi cheird nua glan, is cosúil nach raibh aon amaitéarachas le haithint orthu. “An rud sa stáisiún nua ba mhó a thaitin leis na daoine,” dar le Ó Glaisne, “a nádúrtha agus a bhí gach aon ní acu ... bhí gach aon

[1] Ó Drisceoil, Conn: *The Southern Star,* 29/04/1972.

duine a bhain leis an stáisiún breá tíriúil, gan aon bhlas den chur i gcéill a bheith ag roinnt leo."[2]

Ní gan dua a bhí a gcuid oibre sna blianta luath úd. Ag scríobh do agus cothrom deich mbliana ó bhunú RnaG á cheiliúradh, dúirt Ceannaire RnaG na linne (agus duine den seachtar Clár-Reachtaire a thosnaigh an céad lá), Micheál Ó Sé:

> An chéad bhac a bhí orainn ná, ná raibh stiúideonna Ghaoth Dobhair ná Chorca Dhuibhne faoi réir an tráth úd. Ach ainneoin na mórdheacrachtaí a bhí le sárú againn, deacrachtaí ar nós aghaidh a bheith á thabhairt ar ghairm nua ar fad againn, agus gan ach gearr-chúrsa traenála déanta againn, sinn ag plé le réigiúin a bhí nasctha go cultúrtha agus ó thaobh teangan le chéile, ceart go leor, ach i bhfad Éireann ó chéile ó thaobh tíreolaíochta, agus an-iargúlta, droch-chóras teileafóin agus cumarsáide iontu, thug an fhoireann aghaidh le fonn agus go díograiseach ar na dualgais a bhí orainn, agus d'éirigh leis an seirbhís ón gcéad lá.[3]

D'éirigh leis, mar sheirbhís nuachta agus mar bhealach ag mion-phobal a gcultúr féin a chur os comhair an tsaoil, agus tá sé fós ann mar sheirbhís. Féachaimid sa chaibidil seo ar (1) obair agus ar chur chuige an raidió, go háirithe ó thaobh cúrsaí cultúrtha de, agus (2) conas mar a d'éirigh leo cartlann fuaime ollmhór a bhailiú agus a chaomhnú. Dúirt an Canónach Coslett Ó Cuinn, agus é ina Uachtarán ar Oireachtas na Gaeilge tráth, "shíl an Rialtas nach raibh san raidió ach seanchnámh lofa a raibh an fheoil ite di agus an smior chailligh bainte aiste. Chaith siad le muintir na Gaeltachta í le tost a chuir orthu."[4] Ní hamhlaidh a cuireadh tost orthu: tugadh guth dóibh.

5.1 Cláir & Sceidil

Bhí an fhoireann ag dul i dtaithí ar an obair chraoltóireachta de réir a chéile. "Tá raidió Gaeltachta ar siúl anois ar feadh coicíse agus de réir cosúlachta tá an fhoireann ag dul i dtaithí ar an obair seo agus na cláir ag dul i slachtmhaire dá réir,"[5] a dúradh san *Irish Press* in Aibreán na bliana 1972. Ní chomh trócaireach céanna a bhí gach éinne le hobair an

[2] Ó Glaisne, 116.
[3] Ó Sé, Mícheál: 'Raidió na Gaeltachta', *Irisleabhar Mhá Nuad,* An Sagart, Má Nuad (1982), 93.
[4] Ó Cuinn, An Canónach Coslett, aitheasc oscailte an Oireachtais 1972. Luaite san *Irish Independent,* 14/10/1972.
[5] *The Irish Press,* 18/04/1972.

raidió sna seachtainí luatha úd áfach. In alt a bhí ag 'Leathshúil' sa *Sunday Independent* go gairid tar éis bunú na seirbhíse, dúradh an méid seo leanas:

> Níor cheart a bheith dian ar an seirbhís nua. Tá fadhbanna móra le réiteach. Is eol don saol gur cuireadh an tseirbhís ar an aer i bhfad níos luaithe ná mar a mhol na craoltóirí gairmiúla. Is léir go bhfuil foireann óg dhíograiseach i mbun an raidió agus is ceart botúin bheaga – botúin léitheoireachta san áireamh – a thuiscint. Bíonn gach tosú lag ...
>
> Caithfear a thuiscint áfach nach leanfaidh an pobal mór, ná muintir na Gaeltachta féin ag éisteacht le cláir den dara grád. Tá dualgas mór ar an dream atá ag cur na seirbhíse nua ar an mbóthar féachaint chuige nach mbíonn aon chomhréiteach ann maidir le caighdeáin an stáisiúin.[6]

Bhí cúrsaí ceoil agus amhrán ag cur tinnis ar an lucht éisteachta agus ar na criticí ó thús. San alt céanna, deir an t-údar "ní fíor nach spéis le muintir na Gaeltachta aon chineál ceoil ach ceol 'Gaelach'. Go dtí seo shílfeá nach raibh ann de cheol na hÉireann ach céilí agus sean-nós – agus líon an-teoranta ceirníní freisin."[7] Bhí gearán dá leithéid céanna ag 'M. Ó Cadhain' (ní fheadar an ainm cleite a bhí anseo) a scríobh litir dtí'n *Irish Press* ag tús Meitheamh 1972. Bhí an-mholadh aige don stáisiún nua, ach:

> ... in ainm Dé cáide go gcloisidh muid aon ghlór nua go háithrid amhránaí agus cainteoirí. Chuala muid fear de mhuintir Chualáin as Cois Fharraige a canadh 'Linseach Bhearna' an oíche cheana agus chuir sé daoine faoi dhraíocht leis an nguth binn bhí aige. Cén fáth nach gcloiseann muid tuille mar é seo? Tá siad ann má chuartaíonn sibh iad agus tá lucht seanachais agus scéalta ann freisin seachas bheith ag éisteacht leis an dream céanna ó sheachtain go seachtain.[8]

Deir an Glaisneach go raibh an t-ádh ar mhuintir an raidió go raibh Gael-Linn agus comhlachtaí eile tar éis amhránaithe sean-nóis ós na ceantair Gaeltachta éagsúla a chur ar cheirníní, agus ina theannta san go raibh éileamh ar amhránaithe nach raibh Gaelainn ón gcliabhán acu. Ach, dar leis, "Níorbh é an sean-nós amháin a bhí ó na héisteoirí, áfach. Níor mhór don raidió úr a thaispeáint go raibh cainteoirí dúchais a bhí cab ar chab leis an

[6] 'Fuinneamh nua i nGuth na nGael', *The Sunday Independent,* 16/04/1972.
[7] *Ibid.*
[8] *The Irish Press,* 02/06/1972.

'nua-aois' fosta."[9] Sin rud atá ag déanamh tinnis do lucht an raidió ón gcéad lá – conas ardán a thabhairt do ghnéithe éagsúla de chultúr na muintire, agus craos an pobail do cultúr 'nua-aoiseach' a shásamh ag an am céanna. Ba dheacair don ngobadán an dá thráigh a fhreastal.

De réir a chéile a tógtar na caisleáin, agus ní raibh sceidil rófhada le líonadh ag na Clár Reachtairí ag tús na seirbhíse. Deineadh clár beo ón dtrí stiúideo ar an 20 Eanáir 1973.[10] Beagán le cois dhá uair an chloig de sceidil laethúil a bhí le líonadh, idir na réigiúin ar fad, ar feadh an chéad trí bliana de RnaG. Cuireadh uair an chloig breise leis an sceidil i Márta na bliana 1975[11], agus tugadh clár leathuair ar leith do gach réigiún i bhfómhar na bliana céanna.[12] Faoi dheireadh na bliana 1975, bhí an raidió le cloisteáil i lár an lae agus um thráthnóna – óna 12in go 1.30in, agus arís óna 6in go 8.30in.[13] Ní ró-mhaith a thaitin an sceidil seo leis an lucht éisteachta, áfach, agus cuireadh ina gcoinne go tréan.[14]

5.2 An Fhoireann ag 'Bailiú'

Cé nach raibh puinn uaireanta craolta le líonadh acu, thug an bheirt Chlár-Reachtaire i gCúige Mumhan, Micheál Ó Sé agus Breandán Feiritéar, faoin obair go fonnmhar. Nuacht, cúrsaí reatha, cláir irise agus cláir fhaisnéise a bhí á gcraoladh ag an am. Go minic, piocadh ábhar ar leith mar mhúnla le clár a dhéanamh – eachtraí stairiúla, pearsana stairiúla, file srl. – agus théití chun cainte le daoine eolgaiseacha. I measc na gclár a craoladh sa chéad bhliain úd, agus a bheadh le háireamh faoin dteideal 'cultúr' 'béaloideas', nó 'seanchas', bhí clár faisnéise faoin mBlascaod Mór a léirigh agus a láithrigh Breandán Feiritéar agus a craoladh ar an 1 Meitheamh 1972, clár sa tsraith 'Liomsa É Seo' leis an gceoltóir Muiris Ó Dálaigh Dhún Chaoin, agus clár faoi Chonallaigh Uíbh Ráthaigh le Peats a' Bhreathnaigh.[15]

Má fhéachtar ar na cláracha a dhein Micheál Ó Sé agus Breandán Feiritéar an bhliain úd 1972, feictear an-chuid ábhair a d'fhéadfaí a rangú faoi mar a dheintear rangú ar ábhar

[9] Ó Glaisne, 121.
[10] *The Irish Examiner,* 20/01/1973.
[11] Ó Glaisne, 185.
[12] Ó Glaisne, 198.
[13] *The Irish Independent,* 27/12/1975, 15.
[14] Féach Ó Glaisne, 221-230.
[15] Innéacs Chartlann Bhaile na nGall, i Leabharlann Ionad an Bhlascaoid. Faighte 10/04/2018.

béaloidis go traidisiúnta. Tá cláracha faoi chultúr ábhartha, ceardanna agus scileanna dúchasacha, seanchas & dinnseanchas, tuiscintí agus creideamh na muintire, scéalaíocht, ceol, amhránaíocht agus filíocht.

Thuig Micheál Ó Sé an saghas cláir a bhí ón bpobal ina cheantar Ghaeltachta féin, Corca Dhuibhne, ach go háirithe:

> Tá gean agus éileamh ar leith ag an bpobal éisteachta ar an Nuacht Áitiúil. Bhí ardéileamh leis ón tús ar chláracha ceoil; ceol Gaelach thar éinní, cuntais agus tráchtaireachtaí spóirt; irischláir; cláracha díospóireachta, cúrsaí reatha agus go deimhin dá mhéid éagsúlachta a d'fhéadfaí a sholáthar b'é ár mbail é ó thaobh éisteoirí de.
>
> Is maith is cuimhin liom áfach go raibh lucht an amhrais inár measc chomh maith, agus iad go rábach go maith sna blianta tosaigh fad a bhí pianta fáis ag imirt ar an Raidió. Dála Thomáis an amhrais, bhídis ag fiafraí an fada eile a leanfadh an tseirbhís? Cad a thitfeadh amach nuair a bheadh an scéal deireanach inste ag an mbeagán seanchaithe a bhí fágtha, nuair a bheadh na hamhráin go léir ráite agus na poirt go léir seinnte? An n-éireoidh daoine cortha de bheith ag éisteacht leis an seanrud céanna i gcónaí? Tar éis deich mbliana ar an aer áfach ní cás a rá ná go bhfuil an t-amhras sillte ag lucht an amhrais mar is maith a thuigtear inniu gur rud beo é an Raidió a bhíonn ag síorfhás agus ag síorfhorbairt agus é mar scáthán ar mheon agus ar aigne agus ar shaol an phobail go mbíonn sé ag freastal air.[16]

Tá macalla de chaint Patrick Kavanagh faoin *"tons of useless folklore"* i dtuairimí lucht an amhrais a luaigh Ó Sé thuas. Ina theannta san, tá an tuiscint chinniúnaíoch, sé sin go raibh an cultúr dúchasach ag fáil bháis agus nárbh fhada a bhí fágtha aici ar na saolta seo, a bhí ag scata, idir bhéaloideasóirí agus pobail, le linn obair an Choimisiúin. 'Cré bás' a mheasadar seo de chultúr na Gaeltachta, seachas 'Cré Bheo'.[17]

Úsáideann mac Uí Shé an-sampla chun an obair dúshlánach a bhí roimh lucht an raidió, sé sin an dá thráigh a fhreastal idir dúchas na Gaeltachta agus an saol nua-aoiseach:

[16] Ó Sé (1982), 93-94.
[17] Beifear á phlé seo níos mine ar ball.

> Inniu áfach sé ár gcúram na gnéithe is folláine den saol sin a nascadh nó a phósadh leis an saol nua-aoiseach, Ré na Teilifíse, saol Dallas agus saol na ndiscos, chun an saol sin a shaibhriú agus d'fhonn go mb'fhearrde é an saol nua an pósadh sin. I bhfocail eile Peig Sayers a phósadh le J.R. nó Tomás Ó Criomhthain a chur in aon leaba le Sue Ellen (le beannacht na hEaglaise).[18]

Bhí obair cheannródaíoch ar siúl ag Micheál Ó Sé agus ag Breandán Feiritéar don raidió i gCúige Mumhan, mar is beag Clár Reachtairí ar aon stáisiún ar domhan a chruthaigh nasc chomh daingean leis an bpobal ar a rabhadar ag friotháil. Cé gur thuig an Feiritéarach, faoi mar a dhein Micheál Ó Sé, go raibh lucht an amhrais ann i dtaobh todhchaí na teanga agus an cultúr a bhain léi – iadsan a chreid go raibh 'airde na binne ar an gcuid is fearr den Ghaelainn'[19] – chreid sé go raibh scoth na teangan agus scoth an tseanchais fós le fáil sa Ghaeltacht:

> Más ard-shlat tomhais ar staid teangan iad ... leabhra Pheig Sayers agus Thomáis Crithin ... níl aon chúlú beag ná mór déanta ag an dteanga i gCorca Dhuibhne. Im chuid oibre ann i measc na ndaoine ó lá go lá ... cloisim teanga chomh maith le teanga Pheig agus Thomáis á hionramháil. Ní hamháin sin ach cloisim cúntaisí agus cur síos atá níosa chruinne agus níos beaichte agus níosa ghléiní ar eachtraithe gur lag-chur-síos atá ag Peig agus Tomás orthu. Do scoláirí a bhí Tomás agus Peig ag eachtraí ... agus í mar aigne Tomás cuntas mionchruinn a thabhairt ar a lán dá chúrsaí chun go mbeadh cuimhne i bpoll éigin orthu mar ná beadh a leithéid arís ann. Táid ann inniu atá ag tabhairt cuntaisí chomh maith leis ... i dtreo is go mbeadh an cuntas ag an gcéad ghlúin eile .. mar in ainneoin go bhfuilid in éagmais Intellegentia agus tréigthe ag scoláirí agus lucht an acadúlachais, in ainneoin sin ar fad ... creidid anois go mbeidh a leithéidí arís ann ... agus creidimse leis.[20]

An-shampla de seo is ea na cuntais a bhailigh an Feiritéarach ó mhuintir Dhún Chaoin agus pharóiste an Fheirtéaraigh faoi bhá Bhád na nGort nDubh in 1818, tragóid inar bádh fear is fiche, do chlár raidió speisialta a craoladh ar an 29 Lúnasa 1983. I dtaobh fíricí

[18] Ó Sé, (1982), 97.
[19] Ó Lubhaing, Séamas Beag, luaite i de Mórdha, Dáithí: Scéal Shéamais Bhig: Saol, Seanchas, Scéalta agus Teanga Shéamais Bhig Uí Lúing, An Sagart, An Daingean (2013).
[20] Feiritéar, Breandán: 'An Ghaeilge Sa Ghaeltacht', caint a tugadh ag Scoil Gheimhridh Mherriman, Gaillimh, 1983. Foilsithe i *Comhar,* Iml. 42, Uimh 3 (Márta 1983), 21.

stairiúla agus sonraí eile an scéil, is cruinne na cuntais a bhailigh Breandán óna leithéidí Maidhcí Thomáis Ó Muircheartaigh, Bríde agus Séamas Ó Cíobháin, agus Seán de Lóndra, ná cur síos Thomáis Uí Chriomhthain ar an eachtra céanna.[21]

Chreid Breandán Feiritéar, áfach, go mba chóir ábhar a chur ar fáil do dhaoine óga i dteannta na muintire a bhí níos sinne:

> Ní haon chabhair in aon chor don Raidió ach oiread ... a bheith ag ligint air féin ná fuil aon déagóirí nó daoine óga sa againn i measc an phobail. Is iad is flúirsí inár measc ... ní haon mhaith dhúinn ach ach oiread ... a ligint orainn féin ... ná fuil suim acu i bpopcheol agus a leanann é ... thabharfainn a gcuid ceoil dóibh go haireach agus go proifisiúnta ... thabharfainn dóibh é gléasta ina gculaith féin agus bheinn ag súil thar n-ais uathu lena n-éisteacht agus lena ndílseacht don gcuid eile den seirbhís ... caithfidh seirbhís Raidió na Gaeltachta friotháil ar an leanbh agus ar an bpinsinéir, ar an mionlach agus ar an móramh taobh istigh den bpobal.[22]

Sa chaint spéisiúil céanna, scaoil sé racht feirge i dtreo na scoláirí, na craoltóirí agus na hiriseoirí a bhíodh coitianta sa Ghaeltacht sna 1950í agus sna 1960í, agus a 'thréig' muintir na Gaeltachta ina dhiaidh san:

> Bhaineadar amach a gcéimeanna PhD agus d'fhógraíodar an Ghaeltacht in ainm an diabhail. Thréigeadar í. Ar an taobh eile tá na craoltóirí agus na hiriseoirí go bhfuil mar a chuirfid in iúil go tapaidh duit 'gach aon chlár déanta acu' agus go raibh aithne acu ar na cearactars uile a bhí sa Ghaeltacht ... agus ós rud é gur amhlaidh atá níl a thuilleadh le déanamh. Táid siúd eile ann ... a bhíodh siúlach ar an nGaeltacht ins na caogaodaí agus ins na seascadaí a chuir aithne ar dhornán des na seana-chearactéirithe, ach nuair a thánadar bliain éigin ... bhí an duine déanach den ndornán seo i gcré na cille ... thuigeadar gur ionann athrach saoil agus an bás sa Ghaeltacht. Chaitheadar a gcuid saoire ar thránna i measc a macasamhail féin agus i mbeáranna óstáin agus b'ait leo nár tháinig an seanchaí stáitse Gaeltachta chucu agus Fionn Mac Cumhaill, Spideoigín de Mhuintir

[21] Ó Criomhthain, Tomás: 'Bád na nGort nDubh', *Seanchas Ón Oileán Tiar,* An Cumann le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath (1956).
[22] Feiritéar, (1983), 20.

> Shúilleabháin agus cóirithe catha ar bharra a ghoib aige le go meascfaidís lena gcuid *Gin and Tonics* iad.[23]

Léiriú arís eile ar an mbuntáiste a bhain le muintir na háite féin bheith ina gclár reachtairí.

Ag labhairt do sa bhliain 2015 ag Ceiliúradh an Bhlascaoid i nDún Chaoin, dhein Breandán cur síos ar cheann de na modhanna a bhíodh aige chun ábhar a bhailiú ón bpobal sna blianta tosaigh úd:

> Ach a raibh blianta tosaigh Raidió na Gaeltachta ann ins na seachtóidí agus coinlíocht éigin craolta ag teacht do chuid againn thriallaimis téama éigin a bheith mar bhunchloch leis na hirisí craolta a bhíodh á gcraobhscaoileadh – in ionad iad a bheith ina gcúil choicíse d'ábhair a bheadh gan baint ná páirt le chéile. Ba mhinic gur ábhair bhéaloidis iad na bunthéamaí seo agam féin – agus ag craoltóirí eile – geáitse nó seift craolta le greim a fháil ar an mbun phobal a bhí ann agus le go mbeidís in acmhainn labhairt le micreafón agus labhairt go húdarásach leis an micreafón agus dá réir lena bpobal féin. Ba é an t-aon deis é leis an bpobal féin a chur ar an aer. Ar an aer a chuadar!
>
> Ba mhinic gur pearsain staire na téamaí cláir seo a bhí againn – pearsain staire go raibh a rian agus a dtuairisc fanta fós go láidir ar bhéalaibh an phobail. Bhí formhór na bpearsan seo fós beo beathach i mbéaloideas an phobail anseo. Is cuimhin liom téamaí ar phearsain staire ar nós Aogáin Ó Rathaile, Eoghan Rua Ó Súilleabháin, Séamas Bán Ó Conchubhair, Domhnall Ó Conaill, Brian Ború agus gan amhras Piaras Feiritéar.[24]

Léiriú an méid sin ar an bhfiúntas a bhain le hábhair a phiocadh go mbeadh a) suim ag an bpobal iontu agus b) go mbeadh saineolas ag na faisnéiseoirí orthu. Níorbh aon mhaitheas bheith ag iarraidh ar an bpobal áitiúil labhairt ar rudaí nach eol dóibh, agus ní haon ionadh gur ábhar óna gcultúr logánta féin a bhíodh mar ábhar agallaimh eatarthu.

Tógadh ar an gcur chuige luath sin nuair a cuireadh breis le foireann an raidió i gCúige Mumhan. Thosnaigh Micheál de Mórdha le RnaG ar an 1 Eanáir 1976:

---

[23] *Ibid. 18.*

[24] Feiritéar, Breandán: 'Dá Mairfeadh Piaras sa Dún' *Ceiliúradh an Bhlascaoid 20: Aimsir na nUasal* (de Mórdha, Micheál (eag.): Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2016), 72-73.

> Is é Breandán a bhí mar saghas 'mentor' agam agus thugadh sé leis mise nuair a bhíodh agallaimh, etc, á dhéanamh aige le pearsan mhóra na Gaeltachta. D'fhoghlaimíos a lán faoi sciathán Bhreandáin mar ba é siúd an craoltóir ab fhearr a bhí ag an Raidió ag an am. Thugadh sé téamaí dom chun cláracha a dhéanamh fúthu agus mholadh sé daoine dom. Ní raibh aon aithne agamsa ar na seandaoine (ach go háirithe I bParóiste Mórdhach, Paróiste na Cille, ná Paróiste Fionn Trá) ag an am sin ná ar na bailte fearainn ina raibh cónaí orthu (ach chaithfeá ligean ort féin go raibh!), agus chaithfeá foghlaim cuíosach tapaidh.[25]

Ar dhuine de na haíonna ba choitianta a bhí ag Raidió na Gaeltachta tráth an ama úd bhí Máiréad nó Meaig Ghineá ón gCoimín i bParóiste na Cille. Bhí a tuairim féin ag Meaig maidir le cad fáth go raibh éileamh uirthi mar chainteoir, faoi mar ar mhínigh sí do Bhreandán Feirtéar i 1974:

> BF: Thá beart mór groí litreacha anso anois díreach trasna uait, cuid acu mar fhreagra tomhais agus cuid mhaith acu id' lorg-se tharnais aríst ar a' radio.
>
> MG: Ná breá an rud san.
>
> BF: N'fheadar canathaobh go mbíonn siad id' lorg tharnais?
>
> MG: Níl fhios agam as is breá leothu, dé dhealraimh, mar chainteoir mé, agus is breá leothu
>
> an Ghaolainn a thugaim, bíonn sí breá compordach, mar bíonn cuid eile acu a bhíonn ar a'
>
> *radio* agus ní thuigfeá in aochor iad, bíonn siad ag ithe na cainte! Agus na hamhráin a bhíonn
>
> acu, bíonn amhráin breátha acu, ach má tá, ní thuigimid in aochor iad ach cuid acu.[26]

Ach má bhí éileamh ag an lucht éisteachta ar Mheaig mar chainteoir, bhíodar ann ná raibh ró-thógtha in aon chor leis an gcur síos a bhí aici, toisc go raibh a cuntas lom ag náiriú daoine:

[25] de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 05/05/2018.
[26] Ghineá, Máiréad, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0927_27, TX: 10/04/1974.

BF: Cogar bhí goimh aige daoine anois chúgat-sa agus bhí gomh acu chugam-sa chomh

maith toisc go gcuireas amach é, toisc go rabhamar ag caint ansan aon uair amháin go

mbíodh capaill agus ba ach istigh sna tithe.

MG: Sea.

BF: Agus nach 'in í an fhírinne nach í?

MG: Sin í an fhírinne, bhíodar istigh sna tithe ach ní maith leothu a thabhairt amach anois go rabhadar sna tithe in aochor acu. Ach ná breá nach bhfuil aon cheist ormsa a rá go rabhadar sna tithe againn? Bhíodar insan tseana-thigh agamsa sa bhaile, sara gcuamair insan tigh nua. Agus bhíodh a' capall istigh agus bhíodh dhá mhuic istigh, agus bhíodh na cearca istigh. Agus bhíodh na lachain thíos faoin gcúits, dúrt é sin cheana, ach ní mhaith leo é a rá in aochor anois, tá siad éirithe inairde ró-uasal anois chun é sin a rá.

Tá idir sheanchas agus anailís ar shochaí na linne sa chaint sin ag Meaig Ghineá, rud a bhíodh go mion minic. Is deacair gan an cáineadh seo ar chaint Mheaig (mar shampla amháin de cháineadh a bhí coitianta go maith) a léamh mar ábhar den gcoilíneachas inmheánach nó inmheánaithe a phléann Hechter (Féach 8.5 thíos).

Scéal a tharraingíonn scéal a deirtear, agus ba mhinic amhlaidh in obair an raidió. I Samhain na bliana 1975, chuir Breandán clár le chéile le muintir Dhún Chaoin, agus thug sé léargas ar conas ar bhailigh sé cuid d'ábhar an chláir:

Bhuel seachtain istoíche anocht bhí Jimí Mhártain Ó Dála agus seana-amhrán aige ambaiste – 'Barra an Ghlinn Ard'. Bhuel i rith na seachtaine fuaireas amach breis eolais faoin amhrán san, ó Thomás Ó Dála ó Chom Dhineoil thiar i nDún Chaoin. Deir Tomás liom gur i gCom Dhineoil atá An Gleann Ard, sa chnoc lastuas de na tithe i mbarra an bhaile. Agus is iad leaideanna an bhaile a chum an t-amhrán, na blianta fada ó shin, agus b'amhrán ana-choitianta ar an mbaile é, ach ní ró-mhinic a cloistí é lasmuigh den mbaile. Ach, mar a deireas tú, ní ón gCom Jimí Mhártain Ó Dála, ach fuaireas amach chomh maith go mbíodh Jimí ambaiste ana-shiúlach ar

> an gCom fadó ... fuaireas cúig cinn fhichead de shean-amhráin ó Tom. Ceann amháin acu, creid é nó ná creid, a bhí cloiste cheana agam.[27]

Ní hamháin gur thug RnaG stáitse leathan d'amhrán fíor-logánta ar nós Barra an Ghlinn Ard, ach eochair ba ea é sin chun dhá dhosaen amhrán neamh-choitianta eile a bhailiú agus a chraoladh. B'shin an raidió ag feidhmiú mar chaomhnóir, bailitheoir, agus seachadóir béaloidis.

Faoi mar atá feicthe againn sa chéad chaibidil, bíonn na meáin ina 'áisíneachtaí chultúrtha', ag cur cruth agus athrú ar an ábhar a bhíonn á gcraoladh acu. Chuirfinn leis sin, sa tslí is go raibh fhios ag an bpobal cad é an saghas ábhair a bhí á lorg uathu ag lucht an raidió, agus chuir sé sin ag cuimhneamh nó ag cumadh iad. Sampla de sin an chaibidil seo idir An Feiritéarach agus John Learaí Ó Cíobháin, ó Bhaile na Rátha i nDún Chaoin, file pobail deireanach an pharóiste:

> BF: Bhfuil tú ag cumadh filíochta i gcónaí a John?
>
> SÓC: Dhera, bím ag baint píosa as chun caitheamh aimsire.
>
> BF: Conas a bhuaileann an taidhe tú chun filíocht a scríobh?
>
> SÓC: Dhera bhí ana-spéis agam ann tamall ó shin nuair a thosnaíos féin agus Raidió na Gaeltachta ar dtús, abair, nuair a bhíteá chugam in aghaidh an lae, chaithfinn rud éigin a dhéanamh duit.[28]

Tá gné tábhachtach a bhain (agus a bhaineann fós, go pointe áirithe) le hobair RnaG i measc mhuintir na Gaeltachta; bhíodh íocaíocht á fháil ag na h-aíonna a bhíodh á gcur faoi agallamh acu. Cruthaigh sin luach ina gcuid cainte i ndaoine áirithe, ach bhíodh ar na Clár Reachtairí bheith lánchinnte nach d'iarraidh lucht an raidió a shásamh lena bhfreagraí a bhíothas:

> Thugas é sin faoi ndeara ar mhuintir a' 'leáin ach go háirithe agus b'é Sean Pheats Tom máistir na gceard… Bhraitheadh sé cén freagra a bheadh uait sar a mbeadh do cheist críochnaithe in aon chor agat. Abair go mbeifeá ag comhrá le Seán agus go ndearfá rud éigin mar seo:

[27] Feiritéar, Breandán, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0896_21, TX: 05/11/1975.
[28] Ó Cíobháin, John Learaí, in agallamh le Breandán Feiritéar do RnaG, CD 0977_07. Ní fios an dáta craolta, ach tuairim agus 1982.

"Bhuel anois, a Sheáin, tás agat Seán Landers thuas ar an Seantóir - fear tuisceanach géar chúiseach é sin ..." (ní bheadh do cheist críochnaithe in aon chor agat nuair a thabharfadh Seán a fhreagra).

"Ó, hanaman diabhal a Mhichíl ach go bhfuil an ceart agat, is é Seán Landers an fear is tuisceanaí agus is géarchúisí i nDún Chaoin, ní hea ach i gContae Chiarraí ar fad."

Lá eile ansin bheifeá ag caint le Seán agus do théip i bhfearas agat:

"Tás agat, Seán Landers, ní haon fhear ró-chainteach é ..."

"Bhuel anois a Mhichíl, aontaím leat, mar is fear gan chaint é Seán Landers agus nuair a thagann aon fhocal uaidh is focal gan dealramh é" (agus a fhios go maith aige gur fear breá macánta dea-chainteach é Seán).

Ligeadh cuid acu orthu gur aontaíodar le do chaint (trí 'Tá' a bheith acu i dtús na habairte agus iad ag freagairt) ach ansin chuiridís an scéal ar fad i gcomhthéacs. Is cuimhin liom comhrá mar seo le Muiris Bheit lá amháin:

"A Mhuiris, tá an saol ana-bhocht i nDún Chaoin ..."

"TÁ sé sin ann a Mhichíl, ach tá saol ana-mhaith ag formhór na ndaoine sa pharóiste anois ..."

Chaithfeá bheith cúramach led' cheisteanna, gan bheith á dtreorú slí amháin nó slí eile.[29]

Ba chuimhin le cuid mhaith de na faisnéiseoirí seo Coimisiún Bhéaloideas Éireann bheith ag bailiú tríocha bliain roimhe sin, agus gan faic de bharr a gcuid seanchais ag na scéalaithe agus na seanchaithe ach blúire tobac, b'fhéidir, dá mbeadh sé ag an mbailitheoir dóibh.[30] Bhí a fhios acu, go gcaithfeadh RnaG níos fearr leo, dá mbeadh ábhar inspéise acu dóibh.

[29] de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 27/06/2018.

[30] "... while countrypeople had given the Commission's collectors their lore gratis, presents of tobacco, and such like, were expected as a matter of course ... the collector's salaries was supposed to cover such sundry expenses.")Briody, Mícheál: *The Irish Folklore Commission, 1935 – 1970: History, Ideology, Methodology*. Studia Fennica Folkloristica 17, Finnish Literatue Society, Helsinki (2008), 364.

Bhí ana-obair bailithe á dhéanamh ag clár reachtairí an raidió, ach is mó eachtra seoigh a tharla dóibh ina gcuid oibre chomh maith. Luaigh an Mórdhach thuas go rabhadar ina strainséirí ar uairibh fiú i bparóistí a bhí ar aon leithinis leo, agus ní i gcónaí a bhíodh aithne acu ar na daoine a bhíothas á seoladh faoina mbráid:

> Bhí Breandán Feiritéar lá, agus b'shin luath go maith ina shaol craoltóireachta, i bParóiste Mórdhach agus é suite meáite ar bhualadh le cainteoirí maithe a bhí, a dúradh leis, le fáil go hiomadúil sa pharóiste sin.
>
> Bhuail sé isteach go tigh tábhairne an Bhreathnaigh ar an mBóthar chun beagán eolais a d'fháil ó úinéir a' tí, Tommy George Breathnach, ar cá raghadh sé chun cainteoirí maithe a bhaint amach agus iad a théipeáil. Sea, ambaiste, ach go ndúirt Tommy leis an bhFeirtéarach gur cheart dó dul go dtí an mnaoi áirithe seo mar gurb í an béal cainte ab fhearr í bParóiste Mórdhach.
>
> Thaispeáin an Breathnach don bhFeirtéarach cá raibh tigh Mhary. Mary Léiní a thugtaí thuaidh uirthi ach n'fheadar cén sloinne a bhí uirthi, agus mhol dó gur mhaith an rud gabháil chuici.
>
> Am éigin i dtús na seachtóidí ab ea é seo agus ag dul le faisean na linne, do bhí folt breá fada gruaige ar an bhFeirtéarach.
>
> Chnag fear RnaG ar dhoras Mhary. Tháinigh Mary amach agus, má tháinig, do sheasaimh sí i mbéal an dorais agus lán a súl a baint aici as an bhfear óg a bhí os a comhair amach. Ní raibh aon chuma ró-fháilteach ar Mhary ná aon dreach gealgháireach uirthi ach an oiread. Mhínigh Breandán fios a chúraim di. “Anois," a d'fhiafraigh sé, "an bhfuil aon scéal agat dom?"
>
> 'Tá go deimhin', ar Mary.
>
> "Abair leat," arsa Breandán.
>
> "Aoine A' Chéasta, is mór an céasadh bainne d'ól.
>
> Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feoil.
>
> Anois *Kiss my arse* agus bearraibh do ghruaig!”

> D'iaigh sí an doras de phreib agus b'éigean do Bhreandán bocht imeacht agus a eireaball faoina ghabhal aige. Ní déarfainn go ndúirt sé mórán paidreacha ar shon Tommy George an lá sin mar thuig sé go raibh bob buailte air.[31]

Ní i gcónaí a bhíodh na faisnéiseoirí agus na agallthóirí in ann a chéile a thuiscint go ró-mhaith, ar mórán cúiseanna, allabhaire agus bodhaire ina measc:

> Thíos i mBéal Átha An Ghaorthaidh a bhíomar beirt, mé fhéin is Seán Ó Cíobháin. Bhí fear éigin thíos ann a bhí 100 bliain ach é chomh bodhar le slis. Bhí Gaelainn aige ach níor thuig sé sinne á cheistiú as Gaelainn, *so* fuaireamar garmhac leis chun na ceisteanna a chur as Béarla agus go dtabharfadh an seanduine freagraí as Gaelainn.
>
> Mar shampla, is cuimhin liom an garmhac ag béicigh in ard a chinn agus a ghutha:
>
> "Fait vas ú dúing when ú bhas going te scúl"
>
> Níor éirigh ró-mhaith leis an dtaifead, tabhair faoi ndeara.[32]

Bhí nós ag scéalaithe áirithe nua-aoisiú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de na scéalta a bhí á insint acu. Mar shampla, i leagan den scéal 'Fionn agus na Bairnigh' a d'inis Donncha Ó Laoithe ó Bhaile Uí Chorráin i bparóiste Mórdhach don raidió i 1977, bhí na giotaí seo leanas:

> ... "tá mo thriúr clainne imithe go hÉirinn," ars' í sin, "triúr gaiscíoch ab ea iad, agus bhíodar chomh breá de thriúr fear is a chaith feidhre bróga riamh," nó *drárs*, faoi mar a dúirt fear Dhún Chaoin ...
>
> ... thiomáin Diarmuid abhaile na ba, agus má thiomáin ní raibh aon bhaol, pé braoinín bainne a bhí an lá riomhis acu, ach go bhfiú dho dul don *chreamery* an lá arna mháireach ... shín Diarmuid é fhéin sa chúinne agus ní haon leaba clúimh a bhí aige, ná aon *Odearest Mattress* ...[33]

Rud beo a bhí sna scéalta dos na scéalaithe; thugadar comhthéacs nua aimseartha dóibh chun iad a chur in oiriúint don lucht éisteachta.

---

[31] *Loc. cit.*
[32] *Loc. cit.*
[33] Ó Laoithe, Donncha, 'Fionn agus na Bairnigh', RTÉ Raidió na Gaeltachta,, CD 0966_12, TX: 12/10/1977.

Ach ní gach aon duine i mbainistíocht an raidió ar thaitin ábhar agus cláracha, nó an cur chuige seo leo. Ceapadh Muiris Mac Conghail ina Cheannaire ar RnaG i 1975, agus faoi Aibreán na bliana dar gcionn, bhí sé tagtha ar thuairim maidir le cláir an stáisiúin:

> By [April 1976] Mac Conghail … had arrived at the conclusion that 'the kind of programming which is being transmitted at the moment from Radio na Gaeltachta is rather more appropriate to the work of the Irish Folklore Commission than to a radio service purporting to serve a living community', or so he reported to the Director General of RTÉ on 8 April, 1976.[34]

Ní ag moladh an Choimisiúin a bhí Mac Conghail; léirigh an ráiteas an tsean-thuiscint ar bhéaloideas mar rud marbh, oiriúnach do sheilf cartlainne nó bosca gloine in iarsmalann. (Pléifear an tuiscint sin ar bhéaloideas sa chéad caibidil eile).

5.3 Aiseolas ón bPobal

Bhí daoine áirithe sa Ghaeltacht (agus sa Ghalltacht) ar aon fhocal le Muiris Mac Conghail, maidir le ról an bhéaloidis sa tseirbhís. In alt léirmheastóireachta ó Ultan Macken a foilsíodh sa *Sunday Independent* faoin céad seachtain craolta, scríobhadh "MONOTONOUS START: The first day last Sunday was pretty disastrous. We had music and seanachas all day long and it became extremely boring.[35] San alt céanna, agus é ag plé cláir a craoladh ag deireadh an chéad-lae úd inar nochtadh tuairimí mhuintir na Gaeltachta faoin tseirbhís nua, dúirt an léirmheastóir go raibh sé soiléir nach é a bhí ó bhunadh óg na Gaeltachta "just a polite service that would offer only culture and well-spoken Irish."[36]

Bhíodh alt ag an tÁrannach Éanna Ó hEithir san *Irish Times* ag tús na 1970í agus é ag déanamh léirmheastóireachta ar chláracha RnaG. Go gairid tar éis a bhunaithe, bhí an méid seo le rá aige:

> Tá casaoid choiteann dá dhéanamh faoi radio na Gaeltachta ar an ábhar go bhfuil an iomarca caointe air: amhráin chráite, caint chráite faoin seansaol agus caint níos cráite ná sin faoin saol atá romhainn amach. Ach cé leis a mbeadh súil

[34] Mulcahy, John. Luaite in Ó Glaisne, 220.
[35] *The Sunday Independent,* 09/04/1972.
[36] *Loc. cit.*

againn? Nach muid údair choiteann an Bhéil Bhoicht? Ag fuarchaoineachán a chaitheann muid an saol, ag ceasacht ar dhia is ar dhuine. Más ceart don radio íomhá an phobail a thaispeáint dó féin, sí an éagaoine seo is freagaraí. Agus bhí faitíos orm ansin le tamall go dtiocfadh críoch leis an stáisiún i racht ghoil agus olagóin, i stoirm sproicht ..."[37]

Bhíodh colún léirmheastóireachta rialta faoi RnaG ag Maitiú Ó Murchú san iris Comhar, agus dála an Árannaigh, bhí seanbhlas aige air chúrsaí seanchais agus béaloidis ar an raidió, i gcolún a scríobh sé i samhradh na bliana 1975:

Measaim go luíonn an cúram go trom ar mhuintir Chiarraí. Tá an Ghaeltacht beag agus níos measa ná sin arís tá sé scaipithe ar fuaid na Mumhan ar fad. ní haon iontas mar sin go measaim nach bhfuil fágtha sa Mhumhain ar fad acht lucht seanchaíochta, pisreogachta agus bainne. "Ní bhíonn a dhath ag cur buarthadh orthu i gCiarraí ach luach an bhainne," a dúirt comharsa liom le gairid.[38]

Faoi mar atá feicthe againn bhí ról nach beag ag Seosamh Ó Cuaig i nGluaisteacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta agus i Saor-Raidió Chonamara, ach ní raibh sé i measc na ndaoine a earcaíodh le dul i mbun oibre in RnaG. Tá léamh spéisiúil aige ar an ról a bhí ag an mbéaloideas sa tseirbhís nua ó thús:

Sílim go ndearna cúrsaí béaloidis dochar do Raidió na Gaeltachta ón tús. Bhíodh amhras ag Máirtín Ó Cadhain ar an mbéaloideas i bhfad roimhe sin. Féach an t-aiste bhreá a scríobh sé faoi. Nuair a thosaigh Raidió na Gaeltachta bhí traidisiún na mbailitheoirí béaloidis beo fós sa nGaeltacht. D'fhág sin gur tosaíodh ag cur béime ar scéalta a tharla "fadó" agus ar charachtaeirí. Dá gcuirtí tuairisceoir anonn go Boston seans maith gur scéalta faoi na báid mhóna a bhíodh ag dul as Conamara go Cinn Mhara a bheadh ag teacht ar ais aige. Sin nó blúiríní faoin mBlascaod. Ní bheadh caint ar bith ar an saol ilghnéitheach nua-aimseartha a bhí i mBoston. Cén bhrí ach neart Gaeilgeoirí breátha ansin leis an saol nua a mhíniú.

Bhí mé féin agus Seán Ó Cuirreain ag léiriú cláir cúrsaí reatha uair amháin, "Bunscéalta agus Barrscéalta". Oíche i bpub i Ros Muc dúirt fear liom go raibh aithne aige ar fhear a raibh an-scéal go deo aige a d'fheilfeadh don chlár. Shíl mé

[37] Ó hEithir, Éanna: 'Uamhan Clois', *The Irish Times,* 12/05/1972, 12.
[38] Ó Murchú, Maitiú: 'Radio na Gaeltachta', *Comhar,* Iml. 34, Uimh. 7 (Iúil 1975), 11.

> féin go raibh "scúp" breá ar an mbealach. Nuair a dhún an pub chuaigh muid trí phuiteach agus trí dhriseacha, agus "takeaways" faoin ascaill againn, go dtí an áit a raibh an fear ina chónaí. Ní raibh aige sa deireadh ach ráiméis faoi na báid mhóna.
>
> Tá rud eile freisin ann, cés móite de Pheig Sayers agus cúpla bean eile, is óna fir a bailíodh an chuid is mó den seanchas sular thosaigh an raidió. D'fhág sin a lorg ar an raidió freisin. Cuimhnigh gur bunaíodh é gan oiread is iriseoir amháin ann, ná banchraoltóir ach an oiread.
>
> Saol an lae inniu a chur i láthair sa nGaeilge is cruinne atá le fáil, sin é atá ag teastáil agus ní béaloideas.[39]

Bhí tionchar Uí Chadhain le braistint go láidir ar an nGluaiseacht, agus ní haon ionadh go mbeadh tionchar ag smaointí an Chadhnaigh ar Sheosamh Ó Cuaig. I léacht thar a bheith fonóideach a thug An Cadhnach ar théama an bhéaloidis do Chumann na Scríbhneoirí i bhFeabhra na bliana 1950, tá sé thar a bheith cáinteach ar léann an bhéaloidis, agus ar an gcóras bailithe, cé go dtosnaíonn sé le "As an mbéaloideas a fáisceadh mé féin. Ba é an an t-aon chineál 'léinn' é a bhí ag formhór mo chomharsan":

> Níl tír ar bith sa domhan is dóigh, gan cumainn agus irisí béaloideasa. In Éirinn ní leor sin. Tá pé cultúr atá ag gabháil leis an nGaeilge agus obair na Gaeilge go hiomlán faoina réim. Lena rá ar a mhalairt de chaoi, níl i saothrú na Gaeilge ach brainse den bhéaloideas ...
>
> Tá gluaiseacht na Gaeilge ariamh dhá hoiliúint ar phurgóidí na sean –'traidisiún' agus ar uachtar reoite rómánsaíochta: seanchineálacha éadaigh (nó éadaigh a síltear a bheith ina seanchineál), seanoirnéis, seansaoirsinn, seantithe, seandathuchán, seandamhsaí, seannós ceoil, seanghnáis, seanlitriú, seanchaithe, seanscéalta, seanfhilíocht an 18ú céad, gach abairt dá mhíofaire i gcruth seanfhocail, gach gné seanchailleachais.
>
> Níl aon cheird ann ach an tseancheird. Níl aon léann ann ach an léann atá ag seandaoine gan léann.[40]

[39] Ó Cuaig, Seosamh, comhfhreagras leis an údar, 08/02/2016.
[40] Ó Cadhain, Máirtín: 'Béaloideas' Léacht a tugadh don Chumann na Scríbhneoirí ar 11 Feabhra 1950, foilsithe in *Ó Cadhain i bhFeasta,* Seán Ó Laighin (Eag.), Clódhanna Teo., (1990), 129-138.

Míníonn Ó Cadhla tuiscintí An Chadhnaigh faoi léann an bhéaloidis go beacht:

> Má chuir "an t-olagón Duileargúil" searbhas ar Ó Cadhain ní móide gur díreach mar gheall ar ábhar fairsing an bhéaloidis é. Is é is dóichí gur chuir an tuairim a ghabh leis, an t-ainmniú agus an léirmhíniúcháin, cás air. Níorbh aon éifeacht é ach nuair a bhíonn pobail thíos le fadhbáil thuisceana. Sa bhéim thar ceal go léir a cuireadh ar chultúr nach raibh de ghus ná d'urrús ann teacht slán as an bportach, thug an léann sochraid agus tórramh don phobal.[41]

Baineann an seanbhlas seo ar bhéaloideas le tuiscintí na linne ina thaobh; gur amhlaidh béaloideas agus 'sean', as-dáta, gan ról gan feidhm i saol nua-aimseartha na linne. Tugann Coleman léargas dúinn ar ról an chultúr sna meáin nua, áfach:

> The station [RnaG] has embraced not just local dialectal forms but also local modes of discourse. Types of knowledge and discourse which in the national sphere tend to be deprived of their functionality and received as 'folklore' – as emblems of the national past – retain their role as vehicles for community discussion on Raidió na Gaeltachta. Since medieval times, poetry and song, in both literary and oral genres, have been a favoured medium for topical discussion and political debate among all social strata of Irish-Speakers. These discursive forms have still functioned, to a certain extent, in modern Irish-language media. The station thus often functions as a seamless extension and radicalisation of 'traditional' modes of local discourse, while projecting them into a non-geographically based, open-ended communication community.[42]

Féachadh sa chaibidil seo ar obair an raidió i mblianta luatha na seirbhíse, maidir le cláir agus sceidil, an saghas ábhair a bhí a thaifead agus á chraoladh, agus ar obair na foirne i measc a muintire féin. Pléifear an t-aiseolas a bhí á fháil faoi RnaG, ó mhuintir na Gaeltachta, ó Ghaeilgeoirí agus ó thráchtairí Béarla, agus cé chomh sásta is a bhí muintir na Gaeltachta le RnaG.

Déanfar plé níos iomláine ar cheist an bhéaloidis agus an chultúir ar RnaG sa chéad chaibidil eile.

---

[41] Ó Cadhla, Stiofán: *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*, Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán (2011), 224.
[42] Coleman, 183-184.

6. ‘Cré Bheo an Bhéaloidis’: RnaG & Béaloideas

> … Instead of venerating his coinage, we should consider his action, and examine the fit between the name folklore and the subject it denotes. We need to take stock of what we work on intellectually, what we consider to be our contributions to education, and who we are trying to serve … We seek to understand expressive behaviors and processes, past and present, performed, textualized, artifactualized, or enmeshed in our being in the form of beliefs and practices, enacted anywhere from remote villages to what Marc Aug (1995) calls the "non-places" of super-modernity. We now add to it the complexities of a transcultural age and the commodification of cultural manifestations. Folklore will not do justice to this enlarged task, no matter how many modifiers we add to it.[1]

***Achoimre**: An nasc idir RnaG agus Béaloideas a bheidh á phlé anseo. Triallfar sainmhíniú a thabhairt ar choincheap an bhéaloidis mar a tuigtear é agus mar a thuigtí é. Féachfar ar thuiscintí faoi an bhéaloideas, cultúr, oidhreacht agus traidisiúin, agus cá shuíonn an tábhar a craoladh ar RnaG sna ‘boscaí’ úd. Pléifear tuairimí leithéidí Mháirtín Uí Chadhain faoin cheist seo, go háirithe a theoiric maidir le cultúr bheo agus cultúr mharbh, agus na fadhbanna a bhain le ‘córas’ an bhéaloidis in Éirinn ag an am. Déanfar plé ar an ábhar a dhein RnaG a thaifead sa Ghaeltacht, go háirithe ar an tseanchas a bailíodh. Pléifear obair RnaG mar thogra sa bhéaloideas poiblí, agus déanfar comparáid ar obair RnaG agus obair Coimisiún Bhéaloideas Éireann.*

Tá feicthe againn sna caibidil roimhe seo go raibh ról ag RnaG, agus ag aonaid thaistil RÉ roimhe, i mbailiú agus i bhfoilsiú (nó craoladh sa chomhthéacs seo) ábhair chultúrtha ós na ceantair Ghaeltachta, mar áisíneachtaí cultúrtha i ngan fhios dóibh féin go minic. Tá cartlann fuaime bailithe ag RnaG ó cheann ceann na Gaeltachta, cartlann ina bhfuil

[1] Bendix, Regina: ‘Of Names, Professional Identities, and Disciplinary Futures’, *The Journal of American Folklore*, Vol. 111, No. 441, Folklore: What's in a Name? (Summer, 1998), 235-246.

formhór gach gné de chultúr béil, ábhartha agus eitneolaíochtúil dúchasach na gceantar le céad bliain anuas. Ach ar thosnaigh RnaG ag treabhadh agus ag fuirseadh i measc na muintire sna seachtóidí luaithe, ba san naoú haois déag a saolaíodh roinnt mhaith de na faisnéiseoirí ar chuaigh na Clár Reachtairí i mbun agallaimh leo. B'iad seo gar-leanaí an ghorta; nasc díreach leis an drochshaol, á gcloisteáil ar fud na tíre a bhuíochas de theicneolaíocht na fichiú haoise. I roinnt cásanna, b'iad seo na daoine céanna ar bhailigh lucht Choimisiún Bhéaloideas Éireann ábhar uathu sna 1930í, 1940í agus 1950í; i gcásanna eile, bhí faisnéiseoirí RnaG i láthair lena n-óige agus bailitheoirí an Choimisiúin i mbun oibre lena dtuismitheoirí nó lena sean-tuismitheoirí. Bhí taithí ag a lán de mhuintir na Gaeltachta, dá bhrí sin, ar bhailiú béaloidis.

Sa chaibidil seo, déanfar comparáid idir obair RnaG agus obair Choimisiún Bhéaloideasa Éireann, chun ról RnaG mar áisíneacht bailithe béaloidis a léiriú; déanfar obair an RnaG mar iarracht ar 'Béaloideas Poiblí' a mheá agus a mheas; cuirfear cuid de théamaí móra léinn an bhéaloidis i bhfeidhm ar obair RnaG, agus déanfar iniúchadh ar oiriúnacht an téarma 'Béaloideas' mar chur síos ar an saghas oibre a bhí ar bun ag RnaG, agus ar an cineál ábhair a bailíodh. Ina theannta san, féachfar ar an raidió mar uirlis ag cultúr pobail neamhfhorleathan le iad féin a chur in iúl.

6.1 Sainmhíniú ar 'Béaloideas/*Folklore*'

Ag croílár an dioscúrsa maidir le béaloideas agus cultúr dúchas na Gaeltachta, agus léiriú an ábhair úd ar na meáin, tá an éiginnteacht maidir le bunbhrí na téarmaí 'Béaloideas' agus 'Folklore'. Cumadh na focail Ghaeilge agus Béarla chun tuiscintí ar leith a léiriú, agus tá brí na bhfocal, nó mar a thuigtear na focail do scoláirí agus don gcosmhuintir, athruithe ó shin. Is ionann agus drochfhocal *folklore* anois, agus é luaite le botúin, aineolas agus bréagstair, ar uairibh. Ní miste dúinn sainmhíniú a fháil don téarma, don gcoincheap, don léann agus don ábhar a bailíodh, má tá uainn ról an bhéaloidis ar an raidió, agus ról an raidió i léiriú an bhéaloidis, a ríomh.

Tugann Ó hÓgáin léargas dúinn ar stair an fhocail 'Béaloideas', agus deir gur dóichí gurb é Seathrún Céitinn (c.1580 - c.1644) a cheap an téarma, nó ar a laghad gur óna scríbhinní a fuair foclóirithe agus sanasaithe na hochtú agus na naoú haoise déag, agus go deimhin na fichiú haoise, an téarma 'béaloideas'. Ba sa *Focloir Bearla Gaoidheilge,* a foilsíodh i bPáras

i 1732 agus a chur Conchobhar Ó Béaglaoich le chéile, i bpáirt leis an bhfile Aodh Buí Mac Cuirtín, an chéad uair ina raibh an focal béaloideas i bhfoclóireacht na Gaelainne:

> In that work, the word 'tradition' is translated as 'béaloideas'. It occurs again two generations later, in *An Irish-English Dictionary*, by Edward O'Reilly, published in Dublin in 1817- 'béaloideas' being translated as 'oral instruction, tradition'. Exactly the same translation of the word (written 'beuloideas') is given by Terence de Vere Coneys in his *Focloir Gaoidhilge-Sacs Béarla: an Irish-English Dictionary*, published in Dublin in 1849. That lexicographers continued to quote from each other is clear from the first edition of the celebrated dictionary of Fr Patrick S. Dinneen, Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary, published in Dublin in 1904. There the word, orthographically represented as a compound, *béal-oideas*, is explained as 'tradition; oral instruction'.
>
> It is very likely that Ó Beaglaoich and Mac Cuirtín had the word from a written source, that source probably being the history of Ireland written by Seathrún Céitinn in 1632-1634 and which circulated widely in manuscript. As we shall see below, Céitinn used the word on several occasions. It is significant that, in the second edition of Dinneen's dictionary, the translation developed to 'tradition; folklore; oral instruction'. This second edition appeared in 1927, and the addition of the term 'folklore' is significant. The term had recently come into currency, due no doubt to the founding of the Folklore of Ireland Society (*An Cumann le Béaloideas Éireann*) in the previous year. As we have said, 1928 marked the appearance of the first number of the present journal, with its title *Béaloideas.*[2]

Tráth cinniúnach do chultúr na Gaelainne, agus do léann an bhéaloidis in Éirinn ba ea na 1920í, le bunú an saorstáit, foilsiú tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta i 1926, agus bunú An Chumainn le Béaloideas Éireann an bhliain céanna.

Tugann Ó hÓgáin ceithre mhíniú don focal as a chuid taighde; 'traidisiún, oideas (nó teagasc), seanchas agus deachtadh':

> The literal meaning of *béaloideas* clearly is 'oral instruction', the word being a compound of béal (Old Irish *bél*) meaning 'mouth', and *oidea*s (Old Irish *aittes*)

[2] Ó hÓgáin, Dáithí: 'Béaloideas': Notes on the History of a Word', *Béaloideas*, Iml. 70 (2002), An Cumann Le Béaloideas Éireann, 83-84.

> meaning 'teaching'. With regard to the origin of this compound, a survey would lead one to believe that it first came into use in the early seventeenth century ... four reasonably stable understandings can be suggested- tradition, instruction, lore, and dictum.[3]

Sin a thuigfí go minic le béaloideas; go bhfuil sé traidisiúnta, á sheachadadh de bhéal, go bhfuil ábhar den múineadh idirghlúin i gceist, agus go bhfuil údarás éigin ag lucht a sheachadta sa phobal. Cuireann Ó hÓgáin leis an míniú sin, áfach, ag tarraingt an léann staidéir isteach sa scéal:

> ... the modern research methods are preoccupied with the varied interaction between tradition and the role of the individual. The objective is to study folklore materials at all stages from origin to current state, and all information as to any of the relevant factors is valued and taken into account. The term *béaloideas* is, since the early twentieth century, is given the general meaning which will facilitate such a modern recognition of the subject. The literal meaning of the term, 'oral education', tends to lay more emphasis on the actual method of transmission of the material. However, as is the case also with the English word *folklore*, it has not easily found its way into common parlance.[4]

Tá feidhm ar leith leis an bhfocal, a deir an tÓgánach mar fhocail scoir, ar na saolta seo, le cur síos ar an ábhar, agus ar an staidéar a déantar ar an ábhar, sa tslí chéanna a fheidhmíonn an focal *folklore.* Níl oiread díobhála déanta de *'béaloideas'* is atá de *'folklore'* mar théarma i gnáththuiscintí na muintire, nó i ngnáth teanga na linne seo.

Sa leagan is déanaí den bhfoclóir Gaeilge – Béarla oifigiúil, sin foclóir Niall Uí Dhónaill 1977, tugtar an míniú gonta seo ar 'béaloideas': '**béaloideas**, m. (gs. -dis). Oral tradition; folklore. (Var:gs. ~a)'.[5] Ní thugann san fíorléargas ar dhoimhneas an téarma ná an choincheapa. Tá míniú cuíosach cuimsitheach ag Roinn an Bhéaloidis agus na hEitneolaíochta, UCC, ar 'béaloideas' ar a suíomh idirlín:

> Is é atá sa 'Béaloideas' ach suim san eolas, nó i slite chun eolais, atá neamhfhoirmiúil, neamhoifigiúil, dúchasach nó ailtéarnach. Tagraíonn sé do shaol

[3] *ibid.*
[4] *Ibid.* 96.
[5] www.teanglann.ie. Faighte 16/07/18.

> an duine ó bhreith go bás, ó bhás amach agus ó inné go dtí inniu. Díríonn eitneolaithe, béaloideasaithe, taighdeoirí sa Béaloideas, i léann an chultúir tré chéile, san antraipeolaíocht chultúrtha nó sa Léann Gaelach, ar chruthaitheacht agus ar ealaín an duine ...
>
> Déanann an Béaloideas léann ar (A) Scéalta agus Seanchas: finscéalta, seanscéalta, fiannaíocht, scéalta grinn, miotais, seanfhocail nó tomhaiseanna. (B) Féile, Creideamh agus Leigheas: crá agus creideamh tíre, reiligiún dúchais, deasghnátha, féilte, féilire agus iompar agus (C) An Cultúrtha Ábhartha agus Slí Bheatha na nDaoine: cultúr fisiciúil nó ábhartha, ealaín, ailtireacht dhúchais, déantúsaíocht atá lámhdhéanta nó táirgthe. Is ceart ciall fhairsing a bhaint as an dtéarma béaloideas sa lá atá inniu ann. Is suim leis an seansaol ach is suim leis an saol comhaimseartha chomh maith agus an gaol atá eatarthu.[6]

Tá gach gné de mhíniú úd an bhéaloidis le fáil i gcartlann RnaG. Ach sula dtabharfar faoin bpointe áirithe sin, caithfear féachaint ar an téarma Béarla '*folklore',* maidir le brí, tuiscint, agus úsáid, ó chéad ceapadh é sna 1840í.

Sasanach darbh ainm William Thoms a chéad-cheap an téarma *folklore* sna 1840í:

> 'Folklore' began its career as a name change. In 1840s England "popular antiquities" had become lexically inappropriate: the term did not fit the subject. William Thoms, using a pseudonym, argued the subject would be "most aptly described by a good Saxon compound, Folk-lore-the Lore of the People." [7]

Is i litir chun na hirise *The Athenaeum* a d'úsáid Thoms an téarma an céad uair:

> On August 22, 1846, Thoms- still using the pseudonym "Ambrose Merton"- published the first columns for *The Athenaeum* in the form of the now famous letter. He headed the article "Folk-Lore," and all subsequent columns in The Athenaeum bore the same title. The letter was dated ten days earlier, August 12, and since Thoms had been mulling the project over, it is quite probable that the word had appeared on paper, although not in print, even before that date:
>
> FOLK-LORE

[6] https://www.ucc.ie/en/bealoideas/study/ldexplain/. Faighte 16/07/18.
[7] Bendix, 235-246.

> Your pages have so often given evidence of the interest which you take in what we in England designate as Popular Antiquities, or Popular Literature (though by-the-bye it is more a Lore than a Literature, and would be most aptly described by a good Saxon compound, Folk-Lore,-the Lore of the People)-that I am not without hopes of enlisting your aid in garnering the few ears which are remaining, scattered over that field from which our forefathers might have gathered a goodly crop. No one who has made the manners, customs, observances, superstitions, ballads, proverbs, 8cc., of the olden time his study, but must have arrived at two conclusions:- the first, how much that is curious and interesting in these matters is now entirely lost- the second, how much may yet be rescued.[8]

Bhí mórán de na nithe céanna ag déanamh tinnis do Shéamus Ó Duilearga nuair a bhí an obair ag tosnú ar Chnuasach Béaloideas Éireann; is é sin go raibh práinn ag baint le bailiú bhéaloideas na ndaoine, go raibh na sean-bhealaí maireachtála agus béasa, nósanna, creideamh, amhráin agus sean-chaint na ndaoine ag fáil bháis:

> Gaeldom is slowly disappearing, our folk-culture will soon be but a memory, the old seanachaidhes are fast dying our while all the time the fools in high places squabble over trivialities, occupy themselves with thing which can be very well attended to in fifty years time – and slowly but steadily the only sources of supply for the study of our people are dying in the remote places, among the hills and in the valleys of the barren lands of Munster, and of Connacht, and the North.[9]

Tá sa dá thagairt sin thug na gnéithe a luaitear leis an mbéaloideas nó leis an folklore, go deimhin a fheictear mar ghnéithe riachtanacha de choincheap an bhéaloidis, a fhágann mí-thuiscint ar mórán maidir le fíorbhrí agus fíorluach an ábhair. Samhlaítear béaloideas le seanaimsireacht agus le traidisiún, le ceantair tuaithe agus le hiargúltacht, le bochtaineacht, mar ní nár athraigh leis na cianta. De réir na tuisceana seo, le bheith ina ábhar béaloidis 'fíor', caithfidh rud, amhrán nó scéal nó port nó ceard, bheith ársa, beith á seachadadh ag daoine gan puinn oideachais fhoirmiúil, beith foirfe, iomlán, gan deilbhíocht ó ráillí an traidisiúin.

[8] Emrich, Duncan: '"Folk-Lore": William John Thoms', *California Folklore Quarterly*, Vol. 5, No. 4 (Oct., 1946), Western States Folklore Society, 360-361.
[9] Ó Duilearga, Séamus, litir go Carl Von Sydow, Samhain 1929, luaite i Briody, 95.

I gcás an téarma Béarla, tá díobháil déanta ag aineolas maidir le fíorbhrí agus fíorluach an ábhair, agus tá míniú breise tugtha do folklore (bréaga, botúin, miotais, srl.), toisc ceal oideachas bheith luaite leis an 'folk':

> One can see that the basic mistrust of folk materials is part of a general ambivalence about the materials of oral tradition, the materials of the folk. On the one hand, the folk and their products were celebrated as a national treasure of the past; on the other hand, the folk were wrongly identified with the illiterate in a literate society and thus the folk as a concept was identified exclusively with the vulgar and the uneducated.[10]

Leanann an (mí)thuiscint gur amhlaidh 'béaloideas' agus 'bréaga'. Dundes arís:

> The equation of folklore with ignorance has continued. The word folklore itself considered as an item of folk speech means fallacy, untruth, error. Think of the phrase "That's folklore." It is similar to the meaning of "myth in such phrases as "the myth of race." This is not, however, what folklore and myth mean to the professional folklorist. ... Folklore consists of a variety of genres most of which are found among all peoples of the earth. Nevertheless, the association of folklore with error (consider "folk" medicine as opposed to "scientific" medicine) has made it difficult for the study of folklore as a discipline to gain academic respectability and has generally discouraged the use and study of folklore by educators.[11]

De réir na teoirice ní bhíonn suim ach ag daoine atá róthógtha leis an tseanaimsir sa bhéaloideas:

> It is still mistakenly thought that the only people who study folklore are antiquarian types, devotees of ballads which are no longer sung and collectors of quaint customs which are no longer practiced. Folklore in this false view is equated with survivals from an age past, survivals which are doomed not to survive. Folklore is gradually dying out, we are told.[12]

[10] Dundes, Alan: 'Folklore as a Mirror of Culture', *The Meaning of Folklore: The Analytical Essays of Alan Dundes,* Bronner, Simon J. (eag.), University Press of Colorado, Utah State University Press. (2007), 58.
[11] *Ibid.*
[12] *Ibid.*

Tá an tuiscint seo go bhfuil an béaloideas in aon leaba leis an seanaimsireacht, nó go deimhin i leaba an bháis, le léamh síos tríd dioscúrsa an bhéaloidis le fada. "Tá ráfla amuigh," a deir Ó Cadhla, "gur caitheamh aimsire ag an mbás le fada an cultúr dúchais a fhiach den saol.":

> Táthar ag rá go bhfuil sé marbh le cúpla céad bliain anois. Ar leibhéal amháin níl sa bhéaloideas ach ainm teibí. Nuair a bhuailtear an t-alt láimh leis tagann deimhneacht dó nach bhfuil ann in aon chor. Tá buntáistí áirithe agus buanna beaga ag an téarma gan amhras. Is aistriúchán ar roilsí Victeoireacha an naoú haois déag cuid mhaith é. Ní fhreagraíonn sé go baileach ná go hiomlán d'éirim ná do réim an eolais dúchais. Tá oiread de pharanóia na nua-aoise agus de rámhaille na réasúnaíochta sa choincheap nár mhiste le duine ann nó as é babhtaí. Sin é a d'fhág dioscúrsa na gannchúise agus na teirce le hoidhreacht againn ...
>
> Cé méid uair a tuaradh bás na hÉireann, bás na Gaeilge, bás na Gaeltachta, bás na tuaithe, bás an iarthair, bás na scéalaíochta, bás na gciseán, bás an cheoil, bás na gcurach agus míle bás eile nach iad?[13]

Ní shamhlaítear béaloideas mar rud beo, rud a bhíonn ag athrú agus ag claochlú, rud atá beo san aonú aois is fiche faoi mar a bhí san ochtú aois déag. Cuimhnítear ar i gcónaí mar cré mharbh, nó mar sean-fhíon i sean-bhuidéil:

> The notion that folklore was disappearing and must be collected rapidly … was often cited as an impetus … this sense of urgency in American folklore was first highlighted by Wells and has continued as a staple throughout the discipline's history … however the notion of an "eleventh hour" crisis was challenged by Botkin's position and by examples listed above from *These Are Our Lives* that folklore was "the pouring of new wine into old bottles. Nor do the old traditions really die; they are continually being renewed and transformed – old wine in new bottles" (qtd. In Hirsch 1995:87). In his instructions to fieldworkers in 1939, Botkin asked WPA writers and interviewers to "look with fresh eyes" at places and people that had been known to many of the fieldworkers for most of their

[13] Ó Cadhla (2011), 218.

> lives, searching for what Botkin termed as "folklore in the making" (qtd. in Hirsch 1995:89).[14]

Cur leis an teoiric úd caint Ben-Amos, a dúirt "rarely has it [béaloideas] been conceived of as new wine in new bottles," agus feictear castacht an téarma agus a thuiscintí iomadúla:

> Thus, folklore is not thought of as existing without or apart from a structured group. It is not a phenomenon sui generis. No matter how defined, its existence depends on its social context, which may be either a geographic, linguistic, ethnic, or occupational grouping. In addition, it has required distillation through the mills of time. Folklore may be "old wine in new bottles" and also "new wine in old bottles", but rarely has it been conceived of as new wine in new bottles. Finally, it has to pass through time at least partially via the channels of oral transmission. Any other medium is liable to disqualify the material from being folklore.[15]

"Idir an sean agus an nua, idir an traidisiún agus an nua-aois a bhíonn i gcónaí geall leis,"[16] a deir Ó Cadhla. Le teacht áis nua-aoiseach an raidió mar arm ag pobal na Gaeltachta lena gcultúr a léiriú, bhí acu buidéal nua dá bhfíon, bíodh sé ina shean-fhíon nó ina fhíon nua.

Bhí míniú leathan ag Bodkin don dá fhocal as a bhfuil *folklore* déanta – *folk* agus *lore* – sainmhíniú atá thar a bheith úsáideadh fós:

> In [The Manual of Folklore Studies] Bodkin wrote, "every group bound together by common interests and purposes, whether educated or uneducated, rural or urban, possesses a body of traditions which may be called its folklore … Bodkin expanded the definition of lore to include contemporary, industrial and urban folklore. Bodkin wrote, "all types and forms of folk storytelling and all minority groups – ethnic, regional, and occupational – are to be represented … [in order to give] a comprehensive picture of the composite America – how it lives and works and plays" (qtd. in Mangione 1973:270)[17]

[14] Lee, Mary K: 'The Federal Writers' Project and Overlapping Definitions of "The Folk"', *The Folklore Historian, Journal of the Folklore and History Section of the American Folklore Society,* Vol. 18 (2001), 38.
[15] Ben-Amos, Dan: 'Toward a Definition of Folklore in Context', *The Journal of American Folklore, Vol. 84, No. 331, Toward New Perspectives in Folklore* (Jan. - Mar., 1971), 5.
[16] Ó Cadhla (2011), 219.
[17] Lee, Mary K., 32.

Tá sé seo tábhachtach i gcomhthéacs chultúr na ndaoine mar a léiríodh ar RnaG. Cé gur ar phobal na Gaeltachta a bhí an tseirbhís dírithe, níorbh aon ollphobal aonchineálach iad ó cheann ceann na tíre. Cinnte, bhí faisnéiseoirí 'traidisiúnta' i gcomhthéacs an Choimisiúin le cloisteáil go rábach ar RnaG (feirmeoirí, iascairí, sclábhaithe feirme)[18], bhí fophobail nó foghrúpaí le cloisteáil ann chomh maith; imircigh, mná tí, múinteoirí, oibrithe monarcha, saighdiúirí, daoine de bhunadh tuaithe a bhí ina ndaoine uirbeacha le fada, tiománaithe, tábhairneoirí agus an t-iliomad eile, iad ar fad lena gcuid seanchais, a gcuid ceoil, agus a gcuid amhráin féin le seachadadh. Léiríodh ar RnaG, don chéad uair, go raibh na daoine seo sa Ghaeltacht, agus go raibh gné dá saol le feiscint i gcultúr na Gaeltachta.

Chreid an t-údar, an sóisialach agus an gníomhaí Iodálach Antonio Gramsci gur raibh ciall an-leathan, ciall choincréiteach, le béaloideas, ciall a thugadh tuiscint níos fearr ar shaol laethúil na ndaoine; "Folklore can be understood only as a reflection of the conditions of life of the people, although folklore frequently persists even after those conditions have been modified in bizarre combinations".[19] Tá san fíor i gcomhthéacs an bhéaloidis mar a léiríodh ar RnaG. Cé go bhfuil sochaí na Gaeltachta athruithe ó bhonn ó bunaíodh an raidió, ó thaobh cúrsaí oideachais, tithíochta, fostaíochta agus forbartha, tá cuid mhaith de chultúr na muintire (m.sh. amhráin) fós á sheachadadh tríd an raidió, beag beann ar na hathruithe sóch-eacnamaíoch céanna.

6.2 Tuiscintí ar 'Béaloideas'

Faoi mar atá feicthe againn, b'é tuiscint na coitiantachta ar feadh i bhfad ná go mbaineann béaloideas le saol atá imithe, ar leaba an bháis, nó ar a laghad ar an meaisín tacaíochta beatha. Tuaithe seachas uirbeach, simplí seachas coimpléascach, bocht seachas saibhir, íseal seachas ard, neamhliteartha seachas liteartha. "Something fixed and static," faoi mar a dúirt Ó Giolláin, "or if, in motion, only towards its own

[18] 'All the storytellers whom I and my colleagues have known are country people, of the small farmer-fisherman type, or farm labourers. I have never got a story from anyone else. The custodians of the oral archive of memory have been a gifted élite of the illiterate poor of the centuries …" (Ó Duilearga, Séamus: 'Irish Tales and Story-Tellers', luaite i Dundes, Alan (eag.): *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore,* Rowman & Littlefield (1999), 162.

[19] Gramsci, Antonio: 'Observations ón Folklore', luaite i Dundes, Alan (eag.): *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore,* Rowman & Littlefield (1999), 135.

extinction."[20] Ach táthar ag ceistiú na dtuiscintí traidisiúnta úd, i saol an léinn ach go háirithe agus iarrachtaí á ndéanamh ar léas anama nua a thabhairt don téarma agus don ndisciplín.

Ag scríobh do i réamhrá an leabhair *Locating Irish Folklore,* scríobhann Ó Giollán faoin mothúchán a ghineann an téarma:

> Folklore escapes clear definition, but its aura gives it an immediate emotional resonance. It seems to have to do with the past, or at least the residual. It has to do with the countryside, in Ireland particularly with the West and even more so with the Irish-speaking West. Perhaps most of all with places like the Aran Islands or the abandoned Blaskets. It has to do with old people rather than young people. If it plays music it is pipes or fiddle rather than electric guitar. If it tells stories it is orally and in intimate settings. It belongs more under a thatched than a slated roof, by a turf fire rather than a radiator, in a humble kitchen as opposed to elegant drawing room. If it travels ón land it is by donkey, bicycle, or – perhaps – Morris Minor. If it travels by sea it is by *currach* rather than by yacht. If it travels by air it is on its way to a folk festival.[21]

Ach, a deir an Giollánach, níl na tuiscintí sin bailí a thuilleadh, má rabhadar riamh:

> Yet if we look more closely, we find that these apparent truisms are not valid any more – if ever they were. The *currach* is having a revival, but for leisure and especially for racing. Thatching is making a comeback, with the help of a heterogeneous clientele (many of whom already have a house in the city) and a state grant for a thatched roof. Storytelling has been revived, with international festivals and frequent sessions in pubs and other venues. Irish folk music is thriving in Ireland and abroad – has gone beyond its ethnic roots – and has a strong place in the culture industries. Having its origins in the countryside and for long specifically identified with it, today folk music is mostly found in the cities ... Are these folk culture or are they not?[22]

[20] Ó Giolláin, Diarmuid: *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity,* Cork University Press, Cork (2000), 3.
[21] *Ibid.* 2.
[22] *Loc. cit.*

Bíonn ábhar béaloidis de shíor ag athrú, agus léasanna saoil nua á fháil aige in áiteanna nach mbeadh súil leis go traidisiúnta. Mar shampla, níl eolas agam ach ar dhá tigh ceann tuí in Iarthar Duibhneach , agus is le fear de bhunadh chathair Chorcaí ceann acu, agus le lánúin Mheiriceánach an ceann eile. An bheirt scéalaí óg is fearr ar m'aithne, is iníon Albanaigh duine acu agus mac Luimnígh mná an duine eile. Bíonn leisce ar amhránaithe amhráin a chum Séamas 'An Spailpín' Ó Muircheartaigh a rá i gcomórtais amhránaíochta ar an tsean-nós, toisc go dtuigtear dóibh nach sean-nós 'ceart' iad toisc iad bheith cumtha sa 20ú hAois. An béaloideas na nithe seo? Nó, cá bhfuil an líne idir fíorbhéaloideas agus béaloideas bréagach, má tá a leithéid de rudaí ann?

Athraíonn ábhar béaloidis ag brath ar chomhthéacs. Ní mar a chéile a insíonn scéalaí scéal aon dhá uair – athraíonn sé/sí é de réir an lucht éisteachta, an comhthéacs, nó nithe eile:

> Folklore is passed on by means of person to person contact. And an item of folklore may be changed by different individuals in accordance with their own individual needs, the demands of a particular social context—the make-up of the audience—is it boys and girls, just boys, children and grown-ups, etc. or the requirements of a new age. So it is that each item of folklore is passed on through time, sometimes remaining the same, sometimes changing. This is why the task of collecting and analyzing folklore can never be completed. Tomorrow's version of a folksong may or may not be the same as the one we know today which in turn may or may not be the same as the one which was known in the past. This is in marked contrast to the products of written tradition. If one reads a play of Shakespeare or a novel of James Joyce today, one can be reasonably sure that one hundred years from now, the identical text will be read by others.[23]

Ní mar a chéile an leagan de Phort na bPúcaí a chloistear coitianta ar na saolta seo is a bhí le cloisteáil sa Bhlascaod Mór céad bliain ó shin, ach glactar leis anois mar port deifnídeach údarach ó cheol dúchasach na muintire.

Léann coimeádach ba ea léann an bhéaloidis ar feadh i bhfad, agus foras coimeádach ba ea Coimisiún Béaloideas Éireann. Ach bhí tuiscintí níos leithne ar an mbéaloideas ag

[23] Dundes (2007), 58.

borradh aníos an tráth céanna go raibh an Coimisiún á bhunú. Scríobh Gramsci an méid seo timpeall na bliana 1929:

> For the teacher, to know folklore means to know what other conceptions are at work in the moral and intellectual formation of the young generations. But folklore studies need a change of attitude besides greater depth: folklore must not be conceived as an oddity, a strange, ridiculous or, at best, a picturesque thing: rather, it must be conceived as something very serious and to be taken seriously. Only in this way will its teaching be more effective and better develop the culture of the great popular masses, and the separation between modern culture and popular culture or folklore will disappear.[24]

Bhí an Meiriceánach Alan Lomax ar dhuine de fhathaigh na heitnicheoleolaíochta agus an cheoil tíre le linn na fichiú haoise. Bhí sé ar dhuine de na scoláirí/bailitheoirí óga a thosnaigh ag leathnú réimse agus scóip léann an bhéaloidis, agus a thug ábhar béaloidis, go háirithe an ceol, os comhair na ndaoine ar bhonn leathan. Ag labhairt do ag an *Conference ón the Character and State of Studies in Folklore* i 1942, leag sé amach a smaointe ar léann an bhéaloidis, smaointe a bhí radacach go maith ag an am:

> Folklore was the product of both individual artists and the community within which they function, and its proper study should include autobiographies of folklore artists and close readings of their repertoires, as well as community-wide studies of what folklore means to the people and how it functions in their lives. Comparative ethnographic and historical studies across regions, countries and the world should be the next step, with scholars searching for patterns and discovering the principles that govern folklore. This would constitute a science of folklore.
>
> To scholars who were happy to spend their lives classifying and ordering written items of folklore like solitary butterfly collectors, this proposal was a bit frightening.[25]

[24] Gramsci, 135-136.
[25] Szwed, John: *The Man Who Recorded the Word, A Biography of Alan Lomax,* William Heinemann, London (2010), 191.

Is cinnte go raibh an chéad cuid den obair sin á dhéanamh in Éirinn; bhí beathaisnéisí de na faisnéiseoirí á bhfoilsiú i dteannta a gcuid scéalta agus seanchais (m.sh *Leabhar Sheáin Í Chonaill*), agus bhí ghearr-bheathaisnéisí dá bhfaisnéiseoirí á mbreacadh ag na bailitheoirí ina ndialanna. Ach ní go dtí saothar Henry Glassie, *Passing the Time in Ballymenone,* a deineadh aon mhóriarracht ar ról an béaloidis sa phobal a mheá agus a mheas.

Bhí tuilleadh tuairimí radacacha ag Lomax faoi ról an bhéaloideasaí:

> Folklorists should be interpreters to the world outside the folk communities, but they should also champion these peoples who are subject to the control of the modern world. Besides, there was something that the larger world could learn from these people and their art: folklore was democratic in its content, and in the social relationships expressed in their narratives. It could only survive with a vote of approval from its audience …
>
> "Folklore may prove to be, not a romantic and colourful ragbag of the discarded and outworn ideas of humanity, but one of the great well springs of the democratic attitudes that have in the past two centuries began to make for a more equitable life for all mankind upon this planet."[26]

Chaithfí ceist a chur maidir le cé chomh cothrom a bhí an saol don uiledhuine, ag an am agus anois, ach arís eile tá an smaointeoireacht ansin a thriallann an béaloideas a bhriseadh as chuing na seanaimsireachta. Deir Lund:

> One of Lomax's greatest contributions was his advancement of the notion that folk music and folklore in general are living and changing human phenomena, thus moving folklore study out of the antiquarianism of his Professional forebears. This advance has kept at least two generations of folklorists busy toiling in both academia and the public sector.[27]
>
> Ní raibh Lomax gan locht, áfach, agus tá débhríochas áirithe ag baint lena chuid oibre. Cuirtear ina leith go raibh tuiscint ró-chúng aige ar 'údaracht', 'íonacht' nó 'fírinne' an bhéaloidis, tuiscintí a bhí ábhar 'Duileargúil' (féach 6.5 thíos):Honest,

[26] *Ibid.* 218-219.
[27] Lund, Jens: 'Alan Lomax: The Man Who Recorded the World by John Szwed (review)'*, Journal of American Folklore*, Volume 127, Nó. 503, Winter 2014, pp. 105-107.

> genuine, true: the language of verity is fundamental to Lomax's description and to the moral burden that folk voice bears. The truth of the American folk song, he implies, is evidenced by lack of cultivation; authenticity manifests in simple forms. Given the moment in which he writes, I would suggest that Lomax is assimilating folk art to an anti-modernist rhetoric. Folk is the inviting, homespun Other to an alienating, recondite and skeptical Modern.[28]

É sin ráite, bhain Lomax earraíocht as an nua-theicneolaíocht chun an t-ábhar a bhailigh sé a scaipeadh. Rud eile a chuirtear ina leith go raibh bunsraith chiníoch le braistint ar chuid dá mhodhanna oibre (cé go n-aithnítear an obair a dhein sé ag bailiú ó phobail gorma na Stáit Aontaithe):

> There is the conflicted view of race, in which some of what drew both Alan Lomax and his father to listen seriously to African-American performers perpetuates stereotypes of black primitivism. And there is the idea of the folk ballad as art, but not quite Art, a place that Americans must move beyond in an effort to reach something greater.
>
> Lomax's primitivist treatment of African-American balladeers contrasts with the generally respectful representation of his rural white singers ... Lomax is at once conservative and counter-cultural-that is, his is a project of return and reclamation that, as he sees it, should call into question the relatively lowly status of folk forms in studies of the arts and should broaden mainstream taste. The urge to pay attention to the "simple" is democratic, but the "simplicity" he attributes to Clear Rock [amhránaí gorm i bpríosún] is predicated on racialized assumptions about African-American difference- assumptions that Lomax often interrogated, but sometimes seemed to hold.[29]

Sin débhríochas Lomax aríst; é mar sheaimpín ag pobail mionlacha ar thaobh amháin, ach é á chur ina leith go raibh bunús ciníoch le roinnt dá thuiscintí. Ní chuige sin atáimid anseo, ach tugann an cheist seo deis dúinn ceann de na buntáistí a bhí ag bailitheoirí an Choimisiúin, agus Clár Reachtairí RnaG, maidir le hobair taifeadta ón bpobal:

---

[28] Furr, Derek. 'Re-Sounding Folk Voice, Remaking the Ballad: Alan Lomax, Margaret Walker, and the New Criticism.' Twentieth Century Literature 59, no. 2 (Summer, 2013): 232-259.
[29] *Ibid.*

> I recently found myself in a discussion with white friends and fellow scholars about the Lomax recordings of the 1930's where I, as the lone Black woman in the conversation, heard myself tell an inner truth that most Black folk know, but won't speak on. I admitted to my small audience of friends and colleagues, in the vein of Black folklore scholar John B. Cade, a truth about the past: if you were a Black person living in Waller County Texas in the 1930s and white men came to your door with notebooks, questions and a voice recording device, you weren't thinking to yourself, "let me be my most honest and authentic self." Even if you knew the men to be John Lomax and Alan Lomax—those men collecting those songs from Black folks around and through these parts—you still didn't trust them. Not really. Your whole life experience up until that point taught you better. It was still your life. And you knew that.[30]

Ní raibh sé sin mar bhac ar obair an Choimisiúin ná RnaG, ó bhí na Bailitheoirí agus na Clár Reachtairí ag bailiú óna bpobail féin go minic: "níl ao' chúram againn a' breith ao' ní síos 'on chré linn," a dúirt an seanchaí Séamas Beag Ó Lubhaing, faoin mBailitheoir Seosamh Ó Dálaigh, "ach a' méid atá ár gceann tugaimís do ár gcara anso é ós rud gurb í an cheárd a thairrig sé chuige an pheannaireacht so."[31]

Ag scríobh faoi líomhaintí gur dhein Lomax airgead as a bhailiúcháin, cé nár dhein na faisnéiseoirí go minic, dúirt an Bailitheoir Éireannach Tom Munnelly:

> ... There certainly were (and are) predatory collectors, mercifully few, but it is that tiny unscrupulous minority who make life impossible for those of us who later tread in their befouled tracks. Lomax has certainly had the charge of opportunism levelled at him by some folklorists and musicologists over the years. Did he make money from his work on his informants? One would hope so. Was he in it for the money? The answer to that question may be found in the pages of The Land Where the Blues Began (1993), wherein Lomax recounts his work with Southern bluesmen over the decades. Writing in some cases a half-century after his fieldwork, his passion for his subject still shines through, as does his excitement with the music and his affection for its practitioners ... Trip after trip,

[30] Taylor, Toneisha: 'Saving Sound, Sounding Black, Voicing America: John Lomax and the Creation of the "American Voice"', *100 Years of Lomax,* https://soundstudiesblog.com/category/100-years-of-lomax/. Faighte 18/07/2019.
[31] Dialann Sheosaimh Uí Dhálaigh, 10/11/1942, CBÉ 943:295.

> year after year, he came back to these people whose music was so important to him. Did he do it for the money? For such commitment there is not enough gold bullion in Fort Knox.[32]

Duine casta, coimpléascach ba ea Lomax, ach níl aon dabht ann ach go raibh an-thionchar aige ar chúrsaí an bhéaloidis, go háirithe ar bhéaloideas poiblí, ar fud an domhain:

> All his life he was a paradox; arch conservative with a pronounced preference for folk who would be generally seen as anti-establishment, a mould-breaker who was upset if the people documented did not function within his perceived traditional norms. Did that mean he had a restricted or illiberal view of what constituted traditional music? Absolutely not, for he had the widest world vision imaginable. This manifested itself even back in the 1930s when he and his father made, in the words of D. K. Wilgus, "their unparalleled decision to visit the Negro prisons of the south."[33]

Luann Glassie an coimhlint idir teoiricí agus rialacha ann léinn, agus a thaithí féin i mbun oibre allamuigh, agus leagann béim ar staidéar ar dhaoine agus ar phobail sa staidéar ar bhéaloideas:

> We must have some higher calling than destroying experience to consolidate our disciplines and advance our careers. At war with academic conventions, at peace with the gentle wisdom of old men, I have exploited the synthetic power of my discipline, folklore, to form a unified program for the study of human beings. Its base is the manifest reality of the individual, the society, and the world. Its thrust is what we call folklore (or art or communication) is the central fact of what we call culture, and culture is the central fact of what we call history, and that people, as history's force, create the phenomena we study whatever name we give our discipline. We have one enterprise. We could call it historical ethnography or local history or folklore in context or the sociology of the creative art or the ecology of consciousness – the potential for flashy neologism seems boundless – but whatever its name, study is distorted and reality is mangled when

[32] Munnelly, Tom. "Alan Lomax, 1915-2002." *Folklore* 114, no. 1 (04, 2003): 115-118.
[33] *ibid.*

> disciplines harden into ideology, categories freeze into facts, and the sweet, terrible wholeness of life is dismembered for burial.[34]

Sin an fhadhb céanna arís againn; cad is béaloideas ann, nó cad é an lipéad is oiriúnaí don ábhar agus don léann. Béaloideas, cultúr tíre, cultúr pobail, seanchas, cultúr coiteann, dúchas, bundúchas; mórán lipéid den ábhar céanna:

> Folklore, folklife, folk culture, popular culture and subaltern culture can be more or less synonymous, though on a sliding scale which goes from the philological towards the sociological and from the conservative towards the radical. The same applies to folk, peasantry, (common) people, masses, popular and subaltern strata or classes.[35]

Tá fadhb ag lucht an bhéaloidis, fadhb nach bhfuil coitianta i ndáimh eile; tá seanbhlas, nó ar a laghad míthuiscint, ar bhunainm a ndámh, a bhaineann ón údarás ar cheart a bheith aige mar ábhar léinn:

> History is true. Folklore, an elder historian once told me with a smile, is "a pack of damned lies.' Folklore is a polite synonym for malarkey as in the phrase, "that's just a lot of folklore." Folklore is made of lies but not important ones. History is important; momentous events are "historic," while folklore is marginal, fetching but trivial. History is also gone. "One more out, the announcer intones in the bottom of the ninth, "and this game is history." By contrast, folklore is false, insignificant, and oddly vital.[36]

Má tá, nó má bhí, seanbhlas ar an téarma 'béaloideas', ar mhiste dúinn é a chaitheamh i dtraipisí ar fad, nó é a bhualadh ar ábhar a bhaineann le nithe marbh, nósanna ná cleachtar níos mó, scéalta ná hinsítear nó amhráin ná deirtear? An mbeadh 'Léann an Dúchais' agus an téarma uile-ghabhálach 'Dúchas' níos oiriúnaí dúinn ar na saolta seo? Más bréaga, nó ar a laghad tuiscintí nach mbaineann leis na saolta seo atá i bhformhór an bhéaloidis, i súile na ndaoine, ar chóir idirdhealú a dhéanamh sa léann idir an cré bheo agus an cré mharbh, nó an bhfuil a leithéid de scoilt ann in aon chor?

---

[34] Glassie, Henry: *Passing the Time in Ballymenone,* Indiana University Press, Bloomington (1995), xiv.
[35] Ó Giolláin, 5.
[36] Glassie, Henry: 'Folklore and History', Alan Gailey, ed. *The Use of Tradition: Essays Presented to G.B. Thompson*. Cultra: Ulster Folk and Transport Museum, (1988), 68.

6.3 Cré Bheo & Cré Mharbh

Ní féidir éalú as scáth an Chadhnaigh agus sinn ag plé léann an bhéaloidis agus cultúr na Gaeltachta. Faoi mar atá feicthe againn, bhí tionchar nach beag ag Máirtín Ó Cadhain ar an ngluaiseacht radacach as a d'eascair Saor-Raidió Chonamara, agus ní haon ionadh go mbeadh tuiscintí leithéid Sheosaimh Ó Cuaig faoi thionchar an Chadhnaigh. Is i bhfráma tagartha an Chadhnaigh is fearr a tuigtear ról RnaG i gcothú ábhar béaloidis, nó oidhreacht béil (agus ceoil) na Gaeltachta.

"Is rud buan é an béaloideas" a deir Máirtín Ó Cadhain:

> Tá sé á shaolú os comhair ár súl anseo i mBaile Átha Cliath, i Londain, i Nua-Eabhrac. An té a ghrinnfeas, chífidh sé leagan nua de shíor ar chúrsaí anseanda. Ní bhásaíonn na déithe. Is é a ndéanann siad crapadh leo ar cúlráid go ceann tamaill. Is cosúil má thagann deireadh le béaloideas ar bhealach amháin go bhfoilsíonn sé é féin as an nua ar bhealach eile ...
>
> Comhairtear mar bhéaloideas gnáis agus cainteanna áirithe a bhaineas le na ceirdeanna oilte sna bailte móra. Ach tá a chuid béaloideasa féin ag gach dán. Tá béaloideas Bleá Cliathach ann ag an dream is faide atá dealaithe ón tuath.[37]

Sin an béaloideas ina bheathaigh, de shíor á athrú féin agus ag baint ré saoil breise as féin. Tá sé beo lasmuigh de fhráma tuisceanna lucht an Choimisiúin, lena mbéim ar údaracht na tuaithe agus muintir na tuaithe.

Leag sé béim ar leith ar sheanchas, mar mhodh cumarsáide ag an bpobal, seanchas a bhí á bpiocadh suas acu ó fhoilseacháin, craolacháin agus scannáin:

> Tá an gnáthdhuine i riocht i bhfad níos mó seanchas 'a inseacht dó féin' ná a bhí aon scéalaí ariamh. Trí chéad go leith scéal ba ghnáth don tseanchaí anallód, a deirtear. Ní éacht rómhór do dhuine inniu a dhá oiread sin leabhar a léamh agus a substaint a mheabhrú mar níodh an scéalaí sa seanreacht. Tá an seanchaí nua-aoiseach, an Radio, aige ina rogha uair. Tá foilseacháin ilghnéitheacha, na scannáin, na mílte fionnachtan úr agus domhan fairsingthe aige le toibreacha nua draíochta a aimsiú in ithir a spride, le moil nua guaisiúla a nochtadh dá chaidéis, le

[37] Ó Cadhain, 'Béaloideas', 135.

> coite alluaiceach a dhaonnachta a chur ag dianiomaíocht le easanna dásachtacha a intleachta.[38]

Tá an méid sin thar a bheith ábhartha agus sin ag trácht ar RnaG, 'an seanchaí nua-aoiseach'. D'fheidhmigh an raidió mar áisíneacht chultúrtha, ní hamháin ag tabhairt ardáin don bpobal chun a gcuid cultúir dúchais a chleachtadh, ach mar uirlis cumarsáide cultúrtha a chuir ar chumas ealaíontóirí dúchais i gceantair gan puinn naisc eatarthu roimh theacht RnaG scéalta, seanchas, amhráin agus ceol a chéile a fhoghlaim agus a mhúnlú ina stíl logánta féin. Is dá bharra seo go gcloisfeá amhráin Conamaracha á rá i dTír Chonaill (ritheann *Pócaí Folamh 's Cloigeann Tinn* leis na hAncairí, atá á rá coitianta anois ag an gConallach Theresa Rodgers), nó *Curachaí na Trá Báine,* atá cloiste agam féin ag seisiúin amhránaíochta i gCorca Dhuibhne.

Tugann an Cadhnach a shainmhíniú féin dúinn ar 'béaloideas': "Ní béaloideas go béal. Na béil atá sa gCill is béil mharbha iad, agus bíodh leannáin na Meánaoiseanna ag balú dóibh an fhad is breá leo sin. Dóibhseann amháin a shóchas, más sochar. Dúinne ní béal go béal beo, ní cré go cré bheo."[39]

In áit eile, fiafraíonn sé "ar thug lucht an bhéaloideasa féin duais ariamh leis an scéalaíocht a bhuanú mar thabhartanas an bhéil bheo?"[40] Níor chreid An Cadhnach gur dhein (ach tá Roinn an Bhéaloidis i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ina n-urraithe ar Chorn An Bhab Feiritéar, comórtas ag Oireachtas na Samhna gach bliain). Fiafraíonn sé, leis, "Más ionann béaloideas agus cuntas ar shaol pobail i staid áirithe cultúir, cé acu an cuntas is fearr faoi Árainn, scéalta Liam Uí Fhlaithearta, nó tuairiscí verbatim an gheocaigh siúd eile faoi 'na daoine a bhí fadó ann'?[41]

Tá an pointe sin ábhartha maidir le RnaG mar áisíneacht béaloidis. I gcartlann an raidió tá an pobal ag insint a scéal féin agus a gcuid seanchais féin; an saol beo mar a mhaireadar féin é, pé acu lena n-óige nó le linn an raidió teacht chucu. Is sa bhéaloideas beo seo a fhaightear léargas ar shochaí Gaeltachta na fichiú haoise, olc agus maith, bocht agus saibhir, brónach agus gealgháireach, fireann agus baineann, beo agus marbh. Ní raibh na

[38] *ibid.* 140-141.
[39] *ibid.* 155.
[40] *ibid.* 165.
[41] *ibid.* 159.

laincisí céanna ag chlár-reachtairí RnaG maidir le cén saghas ábhair a bhí le bailiú acu, nó go deimhin cén saghas faisnéiseoirí a d'úsáideadar; ní raibh an bhéim céanna ar shean-fhir bochta, neamhliteartha, neamhthruaillithe ag an nua-aoiseachas agus an taisteal, faoi mar a bhí ag an gCoimisiún.

An méid is tábhachtaí dúinne i gcainteanna Uí Chadhain ar bhéaloideas ná an bhéim a leag sé ar an gcré bheo seo, an ealaín béil a bhí fós á chumadh agus á cheapadh sa Ghaeltacht. Agus é ag trácht ar fhilíocht agus ar rannta a bhí fós á chumadh sa Ghaeltacht, deir sé an méid seo leanas:

> Ní go minic a chítear aon chuid den chumadóireacht thuathúil seo i gcló. Níl scolta ná dámhscolta ná gairm ná barántas ná bolg soláthair aici. Is é a córas foilseacháin – ba é ariamh anall – an t-airneán, an bhainis, an tórramh, an scíth ag an gcrosbhóthar, 'na cóipleabhra gioblacha' agus 'an litriú barbartha', ar tráchtadh orthu cheana féin.
>
> Ach mar is dual di tá sí seanbheo. Níl uair dá mbeidh duine i measc Gaeilgeoirí nach gcloisfidh sé dréacht nua. Tá gnaoi an phobail uirthi agus í ag freastal ar riachtanas. Thar gach gné eile den bhéaloideas, den litríocht bhéil, is leis an bpobal go huile agus go hiomlán í seo, agus sin é rún a buaine...
>
> Is beag é aird lucht béaloideasa uirthi. Cuimhneofar ar chuid di go ceann glúin nó dhó, agus ansin beidh a dhóthain caonaigh déanta aici lena cur ar cheallalóid.
>
> Ach is é a tábhacht dúinne go bhfuil sí dhá cumadh i saol seo an innill bhuailte agus an eitleáin.[42]

Thug RnaG ré shaoil nua don litríocht bhéil seo. I dteannta na n-áiteanna a luadh thuas maidir le cleachtadh an cineáil ealaíne seo, is féidir a rá go raibh rannta á gcumadh díreach don raidió, faoi mar a bhí John Learaí Ó Cíobháin ag ceapadh, agus mórán filí eile nach é. Ardán nua don dtraidisiún ba ea é; chum file an Bhlascaoid Seán Ó Duinnshléibhe an t-amhrán *Beauty Deas an Oileáin* faoi naomhóg agus a criú a bhuaigh regatta Fhionn Trá timpeall na bliana 1880, agus craobhscaoileadh é ar leac an tinteáin san oileán agus ar an míntír ar feadh i bhfad. Chum Maidhc Dainín Ó Sé *Naomhóg an Chuasa* céad éigin bliain ina dhiaidh sin faoi chriú iomráiteach ó Chuas a' Bhodaigh ina pharóiste féin, agus

[42] *ibid.* 166.

craobhscaoileadh ar fud an domhain é ar RnaG. D'fheidhmigh *an seanchaí nua-aoiseach* sa tslí céanna is a d'fheidhmigh na seanchaithe tráth.

"De réir mar a thuigimse béaloideas," a dúirt sé, "ní bhíonn sé bailithe go brách. Tá béaloideas á chumadh ag an bpobal de shíor agus scríbhneoirí á léiriú."[43] Cruthaíonn an raidió go bhfuil béaloideas á chumadh ag an bpobal de shíor, agus tá RnaG á léiriú.

6.4 Traidisiún Vs. Nua-Aoiseachas

Tá na tuiscintí seo ar fad maidir le béaloideas bheith bainteach leis an tsean-aimsir fréamhaithe i dteoiric gur rud an béaloideas a bhí le sábháil, nó le clárú, sara bhfaigheadh sé bás, é á bhá ag olaithe móra na nua-haoise. "Ní bheadh aon nós ina nós ceart gan aimsir a fháil" a deir Ó Cadhla:

> Deir Pertti Anttonen: "it is our use of language to predicate time with the qualifiers of 'modern' and 'traditional' that creates and reaffirms the idea of traditions as constantly yielding and being on the verge of extinction" (2005,39). Nuair a bunaíodh *Ulster Folklife* sa bhliain 1955 tugadh rabhadh go raibh a lán traidisiún i mbaol báis ag "mass standards of this twentieth century" (Committee 1955, 3). Is minic a chuirtear síos ar obair an bhailithe mar " a last-minute rescue operation, recording the vanishing remnants of endangered customs" (Frykman agus Lofgren 1996, 6). Is fíorannamh a bailíodh, d'aon ghnó glan pé scéal é, nuachineálacha éadaigh, nua-airnéis, nua-nós ceoil, nua-dhathúchán, nuadhamhsaí, nua-saoirsinn, nuathithe, nua ghnáis ná nuascéalta.[44]

Ba cheart, de réir na tuisceana seo, gur bagairt a bheadh i dteacht RnaG; foras nua-aoiseach, lán de dhaoine óga, fréamhaithe sa Gaeltacht ach nasctha le lárionad mór na Galltachta, Baile Átha Cliath, do thraidisiúin na muintire. "Ionannaíodh an nuálaíocht agus an dul chun cinn – Dul Chun Cinn *versus* Dún Chaoin a thug Seán Ó Ríordáin air."[45] Sean-rud a bhí sa traidisiún, sa cultúr choiteann, a bhain leis an gcartlann seachas leis an bpobal, leis an uaigh seachas leis an gcliabhán.

[43] *Ibid.* 179.
[44] Ó Cadhla (2011), 219-220.
[45] *ibid.*

Ach tá fadhbanna leis an dtuiscint seo ar 'traidisiún'. Níor mar a chéile an traidisiún a bhí ag gach glúin a tháinig romhainn, mar chultúr agus mar thuiscintí nár athraigh, mar dhea, leis na cianta:

> Part of the tradition/modernity problematic rests on a notion of a pre-modern era which was unchanging. Hence the last glimpses of an earlier world seen by Romantics in Europe as industrial society was consolidated or by ethnographers in Africa and Asia as colonial regimes were normalised seemed to suggest an infinite placid sea on the eve of the storm … Robin Flower saw the Blasket Island's 'unobtrusive … medieval of foreign influences' as having more integrity than the necessary 'compromises with modernity' he witnessed himself, which he was a part of and which he had little interest in recording.
>
> The end of tradition is based on the ideal notions of a past completely dominated by tradition and of a present and future completely antithetical to it.[46]

Níl an traidisiún ná an dúchas chomh dubh agus bán sin, áfach. Bhíodh Flower, mar shampla, ag trácht agus ag scríobh faoin naomhóg, mar mhodh taistil traidisiúnta na n-oileánach, cé nach raibh sí in úsáid ag muintir an Bhlascaoid ach le tríocha bliain roimh an gcéad uair a chuaigh sé isteach don oileán (báid saighne a bhí coitianta roimhe sin). Bhíodh sé ag fanacht i dtithe ceann peilte, agus ag scríobh fúthu, ach ní raibh an teicnic tógála áirithe sin in úsáid sa Bhlascaod ach le fiche bliain (ceann tuí, craoibhe nó luachair bhí in úsáid roimhe). Samhlaítear an naomhóg anois mar bhád traidisiúnta Chorca Dhuibhne anois, ach níl aon trácht ar na báid saighne, báid a bhí in úsáid chomh fada céanna leis na naomhóga.

Cuireann an dioscúrsa seo béim ar leith ar dheireadh an traidisiúin in iarthar na hÉireann agus go háirithe deireadh le saol traidisiúnta na Gaeltachta. Ach arís, níor tháinig deireadh leis an dtraidisiún sa Gaeltacht, ach tháinig claochlú air. "the old argument about the end of tradition in the west, in rural Ireland," a deir Ó Cadhla, "is a blinkered one that takes no account of cultural process elsewhere."[47]

[46] Ó Giolláin, 173.
[47] Ó Cadhla (2008), 42.

Feictear an éiginnteacht seo maidir le sainmhíniú an traidisiúin, nó an teorann éideimhin idir an traidisiún agus an nua-aoiseachas, go soiléir i gcás na n-amhrán ar RnaG. Thug an raidió deis, mar atá feicthe againn, d'amhráin agus d'amhránaithe a gceard a chleachtadh agus a n-amhráin a scaipeadh ar fud na tíre. Tá taithí faighte againn ar 'shean-nós' a chéile, agus amhráin os na ceantair Ghaeltachta ar fad le cloisteáil lena chéile ar chláracha raidió. Ach cé chomh 'traidisiúnta' is atá an sean-nós, nó cé chomh sean nó cé chomh nua is atá sé? Tagraíonn Ó Cadhla do cheist Uí Laoire – "cá stadann an béaloideas agus cá dtosaíonn an cultúr coiteann ag feidhmiú mar sin? An bhfuil brí ar bith leo mar chatagóirí?"[48]

"Bíonn cultúir á gcruthú as an nua nó á n-athshamhlú", a deir Ó Cadhla:

> Bíonn brí agus fuinneamh sna healaíona dúchais mar gheall ar chadhnaíocht daoine aonair go minic agus ní mar gheall ar thraidisiún fiannach, marthanach. Bíonn cultúir á gcruthú as an nua nó á n-athshamhlú. Ní athbheochan le ceart é ach úsáid chruthaitheach iar-athbheochana. Is minic a tharla a leithéid i ngan fhios don athbheochan. Ní gá ach cuimhneamh ar Sheán Ó Riada i gCúil Aodha (1931-71), ar Chlannad i nDún na nGall, ar Nioclás Tóibín sa Rinn, ar phéintéireacht Thoraí, Chorca Dhuibhne agus Chonamara, ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin, ar phrós Mháirtín Uí Chadhain, ar an Afro-Celt Sound System ar amhránaíocht Iarla Uí Lionáird nó ar *Riverdance*.[49]

Thug RnaG ardán, nó fiú tús, dos na healaíontóirí seo ar fad, beag beann ar laincisí tuisceana maidir le traidisiúin. Bhí ceoltóir mar Shéamas Ó Béaglaoich ó Bhaile na bPoc, a fáisceadh as cultúr dúchais Chorca Dhuibhne, in ann a cheard a chleachtadh ar dtús ar leac an tinteáin aige baile, ansin sna halla rince áitiúil (a bhí á rith ag a mhuintir), mhúnlaigh sé stíl traidisiúnta-nua-aimseartha ceoil leis an Astrálach Steve Cooney (lena ghiotár agus a *digeridoo)* a chualathas go mion minic ar RnaG, agus bíonn anois in áiteanna aithnidiúla ar nós Carnegie Hall. Ach an ceoltóir traidisiúnta nó ceoltóir nua-aimseartha é Séamas Ó Béaglaoich? An é an ceoltóir a d'athraigh, nó an traidisiún?

[48] Ó Laoire, Lillis: *Ar Chreag i Lár na Farraige,* Cló Iar-Chonnacht, Conamara (2002), 90. Luaite ag Ó Cadhla (2011) 225.
[49] Ó Cadhla (2011), 223.

Áisíneacht cultúir is ea RnaG a chuir sean-fhonnadóirí agus amhránaithe óga ar aon ardán. "... they sought at one and the same time to preserve culture by taping older storytellers and musicians and giving prominence to younger performers such as the singer John Beag Ó Flatharta,"[50] a deir Browne, agus cé go nascann sé an cultúr leis an sean ina ráiteas thuas, is fíor do gur thug an raidió deis don dá chineál ealaíontóir.

Feictear seo ach go háirithe san athbheochan a tháinig le teacht RnaG ar amhráin mholta ar bháid traidisiúnta Chonamara, na húicéirí. Tá amhráin mholta ar húicéirí, agus ar lucht a ndéanta agus lucht a seolta á gcumadh le fada, ach tá athrú tagtha ar an stíl ar na saolta seo:

> Tá traidisiún na n-amhrán mholta bád an-láidir i gcónaí, cé gur traidisiún de chineál eile é anois, b'fhéidir … le blianta beaga anuas tá spéis curtha as an nua i mbáid Chonamara. Thosaigh sé seo ag tarlú i lár na seachtóidí. Ina chuid den athbheochan sin, rinneadh amhráin a chumadh faoi chuid de na húicéirí agus is cinnte go bhfuil tionchar na seanamhrán traidisiúnta ar na hamhráin nuachumtha seo. Cé go ndeirtear na hamhráin seo i stíl *country and western* ar an gcuid is mó, tá go leor gnéithe d'fhocail agus d'fhilíocht na n-amhrán féin atá bunaithe ar, nó ag teacht leis na hamhráin thraidisiúnta gan tionlacan a bhí ann roimhe seo agus a mhaireann taobh le taobh leis na hamhráin nua seo ina moltar na saoir bháid agus a gcuid oibre, maille le scil an chriú agus tá blas iontach ar eachtraíocht agus ar áthas na farraige le tabhairt faoi ndeara sna hamhráin.[51]

Tá an dá thraidisiún seo, na hamhráin thraidisiúnta gan tionlacan agus na hamhráin nua le tionlacan, le cloisteáil ar bhonn laethúil ar RnaG. Go deimhin, ní hamháin go bhfuil an old wine in old bottles le cloisteáil air (m.sh. Púcán Mhicil Pháidín), an new wine in new bottles (An Merican Mór, atá i stíl country & western), ach tá an old wine in new bottles ann (An Mary Ann i stíl country & western), agus an new wine in old bottles (An Hunter, amhrán nua-chumtha ach atá gan tionlacan).

Cuireadh ró-bhéim ag an tús ar 'thraidisiún na Gaeltachta' seachas ar 'thraidisiúin na Gaeltachta'. Ní raibh aon traidisiún uilíoch uile-ghabhálach amháin ó cheann ceann na

[50] Browne, (1992), 424.
[51] Uí Ógáin, Ríonach: 'In Aghaidh Farraige agus Feothain: Amhráin Mholta Bád ó Chonamara' i *Foinn agus Fonnadóirí: Léachtaí Cholm Cille XXIX*, Ó hUiginn, Ruairí (eag.), An Sagart, Maigh Nuad (1999), 56-58.

Gaeltachta, fiú laistigh de na ceantair Gaeltachta ar leith. Agus é ag trácht ar amhránaíocht a chomharsan Tomás Ó Dálaigh ó Chom Dhineoil in iarthair Duibhneach, dúirt an údar Peaidí Ua Maoileoin gur ag an Dálach a bhí an 'sean nós ceart', agus nach raibh sé ag amhránaithe eile a bhí deich nó dosaen míle ó bhaile.[52]

Tháinig an aighneas seo faoi 'sean-nós ceart' (agus dá bhrí sin traidisiún 'ceart') chun cinn tar éis Oireachtas na bliana 2017, nuair a bhí roinnt amhránaithe agus lucht éisteachta ag cáiseamh bua Chonchubhair Uí Luasa i gcomórtas Chorn Uí Riada. Ní raibh an tamhrán a dúirt Conchubhar i gcomórtas na bhfear, Scoil Barr d'Inse, traidisiúnta nó sean-nósach a dhóthain, toisc go raibh an focal Béarla 'firecracker' ann, a tugadh le fios. B'fhéidir gur glam cú i ndiaidh a sháraithe a bhí ansin, ach léiríonn sé tuiscintí i dtaobh cad is traidisiún 'ceart' is traidisiún 'mícheart' ann.

Gné eile de thraidisiúin na Gaeltachta ar thug RnaG stáitse dó ná na laethanta pátrúin agus féiltí áitiúla atá fós á gceiliúradh fud fad na Gaeltachta. Déantar ceiliúradh ar Lá le Gobnait i nDún Chaoin (agus i mBaile Bhuirne i Múscraí agus in Inis Oírr), ar an 11 Feabhra. Tugtar turas na Cille ar Chill Ghobnait i nDún Chaoin, agus paidreacha, nósanna, agus seanchas ar leith ag baint leis mar lá. Bhí an nós ag dul i léig, ach spreag an raidió suim i Naomh Gobnait arís, tar éis cláracha ar leith fúithi[53] agus craolacháin seachtracha ós na háiteanna atá luaite léi, a chraoladh, sa tslí agus go bhfuil ról lárnach ag an raidió anois i gceiliúradh an lae pátrúin ar na saolta seo.

Tá cultúr na Gaeltachta beo beathaíoch inniu, agus í de shíor ag athrú:

> The Connemara Gaeltacht today is 'a living progressive modern community' with reasonably good employment prospects, according to Gearóid Denvir. There has been a renaissance of traditional boats since the 1970s, but now for pleasure and for racing. 'Patterns' (patron day) and other local festivals are also having a revival. Traditional ('sean-nós') singing has widened its audience and practitioners beyond Connemara, traditional music in general is thriving and there has been a revival of set dancing (as elsewhere in the country). New songs are strongly influenced both by country and western and by '*sean-nós'.* Micheál Ó Conghaile

[52] Ua Maoileoin, Pádraig, in agallamh le Micheál Ó Sé, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1120_07, TX: 01/04/1996.
[53] M.sh. 'Cé hí Gobnait?', RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0940_42, TX: 11/02/1976.

> estimated that forty people were composing songs in Connemara in the early 1990s and that upwards of a hundred songs had been composed in ten years. The songs were heard on the radio (especially Raidió Na Gaeltachta) and television, from cassettes and records, in public houses, concerts, competitions and at the meetings of local cultural organisations.
>
> Are these the uncomfortable compromises with modernity that an ancient folk culture has to make in order to survive in an unsentimental world? Or are they part and parcel of the unavoidable and necessary engagement that every living tradition makes with change?[54]

Ní thaithníonn na múnlaí nua ina bhfuil cultúir traidisiúnta á léiriú le gach duine laistigh (nó lasmuigh) den gcultúr áirithe sin. Ba bheag leis an amhránaí Seosamh Ó hÉanaí tionlacan giotáir leis na hamhráin traidisiúnta. Chreid Séamus Ennis nach raibh ach slí amháin gur chóir an bodhrán a bhualadh; le scian phóca. Chuala féin fear ag cáineadh ceol an bhanna Kila bheith á sheinnt ar an raidió mar 'nach aon cheol ceart traidisiúnta é,' agus sa chomhrá céanna bhí sé ag moladh ceol Planxty, banna a bhíodh á cháineadh coitianta ag 'móruaisle' an cheoil traidisiúnta sna 1970í ar an mbonn ceannann céanna.

Tagann ról RnaG i gcaomhnú, i gcur chun cinn agus i seachadadh an traidisiúin salach ar thuiscintí áirithe maidir leis an tionchar diúltach a bhíonn ag an dteicneolaíocht ar thraidisiúin agus ar chultúr dúchais:

> Is amhlaidh go raibh an teicneolaíocht á shamhlú le hollchultúr tacair neamhdhaonna a luathódh éag an dúchais: "the technological media which transmit mass culture was often viewed by folklorists and other students of culture as 'destroyers of folklore' (Selberg 1999, 239). Dá chomhartha sin thug Clodagh Brennan Harvey liosta de na rudaí a bhí ar tí an traidisiún a scrios dar léi. Bhí an teilifís, an raidió, an gluaisteán, tithe tábhairne, rincí, an rothar, oideachas, imirce, maisiú na dtithe, nuachtáin, mná agus an fónagraf féin ar an liosta (Brennan Harvey 1992). Tá seánrá den antraipeolaíocht bunaithe ar an míthuiscint seo. in áit athruithe nádúrtha na saorgachta a aithint, d'fhógair Nancy Scheper-Hughes, Hugh Brody agus John C. Messenger go raibh Lá Philip an Chleite

[54] Ó Giolláin, 3-4.

> tagtha. Meath, bás agus ainriocht – seanchomrádaithe an Ghaeil bhoicht a bhí i ndán don chultúr uile.[55]

Bhain pobal na Gaeltachta earraíocht as an raidió lena dtraidisiúin a léiriú agus a mhúnlú, agus mar ardán le nua-thraidisiúin ceoil agus amhránaíochta a chleachtadh, ní mar bhuille maraithe dá gcultúr. "Chuir an raidió ardán nua ar fáil d'amhránaithe agus do chumadóirí araon díreach mar a rinne an t-eideafón roimhe," a deir Ó Cadhla. "Ní seanphobal ar an dé deiridh a bhí ann ach pobal beo beathach."[56]

Tá ról seo RnaG, mar áisíneacht nua ag baint úsáide as an teicneolaíocht is déanaí chun cultúr traidisiúnta a léiriú, ina ocsamórón ó thaobh an léinn de. B'é an tuiscint thraidisiúnta ná go raibh 'na meáin teicneolaíochta ag scrios an bhéaloidis' (féach thuas). Bhí teicneolaíocht agus traidisiún in adharca a chéile:

> ... folklore continues to be in the present without being fully of the present, in part because folklore, understood as oral tradition, tends to be defined over and against technology, first writing and print, then recording and broadcast technologies, and finally digital media. Folklore persists, and is created, in spite of, not because of them.[57]

Ach bhí ról lárnach riamh anall ag an dteicneolaíocht chun cultúr dúchasach agus traidisiúnta a chaomhnú, a bhailiú agus a léiriú. Ní gá dul thar an t-eideafón agus an tsaoráid a thug sé do bhailitheoirí an CBÉ, agus na téip-thaifeadáin a tháinig ina dhiaidh, nó an méid a bhailigh Aonad Taistil RÉ ós na 1940í anonn. Bhí idir bhailitheoirí agus faisnéiseoirí dulta i dtaithí ar úsáid na teicneolaíochta lena gcultúr a bhailiú agus a chraobhscaoileadh, agus ba rud nádúrtha é go leanfadh RnaG sa traidisiún sin.

Rud eile, ba ó bhéal go béal nó ó bhéal go cluas a seachadadh cultúr mhuintir na Gaeltachta ina measc féin. Síneadh nádúrtha ar sin an raidió; cultúr béil, nó cultúr fuaime, á seachadadh ó dhuine go duine agus ó áit go háit. Thug an raidió tús áite den nguth, den bhfuaim, inár gcultúr arís:

---

[55] Ó Cadhla (2011), 222
[56] *ibid.* 229.
[57] Kirshenblatt-Gimblett, Barbara: 'Folklore's Crisis', *The Journal of American Folklore*, Vol. 111, No. 441, Folklore: What's in a Name? (Summer, 1998), 283.

> There is a tendency to underestimate the differences between a visual/written record and an aural/oral record. It has only recently been suggested that the mass media, radio, television, motion pictures, etc. have, by discouraging or impinging upon time formerly spent in reading, made us an oral rather than a written culture. Actually, one should say, has made us an oral culture again. In evolutionary terms, pre-literate society which was orally oriented became literate, but now we have "post-literate" man who is influenced by oral communication once more. Yet the education system has not always kept pace. The traditional emphasis has been upon "reading and writing." What about "speaking?" Oratory, valued so much by oral cultures around the world, has become almost a lost art in literate societies.[58]

Le teacht an tsaor-oideachais, agus an bhéim a bhí á chur ar léamh agus scríobh (an Bhéarla, don gcuid is mó), bheadh sé fuirist do mhuintir na Gaeltachta an bhéim a bhí riamh anall ar an bhfocal labhartha a chailliúint. Le teacht RnaG, áfach, bhí áit agus ardán arís don ealaíontóir béil i gcultúr na Gaeltachta.

6.5 Údaracht an Ábhair

Ach más rud é gur ardán nua a bhí in RnaG d'ealaíontóirí béil na Gaeltachta, an féidir a rá gur ábhar béaloidis a bhí á chleachtadh acu níos mó? Bhíodh béim ar ghnéithe logánta áitiúla iargúlta den ábhar i dtuiscintí an Choimisiúin ina thaobh; bhí sé le maíomh ag Seán Ó Conaill, leis an Duileargach, mar sampla, nach raibh sé ach aon lá amháin riamh lasmuigh den mbaile.[59] Thug an t-iargúltacht, agus an aois, údaracht áirithe den ábhar a bailíodh ós na "daoine críonna eile ... don tseana-phór i n-áiteannaibh imigéinteacha ar fuaid na hÉireann":

> D'imig na mílte agus na mílte Gaedhilgeóirí go raibh soibhreas do-áirmhithe neamh-thraobhta don uile-shaghas leitríochta béil, agus Gaedhilge ghlan bhlasta bhríomhar aca, agus do leigeadh le léig agus le faillí í ... níor tuigeadh - agus is mó duine fós ná tuigeann é - fíor-thábhacht na teangan beó a mhaireann fós ar bhéal na sean-ionndúirithe sa Ghaedhealtacht. Nuair a caillfear iad beidh deireadh leis na Meadhon-Aoiseanna i n-arthar Eórpa, agus beidh an slabhra briste atá fós i n-a

[58] Dundes, Alan: 'Folklore as a Mirror of Culture', i Bronner, Simon J. (eag.), *The Meaning of Folklore: The Analytical Essays of Alan Dundes,* University Press of Colorado, Utah State University Press (2007), 58.
[59] Ó Duilearga, Séamas: *Leabhar Sheáin Í Chonaill,* Brún agus Ó Nualláin Teo, Baile Áthá Cliath (1964), xxx.

> cheangal idir an ghlúin atá suas anois agus an chéad dream daoine a thóg seilbh i n-Éireann riamh. Tá ar marthain fós i n-a measg cultúr ba leis an náisiún tráth go hiomlán.[60]

De réir an dioscúrsa seo ('olagón Duileargúil' an Chadhnaigh), bheadh deireadh tagtha le trí fichead bliain le cultúr na Gaeltachta agus an náisiúin i gcoitinne, le himeacht ghlúin Í Chonaill. Ní bheadh le teacht ina dhiaidh ach sop in áit na scuaibe, nó bréag-chultúr, seachas 'fíor-bhéaloideas':

> Notions of 'the invention of tradition' (in the context of folklore), of 'folklorism(us)', defined as folk culture presented at second hand, and of 'fakelore' (a self-evident term coined by the American folklorist Richard Dorson), seem to imply the lack of some defining property of authenticity. Honko suggests the term 'the second life of folklore' to refer to folklore material being used 'in an environment that differs from its original cultural context'. He makes a convincing case for the rejection of more negative notions in order 'to try to restore the research value of events in the second life of folklore to something approaching their indisputable cultural value'. The second life of folklore is everywhere around us. It is in vernacular references in architecture or interior design, in personal adornment, in marketing strategies for goods (a folkloric reference suggesting tradition, authenticity and naturalness), in staged performances of song and dance, in the display cases of museums, in the plots of cartoons, novels and films. It has become a part of the post-modern landscape.[61]

Tá, ar RnaG, athshaol faighte ag ábhar béaloidis, sa chomhthéacs ina bhfuil sé á fhoghlaim, á chleachtadh agus á sheachadadh. Is coitianta anois seanscéal á insint i stiúideonna RnaG (nó go deimhin ar stáitsí hallaí), ná mar a bhíonn ar leac an tinteáin sa bhaile. Is mó seans atá agat amhrán a chlos ar an raidió ar na saolta seo ná sa bhaile ná sa tigh tábhairne, agus is ón raidió atáthar ag foghlaim an-chuid d'amhráin na Gaeltachta, agus is ón raidió atá amhránaithe na gceantar Ghaeltachta ag foghlaim amhráin a chéile:

> Ba léir domh go raibh Séamas an-bhródúil as an chumas seo a bhí aige na hamhráin a thógáil agus mhaígh sé go raibh sé aige i gcónaí. Go deimhin, bíonn sé

[60] *ibid.* xxii.
[61] Ó Giolláin, 174.

> ag tógáil amhrán ó Raidió na Gaeltachta, amhráin de chuid 'na nAncairí' (e.g. *Céad Slán le Londain Shasana* (Cló Iar-Chonnachta, 1988) agus amhráin eile as Conamara.[62]

Ach nuair atá an domhan, nó an pobal lena mbaineann an ealaíontóir béil agus trína ndéantar seachadadh ar ábhar béaloidis, ag leathnú le teacht na teicneolaíochta (an raidió sa chás seo), ag féidir aon údaracht bheith ag an ábhar, ós rud é go mbíonn an t-ábhar (m.sh. an amhrán) ag athrú ó áit go háit? Bíonn údaracht, nó 'ceart' an ábhair ag athrú ó cheantar go ceantar, ag braith ar leaganacha:

> Is cuimhneach liom Jimí Shéamais Bháin, an lá a dtug mé cuairt air, ag caint ar leaganacha na n-amhrán a bhíodh ar Raidió na Gaeltachta, agus a rá go raibh siad 'ciotach', mar nárbh ionann iad agus a chuid féin ... bíonn an 'ceart' éagsúil ó cheantar go ceantar ar fud na tíre, agus ní féidir a bheith ag súil go bhfreagródh an ceart in áit amháin dá mhacasamhail in áite eile, ó tharla gur ag fás as an tsní chúltúrtha ag leibhéal an mhicreachultúir atá an ceart seo. Sa lá inniu, tá go leor den tuairim sin i gcónaí i measc mhuintir an oileáin, cé go bhfuil tuiscint agus cur amach níos mó acu ar leaganacha a thig as áiteacha eile.[63]

Bíodh is go bhfuil leaganacha 'ceart' i ngach pobal Gaeltachta, agus nach bhfuil aon leagan údarásach ceart amháin d'aon ghiota cultúir ó cheann ceann na Gaeltachta, tugann an raidió deis na leaganacha ar fad a chur i gcomparáid lena chéile, beag beann ar choincheap na cirte. Cuireann sé i gcuimhne dom agallamh a deineadh le roinnt amhránaithe Duibhneacha ar theacht Oireachtas na Gaeilge go Daingean Uí Chúis i 1987, inar cuireadh ceist orthu an raibh an 'sean-nós ceart' ag amhránaithe Chiarraí. "Tá ár *sean-nós féin* againn," a fuaireadh mar fhreagra.

Cé go bhfuil an modh seachadta nua, agus cuid den ábhar féin nua, tá modhanna cumarsáide traidisiúnta na Gaeltacht in úsáid ar bhonn laethúil ar, agus ag, RnaG:

> More subtly, the station has embraced not just local dialectal forms but also local modes of discourse. Types of knowledge and discourse which in the national

[62] Ó Laoire, Lillis: 'Mura gClúdóinn Mo Chluasa ...' Gnéithe de Phróiseas Seachadta na nAmhrán i dToraigh', i *Foinn agus Fonnadóirí: Léachtaí Cholm Cille XXIX*, Ó hUiginn, Ruairí (eag.), An Sagart, Maigh Nuad (1999), 76.
[63] Ó Laoire, (2002), 124-125..

> sphere tend to be deprived of their functionality and received as 'folklore' – as emblems of the national past – retain their role as vehicles for community discussion on Raidió na Gaeltachta. Since medieval times, poetry and song, in both literary and oral genres, have been a favoured medium for topical discussion and political debate among all social strata of Irish-speakers. These discursive forms have still functioned, to a certain extent, in modern Irish-language media. The station thus often functions as a seamless extension and radicalisation of 'traditional' modes of local discourse, while projecting them into a non-geographically based, open-ended communication community.[64]

Is seanchas an modh cumarsáide traidisiúnta ba choitianta tráth, agus is coitianta, i gcartlann RnaG; seans go bhfuil an téarma sin níos neodraí, nó níos oiriúnaí don ghné sin de chultúr na Gaeltachta ná 'béaloideas.

6.6 Seanchas RnaG

Téarma ilghnéitheach é 'Seanchas'. De réir foclóir Uí Dhonaill, mar a bhaineann sé linne anseo, is é seo leanas sainmhíniú an fhocail:

> (b) Ancient history and tradition. (c) Genealogical information. S.a. OLLAMH 1(b).2. Lore, tradition; (act of) story-telling. ~ baile, béil, na ndaoine, local, oral, popular, tradition. De réir seanchais, according to tradition. Tá ~ air, it is known in tradition, in story. ~ na n-éan, bird lore. 3. (Act of) talking, chatting, seeking information; informative talk, discussion.[65]

Tugann Dégh 'everyday stories' ar ghnáth scéalta na ndaoine, i ngach cineál pobail, agus deineann iad a rangú i 1) imeachtaí sonasacha, 2) imeachtaí meidhreacha agus 3) droch-imeachtaí. Cuireann sí i gcomparáid le seánraí na scéalaíochta iad:

> As folklorists leave behind the old confines of traditional society and pursue folk narrative as it steps out of the straitjacket of genre categories, they realize how narration can be an immediate reflection of culture. Modern life changes the picture all around; folklorists scrutinize new sources and new processes such as the reduction, replacement, and the reinforcement of old forms ...

[64] Coleman, 183-184.
[65] www.teanglann.ie. Faighte 30/07/2018.

> No matter how loose the structure and how flexible the framework of these everyday stories, they follow the trend of the more established genres. They use such devices as threefold repetition, dramatized dialogues, and endings signaled with a bang. These true stories grow out of reminiscences of the past, and events, hearsay, rumor, gossip and personal experiences of the present.[66]

Trí chatagóir a úsáideann sí le rangú a dhéanamh ar chineálacha an tseanchais seo; Cuimhní cinn an lucht oibre ar gach gné dá saol, scéalta dírbheathaisnéiseacha, agus eipicí imirce. Tá gach gné de sin i gcartlann RnaG, ó scéalta Tom Mhic Gromaill ar shaol an imirceánaigh i Meiriceá,[67] go seanchas Nell Tom Ní Ríordáin ar shaol an tí agus na feirme,[68] agus obair an tuirne, nó scéal beatha leithéid Mhicil Uí Chatháin ó Bhaile an Ghleanna, Dún Chaoin, faoi mar a d'inis sé do Bhreandán Feiritéar é i 1977.[69] Seo seanchaithe na nua-aoise, ag úsáid scileanna urlabhartha a d'fhoghlaimíodar ós na sean-seanchaithe mar a thuigtear dúinn iad, ar mheán cumarsáide nua.

Deineann Zimmerman an t-idirdhealú seo leanas idir *scéalaí* agus *seanchaí:*

> The nomenclature in Irish tended to distinguish between *scéal* (story): preferably a stylized and often relatively long, complex narrative; and *seanchas:* accounts, not necessarily narrative, of customs, encounters with the supernatural, local history or genealogies, all valued more as inherited information than as material for entertainment and aesthetically marked performances.[70]

Dhein Ó Crualaoich nasc idir an litríocht béil agus an litríocht scríofa i gcomhthéacs an ghnáthshaoil in Éirinn:

> Sa Ghaeltacht nó lasmuigh dhi, má sea, sa litríocht bhéil nó sa litríochta scríofa, is féidir linn a rá gur earra í an litríocht eadrainn, daoine daonna, a labhrann i bhfocail ar eispéaras daonnúil ach a labhrann i gcuma a bhfuil idir feabhas cainte

[66] Dégh, Linda: 'Folk Narrative', i Dorson, Richard M. (eag.), *Folklore & Folklife,* University of Chicago Press, (1982), 78.
[67] Gromail, Tom Mhic, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0888_7, TX: 06/01/1994. Craoladh sraith iomlán, 'I measc na nImirceach', i measc imircigh Éireannacha i Springfield, Mass, i 1984.
[68] Ní Riordáin, Nell Tom, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0974_06 TX: 11/02/1976.
[69] Ó Catháin, Micil, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0898_13, TX: 24/10/1977.
[70] Zimmerman, Georges Denis: *The Irish Storyteller,* Four Courts Press, Dublin, (2001), 430

> agus tréithiúlacht áirithe stíle ann a aithnítear a bheith le moladh agus, ar deireadh, go dtuigimid go mbíonn an insint nó an labhairt amach seo ceangailte go minic le comhshuíomhanna sóisialta ina mbíonn súil le 'litríocht' mar eilimint nádúrtha amháin den ócáid.[71]

Ina theannta sin, i dtaobh seanchaithe an raidió, bhí an-bhéim ar 'stair shaoil'[72], mar fheithicil le gnéithe de stair nó d'oidhreacht an phobail a léiriú, agus bhí meas ar an tseanchaí le dealramh. Ní minic a thugtaí seanchaí ar an bhfaisnéiseoir, áfach, i gcás an raidió, ach 'cainteoir'. Bhí, agus tá fós, an-mheas ar an déachainteoir, i measc phobal éisteachta RnaG. Nuair a cailleadh Séamas Jaimsie Ó Flaithearta, ó Fhearann a' Choirce, Inis Mór, i Lúnasa na bliana 2018, fear a bhíodh le clos ar RnaG go mion minic, is mar seo a chur an craoltóir Seosamh Ó Cuaig síos air:

> Mar chainteoir cumasach is mó a bhí aithne ag muintir Chonamara ar Shéamus Jaimsie. "Ba mhaith an cainteoir é" an chéad rud a dúirt mo chomharsa béal dorais liom nuair a chuir mé bás Shéamuis in iúl dhó. "Ba mhaith an cainteoir é, ach an oiread le Máirtín [a dheartháir, craoltóir le RnaG], " a dúirt sé.
>
> B'fhíor dhó. Bhí sin ag Séamus – caint thíriúil, caint chréúil, caint chraicneach.[73]

Agus cuimhnímid arís ar an méid a dúirt Meaig Ghineá: "... is breá leothu, dé dhealraimh, mar chainteoir mé, agus is breá leothu an Ghaolainn a thugaim, bíonn sí breá compordach."[74] Tá údarás agus feidhm ag caint an tseanchaí don lucht éisteachta, ag an deáchainteoir raidió:

> Imagine that a number of individuals are sitting in a kitchen, crossing a field, or driving to town. Their talk is unfocused, touching on recent events or tasks to be accomplished. When one of the participants, an older person, begins to speak, the tone shifts. Her voice raises suddenly, then falls, her eyes become fixed on a younger person, her grandson, who has just spoken, and he responds in kind. Her

[71] Ó Crualaoich, Gearóid: 'Litríocht na Gaeltachta: Seoladh isteach ar pheirspictíocht ó thaobh na litríochta béil', in Ó Fiannachta, Pádraig (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XIX*, An Sagart, Má Nuad (1989), 10.
[72] Ó Giollagáin, Conchúr: *Stairsheanchas Mhic Chonraí: Ón Máimín go Ráth Chairn,* Cló Iar-Chonnachta, Conamara (1999), 15.
[73] https://tuairisc.ie/dfhag-se-mant-inar-mbeatha-bearna-a-fhanfas-gan-togail-seamus-jaimsie-ar-shli-na-firinne/. Faighte 30/08/2018.
[74] Ghineá, Máiréad, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0927_27, TX: 10/04/1974.

> words break the hold of the here and now, drawing the group through the window of the community's past. The words are no longer hers alone, for they have taken the shape of a quotation. The expression embodies a familiar form and content. All watch and listen closely as the pace and the pitch of her speech rise to a peak, then suddenly descend ... the talk returns to the present, but is no longer the same. This is the power that lies in the grandmother's words. She has not *described* the past – she has *quoted* the words of the people who lived it. She ceased speaking in her own right at this point and became instead a sounding board for a chorus of innumerable voices.[75]

Bhí lucht éisteachta an raidió ag súil le tuiscint údarásach éigin a fháil ós na h-aíonna ar ghnáth-cheisteanna an lae, ar chúrsaí creidimh, ceisteanna moráltachta, scileanna agus obair dhúchasach, tuiscintí ar an nádúr agus an osnádúr, iompar an phobail agus mórán nithe eile. B'iad an lucht éisteachta a déarfadh leis na Clár Reachtairí an raibh aon ghlacadh acu leis na faisnéiseoirí, nó an raibh iontaoibh acu astu, agus bhíodh fáilte ar ais rompu seo go raibh meas ag an bpobal orthu. Tá cluas chriticiúil seo an lucht éisteachta fós linn; dúirt fear amháin go neamh-bhalbh liom féin go raibh clár faisnéise a dheineas loitithe agam, toisc gur úsáideas giota cartlainne ó fhear áirithe, fear a bhíodh de shíor ag cumadóireacht, dar le fear an cháinte.

Ba líonmhaire seanchaithe ná scéalaithe in Éirinn,[76] riamh anall seans, agus ba líonmhaire go mór iad sa dara leath den bhfichiú aois. Feictear dom go gcomhlíonann na faisnéiseoirí ba mhó tóir agus ba mhinice a bhí le clos ar RnaG formhór gach gné de thréithe an tseanchaí, cé nach minic a tugadh an teideal úd orthu:

> Is i seilbh an phobail go hiomlán a bhíonn an béaloideas, má sea, agus is é a bhíonn sa tseanchaí cáiliúil ná ball den phobal go bhfuil sé de bhua aige gníomhaíocht/*performance* ar chuid éigin den *repertoire* pobail a sholáthar – *performance* go mbeadh ardmheas ag baill eile an phobail air ar a fheabhas go díreach mar thaispeántas, mar insint bheo, ghníomhach, léiriúil (le nádúr an

[75] Briggs, Charles: *Competence in Performance: The Creativity of Tradition in Mexicano Verbal Art*, University of Pennsylvania Press, Philadelphia (1988), 1.
[76] Zimmerman, 430.

> dráma ann) ar chuid éigin dá mbéaloideas ... Go simplí, caitheann an seanchaí a 'scéal' a insint ar chuma a bheidh oiriúnach do ócáid na hinsinte...[77]

Má bhí béim ag bailitheoirí an Choimisiúin ar na seanscéalta, ba ar chuntais seanchaíochta, maidir le gnáthshaol na muintire, maidir le stair, slí beatha, cultúr, caitheamh aimsire, imirce agus oidhreacht ba mhó a bhí béim ag Clár Reachtairí an Raidió. Ní hamháin sin, ach ba mhó a bhí éileamh ag an bpobal ar ábhar dá leithéid. Tá macalla d'fhaisnéiseoirí RnaG i scríbhinní Dobos ar 'Fíorscéalta' sa Ghearmáin agus in oirthear na hEorpa:

> The "true" stories, containing the narrator's own or some other person's experiences, have always been known in peasant communities. However, their significance has increased in recent decades. The close relationship of the folktale world with the magical peasant world-view is well known. With the disintegration of traditional folk culture, interest in more realistic stories increases … At the same time, talented men emerge who acquire their audience by relating their own interesting experiences and wartime adventures.[78]

Dála Mhicil Chonraí, a d'úsáid a stair saoil féin le stair áitiúil a ríomh[79], d'úsáid seanchaithe RnaG a scéal féin le scéal an phobail a thabhairt. Mar shampla de seo tá insint Mhaidhcí Thomáis Uí Mhuircheartaigh ar an dtragóid 'Bád na nGort nDubh, a tharla 165 bliain roimh insint an scéil, ina n-úsáideann sé gnéithe de scéal a bheatha féin leis an scéal a mhíniú.[80]

Bíonn an seanchaí in ann é/í féin a chur in oiriúint don ócáid inste. D'aithin na seanchaithe go raibh éifeacht leis an ngléas nua seo, an raidió, lena gcuid cainte a dhéanamh:

> Narrative activities have always adapted to the environment. The *seanchaí* has not completely disappeared as a part of Ireland's self-definition, even if in real life he no longer is the important figure he used to be: many Irish people still have a

[77] Ó Crualaoich, Gearóid: 'An t*Avant Garde* sa Traidisiún', i Ó Mórdha, Seán (eag.), *Scríobh 4,* An Clóchomhar Teo, Baile Átha Cliath (1979), 48.
[78] Dobos, Ilona: 'True Stories', i Dégh, Linda (eag.), *Studies in East European Folk Narrative,* American Folklore Society & The Indiana University Folklore Monographs Series (1978), 169-70.
[79] Ó Giollagáin, 15.
[80] Ó Muircheartaigh, Maidhcí Thomáis, 'Bád na nGort nDubh', léirithe ag Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1001_06, TX: 22/02/1983.

> knack of telling about the local past, or their own experience … perhaps the concept of folklore will remain in use, but it may have to be at least partly redefined, and applied to material conveyed through different media.[81]

Is féidir féachaint ar an ábhar a bhailigh Clár Reachtairí RnaG, agus atá fós á bhailiú acu, i bhfráma tagartha an bhéaloidis, agus mar chuntas eitneagrafach ar phobal na Gaeltachta; "Ethnography is interaction, collaboration," a deir Glassie. "What it demands is not hypotheses, which may unnaturally close study down, obscuring the integrity of the other, but the ability to converse intimately.[82] Sin go díreach a bhí ar bun ag na Clár Reachtairí; ag comhrá lena bpobal féin, agus eitneagrafaíocht ar scála ollmhór, taifeadta ó laistigh den bpobal, a bhí mar thoradh air.

6.7 *The Folklorist as Broadcaster* agus Contanam Béaloideas-Cultúr Coiteann

Ba ar chlár seachtainiúil áirithe a craoladh ar RnaG idir na blianta 1977 agus 1990 is mó a bhí léiriú ar an nasc idir seanchas, sa chiall is traidisiúnta den bhfocal, agus an raidió. Chuir an t-iar-bhailitheoir lán-aimseartha le Coimisiún Bhéaloideas Éireann, Seosamh Ó Dálaigh, *Cúinne Joe Daly* i láthair gach seachtain:

> Nuair a d'éirigh sé as an múinteoireacht i 1975, d'fhill Joe agus a bhean Peig ar Dhún Chaoin, ach b'fhada uaidh eirí as a chuid oibre ar son na teangan agus ar son an chultúir. Ba ghnóthach an saol a bhí fós aige, agus tharraig sé cúram eile air féin, mar atá an chraoltóireacht. Bhí éileamh an-mhór i gcian is i gcóngar ar a chlár 'Cúinne Joe' ar Raidió na Gaeltachta, agus ba mhó duine a spreag sé ar an gcuma sin chun spéis a chur sa Ghaeilge agus sa bhéaloideas ... Tá súil agam gur féidir bloghanna de sheanchas Joe mar a bhí aige i 'gCúinne' an raidió a chur i gcló - agus go deimhin a fhoilsiú mar fhuaim chaisín - mar gur iontach go deo na samplaí atá ansin den tagracht ghrinn agus den eolas le cois a chéile.[83]

Bhí an Dálach ina bhailitheoir ag an gCoimisiún idir 1936 agus 1951, agus bhailigh sé 'éacht béaloidis' sa tréimhse sin, a fhormhór ina cheantar dúchais féin, Corca Dhuibhne, ach chomh maith le sin in Iarthair Chorcaí, sna Déise, i dTiobraid Árainn, in íochtar

[81] Zimmerman, 375-376.
[82] Glassie, 14.
[83] Almqvist, Bo: 'Seosamh Ó Dálaigh, 1909-1992', i Béaloideas, Iml. 60/61, Finscéalta Agus Litríocht: Páipéir a cuireadh I láthair ag an Siompóisiam Nordach-Ceilteach / Legends and Fiction: Papers Presented at the Nordic-Celtic Legend Symposium (1992/1993), An Cumann le Béaloideas Éireann,

Chiarraí agus in Uíbh Ráthach, agus in iarthar Luimnigh.[84] "Thug Raidió na Gaeltachta cuireadh do clár seachtainiúil faoi chúrsaí seanchais, 'Cúinne Joe Daly', a chur i láthair, rud a dhein sé go máistriúil ó 1977-1989[85]," a deir Ó Héalaí.[86] D'úsáid Joe an taithí a bhí aige óna chuid oibre mar bhailitheoir, agus go deimhin óna óige i nDún Chaoin, le hábhair seanchais a chur i láthair an lucht éisteachta ar chlár raidió. I measc an raidhse téarmaí a bhí aige dá chláracha, bhí na séasúir agus féilte na bliana, luibheolas agus plandaí, baint móna, phrátaí agus glasraí; cúrsaí ceoil, beannachtaí agus mallachtaí, éadaí, seilg, fuil, leigheasanna, agus an t-iliomad ábhar eile nach iad, agus a lán de na téamaí le fáil i Lámhleabhar Béaloideasa an tSúilleabhánaigh, a bhíodh ag bailitheoirí an Choimisiúin tráth

Chuir an tsraith ábhar béaloidis os comhair an phobail arís, i slí nach bhféadfadh na lámhscríbhinní a chruinnigh an Dálach don Choimisiún riamh. Ní raibh teacht ag formhór de phobail Ghaeltachta na Mumhan ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann i mBaile Átha Cliath, gan dua a chur orthu féin, agus fiú dá rachaidís chomh fada le Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, ní bheadh an ghlúin óg in ann an tseanchló a léamh, gan roinnt mhaith staidéir a dhéanamh. Úsáideadh an raidió mar mhodh cumarsáide, mar mhodh le seanchas a mhúineadh nó ar a laghad a chur i gcuimhne dóibh seo go raibh dearúd déanta acu air. Dhein an sraith ábhar béil arís as an tseanchas.

Ag labhairt di ar a sraith raidió féin, *Bailiúchán Bhairbre,* a craoladh ar RnaG i 2006/07, dúirt an tEitneacheoleolaí Deirdre Ní Chonghaile go raibh tábhacht ar leith ag seo, rochtain an phobail ar chultúr a muintire, agus cinneadh á dhéanamh aici ar conas a scaipfí an ceol agus na hamhráin a bhailigh a haintín Bairbre Quinn in Árainn agus i gConamara idir na 1950í agus na 1970í:

> I was inspired to create the radio series because I knew that there would be great local interest in it. In the course of my fieldwork, I had found local people to be almost universally respectful of my institutionally-affiliated efforts to learn more about local music and to write about it, but not all expressed an interest in

[84] Ó Héalaí, Pádraig: 'Seosamh Ó Dálaigh: Máistir i mBun a Cheirde', Mac Cárthaigh, Críostóir, Ó Catháin, Séamas, Uí Ógáin, Ríonach, Watson, Seosamh: *Seoda as Cnuasach Bhéaloideas Éireann,* Comhairle Béaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, (2010), 86.
[85] Tá dátaí i 1990 luaite le cuid de na cláir san innéacs ar Chartlann na Mumhan RnaG.
[86] *Ibid.* 90.

> reading what I had written. Instead, people said they would like to hear once again, or for the first time, the music of the past, and to hear about certain musicians. Broadcasting *Bailiúchán Bhairbre* would help to satisfy that wish. I also realised the potential of radio for rapid, efficient and broad dissemination, and for encouraging dialogue in the community and between broadcasters and listeners, dialogue that might help answer some of the outstanding questions about *Bailiuchán Bhairbre*. I decided that radio would be the medium through which *Bailiuchán Bhairbre* would contribute to my research.[87]

Cruthúnas ar an éileamh a bhí ag an bpobal ar *Cúinne Joe Daly,* agus ar chraoladh ábhair seanchais dá réir, is ea go raibh sé á chraoladh ar feadh dhá bhliain déag. Murach go raibh aiseolas dearfach á fháil ag foireann an raidió ina thaobh, ní thabharfaí am craolta do.

'The Broadcaster as Folklorist' a thug Narváez ar Joseph R. Smallwood, 'The Barrelman', fear ag a raibh clár raidió i dTalamh an Éisc idir 1937 agus 1943.[88] I ngan fhois do féin, bhí Smallwood ag feidhmiú mar bhéaloideasaí, ag bailiú (trí litreacha a fháil ón lucht éisteachta) agus ag scaipeadh seanchais agus ábhar béaloidis eile:

> Without labelling such materials "folklore", the Barrelman collected and broadcast an abundance of Newfoundland oral traditions and this folkloric content provided entertainment and grass roots interest for his listening audience. Indeed, the Barrelman's efforts in eliciting narratives from his listeners were not unlike those of the modern folklore collector who: 1) conceives of clear goals for a fieldwork project; 2) makes calculated attempts to locate articulate informants, oftentimes through seeking out key gathering places of such persons; 3) establishes rapport with informants and collects data utilizing various prompting techniques: 4) organizes, edits and analyses his collected materials.[89]

[87] Ní Chonghaile, Deirdre: 'Broadcasting Bailiúchán Bhairbre: Recordings and Radio, Ethnomusicology and Impact', *Ethnomusicology Forum*, 20:2, 265-266. https://doi.org/10.1080/17411912.2011.596650. Faighte 23/2/2018.
[88] Narváez, Peter: 'Joseph R. Smallwood, "The Barrelman": The Broadcaster as Folklorist', Narváez, Peter & Laba, Martin (eag.), *Media sense: The folklore-Popular Culture Continuum,* Bowling Green State University Popular Press (1986), 47-64.
[89] *ibid.,* 55.

Modh oibre an bhéaloideasaí a thugann Narváez ar sin, ach sin modh oibre Chlár Reachtairí RnaG go dtí an lá atá inniu ann, agus níl aon dabht ach go bhfuil a leithéid chéanna d'obair á dhéanamh ag craoltóirí RnaG agus béaloideasaithe.

Tá tábhacht nach beag ag baint le cartlann an 'Barrelman' do scoláirí an bhéaloidis agus an chultúir:

> The importance of the Barrelman scripts and correspondence for folklorists and students of Newfoundland culture is that they represent the results of a five year long folklore and oral history project by a broadcaster who amassed a tremendous amount of primary documentary documentation which deserves scholarly analysis. Furthermore, an understanding of the folkloric content of The Barrelman would enable folklorists to assess the degree to which the program's transmission of folklore in Newfoundland modified, revived, or created new oral traditions.[90]

Tá difríochtaí suntasacha idir an *Barrelman* agus *Cúinne Joe Daly.* Iriseoir agus craoltóir ba ea Smallwood, a bhailigh béaloideas ón lucht éisteachta chun craolta. Bailitheoir béaloidis ba ea Joe Daly, a roinn an t-ábhar a bhí bailithe aige tríocha éigin bliain roimh an chlár ar an lucht éisteachta. Ach é sin ráite, tá an tábhacht chéanna ag baint le *Cúinne Joe Daly.* B'fhiú stáidéar a dhéanamh air, chun tuiscint a fháil ar an ról a bhí aige i gcaomhnú agus i scaipeadh traidisiúin agus seanchas na Gaeltachta, agus chun a fháil amach an ón gclár a d'fhoghlaim aon duine ábhair a shamhlaíonn siad a bheith foghlamtha acu ina n-óige.

Tá an teorann idir béaloideas/seanchas agus cultúr coiteann na muintire[91] an-solúbtha agus míshoiléir maidir leis na meáin. Go traidisiúnta, míníodh an difríocht idir an dá chineál cultúir i dtaobh modh seachadta agus cineál an lucht éisteachta/féachana:

> Popular culture refers, in a restrictive interpretation, to cultural events which are transmitted by technological media and communicated in mass societal contexts. Accordingly, the performance contexts of popular culture are usually characterized by significant spatial and social distances between performers and audiences. In contrast to popular culture, folklore performance is artistic

[90] *ibid.* 61.
[91] 'The Folklore-Popular Culture Continuum' a thugann Narváez agus Laba air seo.

> performance which is transmitted and communicated by the sensory media of living, small group encounters. The spatial and social distance between performers and audiences in folklore events is slight or non-existent and there tends to be a high degree of performer-audience interaction. These conceptions of folklore and popular culture focus upon media of transmission and group size rather than on socio-economic class or matters of content.[92]

Cinnte, go traidisiúnta, ba i ngrúpaí beaga, pearsanta, ar aghaidh a chéile, a bhíodh ábhar béaloidis á chleachtadh agus á sheachadadh, sa bhaile, sa tábhairne, nó sna pobail féin. Ach ar na saolta seo, tá an cultúr sin á chraobhscaoileadh ar na meáin chumarsáide, sa tslí is go bhfuil cultúr coiteann á dhéanamh de. Tá an 'seanchaí nua-aoiseach' ag spalpadh béaloidis sa chúinne, agus muintir an tí á phiocadh suas, faoi mar a bhíodh ón seanchaí daonna sa chúinne tráth, ach tá mórán grúpaí agus daoine aonair eile, ar fud na Gaeltachta agus go deimhin ar fud an domhain, ag éisteacht leis an tseanchaí céanna.

Is deacair a dhéanamh amach an bhfuil aon difríocht shuntasach idir cultúr coiteann agus béaloideas i gcás RnaG, mar go minic is é an dá mhar a chéile iad. Cumarsáid, ealaíon, agus siamsaíochta atá iontu araon:

> When popular culture is conceptualised as a socially-based structure of symbolic forms and human activities, it can be approached not as a product of technology *per se,* but of the various human interactions, expressive resources and patterns of communication that support and are framed by involvement in the popular culture process. The essential connection between folklore and popular culture is in the social sphere – the impulse to, and ways in which meaning is made by people in relation to the more or less determining material conditions of life in modern society. The social practice of folkloric communication is structured by the symbolic forms in popular culture and serves as a means by which individuals and groups ritualize, organize and make sense of those forms of their day-to-day experience.[93]

I dtaobh na n-amhrán, an cheoil agus an tseanchais in minice a chloistear ar RnaG, cultúr coiteann agus béaloideas atá iontu, mar tá éileamh ag an bpobal orthu agus táthar á

[92] Narváez & Laba, 1.
[93] Laba, Martin: 'Popular Culture & Folklore', Narváez, Peter & Laba, Martin (eag.), *Media sense: The folklore-Popular Culture Continuum,* Bowling Green State University Popular Press (1986), 16-17.

seachadadh, is cuma cén saghas meán nó cén chineál lucht éisteachta atá ann. Tá RnaG tar éis na sean-lipéid a leagadh ar chultúr a bhréagnú, agus an tuiscint thraidisiúnta ar bhéaloideas a bhréagnú.

6.8 RnaG mar Bhéaloideas Poiblí

Faoi mar atá feicthe againn agus Aonaid Thaistil RÉ á phlé againn, tá an téarma 'Béaloidis Poiblí' oiriúnach d'obair RnaG i dtaobh an chultúr, go háirithe ar chláracha ar nós *Cúinne Joe Daly:*

> Public folklore is the representation and application of folk traditions in new contours and contexts with and beyond the communities in which they originated, often throigh collaborative efforts of tradition bearers and folklorists or other cultural specialists.[94]
>
> 'Public folklorists' work primarily in government or non-profit arts, cultural, or educational organizations, such as arts councils, historical societies, libraries, museums, or organizations devoted specifically to folk arts or folklore. Public folklorists are engaged in a variety of activities, including (but not limited to) field research and documentary work, and the production of public programs or educational materials, such as performances, artists' residencies, exhibitions, festivals, sound recordings, radio and television programs, films, videos, and books.[95]

Difríocht thábhachtach amháin atá idir obair RnaG agus béaloideas poiblí ná gur béaloideasaithe oilte a bhíonn ag obair le pobail lena gcultúr a léiriú i dtogra bhéaloidis poiblí de ghnáth, ach ba bheag traenáil mar bhéaloideasaithe, má bhí aon traenáil in aonchor i gceist, a fuair Clár Reachtairí RnaG.

Ag léiriú traidisiúin, agus pobail i gcoitinne, ar bhonn leathan a bhíonn béaloideasaithe poiblí:

> *public* folklore … actually implemented and concretized ethnographically based, dialogically created representations of traditions and communities. We have done this in everything from museum exhibitions, folk festivals, media productions, and

[94] Baron, Robert & Spitzer, Nicholas R. (eag.), Smithsonian, Washington (1992), 1.
[95] Sainmhíniú an *American Folklore Society.*

> training programs for native scholars to the more conventional text-centred scholarly enterprise of publication.[96]

Tá béaloideas poiblí timpeall orainn, i gceardlanna ina bhfuil scileanna dúchasacha á gcleachtadh os comhair an phobail (agus, níos minice ar na saolta seo, do thurasóirí, taispeántais ceoil, amhráin agus rince dúchasach; ar chláracha teilifíse agus raidió. Ag labhairt di ar an ualach oibre a bhíonn ar an mbéaloideasaí poiblí, deir Atkinson Wells:

> Our work requires intellectual flexibility and a broad base of skills to produce a variety of programs and products, including library and/or field research; conducting problem or policy analysis; generating interpretive materials such as exhibit labels, catalogs, press kits, walking or driving tour routes and scripts; developing training materials such as handbooks or manuals, teaching kits, workshop or institute plans; producing training and/or interpretive media including CDs, CD-ROMs, still photographs, video/DVD/film production, and audio for radio or on-line broadcast; doing festival or event research and production such as staging, hosting, and interpreting various cultural groups for the public; curating exhibits; setting up and maintaining websites; and designing publications.[97]

Tá raidió an-oiriúnach do thograí béaloidis poiblí. Go deimhin, deir Eff go bhfuil cláir raidió ar cheann de na modhanna is fearr a eascraíonn as tuiscintí an phobail maidir lena dtraidisiúin féin.[98] Cé go raibh amhras ar Lomax, ar dtús, faoi fhiúntas an raidió mar mheán le cultúr na ndaoine a scaipeadh[99], nuair a fuair sé deis sraith raidió d'amhráin agus de cheol tíre Mheiriceá a chraoladh sna 1940í, thapaigh sé an deis go fonnmhar:

> Radio broadcasts on national networks scripted by Lomax during the early 1940s enabled Americans to see themselves through their local traditions. Utilizing the most widely disseminated mass media of the day-which was dominated by popular entertainment, world and national news, sports, and classical music-Lomax offered a radical alternative. Listeners heard about traditions "back where

[96] Baron & Spitzer, 4.
[97] Atkinson Wells, Patricia: 'Public Folklore in the Twenty-first Century: New Challenges for the Discipline', *Journal of American Folklore,* Vol. 119, Iss. 471, (Winter 2006): 5-18,133.
[98] Eff, Elaine: 'A City Folklorist for Baltimore', i Feintuch, Burt (eag.): *The Conservation of Culture: Folklorists and the Public Sector,* The University Press of Kentucky (1988), 102.
[99] Szwed, 152.

> I come from"-the title of one of these radio series, which Lomax scripted with Nicholas Ray. Along with productions for The American School of the Air-Lomax sang, commented, and advised on scripting-the Back Where I Come From shows presented a panoply of American traditions, entertaining and educating about American folk culture.[100]

Léiriú a bhí sna cláracha seo ar dhomhan áitiúil, ach é bheith á léiriú don bpobal níos leithe ar na aerthonnta. Úsáideadh modhanna cumarsáide agus ealaíne béil na ndaoine lena scéalta a insint.[101] Bhraith Lomax go raibh gá an ábhar béaloidis a bhí á bhailiú ar fud an domhain a chur ar fáil go poiblí, agus bhí léamh sóisialach aige ar ról an bhéaloideasaí:

> We have become in this way the champions of the ordinary people of the world who aren't backed up by printing presses, radio chains, and B29's. We believe in the oral tradition, we believe in the small cultural situation, we think that some of these folk of the world have something worthwhile culturally, morally, etc.[102]

Bhí tuiscint nach beag aige ar an dtábhacht a bhain le deiseanna a thabhairt don bpobal féin a gcultúr féin a léiriú, tuiscint a bhí réabhlóideach ag an am agus atá tagtha chun foirfeachta le blianta beaga anuas:

> Turning from the need to act on behalf of communities to a consideration of how communities might be equipped to present their traditions on their own terms, Lomax anticipated contemporary public folklore's emphasis on enabling community cultural self-determination (see Baron 2010). In 1950 he critically discussed the use of folk festivals, schools, and radio as means of presenting local traditions both within communities and for broader audiences. Lomax contended that folk festivals can be "dynamic" if local communities choose what will be presented. He stated that folklorists should not "split" the folk festival "up into little pieces" in order to make their "own potpourri in the city" or assert an

[100] Baron, Robert: '"All Power to the Periphery": The Public Folklore Thought of Alan Lomax', *Journal of Folklore Research,* Vol. 49, Iss. 3, (Sep-Dec 2012): 275-317.
[101] *Ibid.*
[102] Lomax, Alan: 'Making Folklore Available' [1953], i Cohen, Ronald D. (eag.) *Alan Lomax: Selected Writings 1934-1997*, Routledge, New York (2003), 115.

> "interfering" role with "country people" who are told that they "can't play a guitar because the tunes are modal".[103]

Tuiscint eile a bhí ag Lomax atá tagtha chun foirfeachta ar na saolta seo ná a fhís do 'chumarsáid dé-bhealaigh' ar an raidió mar áis do dháileadh an chultúir dhúchais. Chreid sé go bheadh ról thar a bheith fiúntach ag an raidió dá bhféadfadh daoine 'labhairt tharnais' leis na cláracha.[104] Le teacht córais téacs-theachtaireachtaí, gutháin, meáin shóisialta agus naisc idir-stiúideo, is féidir leis an bpobal ról a bheith acu i gcláracha ar a bhfuil ábhair béaloidis á chraoladh. Is féidir leo amhráin a mholadh agus a lorg, leaganacha éagsúla de phoirt agus de phíosaí ceoil a chur ar súilibh na gClár Reachtairí, agus a leaganacha féin de nósanna, traidisiúin agus seanchas a roinnt.

Má fhágtar an critéar maidir le béaloideasaithe oilte bheith sáite i dtograí béaloidis poiblí ar lár, feictear go líonann cartlann RnaG formhór an tsainmhínithe don bhéaloideas poiblí. Ábhar béaloidis (seanchas, amhráin, ceol, nósanna, traidisiúin, scéalta, eachtraí, ceirdeanna) atá ann, atá bailithe i measc an phobail agus ansin á chraobhscaoileadh i measc an phobail chéanna, agus lasmuigh de; tá ról lárnach ag cleachtóirí na n-ealaíon dhúchasacha sna cláracha, agus is baill eile den bpobal atá ina láithreoirí agus ina léiritheoirí ar na cláracha. Is eagraíocht san earnáil phoiblí, RTÉ, atá i mbun na hoibre, nó á mhaoiniú. Ní ar an bhfocal scríofa, scolártha, atá an bhéim san aischur maidir leis an ábhar a bailíodh, faoi mar a bhíonn i ndámh an bhéaloidis go traidisiúnta, ach ar an ealaín agus na cleachtóirí féin. Agus tá cleachtóirí eile, agus baill eile den bpobal, in ann teacht ar an ábhar, agus cuir leis an bplé, i slí nach mbeidís riamh i ndomhan traidisiúnta léann an bhéaloidis.

Gan dabht, tá ról ag an dá shaghas béaloidis i staidéar agus i ndáileadh traidisiúin agus cultúr na Gaeltachta ar na saolta seo; tá difríochtaí sa tslí a chuireann an béaloideasaí traidisiúnta agus an béaloideasaí poiblí an t-ábhar i láthair, agus sa lucht éisteachta atá acu araon, ach is mó ná san na cosúlachtaí atá eatarthu.[105] Tá tuiscint níos mó anois ná riamh ar thábhacht an bhéaloidis phoiblí i gcaomhnú agus i ndáileadh cultúr pobail ar fud an domhain:

---

[103] Baron (2010).
[104] *Ibid.*
[105] Baron & Spitzer, 5.

> It would be easy to dismiss the festivals and exhibits, the folklife-in-education programs and technical assistance efforts for traditional craftworkers, the documentary projects and publications produced by public sector folklorists as interesting ephemera were it not for two matters. Public folklorists' efforts have effectively reached constituents previously not served by the agencies and organizations that sponsor their programs. And the work is urgent …
>
> No folklorist would claim that public folklife programs are social panaceas. Nor does critical thought suggest that a festival, a folklife-in-education program, or an exhibit provides answers to complex cultural issues. Instead, such programs are most valuable because of the questions they raise; they are most successful when they lead to thinking about the appropriate place of the past in the present, about the maintenance of distinctive identities in the face of the globalization of culture.[106]

Deineann RnaG é sin ar bhonn dhaonlathach; craoltar agus athchraoltar an t-ábhar a thaitníonn leis an bpobal féin, nó lena bhfuil luach éigin dar leo, agus feidhmíonn sé mar scáthán don bpobal le féachaint orthu féin, agus mar áis le labhairt agus le plé leo féin maidir le cultúr a ndúchas.

6.9 RnaG *viz.* CBÉ

Tháinig deireadh le Coimisiún Béaloideasa Éireann i 1971[107], an bliain sarar a bunaíodh RnaG. Bhí sé bliana is tríocha caite ag bailitheoirí agus ag foireann an Choimisiúin ag bailiú, ag cnuasach agus ag clárú béaloideas na hÉireann, idir scéalta, seanchas, nósanna, creidiúintí dúchasacha, amhráin, ceol, éide, airm agus uirlisí agus gach gné de chultúr na tíre. Faoi thús na seachtóidí, bhíodar tar éis ceann de mhórchartlanna béaloidis an domhain a chnuasach:

> Between 1935 and 1970, the Irish Folklore Commission (Coimisiún Béaloideasa Éireann) assembled one of the world's largest folklore collections. Under the direction of Séamus Ó Duilearga (James Hamilton Delargy), in its heyday the commission was considered one of the foremost folklore institutions in the world.

[106] Feintuch, 3-6.
[107] Mac Cárthaigh *et. al.*, 10.

> Its advice was sought by foreign institutions and governments alike, students came from abroad to train at its head office, while hundreds of foreign scholars visited the commission to consult its archive and research library and better acquaint themselves with its work, sometimes accompanying its collectors in the field.[108]

Im' thuairimse, bhí RnaG ina chomharba ag an gCoimisiún ar mórán slite. Bhí roinnt mhaith den obair chéanna ar siúl ag bailitheoirí an Choimisiúin agus Clár Reachtairí RnaG, a bheag nó a mhór, ag dul faoi dhéin na muintire, ag bailiú a scéalta, a seanchas, a gceol agus a n-amhráin.

Bhí dlúthbhaint, nó dlúthchairdeas, idir na faisnéiseoirí agus na bailitheoirí sa dá chás. Agus é ag trácht ar a sheisiún bailithe deireanach le Pádraig Ó Murchú, Patsy Gort Broc, sna hAoraí i mBéarra, déanann Tadhg Ó Murchú, bailitheoir de chuid an Choimisiúin, cur síos thar a bheith mothúchánach ar an gcaidreamh idir an bheirt:

> Líon sé ocht gcinn d'fhiteánaibh agus b'in a raibh agam sa tsaol. Nuair a bhí an ceann deireanach lán aige, do bheireamair greim daingean dlúth ar lámha a chéile agus do chrothamair le dúthracht iad agus do nochtamair ár gcroí dá chéile. Bheireas buíochas leis an bhfear uasal so; fear gur thugas gean mo chroí dho ón gcéad tráthnóna a chuireamair aithne ar a chéile ... Bhí an oíche ag teacht orainn. Ní raibh puinn le rá ag aoinne againn th'réis na bhfiteán a bheith líonta: bhí tocht orainn araon. (Dialann Thaidhg Uí Mhurchú, 15/05/1939)[109]

Tá an mothú céanna le braistint i gcaint Bhreandán Feiritéar, Clár Reachtaire RnaG, ar bhás Shéamais 'Pound' Uí Lúing, duine a bhíodh an-coitianta ar an raidió aige:

> Bhíos féin agus Pound ana-mhór le chéile. Is minic a deirtí linn le cúpla bliain anuas, gur aon anam amháin a bhí ionainn. Ní haon ionadh san, mar b'ó Phound a d'fhoghlaimíos-sa mo dhúil sa cheantar so. Scéalta an cheantair, ceol an cheantair, seanchaíocht an cheantair, agus seámsaireacht an cheantair, i ndeisbhealacht agus i gcaint na ndaoine. B'é Pound Corca Dhuibhne ina chrot daonna domsa ...

[108] Briody, Mícheál: 'Keepers of the folklore', https://www.irishtimes.com/news/keepers-of-the-folklore-1.892628, faighte 10/09/18.
[109] Verling, Máirtín (eag.): *Gort Broc: Scéalta agus Seanchas Ó Bhéarra*, Coiscéim, Baile Átha Cliath (1996), xxiv.

Tá meán lae ann, agus is trom na scamaill a chím,
Ar an ard úd thall, is tá an feall dubh ginte ina gcroí,
Níl sonas ná greann i bhfobhar dúinn seachas mar bhí,
Ó leagadh go fonn, an planda, ceann urraigh ár ngrinn.[110]

Bhí Pound ar dhuine de bheagán daoine a sholáthraigh ábhar don gCoimisiún agus do RnaG, ach bhí sliocht na sean-scéalaithe agus na seanchaithe le cloistint go minic ar RnaG. I nDún Chaoin agus sna Blascaodaí, mar shampla, ba mhinic mac Shéamais Bhig, Maras Bheit Ó Lúing faoi agallamh; bhí mac Thomáis Uí Chriomhthain, Seán, an-choitianta ar an raidió; agus an-fhoinse eolais ab ea Labhrás 'ac Síthigh, mac Phádraig (Pidí). Bhí a leithéid chéanna i gceist i formhór na gceantar Gaeltachta.

Chastaí le bailitheoirí an dá eagras gurb é an trua é nach rabhadar ag bailiú tamall de blianta roimhe sin, mar go raibh scoth na scéalta agus an tseanchais á rá an uair úd:

> Here is a picture of a Kerry story-teller, now dead, from whom Tadhg Ó Murchú obtained a great many tales. He was an old man of eighty-five when this experienced collector met him (17 November 1935) for the first time. His first remark was to regret, as most of the old people do, that this work of collection had not been started twenty years before. Had he come, the old man said, even five years before, he would have been able to tell him a tale for every day of the year.[111]

Bhí an port céanna ag Micil Ó Catháin, ó Bhaile an Ghleanna i nDún Chaoin, le Breandán Feiritéar i 1983; “Dá dtiocfá i leith ansan led' phíp [i.e an micreafón agus an edifón] tamall, nuair a bhíodh an bháisteach ann, ní gheobhfá records chun iad a líonadh. Ba mhór an scamall iad.”[112]

Bhí an Coimisiún agus RnaG araon ag brath ar mhaoiniú stáit, agus ba mhinic lucht stiúrtha an dá eagras clamhsánach faoina laghad maoinithe a bhí ag teacht ina dtreo. Bhíodh an Duileargach agus na ranna stáit ar a raibh an Coimisiún ag brath go minic in adharca a chéile:

[110] Feiritéar, Breandán, Raidió na Gaeltachta, CD 0903_30, TX: 19/06/1976.
[111] Ó Duilearga (1945), 16.
[112] Ó Catháin, Micil, Baile an Ghleanna, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0999_10, TX 09/05/1983.

> In May 1946, Ó Duilearga pleaded to the Dept. of Education. While expressing thanks for the granting of the Emergency bonus, he went on to outline the unsatisfactory nature of the collectors' salaries. When the commission had first been set up in 1935, living and maintenance costs were smaller than in post-war conditions. In addition, the Commission, lacking experience in such matters, had no way of estimating the costs involved in maintaining a collector in the field.[113]

Ba mheasa ná sin cás RnaG:

> Ní fheadar an dtuigtear, cé go bhfuil Raidió na Gaeltachta ann le haon bhliain déag anois, gur le sean-iallacha bróg a choimeádtar ar an aer go minic é. Os rud é gur eagraíocht bheag Ghaelach é, laistigh d'eagraíocht mhór ata ag sodar i ndiaidh an tsaoil mhóir Angla-Éireannach agus an tsaoil Anglo-Phoncánach ... is appendix é ar phutóga na máthaireagraíochta ... chaitheadar le chéile gan mórán pleanála ná fealsúnachta ar na modhanna ab fhusa agus ba shaoire, leis na línte ceangail idir na stiúideonna ba lofa a bhí le fáil ... i dtreo is gur fearr de chaighdeán fuaime ata ag teacht as an stáisiún bradach is leimhe ná as Raidió na Gaeltachta. Agus is duine gránna tú má deireann tú é seo. Is dóigh liom go léiríonn sé seo ar fad meon agus aigne Raidió Teilifís Éireann, an truflais agus an dramhaíl is measa, ó thaobh cúrsaí craoltóireachta de fiú, a chraoladh i Stereo, agus cnathacha agus méiscrí ar línte craolta Raidió na Gaeltachta aniar, aneas agus aduaidh.[114]

Chuir an Coimisiún agus RnaG béim ón chéad lá ar chainteoirí dúchasacha Gaeilge a fhostú, agus iad a chur ag obair ina gceantair dúchais féin, nó i measc na ndaoine a bhí ar chomh-chanúint leo:

> With the exception of Liam Mac Coisdeala, Caoimhín Ó Danachair, and Séamus Ennis, all the full-time collectors employed by the Commission in its first ten years were native Irish speakers. Choosing native speakers of Irish had the added advantage, at least when they worked in their own areas or within reasonable distance of their home area, that they knew the community and were known. This made it easier for them to be accepted, and for less suspicion to adhere to them.[115]

[113] Briody, 364.
[114] Feiritéar, 1983, 20.
[115] Briody, 230-231.

Faoi mar atá feicthe againn, daoine Gaeltachta ba ea formhór mór na gClár Reachtairí a ceapadh in RnaG, agus béim ar leith ar chaint dhúchasach na ndaoine ar an stáisiún go dtí an lá atá inniu ann. Is fíor annamh go deo go mbíodh Clár Reachtaire ó Chúige amháin i mbun taifead i gCúige eile; cé gur dhein Breandán Feiritéar roinnt mhaith oibre i gCúige Chonnacht, ach ar bhog sé chun cónaithe ansin.

Cé go raibh ard-aithne ar na bailitheoirí agus ar na Clár Reachtairí araon ina gceantair féin, bhídís go minic ag bailiú i gceantair Ghaeltachta eile, agus gan puinn aithne acu ar mhuintir na háite. Bhíodh sé de bhéas ag bailitheoirí an Choimisiúin dul faoi dhéin na ndaoine áitiúla (oidí scoile, sagairt, lucht ósta srl.) chun leideanna a fháil i dtaobh seanchaithe agus scéalaithe le dealramh. Fuair Tadhg Ó Murchú cabhair ó Sheán Ó Murchú, oide i Scoil Orthan, agus é ag dul ag bailiú i mBéarra,[116] agus bhí a leithéid céanna de phlean ag an Duileargach in Uíbh Ráthach:

> Bhí treóraí maith lem chois, Tadhg Ó Sé ósna Cúla, Baile 'n Sceilg, a tháinig ó Bhaile Átha Cliath le páipéir sgrúdúcháin i gcóir an choláiste Gaedhilge i gCathair Dónal a bhí ar siúl an uair sin; agus is i gCathair Dónal a chaitheas mo chéad uíhe riamh sa Mhumhain. Amáireach do thionlaic Tadhg Ó Sé chun Cathair Saidhbhín mé, agus is é, is dóigh liom, do chuir i n-aithne do dhuine uasal Gaedhealach don tsean-phór mé – Seán Ó Hárta ó Dhúngéagáin i n-aice le Baile n' Sceilg.[117]

Bhí na foinsí áitiúla seo an-thábhachtach do lucht RnaG chomh maith, faoi mar a deir Micheál de Mórdha:

> Bhuel, bhí aithne agam ar chúpla duine i Múscraí, in Uíbh Ráthach agus in Oilean Chléire agus sa Rinn - agus ní raibh faic le déanamh ach bualadh chucu - in éineacht le teagmhálaí áitiúil (Dóirín Mhic Mhurchadha, m.sh), deoch a ól fara chuid acu agus there she flew! Bheadh leide nó dhó fachta agat ó Bhreandán nó Maidhc Sé nó Seainín Tuohy....Cuimhnigh ná raibh aon fhón póca ann san am sin, ná uimhreacha dialaithe díreach ag formhór na ndaoine, etc. Ní raibh aon rogha ach léimeadh isteach sa mhótar, dul 'on Rinn, cuir i gcás, agus daoine a aimsiú.. Á mhuise, bhíodh fonn cainte ar gach éinne san am agus dá ndéanfá agallamh don raidió gheofá £6 as an t-am sin - fiacha cuid mhaith pint. Bhuaileas le cuid de na

[116] Verling, xxii.
[117] Ó Duilearga (1964), xi.

> cainteoirí Gaelainne ab fhearr a bhí sa tír an tráth sin -Donnchadh Shéamuis Ó Drisceoil ó Chléire, Johnny A' Lord Ó Siochfhradha, i mBaile 'n Sceilig agus Domhnall Ó Murchú ó Bhaile An Sceilig chomh maith agus Tadhg Condún sa tSeana Phobal. Lá amháin bhíos ag tiomáint liom in Uíbh Ráthach, thíos in aice le Dún Géagáin, chonac an fear seo agus bó á crú aige istigh i ngort - bhuaileas chuige isteach le mo théip recorder agus b'shin mar a d'aimsíos Johnny A' Lord.[118]

Bhí an t-ábhar céanna á bhailiú ag an dá eagraíocht, cé go raibh béim i bhfad níos mó go an gCoimisiún ar sheanscéalta fada, mar shampla, agus níos mó béime ag RnaG ar sheanchas agus ar chúrsaí reatha:

> Bhí béim ar eachtraithe a tharla dóibh ina saol, ag iascach nó ag imirt chaide nó má bhí aon sean-scéal acu (ná beadh rófhada), laethanta a n-óige ('an cuimhin leat a bheith i gcóta na cabhlach,' mar a deireadh Maidhc Sé). Bhíodh ana-bhéim ar an mbéaloideas. Bheadh cláracha ar ábhair faoi leith á chur le chéile agat anois agus arís. Abair, lá amháin bhíos ag cur cláir le chéile mar gheall ar an nDiabhal! Raghfá dtí cúpla cainteoir maith. Sea, do chuas go dtí Brendan Leahy i mBaile Uí Churráin agus d'fhriafraíos de an gcreid sé sa Diabhal. 'Ní fheaca féin an Diabhal riamh,' ar sé, 'ach tá aithne agam ar dhuine a chonaic é!" Dheintí cláracha ar chapaill, ar ghaibhne, ar bhacaigh, ar bhruíonta baitíní agus, ar ndóigh, ar thoghcháin. Dheineas féin clár ar leabhar a' phinsin a bheith fachta ag daoine agus ar iascach na maicréal, is mar sin de...[119]

Tá ana-chosúlachtaí eatarthu maidir le úsáid na teicneolaíochta chomh maith. Deir Ó Cadhla go bhféadfaí a rá go bhí stair an Choimisiúin nach mór ina stair teicneolaíochta:

> Bhí dóing ar scoláirí a admháil go mbeadh carn den ábhar caillte murach an teicneolaíocht. Forbairt na teicneolaíochta a luathaigh forás na gcartlann: “it is curious how the history of the Commission almost becomes a history of technology, for so long understood as folklore’s adversary. Changing from ediphone to gramophone, switching around 1954 to Vortexion tape recorder,

[118] de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 13/05/18.
[119] *ibid.*

> miniphone recorder in 1957 and Philips tape recorder in 1960" (Ó Cadhla 2008b,100).[120]

Deir sé chomh maith gur "thúisce a theagmhaigh seanchaithe na Gaeltachta, pobal a shamhlaítear le sean-aimsearthacht, leis an teicneolaíochta seo ná a lán áiteanna eile."[121] Le liosta seo theicneolaíocht an Choimisiúin, is féidir trealamh na gClár Reachtairí a chur:

> Sara dtána go Bóthar na Léinsí do thug Breandán *cassette recorder* dom, le *cassette Chrome Dioxide* ann agus micreafón, agus chuas chomh fada le leithéidí Ulic Moran i gCnoc A' Bhroic, Cill Dara, chun taifead a dhéanamh leo. Thug an cassette recorder sin seirbhís maith dom ... Ina dhiaidh sin fuaireamar *UHER recorder* - reel to reel - a bhí trom go maith da mbeifeá ag imeacht i gcoinne an chnoic ar Oilean Chléire agus é a iompar agat, ach go mbíodh caighdeán stiúideo le fáil as dá mbeadh fios do chúraim agat. Bhí *Marantz tape recorder* againn chomh maith. Deintí dubáil ar na reels le siosúr agus le téip bhán....ní raibh aon Radioman ann an t-am sin ná ríomhaire chun é a thiomáint. Bhíodh gléas Revox (reel to reel eile) againn chun ceolchoirmeacha a chur ar téip agus bhíodh gléas Nagra ag na teicneoirí.[122]

Tá uirlisí taifeadta anois ag RnaG ar nós an *Flashmic*, gléas nach mbíonn aon pháirteanna ag bogadh inti, agus gan de mheáchan inti ach 300g, i gcomparáid leis an 20-25kg a bhí san eidifón.[123]

Bhí cuid de na lochtaí céanna ar an dá eagraíocht chomh maith, áfach. Ní raibh aon bhailitheoirí ban lánaimseartha fostaithe ag an gCoimisiún riamh:

> The Irish Folklore Commission employed no women as full-time collectors during the thirty five years of its existence, although many females contributed to the collection as part-time collectors, as questionnaire correspondents, or as schoolgirl-collectors, mainly via the Schools Scheme. There were, of course, problems to be surmounted in employing women as full-time collectors. In the first place, even if a woman had been appointed as a full-time collector by the

[120] Ó Cadhla (2011), 199.
[121] *ibid.*
[122] de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 13/05/18.
[123] Briody, 245.

> Commission, given the marriage ban in respect of women in the Civil Service, she would have had to resign her position on marriage.[124]

Ní raibh aon bhean i measc an tseachtair Clár Reachtaire a ceapadh in RnaG an chéad lá, agus ní raibh aon bhean ar an bhfoireann buan go ceann roinnt blianta; "Bhí caint na foirne breá soiléir. Ach cén fáth nach raibh ach bean amháin uirthi, Aingeal Ní Chonchúir ... ansin, ná go ceann cúpla bliain? Ní raibh sise féin fostaithe ach go sealadach agus go páirtaimsearach i dtosach: tar éis cuid mhaith agóide ón N.U.J. a cuireadh ar an fhoireann í.[125]

Bhí an cosc ar mhná pósta bheith ag obair sa tseirbhís phoiblí i bhfeidhm go 1973, ach thóg sé roinnt blianta eile ar RnaG titim isteach i meon na cothromaíochta inscne. Ach ar na saolta seo, tá RnaG ina cheannródaí sa ghné seo; glórtha ban 50% dóibh seo a bhíonn le cloisteáil ar RnaG ar bhonn laethúil, agus is minic nach mbíonn aon láithreoir firinn le cloisteáil ar an aer roimh a 2 a chlog tráthnóna. Is cosúil nach aon rud eisceachtúil é sin, i dtaobh stáisiúin raidió bundúchasacha ar fud an domhain:

> When I began my study of indigenous electronic media, I expected to discover a mixture of influences and approaches and was not surprised when I did. I was far more surprised to discover the place of indigenous women in the indigenous electronic media. After all, the majority culture electronic media tend to be male dominated, especially in the executive, production, and journalistic ranks. Since many of the indigenous electronic media operations either originated as part of the majority culture media, or had no other source of trained staff for independent indigenous stations, why should the pattern of male dominance be any different? … Yet my visits to several dozen indigenous electronic media operations, including training programs, have revealed that women play major roles in several capacities…[126]

Maidir le cúrsaí teanga, bhí béim ar leith ag an Coimisiún ar an nGaeltacht, rud a d'fhág an Ghalltacht in áit na leathphingine maidir le bailiú a gcultúr siúd:

[124] Briody, 461.
[125] Ó Glaisne, 117.
[126] Browne, 219.

> ... collecting in Irish would seem to have remained a priority to the very end of the Commission. In this respect, it has to be noted that none of the special collectors employed by the Commission from the early 1950's onward collected (exclusively or even significantly) in English. By this time a great deal had been collected in Irish, and the arguments that had been made in respect of traditions in Irish in the 1930's could now be made in respect of many traditions in English, i.e. that they, and the way of life that sustained them, were on the verge of extinction. While Ó Duilearga had from the beginning a vision of what needed to be done in respect of the Gaeltacht and Breac-Ghaeltacht, it is not at all clear whether he had a vision in respect of the prerequisites of collecting in English-speaking districts. A more piecemeal policy seems to have been in operation in respect of the latter than the former.[127]

Má bhí claonadh ar an gCoimisiún i dtreo na Gaeltachta, ba é an Ghaeltacht *raison d'etre* RnaG, agus dheineadar neamhaird ar fad ar an gceantar lasmuigh den Ghaeltacht, mura raibh deáchainteoir ón nGaeltacht ag maireachtaint ann, nó ócáid éigin bainteach leis an Ghaeltacht ar bun ansiúd. Bhí clár reachtairí an raidió ar tóir na gcainteoirí dúchais deireanacha in áiteanna chomh maith; dhein Diarmuid Ó Súilleabháin taifead le Risteard Ó Drisceoil, an cainteoir dúchais deireanach i gCnoc a' Dúin, Baile Mhic Óda, in oirthear Chorcaí[128], agus dhein an Súilleabhánach téip eile le Eoghan nó Eugene Conn Mac Cárthaigh, duine de chainteoirí dúcháis deireanach Chlaodach, in oirthear Chiarraí Luachra.[129] D'fhág an chosc a bhí ar amhráin Bhéarla a chraoladh ar RnaG gurb é an t-easnamh is mó atá ar chartlann RnaG maidir le hábhar de, ná an saibhreas amhráin Bhéarla a bhíodh is atá á rá coitianta fiú sna ceantair is láidre Gaeltachta. Ní raibh cead iad a chraoladh, ach ní hé sin le rá nach rabhadar ann:

> MD: Nuair a théimíst síos dtís na ráiseanna, bhíodh fear ann agus guitar, ní hé an guitar in aochor ach an Banjo aige agus bhíodh na haon saghas amhrán aige ar phingin nó dhá phingin. Na focail go léir do. *Wild Colonial Boy* is iad go léir, cheannaímíst timpeall chúig cinn acu agus thagaimíst abhaile ar na rothair agus sin á dh'amhrán, mar chloisimíst ar an radio iad, you know, ach bhíodh na focail

[127] Briody, 458.
[128] Ní fios cén dáta a craoladh, CD 1138_07.
[129] RTÉ Raidió na Gaeltachta, TX 18/12/1985, CD 1110_01.

> againn. Á raghaimíst a' triall ar na ba, nó ag seoladh na mba, bhímíst ag amhrán. Chloisfí na haon áit sin ag amhrán. Na hamhráin go léir foghlamtha againn, bhíodh na haon cheann acu san againn mar gheibhimíst thíos iad ar chúpla pingin ón bhfear san ar thaobh na sráide.
> DM: *Penny sheets* nó rud éigin ab ea?
>
> MD: *Yeah, penny sheets.* Ó bhí cad é *time* againn....[130]

Cruthaíonn Ó Laoire gur páirt de chultúr beo é foghlaim amhrán le teann dúil, beag beann ar cé teanga, réigiún nó cultúr eile as a thagann sé, agus é ag trácht ar áit an amhráin béarla *There's a Dear Spot in Ireland* i dtraidisiún amhránaíochta Thoraigh:

> Léiríonn sé go mbíonn cultúr beo beag beann ar chúrsaí íonghlaineachta, agus go ndéanann a chuid sealbhóirí roghanna pearsanta ar an rud a thaitiníos leo. Má tá ábhar ag imeacht ó dhuine go duine nach bhfuil 'traidisiúnta' sa chiall is gur seanrud ón díle atá i gceist, is cinnte go sealbhófar é má chuireann duine suim ann.[131]

Tá bailiúcháin amhrán eile a deineadh i measc mhuintir na Gaeltachta breac le hamhráin Bhéarla, ach ní bhíodh aon áit dóibh ar stáisiún raidió na Gaeltachta. Níor chualathas riamh ar RnaG, mar shampla, *The Kickers of Lios na Caolbhuí, The Dingle Puck Goat, The Cuas Canoe* nó *Three Miles from Annascaul,* amhráin Bhéarla ó thraidisiún amhránaíochta Chorca Dhuibhne agus an Leitriúgh. Bearna i gcartlann RnaG mar scáthán ar chultúr na muintire, atá san easnamh seo, agus ní miste féachaint in athuair le na hamháin seo a bhailiú, agus a chraoladh ar RnaG, os rud é go bhfuil cead liricí Béarla a chraoladh ar RnaG istoíche, ó 2005.

Achoimre: Pléadh an nasc idir RnaG agus béaloideas, tugadh sainmhíniú ar choincheap an bhéaloidis mar a tuigtear é agus mar a thuigtí é. Deinadh plé ar thuiscintí faoin mbéaloideas, cultúr, oidhreacht agus traidisiúin, agus cá suíonn an t-ábhar a craoladh ar RnaG sna 'boscaí' úd. Pléadh teoiric Mháirtín Uí Chadhain maidir le cultúr beo agus cultúr marbh, agus na fadhbanna a bhain le 'córas' an bhéaloidis in Éirinn ag an am. Pléadh an t-ábhar a dhein RnaG a thaifead sa Ghaeltacht, go háirithe an seanchas a bailíodh.

[130] Uí Dhubháin, Máire, in agallamh leis an údar, 2010.
[131] Ó Laoire (1999), 90-91.

Deineadh obair RnaG a rangú mar thogra bhéaloideas poiblí, agus deineadh comparáid ar obair RnaG agus obair Coimisiún Bhéaloideas Éireann.

Cartlann RnaG; conas mar a cuireadh le chéile é, an obair chaomhnaithe a deineadh air, agus todhchaí na cartlainne a bheidh á phlé sa chéad caibidil eile.

7. ‘Glórtha an Phobail’: Cartlann RnaG

> A few indigenous stations try to function as **archivists.** Ireland’s Raidió na Gaeltachta has a substantial tape collection of music, interviews, poetry readings, storytelling, and other material. Some of it was recorded directly off the air, but much was gathered by going to people’s homes, to festivals, and to churches. The three RNG stations have made a particular effort to tape the voices of the elderly, the stations realizing that there’s no way to recreate them once the individuals are dead. The archives are carefully indexed, and the stations reuse them quite often, as do researchers.[132]
>
> **********
>
> Without questioning the cultural historical value of such collections, or the many possibilities that they offer and open up for historical research I believe that it is of utmost importance that the collected materials be viewed as representations created in particular rhetorical contexts, employing particular strategies in the making of the present, and that their nature as such be integrated into both their analysis and the estimation of their political significance.[133]

Achoimre: *Féachfar ar an scóip agus réimse an ábhair atá sa chartlann, agus ar conas a shuíonn an t-ábhar sin i gcatagóirí béaloidis. Pléifear an próiseas trínar cuireadh an chartlann le chéile, mar a cláraíodh an ábhar agus mar a deineadh an chartlann a dhigitiú agus a chur ar fáil go poiblí ag tús an mhílaoise seo. Féachfar ar na fadhbanna a bhaineann leis mar chartlann ó thaobh rochtana de, agus déanfar roinnt moltaí maidir leis an méid a d’fhéadfaí a dhéanamh leis an gcartlann sa todhchaí. Pléifear ról chartlanna do phobail bundúchasacha agus mion-phobail ar fud an domhain, agus an tábhacht a bhaineann leo maidir le cultúr, seanchas agus stair na muintire a léiriú agus a chaomhnú.*

Deineadh an-chuid oibre i dtrí stiúideo Gaeltachta de chuid RnaG sna 1970í, 80í agus 90í, i dtaobh ábhar cultúrtha, dúchasach, Gaelach, a thaifead i ngach ceantar Gaeltachta. Bhí

[132] Browne (1996), 88.
[133] Anttonen, Pertti: *Tradition through Modernity: Postmodernism and the Nation-State in Folklore Scholarship*, Finnish Literature Society / SKS, Helsinki (2005), 81.

obair allamuigh á dhéanamh ag na Clár Reachtairí, ag bailiú ábhair chultúrtha; seanchas, scéalta, amhráin, ceol, tuairimíocht, filíocht, creideamh agus nósanna na muintire. Faoi mar a deir Browne thuas, deineadh iarrachtaí catalógú agus innéacsú a dhéanamh ar an ábhar ar fad a bailiú, maidir le h-ainmneacha na rannpháirtithe, dáta an chraolta nó an taifead, ainmneacha amhráin nó píosa ceoil. Deineadh gach iarracht, chomh maith, na bun-théipeanna a choimeád slán, agus iad a dhigitiú ina dhiaidh san. Tá formhór mór na cartlainne ar fáil anois ar dhlúthdhiosca, agus an t-innéacs ag teacht leis, agus is féidir cuardach tapaigh a dhéanamh ar chomhaid ríomhaire chun ábhar ar leith a aimsiú. Tá a n-innéacs féin ag an trí stáisiún Gaeltachta – i mBaile na nGall i gCorca Dhuibhne, i gCasla i gConamara, agus sna Doirí Beaga i dTír Chonaill, agus tá a leithéid céanna i stiúideo Bhaile Átha Cliath.

Is féidir an próiseas inar cruthaíodh cartlann RnaG a fheiscint i bhfráma tagartha 'Próiseas an Bhéaloidis' le Lauri Honko.[134] Leag Honko dhá chéim agus fiche amach sa phróiseas, i dhá shaolré – céad-ré agus dara-ré an bhéaloidis. Baineann an chéad-ré leis an bhéaloideas ina shuíomh nádúrtha, agus an próiseas ina gcleachtar, aithnítear, cláraítear agus caomhnaítear é.[135] Ag trácht do ar chéim a naoi sa phróiseas, 'Cartlannú, caomhnú an Bhéaloideas' deir sé:

> It is the duty of archiving to conserve, to preserve the documents produced by the collection of folklore. The motive for preservation is to be found on the one hand in the desire to guarantee that the materials are available to people no longer in contact with the culture as it was at the time of collection, and on the other hand in the desire to protect it from physical degeneration and destruction. The subsequent users may be outsiders (such as researchers) or descendants of the community (future generations).[136]

Tá caomhnú an ábhair a bailíodh ag dó na geirbe do lucht an raidió le fada; deineadh an cartlann a dhigitiú toisc an baol go raghadh na bun-téipeanna ó mhaith le himeacht ama, agus go mbeadh an ábhar caillte go deo. Ina theannta sin, bhíothas den dtuairim gur fiú

[134] Honko, Lauri: 'The Folklore Process', *Folklore Fellows' Summer School Programme*, Turku (1991).
[135] *Ibid.* 34-42.
[136] *Ibid.* 40.

na cartlanna éagsúla a chur ar fáil in áiteanna poiblí, chun go mbeadh an dá ghrúpa a luaigh Honko, lucht taighde agus an pobal féin, in ann earraíocht a bhaint as.

I dara-ré an bhéaloidis, dar le Honko, déantar ath-chúrsáil ar an bpíosa béaloidis:

> Material once torn from the folklore process and laid aside again assumes influence. It very seldom happens that folklore reverts to it's roots, i.e to the communities from which it originally came. If it does, however, it often does so in a form that is alien to the oral communication process – a book, sound recording, film – edited according to norms other than those of the oral tradition.[137]

Cé gur ag tagairt do bhailiúcháin scolártha a bhí sé, agus nach bailiúchán scolártha í cartlann RnaG, eisceacht is ea an t-ábhar béaloidis i gcartlann RnaG de réir sainmhíniú Honko; d'fhill sé ar an bpobal láithreach, ó craoladh isteach ina dtithe é go gairid tar éis do bheith taifeadadh (agus go minic ina dhiaidh sin i gcásanna áirithe). Ní déarfainn go bhfuil craoladh an ábhair seo 'alien' dtí'n bpróiséas cumarsáide béil; feidhmíonn an ábhar béaloidis atá á chraoladh mar áis chun oideachais agus/nó chun siamsaíochta, díreach faoi mar a dhéanann formhór na cumarsáide béil, ach an tseanchas bheith á dháileadh ag an seanchaí nua-aoiseach sa chúinne.

7.1 Cartlann Bhóthar na Léinsí

I stiúideo RTÉ Raidió na Gaeltachta ar Bhóthar na Léinsí, cúpla céad méadar lastuaidh de shráidbhaile Bhaile na nGall in iarthar Duibhneach, tá dhá sheomra cartlainne. I seomra amháin tá dlúthdhioscaí den ábhar ar fad a craoladh[138] ón stiúideo ó bunaíodh an raidió i 1972. Tá an t-ábhar ar fad cláraithe maidir le hainm an chláir, aíonna, láithreoir, léiritheoir, dáta craolta agus ábhar cainte. Sa tseomra seo, tá 925 dlúthdhiosca a bhaineann leis an tréimhse ó 2003 i leith. Tá 965 dlúthdhiosca eile a bhaineann leis an ábhar a craoladh roimhe sin; tá geall le 7,000 rian ar na dlúthdhioscaí seo, agus iad seo ar fad cláraithe sa tslí chéanna.

Tá cartlann cheoil an stáisiúin suite i seomra eile sa bhfoirgneamh. I measc an tseodra atá cnuasaithe anseo, tá cartlann cheoil agus amhrán a bhailigh foireann an stáisiúin ó cheann ceann na Mumhan ó 1972, ar dlúthdhiosca. Tá 210 dlúthdhiosca sa bhailiúchán

[137] *Ibid.* 42.
[138] Seachas na feasacháin nuachta. Dá bharra seo, is ábhar cultúrtha nó cúrsaí reatha is mó atá sa chartlann.

áirithe seo, ar a bhfuil 4504 amhrán nó píosa ceoil[139]. Tá amhránaithe agus ceoltóirí Gaeltachta agus Galltachta san áireamh anseo, ach fiú gan na healaíontóirí ó lasmuigh den Ghaeltacht a chur san áireamh, tá cartlann ollmhór anseo, le saibhreas dochreidte amhráin agus ceol traidisiúnta na Gaeltachta. Tá tábhacht ar leith ag baint le hábhar mar seo i saol chultúrtha na Gaeltachta:

> I think Raidió na Gaeltachta radically altered our understanding of Gaeltacht culture. Particularly in the context of allowing the Gaeltachts to finally speak to each other on the airwaves. Imagine, prior to the arrival of Raidió na Gaeltachta, people of Cape Clear or Baile Bhúirne actually hearing their cohorts in Conamara or in Gaoth Dobhair on a nightly basis; and hearing their narratives, hearing their stories, hearing their news, hearing their songs and their dance music-this was simply unimaginable prior to the 1970s.[140]

Chabhraigh craoladh an ábhair seo le comhtháthú na bpobal Ghaeltachta ó cheann ceann na tíre; bhí "an t-oileánrach Gaelach i mórmhuir an Bhéarla aontaithe ar aer-thonnta Raidió na Gaeltachta."[141] Bhí tionchar ar seo ar an tslí ina mbíodh na healaíona béil á chleachtadh i measc an phobail féin:

> Peadar Ó Riada, musician, suggests Raidió na Gaeltachta changed the cultural landscape for those who spoke Irish. Raidió na Gaeltachta 'brought together a community of listeners that were interested in sean nós so you began to get much bigger crowds at the Oireachtas.'[142]

Sin an raidió ag gníomhú arís mar áisíneacht chultúrtha, ag spreagadh agus ag múnlú an cultúr as a fáisceadh é.

7.2 An Cartlann á Dhigitiú

Faoi mar atá luaite cheana, tháinig an-athrú ar theicneolaíocht na fuaime ó 1972 i leith. Bhí an t-ábhar craolta ar fad á choimeád ar théipeanna ¼ orlach, agus le teacht na

[139] Tá an-chuid de na hamhráin agus na píosaí ceoil seo sa phríomh-chartlann chomh maith, ach iad bheith mar pháirt de chláracha.
[140] Ó hAllmhuráin, Gearóid: *The Rolling Wave,* RTÉ Radio 1, TX:22/07/2018.
[141] Quinn, Bob, luaite i White (2009), 16.
[142] https://www.rte.ie/gaeilge/2018/0723/980468-rnag-radically-altered-our-understanding-of-gaeltacht-culture/ faighte 13/09/2018.

teicneolaíochta digití, bhí deiseanna ann chun an t-ábhar a cartlannú ar mheáin níos buaine:

> Ó thosaigh RnaG ag craoladh, coinníodh taifead sa chartlann de gach clár a chuaigh amach ar an aer. Is stór eolais luachmhar atá sa chartlann seo ar chultúr, ar shochaí agus ar stair phobal na Gaeilge. Stóráladh an t-ábhar craolta ar théipeanna ¼ orlach (spól-go-spól) i gceanncheathrú an stáisiúin, i gCasla, Co. Na Gaillimhe. I Samhain na bliana 1999 tosaíodh ar thionscnamh idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Clár Fostaíochta Pobail de chuid FÁS (Foras Áiseanna Saothair), i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, ina ndearnadh digitiú ar stór luachmhar fuaime na cartlainne. Bhí trí mhóraidhm ag an tionscadal seo: an t-ábhar a chaomhnú, rochtain éasca ar an ábhar a chur ar fáil don RnaG, agus rochtain a chur ar fáil do phobal na hOllscoile chun críche taighde agus oideachais. Is in Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an Cheathrú Rua, a rinneadh formhór na hoibre, agus is in Ionad an Acadaimh, Carna, atá an leagan digiteach stóráilte anois.[143]

Is é an toradh a bhí ar an obair úd ná gur aistríodh os cionn 22,000 uair a' chloig d'fhuaim os na téipeanna ¼ orlach agus téipeanna DAT (téip dhigiteach) go dtí comhaid fuaime. Tá os cionn 60,000 comhad sa Chartlann iomlán.[144]

Chuir stiúrthóir an togra, Neansaí Ní Choisdealbha (atá ina cheannasaí ceoil ar RnaG), síos ar an dtogra dom:

> Is in Áras Mháirtín Uí Chadhain (mar a bhí air ag an am - Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge anois) a rinneadh socrú suas ar an togra....bhí an togra le cur i gcríoch le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta - Is dóigh liom gur iadsan a chuir an t-airgead ar fáil chun an trealamh a bhí ag teastáil a cheannacht - ríomhairí, meaisíní reel to reel, meaisíní DAT, etc. Siad FÁS a chuir an fhoireann oibre ar fáil - is scéim de chuid FÁS a rinne an obair - bhí scéim ag FÁS san Áras ar aon nós ag plé le taifead cláracha raidió agus is iad na daoine sin a bhí páirteach sa togra Cartlainne RnaG ar dtús (bhí 16 acu ann) ag obair 19 uair sa tseachtain agus mise

[143] Ó Tuairisg, Seathrún, Ó Comhraí, Cormac & Nic Dhonncha, Bríd: 'Ag Saothrú Cartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta mar acmhainn taighde', http://leannteangaanreiviu.com/content/ag-saothr%C3%BA-cartlann-rt%C3%A9-raidi%C3%B3-na-gaeltachta-mar-acmhainn-taighde#_ftn1. Faighte 14/09/2018.
[144] *Ibid.*

> ag coinneáil súil ar an obair agus ag tabhairt tacaíocht agus traenáil theicniúil etc. ar fáil. [145]

Tosnaíodh ar an obair i 1999 agus lean an togra go 2007. Rinneadh digitiú ar 22,000 uair a chloig de ábhar fuaime sa tréimhse sin. Deir Ní Choisdealbha go raibh an obair mall, agus go raibh roinnt cúiseanna le seo:

- Ní raibh aon duine oillte in obair cartlainne agus bhí na hoibrithe ar fad le traenáil ón nua - bhí roinnt de na hoibrithe a bhí togha acu bhí cuid eile acu nach raibh an scríobh ná an léamh ró-mhaith acu agus bhí a gcuid oibre le seiceáil agus le h-ath seiceáil.
- Gach bliain thagadh deireadh leis an gconradh oibre do na hoibrithe agus chaill muid leath na ndaoine gach bliain - de réir rialacha FÁS ní raibh ach 3 bliana as a chéile acu agus daoine nár cháilligh ach do bhliain amháin - chuir seo moill ar leanúnachas na hoibre mar bhí daoine nua le traenáil gach bliain agus roinnt daoine foirfe ag imeacht uainn...ní raibh sé éasca!!!
- Ní raibh ach 19 uair sa tseachtain ag na hoibrithe agus mar sin ní raibh aon duine ag déanamh seachtain iomlán oibre
- Bhíodh ar na hoibrithe freastal ar chúrsaí le linn na bliana agus bhí 4 nó 5 seachtainí tógtha suas ag na cúrsaí seo.[146]

Tar éis don obair sin a bheith déanta, bhí RnaG fós ag craoladh agus ag cartlannú ábhair. Mar thoradh air sin, tá an dá leagan de Chartlann RnaG, ag forbairt go neamhspleách ar a chéile:

> Le himeacht ama, d'fhorbair RnaG córas digitithe agus cartlannaíochta dá chuid féin don ábhar reatha atá á chraoladh. De réir mar a bhaineann daoine úsáid as an gcartlann i gCarna, cuirtear leis na meiteashonraí (faisnéis faoin ábhar). Mar sin, ó cuireadh críoch le tionscadal digitithe Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tá an dá

[145] Ní Choisdealbha, Neansaí, comhfhreagras leis an údar, 17/09/2018.
[146] *Ibid.*

> bhailiúchán, an leagan digitithe i gCarna agus an leagan atá ag Raidió na Gaeltachta i gCasla, ag forbairt agus ag fás go neamhspleách ar a chéile.[147]

Cruthaíonn sé seo roinnt fadhbanna; tá eolas sna h-innéacsaí éagsúla nach bhfuil san innéacs eile, rud a chiallaíonn go gcaitheann taighdeoirí an dá áit a chuardach chun cuardach iomlán a dhéanamh. Deir Ó Tuairisg *et. al.* gurb iad lucht an raidió féin is mó a úsáideann an chartlann i gCarna:

> Cé gur thug an comhoibriú idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus RnaG deis d'fhoireann na hOllscoile leas a bhaint as an gcartlann chun críche taighde agus oideachais, faoi láthair is é RnaG atá ag baint níos mó úsáide as an gcartlann dhigiteach i gCarna. Tá sé réasúnta éasca ag RnaG an t-ábhar agus na meiteashonraí a úsáid chun cur lena gcuid clár, nó chun sraith clár nua a réiteach. Ó thaobh na hOllscoile de, tá úsáid á baint as ábhar na cartlainne mar áiseanna teagaisc ag leibhéal fochéime, agus tá cuid den ábhar curtha in oiriúint don churaclam náisiúnta bunscoile, agus curtha ar fáil ar iTunes U. Tá úsáid threallach á baint as an mbailiúchán mar acmhainn do mhic léinn máistreachta, ach go dtí seo níl úsáid bheacht ná chórasach á baint as cartlann RnaG chun críche taighde.[148]

Luann na húdair roinnt cúiseanna a fhéadfadh a bheith le gan an úsáid sin bheith á bhaint as cartlann RnaG mar áis thaighde:

> D'fhéadfadh sé nach bhfuil an pobal taighde trí chéile ar an eolas faoin mbailiúchán, ná faoi luach agus inrochtaineacht an bhailiúcháin. Anuas air seo, tá nádúr líneach, cróineolaíoch an bhailiúcháin in oiriúint do stáisiún raidió, ach ní gá go mbeadh sé seo amhlaidh do thaighdeoir atá ag obair de réir spriocanna agus modheolaíochtaí difriúla. Ar an lámh eile, d'fhéadfaí gur áibhéil atá sa luach thar cuimse a chuirtear ar an mbailiúchán mar acmhainn taighde, agus go bhfeictear nach bhfuil an t-ábhar a aimsítear feiliúnach nuair a dhéantar iniúchadh nó cuardach ar an gcartlann.[149]

Thiocfainn leis an gcéad phointe; ní thuigeann lucht taighde go bhfuil cartlann fuaime chomh mór ar fáil ar leac an dorais acu. Ó mo thaithí féin, is beag scoláire a smaoiníonn

[147] Ó Tuairisg *et. al.*
[148] *ibid.*
[149] *ibid.*

fiú ar dhul i mbun taighde i gcartlann RnaG[150]. Tá fadhbanna eile a dhéanann deacair é ábhar a aimsiú san innéacs – logainmneacha, ainmneacha agus sloinnte míchruinn, téarmaí agus focail litrithe mícheart, nó litrithe cúpla slí difriúil ar fud na cartlainne. Is clár *Microsoft Access* é an t-inneall cuardaigh; is féidir cuardach a dhéanamh ar dháta, ábhar, fo-ábhar, aoi, ainm an chláir, láithreoir nó léiritheoir, nó aon mheascán de na téamaí sin. Ach an fhadhb is mó ná nach gcuardaíonn an inneall ach don litriú díreach atá á lorg agat. Mar shampla, má chuardaíonn tú 'Gaoithín', ní tiocfaidh tú ar aon duine de mhuintir Ghuithín. Má lorgaíonn tú 'naomhóg', ní thiocfaidh tú ar aon mhír ina luaitear an tuiseal ginideach 'naomhóige'. Fiú más 'Micheál' atá á lorg agat, ní thagann torthaí leis an ainm 'Mícheál' aníos. Cruthaíonn sé seo an-fhrustrachas do thaighdeoirí, go háirithe má tá a fhios acu go bhfuil an t-ábhar atá á lorg acu sa chartlann. Caithfear inneall cuardaigh níos fearr a chruthú má táthar chun earraíocht cheart a bhaint as ábhar na cartlainne, agus tá na háiseanna cuardaigh atá ar fáil feabhsaithe go mór ó shin.

B'fhéidir go bhfuil pointe ag na húdair thuas maidir le fíricí staire, ó thaobh cruinneas dátaí srl., ach ní chreidim gur aon áiféis é a rá gur beag pobal in aon áit ar domhan go bhfuil cartlann chomh saibhir nó chomh leathan dá gcultúr féin acu. Luadh cheana an méid amhráin agus poirt ceoil atá i gcartlann Bhóthar na Léinsí, gan fiú trácht ar na Cúigí eile; tá a leithéid chéanna de shaibhreas i dtaobh seanchas, dinnseanchas, míniú ar chultúr ábhartha, filíocht, spórt, traidisiúin, creideamh dúchasach, creideamh Chríostaí, saol teaghlaigh, polaitíocht agus caitheamh aimsire. Ní haon *"*rubbish-heap that sooner or later will have to be destroyed*"*[151] é seo, ach léargas ar shaol na Gaeltachta ó thús na fichiú haoise.

Seo mar a chuir Iar-Cheannaire RnaG, Tom Rua Mac Con Iomaire, síos ar an tábhacht idirnáisiúnta a bhaineann le cartlann RnaG:

> Na rudaí is tábhachtaí atá sa gcartlann ná glórtha an phobail. Is cuimhneach liom nuair a bhí mé san raidió blianta siar agus ag ullmhú píosa cainte go bhfuair muid amach go raibh an bailiúchán cartlainne mion-teangacha is mó ar domhan ag

[150] Féach Ó Tuairisg *et. al.* do thogra amháin, mar shampla. Tá Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, i bpáirt le scoláire de shliocht an bhailitheora Joe Daly, i mbun togra faoi láthair bunaithe ar an gclár *Cúinne Joe Daly*.

[151] Kavanagh, Patrick: 'Twenty-Three Tons of Accumulated Folk Lore: Is It of Any Use?' *The Irish Times*, 18/04/1939.

> Raidió na Gaeltachta agus bhí sé sin do-chreidtí go stáisiún nach raibh ar an aer ach thart ar 20 bliain ag an am ... an stuif is tábhachtaí ná caint na ndaoine, amhráin na ndaoine, ceol na ndaoine agus an rud a bhí ag na daoine fhéin – sin é is tábhachtaí agus is ar sin a bhíonn muid ag brath. Beidh na saineolaithe go deo againn ag caint ar pholaitíocht agus ar rudaí mar sin ach is iad na daoine atá ag cur síos ar ceard atá ag tarlú ina bpobal fhéin is tábhachtaigh agus tá sé chomh tábhachtach inniu is a bhí sé 30 bliain ó shin mar tá go leor leor rudaí ag tarlú i bpobail nach gcloistear faoi, théis an méid meáin atá againn ach sé glór na ndaoine thar aon rud eile an rud is tábhachtaigh.[152]

Tagann Ní Choisdealbha leis an dtuiscint seo, agus tugann comhthéacs ar mhodheolaíocht na gClár Reachtairí agus iad ag bailiú ábhair cultúrtha:

> Tá an-tábhacht ag baint le Cartlann RnaG ar go leor cúiseanna - tá canúintí na Gaeltachta ar fad le cloisteáil ann - agus Gaeilgeoirí dúchais ó cheantair nach bhfuil Gaeilge ar bith á labhairt anois iontu ... cúntas ann ar stair shóisialta na Gaeltachta o 1972 i leith ... ceol & amhráin ann nach bhfuil le fáil in aon áit eile - tharla seo mar nach raibh aon ábhar sa gcartlann i 1972 agus bhí ar na Clár Reachtairí dul amach agus ábhar a bhailiú agus rinne siad neart taifid ceoil & amhráin - sean-nóis den chuid is mó ag an am - is iad RnaG a thug ardán don tsean-nós uair nach raibh aon stáisiún eile á gcraoladh agus is iad a thug na hamhráin sean-nóis ar ais ón mbás, dár liom! Thug siad an t-ardán céanna do na ceoltóirí - go leor acu nach raibh aon taifead déanta leo roimhe sin agus is seoid luachmhar iad na taifid seo anois.[153]

7.3 Cartlann Bhóthar na Léinsí ar Fáil go Poiblí

Sa bhliain 2005, bhí duine d'iarchraoltóirí RnaG i gCúige Mumhan, Micheál de Mórdha, ina Stiúrthóir ar Ionad an Bhlascaoid Mhóir, ionad oidhreachta, cultúrtha agus léirmhínithe i nDún Chaoin, dírithe ar oidhreacht An Bhlascaoid Mhóir, agus an míntír os a choinne, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá leabharlann taighde san Ionad, agus áiseanna difriúla ann ina bhfuil saibhreas ábhair a bhaineann go príomha le saol agus le cultúr na Gaeltachta. Chuala an Mórdhach go raibh digitiú déanta ar chartlann RnaG.

[152] Mac Con Iomaire, Tomás, luaite i Ní Fhiannachta, Aisling: *An Tábhacht a bhaineann le Cartlann Raidió na Gaeltachta,* tráchtas mar cuid de chéim BA sa Chumarsáid, Ollscoile na hÉireann, Gaillimh, 2016.
[153] Ní Choisdealbha (2018).

Bhraith sé go gcuirfeadh cóip de Chartlann Bhóthar na Léinsí go mór le leabharlann an Ionaid:

> Thuigeas go raibh saibhreas cainte, scéalaíochta, amhránaíochta agus ceoil sa chartlann, in éis dom 17 mbliana a thabhairt ag obair sa Raidió. Tuigeadh dom go rí-mhaith, leis, go raibh an-chuid de mhuintir an Bhlascaoid taifeadtha ag leithéidí Mhaidhc Sé, Bhreandáin Feiritéar agus agam féin agus gur chuid an-lárnach iad seo de chartlann fuaime RTÉ Raidió na Gaeltachta i mBóthar na Léinsí. Bhí daoine ar taifead sa chartlann a bhí ar marthain ag fíor-thús na fichiú haoise agus, ba léir dom, gur doiciméad sóisialta ab ea an chartlann sin a chuaigh siar céad bliain sa stair agus sa tseanchas.[154]

Chuathas i mbun fiosruithe le Ceannaire RnaG na linne, Tomás Rua Mac an Iomaire, i bhfómhar na bliana 2005, agus aontaíodh go dtabharfaí cóip de chartlann Bhóthar na Léinsí, ina raibh suas le trí mhíle uair a' chlog d'ábhar[155], ar os cionn 550 dlúthdhiosca, a taifeadadh idir 1972 agus 2002, ar lámh d'Oifig na nOibreacha Poiblí, atá i bhfeighil ar Ionad an Bhlascaoid. €10,000 an costas a bhí luaite leis.[156] Bhí formhór bliana ann sular síníodh comhaontú idir RTÉ agus an OPW, rud a síníodh ar an 13 Deireadh Fómhair 2006.[157]

Bhí ócáid bhronnta na cartlainne ar bun in Ionad an Bhlascaoid ar an lá céanna. Ghlac an tAire Oideachais, Mary Hanafin, leis an gcartlann thar cheann an Stáit. Ina teannta ar an lá bhí Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta, Edel Ní Chuirreáin, agus Neansaí Ní Choisdealbha ó RnaG. Ag labhairt do le linn na hócáide, dúirt Stiúrthóir an Ionaid, Micheál de Mórdha:

> Is é Raidió na Gaeltachta croí, cuisle, caidreamh, caint, ceol, comharsanacht agus coinsias na Gaeltachta, maille le dúil, dúchas agus dóchas na Gaeltachta. Geobhair ar an stáisiún seo neart, nathanna, nósanna agus nascanna na Gaeltachta, chomh

[154] de Mórdha, Micheál, i gcomhfhreagras leis an údar, 31/08/2018.
[155] Mac Con Iomaire, Tomás, litir go dtí Micheál de Mórdha, 18/11/2005. Leabharlann Ionad an Bhlascaoid.
[156] *ibid.*
[157] 'Comhaontú do Chartlann Fuaime RTÉ', 13/10/2006. Leabharlann Ionad an Bhlascaoid.

> maith le seanchas, scéalta, scáthán agus sciath na Gaeltachta. Is ann atá ár dtaitneamh, ár dtaithí agus ár dtodhchaí.[158]

Cuireadh an chóip i gcoimeád i Leabharlann an Ionaid, agus é ar fáil don bpobal, ach coinne a dhéanamh roimh ré. Tá cóipcheart iomlán an ábhair ag RTÉ, agus ní mór cead a fháil ón mBainisteoir Réigiúnach chun cóip a dhéanamh d'aon mhír ón gCartlann.

Tá roinnt bheag taighdeoirí tar éis earraíocht a bhaint as an cóip seo den gcartlann. I measc na bhfoilseachán atá bunaithe ar thaighde a deineadh leis, tá an dlúthdhiosca 'Dúthaigh Dhuibhneach', ar a bhfuil amhráin sean-nóis Chorca Dhuibhne, gach ceann acu ó chartlann RnaG, agus 'Ag Dul Siar ar Fad', dlúthdhiosca eile d'amhráin agus de sheanchas Labhráis Mhic Síthigh, ó Dhún Chaoin, a d'eisigh Comharchumann Dhún Chaoin i 2013.

Tosnaíodh ar chlár oibre in Ionad an Bhlascaoid chun na dlúthdhioscaí a aistriú go diosca crua, rud a chur foireann an ionaid i gcríoch timpeall na bliana 2007. Ina theannta sin cuireadh córas naisc leis an innéacs, chun inrochtaineacht an ábhair a éascú. Mar thoradh ar seo, tá nasc sa tuairisc a ghintear mar thoradh ar an gcuardach i *Microsoft Access*, a osclaíonn an comhad fuaime.

Deineadh roinnt oibre chomh maith chun an innéacs féin a fheabhsú. Ceartaíodh litriú maidir le hainmneacha, sloinnte, logainmneacha, agus téarmaí. Cuireadh le meiteashonraí na gclár, pé áit inar tháinig breis eolais chun solais.[159] Le go mbeadh earraíocht chuí á bhaint as an tsaibhreas ábhair inspéise atá i gCartlann Bhóthar na Léinsí, áfach, ní mór togra a chur ar bun chun a) inneall cuardaigh nua-aimseartha agus b) meiteashonraí feabhsaithe, a chur in áit an chinn atá ann ó 2006.

Cé gur chomhtharlú é gur bunaíodh RnaG díreach tar éis de Choimisiún Bhéaloideasa Éireann dul chun na síoraíochta, lean an Raidió obair an Choimisiúin i mórán slite. Bhí béim ón dtús ar RnaG ar ghnéithe éagsúla de chultúr agus d'oidhreacht na Gaeltachta; ceol agus amhránaíocht dúchasach, scéalaíocht agus seanchas, stair agus stair-seanchas.

[158] 'Bronnadh cóip de chartlann Raidió na Gaeltachta, Baile na nGall, ar an Stát', Leabharlann Ionad an Bhlascaoid.
[159] Obair leanúnach a bhí anseo, a bhí fós ag dul ar aghaidh nó go bhfágas féin an Ionad le dul ag obair i RnaG i bhFeabhra 2017.

Chuige seo bhailigh Clár Reachtairí an stáisiúin ábhar ón bpobal agus chur sin in oiriúint chaolta. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin tá cartlann fuaime an-shaibhir ag RnaG, atá ar cheann de na cartlanna fuaime is mó ar domhan d'aon teanga neamh-fhorleathan. Faoi mar atá feicthe againn sa chaibidil roimhe seo, bhí mórán cosúlachtaí ag an dá eagras lena chéile, cé go raibh difríochtaí suntasacha eatarthu chomh maith. É sin ráite, is féidir comparáid a dhéanamh idir ábhar an dá chartlann, agus an tábhar céanna a aithint sa dá áit.

Togra Béaloideas Poiblí ar scála ollmhór, leanúnach is ea obair RnaG maidir le caomhnú agus cur chun cinn chultúr úd mhuintir na Gaeltachta, idir ábhar atá gan athrú puinn leis na cianta, nó ábhar atá ag síor-athrú agus leaganacha nua d'ábhar ársa á chumadh agus á chraoladh. Dar liom, chuir RnaG fad saoil le cultúr agus le hoidhreacht béil na Gaeltachta, agus pléifear tábhacht na hoibre sin do phobal na Gaeltachta ar ball.

7.4 Samplaí den Ábhar

Ar cheann de na hamhráin fíor-logánta atá i gCartlann Bhóthar na Léinsí, tá *Barra an Ghlinn Ard,* le Tomás Ó Dála (a luadh i gcaibidil a 4); amhrán a cumadh, a dúradh agus a taifeadadh in aon bhaile fearainn amháin, Com Dhineoil i nDún Chaoin. Tá amhrán eile ann, *Seáinín Ó Gormáin i Meiriceá*, ina bhfuil cur síos seoigh ar shaol na n-imirceánach thall, á rá ag Maidhc Mhárthain Mac Gearailt, ón mBóthar Buí, Paróiste na Cille i gCorca Dhuibhne. Tá focail an amhráin seo sa *Duanaire Duibhneach*,[160] ach níl aon taifead eile don amhrán ar marthain seachas an ceann atá i gcartlann Bhóthar na Léinsí. Tá amháin mhóra na Mumhan sa chartlann chomh maith; tá seacht amhránaí déag difriúil ann ag rá *Róisín Dubh,* triúr agus fiche ag rá *Na Conneries,* agus naoi leagan is fiche de *Iníon an Fhaoit ón nGleann.* Tá na hamhráin seo, agus na hamhránaithe, ar fáil ó fhormhór gach ceantar Gaeltachta i gCúige Mumhan agus bhí tionchar nach beag ag RnaG i scaipeadh na n-amhrán[161], mar áisíneacht chultúrtha, faoi mar a míníodh níos luaithe sa tráchtas.

Má úsáidtear *Láimh-leabhar Béaloideasa/A Handbook of Irish Folklore* an tSúilleabhánaigh mar fhráma tagartha, feictear go bhfuil formhór gach cineál amhráin ar

[160] Ó Dubhda, Seán: *Duanaire Duibhneach: .i. Bailiú d'amhránaibh agus de phíosaibh eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fós i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann.* Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath (1933).
[161] Féach Ó Laoire (1999), 72.

dhein sé áireamh orthu faoi 'Songs and Airs' i gcartlann Bhóthar na Léinsí (agus go deimhin sna cartlann eile). '(I) Song of Praise (of people, places, brave deeds, *etc.* atá i 'Barra an Ghlinn Aird', agus is '(S) Disputative Song (in which two or more people have a controversy)' atá i 'Seáinín Ó Gormáin i Meiriceá',[162] gan ach an dá amhrán sin a úsáid mar shampla.

Is féidir an rud céanna a rá faoi na cineálacha seanchais atá sa chartlann. Mar shampla, bhíodh Bríde Grainbhéil, ón bhFearann i bParóiste an Fheirtéaraigh, go minic ar RnaG, agus ní gan chúis; seanchaí cruthanta ba ea í, agus cumas urlabhartha den scoth aici. Thug sí píosa seanchais faoi ghiorraithe i 1990, ag rá "Ó ní mhaith le daoine leis na giorraithe. Deiridís ná rabhadar ró-ámharach, go raibh mísheans á leanúint, pé áit riamh a conaiceadh iad",[163] agus lean le heachtra seanchas faoin ainmhí agus an mhí-ádh a bhain leo. Tá an giorria mar ainmhí mí-ámharach luaite go sonrach sa Láimh-Leabhar sa rannóg faoi ainmhithe.[164]

Tá stairsheanchas, agus seanchas saoil, go rábach i gCartlann Bhóthar na Léinsí, ó dhaoine a d'fhan ag maireachtaint sa Ghaeltacht, agus ó dhaoine a d'fhág. D'fhág Céit Pheats 'ic Gearailt, Com Dhineoil i nDún Chaoin i bhfichidí an chéid seo caite, agus thug sí cuntas do Bhreandán Feiritéar sna 1980í faoina saol thall is abhus, agus na cúiseanna go bhfág sí[165]. Tá rannóg iomlán faoin imirce sa Láimh-Leabhar, maille le ceisteanna samplacha[166], agus freagraí ar a lán acu in agallamh Chéit.

Tá an-chuid samplaí de chreideamh dúchasach na ndaoine i gcartlann RnaG, óna leithéidí Joe Daly, Cáit 'An Bhab' Feiritéar agus mórán nach iad. Ach bhí daoine eile nach raibh puinn eolais acu ar na nithe seo, nó puinn géilleadh acu dóibh. Ní raibh cloiste ag Tom Mhic Gromail, ó Chathair Scoilbín i bparóiste na Cille i gCorca Dhuibhne, faoin gcaipín

[162] Ó Súilleabháin, Seán: *A Handbook of Irish Folklore* (Scríbhinní Béaloidis/ Folklore Studies 22) (1942) Kindle Edition.
[163] Grainbhéil, Bríde, an clár *Siar Ó Dheas*, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0812_9, TX: 31/03/1990.
[164] Ó Súilleabháin (1942).
[165] 'ic Gearailt, Céit Pheats, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1058_15, TX: 16/05/1984.
[166] Ó Súilleabháin (1942).

sonais[167] (*caul* an Bhéarla) agus an chreideamh a bhí ag iascairí agus ag mairnéalaigh ann, agus ní raibh aon leisce air é sin a admháil; "Dhera Íosa Críost ní thabharfainn, n'fheadar, conas a thiocfadh mé ar an saol agus caipín, ná n'fheadfadh caipín a bheith ag teacht ar an saol ort ... [d]á ndéarfadh fear eile liom go raibh sé tagaithe ar an saol agus casóg mhór air … fear eile ag rá go raibh sé tagaithe agus buataisí air! Dhera ní chreidim, rudaí gan dealramh iad san."[168] Tá tábhacht ag baint le agallaimh mar sin, mar bréagnaíonn sé aon choincheap go raibh na creidiúintí nó na piseoga céanna ag gach ball den bpobal.

Níl ansin ach fíorbheagán samplaí de shaibhreas na cartlainne, bunaithe ar nithe atá sa Láimh-Leabhar Béaloideasa. Tá an láimh-leabhar geall le ceithre fichead bliain d'aois, agus tá mórán seánraí béaloideasa tagtha chun cinn ó sin. Ach é sin ráite, b'fhiú go mór gabháil tríd innéacs na cartlainne in athuair, agus ag cur seánraí a bheadh bunaithe ar an Láimh-Leabhar leis na giotaí eolais agus leis na cláracha, d'fhonn is éachtaint níos fearr a thabhairt do lucht úsáide na cartlainne faoi cad go díreach atá ann. Dá ndéanfaí sin, d'fhéadfaí cuardach i bhfad níos éasca a dhéanamh ar an gcartlann. Gné amháin nár mhiste a mheabhrú, áfach, ná nach raibh aon bhéaloideasaí fostaithe ag lucht an togra agus an cartlann á innéacsú agus á dhigitiú. Dá bhrí sin, ní ar bhonn béaloideasúil atá an t-innéacs curtha le chéile agus chabhródh sé go mór le húsáid na cartlainne i réimse an bhéaloidis agus na heitneolaíochta dá bhféadfaí an t-innéacs a chruthú in athuair, trí shúile an bhéaloidis.

7.5 Todhchaí na Cartlainne

Tá obair chartlannaíochta RTÉ RnaG á dhéanamh ar bhonn leanúnach. Faoi mar atá feicthe againn, níl sna cóipeanna de na cartlanna a cuireadh ar fáil in ionaid poiblí (ar nós Ionad an Bhlascaoid agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh) ach an ábhar a bailíodh idir 1972 agus 2002, ach tá an t-ábhar atá ar fáil sa chartlann úd fós á chleachtadh sa Gaeltacht; amhráin, scéalta, seanchas agus a leithéid. Tá an t-ábhar a craoltar á chur ar fáil go poiblí ar shuíomh idirlín RTÉ RnaG, trí phodchraolta agus á scaipeadh ar na meáin shóisialta. Sa tslí sin, tá rochtain á thabhairt do phobal na Gaeltachta ar an eolas atá de

[167] "What was said about children born with a caul? What special powers were they supposed to have? Was the caul itself used for curative, protective, or other purposes? Were cauls preserved? (Ó Súilleabháin, (1942)).

[168] Gromaill, Tom Mhic, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1022_06, TX: 12/09/1983.

dhíth orthu le thuiscint níos doimhne a fháil orthu féin agus ar an tsochaí ina mhaireann siad.[169]

Ina theannta sin, bhí go dtí le fíor-dhéanaí (go Fómhar na bliana 2018) clár dar teideal 'Cartlann Bhóthar na Léinsí' á chraoladh gach Domhnach ar RnaG. Clár leathuair a' chloig a bhí anseo, a bhí bunaithe, a bheag nó a mhór, ar ábhar a bailíodh sna 1970í, 1980í agus 1990í ar fud Chúige Mumhan. D'fhéadfaí a rá gur togra béaloidis poiblí, nó togra oidhreachta, a bhí anseo, ag cur ábhar a bailíodh ón bpobal ar fáil do ghlúin nua den bpobal céanna. Stopadh ag craoladh an chláir de dheasca ceal foirne, cé go bhfuil dóchas i measc na foirne agus na bainistíochta áitiúil gur sos, seachas deiridh craolta, atá sa stad áirithe seo.

Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh teacht ag an bpobal ar an t-ábhar a bailíodh uathu (nó óna sinsear). Tá deiseanna tríd na meáin cumarsáide an rochtain seo (nó 'saoradh na baliúcháin', faoi mar a thug Margaret MacKay air[170]) a chruthú dos na pobail:

> Perhaps broadcast audio-visual archives have something of specific value to offer to other cultural archives now. Broadcasting can assist in 'giving back the voice' to the people for whom those archive recordings were originally made, and the role of the custodians of archive collections in making material accessible to all kinds of interested parties becomes paramount in this era of mass communications.[171]

Seans gur cás eisceachtúil iad RnaG, ós rud é gurb iad an eagraíocht céanna na bailitheoirí agus na coimeádaithe de na cartlanna fuaime atá faoina gcúram. Ach tá deiseanna sa chomhoibriú a luaigh O'Connor, idir na meáin cumarsáide agus saineolaithe i réimse an bhéaloidis chun a 'nguthanna a thabhairt ar ais' do phobal na Gaeltachta.

Bhí ró-bhéim riamh ar an bhfocal scríofa i mbailiúcháin a bhaineann le cultúr urlabhra nó le hoidhreacht béil. Feictear sin i gCnuasach Béaloideas Éireann; is in imleabhair atá formhór mór den ábhar a bailíodh ó bhéalaibh na ndaoine caomhnaithe, agus ní maireann na taifid, ar cúiseanna éagsúla. Ach ní féidir leis an bhfocal scríofa iomlán an taispeántais d'éalaíon béil a thabhairt:

[169] Vestheim, Geir: ''Public Libraries: Cultural Institutions on the Crossroads between Purposive and Humanistic Rationality', in *The Future Librarianship. 2nd International Symposium Budapest*, 18–19 January.
[170] Luaite ag O'Connor (2010), 96.
[171] O'Connor (2010), 92.

> Neither a typescript nor any other written finding aid is a substitute for the sound recording itself. In the case of an oral history interview, the tape contains the most accurate simulation of the words actually spoken when an interviewer and interviewee allow their questions and observations to be captured by a mechanical recording device.[172]

Is deacair lámh a leagadh ar an eolas atá uait i gcartlann fuaime nó físe, gan taifead éigin scríofa bheith agat mar chúnamh. Leagann Boyd béim ar seo, an taifead fuaime agus an taifead/innéacs/trascríobh scríofa ag obair as lámha a chéile chun rochtain níos fearr a chruthú do lucht taighde agus don bpobal ar an ábhar atá á lorg acu:

> As an oral historian, I would like to assume that people working with oral history in an archival setting would be drawn, first, to the recorded audio and video. As an archivist, however, experience has shown that it is idealistic and naïve to think users can effectively discover specific information in interviews without the assistance of a transcript or an index.
>
> The audio player (both analog and digital) alone poses a cumbersome, inefficient course for a user's experience in discovery and interaction with information. Text provides cues and visual navigation and creates access points to audio and video. We cannot effectively browse audio and video resources, for no sooner do you speed up or skip a passage, you have, potentially, missed vital information.[173]

Pé úsáid atá le baint as na cóipeanna de chartlanna RnaG atá ar fáil go poiblí amach anseo, caithfear an t-innéacs a fheabhsú le go mbeadh teacht ag an úsáideoir ar an ábhar atá uathu. Ní haon mhaitheas cartlann fuaime gan innéacs, ach níl puinn maitheasa in innéacs lochtach. Chun go bhféadfaí earraíocht cuí a bhaint as an gcartlann, caithfear féachaint ar an innéacs in athuair, agus meiteashonraí feabhsaithe a chur leis.

Tá deiseanna iontacha san idirlíon chun stáitse cuí a thabhairt don gcartlann, agus don léiriú atá sa chartlann ar oidhreacht agus ar chultúr mionphobail. Ag scríobh do i 2002,

[172] Treleven, Dale E.: 'Oral History, Audio Technology and the TAPE System', *The International Journal of Oral History,* 2 (1) (1981), 26.
[173] Boyd, Douglas A: "I Just Want to Click on It to Listen": Oral History Archives, Orality, and Usability." In *Oral History and Digital Humanities*, Palgrave Macmillan, New York, (2014), 84-85.

deir Nakata go dtugann an idirlíon cothromaíocht do mhodhanna dúchasacha eolais, in ionad an bhéim ar an bhfocal scríofa amháin:

> David Nathan (2000) suggests the historical Indigenous alienation from the written word - perceived as a one-way communication system quite discontinuous with Indigenous forms of communication – is not sustained in the interactive networked environment. The online environment has reconstituted the balance between visual, oral, and textual modes of presenting information in a way that supports cultural perspectives. Further, the Web supports publishing in ways that disrupt established 'elite' forms of publication and which 'authorise' previously excluded groups from publishing. This provides a platform for Indigenous publishing, which can disrupt the authority of Western representations in media and text.[174]

Má ghlacaimid leis gur oidhreacht bhéil go bunúsach a bhí in oidhreacht agus i gcultúr na Gaeltachta go dtí teacht na hathbheochana agus litríocht na Gaeltachta sa fichiú haois, agus nach raibh fíor-íomhá de chultúr na Gaeltachta á thabhairt i meáin an Bhéarla go dtí teacht RnaG, is féidir na deiseanna a bhaineann leis an idirlíon maidir leis an gcultúr sin i gcomhthéacs phointe Nakata thuas a fheiscint. Ní hamháin sin, ach tugann sé deis do ghrúpaí bundúchasacha nó imeallacha ar fud an domhain nascadh le chéile agus foghlaim óna chéile.[175]

Tá samplaí le fáil ó phobail ar an gcoigríoch a úsáideann an idirlíon lena n-oidhreacht a léiriú ar bhonn ilmheánach, samplaí a d'fhéadfaí a úsáid mar eiseamláireacha do scaipeadh chartlann RnaG. Tá an suíomh Project Jukebox ag Clár Stairsheanchais Ollscoil Alasca i Fairbanks chun a gcartlann a oscailt agus a chraobhscaoileadh ar fud an domhain:

> Project Jukebox is the digital branch of the Oral History Program at the University of Alaska Fairbanks. Project Jukebox was originally developed using Hypercard in 1988, with initial support from Apple Computer's Apple Library of Tomorrow program, and is a way to integrate oral history recordings with associated

[174] Nakata, Martin: 'Indigenous Knowledge and the Cultural Interface: underlying issues at the intersection of knowledge and information systems', *IFLA Journal 28 5/6,* (2002), 28. Tagraíonn seo do Nathan, D.: 'Plugging in Indigenous knowledge: connections and innovations', *Journal of Aboriginal Studies, 2*, (2000) 39-47.
[175] *op. cit.*

> photographs, maps, and text. We have over 50 projects from throughout Alaska, each specific to a topic or an area and we are constantly creating more. We eventually hope to make all the recordings in our oral history collection digitally available.[176]

Tá os cionn 11,000 taifead i mbailiúchán na hOllscoile, agus is féidir éisteacht le samplaí dóibh sin ar an suíomh idirlín, maille le trascríobh de na hagallaimh a léamh, agus grianghraif agus eolais eile cuí de na hagallóirí a fheiscint. Tá sé scoilte i dtéamaí agus i bhfothéamaí, agus is féidir an suíomh a bhrabhsáil nó a cuardach go héasca.

Tá togra foinse-oscailte 'Murkurtu' tar éis áis digiteach a fhorbairt chun cur ar chumas mion-phobail agus pobail bundúchasacha ardán ar-líne a thabhairt dá gcuid cultúir féin:

> In 2007, Warumungu community members collaborated with Kim Christen and Craig Dietrich to produce the Mukurtu Wumpurrarni-kari Archive. Mukurtu is a Warumungu word meaning 'dilly bag' or a safe keeping place for sacred materials. Warumungu elder, Michael Jampin Jones chose Mukurtu as the name for the community archive to remind users that the archive, too, is a safe keeping place where Warumungu people can share stories, knowledge, and cultural materials properly using their own protocols. Growing from this community need, Mukurtu CMS is now an open source platform flexible enough to meet the needs of diverse communities who want to manage and share their digital cultural heritage in their own way, on their own terms.[177]

Tá an bogearra á chur ar fáil dos na pobail úd ar fud an domhain lena gcartlanna ar-líne a chruthú agus a bhainistiú, agus bheadh sé an-úsáideadh do phobail na Gaeltachta lena gcartlann féin a chruthú, bunaithe ar chartlann RnaG.

Suíomh eile a fhéadfaí a úsáid mar shampla do chartlann RnaG ná Taisce Digiteach Densho, a bhaineann le scéal an 120,000 Meiriceánach de bhunaidh Seapánach a cuireadh faoi choimeád i gcampaí le linn an dara cogadh domhanda:

> As the memories of those who lived it fade, the story is in danger of becoming distant, remote and, ultimately forgotten. Densho was founded to preserve those

[176] http://jukebox.uaf.edu/site7/about-us. Faighte 20/11/2018.
[177] https://mukurtu.org/about/. Faighte 28/11/2018.

> memories, primarily through the use of videotaped oral history testimonies from Japanese Americans.
>
> In the course of that work, we began to collect photographs, documents and other primary source materials that provided context to the oral histories and enhanced our curriculum materials. As this body of digital objects grew larger and larger, it became clear that we needed a more comprehensive strategy for its preservation and stewardship ... Simultaneously, we have experienced an increasing interest from our users for access to digitized content ... The Densho Digital Repository was developed in response to these challenges. Drawing on current standards and practices in the archival community, along with robust open-source technologies, we have built a platform and management processes that can provide for both long-term preservation and user-friendly access to the digital archives.[178]

Luaite ansin tá dhá ghné den gcartlannaíocht dhigiteach atá rí-thábhachtach; caomhnú fad-téarmach agus rochtain éasca d'úsáideoirí. Is féidir an suíomh seo a chuardach nó a bhrabhsáil ag úsáid téarmaí éagsúla, nó díriú ar fhaisnéiseoir áirithe, agus tá sé an-éasca le húsáid.

Níos gaire de bhaile, tá an suíomh Tobar an Dualchais[179] in Alba, suíomh ar a bhfuil os cionn 40,000 rian fuaime, ar rianta Gàidhlig 27,156 ceann acu. Amhráin, scéalta, filíocht, ceol agus seanchas den gcuid is mó atá ar na suíomh:

> Chaidh pròiseact Tobar an Dualchais/Kist o Riches a chur air chois gus iomadh mìle uair a thìde de chlàran-fuaim Gàidhlig is Albais a ghleidheadh ann an cruth didseatach, a chatalogadh agus a sgaoileadh air-loidhne. Tha farsaingeachd mhòr anns na clàran-fuaim agus beul-aithris, òrain, ceòl, eachdraidh, bàrdachd agus sgeulachdan nam measg. Bha na clàran air an cruinneachadh bho air feadh na h-Alba agus nas fhaide air falbh bho na 1930an a-mach.
>
> Tha na clàran-fuaim a' tighinn bho Sgoil Eòlais na h-Alba (Oilthigh Dhùn Èideann), BBC Alba agus bho Chruinneachadh Chanaigh aig Urras Nàiseanta na h-Alba.[180]

[178] http://ddr.densho.org/. Faighte 21/11/2018.
[179] www.tobarandualchais.co.uk. Faighte 21/11/18.
[180] http://www.smo.uhi.ac.uk/en/seirbheisean/tobar-an-dualchais/. Faighte 21/11/18.

Suíomh eile é seo gur féidir cuardach simplí nó casta a dhéanamh air, agus tá léarscáil gur féidir ceantar a roghnú agus éisteacht le hábhar a bailíodh ann. Comhfhiontar atá ann idir eagrais teanga, forais cultúrtha, agus institiúid tríú leibhéil, agus an-mhúnla atá ann, dar liom, do chartlann RnaG. Bhí forais oideachais, na meáin agus áisíneachtaí eile ag comhoibriú chun an digitiú agus an innéacs a chur le chéile, agus is mithid leanúint anois den sórt oibre céanna chun an cartlann a chur chun cinn.

In Éirinn, i dteannta suíomh Chnuasach Bhéaloideas Éireann www.duchas.ie, tá suímh níos pobal-bhunaithe ar nós suíomh an ghrúpa deonach Cuimhneamh an Chláir (https://www.clarememories.ie/), a bunaíodh i 2009 chun oidhreacht agus dúchas mhuintir Chontae An Chláir a chaomhnú agus a scaipeadh go digiteach. I gCorcaigh, tá an *Cork Folklore Project,* atá ag bailiú agus ag dáileadh ábhar béaloidis i gcomhthéacs uirbeach:

> The Cork Folklore Project (CFP) was founded in 1996 and is a non-profit community based organisation, who partners with the Department of Folklore and Ethnology, UCC and the Northside Community Enterprises.
>
> We digitally record stories and memories from the people of Cork. To date we have collected over 900 hours of recordings on a range of subjects from stonemasons, hurling, social change, industry, road bowling, everyday life in the past and present and are recognised nationally and internationally for our high standard of folklore collection & dissemination.[181]

Tá suíomh idirlín, corkfolklore.org, ag an dtogra, ar a bhfuil mapa le samplaí de na hagallaimh ar fáil:

> Our Cork Memory Map project involves an online mapping of extracts from ongoing and past interviews. Map users can click on a point to hear a story or memory from that place, accompanied by a transcript and images ... The Memory Map interviews, designed to elicit narratives of the everyday without privileging particular themes, are yielding a compelling composite picture of life in Cork city from the 1930s to the present day (O'Carroll 2011). Themes emerging from interviews, such as community resilience (Wilson 2012) and the ubiquity of

[181] http://corkfolklore.org/about/. Faighte 21/11/18.

> multiple, diversified livelihood strategies, and themes for which we wish to make room in interviews, such as negative aspects of lived experience, will be investigated in more depth in future interviews.[182]

Tá rabhadh ag O'Carroll dúinn, áfach, faoi fhoilsiú ábhair béaloidis ar-líne; ní leor an t-ábhar a dhigitiú agus a fhoilsiú, gan coimeád leis:

> Outreach activities to assess and promote the use of the map in schools, local projects, contexts of tourism and migrancy, and by adult learners of literacy are in development. Through these and other activities, we hope to avoid the 'scan and dump' approach outlined by Terras (2010) in her discussion of cultural heritage organisations' online dissemination strategies, and to go beyond mere website analytics in project assessment that is iterative and substantive.[183]

Míníonn Terras cur chuige seo an 'scan and dump':

> Once an institutional website is created, it is often left to its own devices, with little sustainability funding made available to allow the regular upkeep and maintenance, and lack of the type of interaction with user communities necessary to attract and keep visitors which were described by these passionate amateurs.[184]

Ní leor digitiú agus innéacsú; caithfear an nasc idir an t-ábhar agus an pobal inar bailíodh é a chothú agus a neartú, le go bhfeabhsófaí an cartlann agus chun úinéireacht a thabhairt ar ais dos na pobail sin. Cé gurb iad muintir na Gaeltachta a bhailigh an t-ábhar ó mhuintir na Gaeltachta, tá úinéireacht ag foras stáit (RTÉ) ar an gcartlann ina iomláine, rud a cheistíonn údarás agus úinéireacht an phobail ar chartlann dá gcultúr féin. Ba cheart go mbeadh ról ag pobal na Gaeltachta i ndáileadh a gcultúr féin; modh amháin le 'díchóiliniú'[185] a dhéanamh ar cartlanna agus ar institiúid chultúrtha na tíre ná an ról sin a tabhairt do na pobal a sholáthraigh an ábhar sa chéad dul síos. Tá cearta pobail bundúchasacha i dtaobh cleachtadh agus úinéireacht a n-oidhreacht cultúrtha luaite go

[182] O'Carroll, Clíona: 'Public Folklore Operating between Aspiration and Expediency: The Cork Folklore Project', *Irish Journal of Anthropology,* Vol. 16(1) 2013, 25.
[183] *op. cit.*
[184] Terras, Melissa: 'Digital Curiosities: Resource Creation via Amateur Digitization', *Literary and Linguistic Computing,* Vol. 25 (4), 2010, 432.
[185] Pléifear an coincheap seo sa chéad caibidil eile.

sonrach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe ar Chearta Phobail Dúchais, atá sínithe ag Poblacht na hÉireann:

> Indigenous peoples have the right to maintain, control, protect and develop their cultural heritage, traditional knowledge and traditional cultural expressions, as well as the manifestations of their sciences, technologies and cultures, including human and genetic resources, seeds, medicines, knowledge of the properties of fauna and flora, oral traditions, literatures, designs, sports and traditional games and visual and performing arts. They also have the right to **maintain, control, protect and develop their intellectual property over such cultural heritage, traditional knowledge, and traditional cultural expressions.**[*béim leagtha ag an údar].*[186]

Pé rud a dheintear le Cartlann RnaG sa todhchaí, tá sé tábhachtach go dtuigtear gur le pobal na Gaeltachta an t-ábhar atá ann, chun nach mbeadh na pobal sin ina 'gcimí ag na cartlanna'. Luann Janke & Iacovino an teoiric sin:

> The American historian Professor W. T. Hagan describes Native Americans as captives of the archives, and in 1989, Henrietta Fourmile-Marrie considered that phrase applied just as adequately to Australian Aboriginal and Torres Strait Islander people. The fact that many records held in archival organisations about Indigenous people were simply not owned by them raised more than just issues of identification and access (Fourmile-Marrie 1989). Indigenous people were the subjects of the record and not the owners. They were seen as captives of the institutions that stored much information, knowledge and intellectual property of Indigenous people that have been recorded by anthropologists, archaeologists, researchers, ethno-botanists, government workers and many other third party users.[187]

Tá sé seo fíor faoi mhuintir na Gaeltachta ó am na suirbhéireachta ordanáis i leith; ba bheag ionchur a bhí acu sna taifid oifigiúla a bhain leo nó lena gceantair, agus baineann sé sin leis na bailiúcháin béaloidis chomh maith. Bhailigh an Coimisiún, RÉ agus RnaG an t-

[186] '61/295. United Nations Declaration on the Rights of Indigenous Peoples', https://www.un.org/development/desa/indigenouspeoples/declaration-on-the-rights-of-indigenous-peoples.html. Faighte 28/11/2018.

[187] Janke, Terri & Iacovino, Livia: 'Keeping cultures alive: archives and Indigenous cultural and intellectual property rights', *Archival Science* (2012) 12, 160.

ábhar uathu, agus ní raibh baint ná páirt acu leis ina dhiaidh sin. Tá an deis ann an t-ábhar a tabhairt ar ais dos na pobal, trí ról a thabhairt dóibh i ndáileadh an ábhair. Déanann na húdair céanna pointe an-thábhachtach maidir leis an úinéireacht seo:

> Archival organisations hold as records, "recordings" of culture. The tapes, films and photographs of Indigenous people, and their copyright, would be owned by the makers of the recording, film or photograph. Recordists were mostly non-Indigenous, possibly working for the government or funded by a research institution. These materials are deposited within an archival institution largely by the recordists or their next of kin once they pass away. Who can access and use that material largely depends on the deposit terms. And in the past, these deposit terms have been set by the non-Indigenous researcher, or when they died—their family members. Who gets to access them is then subject to the policies and law of the institution which holds the archival material. As discussed earlier, archivists, librarians and cultural institutions remain divided on issues surrounding access, ownership or "custodianship" and the handling of secret/sacred material which many of them consider part of the wider debate on the universal right to knowledge, the concept of "public domain" and open government online. This takes us back to the fundamental difference between how Indigenous people see it, not as a recorded culture but a living culture, which means that living Indigenous people should be empowered to make decisions about the use, re-contextualisation, interpretation and ownership of the Indigenous knowledge and cultural expression.[188]

Níor smaoiníodh olc nó maith ar chearta an phobail dtí'n ábhar a bailíodh uathu nuair a cheannaigh eagras stáit amháin, an OPW, cóip de chartlann RnaG ó eagras stáit eile, RTÉ. Tá sé thar am é sin a chur ina cheart.

7.6 'Tábhacht' na Cartlainne

Ag scríobh do i 1936, thug Séamus Ó Duilearga an breithiúnas seo leanas ar thábhacht Chnuasach Béaloideas Éireann:

> In this historical lumber-room of forgotten lore - of traditions, songs, tales, music, dance, peasant crafts and agricultural methods - there is much rich material not

[188] *ibid.* 163.

> only for the historian but for the student of the Irish language and literature and for the artist, the poet and the economist. These tales, songs and traditions are indeed the State Papers of a forgotten and neglected people.[189]

Creidim go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint le cartlann RnaG chomh fada le cultúr beo na Gaeltachta, cré bheo an Chadhnaigh; go deimhin, cruthú atá i gcartlann RnaG nach raibh seanchas agus cultúr na Gaeltachta 'dearúdta' ar fad, i gcead don nDuileargach. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú gur i gcomhthéacs áirithe a bailíodh an ábhar (faoi mar a bhí amhlaidh i mbailiú CBÉ), agus go raibh tionchar ag sin ar an ábhar a bailíodh:

> Without questioning the cultural historical value of such collections, or the many possibilities that they offer and open up for historical research I believe that it is of utmost importance that the collected materials be viewed as representations created in particular rhetorical contexts, employing particular strategies in the making of the present, and that their nature as such be integrated into both their analysis and the estimation of their political significance.[190]

Caithfear cuimhneamh gur ag cruthú ábhar craolta, ábhar a bheadh inspéise don lucht éisteachta a bhí Clár Reachtairí RnaG, agus gurb sin bunús na cartlainne. Deir Anttonen:

> Archives and museums are useful modern innovations for the presentation and representation of history and culture, but they are not innocent depositories of collectibles. Instead of providing unmediated material for research and learning about other times and places, the collecting as well as the display of that which has been collected is always embedded in its own rhetorics and politics in terms of who is represented, how, for whom, and for what purposes.[191]

Ní hé sin le rá, áfach, nach bhfuil tábhacht ag baint le cartlann RnaG mar chartlann béaloidis. Go deimhin, deir O'Connor go bhfuil nasc díreach idir béaloideasaithe an Choimisiúin agus craoltóirí na linne seo:

---

[189] Ó Duilearga, Séamus: 'An untapped source of Irish history', *Studies: An Irish Quarterly Review*, Vol. 25, No. 99 (September 1936) 399.
[190] Anttonen, Pertti: *Tradition through Modernity: Postmodernism and the Nation-State in Folklore Scholarship*, Finnish Literature Society / SKS, Helsinki (2005), 81.
[191] *ibid.* 53.

> When Radio Éireann established their Mobile Broadcasting Unit in 1947, with Séamus [Ennis] and Seán [Mac Réamoinn] as first members of staff, they were directly and deliberately employing the collecting methods of the IFC, as well as those of the BBC. This parallel process and similarity of approach between the broadcast and folklore collectors, especially with regard to the collecting of folklore, folk music and song, was to continue, down to the present day.[192]

Faoi mar atá feicthe againn, bhí modh oibre RnaG bunaithe a bheag nó a mhór ar obair na n-aonad taistil, agus ní haon ionadh go mbeadh cosúlachtaí idir obair an dá eagraíochta. Cé go bhfuil difríochtaí suntasacha idir tosaíochtaí an bhailitheora agus an chraoltóra,[193] tá feidhm béaloideasúil ag bailiúcháin na gcraoltóirí:

> The collecting by the broadcasters has the focus only of gathering material for broadcast ... However both the BBC and Raidió Éireann preserved their recordings as well as their transmitted radio broadcast material and these archive recordings have proved to be invaluable for academic research and for making Peig's voice and storytelling accessible to contemporary audiences.
>
> This broadcast approach is sometimes in marked contrast to the professional folklorist, who is focused on the story and the storyteller, the audience and the relationship between the storyteller and the audience ... It must also be acknowledged that for W. R. Rodgers (BBC) and for Séamus Ennis and Seán Mac Réamoinn (Radio Éireann), as exemplary broadcasters, the preservation of the recordings as well as the making accessible of the richness of cultural heritage and its communication through broadcasting to a mass audience, were of equal importance. Therefore the 'collections-centred' approach has been widely used by broadcasting archives also, especially by Pubic Service Broadcasting organisations throughout the world.[194]

Bhailigh na Clár Reachtairí ábhar béaloidis, chuir in oiriúint chraolta é (cé go mbíodh na cláracha beo uaireanta), agus chur leis an gcartlann é. Má tógaimid an cartlann ceol agus amhrán arís, mar shampla, foinse rí-thábhachtach a bheadh ann do eiteacheoleolaithe,

[192] O'Connor, Anne: 'Deconstructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context.' *Béaloideas 78, (2010)*, 89
[193] *Ibid.*
[194] *Ibid*. 89-90.

toisc go bhfuil an aer leis na hamhráin, rud nach mbíonn i gcónaí i mbailiúcháin béaloidis trascríofa.

Ina shaothar ceannródaíoch inar leag sé amach próiseas an bhéaloidis, *The Folklore Process,* deir Honko go gcaithfear béaloideas a scrúdú go bunúsach trí shúile an phobail ónar bailíodh é:

> Folklore must be examined primarily from the perspective of the living community, and to be specific, functionally. The community's identity and its concept of itself is a variable quantity; the nucleus of folklore cannot therefore be expected to show permanence. Nor is there permanence in the material as such; any permanence is in the way the community handles, interprets and values the material.[195]

Sé sin le rá, ní féidir tuiscint ceart a fháil ar phíosa béaloidis gan ar dtús ról an phíosa béaloidis sa phobal as a d'eascair sé a thuiscint. Deir Honko chomh maith, go dtugann béaloideasaithe tús áite do thraidisiúin as pobal fírinneach beo.[196] Traidisiúin bheo, as pobal bheo, atá i gcartlann RnaG, cartlann a thugann éachtaint dúinn ar an bpobal sin tríd a gcultúr agus a dtraidisiúin.

Baineann tábhacht ar leith le cartlann dá gcuid féin a bheith ag pobal, ar leibhéal phraiticiúil agus ar bhonn 'spioradálta', dar le Sassoon & Burrows:

> Archives in all forms are both practical and spiritual necessities and are part of the fundamental fabric of memory that forms the warp and weft of a community. The popular notion that the archive is the collective memory of a community or society has tended to characterize this as a passive function, with the collective memory of a community being built through passive and sedimentary accretion. In contrast, as Barbie Zelizer (1998:3) writes, 'collective memories allow for the fabrication, rearrangement, elaboration, and omission of details about the past, often pushing aside accuracy and authenticity so as to accommodate broader issues of identity formation, power, authority and political affiliation' ... Thus, who gets remembered, and in what ways this occurs, remains an issue of deep contest, with the constituency of the social group in charge of remembering often

[195] Honko (1991), 30.
[196] *Ibid.* 34.

> influencing the patina of the collections contained within archives and other memory institutions.[197]

B'fhéidir go mbeadh sin amhlaidh i gcartlann a thógtar os na pobail, ach bhí deis ag muintir na Gaeltachta ar fad a gcuimhne a chruthú. Dá mbeadh leagan amháin de scéal ag faisnéiseoirí amháin, chloisfeadh an pobal é, agus bhíodar in ann é a dearbhú nó a cheartú ar an raidió an tseachtain dar gcoinn. Sin dioscúrsa nach bhfuil le fáil i gCnuasach Béaloideas Éireann; tá cartlann an raidió níos daonlathaí, sa tslí is go bhfuil seanchaithe le clos ag dearbhú nó ag bréagnú a chéile go minic i gcartlann an raidió.

Tá ról ag cartlann RnaG i gcaomhnú agus i gcuir chun cinn an bhéaloidis, agus an chultúir, chomh maith. Deir Honko:

> There is no natural existence for folklore beyond performance. Folklore archives are nothing but collections of dead artifacts, arbitrarily limited texts, that were generated under rather special, mostly non-authentic circumstances, and immediately placed outside the system of communication which maintains folklore.[198]

Bailíodh roinnt mhaith den mbéaloideas i suímh speisialta (istigh sa stiúideo, mar shampla), ach bailíodh cuid maith amhráin, seanchas, agus ceol ar leac an tinteáin, áit a bheadh ina shuíomh 'nádúrtha' ag a leithéid d'ábhar leis na cianta. Chomh maith le sin, thug an craoladh bealach nua do na healaíontóirí dúchasacha a gceardanna a chleachtadh, nó ceangal le lucht éisteachta, beag beann ar láthair. Thug an raidió saol eile den ábhar:

> According to this view, it appears to be essential that, after its discovery and recording, folklore, in order to remain a living and functional thing, not reduced to a mere lifeless artefact on the shelf of an archive, would continue to be performed in a variety of contexts, despite a supposed and misleading idea of authenticity.

---

[197] Sassoon, Joanna & Burrows, Toby: 'Minority reports: indigenous and community voices in archives. Papers from the 4th International Conference on the History of Records and Archives (ICHORA4), Perth, Western Australia, August 2008', *Archival Science,* Vol. 9, Iss. 1-2, (2009), 1.

[198] Honko, Lauri: 'Methods in Folk Narrative Research,' *Nordic Folklore: Recent Studies*, Kvideland, Reimund & Sehmsdorf, Henning K. (eag.), Bloomington, Indiana University Press, (1989), 33.

> This would give rise to a process of circulation and re-circulation between the static dimension of folklore as collected and archived items and the dynamic dimension of its actual and contextual use and transformation, as well as misinterpretation and forgery. The dialectic between the fixed and the performed, the objective and the subjective, the textual and the contextual, the written and the oral, the aware and the unaware might be interpreted as the most significant feature of the folklore process, more fitting and flexible than the chronological couple first/second life of folklore to encompass and understand its many, various and often simultaneous expressions.[199]

An-shampla de seo is ea an t-ábhar a craoladh ón scéalaí agus seanchaí Cáit 'An Bhab' Feiritéar (1916-2005). Tháinig an Bhab chun coinlíochta mar scéalaí ar leac a tinteáin féin, ach fuair sí lucht éisteachta nua le teacht RnaG:

> Tháinig deireadh le nós na bothántaíochta le teacht an raidió, na teilifíse, na gcarranna, agus an nuashaoil i gcoitinne. Ach bhí lucht éisteachta go fóill ag Bab nuair a bhí sí i mbarr a réime: scoláirí Gaeilge agus béaloidis, éisteoirí Raidió na Gaeltachta, páistí scoile ag freastal ar shaotharlanna scéalaíochta, lucht éigsí agus oireachtais ... 'Is gnáthchuid dá saol anois iad na micreafóin agus na ceamaraí teilifíse... agus dealraíonn sé nach gcuireann siad as go rómhór di.'[200]

Tá buntáiste ag cartlann RnaG, i gcomparáid le cartlanna téacs-bhunaithe, sa tslí is gur cartlann fuaime atá ann. Cultúr beo a bhí á thaifead, agus in ionad 'bás' a fháil nuair a cuireadh isteach sa chartlann é (faoi mar a chuireann Honko i leith traidisiúin atá i gcoimeád i gcartlanna)[201], craoltar arís agus arís eile é d'fonn é a choimeád beo. Ceistíonn sé seo teoiricí maidir le húdaracht nó saol-ré bhailiúcháin béaloidis:

> On the other hand, I would stress that what we define 'first life of folklore' is actually a first life according to its external discoverers. Therefore, from the point of view of individuals coming from the outside who approach for the very first time a certain folkloric phenomenon: who can say how many lives it passed

[199] Carrassi, Vito: 'Theorizing, collecting, archiving, reviving: the lives (or life?) of folklore', *Folklife*, Vol. 55 (1), (2017), 7.
[200] Breathnach, Diarmuid & Ní Mhurchú, Máire: 'Cáit 'An Bhab' Feiritéar', https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1833. Faighte 12/12/2018.
[201] Honko, Lauri: *Tradition and Cultural Identity,* Turku, Nordic Institute of Folklore (1998), 9-11. Luaite ag Ó Giolláin, 71.

> through in the past, a past mostly unknown and undiscoverable to the present discoverers? In this light, it remains hypothetical to assume and quite difficult to prove that the space-time of folklore's discovery corresponds exactly with the space-time of 'its original natural environment'.[202]

Ní féidir údaracht píosa béaloidis a chinntiú gan an bunfhoinse bheith ar eolas againn, agus ní bheidh an bunfhoinse sin ar eolas go deo, má bhí a leithéid de rud ann riamh fiú[203]. An féidir a rá go bhfuil an scéal a bhailigh Joe Daly do Choimisiún Béaloideas Éireann níos údaraí ná scéal a bhailigh Breandán Feiritéar do RnaG? Mar shampla, is minic a cloistear an t-amhrán 'An Gile Mear/Mo Ghile Mear' ar RnaG, ach ní mar a chéile é is an leagan a bhíodh le clos i nDún Chaoin sa chéad leath den bhfichiú haois, dar le Micil Ó Catháin ó Bhaile an Ghleanna sa pharóiste sin: "ní mar a' chéile a bhíodh an Gile Méar aige Séamas agus an slí a chloisim ansan aige Seán Ó Liatháin [i.e. ar an raidió] é ... bhí a leagan fhéin aige Séamas agus bhí mórán seóigh ann."[204]

Tá an tábhar atá i gCartlann RnaG faoi mar a bheadh idir/eatarthu idir 'céad saol' an bhéaloidis agus a 'dara saol'. Ag trácht do ar obair an Choimisiúin, deir Carrassi "folklore passed from being a cultural and social performance (first life) to be a cultural and social heritage, a heritage potentially useful for further performances (or second life)."[205] Cultúr beo a bailíodh, agus maireann sé i gcónaí mar oidhreacht sa chartlann, ach earraíocht a bhaint as agus éisteacht leis.

Is ar chúinsí teangeolaíochta a bunaíodh RnaG; mar stáisiún ina dteanga féin do mhuintir na Gaeltachta. Tá an cartlann fuaime is mó de Ghaeilge ag RnaG, agus saibhreas teanga agus canúna ann. Deir Browne:

> Preservation and restoration of an indigenous language could be regarded as two separate purposes, but in the case of indigenous media, they become coterminous. Preservation, in the sense of ensuring that the language not disappear but remain in an unchanged state and available through radio in much the way that paintings are available in a museum, makes no sense to indigenous

[202] Carrassi, 8.
[203] Féach Honko (1991), 34.
[204] Ó Catháin, Micil in agallamh le Breandán Feiritéar do RTÉ Raidió na Gaeltachta, TX. 24/10/1977.
[205] Carrassi, 7.

> language media staff. Almost without exception, they want to see the language restored to everyday use by increasing numbers of speakers.[206]

Féachfar níos mine ar ról RnaG i gcaomhnú agus in athbheochan na Gaeilge sa chéad chaibidil eile, ach tá samplaí ó thíortha eile de chartlanna stáisiúin raidió dúchasacha á n-úsáid mar áis teanga:

> When Maori radio stations began to come on the air in the late 1980s, some of the stations started to make recordings of elderly storytellers, educators, politicians, singers, and others who could reflect on the past and in their own language. As interest in oral history grew, some of these individuals, as well as listeners, began to wonder whether there might not be recordings of their predecessors. RNZ's Maori service, Te Reo O Aotearoa, secured a grant to hire researchers to comb through the corporation's sound archives collection, record disc material onto tape, and catalogue what was usable (as some recordings were not). The resulting catalogue, and the recordings themselves, are available to Maori stations throughout the country.[207]

In Éirinn, ní hamháin go bhfuil an t-saibhreas sin cainte traidisiúnta i gcartlann RnaG, ach tá ann téarmaíocht agus focail nua a chum craoltóirí an stáisiúin, go háirithe sa tseomra nuachta.[208] Tá éagsúlacht mór de chanúintí agus de chineálacha cainte i gcartlann RnaG, agus staidéar déanta ag roinnt daoine ar theanga na Gaeltachta, ag úsáid an cartlann mar fhoinse eolais.[209]

Seanchas, ceol, amhráin, teanga; gnéithe iad ar fad d'eolas dúchasach, agus tá Cartlann RnaG faoi mar a bheadh taisceadán lán de. Ag trácht dóibh ar ról na cartlainne i gcaomhnú eolas dúchasach sa tSiombáib, scríobh Ngulube, Masuku agus Sigauke:

> Furthermore, until about 2003 most of the archivists tasked with preserving the nation's collective memory had a background in History, which perpetuated the Western notion of viewing oral history as complementing the written record. No

[206] Browne (1996), 60.
[207] *Ibid.* 168.
[208] Féach Browne (1996), 173-177.
[209] Féach Ó Murchadha, Noel P.: *Idé-eolaíocht agus Daonteangeolaíocht na Gaeilge: aird ar éagsúlacht teanga na Gaeilge,* tráchtas faoi dhéin Dochtúireachta, 2012, Ollscoil Luimnigh. Ar fáil ag http://hdl.handle.net/10344/5851.

> wonder the oral history was documented by archivists and Native Commissioners to complement the colonial archive or "official records" and not the national archive. The "official records" were selective and Eurocentric. The structure and configuration of the colonial archive is a reflection of the power relations which were at play when it was constructed. The role of the archives was to foster the colonial power relations that were in existence at the time. These were relations that marginalised and denigrated IK and did not regard it as an important voice in the archive of the nation.[210]

In Éirinn, i gcomhthéacs forlámhas an Bhéarla (agus an stáit Briotanach roimh 1922) i sochaí na tíre, ní haon ionadh go mbeadh tús áite ag cáipéisí agus tuairiscí Béarla, bainteach le sochaí Angla-Éireannach, i gCartlann Náisiúnta na tíre. Má fhéachtar ar chartlanna na tíre i gcomhthéacs an choilíneachais nó an iar-choilíneachais, d'fhéadfaí a fheiscint go bhfuil An Chartlann Náisiúnta (agus an Leabharlann Náisiúnta) i bhfoirgintí móra maorga i lár na príomhchathrach, agus na cartlanna is mó ina bhfuil tuairisc ar eolas dúchasach na muintire in íoslach ollscoile (CBÉ) agus in áiteanna nach bhfuil aon tarrac orthu (cartlann RnaG). Tá siombalachas millteach ag baint leis.

Agus é ag tabhairt sainmhíniú don gcartlann, scríobh Ham:

> Archives are a hallmark of a civilized society. They document human experience and serve as civilization's collective memory. Preserved records transmit our cultural heritage from generation to generation. Archives are essential to scholarly inquiry into the past by historians, sociologists, demographers, geographers and others ... Society relies on scholars who use these records to make the past relevant to the present. The uses to which archives can be put, however, go beyond scholarly inquiry … Records enable individuals to trace their family history and to gain the satisfaction that comes from pursuing and understanding their own personal heritage. Historical records have much the same importance for the community as they do for the individual. They provide a

[210] Ngulube, Patrick, Masuku, Mehluui, Sigauke, Delight T.: 'The Role of Archives in Preserving Indigenous Knowledge Systems in Zimbabwe: Is (Re)inventing Themselves the Answer?', *ESARBICA Journal*, Pretoria Vol. 30, (2011), 262.

> sense of time and place and educate the citizenry about the role of the local community in a larger state and national context.[211]

I gcomhthéacs sochaí agus stair 'oifigiúil' na tíre seo, is ceart áit bheith ar fáil d'eolas dúchasach. Níl aon chartlann iomlán á cheal. Cé go bhfuil sé deacair an téama 'civilised/sibhialaithe' a shainmhíniú, creidim gur féidir 'lánaibí' a chur ina áit sa tagairt seo thíos:

> In that regard, a society that excludes other voices from the archive may not be deemed to be civilised. The archivists must play an active role in fostering a "civilised society" by collecting, arranging, describing, communicating and preserving IK [Indigenous Knowledge] in the archive along other knowledges.[212]

Is i gcartlann RnaG atá an bailiúchán is mó d'eolas dúchasach phobail na Gaeltachta sa fichiú haois. Is mithid anois a chinntiú go mbeidh teacht ag an bpobal sin, agus ag aon duine gur suim leo é, ar an eolas sin sa todhchaí.

Díríodh ar chartlann RnaG sa chaibidil seo, ar an scóip agus réimse an ábhair atá sa chartlann, agus ar conas a suíonn an ábhar sin i gcatagóirí béaloidis. Míníodh conas ar cuireadh an chartlann le chéile, mar a cláraíodh an t-ábhar agus mar a deineadh an chartlann a dhigitiú agus a chur ar fáil go poiblí ag tús an mhílaoise seo. Féachadh ar na fadhbanna a bhaineann leis mar chartlann ó thaobh rochtana de, agus deineadh roinnt moltaí maidir le cad a fhéadfaí a dhéanamh leis an gcartlann sa todhchaí. Pléadh ról chartlanna do phobail bundúchasacha agus mion-phobail ar fud an domhain, agus an tábhacht a bhaineann leo maidir le cultúr, seanchas agus stair na muintire a léiriú agus a chaomhnú.

An Ról a bhí, agus atá, ag RnaG i saol na Gaeltachta, a bheidh á phlé sa chéad caibidil eile.

---

[211] Ham, F. Gerald: *Selecting and Appraising Archives and Manuscripts*, Society of American Archivists, Chicago (1993), 1-2.
[212] Ngulube *et. al.,* 266.

8. ‘Chuir Dún Chaoin faoi scáth Earagail’: An Raidió & An Ghaeltacht

> Níl aon mhaith a bheith ag caint agus ag tabhairt comhairle do dhuine go bhfuil ocras agus fuacht air ... Ní le droch-mheas don Ghaoluinn atáid ag foghluim agus ag labhairt an Bhéarla – ní headh in aon chor, ach feicid nach aon mhaith dhóibh an Ghaoluinn chun slighe beatha bhaint amach in Éirinn féin gan bac le tíortha lasmuic. Sin í an fhírinne agus is searbh í agus ní h-indiu ná indé a tugadh san faoi ndeara. Cuirtear obair ar fághail sa Ghaeltacht – cuirtear ar a gcumas an greim bídh bheith acu agus an bhalcais éadaigh. Tugtar le feiscint dóibh go bhfuil suim dá cur ionnta – nach leas leanbhaí iad.[213]

Achoimre: *Sa chaibidil deireanach seo, pléifear an ról atá ag RnaG i saol na Gaeltachta (agus áit na Gaeltachta i saol na tíre ó 1925 i leith), maidir le geilleagar, teanga, cruthú agus cothú pobail, agus an tslí ina raibh an raidió in áit coincheap na Gaeltachta a ardú ó limistéar thíreolaíoch go pobal aontaithe. Mar fhocal scoir, féachfar ar an tionchar a bhí agus atá ag RnaG ar cheist an choilíneachas, an impiriúlachais, forlámhas chultúrtha agus an díchoilíniú intinne sa Ghaeltacht agus in Éirinn, agus an ról atá ag RnaG i gcothú, i soláthar, ag i gcaomhnú an chultúir, nó an bhéaloidis, nó an dúchais, sa Ghaeltacht.*

Sa bhliain céanna inar bunaíodh 2RN, 1926 (bunaíodh an Cumann le Béaloideas Éireann in Eanáir na bliana dar gcion), foilsíodh tuarascáil a leag síos teorannacha na Gaeltachta don chéad uair. Bhí fís ar leith ag Coimisiún na Gaeltachta, agus fealsúnacht chun an fhís sin a chur i bhfeidhm:

> Is eol dúinn na nithe go léir a bhí ag marbhú na Gaeilge san am atá caithte agus atá ag déanamh mórán fós, le neart leanúnachais, chun í mharbhú: í bheith dúnta amach as furmhór an tsaoil phuiblí "as an gcúirt agus as an mbarra agus as gnó"; í bheith dúnta amach as furmhór mór ár scoileanna le roinnt glúin anuas; conus mar a tháinig sí faoi dhroch-mheas ag gach éinne gur mhaith leis meas a bheith air

[213] Ráiteas ó na Bráithre Críostúla, Marino, Baile Átha Claith, 09.06.1925, Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta. Ar fáil i Walsh, John: *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926,* Cois Life, Baile Átha Cliath (2002), 119-120.

> agus mar a tháinig sí chun bheith ina comhartha dealbhais agus iargcúltachta in aigne a lán daoine. Cuid de stair bhrónach ar dtíre an fhaillí a tugadh inti agus an drochmheas a caitheadh uirthi, agus an tarcuisne agus an ghráin faoi n-a dtáinig sí. In ionad anál na nithe sin agus anál a dtora mhí-ámharaigh do dhul fúinn, agus galar an droch-mheasa agus na nea-shuime do chur orainn, ba chóir go neartóidís rún ár n-aigne chun an díobháil a dineadh do leigheas—go mór mor ó thárla gur cosaint daingean dá náisiúntacht san am le teacht teanga náisiúnta shaothruithe do bheith ag náisiún, faoi mar is eol do gach pobal a bhfuil a leithéid aca.[214]

Faoi mar atá feicthe againn, bhí an tuairim úd faoi ról na teanga i bhforbairt an náisiúin nó an stáit, fíor-láidir ag lucht bunaithe an stáit ó dheas. Ach chomh maith leis na mianta úd i dtaobh an náisiún, bhí ceisteanna bunúsacha le freagairt ag an gCoimisiún; an mó duine sa stáit nua a bhí ag labhairt na Gaeilge, agus cá raibh an Ghaeltacht?

Mar chonclúid ar an dtráchtas seo, tá sé i gceist agam ról RnaG i saol na Gaeltachta, bíodh san i ngeilleagar, i saol chultúrtha, i sochaí agus in oidhreacht na Gaeltachta a mheá agus a mheas, agus a thaispeáint go raibh agus go bhfuil fós, feidhm bainte as an raidió chun 'An Náisiún Gaelach' a tharraingt le chéile. Thar aon ní eile, thug RnaG guth do mhuintir na Gaeltachta, agus dhein pobal nó náisiún ar leith do mhuintir na Gaeltachta ó cheann ceann na tíre.

8.1 'Bunú' agus buanú na Gaeltachta

Cé go bhfuil tuiscint ar leith le geall le céad bliain anuas ar 'An Ghaeltacht' mar limistéar tíreolaíoch ina labhraíonn daoine an Ghaeilge, ní tháinig an téarma isteach i bhfocal comónta na hÉireann go dtí an fichiú aois, go háirithe le bunú Choimisiún na Gaeltachta i 1925:

> Is fada iad na focail 'Gaeltacht' agus a inbhéarta stairiúil, 'Galltacht', in úsáid in Éirinn agus in Albain, cé go bhfuil athruithe imithe ar chiall na bhfocal le himeacht aimsire. Aimsíodh ceann de na chéad samplaí d'úsáid an fhocail 'Galltacht' i gcomhthéacs Éireannach sa 14ú Aois, nuair ba léir gur ag tagairt do dhaoine in ionad d'áit ar leith a bhí sé: mionlach Béarlóirí i dtír a raibh an Ghaeilge i

[214] Mac Cosgair, Liam T, Uachtarán An Ard-Chomhairle, *Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta, 1925.* Ar fáil ag https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/2586/CnaGReport.pdf?sequence=1. Faighte 10/12/2018

> gceannais uirthi (Ó Torna, 2000: 54). Is in Albain thart ar an mbliain 1700 a fhaightear an chéad tagairt do 'Ghaeltacht' le ciall thíreolaíochta, ag tagairt do cheantar ina labhraítí Gaeilge. Is cosúil gur iompórtáladh an chiall seo ó Albain go hÉirinn (Ó Gadhra, 1989: 2), ach ní go cionn dhá chéad bliain eile. Ní fhaightear na chéad tagairtí Éireannacha do Ghaeltacht mar cheantar tíreolaíoch go dtí deireadh an 19ú hAois, tráth dá raibh cineálacha nua náisiúnachais agus athbheochana cultúrtha ag teacht chun cinn. Tá tuiscint ar an nGaeltacht mar 'chonstráid' (Ó Torna, 2000: 51) ríthábhachtach i gcomhthéacs na dtuairimí agus na bpolasaithe a tháinig chun cinn níos déanaí i leith na gceantar seo.[215]

Bhí Útóipe an Iarthair an ceantar a samhlaíodh le lucht labhartha na teanga cruthaithe ag lucht na hathbheochana[216], cé nach raibh an íomhá sin réalaíoch ó thaobh staid eacnamaíoch mhuintir na Gaeltachta. Bhí na ceantair ba láidre ó thaobh na teanga de, ar chuid de na ceantair ba bhoichte agus ba dearóile sa tír ar fad. Ní mór a mheabhrú, faoi mar a dhéanann Walsh, go raibh údaráis Shasana tar éis Bord na gCeantar Cúng a bhunú chun saol na ndaoine sna ceantair cúnga seo, a bhformhór mór san iarthair, a fheabhsú.

Ach mhair an íomhá úd ar feadh i bhfad. Bhain an scoláire Sasanach George Thomson an Blascaod Mór amach i 1923, agus ba mhór aige na bhochtáin gioblacha a bhuail leis ansin:

> Then I went to Ireland. The conversation of those ragged peasants, as soon as I learned to follow it, electrified me. It was as though Homer had come alive. Its vitality was inexhaustible, yet it was rhythmical, alliterative, formal, artificial, always on the point of bursting into poetry.[217]

Ba mhór idir bochtanas eacnamaíoch mhuintir an oileáin agus a saibhreas teanga agus cultúr, dar le Thomson, agus dhein sé iarrachtaí ar an éagcothroime sin a chur ina cheart i gConamara níos déanaí ina shaol. Fiú an file Seán Ó Ríordáin, duine de mhuintir na Gaeltachta é féin, ghéill sé don bhfís osréalaíoch seo den nGaeltacht sna 1960í:

Fág Gleann na nGealt thoir,

Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,

---

[215] Walsh, (2002), 8. Saothar Uí Thorna a luaitear: Ó Torna, Caitríona, 2000. 'Cruthú Constráide agus an Turas Siar: An Ghaeltacht i dtús an fichiú haois'. *An Aimsir Óg* (2000), 51-65.

[216] *Féach Walsh, 8-9.*

[217] Thomson, George: *Studies in Ancient Greek Society: The Prehistoric Aegean*, Lawerence & Fishart, London (1978), 540.

Dún d'intinn ar ar tharla

Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,

Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom

Is an bóthar fada, bain ded mheabhair

Srathar shibhialtacht an Bhéarla,

Shelley, Keats is Shakespeare ...[218]

Bhí an bhearna sin idir saibhreas cultúrtha agus teanga na Gaeltachta agus daibhreas geilleagair i gcónaí ann, ach bhí aon fhadhb mór amháin ag lucht riaradh saorstáit nua-bhunaithe na hÉireann maidir leis an nGaeltacht; ní raibh aon duine cinnte cá raibh sí, nó cá raibh an teorann idir Gaeltacht agus Galltacht: "Tar éis bhunú an stáit, tháinig sé chun solais nach raibh éinne lánchinnte cén áit go díreach a raibh an Ghaeltacht lonnaithe, in ainneoin go rabhthas á hadhmholadh le breis agus tríocha bliain roimhe sin."[219] Bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta chun an méid sin a fháil amach, agus chun moltaí a dhéanamh maidir le riaradh na gceantar as sin amach.

Chuathas i mbun fiosruithe i rith na bliana 1925 i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, An Chláir, Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge, maraon le pócaí i dTiobraid Árann, Luimneach, Ros Comáin, agus Sligeach.[220] Tugtar le fios sa tuarascáil, bunaithe ar dhaonáireamh a deineadh sna ceantair a scrúdaíodh, go raibh os cionn ceathrú milliún cainteoir Gaeilge ag maireachtaint sa Ghaeltacht; 146821 duine acu sa 'Fíor-Ghaeltacht' agus 110,585 sna limistéir ar a tugadh 'Breac-Ghaeltacht'.[221] (Deineadh na pobail a rangú idir na ceantair ina raibh an teanga ag 80% den daonra nó os a chionn (Fíor-Ghaeltacht) agus na háiteanna ina raibh idir 25% agus 79% den bpobal in ann í a labhairt (Breac-Ghaeltacht)).

Cé gur caitheadh roinnt mhaith amhrais ar na figiúirí seo ó shin,[222] is mithid comparáid a dhéanamh idir líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht i 1925, agus na figiúirí is déanaí

[218] Ó Ríordáin, Seán: 'Fill Arís', *Brosna* (1964).
[219] Walsh, 9.
[220] Tugadh cuairt ar Ó Méith, Co Lú chomh maith.
[221] *Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta,* 8.
[222] Féach Walsh, 9.

atá foilsithe ina thaobh. Tuairiscíodh go raibh cainteoirí dúchais Gaeilge le fáil i dosaen contae ar fad sa Saorstáit (níor ghabh an Coimisiún thar teorann go Co. Dhoire, Thír Eoghain nó Aontroma, mar a raibh pócaí Gaeltachta fós ar marthain iontu). Tá ceantair Gaeltachta i seacht gcinn de chontaetha anois (Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, agus na 'nua-Ghaeltachtaí i gCo. Na Mí), ach de réir daonáireamh na bliana 2016, ní raibh ach 20,586 duine a labhair an Ghaeilge ar bhonn laethúil, lasmuigh den gcóras oideachais, sa Ghaeltacht. Dúirt 63,664 sa Ghaeltacht go rabhadar inniúil ar an teanga a labhairt.[223]

Tá titim thubaisteach tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge in áiteanna a bhí láidir go maith ó thaobh na teanga de i 1925. Ar leithinis Uíbh Ráthaigh, mar shampla, tugadh le fios i ndaonáireamh an choimisiúin go raibh Gaeilge ag 12681 duine, nó 73.9% den daonra, sna bailte fearainn Gaeltachta agus Breac-Ghaeltachta i gceantar tuaithe Chathair Saidhbhín.[224] I 2016, níor thug ach 121 duine, nó 6.9% de dhaonra na Gaeltachta in Uíbh Ráthach ar fad, le fios go raibh an Ghaeilge á labhairt ar bhonn laethúil acu. Tá sé seo níos ísle ná an meán náisiúnta.

Dhein Coimisiún na bliana 1925 dhá mholadh is ceithre fichead chun an Gaeilge agus lucht a labhartha a chaomhnú sa Ghaeltacht:

> Dhein an Coimisiún 82 moladh maidir le hoideachas, tionscal, geilleagar, riarachán agus athlonnú pobal Gaeltachta go háiteanna eile in Éirinn. Dúradh go neamhbhalbh gur ghá gníomhaíocht chomhordaithe rialtais chun go dtiocfadh an Ghaeilge slán agus go raibh costas ard ag baint le pleanáil teanga ... freagra patuar a bhí ag an rialtas agus thóg sé beagnach trí bliana orthu é a fhoilsiú. Ghlac rialtas a raibh Eoin Mac Néill, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge mar Aire Oideachais ann, leis na moltaí 'in principle', ach dúirt go mbeadh 'very heavy expenditure' ag baint lena gcur i bhfeidhm.[225]

Saghas bunchloch a bhí i dtuarascáil an Choimisiúin, agus freagra an Rialtais air, do chur chuige an Stáit i leith na Gaeltachta ó shin i leith. Cuirtear tuarascála le chéile, agus

[223] Daonáireamh na Bliana 2016, An Príomhoifig Staidrimh. Ar fáil ag https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/
[224] *Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta,* 91.
[225] Walsh, 14.

déantar moltaí fiúntacha iontu faoi conas an teanga agus an Ghaeltacht a shábháil, ach is beag gníomh a dheintear dá bharra.

Deineadh athbhreithniú ar theorannacha na Gaeltachta sna 1950í, agus cúngaíodh an Ghaeltacht go mór; baineadh an stádas Gaeltachta de cheantair i sé cinn de chontaetha, agus laghdaíodh na ceantair Gaeltachta i bhformhór de na contaetha eile:

> Gaeltacht boundaries were revised in 1956. Under the Gaeltacht Areas Order, 1956, 84 district electoral divisions and parts of 58 other district electoral divisions in Counties Galway, Donegal, Mayo, Kerry, Cork and Waterford were recognised as Gaeltacht areas. A small number of other areas has been recognised in the meantime. In the case of some areas recognised as Gaeltacht areas the position of Irish is so weak that it cannot reasonably be argued that Irish is a community language there.[226]

Deineadh roinnt bheag athruithe ar limistéar na Gaeltachta ó shin (cuireadh ceantar an Leitriúigh leis an Ghaeltacht i 1974, agus ceantair Bhaile Ghib agus Ráth Cairn i gCo. Na Mí i 1967), agus is mar sin atá teorann oifigiúil na Gaeltachta ar na saolta seo.

Má deineadh idirdhealú idir Fíor-Ghaeltacht agus Breac-Gaeltacht i 1926, moladh ath-rangú a dhéanamh ar na ceantair Gaeltachta i 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht' a chur Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le chéile don Roinn Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta i 2007. Moladh iad a rangú i gCatagóirí 'A', 'B' agus 'C', ag braith ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge iontu:

> **Limistéir Ghaeltachta Chatagóir A** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge ... Is ionann 67% den phobal a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus tairseach chinniúnach theangeolaíoch ... **Limistéir Ghaeltachta Chatagóir B** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Is ceantair iad seo a bhfuil úsáid na Gaeilge le sonrú iontu i gcónaí ach gur léir go bhfuil úsáid an Bhéarla in uachtar ... **Limistéir Ghaeltachta Chatagóir C** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Cuimsíonn an chatagóir seo an líon is mó toghrann

[226] 'Report of Coimisiún na Gaeltachta, 2002', ar fáil ag https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/07/report-of-coimisiun-na-gaeltachta.pdf. Faighte 12/01/2018.

> agus daonra de na trí chatagóir seo. Is iondúil gur i measc na n-aoisghrúpaí scoile den chuid is mó a úsáidtear an Ghaeilge sna limistéir seo. Is gá a chur san áireamh, áfach, go gcuimsíonn an chatagóir seo roinnt ceantair bheaga a mbeadh tréithe teangeolaíocha ag baint leo nach dtagann leis an bpróifíl ar an gcatagóir trí chéile.[227]

Is suntasach gur sa chatagóir is laige ó thaobh na Gaeilge de atá an líon is mó de mhuintir na Gaeltachta, agus an líon is mó toghranna, sa rangú seo. De réir an tuarascála seo, agus formhór na dtuarascálacha eile a foilsíodh ó 1926 i leith, is chun donais atá staid na Gaeilge ag dul sa Gaeltacht; deirtear sa nuashonrú a deineadh ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch thuas agus a foilsíodh i 2015

> nach mbeidh an Ghaeilge á labhairt mar theanga cheannasach phobail in aon limistéar Gaeltachta faoi cheann roinnt bheag blianta; nuair a dhéantar anailís ar fhaisnéis an taighde seo, i bhfianaise torthaí eile gaolmhara taighde a cuireadh ar fáil i saothair eile le tamall anuas, ba dheacair a áiteamh go mbeidh saolré níos faide ná deich mbliana ag an nGaeilge mar theanga phobail in aon áit sa Ghaeltacht.[228]

Cé nach féidir a shéanadh go bhfuil brú ollmhór ag teacht ar an Ghaeltacht agus ar a teanga, agus go gcruthaíonn an teolas atá san tuarascálacha nach bhfuil aon deá-thodhchaí roimhe, tá bás na Gaeilge agus na Gaeltachta á thuar le fada, ach is ann dóibh fós; "Táthar ag rá liom ó bhí mé aon bhliain déag go bhfuil an Ghaeilge agus pobal na Gaeilge marbh", a dúirt an Teangeolaí James McCloskey i 2001, "Ritheann sé liom gur bríomhar fuinniúil an marbhán í."[229]

Bunaíodh Roinn Rialtais ar leith, Roinn na Gaeltachta, i 1956, le féachaint i ndiaidh cúramaí na Gaeltachta:

> Is é is feidhm do Roinn na Gaeltachta leas cultúrtha, sóisialach agus geilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn; cabhrú le caomhaint agus leathnú na Gaeilge mar ghnáth-urlabhra; agus, a mhéid is gá nó is cuí, dul i gcomhairle agus comhairle a

[227] Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge: *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht,* An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (2007), 17.
[228] Ó Giollagáin, Conchúr & Charlton, Martin: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011,* Údarás na Gaeltachta (2015), 6.
[229] Luaite ag Ó Cadhla (2011), 218.

> ghlacadh le Ranna eile Stáit i dtaobh seirbhísí a riaras na Ranna sin agus a bhaineas le leas cultúrtha, sóisialach nó geilleagrach na Gaeltachta nó a bhaineas leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge d'athbheochaint.[230]

Cé gur mhair Roinn na Gaeltachta mar roinn as féin (le hAire Sinsearach) go 1993, ó shin i leith, is mar pháirt de ranna éagsúla stáit eile a bhí an Ghaeltacht. Cinneadh i 2017 gan 'An Ghaeltacht' a luadh in ainm aon Roinn a thuilleadh, agus is faoi An Roinn Cultúir atá cúramaí na Gaeltachta anois.[231]

Bunaíodh áisíneacht stáit, Gaeltarra Éireann, an bhliain dar gcionn le féachaint i ndiaidh forbairt eacnamaíoch na Gaeltachta. Bhí sé bunaithe ar thionscail dúchasacha, ach thosnaigh ag féachaint i dtreo tíortha eile le hinfheisteoirí a mhealladh:

> Ghlac Gaeltarra freagracht as riarachán agus forbairt na dtionscal dúchasach Gaeltachta, ar ar áiríodh fíodóireacht, cniotáil, próiseáil éisc agus feamainne. Tharla an t-athrú stráitéise i gcomhthéacs an pholasaí nua forbartha a raibh an stát tar éis glacadh leis: in ionad a bheith ag brath ar thionsclú dúchasach, bhí an polasaí feasta le bheith bunaithe ar easpórtáil ... bhí an Ghaeltacht laghdaithe ag féachaint i dtreo Mheiriceá, Cheanada, na Gearmáine agus na hIodáile chun a cuid forbartha a bhaint amach.[232]

Chuir bunú Ghaeltarra bús faoi fhorbairt tionsclaíoch sa Ghaeltacht; le bunú Údarás na Gaeltachta i 1980, tógadh ar an mbunsraith sin. Bhí difríocht amháin idir an dá eagraíocht áfach; Ceapacháin Rialtais ba ea Bord Ghaeltachta, agus bhí cuid de bhord an Údaráis le toghadh ag muintir na Gaeltachta féin. Bhí an daonlathas seo á éileamh ag muintir na Gaeltachta le fada, agus bhí údarás daonlathach áitiúil ar cheann de mhór-éileamh Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta. Cé go raibh ról níos mó ag an Údarás i gcúrsaí teanga, bhí tuairimíocht láidir ann go raibh dochar seachas sochar á dhéanamh ag forbairtí an Údaráis don dteanga féin:

---

[230] An tAcht Airí agus Runaithe (Leasú) 1956. Ar fáil ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/1956/act/21/enacted/ga/print. Faighte 13/12/2018.
[231] 'An Ghaeltacht fágtha 'gan Roinn' den chéad uair ó 1956 agus an Roinn Cultúir le bunú', https://tuairisc.ie/an-ghaeltacht-fagtha-gan-roinn-den-chead-uair-o-1956-agus-an-roinn-cultuir-le-bunu/. Faighte 13/12/2018.
[232] Walsh, 18-19.

> A recent report commissioned by Údarás na Gaeltachta concludes that there is widespread evidence of cultural change within the Gaeltacht and that the agency is failing to achieve its goal of preserving the language. Moreover, the report states that undoubtedly one of the causes of the linguistic decline has been the very success of the industrial and economic policies put forward by Údarás na Gaeltachta.[233]

Pé tionchar a bhí ag na heagraíochtaí seo ar chúrsaí teanga, is cinnte gur chun maitheas geilleagrach na Gaeltachta a chuaigh an dá áisíneacht i bhformhór gach aon cheantar Gaeltachta. Tá eastáit thionsclaíocha breactha fiú sna ceantair is iargúlta sa Ghaeltacht, agus tá rátaí dífhostaíochta níos gaire den bhfigiúir náisiúnta ná mar a bhí sara bunaíodh Gaeltarra Éireann. Ach de réir Innéacs Díothachta a d'fhoilsigh an t-eagras Pobal i 2017[234], bhí ceantar áirithe sa Gaeltacht, in Uíbh Ráthach, in Iarthar Chonamara agus i nDún na nGall, i measc na gceantar is mó faoi mhíbhuntáiste sa tír ar fad.

Déanann Coleman pointe maith faoi cur chuige an stáit i dtaobh na Gaeltachta;

> Poor, rural and predominantly Irish-speaking regions in the west were the first areas of Ireland to undergo systematic state-sponsored 'development' under the auspices of the Congested Districts Board (CDB), founded in 1891. The CDB concentrated on building up basic infrastructure and ignored broader questions of community, language or culture. Under the newly independent Irish Free State, the Gaeltacht Commission of 1926 surveyed the country and drew what became the geographic boundaries of the official Gaeltacht. Although ostensibly aimed at preserving the Irish language in these areas, Irish state policy concentrated on developing a system of grants to individual families, rather than policies aimed at strengthening community per se. Through their developmental interventions, the colonial and postcolonial states have increasingly reified the Gaeltacht as an administrative zone.[235]

---

[233] Ó Cinneide, M. S., Keane, M., & Cawley, M: 'Industrialization and linguistic change among Gaelic-speaking communities in the west of Ireland', *Language Problems and Language Planning*, 9(1), (1985) 3-16. Luaite ag Walsh, 25.

[234] Ar fáil ag https://maps.pobal.ie/WebApps/DeprivationIndices/index.html. Faighte 13/12/2018. Tá anailís ar na figiúirí Gaeltachta ar fáil ag https://tuairisc.ie/na-10-gceantar-gaeltachta-is-measa-as-agus-na-10-gceantar-gaeltachta-is-fearr-as/.

[235] Coleman, 180.

Feictear é seo den gcuid is mó sa tslí inar chaith an stáit leis an Ghaeltacht tríd na háisíneachtaí; réigiúin forbartha tíreolaíoch ba ea an Ghaeltacht, agus cuireadh an bhéim ar an bhforbairt geilleagrach seachas ar chúrsaí teanga agus cultúir. Ní raibh polasaithe ar leith ag an stáit don nGaeltacht go dtí le fíor dhéanaí, maidir le hoideachas nó seirbhísí stáit eile. Bhí sé de chuma ar an scéal go mbraith na hÚdaráis go raibh a ndualgas i leith na Gaeltachta á gcomhlíonadh acu tríd Údarás na Gaeltachta, agus tríd an áisíneacht mór eile a bunaíodh don nGaeltacht, sé sin Raidió na Gaeltachta.

8.2 RnaG agus Geilleagar na Gaeltachta

Tá cúigear is ceithre fichid fostaithe ag Raidió na Gaeltachta faoi láthair. Seachas leathdhosaen nó mórsheisear atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, tá a bhformhór mór ag obair agus ag maireachtaint sna ceantair Gaeltachta. Fostaíocht ar phá réasúnta maith atá ann, go háirithe i gceantar ina bhfuil fostaíocht dá leithéid tearc go maith. Faoi mar a dúirt comhghleacaí liom le déanaí, is fiú deich phost i mBaile Átha Cliath aon phost amháin in Iarthair Duibhneach; maireann foireann an raidió go háitiúil, caitheann siad a gcuid tuarastail sna siopaí, tábhairní, bialanna agus gnóanna áitiúla eile, fostaíonn siad ceardaithe áitiúla, agus is páirt lárnach iad d'fháinne fí gheilleagar na tuaithe. Le bunú RnaG, bhí fostaíocht ar ard-chaighdeán, nuálaíoch, agus buan, ar fáil sa Ghaeltacht don chéad uair. Deir Day go gcuireann RnaG le stádas na teanga, toisc "it provides well-paid and coveted public-service jobs for competent Irish Speakers, and so the language is not seen as backward, old-fashioned, and economically useless."[236]

Leag RnaG síos bunchloch earnáil na meáin cumarsáide sa Ghaeltacht, earnáil atá tar éis fás thar cuimse ó shin:

> Is i gConamara atá 'sráidbhaile domhanda' chumarsáid na Gaeilge ... Óir tá TG4, Raidió na Gaeltachta agus *Foinse*[237] lonnaithe in achomaireacht sé mhíle dá chéile. Tá Telegael, 'Ros na Rún', agus Gael Media soir an bóthar uathu ... I ngarbhchuntas a rinne mé le déanaí, b'fhacthas dom go raibh cuid mhaith os cionn trí chéad duine ag obair i réimse na cumarsáide ó Bhearna go Carna - TG4,

[236] Day (2000), 216.
[237] Nuachtán seachtainiúil ba ea *Foinse,* a foilsíodh idir 1996 agus 2009, agus idir 2009 agus 2015 mar fhorlíonadh leis an *Irish Independent.* Tá seirbhís a tháinig i gcomharbthacht air, tuairisc.ie, lonnaithe i mBearna.

> Raidió na Gaeltachta, *Foinse,* Telegael, 'Ros na Rún', agus Gael Media, maraon le saoririseoirí agus foireann eile. Ní dócha go bhfuil mórán le cois ochtar dochtúirí, deichniúr Gardaí nó cúig shagart déag lonnaithe sa stráice céanna ... is maith an rud é go bhfuil na meáin Ghaeilge díláraithe ó Bhaile Átha Cliath ach tá cás anois ann go ndéanfaí iad a dhílárú ó Chonamara.[238]

Tá RnaG 'díláraithe' go maith ó Chonamara (cé gur ann atá an ceanncheathrú agus an líon is mó fostaithe), ach ní hamhlaidh d'earnáil na teilifíse; níl aon fho-stiúideo ag TG4 sna ceantair eile, agus is i gConamara atá formhór mór na gcomhlachtaí léirithe teilifíse lonnaithe.

Tá buiséad €11.5m ag RnaG.[239] Cé go gcaitear sciar mhaith de sin ar thuarastal agus ar chothabháil, íoctar aíonna, ceoltóirí, saor-iriseoirí, agus daoine eile a bhíonn le clos ar an raidió, nó ag soláthar ábhair do RnaG. Maireann a bhformhór sa Ghaeltacht chomh maith, rud a chothaíonn geilleagar na Gaeltachta ar bhonn beag. Ina theannta sin, úsáideann na stáisiúin ceardaithe agus soláthróir áitiúla, agus cuireann sin leis an ngeilleagar chomh maith.

Ní shéanann Delap ach gur deá-rud an fhostaíocht seo atá cruthaithe ag na meáin Ghaeilge sa Ghaeltacht:

> Is sampla iontach iad de thionscal teangalárnaithe. Lena chois sin, níl aon dabht ach go bhfuil íomhá iontach tarraingteach agus óg agus gnéasach ag an teanga anois le hais mar a bhí deich mbliana ó shin. Ní míbhuntáiste é suíomh na meán Gaeilge ach a mhalairt. Tá ré na hiargúltachta thart, agus is maith sin.[240]

Is é RnaG an foras is sia bunaithe, agus is mó, de na meáin ar fad atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Tá an fhostaíocht a chruthaíonn an raidió scaipthe níos cothroime ar fud na Gaeltachta chomh maith, rud a thacaíonn le pobail éagsúla Gaeltacht ó thaobh na heacnamaíochta de.

---

[238] Delap, Breandán: *Ar an Taifead: Fís, Fuaim, Focal,* Cois Life, Baile Átha Cliath (2007), 4-5.
[239] ''Is mór an onóir é' – Gearóid Mac Donncha ceaptha ina Cheannaire ar RTÉ Raidió na Gaeltachta', https://tuairisc.ie/is-mor-an-onoir-e-gearoid-mac-donncha-ceaptha-ina-cheannaire-ar-rte-raidio-na-gaeltachta/. Faighte 14/12/18.
[240] Delap, 6.

Tá feidhm oideachasúil bainte ag pobail na Gaeltachta as RnaG chomh maith, feidhm a chuidigh leo a staid gheilleagrach a fheabhsú. Bhí an scoláire Seoirse Mac Tomáis meáite ar sraith léachtaí ollscoile a chur ar bun sa Ghaeltacht ag tús na 1930í, "chun oideachas nua aimsire a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta," agus mar gur shíl sé "dá bhfaighidís oideachas cothrom-le-dáta ina dteanga féin, go bhféadfaí iad a sheoladh isteach sa tsaol nua gan a gcultúr a chailliúint ar an mbealach dóibh."[241] Leag sé amach a phlean ina aiste 'Oideachas Ollscoile ins an Ghaeltacht':

> Cuimsímís ar Dhún Chaoin mar shampla. Tá sean-obair ins an pharóiste ar a dtugtar Tigh Mhóir; tá ainm Phiarais Feirtéir rite tríd an gceantar; agus is minic na fir ag iascach mhacrael. Tugaimis léacht dóibh, mar sin, ar thigh Mhóire, cathain a tógadh é dar leis an lucht léinn, conas a tógadh é agus cad ina thaobh: do mhúsclódh sin a suim ina réamhstair. Tugaimís léacht eile dhóibh ar Phiaras Feirtéar, ar na dánta do cheap sé agus ar chúrsaí a shaoil: do mhúsclódh san a suim ins an stair agus ins an litríocht. Tugaimis léacht eile dhóibh ar conas mar síolraítear an macrael, conas a ghintear é, gach aon rud a bhaineann lena nósa is lena imeachtaí faoi mhuir: do mhúsclódh san a suim ins an bheatheolas. D'fhéadfaimís cur síos dóibh ar conas mar ceannaítear agus mar díoltar an t-iasc ins na bailte móra, agus mar sin siar go dtí an eacnamaíocht.[242]

Níor éirigh le Mac Tomáis a scéim oideachais a chur ar bun toisc a deir sé, "ná raibh i bhfad ná leithead Chonamara sagart a smaoineodh ar chead a thabhairt a scoil a úsáid le haghaidh rud chomh dainséarach le léacht phobail ollscoile i nGaolainn ná aon teanga eile."[243] Bhí sé cinnte de gur chun tairbhe eacnamaíochta na muintire a bheadh na léachtaí seo:

> Gan amhras dá bhfaigheadh muintir na tuaithe caoi ar mo chuid léachtaí pobail a chlos chuirfidís ina gceann feabhas a lorg ar a mbail mhaireachtana ach sin é díreach an chúis nár tugadh cead dóibh iad a chlos.[244]

[241] Mac Tomáis, Seoirse, 'The Irish Language Revival', *Yorkshire Celtic Studies 3* (1944), 9-12. Aistrithe agus luaite ag Ó Lúing, Seán (eag.): *Gach Orlach de Mo Chroí: Dréachta,* Coiscéim, Baile Átha Cliath (1988), 5.
[242] Ó Lúing (1988), 17-18.
[243] *ibid. 3.*
[244] Ó Lúing (1988), 5.

D'éirigh le RnaG san áit nár éirigh le Mac Tomáis, áfach; in ionad léachtaí ollscoile i bunscoileanna na Gaeltachta, craoladh léachtaí agus cláracha faoi gach ábhar a bhí sa cheann ag Seoirse díreach isteach go tithe na Gaeltachta. Bhíothas ag foghlaim faoi stair, oidhreacht, cultúr agus teanga na muintire, ach ina theannta sin ar chúrsaí agus ar scileanna an tsaoil, eolas a rachaidh chun a dtairbhe ina saoil laethúla:

Is mór an áis é, agus is fearr ann ná as é,

Don té atá aosta, gan léann, gan teagasc,

Ag maireachtaint ina aonar, gan éinne ina aice,

Beidh eolas ar an saol aige, ach an eochair a chasadh ...

Bíonn cláracha léinn ann, don té a ghlacann,

Comhairle dochtúra, in aicídí agus i ngalair,

Cócaireacht do mhná tí, níochán agus glanadh,

Agus comhairle ón dtréidlia, i dtógaint eallach.[245]

Bhí oideachas á chur ar phobal na Gaeltachta i scileanna agus ceardanna a bheadh úsáideadh dóibh in ngnáth saol laethúil, rud a bhí á cheilt orthu roimh theacht an raidió. Bhí an teicneolaíocht seo ar cheann de na slite ab éasca le heolas a scaipeadh ar na daoine ab iargúlta, eolas a bhí á cheilt orthu roimh theacht na seirbhíse.

Ach cé gur rud an-thábhachtach é sin, i gcomhthéacs buanseasmhacht na bpobal sin, is mó ná sin an tábhacht a bhaineann le ról RnaG i gcúrsaí teanga sa Ghaeltacht.

8.3 RnaG agus Teanga na Gaeltachta

I dteannta na bpost ar ard-chaighdeán, agus ar thuarastal cuíosach maith, a thug RnaG don Ghaeltacht, thug a bhunú stádas áirithe do teanga an chraoladh, i.e An Gaeilge. Tá na poist nua-aimseartha seo ar fáil anois sa Ghaeltacht, do lucht labhartha na Gaeilge, rud nach mbíodh tráth. I dtuarascáil Choimisiúin Na Gaeltachta tá scata samplaí de mheon coitianta i measc mhuintir na Gaeltachta, is é sin nach raibh aon mhaitheas ó thaobh na

[245] Ó Cíobháin, John Learaí, 'Raidió na Gaeltachta', CD 0977_07, 1982 a craoladh, ní fios cén dáta.

fostaíochta ag baint leis an Ghaeilge, agus go gcaithfeadh Béarla a bheith ag duine le haon dul chun cinn a dhéanamh:

> [C]é a thógfadh ar aithreacha agus ar mháithreacha Béurla a labhairt le'n a bpáistí anois, má bféidir agus a gcúl a thabhairt do'n nGaedhilg. Chonnaic a bhfúrmhór aca cad a bhain dóibh féin de dheasca na Gaedhilge. Gach post i mbun aon dealradh bhíodh ag imtheacht ba leis an mBéurlóir blasta a thuiteadh sé, agus is beag nach amhlaidh tá an scéul indiú féin againn. Táthar ag toghadh Béurlóirí, faoi láthair, os cionn Gaedhilgeóirí tá comhoireamhnach le h-aghaidh postanna Puiblidhe agus lánchead ag Riaghaltais leis an obair sin ... Go dtí go bhfeicfidh nó go gcuirfear'n a luighe ar aithreacha agus ar mháithreacha go raghaidh an Ghaedhilg chun sochair dá gclainn, glacfaidh siad go fuar, faillighteach í.[246]

Mhair an tuiscint sin anuas go dtí an lá atá inniu ann (léirítear go minic é nuair a bhíonn plé á dhéanamh ar cheist na Gaeilge éigeantaí san Ardteist), ach dhein RnaG mórán chun an tíomhá sin a leagadh. Deir Day go léiríonn bunú RnaG go gcreideann an stáit go bhfuil todhchaí ag an teanga, agus go bhfuil an stáit tar éis infheistiú sa thodhchaí sin.[247] Ina theannta sin, tá ardchaighdeán Gaeilge in úsáid ar an tseirbhís, dar léi:

> A high standard of spoken Irish is used by all presenters, most of whom are native speakers. This maintains linguistic purity in terms of pronunciation and the richness of the language itself at a time when it is under severe threat from the encroachment of English. New words and phrases are coined as technology, business, and the world itself change, and these are added to the lexicon of Irish speakers, enabling them to continue to discuss issues and developments communally through their own language. However, perhaps one of the most important contributions, in terms of supporting the language communities it serves, is that it provides the space for that community to discuss problems and expectations communally, and to reflect collectively on its own lived reality, through its own language.[248]

[246] Ó Míodhacháin, Liam, Comharchumann Bhaile na nGall, An Rinn, Co. Phort Láirge, 09.09.1925. Luaite ag Walsh, 126.
[247] Day (2000), 216.
[248] *Ibid.*

Sin ceann de na cúiseanna a bunaíodh RnaG; chun guth a thabhairt do phobal nach raibh le clos ar na meáin cumarsáide go dtí sin. “Tá guth le cloisteáil acu anois a fhreagrann dá meon is dá dtuiscint orthu féin is ar an saol,” a scríobh Gearóid Ó Tuathaigh tamall de bhlianta tar éis a bhunaithe. “Ar an mbealach seo tig linn a rá go teann go bhfuil Radio na Gaeltachta ina ghuth ag Gaeltacht na hÉireann uile.”[249]

Fadhb choitianta a bhíonn ag lucht na meán mionlaigh/eitneach/bundúchasach/mionteangacha ar fud an domhain is ea conas téarmaí agus focail nua an Bhéarla (nó i dteangacha fhorleathana eile) a thabhairt ina gcraoladh féin.[250] I gcás RnaG, úsáideadh foinsí seachtracha, maraon le samhlaíocht na foirne féin, chun cur le foclóir coitianta na Gaeilge:

> RNG may have done most to promote the relevance of Irish in the area of language usage. There are Irish dictionaries, and they are updated frequently, but they cannot keep up with events. RNG feels that it *must* do so, and it manages that task through several means. New words and phrases come from governmental, professional and economic organizations and offices, from the inventiveness of RNG staff, and from the listeners themselves.[251]

Is cinnte go dtagann focail isteach i gcaint RnaG go minic, agus is deacair a dhéanamh amach an laistigh nó lasmuigh den eagraíocht a ceapadh an téarma ar dtús (ritheann an téarma ‘Breatimeacht’ (Brexit) liom), ach uaireanta eile is iad foireann an raidió a cheapann téarmaí as a stuaim féin:

> But because broadcasting requires immediate decisions if it is to be a reliable source of up-to-the-minute news, staff often must develop Irish terms on the spot, as when in the summer of 1990 there was a windsurfing accident off the Dingle Peninsula and an RNG journalist discovered that there was no Irish word for surfboard. She developed one by joining *clár* (board) and *toinne* (wave). She hoped that the context of the story would make the term’s meaning clear, waited

[249] Ó Tuathaigh, Gearóid: ‘Radio Na Gaeltachta’, *The Irish Times,* 02/04/1975, 15.
[250] Féach Browne (1996), 173-190.
[251] Browne, Donald R.: ‘Raidió na Gaeltachta: reviver, preserver or swan song of the Irish language?’, *European Journal of Communication* 7, 3 (1992), 424.

> for questions or complaints from listeners (who are not slow to voice them!), but got none and thus continued to use the word.[252]

Sampla eile a ritheann liom is ea an téarma 'tiománaithe teaspaigh', atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas mar aistriúchán ar *joyriding.* Ní raibh na Clár Reachtairí compordach leis an gcomhfhocal 'spraoi-thiománaithe', ó bhí sé ró-neamhurchóideach, agus úsáideadh an focal 'teaspach' in ionad 'spraoi'. Tá an téarma nua tagtha in áit an tseancheann ar chraoladh RnaG anois.

Tá caighdeán ard na teanga labhartha rí-thábhachtach do RnaG, agus féachtar chuige go minic mar *an caighdeán* i dtaobh an focail labhartha. Faoi mar a deir Day, "It [RnaG] does play an extremely important role in maintaining high standards of linguistic competency, particularly given the lack of an official standard spoken register for the language. It continually expands the lexicon of the language for technical, political, and current affairs issues.[253] Tagann Delap leis an tuairim sin:

> [I]s i gcaighdeán ard na Gaeilge a chraoltar is mó a d'fhág an stáisiún a rian ar shochaí na hÉireann. Chan amháin go mbíonn saibhreas teanga le cluinstin ar RTÉ RnaG ó mhoch maidine go hoíche ach tugtar suntas do stíl nádúrtha craolta na foirne. D'éirigh leis an Raidió féiniúlacht na gcanúintí éagsúla a chosaint agus iad a tharraingt níos gaire dá chéile ag an am céanna le focail choiteanna a úsáid. Tá ról nach beag fosta ag an stáisiún i gcumadh agus in úsáid na nuathearmaíochta.[254]

Faoi mar a deir Delap, tá na canúintí éagsúla, agus lucht a labhartha, níos gaire dá chéile anois ná mar a bhí riamh, agus tá an *dialect partition* a luadh níos luaithe sa tráchtas tagtha chun críche ar fad, a bheag nó a mhór. Tá sin amhlaidh toisc gur tugadh stáitse cothrom don dtrí mór-chanúint sa chraoladh, seachas teanga caighdeánaithe a úsáid dos na craoltaí ar fad, ná go deimhin gan dul i muinín an Bhéarla, faoi mar a tharlaíonn i dteangacha eile.[255] bhí an claí idir-chanúint á leagadh fiú laistigh de bhliain:

> Donegal people seemed less able to understand other dialects. However, the Donegal Irish spoken by Radio na Gaeltachta personnel was more easily

[252] *Ibid.*
[253] Day, (2000), 217-218.
[254] Delap, 18-19.
[255] Day (2000), 218.

> understood in other Gaeltacht areas that either Galway or Kerry Irish outside their areas … 40% of adults in the Fíor-Ghaeltacht understood all or most of other dialects spoken by ordinary people. In reply to a direct question, two-thirds of those in the Fíor-Ghaeltacht and half of those in the Breac-Ghaeltacht indicated that Radio na Gaeltachta was helping them to understand the other dialects better.[256]

Ní gach éinne a bhí sásta leis an bhéim a cuireadh ar chanúnachas, áfach:

> There were complaints about too much attention to Donegal (or Connemara, or Kerry) affairs, delivered in 'odd' or even 'awful' Donegal (or Connemara, or Kerry) dialect and accents. RNG staff had been determined from the beginning to bring the segments of the Gaeltacht closer together, and when local newscasts started in 1974, they were (and remain) amalgams of reports from all three areas. Some listeners praised that approach; others disliked it, and expressed their preference for having their own independent station.[257]

Cé nach bhfuil aon teanga labhartha caighdeánaithe le clos ar bhonn rialta ar RnaG (faoi mar atá le Béarla an BBC), ní hé sin le rá go gcaithfidh cainteoirí na gcanúintí éagsúla bheith deighilte óna chéile, ná go mbeadh scoilt éigin idir mhuintir na Gaeltachta agus Gaeilgeoirí:

> These speakers of different dialects gained basically a new kind of awareness of those people ar fud na tíre, and imagined themselves as connected to them in a new way. What we can see from the experience of Raidió na Gaeltachta, and from the ideology of Gluaiseacht generally, is that this sense of connection need not be achieved by homogenization. It can be achieved through a simultaneous appeal to *universalist* dimensions (speakers of Irish *ar fud na tíre* and beyond) as well as through *localist* dimensions (everyone speaks in their own dialect; standardization is rejected outright).[258]

Chreid an file Liam Ó Muirthile i bhfís réigiúnach an raidió, ach chreid sé go bhféadfaí é a leathnú go ceantair agus réigiúin eile, fiú lasmuigh den Ghaeltacht:

---

[256] Suirbhé Taighde RTÉ ar Éisteoirí, idir 3 Aibreán agus 21 Bealtaine 1973. Luaite ag Ó Glaisne, 287.
[257] Browne (1992), 419.
[258] White (2015), 129.

> Ar an gcuid is lú dhe, soláthraíonn Raidió na Gaeltachta an sruth riachtanach teangan san don gcluas, an clúmh don inchinn ina bhféadfaidh ár gcleachtadh teangan féin neadú muna bhfuil sí le bheith ina teanga teaghlaigh agus tí amháin. Creidim gur ionann cás anois, a bheag nó a mhór don dteaghlach Gaeltachta agus don dteaghlach Gaeilge sa chathair. Measaim gurb é an múnla réigiúnach an bhunchloch is ciallmhaire fós chun an sceideal a thógaint uirthi, ach braithim go bhfuil fíorghá anois le táthú níos iomláine a dhéanamh ar an bpobal éisteachta – 38,000 0 ar scála náisiúnta seachas é bheith ina *pot pourri* réigiúnach.[259]

Tá an choimhlint sin idir bunrúta na seirbhíse mar sheirbhís áitiúil do phobal na Gaeltachta agus mar sheirbhís do lucht labhartha na Gaeilge ar fud na tíre, ar marthain le fada. Bhí sé le feiscint nuair tugadh le fios gurb é an Grúpcheannasaí Gaeilge, ról nua a cruthaíodh de barr atheagar ar chúrsaí bainistíochta in RTÉ i 2014, a bheadh freagrach as RnaG as sin amach. Bhí an ról seo bunaithe i mBaile Átha Cliath, agus bhí an-chuid den bhfoireann den dtuairim nach raibh ansin ach an chéad chéim le 'Raidió na Gaeilge' a dhéanamh de RnaG, rud a bheadh ag dul glan i gcoinne fealsúnacht bunaigh na seirbhíse, leis an mbéim ar an bpobal seachas ar an dteanga.

Slí eile ina bhfuil ról ag an raidió i gcothú an teanga ná an nasc a chruthaíonn sé idir chainteoirí, fiú cainteoirí in áiteanna nach bhfuil pobal teanga ina dtimpeall. Ní hamháin go nascann sé na mórcheantair Ghaeltachta le chéile, ach tugann áit i saol na teanga do daoine aonaracha, agus tuigeann deis dóibh an teanga a chloistint agus a chleachtadh. Tá an ról céanna ag an raidió do chainteoirí Maoraise sa Nua Shéalainn:

> The context in which people access media is crucial: language renewal strategies are focused on home settings, and using Māori media within the home invites the language to be part of everyday life, which can stimulate further commitment. This is particularly important because an increasing number of Māori people no longer have access to Māori-speaking communities.[260]

Cé nach bhfuil ról *per se* ag RnaG in athbheochan na teanga faoi mar atá ag eagrais stáit agus deonacha eile, agus cé nach mbíonn ranganna nó ceachtanna teanga ar RnaG faoi

[259] Ó Muirthile, Liam: 'Raidió na Gaeilge?', *The Irish Times,* 12/01/1995, 12.
[260] de Bruin, Joost, & Mane. Jo: 'Decolonising ourselves: language learning and Māori media', *Critical Arts 30, no. 6* (2016), 772.

mar a bhíonn ar stáisiúin mionteangacha eile (luann Browne stáisiúin Maoraise, Breatnaise, Sami agus stáisiúin bundúchasacha i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe sa chomhthéacs seo),[261] cothaíonn an stáisiún an pobal teanga ar fud na tíre tríd an teanga a thabhairt isteach ina dtithe agus ina saolta, faoi mar a deir Eisenholr, "encouraging language maintenance and revitalization by providing speakers with opportunities to hear and maintain skills in the language."[262]

Rud eile a dhein an raidió i dtaobh na teanga ná gur oscail sé an domhan ar fad amach di, sa tslí inar pléadh scéalta agus smaointeoireacht na cruinne trí mheán na Gaeilge, rud a bhí neamh-choitianta go maith roimhe sin. Chreid Mac Tomáis gur bhain údaráis oideachais an tSaorstáit leis as an teanga chun leagan aon-chineálach de chultúr na tíre seo a chruthú:

> De réir mar leathnaigh teagasc na Gaolainne ins na scoileanna, bheartaíodar go hoscailte an treo inar theastaigh uathu athbheochaint na Gaolainne dul. Ní raibh an teanga le húsáid chun cultúr nua-aimsire na hEorpa a thabhairt isteach. Bhí sí le húsáid chun an cultúr sin d'iamh amach ... b'úsáideach mar uirlis dóibh an Ghaolainn ar an ábhar go raibh sí deighilte glan amach ó smaointeachas na linne san Eoraip. Baineadh feidhm as theanga agus litríocht na Gaeilge chun súile na ndaoine d'iompú ón am a bhí rómpu amach sia go dtí an am a bhí caite agus ní raibh de thoradh leis an dúthracht agus an éifeacht a chuireadar leis sin ach í a lagú mar fhearas chun bisigh.[263]

Le teacht an raidió (a bhí mar thoradh ar ghluaiseacht radacach de bhunaidh smaointeoireacht idirnáisiúnta na ngluaiseachtaí pobal), deineadh daonlathú ar an teanga sa tslí ina rabhthas in ann gach aon ní ar thalamh an domhain a phlé tríthi (laistigh de dhlíthe cinsireachta), ar bhonn oscailte. In aon tseachtain amháin, is féidir tuairimí Cumannaigh, Aontachtaigh, Poblachtánaigh, daoine ar son na beatha agus i gcoinne ginmhilleadh, sagairt agus ainchreidmhigh, agus daoine os na cheithre hairde a choistint ag labhairt Gaeilge, rud nach raibh amhlaidh coitianta i ngluaiseacht na teanga, ná go deimhin i bpobail na Gaeltachta, roimhe sin.

[261] Browne (1996), 89.
[262] Eisenholr, 24.
[263] Mac Tomáis, 4.

Faoi mar atá feicthe againn níos luaithe sa tráchtas seo, creid Seán Ó Ríordáin go raibh ról le himirt ag RnaG sa streachailt i gcoinne forlámhas chultúr an Bhéarla in Éirinn. Scríobh sé an méid seo a leanas chomh maith faoi mheon mhuintir na Gaeltachta i leith ceist na teanga:

> Is léir go bhfuil an tuiscint ag na Gaeltachtaí anois, ceart nó mícheart, go bhfuil deire le fairsingiú na teangan ar fuaid na hÉireann agus ná fuil le déanamh anois ach an Ghaeltacht féin a chosaint. Ritheann sé liom anois nuair a chuimhním air go labhródh Charlie[264] (a cailleadh anuiridh), agus cainteoirí dúchais eile i gCorca Dhuibhne ana-árd uaireanta i dtithe tábhairne, agus go h-áirithe nuair a bhíodh cuairteoirí i láthair. Bhéicidís. Bhí a fhios acu go rabhadar annamh, suaithinseacha agus go raibh an domhan lasmuich agus dul i mbodhaire. An é gur tuigeadh dóibh gur deire sibhialtachta ab ea iad, deire teangan agus ná labharfadh a leithéidí go deo arís go deire an domhain – go mbeadh sí ina thost go deo ina dhiaidh?[265]

Feictear dom gur RnaG béic mhuintir na Gaeltachta, ag tabhairt le fios don ndomhan go bhfuilid ann, agus go bhfuil rud le rá acu.

8.4 RnaG agus Cruthú Pobail

Thar aon fhoras eile, chruthaigh nó chothaigh RnaG an Ghaeltacht mar phobal (pobal samhlaithe i dteoiric Anderson, seans), seachas mar limistéar tíreolaíoch. Ag scríobh don ceithre bliana roimh bunú an raidió, dúirt An Ríordánach go raibh feidhm ar leis ag baint leis na meáin i gcruthú pobail, go háirithe i sochaí ina bhfuil dhá theanga:

> ... labhartar ar mhuintir na hÉireann faoi mar ba phobal aonteangach iad. Chomh fada le teanga tá dhá phobal dhifriúla in Éirinn – ceann a labhrann Gaeilge agus ceann a labhrann Béarla. Creid é nó ná creid tá daoine fós in Éirinn ná tuigeann é sin ionas go dtuigtear dóibh, nuair a bhíonn labhartha i mBéarla acu le pobal an Bhéarla go mbíonn labhartha acu le muintir na hÉireann ... Anois múnlaíonn an pobal an duine. Sé an pobal a thugann a theanga dhó ... is léir go bhfuil an radio agus an telefís ar na fearaistí is cumhachtaí ag aon phobal chun an duine a mhúnlú. Dréir mar chraolann pobal Béarla, saolaíonn sé Béarlóirí is léir gurb ag

[264] Seán Ó Conchubhair, An Cheathrú, Dún Chaoin.
[265] Ó Ríordáin, Seán: 'Cúrsaí Teangan', *The Irish Times,* 11/03/1972, 12.

> béarlú Béarlóirí a thuille agus ag béarlú agus ag díghaeilgiú Gaeilgeóirí atá Telefís Éireann faoi láthair.[266]

Bí a gcearta á cheilt ag RTÉ ar phobal na Gaeltachta, toisc nach rabhadar ag craoladh dóthain ábhair ina dteanga. Nuair a bunaíodh RnaG, áfach, bhí dóchas ar An Ríordánach (faoi mar atá feicthe againn i gcaibidil 3) go bhféadfadh RnaG ról a imirt i briseadh forlámhas chultúr agus pobal an Bhéarla in Éirinn ar mhuintir na Gaeltachta, nó ar an 'náisiún Gaelach' mar a fhacthas do é:

> Sé tá i gceist agamsa le náisiúntacht ná teanga agus an aigne, na cuimhní cinn a leanann í ... [ach] táthar ag samhlú na Gaeilge, ní le náisiún, ach le ceann de chultúir an náisiúin. Cén náisiún? (ní fheicimse ach dhá chultúr in Éirinn.) ... Dealraíonn sé ná fuil geallta don rud ar a dtugaimís an náisiún Gaelach ach í bheith ina mionchultúr laistigh den bhfrámaíocht san agus í bheith dá síorchreimeadh ag an mBéarla. Is gearr a mhairfeadh sí ...
>
> Ní chreidim fós é tá meon na Gaeilge, machnamh na Gaeilge, an fuadar atá fúithi, an scríbhneoireacht dá mháchailí í rófhairsing, rónáisiúnta, faoin am seo chun go mba leo léi bheith áitiúil. Deir socheolaithe áirithe go leanann sotal agus satailt náisiúnachas – satailt ar mhionchultúir. An é go bhfuil deire le náisiúntacht agus go bhfuil ré na h-áitiúlachta chughainn nuair ná ligfidh aon teangaghrúpa ná cineghrúpa súil thar a gcuid?[267]

Feictear dom gur chruthaigh RnaG an náisiún sin, An Náisiún Gaelach, tríd naisc a chruthú idir An Ghaeltacht éagsúla Gaeltachta agus Gaeilgeoirí, ach níos tábhachtaí ná sin idir na pobail éagsúla Gaeltachta. D'fhéadfaí Náisiúnachas Áitiúil a thabhairt ar seo; in ionad teanga nó canúint amháin a roghnú mar 'theanga náisiúnta' tríd í a úsáid mar theanga an raidió, d'úsáid RnaG canúintí agus scéalta áitiúla d'aon ghnó, toisc go bhfacthas dóibh gur seirbhís áitiúl pobal-bhunaithe ba ea iad. Ach chruthaigh an ghné seo d'obair an raidió tuiscint ar 'náisiún', ina mhalairt de shlí is a dhéanann 'Cló-Theanga Náisiúnta' i dtuiscint Anderson:

> Raidió na Gaeltachta has helped build translocal community in exactly the opposite way to that theorised by Anderson, Gellner, Habermas and others. For

[266] Ó Ríordáin, Seán: ''Radio Telefís Éireann', *The Irish Times,* 20/09/1968, 12.
[267] Ó Ríordáin, Seán: 'Scoil Dhún Chaoin', *The Irish Times,* 31/03/1973.

> these theorists, the creation of wider community requires the transformation of language through standardising media such as newspapers and commercial publishing. They see standardised language as, ideally, a maximally transparent medium for rational discourse that enables speakers to transcend their pettily 'local' points of view and become fully educated citizens of a geographically contained 'national' community. The case of Raidió na Gaeltachta – a 'local' station with national and international reach – shows that, perhaps, the 'local' is not merely a geographic entity; locality is not a physical container for people but a wider set of concrete social relationships.[268]

Tagann White leis an tuairim seo:

> These speakers of different dialects gained basically a new kind of awareness of those people ar fud na tíre, and imagined themselves as connected to them in a new way. What we can see from the experience of Raidió na Gaeltachta, and from the ideology of Gluaiseacht generally, is that this sense of connection need not be achieved by homogenization. It can be achieved through a simultaneous appeal to universalist dimensions (speakers of Irish *ar fud na tíre* and beyond) as well as through localist dimensions (everyone speaks in their own dialect; standardization is rejected outright).[269]

Níor cuireadh an Caighdeán Oifigiúil i bhfeidhm ar RnaG, ach d'éirigh leis pobail na Gaeltachta a tharrac le chéile in aon phobal amháin; "Chuir siad eangach ar an dtír, Thug Cúil Aodha go Ros a' Mhil siar/ Chuir Dún Chaoin faoi scáth Earagail, Gaoith Dobhair chun na Gaillimhe chuir/ Is Ros Muc go lár na Mí thuas."[270] Cruthaíodh nasc idir na pobail éagsúla nach raibh ann roimhe. Bhí sé sin soiléir, mar shampla, nuair a bhuaigh CLG Ghaoith Dobhair craobh sinsear peile chlubanna Chúige Uladh i mbliana; bhí teachtaireachtaí tacaíochta á seoladh chucu í chumainn Ghaeltachta ó cheann ceann na tíre, mar gur tuigeadh dóibh go raibh nasc éigin eatarthu, nó go raibh Gaoith Dobhair ag déanamh ionadaíochta thar cheann mhuintir na Gaeltachta ar fad. ní raibh an nasc sin, nó an pobal sin, ann roimh theacht RnaG.

[268] Coleman, 184.
[269] White, 129.
[270] Ó Liatháin, Dónall, Cúil Aodha, Co. Chorcaí. RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0843_02, TX: 31/12/1992.

Thuig Ó Tuathaigh luath go maith tar éis a bhunaithe go raibh an ról seo ag RnaG i gcruthú phobail:

> Chomh maith le bheith ag freastal ar phobal, feictear dom-sa gur féidir a rá go bhfuil Radio na Gaeltachta ag cruthú phobail. Tá sé d'aidhm ag an seirbhís tuiscint phobail na nGaeltachtaí éagsúla orthu fhéin a shaibhriú is a fhairsingiú. Ar ndóigh is cuid thábhachtach de seo tuiscint níos fearr ar a chéile a chruthú sna Gaeltachtaí éagsúla. Tá comharthaí ann, go háirithe i gcláracha na bpáistí, go bhfuil seo ag tarló d'réir a chéile. Ach tá rud eile fós á dhéanamh ag Radio na Gaeltachta. Tá sé ag tabhairt le fios do Ghaeil uile na tíre – cuma sa Ghaeltacht nó scaipthe tríd an nGalltacht dóibh – gur bhaill d'aon phobal amháin iad: go bhfuil, mar a dúirt Seán Ó Ríordáin tráth, teaghlach dá gcuid féin acu. Tá guth le cloisteáil acu anois a fhreagrann dá meon is dá dtuiscint orthu fhéin is ar an saol. Ar an mbealach seo tig linn a rá go teann go bhfuil Radio na Gaeltachta ina ghuth ag Gaeltacht na hÉireann uile.[271]

Dar liom, nasc an raidió na Gaeltachtaí le chéile, agus An Ghaeltacht le Gaeilgeoirí na Gaeltachta, i slí nach raibh déanta cheana. Cé go raibh fealsúnacht an stáisiúin bunaithe ar na pobail áitiúla, bhíothas ag tabhairt le fios go raibh rud le rá ag an Ghaeltacht, mar phobal ar leith, leis agus faoi an domhain:

> The 'mentality of the Gaeltacht', in its particularity as a locally grounded perspective, not only can speak for itself but has something to say to the world ... A 1993 flyer issued by Ráth Cairn's production Company to present proposals for the Irish-language television channel makes this point very clearly: ("Is iad na réigiúin Gaeltachta sin na lárionaid óna mbreathnófar ar an saol. Caithfidh an tseirbhís a bheith lonnaithe sa nGaeltacht agus a bheith i lámha mhuintir na Gaeltachta agus lucht na Gaeilge."). Although 'locally' grounded, such a radically decentralised approach could paradoxically transform the nature of the Gaeltacht, identifying it less with geographically bounded administrative zones than with the unbounded, expansive community of Irish-speakers. This was, in fact, the original meaning of the term 'Gaeltacht'. Such a transformation would

[271] Ó Tuathaigh, Gearóid: 'Radio na Gaeltachta', *The Irish Times,* 02/04/1975, 5.

> be the political expression of a concept of community immanent to Irish speaking culture.[272]

Tá coincheap na Gaeltachta mar limistéar geografach ag athrú agus 'Gaeltacht fíorúil' á chruthú ar-líne agus tríd na meáin, rud a bhí á dhéanamh ag RnaG le nach mór leathchéad bliain. Tá náisiún cruthaithe den nGaeltacht, ach ní sa tslí traidisiúnta:

> Dé réir teoiricí Anderson agus Habermas, s'éard atá ann sa náisiún nua-aimseartha ná rud teibí a bhaineann le caighdeánú teanga, spás poiblí fíorúil, comóntacht samhalta, agus naisc meicniúil idir saoránaigh, rud a tógfar anuas as an spéir. Ach tá bealaí eile chun pobail a cruthú a thagann ó na fréamhacha aníos le haghaidh pobal agus polaitíocht "imeanach" (immanent) a chruthú agus a chothú. Feiceann muid anois na gluaiseachtaí "Occupy", tionól na ndaoine san Afraic Thuaidh, sa Spáinn agus áiteanna eile a thagann daoine le chéile in áit poiblí le plé oscailte a dhéanamh agus a bhfriotal féin a chruthú, chomh maith le úsáid nua a bhaint as na meáin chumarsáide. B'fhéidir mar gheall ar a fhréamhacha i nGluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta tá struchtúr, samhlaíocht agus cumhacht ar leith ag Raidió na Gaeltachta a sheasann amach thar meáin eile na tíre seo.[273]

Tá 'a bhfriotail féin' á gcruthú ag pobal na Gaeltachta, tríd RnaG, ó 1972, in ionad bheith ag braith ar mheán cumarsáide a bhaineann le cultúr eile agus le teanga eile, nó go deimhin fiú le náisiún eile, chun a scéal a insint. Agus, cé gur mheas an Ríordánach go raibh an baol ann nach raibh i ndán don "náisiún Gaelach ach í bheith ina mionchultúr laistigh den bhfrámaíocht san agus í bheith dá síorchreimeadh ag an mBéarla", creidim gur náisiún seachas mionchultúr as féin an Náisiún Gaelach, agus gurb é RnaG craoltóir náisiúnta an náisiúin úd.

[272] Coleman, 186.
[273] Coleman, Steve: 'Ról an Raidió i gcruthú pobail', Páipéar curtha i láthair ag an Seimineár Poiblí, *Raidió na Gaeltachta: 40 bliain faoi bhláth*. Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Contae na Gaillimhe, 19 Bealtaine, 2012. Ar fáil ag https://www.academia.edu/22650918/Rol_an_Raidio_i_gcruthu_pobail.

8.5 RnaG agus Díchoilíniú na Gaeltachta & Na Tíre

Ach ar dúnadh Scoil Dhún Chaoin i 1970, d'fhiafraigh An Ríordánach "Cá Bhfuil Éire,"[274] agus tar éis a thuairim a thabhairt ar cá raibh 'Éire' le fáil san am a bhí caite, dúirt sé gur i nDún Chaoin féin a bhí Éire na linne sin:

> Deinim amach gur amhlaidh atá inniu- gurb in Dún Chaoin atá Éire inniu nó ar a laighead gur ann is mó atá sí. Mura bhfuil sí ar fad i nDún Chaoin tá sí ins na Gaeltachtaí eile má tá sí ann a thuille. Ní móide go n-aontódh staileanna na Roinne Oideachais liom. An í an Roinn sin an áit is lú go bhfuil Éire ann faoi láthair? Is fada Éire san áit in Éirinn ná fuil Éire thuille, fóiríor. Ach cén Éire atá i gceist?

Shamhlaigh An Ríordánach an Náisiún Gaelach agus an Náisiún Éireannach mar aon rud amháin; chreid sé gur sa Ghaeltacht (Dún Chaoin sa chás seo) agus sa Ghaeilge a bhí fíor-léiriú ar an tÉireannachas. Faoi mar atá luaite thuas, mheas sé go raibh dhá chultúr nó dhá náisiún in Éirinn, an náisiún Gaelach agus náisiún an Bhéarla, agus bhí náisiún an Bhéarla d'iarraidh an Náisiún Gaelach a chuir faoi chois i gcás Scoil Dhún Chaoin dar leis:

> Maidir leis an riar atáthar a dhéanamh ó Bhaile Átha Cliath ar Dhún Chaoin is riar Béarla é – riar ón dtaobh amuich. Ceantar deoranta aigne do Ghaeilgeoirí na Roinne is ea Dún Chaoin. Sé tá ag tárlú ná go bhfuil náisiún an Bhéarla .i. Áth Cliath ag riar ar náisiún na Gaeilge, .i. Dún Chaoin agus ag déanamh an ruda is dual dóibh .i. ag iarraidh Dún Chaoin a thúirt chun a gcló féin.[275]

Díreach faoi mar a bhí ina scríbhinní faoi RTÉ, seo domhan an Bhéarla á bhrú féin ar dhomhan na Gaeilge. Tá impiriúlachas chultúrtha nó coilíniú á chur i bhfeidhm ar an náisiún Gaelach, ach ní ag aon fórsaí eachtrannach, ach ag cultúr eile atá i gcumhacht sa phoblacht. Chreid Mac Tomáis gur tríd an teanga a aimseofaí saoirse fírinneach in Éirinn:

> 'B'fhéidir gur poblacht í, agus b'fhéidir eile nach ea. Mura bhféadfaidh siad lán-tsaoirse a bhaint amach gan phoblacht, beidh an phoblacht acu. Ach ní hí an phoblacht inti féin an rud is mó tábhacht. Níl i bpoblacht ach foirm pholaitiúil. D'fhéadfadh poblacht a bheith in Éirinn agus gan aon tsaoirse, nó d'fhéadfadh lán-tsaoirse a bheith ann gan phoblacht, b'fhéidir.'

[274] Ó Ríordáin, Seán: 'Cá Bhfuil Éire?', *The Irish Times,* 24/10/1970, 12.
[275] *Ibid.*

> ‘Gad é an sórt saoirse atá i gceist agat, mar sin?’
>
> ‘Saoirse aigne, saoirse intleachta, nó saoirse spioradálta, más maith leat. Is mó éifeacht an tsaoirse sin ná aon tsaoirse pholaitiúil. Bím in amhras uaireanta go bhfuil níos mó den tsaoirse atá i gceist agam sna daoine thall sa Bhreatain Bhig ná atá ag cuid de na hÉireannaigh, ar a shon go bhfuil siad san gan aon phioc den tsaoirse pholaitiúil.’[276]

An daoirse a bhí i gceist ag Mac Tomáis, baineann sé le forlámhas cultúrtha nó an coilíniú chultúrtha a dheintear ar intinn phobail atá níos laige, ar bhonn socheacnamaíoch nó ar bhonn pholaitiúil. Luann Ó Giolláin cur síos Hechter ar an gcoilíneachas:

> One of the defining characteristics of the colonial situation is that it must involve the interaction of at least two cultures – that of the conquering metropolitan élite (cosmopolitan culture) and that of the indigenes (native culture) – and that the former is promulgated by the colonial authorities as being vastly superior for the realization of universal ends: salvation in one age; industrialization in another. One of the consequences of this denigration of indigenous culture is to undermine the native’s will to resist the colonial régime. If he is defined as barbarian, perhaps he should try to reform himself by becoming more cosmopolitan. Failure to win high position within the colonial structure tends to be blamed on personal inadequacy, rather than any particular shortcomings of the system itself. The native’s internalization of the colonist’s view of him makes the realization of social control less problematic. Conversely, the renaissance of indigenous culture implies a serious threat to continued colonial domination.[277]

Is féidir an coilíneachas inmheánach seo a fheiscint in Éirinn, fiú tar éis bhunú an tSaorstáit; in Ionad forlámhas bheith ag tír eachtrannach ar phobail uile na hÉireann, bhí forlámhas ag lucht an chultúir a d’fhág an tír sin ina dhiaidh, i.e. cultúr an Bhéarla, ar an náisiún íochtaránach, an náisiún Gaelach. Cé go cuid mhaith de lucht an chumhachta sa stáit nua ag iarraidh stáit Gaelach, Caitliceach, neamhspleách a chruthú, ba léir faoi na 1950í go raibh forlámhas iomlán ag cultúr an Bhéarla ar formhór de mhuintir na hÉireann.

[276] Mac Tomáis, Seoirse: ‘An Ghaeilge i gCúrsaí Tráchtála’, *The Star,* 12/07/1930. In Ó Lúing (eag.), 27.
[277] Hechter, Michael: *Internal Colonialism,* London & Henley: Routledge & Kegan Paul (1975), 73.

Ach i bhfad roimhe sin, bhí de hÍde tar éis an dochar a bhain le tionchar an choilíneachais ar mheon na nÉireannach a leagadh amach sa léacht ceannródaíoch a thug sé don gCumann Náisiúnta Litríochta, *'The Neccessity for de-Anglicising Ireland'*:

> I wish to show you that in Anglicising ourselves wholesale we have thrown away with a light heart the best claim which we have upon the world's recognition of us as a separate nationality. What did Mazzini say? What is Goldwin Smith never tired of declaiming? What do the Spectator and Saturday Review harp on? That we ought to be content as an integral part of the United Kingdom because we have lost the notes of nationality, our language and customs ...
>
> But you ask, why should we wish to make Ireland more Celtic than it is -- why should we de-Anglicise it at all?
>
> I answer because the Irish race is at present in a most anomalous position, imitating England and yet apparently hating it. How can it produce anything good in literature, art, or institutions as long as it is actuated by motives so contradictory? Besides, I believe it is our Gaelic past which, though the Irish race does not recognise it just at present, is really at the bottom of the Irish heart, and prevents us becoming citizens of the Empire, as, I think, can be easily proved.[278]

Chreid de hÍde gurbh í athbheochan na teanga an fheithicil ab fhearr chun an 'dí-Shasanú' seo a chur i bhfeidhm agus le cur i gcoinne an 'Briotanachas-Iartharach'. Gairm Slógaidh a bhí in óráid an Chraoibhín a bheadh ina threoir ag mórán a tháinig ina dhiaidh agus a thriall an teanga a úsáid chun díchoilíniú a dhéanamh ar an stáit agus ar an bpobal. Bhí Fennell den dtuairim go raibh impiriúlachas á imirt ag réimeas 'Dubhlinne'[279] ar iarthar na hÉireann agus ar an nGaeltacht ach go háirithe, sa tslí céanna is a bhí Londain roimhe. Bhí ceist na dteangacha lárnach i bhfealsúnacht Fennell:

> A friotal siúd a chuirtear i bhfeidhm agus in uachtar ar fud a limistéar cumhachta. An Béarla, caint na Páile, cuireadh i bhfeidhm í ar fud na hÉireann sa tréimhse chéanna ina raibh an Oxford Accent (caint aicme cheannais cheantar Londain) á chur in uachtar ar fud Shasana. Mar an gcéanna, cuireadh canúint Phárais i

[278] de hÍde, Dubhghlas: 'The Necessity for De-Anglicising Ireland', 25/11/1892. Ar fáil ag http://www.gaeilge.org/deanglicising.html
[279] A leagan d'Áth Cliath.

> bhfeidhm ar phobail na Fraince. In éindigh le friotal an aicme cheannais téann a hint inn agus a dearcadh, a míniú ar an saol, a córas smaointe. Ní nach íona, bíonn an intinn agus an teagasc seo ag fónamh do chumhacht an aicme cheannais agus do dhísbeagadh chuile dhuine agus dhreama eile. Is mar seo, mar shampla, a tugadh blas tarcaisneach do na haidiachtaí *rural, peasant, provincial, small-town, surburban* agus (in Éirinn) western. An té a ghlacann le friotal an aicme cheannais, agus leis an ndearcadh ar dhaoine agus dreama eile ata fite fuaite leis, glacann sé (murar ball den aicme cheannais é) lena ísliú féin ina intinn féin; gintear coimpléacs ísleachta ann a mhilleann a féinmhuinín agus a dhéanann amhábhar feiliúnach de le cumhacht an impiriúlachais a mhéadú.[280]

Dar le Fennell, deineadh smidiríní den náisiún Gaelach nuair a ghlac na Gael le teanga an impiriúlachais chucu féin; "Lasmuigh dá saol féin ata an chumhacht anois, dar leo; agus foghlaimíonn siad friotal agus nósanna an "lasmuigh" sin ag súil go mbeidh páirt acu sa gcumhacht agus sa gcéill a ghabhann leo."[281] Ach ar a shon sin chreid sé go raibh iarsma den náisiún sin fós beo sa Ghaeltacht, ach é bheith de shíor faoi bhrú an impiriúlachais, agus go gcaithfeadh an Náisiún Gaelach féinriail a bhaint amach dá mbeadh sé le sábháil. Cé nach luann Fennell seirbhís raidió san alt áirithe seo, ba é a mhol bunú stáisiún raidió Gaeltachta mar pháirt den nGluaiseacht Cearta Sibhialta. Féinriail ó thaobh na meán cumarsáide a bhí i gceist le bunú an raidió, rud a luíonn le fráma tagartha an frith-impiriúlachais atá san alt áirithe seo.

Bhí ról na meán cumarsáide i bhforlámhas agus impiriúlachas chultúrtha go mór sa treis sna 1970í. Bhí tionchar nach beag ag saothar Herbert Schiller ar ghluaiseachtaí maidir le cearta meán cumarsáide do mhionlaigh nó de náisiúin iarchoilíneacha, agus a theoiric leagtha amach aige i *Communication and Cultural Domination* i 1976:

> The forces that influence consciousness are decisive determinants of a community's outlook and the nature and direction of its goals. Thus, communications and the flow of messages and imagery within and among nations - especially between developed and dominated states - assume a very special significance. What does it matter if a national movement has struggled for years

[280] Fennell, Deasún: 'Gaeltacht agus Impiriúlachas', *Comhar* Iml. 30, Uimh 6 (Meitheamh, 1971)*, 5.*
[281] *ibid.*

> to achieve liberation if that condition, once gained, is undercut by values and aspirations derived from the apparently vanquished dominator? For this reason, attention in many nations is beginning to focus on the sources, character, and content of the communication stream that passes between nations and on the flow that is generated inside national states.[282]

Facthas don bpobal a bhí ag éileamh seirbhís raidió don Ghaeltacht (nó as Gaeilge) go raibh faillí nó neamhaird á dhéanamh ag Raidió Éireann orthu mar phobal. Bhíodar i bhfad ó lárionad na cumhachta, sa tslí céanna is a bhíodar i ré an choilíneachais, agus ba ábhar ón dtaobh amuigh, bíodh sin ina ábhar nuachta, oideachais, siamsaíochta nó cultúrtha, a bhí á chraoladh isteach chun na Gaeltachta nó dtí'n Náisiún Gaelach. Níorbh aon eisceacht Éireann, áfach; "It is hardly surprising that most of these flows [sruthanna cumarsáide] still reflect and bear the mark (in some places more clearly than in others) of old imperial connections," a deir Schiller.[283] Ní go teacht RnaG a bheadh cóimheá na cumhachta maidir le cúrsaí craoltóireachta idir sféar Átha Cliath, faoi mar a fhacthas do Fennell é, agus an Ghaeltacht, cothromaithe ábhar.

Ag trácht dóibh ar ról na meán in athbheochan na Maoraise, deir de Bruin & Mane go raibh an-dhamáiste déanta ag ré na himpireachta do muinín na Maoraigh as a dteanga féin:

> The practices that indigenous peoples engage in to reconnect with their own language must be understood through a framework of decolonisation. On a global scale, indigenous languages have steadily been losing ground due to imperialist language policies. In the context of Aotearoa/New Zealand, the long-term intergenerational effects of colonisation and policies of assimilation have had devastating consequences for Māori families and communities, specifically in terms of learning and speaking the Māori language. The people we interviewed described numerous obstacles to learning their indigenous language, but the undoing of attitudes of disadvantage, related to speaking Māori, was frequently at the heart of the struggle.[284]

[282] Schiller, Herbert I.: 'Communication and Cultural Domination', *International Journal of Politics*, Vol. 5, No. 4 (1975/76), 1.
[283] *Ibid.*
[284] De Bruin & Mane, 784.

Bhí na meáin, go háirithe an raidió, á úsáid ag mórán de na rannpháirtithe chun an teanga a fhoghlaim, nó chun ceangal leis an teanga in athuair. Luaigh ana-chuid acu, áfach, go rabhadar iompaithe i gcoinne na teanga toisc droch-íde bheith á fháil acu as í a labhairt ar scoil, nó toisc gur cheapadar nach raibh aon luach léi mar theanga.[285] Tá a mhacasamhail sin le feiscint i dtuiscintí cainteoirí dúchasacha áirithe i dtaobh na Gaeilge abhus; tá tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta 1926 lán le cuntais a léiríonn a leithéid:

> Ní le droch-mheas don Ghaoluinn atáid ag foghluim agus ag labhairt an Bhéarla – ní headh in aon chor, ach feicid nach aon mhaith dhóibh an Ghaoluinn chun slighe beatha bhaint amach in Éirinn féin gan bac le tíortha lasmuic. Sin í an fhírinne agus is searbh í agus ní h-indiu ná indé a tugadh san faoi ndeara.[286]

Luaitear i dtagairt eile sa tuarascáil gur shamhlaigh muintir na Gaeltachta an teanga le sclábhaíocht; "they look on it more or less as a badge of slaves."[287] Iarsma eile é seo den impiriúlachas nó den choilíneachas; díluacháil ar phobal amháin, fiú ina n-aigne féin, i gcomparáid leis an 'máthar-chultúr'. Ach le teacht RnaG, tugadh dúshlán na dtuiscintí seo, agus léiríodh go raibh an pobal sin ar chomhchéim le pobal an Bhéarla. Bhí a raidió féin acu anois.

Thosnaigh an t-údar Céiniach Ngũgĩ Wa Thiong'o ag scríobh ina theanga dhúchais, Gĩkũyũ, i 1977, tar éis do seacht mbliana déag a chaitheamh ag scríobh as Béarla.[288] Mhínigh sé an cinneadh coinsiasach a ghlac sé iompú ar Gĩkũyũ:

> I believe my writing in Gĩkũyũ language, a Kenyan language, an African language, is part and parcel of the anti-imperialist struggles of Kenyan and African peoples. In schools and universities our Kenyan languages … were associated with negative qualities of backwardness, underdevelopment, humiliation and punishment … I do not want to see Kenyan children growing up in that imperialist-imposed tradition of contempt for the tools of communication developed by their communities and their history. I want them to transcend colonial alienation.[289]

---

[285] *Ibid.* 775-777.
[286] Ráiteas ó na Bráithre Críostúla, Marino, Baile Átha Claith, 09.06.1925, Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta. Ar fáil i Walsh, 119-120.
[287] *Ibid.,* 128.
[288] Wa Thiong'o, 27.
[289] *Ibid.,* 28.

Ní fearr slí chun an ‘coimhthiú coilíneach’ sin a thrasnú ná modh cumarsáide ina dteanga féin a thabhairt do phobal. Faoi mar a d’iompaigh Wa Thiong’o ar a theanga féin ina chuid litríochta, bhí muintir na Gaeltachta in ann a dteanga a úsáid chun a scéal féin a insint, beag beann ar thuairimí lucht an choilínithe, bídís i mBaile Átha Cliath nó i Londain.

8.6 RnaG agus Cultúr na Gaeltachta

Leagann Wa Thiong’o béim ar leith ar an thionchar an choilíneachais ar intinn na mbundúchasach san Afraic, agus tá an rud céanna le rá faoin tionchar bhí ag an gcóras coilíneach ar an nGaeltacht:

> The real aim of colonialism was to control the people's wealth ... (but) economic and political control can never be complete or effective without mental control. To control a people's culture is to control their tools of self-definition in relationship to others.
>
> For colonialism, this involved two aspects of the same process; the destruction or the deliberate undervaluing of a people's culture, their arts, dance, religion, history, education, orature and literature, and the conscious elevation of the language of the coloniser. The domination of a people's language by the languages of the colonising nations was crucial to the domination of the mental universe of the colonised.[290]

Samhlaíodh cultúr le h-ardchultúr i bhfealsúnacht na himpireachta; faoi mar atá luaite sa chéad caibidil, deir Gibbons “there was no illusion that the cultural brief of British broadcasting was to give the people back their own self-image: indeed with its emphasis on ‘excellence’ and ‘high-seriousness’, it was designed to combat the everyday culture of the masses and expose them to the ‘higher self’ of the nation.”[291] Go deimhin, ní raibh aon chultúr in aon chor sa Ghaeltacht dar le finnéithe áirithe:

> There is no culture or art in the Irish-Speaking districts. I lived for six and a half years in Ballingeary, and I found none. I don’t blame them for it. They have always been Ishmaels, far away from civilisation as we know it, and far away from the

[290] Wa Thiong’o, 16.
[291] Gibbons, 221.

> centres of culture. I don't think we have a Gaelic culture, and we must develop it.[292]

Tá macalla anseo de scríbhinní Wa Thiong'o i dtaobh coimhthiú coilíneach; tugtar le fios do bhundúchasaigh an choilíneachta nach raibh cultúr dá gcuid féin acu, nach raibh luach ar bith lena dtraidisiúin ná a dteangacha féin, agus gur sa mháthair-thír agus i dteanga na himpireachta a bhí an fíorchultúr. Deineadh strainséirí de na bundúchasaigh ina gcultúr féin:

> This disassociation, divorce, or alienation from the immediate environment becomes clearer when you look at colonial language as a carrier of culture. Since culture is a product of the history of a people which it in turn reflects, the child was now being exposed exclusively to a culture that was a product of a world external to himself. He was being made to stand outside himself to look at himself … since culture does not just reflect the world in images but actually, through those very images, conditions a child to see that world in a certain way, the colonial child was made to see the world and where he stands in it as seen and defined by or reflected in the culture of the language of imposition.[293]

Ba bheag meas a bhí ag searbhóntaí agus prócadóirí na hImpireachta ar chultúr nó ar theanga na Gaeltachta; "[I] was more affected than I have power to describe," a dúirt Mrs. D.P Thompson, gníomhaí i bhfeachtas iompúcháin Eaglais na hÉireann i gCorca Dhuibhne sna 1840í, tar éis a céad turas don mBlascaod Mór, "by witnessing human nature reduced to the savage state it is among these islanders, within almost ear-shot of religious light and civilization.[294] Samhlódh an cósta thiar ach go háirithe mar fhásach chultúrtha, le teanga neamhcheart, piseogthacht, aineolach, neamhchultúrtha. Ach le teacht na hathbheochana, facthas go raibh cultúr sa Ghaeltacht gur fiú a cheiliúradh agus a chraobhscaoileadh, mar bhun-rúta an Ghaelachais mar choincheap le hanam náisiúnta na hÉireann a shábháil:

---

[292] Ó Donnchadha, An tAthair Donncha, Béal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí, 07.07.1925, Luaite ag Walsh, 123.
[293] Wa Thiong'o, 17.
[294] Thompson, Mrs. D.P: *A Brief Account of the Rise and Progress of the Change in Religious Opinion: Now Taking Place in Dingle, and the West of the County of Kerry, Ireland,* Seeley, Burnside & Seeley, London (1845), 104.

> Cad é an rud an Gaedhealachas san go mbímíd síorraidhe ag trácht air agus á mholadh agus á éileamh. Nach insa Ghaedhilg agus insa bhéaloideas a bhaineann leis an dteangain sin atá an Gaedhealachas san uile beagnach agus ní Gaedhealach aon ní ach sa méid is gaolmhar leo san é.[295]

Ar nós Wa Thiong'o, chreid An Seabhac go raibh dochar thar cuimse déanta ag córas oideachais an choilíneachais ar shícé na nÉireannach i dtaobh a dteanga agus a gcultúr féin, "toisc nár aithin an scolaidheacht ná an saoghal nua aon *tradition* ná teanga a bheith ann ach ar bhain le Béarla."[296] Anuas ar sin, bhí:

> ... an pholaitidheacht Bhéarla agus na páipéir Bhéarla a bhain leis go seachtainiúil agus go laethiúil, tháinig an Béarlóir Dochtúra agus an Béarlóir teagaisc ar phrátaí agus geosadáin agus bainne – cá hiongnadh gur glacadh col le sean-aimsireacht agus le béaloideas na Gaedhilg agus ná héistightí a thuille leo. Do briseadh an ceangal spiordálta idir seanÉire agus Éire nua agus tá dá dheascaibh sin stad ar ghluaiseacht an bhéaloideasa ó bhéal go béal.[297]

Chreid sé gur "biadh iasachta Gallda" na scéalta a bhain le cine eile, *Robin Hood* agus *Dick Turpin* agus a leithéid, seachas "samhaltaí ba chleacht le Gaedhil a chruthú dóibh," ar nós scéalta Fhinn Mhic Cumhaill agus a chomrádaithe.[298] Bhí an Gaelachas i mbaol, dar leis, ag olaí cultúrtha an Bhéarla, "an díothú domhanda ar an iliomad cultúir dúchasacha," faoi mar a deir Ó Cadhla.[299] Bhí an baol seo fós ann nuair a thrácht Ó Ríordáin ar "Dul Chun Cinn vs. Dún Chaoin", agus na sean-thuairimí impiriúla ar chultúr na Gaeltacht fós sa treis ach a fógraíodh go raibh RnaG le bunú:

> The allocation of a quarter million pounds for the entertainment of a few hundred people in the Fíor Ghaeltacht who are not supposed to speak English is one of the maddest gestures made yet to a small pressure group in this crazy island. When I speak of the Fíor Ghaeltacht, I mean the tiny rock patches one can see on any

[295] Ó Siochfhradha, Pádraig ('An Seabhac'): aiste ar chúrsaí béaloidis atá i gcartlann an tSeabhaic i Leabharlann Chiarraí (KCA/AS/LIT/01/14). Luaite ag Ó Cadhla, Stiofán: ''Mar ar Mhair ár nDaoine Romhainn: Feidhm an Bhéaloideas i Scríbhinní An tSeabhaic', in Ní Loingsigh, Deirdre, Ní Mhunghaile, Lesa & Uí Ógáin, Ríonach (eag.): '*Rí na Gréine': Aistí i gCuimhne ar An Seabhac,* An Cumann Le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath (2015), 73.
[296] *Ibid.,* 74.
[297] *Ibid.*
[298] *Ibid.*
[299] Ó Cadhla (2015), 84.

> language map of the country. These patches harbour the human debris of a civilisation, if I might call it such, which collapsed at Kinsale and has been dying ever since with no hope of recovery except in the dreams of a set that has a vested interest in keeping it breathing by injections of £ s. d. … those who expect a rejuvenated civilisation and culture to spring from the hovels in the Fíor-Ghaeltacht, or give any inspiration for such, are making a very big mistake.[300]

Bhain bunú RnaG na laincisí a bhí ar RTÉ maidir le soláthar ábhair a bheadh oiriúnach, nó sásúil do mhuintir na Gaeltachta, agus thug deis don 'human débris of a civilisation' úd a gcultúr a léiriú. Tá macalla sa scoilt sin idir neamh-chultúr na Gaeltachta agus cultúr na Galltachta, mar a léiríodh ar Raidió Éireann é, sa feidhm a baineadh as raidió san Ailgéir le linn ré na coilíneachta:

> Radio-Alger[301] sustains the occupant's culture, marks it off from the non-culture, from the nature of the occupied. Radio-Alger, the voice of France in Africa, constitutes the sole center of reference at the level of news. Radio-Alger, for the settler, is a daily invitation not to "go native," not to forget the rightfulness of his culture.[302]

Go fo-choinsiasach, facthas do mhuintir na Gaeltachta nach acu a bhí an fíor-chultúr, os rud é nach ina dteanga a bhí os cionn 90% de chraoladh RÉ roimh bhunú RnaG. Ní a scéalta a bhí á n-insint coitianta, ní a gceol a bhí á sheinnt, ní a n-amhrán a bhí le clos. Neamh-chultúr a bhí sa Ghaeltacht, nó ba léir nach raibh aon mheas air ar bhonn náisiúnta. Ach le teacht a seirbhíse féin, ba a gcultúr féin a bhí le clos acu, nó cultúr a mbráithre ós na ceantair Ghaeltachta eile. Thug sé féin-mhuinín dóibh as a gcultúr féin; ní raibh an gléas raidió mar "gléas chun galldaithe" nó mar pháirt de "armlón ghéarleanúna cultúrtha"[303] níos mó.

Faoi mar atá léirithe againn cheana, tá cultúr na Gaeltachta (agus gach cultúr) ag síor-athrú, faoi mar atá saol agus sochaí na ndaoine atá á chleachtadh:

---

[300] MacCaba, Alasdair: 'Someone Must Say it', Letters to the Editor, *The Irish Times,* 9/12/1970, 11.
[301] "Radio-Alger, the French broadcasting station which has been established in Algeria for decades, a re-edition or an echo of the French National Broadcasting System operating from Paris, is essentially the instrument of colonial society and its values." Fanon, Frantz: *A Dying Colonialism,* Grove Press, New York (1965), 69.
[302] *Ibid.* 71.
[303] *Ibid.* 84.

> A Culture is not a static entity, but is constantly undergoing change. This also applies to a local culture. The availability of new television channels in a geographical area is a structural change. The use or non-use of these new possibilities will, over time, contribute to the cultural development of the local community. The direction of cultural change in the collectivity depends on cultural choices taken by the individual members of the community. The 'cultural orientation' of the individual may be directed out of the community or deeper into the community. Person may react with cultural loyalty or with cultural rejection towards the community.[304]

Ní raibh an rogha sin dubh agus bán ag muintir na Gaeltachta, mar rogha idir a gcultúr féin a shéanadh nó a ghlacadh áfach; ghlacadar le gnéithe áirithe den gcultúr seachtrach agus nasc lena gcultúr féin é, agus bhaineadar earraíocht as an ngléas nua-aimseartha lena gcultúr traidisiúnta a sheachadadh:

> Tá fuílleach den chultúr traidisiúnta i gcónaí ann, ach is furasta dul amú á leanúint. Tá sé chomh 'fírinneach' agus is féidir, ach leagann idéal an chultúir thraidisiúnta síos caighdeán ró-ard, caighdeán do-shroiste, do ghlúin nua a mhaireann i saol atá i bhfad níos oscailte don domhan mór. Thuig Máirtín Ó Cadhain go maith é sin leathchéad bliain ó shin agus é ag tagairt do thraidisiúin nua amhránaíochta sa Ghaeltacht a phléigh leis an saol comhaimseartha ... thug sé faoi ndeara gur 'b[h]eag é aird lucht béaloideasa uirthi.' Ní raibh sí 'dúchasach' go leor ná 'fírinneach' go leor do bhéaloideasaithe na linne. Tá an chumadóireacht nua beo beathach inniu, go háirithe i gConamara, agus anáil na hamhránaíochta traidisiúnta agus an '*Country and Western*' araon orthu. Cloistear iad ar an raidió, go háirithe ar Radio na Gaeltachta, ar an teilifís, ó cheirníní, i díthe tábhairne, ag ceolchoirmeacha, ag comórtaisí, srl.[305]

Creidim gur mó aird atá ag béaloideasaithe na linne seo ar an gcultúr seo, agus ar thábhacht an nua-chultúr Gaeltachta seo, mar atá léirithe go saibhir i gcartlanna RnaG. Is mithid anois díriú ar staidéar a dhéanamh ar an gcartlann áirithe úd, ní mar chultúr i mbosca gloine, ach mar ní beo beathaíodh, cultúr atá ag freagairt do shaol agus do

[304] Lundby, Knut: 'community television as a tool of local culture' i Jankowski, Nick, Ole Prehn, & J. G. Stappers (eag.) *The People's Voice: Local Radio and Television in Europe*, London: John Libbey (1992).
[305] Ó Giolláin, Diarmuid: *An Dúchas agus An Domhan,* Cló Ollscoile Chorcaí (2005), 122.

shochaí na Gaeltachta faoi mar atá, nó faoi mar a bhí, nuair a deineadh an taifead. Is cuma cén lipéad atá air; béaloideas, cultúr tíre, cultúr pobail, seanchas, cultúr coiteann, dúchas, nó bundúchas. Cé go ndúirt sé an méid seo thíos agus gan RnaG ag craoladh fiú, fadradharcach go maith a bhí briathra Dhonnchadh Uí Súilleabháin[306], Rúnaí an Oireachtais, ag labhairt do ar 'Chultúr na hÉireann' i 1971:

> Is féidir agus is ceart an cultúr a fhorbairt ar chomhchéim le haon dul ar aghaidh eile atá á dhéanamh. Ní féidir aon smacht a chur ar na hathruithe teicniúla seo, agus fiú dá mbeadh sé indéanta, ní bheadh sé inmhianaithe é a dhéanamh. Téann athruithe ar aon chuid den chultúr i bhfeidhm ar ghnéithe eile de mar baineann cultúr le daoine. Is rud beo é. Is daoine a dheineann é, a athraíonn é agus a athróidh é. Múnlaíonn an cultúr na daoine ach múnlaíonn na daoine an cultúr freisin ... is sa teanga agus sa litríocht, go háirithe sa litríocht atá i mbéal na ndaoine sna Gaeltachtaí, atá an sprid fós beo. Ní bheidh feidhm le [RnaG] mura gcabhraíonn sé le leathnú agus le treisiú chultúr na Gaeltachta.[307]

Tá an ról sin á líonadh ag RnaG, do phobal na Gaeltachta agus na Gaelainne, ó 1972 i leith; an teanga mar mhodh cumarsáide agus mar chultúr araon, faoi mar a deir Wa Thiong'o:

> [A] specific culture is not transmitted through language in its universality, but in its particularity as the language of a specific community with a specific history. Written literature and orature are the main means by which a particular language transmits the images of the world contained in the culture it carries.
>
> Language as communication and as culture are then products of each other. Communication creates culture: culture is a means of communication. Language carries culture, and culture carries, particularly through orature and literature, the entire body of values by which we perceive ourselves and our place in the world. How people percieve themselves affects how they look at their culture, at their politics, and at the social production of wealth, at their entire relationship to nature and other beings. Language is thus inseparable from ourselves as a

[306] 1913-1989. https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1762
[307] *The Irish Independent,* 20/07/1971, 11.

> community of human beings with a specific form and character, a specific history, a specific relationship to the world.[308]

Is san *orature* sin, litríocht bhéil na Gaeltachta, atá saibhreas ceart cultúir i gcartlann RnaG, idir seanchas, dinnsheanchas, amhráin, filíocht, reacaireacht, agallaimh beirte, agus scéalaíocht. Feidhmíonn RnaG mar scáthán do phobal na Gaeltachta chun iad féin a aithint agus a thuiscint, agus tugann sé fuinneog dóibh seo atá lasmuigh den náisiún Gaelach le éachtaint a fháil ar ár gcultúr. Beidh RnaG ag ceiliúradh leathchéad bliain ar an bhfód i 2022, agus beidh an scáthán agus an fhuinneog céanna á chur ar fáil acu, cé go bhfuil an pobal as ar fáisceach RnaG athruithe ó bhonn, agus olaithe cultúrtha eachtrannacha dulta chun nirte agus ag teacht ar na aerthonnta agus ar an idirlín chun na Gaeltachta.

Fágfam an fhocal scoir sa roinn seo ag Gearóid Ó Tuathaigh, ar a bronnadh Gradam RTÉ Raidió na Gaeltachta ag Oireachtas na Gaeilge 2018, as a shaothar ar son na teanga agus ar son phobal na Gaelainne agus na Gaeltachta:

> The case made by the Irish-language community (and by others concerned with the transmission and development of traditional forms of Irish Culture) for a greater share in the broadcast output, is generally made in the context of a wider claim, namely that Irish society as a whole is the victim of a serious form of cultural imperialism ... This charge cannot be dismissed as a mere rhetorical flourish.
>
> ... [H]ealthy cultural change or development in any society is broadly a process of innovation, improvisation on existing cultural modes, and judicious, voluntary borrowings from the cultures of other societies. However, if a society is almost entirely open to media penetration by another society infinitely more powerful in its technological capacity for generating and disseminating information and ideas, then it is questionable whether the concept of 'freedom of choice' or 'voluntary borrowing' can have any real meaning in this context.[309]

Achoimre: Pléadh an ról atá ag RnaG i saol na Gaeltachta (agus áit na Gaeltachta i saol na tíre ó 1925 i leith), maidir le geilleagar, teanga, cruthú agus cothú pobail, agus an tslí ina

[308] Wa Thiong'o, 15-16.
[309] Ó Tuathaigh (1984), 107-108.

raibh an raidió in áit coincheap na Gaeltachta a ardú ó limistéar thíreolaíoch go pobal aontaithe. Féachadh ar an tionchar a bhí agus atá ag RnaG ar cheist an choilíneachas, an impiriúlachais, forlámhas chultúrtha agus an díchoilíniú intinne sa Ghaeltacht agus in Éirinn, agus an ról atá ag RnaG i gcothú, i soláthar, ag i gcaomhnú an chultúir, nó an bhéaloidis, nó an dúchais, sa Ghaeltacht.

Sa chaibidil seo pléadh ról RnaG i saol na Gaeltachta, maidir le geilleagar, teanga, cruthú agus cothú pobail, agus an tslí ina raibh an raidió in ann coincheap na Gaeltachta a ardú ó limistéar thíreolaíoch go pobal aontaithe nó 'náisiún'. Pléadh ról na Gaeltachta i bhfealsúnacht agus i sochaí na tíre, agus féachadh ar an tionchar a bhí agus atá ag RnaG ar cheist an choilíneachas, an impiriúlachais, forlámhas chultúrtha agus an díchoilíniú intinne sa Ghaeltacht agus in Éirinn, agus an ról atá ag RnaG i gcothú, i soláthar, ag i gcaomhnú an chultúir, nó an bhéaloidis, nó an dúchais, sa Ghaeltacht.

Conclúid

Iarracht a bhí sa tráchtas seo ar scéal RnaG, agus cuid de scéal an phobail éisteachta, a insint. Is é a leagas romham ná an scéal sin a insint thrí shúile na heitleolaíochta agus an bhéaloidis, mar go bhfeiceadh dom ar dtús go raibh cartlann agus obair RnaG inchurtha le haon chartlann eile ar domhan, maidir le cultúr agus oidhreacht an phobail. Is dóigh liom go bhfuil sé cruthaithe agam gur féidir an téarma 'béaloideas' a leagadh ar mhórán den ábhar a thaifead lucht Raidió na Gaeltachta ó 1972 i leith.

Cé go bhfuil an tráchtas seo fréamhaithe i léann an bhéaloidis, saothar idir-dhisiplíneach atá ann, rud atá fíor-thábhachtach chun aon scéal a léiriú, go háirithe scéal chomh casta le ról na meán cumarsáide i saol an phobail, bíodh san ina shaol laethúil nó ina saol cultúrtha, a insint.

Ina theannta san, cuireadh RnaG i gcomparáid le stáisiúin raidió eile, ní hamháin le craoltóirí náisiúnta ach le raidió bundúchasacha os na cheithre hairde, go háirithe sa tslí ina léirítear cultúr na ndaoine ar na seirbhísí úd. Deineadh plé, leis, ar choincheap an bhéaloidis féin, agus deineadh iarracht ar an seanbhlas atá air mar lipéad a bhréagnú.

Tá, agus bhí, ról ar leith ag RnaG i saol na Gaeltachta. Níl todhchaí RnaG soiléir, nó níl an ról a bheidh ag RnaG i saol na Gaeltachta cinnte áfach. Tá cultúr á alpadh ag muinitir na Gaeltachta i mórán bealaí nua, fé mar atá ag daoine ar fud an domhain. Ní raibh de rogha ag formhór de mhuintir na Gaeltachta, ach ar bunaíodh an raidió i 1972, ach Raidió Éireann, RnaG, nó bealach amháin teilifíse. Ní mór ná go bhféadfaí a rá go raibh monaplacht ag RTÉ ar léiriú an chultúir ar na meáin cumarsáide ag an am. Táid in ann teacht ar ábhar cultúrtha os na cheithre hairde anois ar an bhfón póca.

Ach le teacht na nua-theicneolaíochta, sábháladh agus caomhnaíodh cartlann RnaG, sa tslí is nár baol dúinn an tábhar sin, cartlann na Gaeltachta, a chailliúint go deo. Tá deiseanna iontacha ann, leis, de bharra na teicneolaíochta, saolré nua a thabhairt don ábhar agus ath-léiriú a dhéanamh air.

B'fhiú athchraoladh a dhéanamh ar shraitheanna ar nós *Cúinne Joe Daly, Gaoth an Fhocail,* nó saothar Sheán Uí Eochaidh, ar a laghad. B'fhiú, chomh maith, áis éisteachta

agus foghlamtha ar nós *The Global Jukebox* nó *Mapa Cuimhne Chorcaí* a chruthú as ábhar chartlann RnaG, chun go mbeadh teacht ag daoine ar ábhar na cartlainne.

B'fhiú staidéar a dhéanamh ar chanúintí cainte, ceoil agus amhránaíochta, chun éachtaint a fháil ar na difríochtaí idir na pobail éagsúla atá sa Ghaeltacht, agus ar conas mar atá na canúintí sin athruithe le geall le leathchéad bliain. D'fhéadfaí earraíocht a úsáid as an cartlann chun staidéar a dhéanamh ar shaol na mban sa fichiú haois, ar shaol na tuaithe, agus ar mórán gnéithe eile de saol na Gaeltachta, na tuaithe agus na hÉireann.

Is é an trua é na cartlanna a fhágaint balbh.

Foinsí/Leabharliosta

Leabhair:

Almqvist, Bo & Ó Héalaí, Pádraig: *Labharfad le Cách/I will Speak to You All,* New Island, Baile Átha Cliath (2009).

Anderson, Benedict: *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism,* Verso, New York, (2016).

Anttonen, Pertti: *Tradition through Modernity: Postmodernism and the Nation-State in Folklore Scholarship*, Finnish Literature Society / SKS, Helsinki (2005).

Baron, Robert & Spitzer, Nicholas R. (eag.): *Public Folklore*, Smithsonian, Washington (1992).

Bartlett, Thomas, Ó Tuathaigh, Gearóid, O'Dwyer, Riana, Curtin, Chris (Eag.), *Irish Studies: A General Introduction* Gill and Macmillan, Dublin, (1988).

Boyd, Douglas A. & Larson, Mary A. (eag.): *Oral history and Digital Humanities: Voice, Access, and Engagement*, Springer, New York, (2014).

Briggs, Charles: *Competence in Performance: The Creativity of Tradition in Mexicano Verbal Art*, University of Pennsylvania Press, Philadelphia (1988).

Briody, Micheál, *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology*, Finnish Literature Society, Helsinki (2007).

Bronner, Simon J. (eag.), *The Meaning of Folklore: The Analytical Essays of Alan Dundes,* University Press of Colorado, Utah State University Press (2007).

Browne, Donald R.: *Electronic Media and Indigenous Peoples: A Voice of Our Own?,* Iowa State University Press, Ames (1996).

Cohen, Ronald D. (eag.) *Alan Lomax: Selected Writings 1934-1997*, Routledge, New York (2003).

Coulter, Colin & Coleman, Steve: *The end of Irish History?: Reflections on the Celtic Tiger,* Manchester University Press, (2003).

Delap, Breandán: Ar an Taifead: Fís, Fuaim, Focal, Cois Life, Baile Átha Cliath (2007).

de Mórdha, Dáithí: *Scéal Shéamais Bhig: Saol, Seanchas, Scéalta agus Teanga Shéamais Bhig Uí Lúing*, An Sagart, An Daingean (2013).

Dégh, Linda (eag.), *Studies in East European Folk Narrative,* American Folklore Society & The Indiana University Folklore Monographs Series (1978).

Deliège, Irène and Geraint A. Wiggins: Musical Creativity: Multidisciplinary Research in Theory and Practice, New York; Hove [England];: Psychology Press (2006).

Dorson, Richard M. (eag.), *Folklore & Folklife,* University of Chicago Press, (1982).

Dundes, Alan (eag.): *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore,* Rowman & Littlefield (1999).

Fanon, Frantz: A Dying Colonialism, Grove Press, New York (1965).

Farrell, Brian (eag.): *Communications and Community in Ireland,* Mercier, Dublin, (1984).

Feintuch, Burt (eag.): *The Conservation of Culture: Folklorists and the Public Sector,* The University Press of Kentucky (1988).

Fennell, Desmond: *Iarchonnacht Began,* paimphléad, (1969).

Glassie, Henry: *Passing the Time in Ballymenone,* Indiana University Press, Bloomington (1995).

Gorham, Maurice: *Forty Years of Irish Broadcasting,* The Talbot Press, Dublin (1967).

Ham, F. Gerald: *Selecting and Appraising Archives and Manuscripts*, Society of American Archivists, Chicago (1993).

Hand, Richard J. & Traynor, Mary (eag.), *Radio in Small Nations: Productions, Programmes, Audiences,* University of Wales Press, (2014).

Hechter, Michael: *Internal Colonialism*, London & Henley: Routledge & Kegan Paul (1975).

Hogan, John & Sheehan, Helena (eag.): *Mapping Irish Media:* Dublin, UCD Press, (2007).

Honko, Lauri: *Tradition and Cultural Identity*, Turku, Nordic Institute of Folklore (1998).

Hourigan, Niamh: *Comparison of the Campaigns for Raidió na Gaeltachta and TnaG,* Irish Sociological Research Monographs, Vol. 1(2001).

Howley, Kevin (eag.): *Media Interventions*, New York, Peter Lang, (2012).

Jankowski, Nick, Ole Prehn, & J. G. Stappers (eag.*) The People's Voice: Local Radio and Television in Europe*, London: John Libbey (1992).

Jernudd, Bjorn H. & Shapiro, Michael J. (eag.), *The Politics of Language Purism,* Berlin & New York, Mouton de Gruyter, (1989).

Kelly-Holmes, H. (Eag.): *Minority Language Broadcasting: Breton and Irish*. (Clevedon, Multilingual Matters, 2000).

Kvideland, Reimund & Sehmsdorf, Henning K. (eag.), *Nordic Folklore: Recent Studies,* Bloomington, Indiana University Press, (1989).

Lee, J.J (Eag.): *Ireland 1945-1970,* Gill and Macmillan, Dublin (1979).

Mac an Iomaire, Liam: *Breandán Ó hEithir; Iomramh Aonair,* Cló Iar-Connnacht, Conamara, (2000).

Mac Cárthaigh, Críostóir, Ó Catháin, Séamas, Uí Ógáin, Ríonach, Watson, Seosamh: *Seoda as Cnuasach Bhéaloideas Éireann,* Comhairle Béaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, (2010).

Narváez, Peter & Laba, Martin (eag.), *Media sense: The folklore-Popular Culture Continuum,* Bowling Green State University Popular Press (1986).

Ní Loingsigh, Deirdre, Ní Mhunghaile, Lesa & Uí Ógáin, Ríonach (eag.): *'Rí na Gréine': Aistí i gCuimhne ar An Seabhac*, An Cumann Le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath (2015).

Ó Cadhain, Máirtín: *Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae,* Misneach, Baile Átha Cliath, (gan dáta).

Ó Cadhla, Stiofán: *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*, Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán (2011).

Ó Criomhthain, Tomás: *Seanchas Ón Oileán Tiar,* An Cumann le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath (1956).

Ó Dubhda, Seán: *Duanaire Duibhneach: .i. Bailiú d'amhránaibh agus de phíosaibh eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fós i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann.* Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath (1933).

Ó Duilearga, Séamas: *Leabhar Sheáin Í Chonaill,* Brún agus Ó Nualláin Teo, Baile Áthá Cliath (1964).

Ó Fiannachta, Pádraig (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XIX*, An Sagart, Má Nuad (1989).

Ó Giollagáin, Conchúr: *Stairsheanchas Mhic Chonraí: Ón Máimín go Ráth Chairn,* Cló Iar-Chonnachta, Conamara (1999).

Ó Giolláin, Diarmuid: *An Dúchas agus An Domhan*, Cló Ollscoile Chorcaí (2005).

Ó Giolláin, Diarmuid: *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity,* Cork University Press, Cork (2000).

Ó Glaisne, Risteárd: *Raidió na Gaeltachta,* Cló Chois Fharraige, Indreabhán, (1982).

Ó hUiginn, Ruairí (eag.): *Foinn agus Fonnadóirí: Léachtaí Cholm Cille XXIX*, An Sagart, Maigh Nuad (1999).

Ó Laighin, Seán (Eag.): *Ó Cadhain i bhFeasta*, Clódhanna Teo., (1990).

Ó Laoire, Lillis: *Ar Chreag i Lár na Farraige,* Cló Iar-Chonnacht, Conamara (2002).

Ó Lúing, Seán (eag.): *Gach Orlach de Mo Chroí: Dréachta*, Coiscéim, Baile Átha Cliath (1988).

Ó Mórdha, Seán (eag.), *Scríobh 4,* An Clóchomhar Teo, Baile Átha Cliath (1979).

Ó Ríordáin, Seán: *Brosna* (1964).

Ó Snodaigh, Colm: *Dún Chaoin – Oscail an Scoil!,* Coiscéim, Baile Átha Cliath (2017).

Ó Súilleabháin, Seán: *A Handbook of Irish Folklore (Scríbhinní Béaloidis/ Folklore Studies 22)* (1942) Kindle Edition.

Ó Torna, Caitríona: *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922,* Cois Life Teo, Baile Átha Cliath (2005).

Pine, Richard: *2RN and the Origins of Irish Radio*, Four Courts Press, Dublin (2002).

Riggins, Stephen Harold: *Ethnic Minority Media – An International Perspective*. (Sage, Newbury Park, 1992).

Szwed, John: *The Man Who Recorded the Word, A Biography of Alan Lomax,* William Heinemann, London (2010).

Thompson, Mrs. D.P: *A Brief Account of the Rise and Progress of the Change in Religious Opinion: Now Taking Place in Dingle, and the West of the County of Kerry, Ireland*, Seeley, Burnside & Seeley, London (1845).

Thomson, George: *Studies in Ancient Greek Society: The Prehistoric Aegean*, Lawerence & Fishart, London (1978).

Verling, Máirtín (eag.): *Gort Broc: Scéalta agus Seanchas Ó Bhéarra*, Coiscéim, Baile Átha Cliath (1996).

Walsh, John: Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926, Cois Life, Baile Átha Cliath (2002).

Wa Thiong'o, Ngũgĩ: *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*. London, James Currey, (1986).

Watson, Iarfhlaith: *Broadcsting in Irish: Minority language, radio, television and identity*. Dublin: Four Courts Press (2003).

Weightman, Gavin: *Signor Marconi's Magic Box: The Invention That Sparked The Radio Revolution,* HarperCollins (2004).

White, Jerry: *The Radio Eye: Cinema in the North Atlantic, 1958-1988*, Wilfird Laurier University Press, (2009).

Zimmerman, Georges Denis: *The Irish Storyteller,* Four Courts Press, Dublin, (2001).

Ailt as Irisí/Caibidlí as Leabhair:

Almqvist, Bo: 'Seosamh Ó Dálaigh, 1909-1992', i *Béaloideas, Iml. 60/61, Finscéalta Agus Litríocht: Páipéir a cuireadh I láthair ag an Siompóisiam Nordach-Ceilteach*, An Cumann le Béaloideas Éireann.

Atkinson Wells, Patricia: 'Public Folklore in the Twenty-first Century: New Challenges for the Discipline', *Journal of American Folklore,* Vol. 119, Iss. 471, (Winter 2006).

Baron, Robert: '"All Power to the Periphery": The Public Folklore Thought of Alan Lomax', *Journal of Folklore Research,* Vol. 49, Iss. 3, (Sep-Dec 2012).

Bausinger, Hermann: 'Strukturen des alltaglichen Erzahlens,' *Fabula 1* (1958).

Ben-Amos, Dan: 'Toward a Definition of Folklore in Context', *The Journal of American Folklore, Vol. 84, No. 331, Toward New Perspectives in Folklore* (Jan. - Mar., 1971).

Bendix, Regina: 'Of Names, Professional Identities, and Disciplinary Futures', *The Journal of American Folklore*, Vol. 111, No. 441, Folklore: What's in a Name? (Summer, 1998).

Browne, Donald R.: 'Raidió na Gaeltachta: reviver, preserver or swan song of the Irish language?', *European Journal of Communication* 7, 3 (1992).

Carolan, Nicholas: 'From 2RN to International Meta-Community: Irish National Radio and Traditional Music' foilsithe ar www.journalofmusic.com ar an 01/04/2005 agus aimsithe ar an 08/04/2016.

Carrassi, Vito: 'Theorizing, collecting, archiving, reviving: the lives (or life?) of folklore', Folklife, Vol. 55 (1), (2017).

Coleman, Steve: 'The centralised government of liquidity: community, language and culture under the Celtic Tiger' i Coulter, Colin & Coleman, Steve: The end of Irish history?: Reflections on the Celtic Tiger, Manchester University Press, (2003).

Coleman, Steve: 'Ról an Raidió i gcruthú pobail', Páipéar curtha i láthair ag an Seimineár Poiblí, Raidió na Gaeltachta: 40 bliain faoi bhláth. Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Contae na Gaillimhe, 19 Bealtaine, 2012. Ar fáil ag https://www.academia.edu/22650918/Rol_an_Raidio_i_gcruthu_pobail.

Cormack, Mike: 'Developing Minority Language Media Studies', https://www.researchgate.net/publication/251511692_Developing_Minority_Language_Media_Studies. Faighte 20/05/2017.

de Bruin, Joost, & Mane. Jo: 'Decolonising ourselves: language learning and Māori media', *Critical Arts* 30, no. 6 (2016).

Deuze, Mark: 'Ethnic media, community media and participatory culture', *Journalism, Vol.7(3) 2006*.

Duffy, Johannah: 'Jazz, Identity and Sexuality in Ireland during the Interwar Years' san *Irish Journal of American Studies* http://ijas.iaas.ie/index.php/jazz-identity-and-sexuality-in-ireland-during-the-interwar-years/.

Eisenlohr, Patrick: 'Language Revitalization and New Technologies: Culture of Electronic Mediation and the Refiguring of Communities', *Annual Review of Anthropology:* 2004:.

Emrich, Duncan: '"Folk-Lore": William John Thoms', *California Folklore Quarterly*, Vol. 5, No. 4 (Oct., 1946), Western States Folklore Society.

Fennell, Deasún: 'Gaeltacht agus Impiriúlachas', *Comhar* Iml. 30, Uimh 6 (Meitheamh, 1971).

Feiritéar, Breandán: 'An Ghaeilge Sa Ghaeltacht', caint a tugadh ag Scoil Gheimhridh Mherriman, Gaillimh, 1983. Foilsithe i *Comhar,* Iml. 42, Uimh 3 (Márta 1983).

Feiritéar, Breandán: ‘Dá Mairfeadh Piaras sa Dún’, *Ceiliúradh an Bhlascaoid 20: Aimsir na nUasal,* de Mórdha, Micheál (eag.): Coiscéim, Baile Átha Cliath, (2016).

Furr, Derek. ‘Re-Sounding Folk Voice, Remaking the Ballad: Alan Lomax, Margaret Walker, and the New Criticism.’ *Twentieth Century Literature* 59, no. 2 (Summer, 2013): 232-259.Gibbons, Luke: ‘From Megalith to Megastore: Broadcasting and Irish Culture’ i Bartlett, Thomas et. al (Eag.), *Irish Studies: A General Introduction*, Gill and Macmillan, Dublin, (1988).

Ginsburg, Faye: ‘Indigenous Media From U-Matic to Youtube: Media Sovereignty in the Digital Age’ *Sociol. Antropol.* (2016), vol.6, n.3.

Glassie, Henry: ‘Folklore and History’, Alan Gailey, ed. *The Use of Tradition: Essays Presented to G.B. Thompson*. Cultra: Ulster Folk and Transport Museum, (1988).

Himpele, Jeff: ‘Packing Indigenous Media: An Interview with Ivan Sanjines and Jesús Tapia,’ *American Anthropologist* Vol. 106 Nó. 2 (Jun 2004).

Honko, Lauri: ‘The Folklore Process’, *Folklore Fellows' Summer School Programme*, Turku (1991).

Janke, Terri & Iacovino, Livia: ‘Keeping cultures alive: archives and Indigenous cultural and intellectual property rights’, Archival Science 12 (2012).

Kennerk, Barry: ‘Ghosts of Little Denmark Street’ i *Dublin Historical Record (*Iml. 65, Uimh. 1/2 (Earrach/Samhain 2012).

Kirshenblatt-Gimblett, Barbara: ‘Folklore’s Crisis’, *The Journal of American Folklore*, Vol. 111, No. 441, Folklore: What's in a Name? (Summer, 1998).

Lee, Mary K: ‘The Federal Writers’ Project and Overlapping Definitions of “The Folk”’, *The Folklore Historian, Journal of the Folklore and History Section of the American Folklore Society,* Vol. 18 (2001).

Lund, Jens: ‘Alan Lomax: The Man Who Recorded the World by John Szwed (review)’, *Journal of American Folklore*, Volume 127, Nó. 503, Winter 2014, pp. 105-107.

Lundby, Knut: ‘community television as a tool of local culture’ i Jankowski, Nick, Ole Prehn, & J. G. Stappers (eag.*) The People’s Voice: Local Radio and Television in Europe*, London: John Libbey (1992).

Mac Con Iomaire, Liam: ‘Ar Shlí na Fírinne: Seán Mac Réamoinn 1921-2007’, *Comhar* Iml. 67, Uimh. 2 (Feab., 2007).

Mac Tomáis, Seoirse, ‘The Irish Language Revival’*, Yorkshire Celtic Studies* 3 (1944).

Mac Tomáis, Seoirse: ‘An Ghaeilge i gCúrsaí Tráchtála’, *The Star*, 12/07/1930.

Meadows, Michael: ‘Electronic Dreaming Tracks: Indigenous Community Broadcasting in Australia’ i *Development in Practice, Vol. 19, No. 4/5 (Jun., 2009)*.

Munnelly, Tom. "Alan Lomax, 1915-2002." *Folklore* 114, no. 1 (04, 2003): 115-118.Mushengyezi, Aaron: ‘Rethinking indigenous media: rituals, ‘talking’ drums and orality as forms of public communication in Uganda,’ *Journal of African Cultural Studies,* Vol 16, No. 1, (June 2003).

Nakata, Martin: ‘Indigenous Knowledge and the Cultural Interface: underlying issues at the intersection of knowledge and information systems’, *IFLA Journal 28 5/6*, (2002).

Ngulube, Patrick, Masuku, Mehluui, Sigauke, Delight T.: ‘The Role of Archives in Preserving Indigenous Knowledge Systems in Zimbabwe: Is (Re)inventing Themselves the Answer?’, *ESARBICA Journal*, Pretoria Vol. 30, (2011).

Ní Chonghaile, Deirdre: ‘Broadcasting Bailiúchán Bhairbre: Recordings and Radio, Ethnomusicology and Impact’, *Ethnomusicology Forum*, 20:2.

Ó Cadhla, Stiofán: ‘’Mar ar Mhair ár nDaoine Romhainn: Feidhm an Bhéaloideas i Scríbhinní An tSeabhaic’, in Ní Loingsigh, Deirdre, Ní Mhunghaile, Lesa & Uí Ógáin, Ríonach (eag.): *‘Rí na Gréine’: Aistí i gCuimhne ar An Seabhac*, An Cumann Le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath (2015).

O’Carroll, Clíona: ‘Public Folklore Operating between Aspiration and Expediency: The Cork Folklore Project’, *Irish Journal of Anthropology*, Vol. 16(1)

Ó Cinneide, M. S., Keane, M., & Cawley, M: 'Industrialization and linguistic change among Gaelic-speaking communities in the west of Ireland', *Language Problems and Language Planning*, 9(1), (1985) 3-16.

O'Connor, Anne. 'Deconstructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context.' *Béaloideas 78*, (2010): 80-98.

Ó Duilearga, Séamus: 'An untapped source of Irish history', *Studies: An Irish Quarterly Review*, Vol. 25, No. 99 (September 1936) 399.

Ó Gallchóir, Andreas: 'An Bhfuil aon Rud le Rá?', *Comhar* Iml.37 Uimh.3 (1978).

Ó hÓgáin, Dáithí: 'Béaloideas': Notes on the History of a Word', *Béaloideas*, Iml. 70 (2002), An Cumann Le Béaloideas Éireann.

Ó Murchú, Maitiú: 'Radio na Gaeltachta', *Comhar,* Iml. 34, Uimh. 7 (Iúil 1975).

Ó Sé, Mícheál: 'Raidió na Gaeltachta', *Irisleabhar Mhá Nuad,* An Sagart, Má Nuad (1982).

Ó Torna, Caitríona, 2000. 'Cruthú Constráide agus an Turas Siar: An Ghaeltacht i dtús an fichiú haois'. *An Aimsir Óg* (2000), 51-65.

Ó Tuairisg, Seathrún, Ó Comhraí, Cormac & Nic Dhonncha, Bríd: 'Ag Saothrú Cartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta mar acmhainn taighde', http://leannteangaanreiviu.com/content/ag-saothr%C3%BA-cartlann-rt%C3%A9-raidi%C3%B3-na-gaeltachta-mar-acmhainn-taighde#_ftn1. Faighte 14/09/2018.

Ó Tuathaigh, Gearóid, 'The Media & Irish Culture' i Brian Farrell (eag.), *Communications and Community in Ireland,* Thomas Davis Lecture Series, RTÉ/The Mercier Press, Dublin & Cork, (1984).

Prince, Simon: "The Global Revolt of 1968 and Northern Ireland." *The Historical Journal* 49, no. 3 (2006).

Quinn, Bob: 'Conamara Revolution.' *New Hibernia Review 18*, No. 4 (2014).

Quinn, Bob: 'Raidió Pobail', *Comhar, Iml. 30, Uimh. 5* (1971).

Rowland, Hugh: ‘An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomóradh 50 bliain an Éirí Amach’ *ComharTaighde 2* [idirlíon]. Ar fáil ag http://comhartaighde.ie/eagrain/2/rowland. Faighte 05/11/17.

Sassoon, Joanna & Burrows, Toby: ‘Minority reports: indigenous and community voices in archives. Papers from the 4th International Conference on the History of Records and Archives (ICHORA4), Perth, Western Australia, August 2008’, *Archival Science*, Vol. 9, Iss. 1-2, (2009).

Schiller, Herbert I.: ‘Communication and Cultural Domination’, *International Journal of Politics*, Vol. 5, No. 4 (1975/76).

Smyth, Jim. "Dancing, Depravity and All That Jazz: The Public Dance Halls Act of 1935." *History Ireland* 1, no. 2 (1993).

Terras, Melissa: ‘Digital Curiosities: Resource Creation via Amateur Digitization’, *Literary and Linguistic Computing*, Vol. 25 (4), 2010

Treleven, Dale E.: ‘Oral History, Audio Technology and the TAPE System’, The International Journal of Oral History, 2 (1) (1981).

Uí Ógáin, Ríonach: ‘In Aghaidh Farraige agus Feothain: Amhráin Mholta Bád ó Chonamara’ i *Foinn agus Fonnadóirí: Léachtaí Cholm Cille XXIX*, Ó hUiginn, Ruairí (eag.), An Sagart, Maigh Nuad (1999).

Vestheim, Geir: ‘‘Public Libraries: Cultural Institutions on the Crossroads between Purposive and Humanistic Rationality’, *The Future Librarianship. 2nd International Symposium Budapest, 18–19 January*.

Watson, Iarfhlaith: ‘A history of Irish language broadcasting: national ideology, commercial interest and minority rights.’ I Kelly, MJ and O'Connor, B.(eds.). *Media Audiences in Ireland*, UCD Press, (1997).

Watson, Iarfhlaith: ‘Irish-language broadcasting: History, Ideology and Identity’ i *Media, Culture & Society,* (24 (6) 2002).

Watson, Iarfhlaith: ‘Recent and current trends in Irish language broadcasting’ i Hogan, John & Sheehan, Helena (eag.): Mapping Irish Media, Dublin, UCD Press, (2007).

White, Jerry: 'Place, Dialect, and Broadcasting in Irish: Plus ça change ...' *Éire-Ireland,* Vol. 50, Nós. 1&2, Spring/Summer (2015).

Ailt as Nuachtáin:

'An Ghaeltacht fágtha 'gan Roinn' den chéad uair ó 1956 agus an Roinn Cultúir le bunú', https://tuairisc.ie/an-ghaeltacht-fagtha-gan-roinn-den-chead-uair-o-1956-agus-an-roinn-cultuir-le-bunu/. Faighte 13/12/2018.

Briody, Mícheál: 'Keepers of the folklore', https://www.irishtimes.com/news/keepers-of-the-folklore-1.892628, faighte 10/09/18.

Fennel, Deasún: 'Bhí fadhb agam agus mé ar Raidió na Gaeltachta an lá eile –ní chreidim i dtodhchaí na Gaeltachta'(https://tuairisc.ie/bhi-fadhb-agam-agus-me-ar-raidio-na-gaeltachta-an-la-eile-ni-chreidim-i-dtodhchai-na-gaeltachta/ , faighte 04/01/2018).

''Is mór an onóir é' – Gearóid Mac Donncha ceaptha ina Cheannaire ar RTÉ Raidió na Gaeltachta', https://tuairisc.ie/is-mor-an-onoir-e-gearoid-mac-donncha-ceaptha-ina-cheannaire-ar-rte-raidio-na-gaeltachta/. Faighte 14/12/18.

Kavanagh, Patrick: 'Twenty-Three Tons of Accumulated Folk Lore: Is It of Any Use?' *The Irish Times*, 18/04/1939.

MacCaba, Alasdair: 'Someone Must Say it', Letters to the Editor, *The Irish Times*, 9/12/1970, 11.

Ó Cuaig, Seosamh, *The Connacht Tribune,* 17 Deireadh Fómhair 1969, 10.

Ó Drisceoil, Conn: *The Southern Star,* 29/04/1972.

Ó hEithir, Éanna: 'Uamhan Clois', *The Irish Times,* 12/05/1972, 12.

Ó Muirthile, Liam: 'Raidió na Gaeilge?', *The Irish Times*, 12/01/1995, 12.

Ó Tuathaigh, Gearóid: 'Radio Na Gaeltachta', *The Irish Times*, 02/04/1975, 15.

Ó Ríordáin, Seán: 'Radio na Gaeltachta', *The Irish Times,* 08/04/1972.

Ó Riordáin, Seán: 'Scoil Dhún Chaoin', *The Irish Times,* 23/09/1970.

Ó Ríordáin, Seán: ‘’Radio Telefís Éireann’, *The Irish Times*, 20/09/1968, 12.

Ó Ríordáin, Seán: ‘Cá Bhfuil Éire?’, *The Irish Times*, 24/10/1970, 12.

Ó Ríordáin, Seán: ‘Cúrsaí Teangan’, *The Irish Times*, 11/03/1972, 12.

Ó Ríordáin, Seán: ‘Scoil Dhún Chaoin’*, The Irish Times*, 31/03/1973.

‘Fuinneamh nua i nGuth na nGael’, *The Sunday Independent,* 16/04/1972.

‘Seirbhís Radio Don Iarthar’, *Inniu,* 5 Nollaig 1969.

‘VHF radio station for West’, *The Evening Herald,* 27/11/1969.

The Connacht Tribune, 04/05/1946, 5.

The Connacht Tribune, 27/04/1946, 9.

The Connacht Tribune, 27/04/1946, 9.

The Irish Examiner, 20/01/1973.

The Irish Independent, 03/01/1938

The Irish Independent, 08/08/1941, 2.

The Irish Independent, 20/07/1971, 11.

The Irish Independent, 14/10/1972.

The Irish Independent, 18/08/1941, 4.

The Irish Independent, 2 Eanáir 1926, 9.

The Irish Independent, 2/1/1926, 9.

The Irish Independent, 26/07/1941, 4.

The Irish Independent, 27/12/1975, 15.

The Irish Independent, 7 Lúnasa 1947

The Irish Press, 02/06/1972.

The Irish Press, 15/9/1947, 1.

The Irish Press, 18/04/1972.

The Kerryman, 07/08/1971.

The Kerryman, 08/05/1971.

The Kerryman, 12/06/1971, 29.

The Kerryman, 20/11/1971.

The Sunday Independent, 09/04/1972.

The Tuam Herald, 20.11.1943, 2.

Cláir Raidió/Teilifíse:

It's In The Air It's Floating All Around Us, Raidió Éireann, TX: 04/01/1976, tag. AA016119.

Scéal na Gaeilge i Radio Éireann ón bhliain 1926 nuair a tháinig seirbhís nua chraolacháin ar an aer faoin ainm 2RN go dtí bunú Raidió na Gaeltachta sa bhliain 1972. Láithreoir Diarmaid Breathnach". Curtha i láthair ag Ian Lee. Siúlach Scéalach, *RTÉ Raidió na Gaeltachta,* 13 Deireadh Fómhair 2014, http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_siulachscealach.xml.

Splanc Deiridh na Gaeltachta, scannán le Bob Quinn. Craolta ar TG4, TX:11/10/2000.

The Rolling Wave, RTÉ Radio 1, TX:22/07/2018.

Díospóireachtaí Dála agus Seanaid

Díospóireachtaí Dála, 30/11/1926, Iml. 17 Uimh. 5, 357-357.

Díospóireachtaí Seanaid, 27/3/1935, 1461-62.

Díospóireachtaí Seanaid, 27/3/1935, 1442.

Díospóireachtaí Dála, 09/11/1943, Iml. 91 Uimh. 13, 1757-1758.

Díospóireachtaí Dála, 9/11/1943, Iml. 91 Uimh. 13, 1762.

Díospóireachtaí Dála, 9/11/1943, Iml. 91 Uimh. 13, 1783.

Díospóireachtaí Dála, 10/11/1943, Iml. 91 Uimh. 14, 1843.

Díospóireachtaí Dála, 22/02/1946, Iml. 99 Uimh. 12, 1501.

Díospóireachtaí Dála, 22/02/1946, Iml. 99 Uimh. 12, 1513.

Díospóireachtaí Dála, 30/04/1946, Iml. 100 Uimh. 16, 2152.

Díospóireachtaí Dála, 26/02/1970, Iml. 244 Uimh. 11, 1855-1856.

Díospóireachtaí Seanaid, 29/04/1970, Iml. 68 Uimh. 1, 66.

Díospóireachtaí Dála, 04/06/1970, Iml. 247 Uimh. 4, 608-609.

Díospóireachtaí Dála, 25/02/1971, Iml. 251, Uimh. 14, 2173.

Díospóireachtaí Dála, 17/11/1971. Iml. 256, Uimh 12, 2331.

Díospóireachtaí Dála, 17/11/1971. Iml. 256, Uimh. 12, 2356.

Díospóireachtaí Dála, 16/03/1972, Iml. 259, Uimh. 12, 1827-28.

Míreanna Cartlainne:

Cé hí Gobnait?, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0940_42, TX: 11/02/1976.

Feiritéar, Breandán, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0903_30, TX: 19/06/1976.

Feiritéar, Breandán, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0896_21, TX: 05/11/1975.

Ghineá, Máiréad, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0927_27, TX: 10/04/1974.

Grainbhéil, Bríde, an clár *Siar Ó Dheas*, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0812_9, TX: 31/03/1990.

Gromail, Tom Mhic, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0888_7, TX: 06/01/1994.

Gromaill, Tom Mhic, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1022_06, TX: 12/09/1983.

Nic Gearailt, Céit Pheats, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1058_15, TX: 16/05/1984.

Ní Riordáin, Nell Tom, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0974_06 TX: 11/02/1976.

Ó Catháin, Micil, Baile an Ghleanna, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0999_10, TX 09/05/1983.

Ó Catháin, Micil, in agallamh le Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0898_13, TX:24/10/1977.

Ó Cíobháin, John Learaí, 'Raidió na Gaeltachta', CD 0977_07, 1982 a craoladh, ní fios cén dáta.

Ó Cíobháin, John Learaí, in agallamh le Breandán Feiritéar do RnaG, CD 0977_07. Ní fios an dáta craolta, ach tuairim agus 1982.

Ó Drisceoil, Donncha Shéamais, in agallamh le Micheál de Mórdha, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0999_09, TX: 26/04/1983.

Ó Laoithe, Donncha, 'Fionn agus na Bairnigh', RTÉ Raidió na Gaeltachta,, CD 0966_12, TX: 12/10/1977.

Ó Liatháin, Dónall, Cúil Aodha, Co. Chorcaí. RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 0843_02, TX: 31/12/1992.

Ó Muircheartaigh, Maidhcí Thomáis, 'Bád na nGort nDubh', léirithe ag Breandán Feiritéar, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1001_06, TX: 22/02/1983.

Ua Maoileoin, Pádraig, in agallamh le Micheál Ó Sé, RTÉ Raidió na Gaeltachta, CD 1120_07, TX: 01/04/1996.

Agallaimh/Comhfhreagras:

de Mórdha, Micheál, i gcomhfhreagras leis an údar, 31/08/2018.

de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 05/05/2018.

de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 13/05/18.

de Mórdha, Micheál, in agallamh leis an údar, 27/06/2018.

Fennell, Deasún, comhfhreagras leis an údar, 30/11/2016.

Ní Choisdealbha, Neansaí, comhfhreagras leis an údar, 17/09/2018.

Ó Cuaig, Seosamh, comhfhreagras leis an údar, 08/02/2016.

Uí Dhubháin, Máire, in agallamh leis an údar, 2010.

Cáipéisí ó Chartlanna Srl.:

61/295. United Nations Declaration on the Rights of Indigenous Peoples, https://www.un.org/development/desa/indigenouspeoples/declaration-on-the-rights-of-indigenous-peoples.html.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge: *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (2007).

An tAcht Airí agus Runaithe (Leasú) 1956. Ar fáil ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/1956/act/21/enacted/ga/print. Faighte 13/12/2018.

An Bealach ar Aghaidh: A Proposed Strategy for RTÉ's Irish Language Output, Stillwater Communications (Eanáir 2012).

An Cartlann Náisiúnta, S/273-C/68.

An Cartlann Náisiúnta, S/273-E/70.

An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/69.

An Cartlann Náisiúnta, S/273-G/70.

An tAcht um Údarás Craolacháin, 1960, m.17.

Bronnadh cóip de chartlann Raidió na Gaeltachta, Baile na nGall, ar an Stát, Leabharlann Ionad an Bhlascaoid.

Comhaontú do Chartlann Fuaime RTÉ, 13/10/2006. Leabharlann Ionad an Bhlascaoid.

E/CN.4/Sub.2/1986/7: *Study of the problem of discrimination against indigenous populations. Volume 1 / by José R. Martínez Cobo, Special Rapporteur of the Sub-Commission on Prevention of Discrimination and Protection of Minorities*. Ar fáil ag http://repository.un.org/handle/11176/354767. Faighte 08/05/2017.

Innéacs Chartlann Bhaile na nGall, i Leabharlann Ionad an Bhlascaoid. Faighte 10/04/2018.

Mac Con Iomaire, Tomás, litir go dtí Micheál de Mórdha, 18/11/2005. Leabharlann Ionad an Bhlascaoid.

Ní Fhiannachta, Aisling: *An Tábhacht a bhaineann le Cartlann Raidió na Gaeltachta,* tráchtas mar cuid de chéim BA sa Chumarsáid, Ollscoile na hÉireann, Gaillimh, 2016.

Ó Giollagáin, Conchúr & Charlton, Martin: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*, Údarás na Gaeltachta (2015).

Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta, 1925. Ar fáil ag https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/2586/CnaGReport.pdf?sequence=1. Faighte 10/12/2018.

WIRELESS BROADCASTING REPORT. - FINAL REPORT OF SPECIAL COMMITTEE. Aoine, 28 Márta 1924, Dáil Éireann. https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/dail/1924-03-28/18/.

'Report of Coimisiún na Gaeltachta, 2002', ar fáil ag https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/07/report-of-coimisiun-na-gaeltachta.pdf.

Suímh Idirlín

de hÍde, Dubhghlas: 'The Necessity for De-Anglicising Ireland', 25/11/1892. Ar fáil ag http://www.gaeilge.org/deanglicising.html.

Nomination form International Memory of the World Register: The Irish Folklore Commission Collection 1935-1970 ID Code [2016-115], ar fáil ag http://www.unesco.org/new/en/communication-and-information/memory-of-the-world/register/full-list-of-registered-heritage/registered-heritage-page-4/the-irish-folklore-commission-collection-1935-1970/. Faighte 13/09/2018.

http://www.broadcasting-history.ca/in-depth/history-aboriginal-broadcasting. Faighte 23/10/2017.

http://www.ohchr.org/EN/UDHR/Documents/UDHR_Translations/gli1.pdf. Faighte 26/10/2017.

https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/2586/CnaGReport.pdf?sequence=1. Faighte 21/09/2018.

https://tuairisc.ie/dfhag-se-mant-inar-mbeatha-bearna-a-fhanfas-gan-togail-seamus-jaimsie-ar-shli-na-firinne/. Faighte 30/08/2018.

http://corkfolklore.org/about/. Faighte 21/11/2018.

http://ddr.densho.org/. Faighte 21/11/2018.

www.tobarandualchais.co.uk. Faighte 21/11/2018.

http://www.smo.uhi.ac.uk/en/seirbheisean/tobar-an-dualchais/ . Faighte 21/11/2018.

http://jukebox.uaf.edu/site7/about-us. Faighte 20/11/2018.

https://mukurtu.org/about/. Faighte 28/11/2018.

https://www.nps.gov/edis/learn/historyculture/origins-of-sound-recording-edouard-leon-scott-de-martinville.htm. Faighte 23/02/2017.

https://www.rte.ie/gaeilge/2018/0723/980468-rnag-radically-altered-our-understanding-of-gaeltacht-culture/ faighte 13/09/2018.

https://www.ucc.ie/en/bealoideas/study/ldexplain/. Faighte 16/07/2018.

Suíomh idirlín de chuid chartlann fuaime Chnuasach Bhéaloideas Éireann, www.bealbeo.ie, faighte 07/03/2016.

Suíomh idirlín de chuid Thaisce Cheol Dúchais Éireann, http://www.itma.ie/digitallibrary/playlist/cylinder-sound-recordings-oireachtas-1907, faighte 10/03/16.

Taispéantas 'History of Raidió Teilifís Éireann, ar fáil ag http://www.rte.ie/archives/exhibitions/681-history-of-rte/684-rte-1940s/

Ó hÉallaithe, Donncha: ‘1969: Bliain na gCearta Sibhialta i gConamara’ [idirlíon]. Ar fáil ag http://www.coisfharraige.ie/stair-chois-fharraige/1969-bliain-na-gcearta-sibhialta/ . Faighte 04/12/17.

Taylor, Toneisha: ‘Saving Sound, Sounding Black, Voicing America: John Lomax and the Creation of the “American Voice”’, *100 Years of Lomax,* https://soundstudiesblog.com/category/100-years-of-lomax/. Faighte 18/07/2019.